Европейски парламент Parlamento Europeo Evropský parlament Europa-Parlamentet Europäisches Parlament Euroopa Parlament Ευρωπαϊκό Κοινοβούλιο European Parliament Parlement européen Parlaimint na hEorpa Europski parlament Parlamento europeo Eiropas Parlaments Europos Parlamentas Európai Parlament Parlament Ewropew Europees Parlement Parlament Europejski Parlamento Europeu Parlamentul European Európsky parlament Evropski parlament Euroopan parlamentti Europaparlamentet

# 2. An geilleagar, eolaíocht agus cáilíocht saoil


2.1. An margadh inmheánach ... 4
2.1.1. An margadh inmheánach: prionsabail ghinearálta ... 5
2.1.2. Saorghluaiseacht earraí ... 12
2.1.3. Saorghluaiseacht chaipitil ... 18
2.1.4. Saoirse bunaíochta agus saoirse chun seirbhísí a sholáthar ... 22
2.1.5. Saorghluaiseacht oibrithe ... 27
2.1.6. Aitheantas frithpháirteach dioplómaí ... 32
2.1.7. An margadh aonair digiteach uileláithreach ... 36
2.1.8. Córais chumarsáide inacmhainne do ghnólachtaí agus do thomhaltóirí ... 42
2.1.9. An margadh inmheánach fuinnimh ... 47
2.1.10. Conarthaí soláthair phoiblí ... 54
2.1.11. Dlí na gcuideachtaí ... 60
2.1.12. Maoin intleachtúil, tionsclaíochta agus tráchtála ... 68
2.1.13. Oibrithe a phostú ... 77
2.2. Cosaint tomhaltóirí agus an tsláinte phoiblí ... 82
2.2.1. Beartas tomhaltóirí: prionsabail agus ionstraimí ... 83
2.2.2. Bearta a bhaineann le cosaint tomhaltóirí ... 88
2.2.3. Cearta paisinéirí ... 95
2.2.4. Sláinte phoiblí ... 102
2.2.5. Cógais agus Feistí Leighis ... 108

2.2.6. Sábháilteacht bia .... 113
2.3. Beartas sóisialta agus fostaíochta .... 119
2.3.1. Beartas sóisialta agus fostaíochta: prionsabail ghinearálta .... 120
2.3.2. Ciste Sóisialta na hEorpa Plus .... 126
2.3.3. Beartas fostaíochta .... 132
2.3.4. Cumhdach slándála sóisialta i mBallstáit eile AE .... 138
2.3.5. An tsláinte agus an tsábháilteacht ag an obair .... 144
2.3.6. Ceart na n-oibrithe chun faisnéise, comhairliúcháin agus rannpháirtíochta .... 150
2.3.7. Idirphlé sóisialta .... 155
2.3.8. Comhionannas idir fir agus mná .... 161
2.3.9. An comhrac i gcoinne na bochtaineachta, an eisiaimh shóisialta agus an idirdhealaithe .... 171
2.4. Beartais tionsclaíochta, fuinnimh agus taighde .... 178
2.4.1. Prionsabail ghinearálta bheartas tionsclaíoch AE .... 179
2.4.2. Fiontair bheaga agus mheánmhéide .... 184
2.4.3. Clár Oibre Digiteach don Eoraip .... 189
2.4.4. An tionscal cosanta .... 195
2.4.5. Beartas taighde agus forbartha teicneolaíche .... 200
2.4.6. Beartas nuálaíochta .... 206
2.4.7. Beartas fuinnimh: prionsabail ghinearálta .... 211
2.4.8. Éifeachtúlacht fuinnimh .... 217
2.4.9. Fuinneamh in-athnuaite .... 222
2.4.10. Fuinneamh núicléach .... 227
2.5. Beartas comhshaoil an Aontais .... 232
2.5.1. Beartas comhshaoil: prionsabail ghinearálta agus creat bunúsach .... 233
2.5.2. An t-athrú aeráide a chomhrac .... 239
2.5.3. Bithéagsúlacht, úsáid na talún agus foraoiseacht .... 246
2.5.4. Cosaint agus bainistiú uisce .... 253
2.5.5. Truailliú aeir agus torainn .... 259
2.5.6. Éifeachtúlacht acmhainní agus an geilleagar ciorclach .... 265
2.5.7. Tomhaltas agus táirgeadh inbhuanaithe .... 271
2.5.8. Ceimiceáin agus lotnaidicídí .... 277
2.6. An t-aontas eacnamaíoch agus airgeadaíochta, cánachas agus beartais iomaíochta .... 284
2.6.1. Stair an aontais eacnamaíoch agus airgeadaíochta .... 285
2.6.2. Institiúidí an Aontais Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta .... 291
2.6.3. Beartas airgeadaíochta na hEorpa .... 297
2.6.4. Rialachas eacnamaíoch .... 303
2.6.5. An tAontas Baincéireachta .... 309
2.6.6. Creat AE do bheartais fhioscacha .... 314
2.6.7. Faireachas maicreacnamaíoch .... 322
2.6.8. Cúnamh airgeadais do Bhallstáit AE .... 326
2.6.9. Beartas cánach ginearálta .... 330
2.6.10. Cánachas díreach: Cánachas pearsanta agus cuideachta .... 335
2.6.11. Cánachas Indíreach .... 341
2.6.12. Beartas iomaíochta .... 347
2.6.13. An beartas maidir le seirbhísí airgeadais .... 352

2.6.14. An Córas Eorpach um Maoirseacht Airgeadais (CEMA)...................... 357

# 2.1. AN MARGADH INMHEÁNACH

# 2.1.1. AN MARGADH INMHEÁNACH: PRIONSABAIL GHINEARÁLTA

Is limistéar rathúnais agus saoirse é an margadh inmheánach, lena dtugtar rochtain ar earraí, ar sheirbhísí, ar phoist, ar dheiseanna gnó agus ar chultúr. Áirithítear le hiarrachtaí leanúnacha forbairt bhreise lena dtugtar tairbhe do thomhaltóirí agus cuideachtaí AE. Cuireann an margadh digiteach deiseanna ar fáil chun borradh a chur faoin ngeilleagar (trí ríomhthráchtáil) agus déanann sé an rómhaorlathas a laghdú trí ríomhrialachas. Tá dúshláin fós ann, áfach, mar shampla, an chaoi ar tugadh isteach le COVID-19 bacainní ar na ceithre shaoirse an athuair (saorghluaiseacht earraí, seirbhísí, caipitil agus daoine).

## BUNÚS DLÍ

Airteagail 4(2)(a), 26, 27, 114 agus 115 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE).

## CUSPÓIRÍ

Ba é aidhm an chómhargaidh, a cruthaíodh le Conradh na Róimhe in 1958, deireadh a chur le bacainní ar thrádáil idir na Ballstáit chun rathúnas eacnamaíoch a mhéadú agus chun rannchuidiú le 'haontas buandlúite i measc phobail na hEorpa'. Áiríodh san Ionstraim Eorpach Aonair, 1986 cuspóir an margadh inmheánach a bhunú i gConradh Chomhphobal Eacnamaíochta na hEorpa (CEE), á shainmhíniú mar 'limistéar gan teorainneacha inmheánacha ina ndéantar saorghluaiseacht earraí, daoine, seirbhísí agus caipitil a áirithiú'.

## A BHFUIL BAINTE AMACH

**A.** Cómhargadh 1958

Baineadh amach an cómhargadh, príomhchuspóir Chonradh na Róimhe, trí aontas custaim 1968, trí fháil réidh le cuótaí, trí shaorghluaiseacht saoránach agus oibrithe, agus trí chomhchuibhiú áirithe cánach nuair a tugadh isteach cáin bhreisluacha (CBL) go ginearálta in 1970. Bhí an tsaoirse trádála ó thaobh earraí agus seirbhísí de agus an tsaoirse bhunaíochta teoranta go fóill, áfach, mar gheall ar chleachtais frithiomaíocha leanúnacha a bhí á bhforchur ag na húdaráis phoiblí.

**B.** Seoladh an mhargaidh inmheánaigh sna 1980idí agus an Ionstraim Eorpach Aonair

Measadh gur bhacainní ar dhul chun cinn é an cur chuige tosaigh maidir le comhchuibhiú mionsonraithe reachtach agus an gá le haontoilíocht sa Chomhairle. Tháinig athrú air sin le rialuithe ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh i gcásanna Dassonville (Cás 8-74) agus Cassis de Dijon (Cás 120/78) sna 1970idí, inar measadh go raibh srianta áirithe allmhairiúcháin neamhdhleathach, lenar tugadh isteach aitheantas frithpháirteach. Rinneadh leis na rialuithe sin plé maidir le trádáil idirphobail a athbheochan agus Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa a stiúradh i dtreo an margadh inmheánach a chur chun feidhme.

Tháinig an Ionstraim Eorpach Aonair i bhfeidhm an 1 Iúil 1987, ag leagan síos an 31 Nollaig 1992 mar spriocdháta beacht chur i gcrích an mhargaidh inmheánaigh. Rinneadh sásraí-cinnteoireachta don mhargadh inmheánach a neartú ag tabhairt isteach vótáil trí thromlach cáilithe le haghaidh comhtharaifí custaim, saoirse chun seirbhísí a sholáthar, saorghluaiseacht caipitil agus comhfhogasú ar dhlíthe náisiúnta. Faoin am a bhí an spriocdháta imithe in éag, bhí os cionn 90 % de na gníomhartha reachtacha a liostaítear sa Pháipéar Bán, 1985 glactha, a fhormhór díobh faoi riail an tromlaigh cháilithe.

**C.** I dtreo na freagrachta comhroinnte chun an margadh inmheánach a chur i gcrích: 2003-2010

Tá an margadh inmheánach tar éis cur go mór le rathúlacht agus comhtháthú gheilleagar an Aontais Eorpaigh. Díríodh i straitéis nua an mhargaidh inmheánaigh ó 2003-2010 ar an ngá atá ann saorghluaiseacht earraí a éascú, margaí seirbhísí a chomhtháthú, tionchar na gconstaicí cánach a laghdú agus an timpeallacht rialála a shimpliú. Rinneadh dul chun cinn mór ó thaobh na margaí iompair, teileachumarsáide, leictreachais, gáis agus seirbhísí poist a oscailt don iomaíocht.

**D.** Athsheoladh an mhargaidh inmheánaigh in 2010

Chun borradh a chur faoin margadh aonair Eorpach arís agus an pobal, tomhaltóirí agus FBManna a chur i gcroílár beartais margaidh aonair, d’fhoilsigh an Coimisiún teachtaireacht dar teideal *Towards a Single Market Act* [I dTreo Gníomh um Margadh Aonair] i mí Dheireadh Fómhair 2010 (COM(2010)0608). Tíolacadh sraith beart a bhí ceaptha borradh a chur faoi gheilleagar AE agus poist a chruthú, as a dtiocfadh beartas margaidh aonair níos uaillmhianaí.

I mí Dheireadh Fómhair 2012, thíolaic an Coimisiún gníomh dar teideal Single Market Act II [Gníomh um an Margadh Aonair II] (COM(2012)0573) chun a acmhainneacht neamhshaothraithe a fhorbairt tuilleadh agus tairbhe a bhaint as mar ní a spreagann fás. Sa ghníomh, leagtar amach 12 phríomhbheart i gceithre phríomhghné lena nglacadh go mear ag institiúidí AE. (1) líonraí comhtháite; (2) soghluaiseacht trasteorann do shaoránaigh agus do ghnólachtaí; (3) an geilleagar digiteach; agus (4) bearta lena ndéantar comhtháthú agus tairbhí do thomhaltóirí a threisiú.

I dteachtaireacht dar teideal *Better governance for the Single Market* [Rialachas níos fearr don Mhargadh Aonair] (COM(2012)0259), mhol an Coimisiún bearta cothrománacha amhail béim a leagan ar rialacháin shoiléire nua a d’fhéadfaí a chur chun feidhme go héasca, úsáid níos fearr a bhaint as uirlisí TF atá ann cheana chun feidhmiú chearta an mhargaidh aonair a éascú, agus bunú ionad náisiúnta chun oibriú an mhargaidh aonair a mhaoirsiú. Is cuid dhílis é faireachán de na tuarascálacha bliantúla ar chomhtháthú an mhargaidh aonair i gcomhthéacs phróiseas an tSeimeastair Eorpaigh.

An 28 Deireadh Fómhair 2015, d’fhoilsigh an Coimisiún teachtaireacht dar teideal *Upgrading the Single Market: More opportunities for people and business* [An Margadh Aonair a Uasghrádú: tuilleadh deiseanna do dhaoine agus do ghnó] (COM(2015)0550). Bhí sé mar aidhm leis tairbhí praiticiúla a sholáthar do dhaoine agus deiseanna do thomhaltóirí agus cuideachtaí a mhéadú. Tugadh tacaíocht leis sin d’iarrachtaí an Choimisiúin feabhas a chur ar infheistíocht, leas iomlán a bhaint as acmhainneacht an mhargaidh aonair dhigitigh agus iomaíochas a mhéadú. Díríodh leis an straitéis ar mhargadh fuinnimh dea-fheidhmiúil freisin agus ar shoghluaiseacht an lucht saothair

a chur chun cinn gan mí-úsáid a bhaint as na rialacha. Thairis sin, glacadh Treoir (AE) 2019/633 maidir le cleachtais éagóracha trádála an 17 Aibreán 2019.

I mí na Bealtaine 2015, ghlac an Coimisiún straitéis maidir le margadh aonair digiteach (COM(2015)0192), ina leagtar amach an dianchlár reachtach chun geilleagar digiteach Eorpach a fhorbairt. I gClár Oibre 2019 don Eoraip, faoi stiúir Ursula von der Leyen, chuir an Coimisiún go láidir neartú an mhargaidh aonair dhigitigh i gcroílár a threoirlínte oibre. Rinneadh an tiomantas sin a athnuachan sa pháipéar straitéise ón gCoimisiún dar teideal Shaping Europe's Digital Future [Todhchaí Digiteach na hEorpa a mhúnlú] i mí Feabhra 2020, ina leagtar amach conas a bhainfear amach comhlánú an mhargaidh aonair dhigitigh. Go sonrach, tá sé sin le déanamh trí mhargadh aonair Eorpach a bhunú le haghaidh sonraí agus trí mhachaire comhréidh a chruthú, ar líne agus as líne, trí bhíthin rialáil chomhsheasmhach.

Le linn phaindéim COVID-19, sa teachtaireacht uaidh dar teideal Europe's moment: Repair and Prepare for the Next Generation [Uain na hEorpa: Deisiú agus Ullmhú don Chéad Ghlúin Eile], thug an Coimisiún chun suntais go mbeadh ról ríthábhachtach ag digitiú an mhargaidh aonair i dtéarnamh an bhloic ar deireadh. Bheadh sé sin bunaithe ar cheithre ghné: (1) infheistíocht i nascacht níos fearr; (2) láithreacht thionsclaíoch agus theicneolaíoch níos láidre i gcodanna straitéiseacha den slabhra soláthair (e.g. an intleacht shaorga, an chibearshlándáil, an néalbhonneagar, 5G); (3) fíorgheilleagar sonraí agus spásanna coiteanna sonraí Eorpacha; agus (4) timpeallacht ghnó níos córa agus níos éasca.

## RÓL PHARLAIMINT NA HEORPA

**A.** Ginearálta

Bhí Parlaimint na hEorpa ina ceann feadhna sa phróiseas as ar tháinig an margadh inmheánach. Go sonrach, i rún uaithi an 20 Samhain 1997, thug sí tacaíocht don smaoineamh go n-aistreofaí an margadh inmheánach ina mhargadh aonair lán-chomhtháite faoi 2002. I roinnt rún a glacadh in 2006 (e.g. rúin an 12 Feabhra, an 14 Feabhra, an 16 Bealtaine agus an 6 Iúil), thacaigh Parlaimint na hEorpa leis an smaoineamh gur cheart go mbeadh an margadh inmheánach ina chreat comhchoiteann agus ina phointe tagartha do go leor beartas de chuid AE.

Bhí ról gníomhach ag Parlaimint na hEorpa freisin in athsheoladh an mhargaidh inmheánaigh. I rún uaithi an 20 Bealtaine 2010 maidir le margadh aonair a sholáthar do thomhaltóirí agus do shaoránaigh, leag Parlaimint na hEorpa béim air gur cheart bearta a dhéanamh chun eolas agus cumhacht a thabhairt do thomhaltóirí agus do FBManna ar bhealach níos éifeachtaí, agus chun muinín na saoránach a mhéadú. D'eisigh Parlaimint na hEorpa tuilleadh freagraí ar an nGníomh um an Margadh Aonair le trí rún a glacadh an 6 Aibreán 2011: Governance and Partnership in the Single Market, [Rialachas agus comhpháirtíocht sa mhargadh aonair], A Single Market for Europeans [Margadh aonair do mhuintir na hEorpa] agus A Single Market for Enterprises and Growth [Margadh aonair d'fhiontair agus d'fhás].

Bhí an Pharlaimint gníomhach sa réimse maidir le rialú an mhargaidh inmheánaigh freisin. Ghlac sí rún an 7 Feabhra 2013 le moltaí don Choimisiún maidir le rialú an mhargaidh inmheánaigh, lenar iarraidh go mbunófaí timthriall rialachais um an margadh aonair mar cholún ar leith sa Seimeastar Eorpach. Thairis sin, ghlac Parlaimint na hEorpa rún an 25 Feabhra 2014 maidir le rialachas an mhargaidh aonair laistigh den Seimeastar Eorpach 2014, agus ina dhiaidh sin rún an 27 Feabhra 2014 ar

SOLVIT, an tseirbhís uile-Aontais a sholáthraíonn réitigh ar fhadhbanna a bhaineann le cearta AE. Ar deireadh, ghlac Parlaimint na hEorpa rún an 12 Aibreán 2016 dar teideal *Towards improved single market regulation* [I dtreo rialáil fheabhsaithe an mhargadh aonair].

Sa taighde a rinne an Coiste um an Margadh Inmheánach agus um Chosaint an Tomhaltóra in 2016, leagadh béim ar aistriú gheilleagar an Aontais i dtreo beartais dhigiteacha, ghlasa agus shóisialta[1]. Bunaithe air sin, d'iarr an Pharlaimint go mbeadh margadh aonair níos nuálaí, níos doimhne agus níos córa ann. Chun feabhas a chur ar inrochtaineacht faisnéise agus seirbhísí ar líne do shaoránaigh agus do ghnólachtaí, ghlac an Pharlaimint a seasamh ar an gcéad léamh maidir leis an togra le haghaidh tairseach aonair dhigiteach an 13 Meán Fómhair 2018. Is minic a bhíonn sé deacair do chuideachtaí, go háirithe i dtíortha eile AE, na rialacha is infheidhme a thuiscint. Tá an tairseach aonair dhigiteach beartaithe chun cabhrú leis sin. Glacadh Rialachán (AE) 2018/1724 an 2 Deireadh Fómhair 2018, agus dátaí céimnithe iarratais i gceist leis go dtí an 12 Nollaig 2023.

Tugtar le fios i dtaighde a rinneadh in 2019 go ngineann prionsabail na saorghluaiseachta earraí agus seirbhísí agus reachtaíocht sa réimse sin tairbhí a mheastar gurb é EUR 985 bhilliún in aghaidh na bliana a luach[2]. Mar sin féin, i staidéar[3] a foilsíodh i mí na Samhna 2020 dar teideal *Legal obstacles in Member States to Single Market rules* [Na constaicí dlíthiúla sna Ballstáit roimh rialacha an mhargaidh aonair], fuarthas amach cé gur cás de chomhtháthú margaidh an-rathúil é margadh aonair an Aontais, tá bacainní fós ann i mBallstáit a chuireann cosc ar

---

[1]Áirítear i measc na bpáipéar taighde: Godel, M. I. et al., 2016, Reducing Costs and Barriers for Businesses in the Single Market[Costais agus Bacainní do Ghnólachtaí sa Mhargadh Aonair a Laghdú], Foilseachán don Choiste um an Margadh Inmheánach agus um Chosaint an Tomhaltóra, an Roinn Beartais um an mBeartas Eacnamaíochta, um an mBeartas Eolaíochta agus um Beartas Cháilíocht na Beatha, Parlaimint na hEorpa, Lucsamburg, 2016; Montalvo, C. et al., A Lifetime Longer for Products: Benefits for Consumers and Companies [Saolré Níos Faide do Tháirgí: Buntáistí do Thomhaltóirí agus do Ghnólachtaí], Foilseachán don Choiste um an Margadh Inmheánach agus um Chosaint an Tomhaltóra, an Roinn Beartais um an mBeartas Eacnamaíochta, um an mBeartas Eolaíochta agus um Beartas Cháilíocht na Beatha, Parlaimint na hEorpa, Lucsamburg, 2016; Liger, Q. et al., 2016, Social Economy [an Geilleagar Sóisialta], Foilseachán don Choiste um an Margadh Inmheánach agus um Chosaint an Tomhaltóra, an Roinn Beartais um an mBeartas Eacnamaíochta, um an mBeartas Eolaíochta agus um Beartas Cháilíocht na Beatha, Parlaimint na hEorpa, Lucsamburg, 2016. Áirítear na nithe seo ar na samplaí le déanaí: Ström, P., The European Services Sector and the Green Transition [Earnáil Seirbhísí na hEorpa agus an tAistriú Glas], Foilseachán don Choiste um an Margadh Inmheánach agus um Chosaint an Tomhaltóra, an Roinn Beartais um an mBeartas Eacnamaíochta, um an mBeartas Eolaíochta agus um Beartas Cháilíocht na Beatha, Parlaimint na hEorpa, Lucsamburg, 2020; Núñez Ferrer, J., The EU's Public Procurement Framework [Creat an Aontais Eorpaigh um Sholáthar Poiblí], Foilseachán don Choiste um an Margadh Inmheánach agus um Chosaint an Tomhaltóra, An Roinn Beartais um an mBeartas Eacnamaíochta, um an mBeartas Eolaíochta agus um Beartas Cháilíocht na Beatha, Parlaimint na hEorpa, Lucsamburg, 2020; Keirsbilck, B. et al., Sustainable Consumption and Consumer Protection Legislation [Tomhaltas Inbhuanaithe agus Reachtaíocht um Chosaint an Tomhaltóra], Foilseachán don Choiste um an Margadh Inmheánach agus um Chosaint an Tomhaltóra, an Roinn Beartais um an mBeartas Eacnamaíochta, um an mBeartas Eolaíochta agus um Beartas Cháilíocht na Beatha, Parlaimint na hEorpa, Lucsamburg, 2020; Marcus, J. S. et al., The impact of COVID-19 on the Internal Market [Tionchar COVID-19 ar an Margadh Inmheánach], Foilseachán don Choiste um an Margadh Inmheánach agus um Chosaint an Tomhaltóra, an Roinn Beartais um an mBeartas Eacnamaíochta, um an mBeartas Eolaíochta agus um Beartas Cháilíocht na Beatha, Parlaimint na hEorpa, Lucsamburg, 2020.

[2]Áirítear i measc an taighde ábhartha: Poutvaara, P. et al., Contribution to Growth: Free Movement of Goods. Delivering Economic Benefits for Citizens and Businesses [Rannchuidiú leis an bhFás: Saorghluaiseacht Earraí. Tairbhí Eacnamaíocha a bhaint amach do Shaoránaigh agus do Ghnólachtaí], Foilseachán don Choiste um an Margadh Inmheánach agus um Chosaint an Tomhaltóra, an Roinn Beartais um an mBeartas Eacnamaíochta, um an mBeartas Eolaíochta agus um Beartas Cháilíocht na Beatha, Parlaimint na hEorpa, Lucsamburg, 2019; Pelkmans, J. et al., Contribution to Growth: The Single Market for Services. Delivering economic benefits for citizens and businesses, [Rannchuidiú leis an bhFás: An Margadh Aonair le haghaidh Seirbhísí.Tairbhí eacnamaíocha a sholáthar do shaoránaigh agus do ghnólachtaí], Foilseachán don Choiste um an Margadh Inmheánach agus um Chosaint an Tomhaltóra, an Roinn Beartais um an mBeartas Eacnamaíochta, um an mBeartas Eolaíochta agus um Beartas Cháilíocht na Beatha, Parlaimint na hEorpa, Lucsamburg, 2020.

an margadh aonair barr a chumais a bhaint amach. Iarradh sa staidéar níos mó grinnscrúdú áitiúil a dhéanamh ar rialacha náisiúnta a mholtar a d'fhéadfadh a bheith i gcoinbhleacht le rialacha agus prionsabail an mhargaidh aonair.

Baineann coinbhleacht amháin le saorghluaiseacht seirbhísí. An 2 Nollaig 2020, ghlac an Coiste um an Margadh Inmheánach agus um Chosaint an Tomhaltóra tuarascáil féintionscnaimh dar teideal *Strengthening the Single Market: the future of free movement of services* [An Margadh Aonair a Neartú: todhchaí na saorghluaiseachta seirbhísí]. Cuirtear i bhfios go láidir sa tuarascáil, a glacadh sa seisiún iomlánach an 20 Eanáir 2021, gur gá cur chun feidhme rialacha an mhargaidh aonair do sheirbhísí a áirithiú agus forfheidhmiú ghníomhaíocht an Choimisiúin a fheabhsú.

Tá na tairbhí a bhaineann le creat ríomhrialtais aitheanta ag an bParlaimint, lena ndéantar cuíchóiriúar phróisis riaracháin, lena gcuirtear feabhas ar cháilíocht na seirbhísí agus lena méadaítear éifeachtúlacht na hearnála poiblí. Le seirbhísí poiblí digiteacha, déanfar ualaí riaracháin a mhaolú, dlús a chur le hidirghníomhaíochtaí leis an rialtas agus costais a laghdú, agus, sa chaoi sin, buntáistí eacnamaíocha agus sóisialta an mhargaidh aonair a chatalú. Dá thoradh sin, ghlac an Coiste IMCO tuarascáil chríochnaitheach inar leagadh amach straitéisí chun dlús a chur le seirbhísí poiblí a dhigitiú, ar rith an Pharlaimint ina dhiaidh sin í an 18 Aibreán 2023.

**B.** An margadh aonair ag sárú COVID-19

Bhí tionchar suntasach ag paindéim COVID-19 ar shaorghluaiseacht earraí sa mhargadh inmheánach. I bhfianaise an méid sin, ghlac an Pharlaimint rún an 17 Aibreán 2020, inar chuir sí in iúl go láidir gurb é an margadh aonair is foinse le rathúnas agus folláine chomhchoiteann na hEorpa agus gur príomhghné é den fhreagairt láithreach agus leanúnach ar an bpaindéim. I seimineár gréasáin[4] de chuid Choiste IMCO a tionóladh i mí na Samhna 2020, rinneadh anailísiú ar thionchar COVID-19 ar an margadh inmheánach agus ar chosaint do thomhaltóirí, agus moladh cad a d'fhéadfaí a dhéanamh chun margadh inmheánach dea-fheidhmiúil a áirithiú anois agus i ngéarchéimeanna amach anseo.

Cuireadh staidéar[5] ar an ábhar céanna i láthair an 22 Feabhra 2021 sa Choiste IMCO. De réir an taighde, laghdaíodh go mór ní hamháin an tsaorghluaiseacht earraí ach an tsaorghluaiseacht seirbhísí agus daoine chomh maith laistigh den mhargadh inmheánach de bharr dhúnadh na dteorainneacha agus bearta eile a rinne na Ballstáit ar dtús. An mhí chéanna, bhunaigh an Pharlaimint, in éineacht leis an gComhairle, an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, inar dearbhaíodh gur cheart FBManna láidre a bheith rannpháirteach i dtéarnamh inbhuanaithe margaidh inmheánaigh dea-fheidhmiúil. Tá an dréacht-tuarascáil féintionscnaimh maidir le dul i ngleic le bacainní neamhtharaife agus neamhchánach sa mhargadh aonair (2021/2043(INI)) ó mhí an Mheithimh 2021 an-ábhartha ina leith sin, ós rud é nach amháin go dtugtar aghaidh inti ar bhacainní ginearálta agus seasmhacha ar shaoirse earraí agus ar shaoirse seirbhísí, ach pléitear go sonrach inti freisin an chaoi a chuir COVID-19 agus freagraí beartais ar an bpaindéim bac ar na ceithre shaoirse.

**C.** An Margadh Aonair Digiteach (2.1.7)

Ar an gcaoi chéanna leis an gCoimisiún, le 10 mbliana anuas, tá an Pharlaimint ag díriú níos mó agus níos mó ar na dúshláin agus na deiseanna don mhargadh aonair a eascraíonn as an digiteáil. An 11 Nollaig 2012, ghlac an Pharlaimint dhá rún neamhreachtacha a bhaineann leis an margadh inmheánach: ceann amháin acu maidir leis an margadh aonair digiteach a chur i gcrích agus an ceann eile maidir le straitéis

saoirse digití i mbeartas eachtrach AE. Leis na rúin sin, tugtar tacaíocht don tsaoirse dhigiteach i mbeartas eachtrach AE, lena leagtar béim ar neodracht an idirlín chun a áirithiú nach gcuireann soláthraithe srian éagórach ar úsáid an idirlín. Bhí sé mar aidhm leis na rúin beartais um an margadh digiteach a chomhchuibhiú ar fud an Aontais. Is éard a bhí mar thoradh ar an tionscnamh sin bearta reachtacha le haghaidh margadh aontaithe cumarsáide leictreonaí, lena n-áirítear neodracht an idirlín agus deireadh a chur le táillí fánaíochta.

An 20 Bealtaine 2021, ghlac an Pharlaimint rún maidir le todhchaí dhigiteach na hEorpa, ina n-aithnítear ról ríthábhachtach na bhforbairtí digiteacha sa mhargadh aonair agus an gá atá le bacainní a chuireann bac ar fheidhmiú an mhargaidh aonair dhigitigh a bhaint. Éascaíonn an Gníomh um Margaí Digiteacha (GMD) agus an Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha (GSD) margadh aonair digiteach atá iomaíoch, cothrom, comhchuibhithe agus níos sábháilte. Ina theannta sin, le bailiúchán staidéar a chuir an Roinn Beartais um an mBeartas Eacnamaíochta, um an mBeartas Eolaíochta agus um Beartas Cháilíocht na Beatha ar fáil, fiosraíodh na deiseanna agus na dúshláin roimh an margadh aonair digiteach i bhfianaise GMD agus GSD.

I mí Dheireadh Fómhair 2022, d’eagraigh an Coiste IMCO éisteacht chun comóradh 30 bliain a dhéanamh ar mhargadh aonair an Aontais agus ar a bhfuil bainte amach aige. I bhfianaise na staide dúshlánaí atá ann faoi láthair, leag na cainteoirí béim freisin ar a thábhachtaí atá sé tuilleadh acmhainneachta fáis a lorg agus an margadh aonair a chomhdhlúthú, agus béim á leagan ar an togra reachtach maidir leis an Ionstraim Éigeandála don Mhargadh Aonair.

An 23 Samhain 2022, shínigh an Pharlaimint agus an Chomhairle Rialachán (AE) 2022/2399 maidir le Timpeallacht an Ionaid Ilfhreastail AE maidir le Custam. Is é an cuspóir atá aige trádáil idirnáisiúnta a dhéanamh níos éasca tríd an ualach riaracháin agus na costais riaracháin a laghdú, le cabhair ó uirlisí digiteacha. Dá bhrí sin, beidh gnólachtaí agus trádálaithe in ann na sonraí custaim agus neamhchustaim is gá le haghaidh imréiteach earraí agus foirmiúlachtaí iomlána a sholáthar i dtairseach aonair amháin i mBallstát ar leith.

I mí Iúil 2023, d’fhormhuinigh an Coiste IMCO an Ionstraim Éigeandála le haghaidh an Mhargaidh Aonair, agus mhol sé go n-athainmneofaí í mar an Gníomh um Éigeandáil agus Athléimneacht an Mhargaidh Inmheánaigh, chun ullmhú níos fearr do ghéarchéimeanna a bheidh ann amach anseo. Agus na dúshláin a bhain leis an bpaindéim mar spreagadh léi, tá sé beartaithe leis an reachtaíocht sin saorghluaiseacht laistigh de AE a chosaint agus bunaítear léi leibhéil éagsúla foláirimh chun géarchéimeanna a bheidh ann amach anseo a bhainistiú go réamhghníomhach. Dhéanfadh an Coimisiún formhaoirseacht ar bhearta géarchéime na mBallstát chun comhsheasmhacht agus dlíthiúlacht a áirithiú, agus bhunódh sé bealaí brostaithe d’oibrithe agus earraí riachtanacha dá ndúnfaí teorainneacha. Thairis sin, thabharfaí de chumhacht dó orduithe tosaíochta le haghaidh earraí riachtanacha a eisiúint chun ganntanais a sheachaint. Ghlac an Pharlaimint an tuarascáil an 13 Meán Fómhair 2023 agus tá caibidlíochtaí idirinstitiúideacha ar siúl cheana féin.

I mí Dheireadh Fómhair 2023 foilsíodh staidéar maidir leis an bhfaireachas margaidh in AE lenar leagadh béim ar ról ríthábhachtach na n-údarás um fhaireachas margaidh chun tomhaltóirí a chosaint trí tháirgí a chomhlíonann caighdeáin sláinte, sábháilteachta agus comhshaoil a áirithiú. Sainaithnítear ann bearnaí san fhaireachas margaidh ar measa iad mar gheall ar fhás na ríomhthráchtála agus an phaindéim,

amhail inrianaitheacht táirgí agus an dúshlán a bhaineann le faireachán a dhéanamh ar dhíolachán ar líne. Áirítear ar na príomh-mholtaí saoráidí tástála AE a mhéadú, borradh a chur faoi bhonneagar digiteach, cuntasacht do mhargaí ar líne a mhéadú, agus comhar trasteorann agus comhroinnt faisnéise idir údaráis um fhaireachas margaidh agus údaráis chustaim a fheabhsú. Tá sé mar aidhm leis na bearta sin cleachtais faireachais margaidh a chomhchuibhiú, formhaoirseacht na dtáirgí arna ndíol ar líne a fheabhsú trína cheangal ar mhargaí ar líne bearta a chur chun feidhme lena n-áirithítear go gcomhlíonfar rialacháin AE, agus lena n-áirithítear cosaint chomhsheasmhach tomhaltóirí ar fud an Aontais.

Chun tuilleadh eolais a fháil faoin ábhar seo, féach suíomh gréasáin an Choiste um an Margadh Inmheánach agus um Chosaint an Tomhaltóra.

Christina Ratcliff / Jordan De Bono / Barbara Martinello
11/2023

# 2.1.2. SAORGHLUAISEACHT EARRAÍ

Treisíodh saorghluaiseacht earraí trí dheireadh a chur le dleachtanna custaim chomh maith le bacainní neamhtharaife eile. Rinne prionsabail amhail aitheantas frithpháirteach agus caighdeánú an margadh inmheánach a chur chun cinn tuilleadh. Chuir an Creat Reachtach Nua in 2008 feabhas ar shaorghluaiseacht earraí, ar fhaireachas margaidh an Aontais agus ar mharcáil CE (Comhréireacht Eorpach). Tá dúshláin fós ann, áfach, maidir le comhchuibhiú mhargadh inmheánach, ós rud é nach féidir le leas iomlán a bhaint go fóill as saorghluaiseacht earraí mar gheall ar phaindéim COVID-19 agus saobhadh eile.

## BUNÚS DLÍ

Airteagal 26 agus Airteagail 28-37 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE).

## CUSPÓIRÍ

Is ceann de phrionsabail bhunúsacha an Chonartha é an ceart chun saorghluaiseachta earraí de thionscnamh na mBallstát agus earraí ó thríú tíortha atá ar saorchúrsaíocht sna Ballstáit (Airteagal 28 de CFAE). I dtús aimsire, breathnaíodh ar shaorghluaiseacht earraí mar chuid d’aontas custaim idir na Ballstáit, arb é a bhí i gceist leis dleachtanna custaim, srianta cainníochtúla ar thrádáil agus bearta comhéifeachta a dhíothú agus comhtharaif sheachtrach a bhunú don Aontas. Tráth níos faide anonn, díríodh ar gach uile cheann de na bacainní eile a bhí fós ar shaorghluaiseacht earraí a dhíothú d’fhonn an margadh inmheánach a chruthú.

## A BHFUIL BAINTE AMACH

An obair a bhain le dleachtanna custaim agus srianta cainníochtúla idir na Ballstáit a dhíothú (cuótaí), cuireadh i gcrích í faoin 1 Iúil 1968. Ach níor comhlíonadh an spriocdháta sin i gcás na gcuspóirí forlíontacha – bearta comhéifeachta a thoirmeasc agus dlíthe náisiúnta ábhartha a chomhchuibhiú. Maidir leis na cuspóirí sin rinneadh croíchuid díobh den iarracht atá fós ar bun saorghluaiseacht earraí a bhaint amach.

**A.** Muirir atá ar comhéifeacht le dleachtanna custaim a thoirmeasc: Airteagal 28(1) agus Airteagal 30 de CFAE.

Ós rud é nach bhfuil aon sainmhíniú ar an gcoincheap réamhluaite sa Chonradh, b’éigean ceann a sholáthar i gcásdlí. Tá Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh (CBAE) den tuairim gur féidir a mheas mar mhuirear comhéifeachta aon mhuirear, ‘a bhfuil an éifeacht chéanna aige ar shaorghluaiseacht earraí agus atá ag dleacht chustaim, má dhéantar é a fhorchur ar tháirge a allmhairítear as Ballstát, seachas ar tháirge intíre comhchosúil, trí phraghas an táirge sin a athrú’ (Cásanna Uamtha 2/62 agus 3/62, agus Cás 232/78).

**B.** Bearta atá ar comhéifeacht le srianta cainníochtúla a thoirmeasc: Airteagal 34 agus Airteagal 35 de CFAE.

Ina breithiúnas ‘Dassonville’, bhí CBAE den tuairim, maidir leis na rialacha trádála go léir arna n-achtú ag na Ballstáit agus ar féidir leo bac a chur ar thrádáil laistigh

den-Chomhphobal (bíodh go díreach nó go hindíreach, go hiarbhír nó go féideartha), go measfaí gur bearta iad atá ar comhéifeacht le srianta cainníochtúla (féach Cás 8/74 *Dassonville* an 11 Iúil 1974 agus míreanna 63 go 67 de Chás C-320/03 an 15 Samhain 2005). Rinneadh tuilleadh forbartha ar réasúnaíocht na Cúirte sa bhreithiúnas Cassis de Dijon, inar leagadh síos an prionsabal go gcaithfí a ligean isteach ar mhargadh aon Bhallstáit eile aon táirge a dhéantar a mhonarú agus a mhargú go dleathach i mBallstát i gcomhréir lena dhlíthe cothroma agus traidisiúnta, agus i gcomhréir le próisis mhonaraíochta na tíre sin. Ba é sin an réasúnaíocht bhunúsach ba bhonn leis an díospóireacht ar shainmhíniú a thabhairt ar phrionsabal an aitheantais fhrithpháirtigh, a mbaintear úsáid as cheal comhchuibhithe. Dá bhrí sin, tá sé d'oibleagáid ar na Ballstáit, fiú in éagmais bearta AE um chomhchuibhiú (reachtaíocht thánaisteach an Aontais), cead a thabhairt earraí a chur i gcúrsaíocht agus a chur ar a margaí, arb earraí iad a dhéantar a tháirgeadh agus a mhargú go dleathach i mBallstáit eile.

Rud nach beag a thábhacht, déantar teorainn a chur le réimse feidhme Airteagal 34 de CFAE le breithiúnas Keck, ina sonraítear nach dtagann socruithe díolacháin áirithe faoi raon feidhme an airteagail, ar choinníoll go bhfuil siad neamh-idirdhealaitheach (i.e. go bhfuil feidhm acu maidir leis na trádálaithe ábhartha go léir a oibríonn laistigh den chríoch náisiúnta, agus go n-imríonn siad tionchar ar an mbealach céanna, i ndlí agus i bhfíoras, ar mhargú táirgí intíre agus táirgí ó Bhallstáit eile).

**C.** Eisceachtaí ar dhíothú beart atá ar comhéifeacht le srianta cainníochtúla

Le hAirteagal 36 CFAE, ceadaítear do na Ballstáit srianta a fhorchur atá coibhéiseach le teorainneacha cainníochtúla ar chúiseanna neamheacnamaíocha amhail an mhoráltacht phoiblí, an beartas poiblí nó an tslándáil phoiblí. Ba cheart na heisceachtaí sin a léirmhíniú go cúng agus ní féidir idirdhealú treallach ná bacainní trádála ceilte idir na Ballstáit a bheith mar thoradh orthu. Ní mór dóibh freastal go díreach ar leas an phobail agus a bheith comhréireach leis an leibhéal cosanta atá beartaithe.

D'aithin an Chúirt Bhreithiúnais, i gcás Cassis de Dijon, gur féidir leis na Ballstáit bearta náisiúnta áirithe a dhíolmhú ó shrianta trádála an Aontais má chomhlíonann siad ceanglais éigeantacha, amhail maoirseacht fhioscach éifeachtach, cosaint na sláinte poiblí, cothroime tráchtála, agus cosaint tomhaltóirí. Ceanglaítear ar na Ballstáit an Coimisiún a chur ar an eolas faoi na díolúintí sin. Bunaíodh nósanna imeachta um malartú faisnéise agus córas faireacháin chun maoirseacht a dhéanamh ar bhearta den sórt sin, mar a leagtar amach in Airteagal 114 agus in Airteagal 117 de CFAE agus i Rialachán (CE) Uimh. 2679/98 ón gComhairle). Rinneadh na nósanna imeachta sin a uasdátú agus a chur ar bhonn níos foirmiúla le Rialachán (CE) Uimh. 2019/515 maidir le haitheantas frithpháirteach, a ritheadh in 2019, a ghabhann ionad an rialacháin a bhí ann roimhe sin.

**D.** An reachtaíocht náisiúnta a chomhchuibhiú

I ngeall ar dhlíthe comhchuibhithe a glacadh, is féidir bacainní a cruthaíodh a bhaint (mar shampla trí fhorálacha náisiúnta a dhéanamh neamh-infheidhme) agus is féidir freisin comhrialacha a bhunú arb é is aidhm leo saorchúrsaíocht earraí agus táirgí a ráthú, agus urraim do chuspóirí eile de chuid Chonarthaí AE, amhail cosaint an chomhshaoil agus an tomhaltóra nó iomaíochas.

Rinneadh an próiseas comhchuibhithe san Aontas a chuíchóiriú trí vótáil trí thromlach cáilithe a ghlacadh le haghaidh treoracha a bhaineann leis an margadh aonair, mar a leagtar amach in Airteagal 95 den Chonradh ag bunú an Chomhphobail

Eorpaigh, arna leasú le Conradh Maastricht. I bPáipéar Bán 1985 ón gCoimisiún, tugadh isteach 'cur chuige nua' chun comhchuibhiú mionsonraithe a sheachaint, lena ndírítear ar aitheantas frithpháirteach do rialacháin náisiúnta. Faoin gcur chuige sin, a dhearbhaigh rúin agus cinntí ón gComhairle, tá comhchuibhiú teoranta do cheanglais fhíor-riachtanacha agus tarlaíonn sé nuair nach bhfuil na rialacha náisiúnta coibhéiseach agus nuair a chuireann siad bac ar thrádáil. Is é is aidhm don mhodh seo saorghluaiseacht earraí a áirithiú trí earnálacha iomlána a chomhchuibhiú go teicniúil agus ardleibhéal cosanta a choinneáil ar bun ar mhaithe le leas an phobail, rud a dhéanann difear do réimsí amhail bréagáin, ábhair thógála, innealra, fearais gháis, agus trealamh teileachumarsáide.

**E.** An margadh inmheánach a chomhlánú

Chun an margadh aonair a chruthú, ba ghá na bacainní uile a bhí fós ar shaorghluaiseacht earraí a dhíothú. I bPáipéar Bán an Choimisiúin (1985), leagadh amach na bacainní fisiciúla agus teicniúla a bhí le baint, mar aon leis na bearta a bhí le glacadh ag an gCoimisiún chun na críche sin. Glacadh an formhór na mbeart sin ó shin i leith. Mar sin féin, is gá i gcónaí athchóirithe suntasacha a dhéanamh ar an margadh aonair má tá sé chun na dúshláin a ghabhann le dul chun cinn teicneolaíochta a shárú, agus tá roinnt bacainní neamhtharaife ann go fóill.

## RÓL PHARLAIMINT NA HEORPA

Tacaíonn an Pharlaimint go láidir leis an margadh inmheánach a chur i gcrích, agus béim ar leith á leagan aici ar an 'gcur chuige nua' chun saorghluaiseacht earraí a éascú. Bhí ról suntasach aici i dtaca leis na treoracha um chomhchuibhiú a mhúnlú agus bhí sí go mór ar son Chreata Reachtaigh Nua a glacadh in 2008. Ba iad tosaíochtaí na Parlaiminte a áirithiú go bhfuil gach oibreoir margaidh freagrach as comhlíonadh agus sábháilteacht táirgí agus feabhas a chur ar infheictheacht agus tuiscint na marcála CE i measc tomhaltóirí. Tá sí gníomhach i gcónaí sna hiarrachtaí sin, agus í ag obair ar an bPacáiste Ailínithe, ina bhfuil 9 dtreoir lena rialaítear táirgí éagsúla amhail ardaitheoirí, earraí piriteicniúla agus pléascáin.

I rún uaithi an 8 Márta 2011, d'iarr an Pharlaimint go gcruthófaí córas aontaithe maidir le faireachas margaidh do gach táirge, rud as a dtáinig an 'Pacáiste maidir le Sábháilteacht Táirgí agus Faireachas Margaidh' in 2013. Faoi Aibreán 2019, bhí Rialachán (AE) 2019/1020 glactha ag an bParlaimint chun faireachas margaidh a fheabhsú agus comhlíonadh táirgí a áirithiú. In 2021, mhol an Coimisiún rialachán nua chun sábháilteacht táirgí tomhaltais neamhbhia a áirithiú tuilleadh. I mí an Mhárta 2023, d'fhormhuinigh an Pharlaimint go foirmiúil na rialacha nuashonraithe maidir le sábháilteacht táirgí, arb é is aidhm dóibh ardchaighdeáin sábháilteachta a ráthú le haghaidh na dtáirgí uile a dhíoltar san Aontas, ar líne agus as líne araon, a raibh foilsiú an Rialacháin maidir le Sábháilteacht Ghinearálta Táirgí an 10 Bealtaine 2023 mar thoradh air.

Tá ról lárnach ag an gcaighdeánú maidir le dea-oibriú an mhargaidh inmheánaigh. Cuidíonn caighdeáin chomhchuibhithe AE le saorghluaiseacht earraí a áirithiú laistigh den mhargadh inmheánach, tugann siad an deis do ghnólachtaí san Aontas a bheith níos iomaíche agus déanann siad sábháilteacht tomhaltóirí agus an chomhshaoil a chosaint. Agus é mar aidhm aici feabhas a chur ar a bhfuil san athchóiriú ar an gcaighdeánú, ghlac an Pharlaimint rún an 21 Deireadh Fómhair 2010.

An 2 Feabhra 2022, thug an Coimisiún straitéis um chaighdeánú isteach chun margadh aonair athléimneach, glas agus digiteach a chothú, ina moltar athruithe a dhéanamh ar Rialachán 2012 maidir le Caighdeánú. Ina dhiaidh sin, ritheadh Rialachán (AE) 2022/2480 an 14 Nollaig 2022, lena nuashonraíodh creat dlíthiúil an Aontais maidir le caighdeáin a bhunú. Ina dhiaidh sin, thionóil an Coiste um an Margadh Inmheánach agus um Chosaint an Tomhaltóra (IMCO) éisteacht an 23 Eanáir 2023 chun plé a dhéanamh ar threoracha stairiúla agus treoracha a bheidh ann amach anseo sa bheartas um chaighdeánú, le haighneachtaí ón gCoimisiún agus ó gheallsealbhóirí éagsúla.

Ag tógáil ar an straitéis nua um chaighdeánú, d'fhoilsigh an Coimisiún togra maidir le comhchuibhiú a dhéanamh ar mhargú táirgí foirgníochta an 30 Márta 2022, inar dhírigh sé go sonrach ar chaighdeánú an mhargaidh inmheánaigh ghlais. Thionóil Coiste IMCO, in éineacht leis an gCoiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia (ENVI), éisteacht phoiblí agus ar deireadh, ghlac sé tuarascáil i ndáil leis an athbhreithniú ar an Rialachán maidir le Táirgí Foirgníochta an 23 Bealtaine 2023, lena n-áirítear beagnach 300 leasú. Táthar ag dréim anois leis an tríú babhta de chaibidlíochtaí idirinstitiúideacha an 13 Nollaig 2023 i leith an rialacháin.

Dhírigh an t-ochtú reachtas ar rialacháin maidir le suiteálacha cábla-bhealaigh, fearais a dhónn breoslaí gásacha, feistí leighis agus trealamh cosanta pearsanta (TCP), chomh maith leis an Rialachán e-Call maidir le ceanglais chineálcheadaithe chun an córas eCall infheithicle atá bunaithe ar an tseirbhís uimhreacha éigeandála 112. Faoi chuimsiú an Phacáiste don Gheilleagar Ciorclach, ghlac an Pharlaimint reachtaíocht maidir le táirgí leasacháin, ar a bhfuil an comhartha-CE, a chur ar fáil ar an margadh aonair (Rialachán (AE) 2019/1009).

Meastar i dtaighde a rinneadh in 2019 gurb ionann luach na dtairbhí a eascraíonn ó phrionsabal na saorghluaiseachta earraí agus ón reachtaíocht lena mbaineann agus EUR 386 bhilliún gach bliain[1]. Tá bacainní fós ann, áfach, ar shaorghluaiseacht iomlán earraí a bhaint amach. Tá faisnéis ar na bacainní sin a bheith ann i staidéar[2] eile a foilsíodh i mí na Samhna 2020 ar rialacha náisiúnta a chuireann srian ar shaorghluaiseacht earraí agus seirbhísí agus ar an gceart bunaíochta ar fud mhargadh AE. Conclúid amháin a bhí ann ná cé gurb é Margadh Aonair an Aontais Eorpaigh an sampla is mó agus is rathúla de chomhtháthú eacnamaíoch ar domhan, níl an tAontas saor fós ó bhacainní ar shaorghluaiseacht earraí atá díréireach.

Le linn phaindéim COVID-19, ina rún uaithi an 17 Aibreán 2020, leag an Pharlaimint béim ar an ngéarghá atá le teorainneacha inmheánacha oscailte AE a choinneáil le haghaidh earraí, agus béim á leagan aici ar ról an mhargaidh aonair i rathúnas comhchoiteann AE agus mar fhreagairt ríthábhachtach ar an ngéarchéim. Moladh i dteachtaireacht ón gCoimisiún an 15 Bealtaine 2020 straitéis chomhordaithe i leith saorghluaiseacht a athbhunú agus deireadh a chur le rialuithe ag na teorainneacha inmheánacha. Bhí an cur chuige comhoibríoch sin ríthábhachtach trí ligean d'earraí

[1]Poutvaara, P., Contribution to Growth: Free Movement of Goods – Delivering Economic Benefits for Citizens and Businesses, Foilseachán don Choiste um an Margadh Inmheánach agus um Chosaint an Tomhaltóra, an Roinn Beartais um an mBeartas Eacnamaíochta, um an mBeartas Eolaíochta agus um Beartas Cháilíocht na Beatha, Parlaimint na hEorpa, Lucsamburg, 2019.
[2]Dahlberg, E. et al., Legal obstacles in Member States to Single Market rules, Foilseachán don Choiste um an Margadh Inmheánach agus um Chosaint an Tomhaltóra, an Roinn Beartais um an mBeartas Eacnamaíochta, um an mBeartas Eolaíochta agus um Beartas Cháilíocht na Beatha, Parlaimint na hEorpa, Lucsamburg, 2020.

riachtanacha, lena n-áirítear soláthairtí agus trealamh leighis, bogadh ar fud an Aontais, rud a mhaolódh tionchar na srianta teorann arna bhforchur ag an stát.

I rún uaithi an 19 Meitheamh 2020, mheabhraigh an Pharlaimint gur éacht caomhnaithe é limistéar Schengen atá ag croílár thionscadal an Aontais Eorpaigh, agus d'iarr sí ar na Ballstáit srianta ar shaorghluaiseacht a laghdú agus dlús a chur lena n-iarrachtaí ar bhailchríoch a chur ar lánpháirtiú ar limistéar Schengen le Ballstáit uile AE.

Rinneadh athbhreithniú ar thionchar na paindéime ar shaorghluaiseacht earraí, seirbhísí agus daoine i seimineár gréasáin[3] de chuid na Roinne Beartais um an mBeartas Eacnamaíochta, um an mBeartas Eolaíochta agus um Beartas Cháilíocht na Beatha i mí na Samhna 2020 don Choiste um an Margadh Inmheánach agus um Chosaint an Tomhaltóra. Pléadh na dúshláin ar an sreabhadh earraí a bhaineann le cúram sláinte amhail trealamh cosanta pearsanta agus béim á leagan ar an ngá atá le comhordú níos fearr ón Aontas sa soláthar poiblí agus i ngluaiseacht earraí le haghaidh géarchéimeanna a bheidh ann amach anseo. I staidéar[4] leantach a cuireadh i láthair i mí Feabhra 2021, rinneadh scrúdú breise ar éifeacht na paindéime ar an margadh inmheánach agus ar chosaint an tomhaltóra, ina moltar bearta breise chun feabhas a chur ar athléimneacht mhargadh inmheánach an Aontais i gcoinne géarchéimeanna amach anseo.

Bhí ról lárnach ag an bParlaimint i gcomhchuibhiú custaim, arb é an toradh a bhí air sin Timpeallacht Ionaid Ilfhreastail AE maidir le Custam a bhunú trí Rialachán (AE) Uimh. 2022/2399. Leis an rialachán seo, a thiocfaidh chun cinn sna 10 mbliana amach romhainn, cuirtear tús le Córas Malartaithe Deimhnithe an Ionaid Ilfhreastail AE maidir le Custam (CSW-CERTEX AE) ag an gcéim phíolótach ó 2017 i leith. Is é is aidhm don chéad chéim suas go dtí 2025 ná feabhas a chur ar mhalartuithe idir-rialtasacha ag teorainneacha an Aontais, go háirithe i gcás nósanna imeachta neamhchustaim. Tabharfar isteach leis an gcéim ina dhiaidh sin, a thosóidh in 2031, córas gnólacht le rialtas chun an próiseas imréitigh a chuíchóiriú le haghaidh gnólachtaí a bhfuil baint acu le hearraí a allmhairiú nó a onnmhairiú, agus é mar aidhm léi na baic trádála atá ann faoi láthair a laghdú go suntasach.

Maidir le réitigh idir-inoibritheachta do riaracháin phoiblí an Aontais, do ghnólachtaí agus do thomhaltóirí le haghaidh soláthar trasteorann gan uaim, tá Gníomh um Eoraip Idir-inoibritheach níos nuaí i mbun caibidlíochta faoi láthair, agus tá an Chomhairle agus an Pharlaimint i mbun díospóireachta faoi láthair ar shaintréithe teicniúla deiridh an rialacháin.

I staidéar[5] a rinne an Roinn Beartais um an mBeartas Eacnamaíochta, um an mBeartas Eolaíochta agus um Beartas Cháilíocht na Beatha a d'iarr Coiste IMCO, foilsíodh anailís an 9 Nollaig 2022 ar nósanna imeachta éagsúla na mBallstát maidir le húdarú custaim le haghaidh táirgí a thagann isteach san Aontas. Toisc go dtagann

[3]Milieu Consulting SRL, The impact of COVID-19 on the Internal Market and Consumer Protection - IMCO Webinar Proceedings, Foilseachán don Choiste um an Margadh Inmheánach agus um Chosaint an Tomhaltóra, an Roinn Beartais um an mBeartas Eacnamaíochta, um an mBeartas Eolaíochta agus um Beartas Cháilíocht na Beatha, Parlaimint na hEorpa, Lucsamburg, 2020.
[4]Marcus, J. S. et al., The impact of COVID-19 on the Internal Market, Foilseachán don Choiste um an Margadh Inmheánach agus um Chosaint an Tomhaltóra, an Roinn Beartais um an mBeartas Eacnamaíochta, um an mBeartas Eolaíochta agus um Beartas Cháilíocht na Beatha, Parlaimint na hEorpa, Lucsamburg, 2021.
[5]Hausemer, P. et al., A Comparative Analysis of Member States' Customs Authorisation Procedures for the Entry of Products into the European Union, Foilseachán don Choiste um an Margadh Inmheánach agus um Chosaint an Tomhaltóra, an Roinn Beartais um an mBeartas Eacnamaíochta, um an mBeartas Eolaíochta agus um Beartas Cháilíocht na Beatha, Parlaimint na hEorpa, Lucsamburg, 2022.

bacainní trádála agus saobhadh sa mhargadh inmheánach chun cinn mar thoradh ar na nósanna imeachta éagsúla sin, ba é ceann de na réitigh a bhí beartaithe ná gníomhaireacht Eorpach chustaim a chruthú.

Ina theannta sin, chonacthas togra ón gCoimisiún an 17 Bealtaine 2023 (COM(2023)0257) ina ndearnadh iarracht chuimsitheach creat custaim an Aontais a nuachóiriú. Gné shuntasach den togra is ea Mol Sonraí Custaim an Aontais a bhunú, a bheidh á bhainistiú ag Údarás Custaim an Aontais a tugadh isteach le déanaí. Beidh an mol sin ina stór mór sonraí chun calaois agus neamhchomhlíonadh a bhrath, agus cumasófar leis malartú sonraí idir an tAontas agus tríú tíortha, agus cothóidh sé comhar idir údaráis chustaim na mBallstát.

Chun tuilleadh eolais a fháil faoin ábhar seo, féach suíomh gréasáin an Choiste um an Margadh Inmheánach agus um Chosaint an Tomhaltóra.

Christina Ratcliff / Jordan De Bono / Barbara Martinello
11/2023

# 2.1.3. SAORGHLUAISEACHT CHAIPITIL

Tá an tsaorghluaiseacht chaipitil ar cheann de cheithre shaoirse bhunúsacha mhargadh aonair an Aontais. Ní hé amháin gurb í an ceann is déanaí í, ach is í an ceann is leithne í freisin mar gheall ar an ngné shuaithinseach tríú tír a ghabhann léi. Is de réir a chéile a rinneadh dul chun cinn i dtaobh léirscaoileadh ar shreafaí caipitil. Ó bhí tús 2004 ann, mar thoradh ar Chonradh Maastricht, tá toirmeasc ar shrianta ar ghluaiseachtaí agus íocaíochtaí caipitil, idir Ballstáit agus le tríú tíortha araon, cé go bhféadfadh eisceachtaí a bheith ann.

## AN BUNÚS DLÍ

Airteagail 63 go 66 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE).

## CUSPÓIRÍ

Ba cheart deireadh a chur le gach srian ar ghluaiseachtaí caipitil idir Ballstáit agus idir Ballstáit agus tríú tíortha, ach eisceachtaí a bheith ann in imthosca áirithe. Tá an tsaorghluaiseacht chaipitil ina bonn taca don mhargadh aonair agus tá sí ina comhlánú ar na trí shaoirse eile. Rannchuidíonn sí leis an bhfás eacnamaíoch freisin ar an ábhar gur féidir caipiteal a infheistiú go héifeachtúil dá barr agus déanann sí úsáid an euro mar airgeadra idirnáisiúnta a chur chun cinn, agus, ar an dóigh sin, rannchuidíonn sí le ról AE mar ghníomhaí domhanda. Chomh maith leis sin, ní raibh déanamh dá huireasa maidir le forbairt an Aontais Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta agus le tabhairt isteach an euro.

## A BHFUIL BAINTE AMACH

**A.** An dícheall tosaigh (sularbh ann don mhargadh inmheánach)

Bhí bearta tosaigh an Chomhphobail teoranta ó thaobh raon feidhme de. Le Conradh na Róimhe (1957), éilíodh nach gcuirfí deireadh leis na srianta ach a mhéid ba ghá sin d'fheidhmiú an chómhargaidh. Leis an ' gCéad Treoir Chaipitil ' ó 1960, a leasaíodh in 1962, cuireadh deireadh le srianta ar chineálacha áirithe gluaiseachtaí caipitil tráchtála agus príobháideacha, amhail ceannacháin réadmhaoine, iasachtú gearrthéarmach nó meántéarmach le haghaidh idirbhearta tráchtála, agus ceannacháin urrús a thrádáiltear ar an stocmhalartán. Chuaigh roinnt Ballstát céim níos faide ná sin trí bhearta náisiúnta aontaobhacha a thabhairt isteach, agus, leis sin, rinneadh nach mór gach srian ar ghluaiseachtaí caipitil (e.g. an Ghearmáin agus tíortha Benelux) a dhíothú. Tháinig treoir eile maidir le sreafaí caipitil idirnáisiúnta i bhfeidhm in 1972.

**B.** Tuilleadh dul chun cinn agus léirscaoileadh ginearálta i bhfianaise an mhargaidh inmheánaigh

As siocair leasuithe ar an 'gCéad Treoir Chaipitil' in 1985 agus in 1986, rinneadh tuilleadh léirscaoilte i réimsí amhail iasachtú fadtéarmach d'idirbhearta tráchtála agus ceannacháin urrús nach dtrádáiltear ar an stocmhalartán. Rinneadh gluaiseachtaí caipitil a léirscaoileadh go hiomlán le Treoir ón gComhairle in 1988 lenar díscíodh na srianta uile a bhí fós ann ar ghluaiseachtaí caipitil idir cónaitheoirí na mBallstát amhail

ón 1 Iúil 1990. Bhí sé mar aidhm léi freisin gluaiseachtaí caipitil a raibh baint ag tríú tíortha leo a léirscaoileadh ar an gcaoi chéanna.

**C.** An córas cinntitheach

**1.** Prionsabal

Le Conradh Maastricht, tugadh isteach an tsaorghluaiseacht chaipitil mar shaoirse Conartha. Sa lá atá inniu ann, toirmeasctar le hAirteagal 63 CFAE gach srian ar ghluaiseacht chaipitil agus íocaíochtaí idir Ballstáit, agus idir Ballstáit agus tríú tíortha. Tá sé de chúram ar Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh na forálacha a bhaineann le saorghluaiseacht chaipitil a léirmhíniú, agus tá cásdlí fairsing ann sa réimse sin. I gcásanna ina ndéanann na Ballstáit an tsaorghluaiseacht chaipitil a shrianadh ar bhealach nach bhfuil údar leis, bíonn feidhm ag an ngnáthnós imeachta um shárú a leagtar amach in Airteagal 258-260 CFAE.

**2.** Eisceachtaí, agus srianta a bhfuil údar leo

Tá eisceachtaí teoranta den chuid is mó do ghluaiseachtaí caipitil a bhaineann le tríú tíortha (Airteagal 64 CFAE). Sa bhreis ar an rogha atá ag na Ballstáit srianta ar an infheistíocht dhíreach agus ar idirbhearta eile arbh ann dóibh ar dháta ar leith a choimeád i bhfeidhm, féadfaidh an Chomhairle freisin, i ndiaidh di dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa, bearta a ghlacadh d'aontoil arb ionann iad agus céim ar gcúl i ndáil le léirscaoileadh gluaiseachtaí caipitil le tríú tíortha. Sa bhreis air sin, féadfaidh an Chomhairle agus Parlaimint na hEorpa bearta reachtacha a ghlacadh a bhfuil infheistíocht dhíreach, bunaíocht, soláthar seirbhísí airgeadais nó glacadh le hurrúis i margaí caipitil i gceist leo. Cumhdaítear in Airteagal 66 CFAE bearta éigeandála i leith tríú tíortha, agus iad teoranta do thréimhse sé mhí.

Déantar na srianta ar ghluaiseachtaí caipitil i gcoitinne, arb iadsan amháin a bhfuil údar leo, lena n-áirítear gluaiseachtaí laistigh de AE,, a leagan síos in Airteagal 65 CFAE. Orthu sin, tá: (i) bearta chun sáruithe ar an dlí náisiúnta a chosc (eadhon i gcás cánachais agus i gcás na maoirseachta stuamachta ar sheirbhísí airgeadais); (ii) nósanna imeachta le haghaidh dearbhú gluaiseachtaí caipitil chun críocha riaracháin nó staidrimh; agus (iii) bearta a bhfuil údar leo de bharr an bheartais phoiblí nó na slándála poiblí. Rinneadh an dara ceann díobh sin a chúlghairm le linn ghéarchéim fiachais cheannasaigh na hEorpa, nuair a cuireadh iallach ar an gCipir (2013) agus ar an nGréig (2015) rialuithe caipitil a thabhairt isteach chun cosc a chur ar eis-sreabhadh iomarcach caipitil. In 2015, chuir an Chipir deireadh leis na srianta a bhí fós ann agus rinne an Ghréig amhlaidh in 2019. D'fhéadfadh teacht chun cinn an airgeadais dhigitigh, go háirithe criptea-airgeadraí atá bunaithe ar bhlocshlabhra, dul i ngleic leis na coincheapa reatha atá ceaptha chun saorghluaiseacht chaipitil a áirithiú.

Faoi Airteagal 144 CFAE, ceadaítear, faoi chuimsiú na gclár cúnaimh um chomhardú na n-íocaíochtaí, bearta cosanta um chomhardú íocaíochtaí a bheith ann i gcás ina gcuireann deacrachtaí feidhmiú an mhargaidh inmheánaigh i mbaol nó i gcás ina dtarlaíonn géarchéim gan choinne. Níl an clásal cosanta sin ar fáil ach do na Ballstáit sin nach bhfuil sa limistéar euro.

Ar deireadh, déantar foráil le hAirteagail 75 agus 215 CFAE maidir leis an bhféidearthacht go mbeadh smachtbhannaí airgeadais ann chun an sceimhlitheoireacht a chosc agus a chomhrac nó go mbeidís bunaithe ar chinntí arna nglacadh faoi chuimsiú chreat an chomhbheartais eachtraigh agus slándála. Tá srian ar

shaorghluaiseacht chaipitil i ndáil leis na smachtbhannaí eacnamaíocha a forchuireadh ar an Rúis tar éis di ionradh a dhéanamh ar an Úcráin.

### 3. Íocaíochtaí

Sonraítear in Airteagal 63(2) CFAE 'go dtoirmiscfear na srianta uile ar íocaíochtaí idir na Ballstáit agus idir na Ballstáit agus tríú tíortha'.

In 2001, glacadh rialachán lenar comhchuibhíodh costais íocaíochtaí intíre agus trasteorann laistigh den limistéar euro. Aisghaireadh é agus cuireadh rialachán eile ina ionad in 2009, rud a d'fhág tairbhí a bheith ann do chónaitheoirí de na Ballstáit mar gheall ar na táillí d'íocaíochtaí trasteorann in euro a bheith laghdaithe go chóir a bheith nialas. Aisghaireadh é ina dhiaidh sin é in 2021, agus é mar aidhm leis sin na táillí d'íocaíochtaí trasteorann idir Ballstáit a bhfuil an euro mar airgeadra acu agus Ballstáit nach bhfuil an euro mar airgeadra acu a laghdú.

Bhí an Treoir maidir le Seirbhísí Íocaíochta (PSD) ina bunús dlíthiúil le haghaidh sraith rialacha a bhunú a bheadh infheidhme maidir le gach seirbhís íocaíochta in AE chun íocaíochtaí trasteorann a dhéanamh chomh héasca, chomh héifeachtúil agus chomh slán céanna le híocaíochtaí 'náisiúnta', agus chun éifeachtúlacht agus laghdú costais a chothú trí níos mó iomaíochta trí mhargaí íocaíochta a oscailt d'iontrálaithe nua. Bhí an Treoir maidir le Seirbhísí Íocaíochta ina chreat riachtanach i gcomhair tionscnamh de chuid thionscal baincéireachta agus íocaíochtaí na hEorpa, ar a dtugtar an 'Limistéar Aonair d'Íocaíochtaí Euro' (SEPA). Bhí ionstraimí SEPA ar fáil, ach ní raibh mórán úsáide á baint astu faoi dheireadh 2010. Dá réir sin, in 2012, glacadh rialachán lenar leagadh síos críochdhátaí ar fud AE d'aistriú na sean-aistrithe creidmheasa náisiúnta agus dochar díreach chuig ionstraimí SEPA. In 2015, ghlac na comhreachtóirí an Treoir athbhreithnithe maidir le Seirbhísí Íocaíochta (PSD 2), lena ndearnadh an treoir a bhí ann cheana a aisghairm. Feabhsaítear an trédhearcacht agus cosaint tomhaltóirí agus oiriúnaítear na rialacha chun freastal ar sheirbhísí íocaíochta nuálacha, lena n-áirítear íocaíochtaí idirlín agus móibíleacha. Tháinig an treoir i bhfeidhm an 12 Eanáir 2016 agus ghabh éifeacht léi an 13 Eanáir 2018.

## D. Tuilleadh forbairtí

D'ainneoin an dul chun cinn a rinneadh i ndáil le sreafaí caipitil in AE a léirscaoileadh, is amhlaidh atá margaí caipitil fós ilroinnte ar an mórgóir. I mí Mheán Fómhair 2015, sheol an Coimisiún a thionscnamh suaitheanta, a raibh an Plean Infheistíochta don Eoraip ina bhunús dó, dar teideal: Aontas na Margaí Caipitil (CMU). Áirítear ann roinnt beart a bhfuil sé mar aidhm leo margadh aonair fíor-chomhtháite do chaipiteal a chruthú faoi 2019. Foilsíodh athbhreithniú meántéarma ar Phlean Gníomhaíochta Aontas na Margaí Caipitil i mí an Mheithimh 2017. Sa bhreis air sin, tá an Coimisiún agus na Ballstáit ag obair chun deireadh a chur le constaicí ar an infheistíocht trasteorann a thagann laistigh d'inniúlachtaí náisiúnta. Rinneadh an sainghrúpa ar bhacainní ar an tsaorghluaiseacht chaipitil a chur ar bun chun an tsaincheist sin a scrúdú. I mí an Mhárta 2017, mar bheart leantach ar obair an tsainghrúpa, d'fhoilsigh an Coimisiún tuarascáil inar tugadh breac-chuntas ar an staid sna Ballstáit. I mí an Mhárta 2019, d'fhoilsigh an Coimisiún teachtaireacht dar teideal 'Aontas na Margaí Caipitil: dul chun cinn i leith margadh aonair do chaipiteal a thógáil i gcomhair aontas láidir eacnamaíoch agus airgeadaíochta'. Ansin tháinig an dara plean gníomhaíochta maidir le hAontas na Margaí Caipitil, a raibh 16 thosaíocht ag gabháil leis, i mí Mheán Fómhair 2020.

Thairis sin, tá an Coimisiún ag obair chun na conarthaí reatha déthaobhacha infheistíochta (BITanna) laistigh de AE, a raibh go leor díobh ann roimh na babhtaí

is déanaí i dtaobh mhéadú AE, a chur ar neamhní. Is dóigh leis an gCoimisiún go bhfuil na comhaontuithe sin idir na Ballstáit ina mbac ar an margadh aonair mar go bhfuil siad ar neamhréir le creat reachtach AE agus go bhfuil siad ina bhforluí air. Mar shampla, leis na sásraí eadrána atá comhtháite sna BITanna, eisiatar na cúirteanna náisiúnta agus Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh araon, rud a chuireann cosc ar dhlí AE a chur i bhfeidhm. Ina theannta sin, d'fhéadfadh BITanna a bheith ina siocair le cóireáil níos fabhraí a bheith á tabhairt d'infheisteoirí ó Bhallstáit áirithe a thug BITanna laistigh de AE i gcrích. Thángthas ar chomhaontú an 24 Deireadh Fómhair 2019 lena réitítear an bealach dóibh sin a fhoirceannach. An 29 Bealtaine 2020, shínigh 23 Bhallstát comhaontú le haghaidh foirceannadh BITanna idir na Ballstáit agus an tAontas. Lena chois sin, foilsíonn an Coimisiún tuarascálacha agus staidéir bhliantúla ar shreafaí caipitil laistigh den Aontas agus sa chomhthéacs domhanda. Le linn na géarchéime arna spreagadh ag COVID-19, in ainneoin an dianstruis a cuireadh ar an gcóras airgeadais, níor bhain aon Bhallstát AE leas as rialuithe caipitil ar eis-sreafaí airgeadais.

## RÓL PHARLAIMINT NA HEORPA

Thacaigh an Pharlaimint go láidir leis na hiarrachtaí ar léirscaoileadh gluaiseachtaí caipitil a spreagadh. Is é tuairim na Parlaiminte, áfach, gur cheart go mbeadh an léirscaoileadh sin níos forbartha in AE i gcomparáid leis an gcuid eile den domhan, chun a áirithiú go mbeadh tosaíocht á tabhairt do choigilteas AE a bheith á úsáid d'infheistíocht AE. Tá sé curtha in iúl aici freisin gur cheart go mbeadh léirscaoileadh iomlán seirbhísí airgeadais agus comhchuibhiú an dlí cánach ina mbonn don léirscaoileadh caipitil chun margadh airgeadais aontaithe de chuid an Aontais a chruthú. Ba mar gheall ar bhrú polaitiúil ón bParlaimint a bhí an Coimisiún in ann reachtaíocht maidir le comhchuibhiú íocaíochtaí intíre agus trasteorann a sheoladh.

Thacaigh an Pharlaimint le seoladh Aontas na Margaí Caipitil. Ghlac sí rún inar cuireadh i bhfáth gur ghá cothroime iomaíochta a bheith ann i measc rannpháirtithe chun feabhas a chur ar leithdháileadh an chaipitil in AE. Iarradh sa rún go gcuirfí deireadh leis na bacainní a bhí ann ar an maoiniú trasteorann, go háirithe i gcás fiontair bheaga agus mheánmhéide, agus go mbeadh ról níos láidre ag an Údarás Eorpach um Urrúis agus Margaí (ÚEUM) i ndáil le feabhas a chur ar an gcóineasú maoirseachta. I mí Aibreáin 2019, tháinig an Pharlaimint ar chomhaontú maidir le sraith de ghníomhartha reachtacha lenar leagadh bunchlocha Aontas na Margaí Caipitil.

Chun tuilleadh eolais a fháil faoin ábhar seo, féach suíomh gréasáin an Choiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta.

Christian Scheinert
10/2023

# 2.1.4. SAOIRSE BUNAÍOCHTA AGUS SAOIRSE CHUN SEIRBHÍSÍ A SHOLÁTHAR

Tá an tsaoirse bhunaíochta agus an tsaoirse chun seirbhísí a sholáthar ríthábhachtach don tsoghluaisteacht ghnó agus ghairmiúil laistigh den Aontas. Tá cur chun feidhme iomlán na Treorach um Sheirbhísí ríthábhachtach chun an margadh inmheánach a dhaingniú, ach tá bacainní fós ann. Chuir paindéim COVID-19 dúshláin nua leis. Mar fhreagairt air sin, rith Parlaimint na hEorpa rún i mí Feabhra 2022, inar leagadh amach conas is fearr is féidir leis an téarnamh eacnamaíoch tar éis COVID-19 na héifeachtaí diúltacha ar na saoirsí ríthábhachtacha sin a mhaolú.

## AN BUNÚS DLÍ

Airteagal 26 (margadh inmheánach), Airteagail 49 go 55 (bunú) agus Airteagail 56 go 62 (seirbhísí) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE).

## CUSPÓIRÍ

Féadfaidh daoine féinfhostaithe agus gairmithe nó daoine dlítheanacha de réir bhrí Airteagal 54 CFAE atá i mbun oibríochta go dlíthiúil i mBallstát amháin na nithe seo a leanas a dhéanamh: (i) gníomhaíocht eacnamaíoch a dhéanamh ar bhealach cobhsaí agus leanúnach i mBallstát eile (saoirse bunaíochta: Airteagal 49 CFAE); nó (ii) a seirbhísí a thairiscint agus a sholáthar i mBallstáit eile ar bhonn sealadach agus iad ag fanacht ina dtír thionscnaimh (saoirse chun seirbhísí a sholáthar: Airteagal 56 CFAE). Tugtar le tuiscint uaidh sin go ndéanfar idirdhealú ar bhonn náisiúntachta a dhíothú agus, má táthar chun na saoirsí sin a úsáid go héifeachtach, go ndéanfar bearta a ghlacadh chun go n-éascófar úsáid na saoirsí sin, lena n-áirítear comhchuibhiú nó aitheantas frithpháirteach na rialacha náisiúnta maidir le rochtain (2.1.6).

## A BHFUIL BAINTE AMACH

**A.** Léirscaoileadh sa Chonradh

**1.** ‘Saoirsí bunúsacha’

Áirítear sa cheart bunaíochta an ceart chun gabháil do ghníomhaíochtaí agus iad a shaothrú mar oibrí ar a chonlán nó ar a conlán féin, agus chun gnóthais a chur ar bun agus a bhainistiú, do ghníomhaíocht bhuan de chineál cobhsaí agus leanúnach, faoi na coinníollacha céanna agus na cinn atá leagtha síos ag dlí an Bhallstáit lena mbaineann maidir le bunaíocht dá náisiúnaigh féin.

Tá feidhm ag an tsaoirse chun seirbhísí a sholáthar maidir leis na seirbhísí uile a sholáthraítear de ghnáth i gcomhair luach saothair, sa mhéid nach rialaítear iad leis na forálacha maidir le saorghluaiseacht earraí, caipitil agus daoine. Chun ‘seirbhís’ a sholáthar, féadfaidh an duine a sholáthraíonn í a ghníomhaíocht nó a gníomhaíocht a shaothrú go sealadach sa Bhallstát ina soláthraítear an tseirbhís, faoi na coinníollacha céanna a fhorchuireann an Ballstát sin ar a náisiúnaigh féin.

**2.** Na heisceachtaí

Faoi CFAE, déantar gníomhaíochtaí a bhfuil baint acu le feidhmiú údaráis oifigiúil a eisiamh ó shaoirse bunaíochta agus soláthar seirbhísí (Airteagal 51 CFAE). Tá srian ar an eisiamh sin, áfach, mar thoradh ar léirmhíniú teorantach: ní féidir gníomhaíochtaí agus feidhmeanna sonracha a chumhdach le heisiaimh seachas na gníomhaíochtaí agus feidhmeanna sin lena dtugtar feidhmiú údaráis le fios. Thairis sin, ní fhéadtar gairm iomlán a eisiamh ach amháin má tá a gníomhaíocht iomlán tiomnaithe d'fheidhmiú údaráis oifigiúil, nó má tá an chuid atá tiomnaithe d'fheidhmiú údaráis phoiblí doscartha ón gcuid eile. Le heisceachtaí, cuirtear ar chumas na mBallstát eisiamh a dhéanamh ar ábhair chogaidh a tháirgeadh nó a thrádáil (Airteagal 346(1)(b) CFAE) agus rialacha a choinneáil do náisiúnaigh choigríche ar mhaithe leis an mbeartas poiblí, leis an tslándáil phoiblí nó leis an tsláinte phoiblí (Airteagal 52(1)).

**B.** An Treoir um Sheirbhísí – i dtreo chomhlánú an mhargaidh inmheánaigh

Leis an Treoir um Sheirbhísí (Treoir 2006/123/CE), cuirtear leis an tsaoirse chun seirbhísí a sholáthar taobh istigh de AE. Tá an Treoir sin riachtanach chun an margadh inmheánach a chomhlánú, toisc go bhfuil deiseanna ollmhóra inti maidir le sochair a bhaint amach do thomhaltóirí agus FBManna. Is é is aidhm di ná margadh oscailte aonair i seirbhísí a chruthú taobh istigh de AE agus, ag an am céanna, caighdeán seirbhísí a chuirtear ar fáil do thomhaltóirí a áirithiú. De réir na teachtaireachta ón gCoimisiún dar teideal 'An Eoraip 2020 – Straitéis maidir le fás cliste, inbhuanaithe agus cuimsitheach', le cur chun feidhme iomlán na Treorach um Sheirbhísí, d'fhéadfaí trádáil i seirbhísí tráchtála a mhéadú 45% agus infheistíocht choigríche a mhéadú 25%, rud a chruthódh méadú idir 0.5% agus 1.5% OTI. Cuireann an Treoir sin le simpliú agus nuachóiriú riaracháin agus rialála. Baintear é sin amach ní hamháin trí scagadh a dhéanamh ar an reachtaíocht atá ann cheana agus reachtaíocht ábhartha a ghlacadh agus a leasú, ach freisin trí thionscadail fhadtéarmacha (Ionaid Ilfhreastail a chur ar bun agus comhar riaracháin a áirithiú).

Cuireadh moill shuntasach ar chur chun feidhme na treorach seo. Cé gur cuireadh deireadh le roinnt mhaith bacainní sa mhargadh aonair do sheirbhísí mar thoradh ar na hathchóirithe tosaigh, tá meath tagtha ar an ndul chun cinn ó 2012 i leith. Tá moill ar na hiarrachtaí athchóirithe, agus rinneadh dul chun cinn fónta sna Ballstáit a bhfuil cúnamh airgeadais á fháil acu nó sna Ballstáit sin a bhfuil cláir oibre chuimsitheacha náisiúnta um athchóiriú acu. D'ainneoin chumas na treorach OTI an Aontais a mhéadú 2.6 %, go dtí seo, níor baineadh amach ach 0.9 % den acmhainneacht fáis sin, rud a d'fhág corrlach 1.7 % nach bhfuil saothraithe. Aithníonn an Coimisiún na moilleanna sin ach ní mheasann sé gur gá an treoir a leasú. Ina ionad sin, tá sé dírithe ar a áirithiú go mbainfidh an treoir a buntáistí iomlána amach trí fhorfheidhmiú agus tríd an 'Pacáiste Seirbhísí' a thabhairt isteach, lena n-áirítear tograí reachtacha nua chun borradh a chur faoi earnáil na seirbhísí agus chun aghaidh a thabhairt ar na bearnaí cur chun feidhme atá fós ann.

## RÓL PHARLAIMINT NA HEORPA

Bhí ról lárnach ag an bParlaimint maidir le gníomhaíochtaí féinfhostaithe a léirscaoileadh, ag áirithiú go raibh gníomhaíochtaí áirithe teoranta curtha i leataobh do náisiúnaigh. Chomh maith leis sin, thug sí an Chomhairle os comhair Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh mar gheall ar easpa gníomhaíochta maidir leis an mbeartas iompair. I mbreithiúnas 1985 (Cás Uimh. 13/83 an 22 Bealtaine 1985),

measadh gurbh í an Chomhairle a bhí lochtach mar nach ndearna sí seirbhísí iompair idirnáisiúnta saor in aisce a áirithiú, de shárú ar Chonradh na Róimhe. Dá bhrí sin, bhí ar an gComhairle na dlíthe ábhartha a ghlacadh. Leathnaíodh ról na Parlaiminte le cur i bhfeidhm an nós imeachta comhchinnteoireachta agus an ghnáthnós imeachta reachtaigh maidir le saoirse bhunaíochta agus an tsaoirse chun seirbhísí a sholáthar.

Bhí an Pharlaimint ina cuid dhílis freisin de ghlacadh agus d'fhaireachán na Treorach um Sheirbhísí, ag tathant ar na Ballstáit a forálacha a chomhlíonadh agus a chur i bhfeidhm go cuí. Rith sí rún an 15 Feabhra 2011 maidir le cur chun feidhme na treorach agus rún eile an 25 Deireadh Fómhair 2011 maidir lena próiseas meastóireachta frithpháirtí. Tar éis teachtaireacht ón gCoimisiún i mí an Mheithimh 2012, chuir Coiste IMCO na Parlaiminte tuarascáil i dtoll a chéile maidir le stádas agus todhchaí an mhargaidh inmheánaigh do sheirbhísí, tuarascáil a ghlac an seisiún iomlánach an 11 Meán Fómhair 2013.

An 7 Feabhra 2013, ghlac an Pharlaimint rún freisin le moltaí don Choimisiún maidir le rialú an Mhargaidh Aonair, inar cuireadh béim ar thábhacht na hearnála seirbhísí mar réimse lárnach fáis, ar ghné bhunúsach na saoirse chun seirbhísí a sholáthar, agus ar na buntáistí a bhaineann leis an Treoir um Sheirbhísí a chur chun feidhme go hiomlán.

Thug an Pharlaimint tús áite do thograí maidir le teileachumarsáid, amhail rialacháin le haghaidh ríomh-shainaitheantais (Rialachán (AE) Uimh. 910/2014) agus 'Ilchríoch Cheangailte'. Sa rún ón bParlaimint i mí Iúil 2012, tugadh aghaidh ar sheirbhísí airgeadais, lena n-áirítear seirbhísí bunúsacha íocaíochta agus creidmheas morgáiste (Treoir 2014/17/AE). Chuaigh sé i ngleic freisin le taisteal láneagraithe trí rún i mí an Mhárta 2014. Leis an Treoir um Chreidmheas Morgáiste, cuirtear cosaint tomhaltóirí i bhfeidhm agus áirithítear cumas airgeadais eolasach. Cuireann an Treoir maidir le margaí airgeadais (Treoir 2014/65/AE) trédhearcacht chun cinn. In 2019, thug an Pharlaimint aghaidh ar cheanglais inrochtaineachta (Treoir (AE) 2019/882) chun tacú le saoránaigh faoi mhíchumas. Chun é sin a neartú, moladh i rún i mí Dheireadh Fómhair 2022 'Lárionad AccessibleEU'a chruthú chun saineolaithe agus gairmithe inrochtaineachta a aontú.

Léiríodh i staidéar[1] a rinneadh in 2019 go dtagann tairbhí suntasacha eacnamaíocha as reachtaíocht an Aontais maidir le saorghluaiseacht seirbhísí, lena n-áirítear i gcás cáilíochtaí gairmiúla agus i gcás miondíola: EUR 284 bhilliún in aghaidh na bliana faoin Treoir um Sheirbhísí, EUR 80 billiún ó sheirbhísí gairmiúla, agus EUR 20 billiún ó sheirbhísí soláthair phoiblí. Léirítear i staidéar[2] eile freisin go bhfuil earnáil na seirbhísí, arb ionann í agus 24 % den trádáil laistigh den Aontas (ardú ó 20 % ó thús na 2000idí) agus 78 % d'oll-bhreisluach an Aontais, ríthábhachtach don fhás. Sainaithníodh sa staidéar freisin, áfach, go bhfuil éagsúlacht rialála agus dúshláin faisnéise mar thosca a mhéadaíonn costais ghnó agus a chuireann bac ar shaorghluaiseacht seirbhísí agus ar shaoirse bhunaíochta laistigh den Aontas.

[1]Pelkmans, J., Contribution to growth: The Single Market for Services - Delivering economic benefits to citizens and businesses [Rannchuidiú leis an bhFás: An Margadh Aonair do Sheirbhísí - Tairbhí eacnamaíocha a sholáthar do shaoránaigh agus do ghnólachtaí'], Foilseachán don Choiste um an Margadh Inmheánach agus um Chosaint an Tomhaltóra, an Roinn Beartais um an mBeartas Eacnamaíochta, um an mBeartas Eolaíochta agus um Beartas Cháilíocht na Beatha, Parlaimint na hEorpa, Lucsamburg, 2019.
[2]Dahlberg, E. et al., Legal obstacles in Member States to Single Market rules, Foilseachán don Choiste um an Margadh Inmheánach agus um Chosaint an Tomhaltóra, an Roinn Beartais um an mBeartas Eacnamaíochta, um an mBeartas Eolaíochta agus um Beartas Cháilíocht na Beatha, Parlaimint na hEorpa, Lucsamburg, 2020.

I rún uaithi an 17 Aibreán 2020, d'aithin an Pharlaimint go bhfuil an margadh aonair ríthábhachtach do rathúnas na hEorpa agus go raibh sé ríthábhachtach chun freagairt do COVID-19. Ina theannta sin, i rún uaithi an 19 Meitheamh 2020, leag sí béim ar thábhacht limistéar Schengen don Aontas agus thathantaigh sí ar na Ballstáit srianta gluaiseachta a mhaolú agus oibriú i dtreo lánpháirtiú iomlán Schengen.

An 25 Samhain 2020, ghlac an Pharlaimint rún dar teideal 'I dtreo margadh aonair níos inbhuanaithe do ghnólachtaí agus do thomhaltóirí', lena ndírítear ar réimsí éagsúla beartais, go háirithe réimse na cosanta tomhaltóirí agus rannpháirtíocht gnólachtaí san aistriú glas (atá riachtanach chun feabhas a chur ar inbhuanaitheacht an mhargaidh aonair). Arna iarraidh sin do Choiste IMCO, d'fhoilsigh an Roinn Beartais um an mBeartas Eacnamaíochta, um an mBeartas Eolaíochta agus um Beartas Cháilíocht na Beatha in Ard-Stiúrthóireacht na Parlaiminte um Beartais Inmheánacha an Aontais faisnéisiú dar teideal 'Earnáil Seirbhísí na hEorpa agus an tAistriú Glas' a rannchuidigh leis an rún sin.

An 20 Eanáir 2021, ghlac an Pharlaimint rún dar teideal 'An margadh aonair a neartú: todhchaí na saorghluaiseachta seirbhísí'. Cuirtear i bhfios go láidir sa rún gur gá cur chun feidhme rialacha an mhargaidh aonair do sheirbhísí a áirithiú agus gníomhaíocht forfheidhmiúcháin an Choimisiúin a fheabhsú. Cuirtear i bhfáth ann gur gá meastóireacht a dhéanamh ar leibhéal chur chun feidhme chreat dlíthiúil AE maidir le seirbhísí agus gnólachtaí a chumhachtú trí rochtain níos fearr ar fhaisnéis a chur ar fáil dóibh.

Mar thoradh ar phaindéim COVID-19, cuireadh srianta i bhfeidhm arís a raibh tionchar acu ar an tsaorghluaiseacht laistigh de mhargadh aonair an Aontais, lena n-áirítear earnáil na seirbhísí. I seimineár gréasáin[3] a reáchtáil an Roinn Beartais um an mBeartas Eacnamaíochta, um an mBeartas Eolaíochta agus um Beartas Cháilíocht na Beatha an 9 Samhain 2020, rinneadh scrúdú ar thionchar na paindéime, agus tuaradh athruithe suntasacha amach anseo ar éileamh agus soláthar seirbhísí mar gheall ar dhul chun cinn teicneolaíoch agus athrú ar nósanna tomhaltóirí. I staidéar[4] a cuireadh faoi bhráid Choiste IMCO i mí Feabhra 2021, tugadh chun suntais, cé gur chuir dúnadh na dteorainneacha isteach ar sheirbhísí gairmiúla trasteorann ar dtús, gur éascaíodh filleadh ar leibhéal éigin normálachta le glacadh uirlisí digiteacha.

Sa rún ón bParlaimint an 17 Feabhra 2022 maidir le dul i ngleic le bacainní neamhtharaife agus neamhchánach sa mhargadh aonair tugadh aghaidh ar na bacainní ginearálta atá fós ann ar shaorghluaiseacht earraí agus ar an tsaoirse chun seirbhísí a sholáthar, agus go sonrach ar an gcaoi go ndearna COVID-19 dochar do na ceithre shaoirse (saorghluaiseacht earraí, saorghluaiseacht daoine, saorghluaiseacht seirbhísí agus saorghluaiseacht caipitil). Leanann an chonstaic sin do na ceithre shaoirse in ainneoin a mhéid is a leigheas uirlisí digiteacha cuid den chruatan eacnamaíoch a tharla de dheasca shrianta COVID-19.

[3]Milieu Consulting SRL, The impact of COVID-19 on the Internal Market and consumer protection - IMCO Webinar Proceedings, [Tionchar COVID-19 ar an Margadh Inmheánach agus ar chosaint an tomhaltóra - Tuairisc ar Sheimineár Gréasáin IMCO], Foilseachán don Choiste um an Margadh Inmheánach agus um Chosaint an Tomhaltóra, an Roinn Beartais um an mBeartas Eacnamaíochta, um an mBeartas Eolaíochta agus um Beartas Cháilíocht na Beatha, Parlaimint na hEorpa, Lucsamburg, 2020.
[4]Marcus, J. S. et al., The impact of COVID-19 on the Internal Market [Tionchar COVID-19 ar an Margadh Inmheánach],Foilseachán don Choiste um an Margadh Inmheánach agus um Chosaint an Tomhaltóra, an Roinn Beartais um an mBeartas Eacnamaíochta, um an mBeartas Eolaíochta agus um Beartas Cháilíocht na Beatha, Parlaimint na hEorpa, Lucsamburg, 2021.

Chun tuilleadh eolais a fháil faoin ábhar seo, féach suíomh gréasáin an Choiste um an Margadh Inmheánach agus um Chosaint an Tomhaltóra.

Christina Ratcliff / Jordan De Bono / Barbara Martinello
11/2023

# 2.1.5. SAORGHLUAISEACHT OIBRITHE

Tá saorghluaiseacht oibrithe ar cheann de na ceithre shaoirse a theachtann saoránaigh AE. Áirítear sa tsaoirse sin cearta gluaiseachta agus cónaithe d'oibrithe, cearta iontrála agus cónaithe do dhaoine muinteartha, agus an ceart obair a dhéanamh i mBallstát eile agus an ceart go ndéileálfar leo ar chomhchéim le náisiúnaigh de chuid an Bhallstáit sin. Tá srianta i bhfeidhm maidir leis an tseirbhís phoiblí. Fónann an tÚdarás Eorpach Saothair mar ghníomhaireacht tiomnaithe do shaorghluaiseacht oibrithe, lena n-áirítear oibrithe ar postú.

## AN BUNÚS DLÍ

Airteagal 3(2) den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE); Airteagail 4(2)(a), 20, 26 agus 45-48 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE).

## CUSPÓIRÍ

Tá saoirse gluaiseachta oibrithe ar cheann de phrionsabail bhunaidh an Aontais Eorpaigh ó bunaíodh é. Leagtar síos in Airteagal 45 CFAE í agus is ceart bunúsach d'oibrithe í, rud a chomhlánaíonn saorghluaiseacht earraí, caipitil agus seirbhísí laistigh den mhargadh aonair Eorpach. Baineann sí le díothú aon idirdhealaithe atá bunaithe ar náisiúntacht a mhéid a bhaineann le fostaíocht, luach saothair agus coinníollacha eile oibre agus fostaíochta. Thairis sin, sonraítear san airteagal sin go bhfuil sé de cheart ag oibrí AE glacadh le tairiscint poist, gluaiseacht faoi shaoirse laistigh den tír, fanacht chun críche fostaíochta agus fanacht ina dhiaidh sin faoi choinníollacha áirithe.

Tá sé de cheart ag náisiúnaigh thíortha CSTE (an Íoslainn, Lichtinstéin, an Iorua agus an Eilvéis) a bheith ag obair san Aontas leis na cearta agus na hoibleagáidí céanna agus atá ag oibrithe an Aontais. Tá comhaontuithe speisialta ag an Aontas le tíortha eile nach bhfuil san Aontas.

## A BHFUIL BAINTE AMACH

In 2021, de réir sonraí ó Eurostat, i measc shaoránaigh an Aontais atá in aois oibre (20-64), bhí cónaí ar 3.9 % (10.2 milliún) díobh i dtír san Aontas nach í tír a saoránachta í – méadú ó 2.4 % in 2009. Ina theannta sin, bhí 1.7 milliún oibrí trasteorann ann mar aon le 3.6 milliún oibrí ar postú.

**A.** Socruithe ginearálta reatha maidir le saoirse gluaiseachta

Tá an ceart bunúsach chun saorghluaiseachta d'oibrithe corpraithe i rialacháin agus i dtreoracha éagsúla ó na 1960idí i leith. Rinneadh nuachóiriú ar an rialachán bunaidh maidir le saorghluaiseacht d'oibrithe (Rialachán 1612/68) agus ar an treoir chomhlántach maidir le srianta a dhíothú i ndáil le gluaiseacht agus cónaí (Treoir 68/360 ón gComhairle) arís agus arís eile. Faoi láthair, is iad príomhfhorálacha AE ná Treoir 2004/38/CE maidir leis an gceart chun saorghluaiseachta agus cónaithe, Rialachán (AE) 492/2011 maidir le saorghluaiseacht d'oibrithe, Rialachán (AE) 2019/1149 lena mbunaítear Údarás Eorpach Saothair agus Treoir 2014/54 maidir le bearta lena n-éascaítear feidhmiú na gceart a thugtar d'oibrithe i gcomhthéacs na saorghluaiseachta d'oibrithe.

**1.** Cearta gluaiseachta agus cónaithe oibrithe

I dTreoir 2004/38/CE, tugadh isteach saoránacht AE mar an stádas bunúsach do náisiúnaigh na mBallstát nuair a fheidhmíonn siad a gceart maidir le gluaiseacht agus cónaí faoi shaoirse ar chríoch AE. Do na chéad trí mhí, tá an ceart ag gach saoránach den Aontas a bheith ina chónaí nó ina cónaí ar chríoch de thír eile AE gan aon choinníollacha ná foirmiúlachtaí ach amháin an ceanglas cárta aitheantais nó pas bailí a bheith ina sheilbh nó ina seilbh. I gcás tréimhsí níos faide, d'fhéadfadh an Ballstát óstach a chur de cheangal ar shaoránach a láithreacht a chlárú laistigh de thréimhse ama atá réasúnach agus neamh-idirdhealaitheach.

Tá an ceart atá ag saoránaigh de chuid an Aontais chun cónaí ar feadh níos mó ná trí mhí fós faoi réir coinníollacha áirithe: maidir leo sin nach oibrithe iad nó nach bhfuil féinfhostaithe, braitheann an ceart cónaithe ar acmhainní leordhóthanacha a bheith acu chun nach gcuirfidh siad ualach ar chóras cúnaimh shóisialta an Bhallstáit óstaigh, agus ar árachas breoiteachta a bheith acu. Bíonn an ceart chun cónaithe ag mic léinn freisin agus acu sin a chuireann gairmoiliúint i gcrích, amhail mar a bhíonn (go hainneonach) ag daoine dífhostaithe a chláraigh mar dhaoine dífhostaithe.

Faigheann saoránaigh AE an ceart buanchónaithe sa Bhallstát óstach i ndiaidh tréimhse cúig bliana de chónaí dlíthiúil neamhbhriste.

Leis an treoir, rinneadh nuachóiriú ar **athaontú teaghlaigh** tríd an sainmhíniú ar 'bhall teaghlaigh' (a bhí teoranta roimhe seo do chéile, sliochtaigh faoi bhun 21 bhliain d'aois nó leanaí cleithiúnacha, agus sinsir chleithiúnacha) a leathnú chun páirtnéirí cláraithe a chur san áireamh má bhreithnítear i reachtaíocht an Bhallstáit óstaigh go bhfuil páirtnéireacht chláraithe comhionann le pósadh. Gan beann ar a náisiúntacht, tá an ceart ag na daoine muinteartha sin cónaí sa tír chéanna leis an oibrí.

**2.** Fostaíocht

Le Rialachán (AE) Uimh. 492/2011, leagtar síos rialacha maidir le fostaíocht, cóir chomhionann agus teaghlaigh oibrithe. Tá an ceart ag aon náisiúnach de Bhallstát fostaíocht a lorg i mBallstát eile ag teacht leis na rialacháin ábhartha is infheidhme maidir le hoibrithe náisiúnta. Níl cead ag na Ballstáit aon chleachtais idirdhealaitheacha a chur i bhfeidhm, amhail tairiscintí fostaíochta a theorannú do náisiúnaigh nó scileanna teanga a cheangal a théann thar a bhfuil réasúnta agus riachtanach don phost atá i gceist. Thairis sin, tá oibrí taistil i dteideal an cúnamh céanna a fháil ón oifig náisiúnta fostaíochta agus a fhaigheann náisiúnaigh ón mBallstát óstach, agus, ina theannta sin, tá sé nó sí i dteideal fanacht sa tír óstach ar feadh tréimhse sách fada chun obair a chuardach, chun iarratas a dhéanamh ar phost agus chun go n-earcófaí é nó í. Tá comhfheidhm leis an gceart sin maidir le gach oibrí ó Bhallstáit eile, má tá conarthaí buana acu, nó má tá siad fostaithe mar oibrithe séasúracha nó trasteorann nó má tá seirbhísí á soláthar acu.

Níl feidhm ag na rialacha sin, áfach, maidir le hoibrithe ar postú, ar an ábhar nach bhfuil siad ag baint leas as a gcearta saorghluaiseachta: ina ionad sin, is fostóirí iad sin atá ag baint úsáid as a saoirse seirbhísí a sholáthar chun oibrithe a chur thar lear ar bhonn sealadach. Tá oibrithe ar postú á gcosaint leis an Treoir maidir le hOibrithe a Phostú (Treoir (AE) 2018/957 lena leasaítear Treoir 96/71/CE), ar treoir í lena ndéantar foráil do na rialacha céanna maidir le luach saothair a bhfuil feidhm acu maidir le hoibrithe áitiúla sa tír óstach, agus lena rialaítear an tréimhse a mbeidh feidhm ag dlí saothair na tíre óstaí ina diaidh (2.1.13).

Maidir le dálaí oibre agus fostaíochta ar chríoch an Bhallstáit óstaigh, tá na sochair shóisialta agus chánach chéanna agus an rochtain chéanna ar thithíocht ag náisiúnaigh agus atá ag oibrithe náisiúnta. Sa bhreis air sin, tá siad i dteideal cóir chomhionann a fháil maidir le cearta ceardchumainn a fheidhmiú.

Tá feidhm ag rialacha frith-idirdhealaithe maidir le leanaí oibrí taistil freisin. Ba cheart do na Ballstáit na leanaí sin a spreagadh le freastal ar an oideachas agus ar an ngairmoiliúint chun a lánpháirtiú a éascú.

Ar deireadh, faoi Airteagal 35 de Threoir 2004/38/CE, déantar an chumhacht a dheonú go sainráite do na Ballstáit, i gcás mí-úsáide nó calaoise, aon cheart a thugtar leis an treoir a tharraingt siar.

**3.** Cásdlí maidir le saorghluaiseacht oibrithe

Ó tugadh isteach saoránacht AE, tá beachtú déanta ag Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh (CBAE) ar an léirmhíniú ar Threoir 2004/38/CE i réimse cásdlí maidir le saorghluaiseacht oibrithe. Déantar cásdlí sa réimse sin a chur i láthair i mbunachar sonraí tiomnaithe ar líne de chuid an Choimisiúin.

**B.** Srianta ar shaoirse gluaiseachta

Ceadaíonn an Conradh do Bhallstát diúltú ceart iontrála nó cónaithe a thabhairt do náisiúnach AE ar fhorais beartais phoiblí, slándáil phoiblí nó sláinte phoiblí. Ní mór go mbeadh bearta den sórt sin bunaithe ar iompar pearsanta an duine i dtrácht, agus ní mór gurb ionann an t-iompar pearsanta agus bagairt sách tromchúiseach agus láithreach do leasanna bunúsacha an stáit. I ndáil leis sin, déantar foráil i dTreoir 2004/38/CE do shraith ráthaíochtaí nós imeachta.

Faoi Airteagal 45(4) CFAE, níl feidhm ag saorghluaiseacht oibrithe maidir le fostaíocht san earnáil phoiblí, cé gur léirmhínigh CBAE an maolú sin ar bhealach an-sriantach.

Le linn idirthréimhse i ndiaidh aontachas Ballstát nua, féadfar coinníollacha áirithe a fheidhmiú a chuireann srian le saorghluaiseacht oibrithe ó, chuig na Ballstáit sin agus eatarthu. Níl aon idirthréimhsí i bhfeidhm faoi láthair.

Chuir Brexit deireadh le saorghluaiseacht oibrithe idir an Ríocht Aontaithe agus AE-27 an 31 Nollaig 2020. Na cearta atá ag saoránaigh de AE-27 atá ina gcónaí agus ag obair sa Ríocht Aontaithe cheana féin agus na cearta atá ag na saoránaigh sin den Ríocht Aontaithe a bhí ina gcónaí agus ag obair in AE-27, tá siad clúdaithe faoin gComhaontú um Tharraingt Siar, rud a cheadaíonn dá gceart leanúnach fanacht nó obair a dhéanamh, a chinntíonn go mbeidh neamh-idirdhealú i bhfeidhm agus a chosnaíonn a gcearta slándála sóisialta. Na cásanna trasteorann nua uile ar cuireadh tús leo an 1 Eanáir 2021 nó ina dhiaidh sin, cumhdaítear iad leis an gComhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Ríocht Aontaithe i dtaca leis an tslándáil shóisialta.

**C.** Bearta chun tacú le saoirse gluaiseachta

Tá iarrachtaí suntasacha déanta ag AE timpeallacht atá fabhrach do shoghluaisteacht lucht saothair a chruthú. Áirítear leo sin:

— Athchóiriú ar an gcóras maidir le haitheantas do cháilíochtaí gairmiúla a cuireadh i gcrích i mBallstáit eile AE, chun an nós imeachta a chomhchuibhiú agus a éascú. Áirítear air sin aitheantas a thabhairt go huathoibríoch do roinnt gairmeacha san earnáil sláinte agus d’ailtirí (Treoir 2013/55/AE lena leasaítear Treoir 2005/36/CE 2.1.6);

— Cárta Gairmí Eorpach a eisiúint in 2016 do ghairmeacha rialáilte roghnaithe;

— Scéimeanna slándála sóisialta a chomhordú, lena n-áirítear inaistritheacht na cosanta sóisialta, a bhuí le Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 agus le Rialachán (CE) Uimh. 987/2009, atá á athbhreithniú faoi láthair (2.3.4);

— Cárta Eorpach um Árachas Sláinte (2004) mar chruthúnas ar árachas i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 883/2004, agus treoir maidir le cúram sláinte trasteorann (Treoir 2011/24/AE).

— Feabhsúcháin maidir le cearta pinsin breise a fháil agus a chaomhnú (Treoir 2014/50/AE);

— An oibleagáid chun a chinntiú gur ann do nósanna imeachta breithiúnacha chun sásamh a sholáthar d'oibrithe a ndéanfar idirdhealú ina n-aghaidh agus chun comhlachtaí a ainmniú a chuirfidh cóir chomhionann chun cinn agus a dhéanfaidh faireachán uirthi (Treoir 2014/54/AE).

Bunaíodh an tÚdarás Eorpach Saothair (ELA), tionscnamh faoi Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta, an 31 Iúil 2019. Is iad na príomhaidhmeanna atá leis ná forfheidhmiú níos fearr rialacha AE maidir le soghluaisteacht an lucht saothair agus comhordú na slándála sóisialta a áirithiú, seirbhísí tacaíochta a chur ar fáil d'oibrithe taistil agus d'fhostóirí, tacú le comhordú idir na Ballstáit i bhforfheidhmiú trasteorann, lena n-áirítear cigireachtaí comhpháirteacha agus idirghabháil chomhpháirteach chun díospóidí trasteorann a réiteach, agus comhar idir na Ballstáit a chur chun cinn chun dul i ngleic le hobair neamhdhearbhaithe.

Déanann an ghníomhaireacht tionscnaimh éagsúla atá ábhartha maidir le soghluaisteacht lucht saothair a chomhtháthú nó a ghlacadh, go háirithe EURES (Seirbhísí Eorpacha Fostaíochta), agus an tArdán Eorpach maidir le dul i ngleic le hobair neamhdhearbhaithe.

**D.** Tionchar phaindéim COVID-19 agus ionsaí na Rúise i gcoinne na hÚcráine ar shaorghluaiseacht oibrithe

De dheasca phaindéim COVID-19, a bhuail an tAontas go luath in 2020, tugadh srianta isteach nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe sin ar shaorghluaiseacht oibrithe ar fud Bhallstáit an Aontais, go háirithe mar thoradh ar rialuithe teorann ag teorainneacha inmheánacha a bheith tugtha isteach an athuair. Dá thoradh sin, bhí ar oibrithe séasúracha agus oibrithe ar postú dul i ngleic le baic ar shoghluaisteacht agus le méadú ar dhífhostaíocht. I mí an Mhárta 2020, ghlac an Coimisiún treoirlínte maidir le feidhmiú shaorghluaiseacht oibrithe le linn ráig COVID-19. An 13 Deireadh Fómhair 2020, ghlac an Chomhairle moladh maidir le cur chuige comhordaithe i leith saorghluaiseacht a shrianadh mar fhreagairt ar phaindéim COVID-19, moladh ina bhfuil forálacha maidir le ceanglais choraintín d'oibrithe riachtanacha a tharscaoileadh, mar aon le nuashonrú ar an moladh sin an 1 Feabhra 2021.

Tar éis ionradh na Rúise ar an Úcráin, theith na milliún duine ón Úcráin go dtí an tAontas Eorpach. Mhol an Coimisiún Treoir um Chosaint Shealadach láithreach chun cúnamh éifeachtach a chur ar fáil. Leis an Treoir, tugtar cead cónaithe do dhaoine atá ag teitheadh ón Úcráin agus rochtain ar oideachas agus ar mhargadh an tsaothair. Tá treoraíocht curtha ar fáil ag an gCoimisiún chun cabhrú le daoine rochtain a fháil ar phoist, ar oiliúint agus ar oideachas aosach. Is é is aidhm don treoraíocht sin a áirithiú go ndéanfar dídeanaithe ón Úcráin a lánpháirtiú go tapa agus go héifeachtach i margadh saothair na hEorpa agus go n-éascófar aitheantas dá gcáilíochtaí acadúla

agus gairmiúla. Léirítear i bhfigiúirí ó mhí Iúil 2023 go bhfuil níos mó ná 4.1 milliún duine ón Úcráin ag baint tairbhe as an sásra cosanta sealadaí faoi láthair.

## RÓL PHARLAIMINT NA HEORPA

Chuir Parlaimint na hEorpa i bhfáth i gcónaí gur cheart do AE agus dá Bhallstáit a n-iarrachtaí a chomhordú chun saorghluaiseacht oibrithe a chur chun cinn.

Sa rún uaithi an 16 Eanáir 2014 maidir leis an gceart bunúsach saorghluaiseachta in AE, mheabhraigh an Pharlaimint nár cheart ceangal a dhéanamh idir an ceart saorghluaiseachta chun críocha oibre agus mí-úsáid na gcóras slándála sóisialta agus d'iarr sí ar na Ballstáit staonadh ó aon ghníomhaíochtaí a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar an gceart chun saorghluaiseachta.

Thacaigh an Pharlaimint le bunú Údaráis Eorpaigh Saothair (ELA) i rún uaithi an 16 Aibreán 2019. D'éiligh sí go gcruthófaí tairseach aonair do shaorghluaiseacht, chomh maith leis an bhféidearthacht go molfadh ELA cigireachtaí comhpháirteacha ar a thionscnamh féin. Thairis sin, rinne sí comhar maidir le hobair neamhdhearbhaithe a chur lena príomhchúraimí, agus, sa chaoi sin, d'áirithigh sí go leanfadh an tArdán Eorpach maidir le dul i ngleic le hobair neamhdhearbhaithe (a bunaíodh in 2016 le tacaíocht láidir ón bParlaimint) dá chuid gníomhaíochtaí.

I rún uaithi an 17 Aibreán 2020 maidir le gníomhaíocht chomhordaithe AE chun paindéim COVID-19 agus a iarmhairtí a chomhrac, d'iarr an Pharlaimint go bhfanfadh taisteal trasteorann ar oscailt d'oibrithe séasúracha agus trasteorann, go háirithe in earnálacha buntábhachtacha. An 19 Meitheamh 2020, ghlac Parlaimint na hEorpa rún maidir le cosaint Eorpach d'oibrithe trasteorann agus séasúracha i gcomhthéacs ghéarchéim COVID-19. Bliain ina dhiaidh sin, i rún an 19 Bealtaine 2021 maidir le tionchar rialacha AE ar shaorghluaiseacht oibrithe agus seirbhísí: soghluaisteacht an lucht saothair laistigh den Aontas mar uirlis chun freastal ar riachtanais agus scileanna mhargadh an tsaothair, tharraing an Pharlaimint aird ar staid thar a bheith leochaileach na n-oibrithe taistil, na n-oibrithe ar postú, na n-oibrithe séasúracha, na n-oibrithe trasteorann, agus oibrithe taistil eile le linn phaindéim COVID-19 agus d'iarr sí go dtabharfaí aghaidh ar easnaimh struchtúracha sna creataí rialála Eorpacha agus náisiúnta. D'iarr an Pharlaimint go gcuirfí feabhas ar chur chun feidhme agus forfheidhmiú na Treorach athbhreithnithe maidir le hOibrithe a Phostú agus ar an bhfaireachán a dhéantar uirthi agus go mbunófaí ionad ilfhreastail inar féidir le hoibrithe agus fostóirí rochtain a fháil ar sheirbhísí digiteacha i dtaca le soghluaisteacht an lucht saothair agus postú oibrithe.

Chun tuilleadh eolais a fháil faoin ábhar seo, féach suíomh gréasáin an Choiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta

Aoife Kennedy
10/2023

# 2.1.6. AITHEANTAS FRITHPHÁIRTEACH DIOPLÓMAÍ

Is gnéithe bunúsacha den mhargadh aonair iad an tsaoirse bunaíochta agus an tsaoirse chun seirbhísí a sholáthar, a chumasaíonn soghluaisteacht gnóthaí agus gairmithe ar fud AE. Chun na saoirsí sin a chur chun feidhme, ní mór aitheantas a thabhairt go forleathan do dhioplómaí agus cáilíochtaí a bhronntar go náisiúnta. Glacadh bearta difriúla le haghaidh comhchuibhiú agus le haghaidh aitheantas frithpháirteach, agus tá reachtaíocht bhreise maidir leis an ábhar ar na bacáin.

## BUNÚS DLÍ

Airteagail 26 agus 53 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE).

## CUSPÓIRÍ

Ionas gur féidir le daoine féinfhostaithe agus gairmithe iad féin a bhunú i mBallstát eile nó a seirbhísí a thairiscint ansin ar bhonn sealadach, is gá dioplómaí, teastais agus doiciméid eile a fhónann mar chruthúnas ar cháilíocht ghairmiúil a eisíodh i mBallstáit eile a aithint go frithpháirteach. Tá gá leis na forálacha náisiúnta uile lena rialaítear rochtain ar ghairmeacha éagsúla a chomhordú agus a chomhchuibhiú.

## A BHFUIL BAINTE AMACH

Le hAirteagal 53(1) CFAE cumasaítear leis an aitheantas frithpháirteach a thugtar do dhioplómaí agus do cháilíochtaí eile a éilítear i ngach Ballstát le haghaidh rochtain ar na gairmeacha rialaithe éascú a dhéanamh ar an tsaoirse bunaíochta agus ar an soláthar seirbhísí. Tugtar aghaidh leis freisin ar an ngá atá le rialacha náisiúnta a chomhordú maidir le dul i mbun agus saothrú gníomhaíochtaí mar dhaoine féinfhostaithe. I mír 2 den airteagal céanna fo-ordaítear an t-aitheantas frithpháirteach go comhordú na gcoinníollacha lena rialaítear a fheidhmiú sna Ballstáit éagsúla, 'i gcásanna inar próiseas deacair é comhchuibhiú den sórt sin'. Forbraíodh próiseas an chomhchuibhithe trí roinnt treoracha ó lár na 1970idí i leith. Ar an mbonn sin, déantar reachtaíocht ar aitheantas frithpháirteach a choigeartú chun freastal ar chásanna éagsúla. Athraíonn iomláine na reachtaíochta de réir na gairme atá i gceist, agus i gcásanna a bhí ann le déanaí glacadh í trí chur chuige níos ginearálta a úsáid.

**A.** An cur chuige earnáilsonrach (de réir gairme)

**1.** Aitheantas frithpháirteach i ndiaidh comhchuibhiú

Rinneadh dul chun cinn níos tapúla ó thaobh comhchuibhiú de san earnáil cúraim sláinte, ar an gcúis fhollasach nach bhfuil éagsúlacht chomh mór sin ann sna ceanglais ghairmiúla, agus go háirithe cúrsaí oiliúna, ó thír go tír (murab ionann is gairmeacha eile). Ní raibh sé deacair, dá bhrí sin, comhchuibhiú a bhaint amach i líon substaintiúil gairmeacha (e.g. dochtúirí, altraí, tréidlianna, cnáimhseacha agus gníomhairí tráchtála féinfhostaithe). Leis an Treoir maidir le Cáilíochtaí Gairmiúla (Treoir 2005/36/CE) rinneadh na treoracha reatha a shoiléiriú, a shimpliú agus a nuachóiriú, agus na gairmeacha rialaithe - dochtúirí, fiaclóirí, altraí, tréidlianna, cnáimhseacha, cógaiseoirí agus ailtirí - a thabhairt le chéile i dtéacs reachtach amháin. Sonraítear sa treoir sin, an dóigh ar cheart do Bhallstát 'óstach' aitheantas a thabhairt do cháilíochtaí

gairmiúla a fuarthas i mBallstát ('baile') eile. Áirítear leis an aitheantas do ghairmithe córas ginearálta le haghaidh aitheantais agus córais shonracha le haghaidh gach ceann de na gairmeacha thuasluaite. Dírítear, as measc gnéithe eile, ar leibhéal na cáilíochta, na hoiliúna agus na taithí gairmiúla (de chineál ginearálta agus speisialaithe araon). Tá feidhm ag an treoir sin freisin i leith cáilíochtaí gairmiúla laistigh d'earnáil an iompair, agus i leith idirghabhálaithe árachais agus iniúchóirí reachtúla. Bhíodh na gairmeacha sin á rialáil faoi threoracha ar leith roimhe seo. An 22 Meitheamh 2011, ghlac an Coimisiún Páipéar Uaine maidir le Nuachóiriú na Treorach maidir le Cáilíochtaí Gairmiúla (COM(2011)0367), inar moladh athchóiriú a dhéanamh ar na córais lena n-aithnítear cáilíochtaí gairmiúla, ina ndírítear ar shoghluaisteacht oibrithe a éascú agus ceanglais oiliúna agus ceanglais reatha mhargadh an tsaothair a oiriúnú. An 19 Nollaig 2011, d'fhoilsigh an Coimisiún togra chun athbhreithniú a dhéanamh ar an Treoir maidir le Cáilíochtaí Gairmiúla (COM(2011)0883) bunaithe ar thoradh na bpróiseas comhairliúcháin éagsúil agus mar fhreagairt ar rún ón bParlaimint an 15 Samhain 2011. Áiríodh ar na príomhthograí is tábhachtaí: an cárta Eorpach gairmiúil a thabhairt isteach; na híoscheanglais oiliúna a chomhchuibhiú; uathaitheantas a thabhairt do sheacht ngairm, eadhon ailtirí, fiaclóirí, dochtúirí, altraí, cnáimhseacha, cógaiseoirí agus tréidlianna; agus Córas Faisnéise an Mhargaidh Inmheánaigh a thabhairt isteach lena lamháiltear do chomhar feabhsaithe a bheith ann in aitheantas dioplómaí. Ba iad príomhchuspóirí an athbhreithnithe ná soghluaisteacht gairmithe ar fud AE a éascú agus a fheabhsú agus cabhrú le ganntanais phearsanra i roinnt Ballstát a laghdú. Glacadh an treoir leasuithe (Treoir 2013/55/EU) an 20 Samhain 2013.

Ag tús phaindéim COVID-19, thug an Coimisiún treoir i dteachtaireacht maidir le haitheantas frithpháirteach ar cháilíochtaí oibrithe sláinte a éascú agus leag sé béim ar thábhacht a saorghluaiseachta a mhéid is féidir chun sábháilteacht othar a áirithiú (C(2020)3072).

**2.** Aitheantas frithpháirteach gan chomhchuibhiú

I gcás gairmeacha eile, chuir difríochtaí idir rialacha náisiúnta cosc ar chomhchuibhiú. De dheasca sin, tá sé níos dúshlánaí aitheantas frithpháirteach a bhaint amach. I ngeall ar éagsúlacht na gcóras dlí, tá bac curtha ar aitheantas frithpháirteach iomlán do dhioplómaí agus cáilíochtaí a mbeadh saoirse bunaíochta láithreach faighte acu ar bhonn dioplóma a fuarthas sa tír thionscnaimh. Le Treoir 77/249/CEE ón gComhairle an 22 Márta 1977, deonaíodh an tsaoirse do dhlíodóirí seirbhísí ócáideacha a sholáthar. Mar sin féin, ina éagmais sin, ní mór dioplóma ón tír óstach chun saoirse bunaíochta a chur i bhfeidhm. Céim shuntasach chun cinn a bhí i dTeoir 98/5/EC an 16 Feabhra 1998, inar lamháladh do dhlíodóirí a raibh dioplóma acu ó aon Bhallstát iad féin a bhunú i mBallstát eile agus chun gabháil dá ngairm, cé go bhféadfadh an tír óstach a éileamh orthu cúnamh ó dhlíodóir áitiúil a fháil agus iad ag déanamh ionadaíocht dá gcliant nó á gcosaint sa chúirt. I ndiaidh trí bliana a chaitheamh ag oibriú ar an mbonn sin, is féidir le dlíodóirí an ceart a fháil a ngairm a lánfheidhmiú, i ndiaidh pas a fháil i dtriail infheidhmeachta a cheapfaidh an tír óstach agus gan gá scrúdú cáilithe a dhéanamh. Tá an prionsabal céanna curtha i bhfeidhm le treoracha eile i leith gairmeacha eile, amhail oibreoirí iompair de bhóthar, gníomhairí agus bróicéirí árachais, mar aon le gruagairí agus ailtirí.

**B.** An cur chuige ginearálta

Go stairiúil, is nós imeachta fada faidréiseach é dréachtú reachtaíochta le haghaidh aitheantas frithpháirteach ó earnáil go hearnáil (agus comhchuibhiú níos fairsinge ar

rialacha náisiúnta i gceist leis uaireanta). Ba léir, dá bhrí sin, go raibh gá le córas ginearálta maidir le dioplómaí a aithint go frithpháirteach, a bheadh bailí le haghaidh gach gairme rialaithe nach raibh faoi réir reachtaíocht shonrach AE. D'athraigh an cur chuige ginearálta nua sin an dearcadh. Roimhe sin, bhí 'aitheantas' faoi réir ag rialacha AE ar 'chomhchuibhiú' a bheith ann sa ghairm nó sa ghníomhaíocht shonrach rialaithe. Ina dhiaidh sin, is beag nach raibh 'aitheantas frithpháirteach' ann sa ghnáthchúrsa, faoi na rialacha bunaithe, le haghaidh gach gairme rialaithe a bhí i gceist, gan aon ghá le reachtaíocht thánaisteach earnáilsonrach a bheith ann. Ón tráth sin, leanadh leis an modh 'comhchuibhithe' agus le modh 'an aitheantais fhrithpháirtigh' faoi chóras comhthreomhar, agus, i roinnt cásanna, baineadh úsáid as an dá mhodh faoi chóras comhlántach i bhfoirm rialacháin agus treorach (rúin ón gComhairle an 3 Nollaig 1992 agus an 15 Iúil 1996 maidir le trédhearcacht cáilíochtaí agus teastais ghairmoiliúna). Ní féidir leis an mBallstát óstach rochtain ar an bpost atá i dtrácht a dhiúltú d'iarratasóirí má bhíonn na cáilíochtaí atá ag teastáil ina dtír thionscnaimh acu. Mar sin féin, más rud é gur giorra a mhair an oiliúint a cuireadh orthu ná mar a bhí amhlaidh sa tír óstach, féadfaidh sé tréimhse áirithe de thaithí ghairmiúil a éileamh, agus má bhíonn difríocht shubstaintiúil san oiliúint, féadfaidh sé tréimhse oiriúnaithe nó triail infheidhmeachta, faoi rogha an iarratasóra, a iarraidh, mura rud é go n-éilítear eolas ar dhlí náisiúnta don phost.

Mar sin féin, i mí na Bealtaine 2018, d'eisigh an Coimisiún togra le haghaidh moladh ón gComhairle (COM(2018)270) chun uathaitheantas frithpháirteach a éileamh do thréimhsí ardoideachais agus meánoideachais shinsearaigh thar lear. Ghlac an Chomhairle an moladh sin an 26 Samhain 2018 agus is cloch mhíle shuntasach é maidir le huaillmhian an Choimisiúin an Limistéar Eorpach Oideachais (LEO)(COM/2020/625) a bhunú faoi 2025, a bhfuil uathaitheantas frithpháirteach gan nósanna imeachta aitheantais ar leithligh ar fud an Aontais i gceist leis.

D'ainneoin an tiomantas sin i dtaobh LEO a bhunú faoi 2025, agus iarracht á déanamh uathaitheantas frithpháirteach a chur chun feidhme níos tapúla, tháinig roinnt Ballstát ar réitigh idir-réigiúnacha lasmuigh de chreat AE. Shínigh tíortha Benelux (an Bheilg, an Ísiltír agus Lucsamburg) agus na tíortha Baltacha (an Eastóin, an Laitvia agus an Liotuáin) comhaontú an 27 Meán Fómhair 2021 maidir le huathhaitheantas dioplómaí.

Mar fhreagairt ar chogadh na Rúise i gcoinne na hÚcráine, d'eisigh an Coimisiún moladh i mí Aibreáin 2022 maidir le haitheantas a thabhairt do cháilíochtaí do dhaoine atá ar a dteitheadh ón Úcráin.

## RÓL PHARLAIMINT NA HEORPA

An 15 Samhain 2011, ghlac an Pharlaimint rún maidir le cur chun feidhme na Treorach maidir le Cáilíochtaí Gairmiúla Treoir inar iarradh go ndéanfaí í a nuachóiriú agus a fheabhsú, agus inar moladh úsáid a bhaint as na teicneolaíochtaí is éifeachtúla agus is iomchuí. Mhol an Pharlaimint go dtabharfaí isteach cárta gairmiúil Eorpach, doiciméad oifigiúil a bheadh aitheanta ag na húdaráis inniúla uile, mar bhealach chun an próiseas aitheantais a éascú.

Mar fhreagairt ar an rún ón bParlaimint, an 19 Nollaig 2011 thíolaic an Coimisiún togra chun athbhreithniú a dhéanamh ar an Treoir maidir le Cáilíochtaí Gairmiúla. I ndiaidh caibidlíocht rathúil thríthaobhach, dhaingnigh an Pharlaimint na hathruithe a bhí molta aici, lena n-áirítear cárta gairmiúil deonach a thabhairt isteach, sásra foláirimh a chruthú, soiléiriú a dhéanamh ar na rialacha maidir le rochtain pháirteach ar ghairm

rialaithe, rialacha maidir le scileanna teanga, agus sásra a chruthú chun meastóireacht fhrithpháirteach a dhéanamh ar ghairmeacha rialaithe chun tuilleadh trédhearcachta a áirithiú. Is é a tháinig as sin gur glacadh Treoir 2013/55/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Samhain 2013 lena leasaítear Treoir 2005/36/CE maidir le cáilíochtaí gairmiúla a aithint. Ó mhí Dheireadh Fómhair 2023 ar aghaidh, tá an Coiste um an Margadh Inmheánach agus um Chosaint an Tomhaltóra sa Pharlaimint ag plé le bearta chun an treoir seo a cheartú chun go mbeidh céimithe altranais Rómánacha in ann aitheantas a fháil dá gcáilíochtaí ar fud an Aontais gan gá taithí ghairmiúil a chruthú sa réimse sin.

Ina dhiaidh sin, ghlac an Pharlaimint agus an Chomhairle Treoir maidir le Tástáil Comhréireachta (Treoir (AE) 2018/958) an 28 Meitheamh 2018, lena dtugtar isteach tástáil chomhchuibhithe comhréireachta atá le húsáid ag gach Ballstát roimh rialacháin náisiúnta maidir le gairmeacha a ghlacadh. An 25 Deireadh Fómhair 2018, ghlac an Pharlaimint rún maidir le huathaitheantas frithpháirteach dioplómaí a chur chun cinn.

I mí na Samhna 2020, rinne an Roinn Beartais um an mBeartas Eacnamaíochta, um an mBeartas Eolaíochta agus um Beartas Cháilíocht na Beatha staidéar[1], a fhoilsiú ar iarratas ón gCoiste um an Margadh Inmheánach agus um Chosaint an Tomhaltóra ina ndearnadh anailís ar bhacainní náisiúnta ar shaorghluaiseacht sa mhargadh aonair, lena n-áirítear saorghluaiseacht seirbhísí agus rochtain ar ghairmeacha rialáilte. Fuarthas amach sa staidéar go bhfeidhmíonn difríochtaí i gcáilíochtaí, amhail leibhéil éagsúla nó faid éagsúla oideachais, sna rialacha maidir le cáilíochtaí gairmiúla a aithint, agus sna nósanna imeachta riaracháin a bhaineann le rochtain ar chomhlachtaí gairmiúla mar bhac ar shaorghluaiseacht seirbhísí gairmiúla sa mhargadh aonair.

Chun tuilleadh eolais a fháil faoin ábhar seo, féach suíomh gréasáin an Choiste um an Margadh Inmheánach agus um Chosaint an Tomhaltóra.

Christina Ratcliff / Jordan De Bono / Barbara Martinello
11/2023

[1]Dahlberg, E. et al., Legal obstacles in Member States to Single Market rules, Foilseachán don Choiste um an Margadh Inmheánach agus um Chosaint an Tomhaltóra, an Roinn Beartais um an mBeartas Eacnamaíochta, um an mBeartas Eolaíochta agus um Beartas Cháilíocht na Beatha, Parlaimint na hEorpa, Lucsamburg, 2020.

# 2.1.7. AN MARGADH AONAIR DIGITEACH UILELÁITHREACH

Téann an margadh aonair digiteach chun tairbhe an gheilleagair, laghdaíonn sé an tionchar ar an gcomhshaol agus feabhsaíonn sé an caighdeán saoil trí ríomhthráchtáil agus ríomhrialtas. Agus seirbhísí ag aistriú ó ardáin sheasta go hardáin mhóibíleacha, tá gá le creat de chuid an Aontais le haghaidh néalríomhaireachta, rochtain thrasteorann ar ábhar agus sonraí móibíleacha gan uaim, agus príobháideachas agus cibearshlándáil á n-áirithiú ag an am céanna. Bhí an margadh aonair digiteach Eorpach ríthábhachtach le linn ghéarchéim COVID-19. Déanfaidh an Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha agus an Gníomh um Margaí Digiteacha araon an margadh aonair digiteach a chlaochlú go mór sna blianta amach romhainn.

## AN BUNÚS DLÍ

Airteagail 4(2)(a), 26, 27, 114 agus 115 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE).

## CUSPÓIRÍ

Is é is aidhm don mhargadh aonair digiteach (DSM) deireadh a chur le bacainní náisiúnta ar idirbhearta ar líne, ag tógáil ar choincheap an chómhargaidh a ceapadh chun deireadh a chur le bacainní trádála i measc na mBallstát. D’fhorbair sé sin go dtí an margadh inmheánach, rud a chuir saorghluaiseacht earraí, daoine, seirbhísí agus caipitil chun cinn. Sa straitéis Eoraip 2020, leagadh béim ar an gClár Oibre Digiteach don Eoraip, ina leagtar béim ar an tábhacht a bhaineann le teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide (TFC) do spriocanna 2020 an Aontais. Aithnítear an margadh aonair digiteach mar thosaíocht agus tá sé lárnach i straitéis an Choimisiúin maidir le DSM (COM(2015)0192) agus i gclár oibre Uachtarán an Choimisiúin don tréimhse 2019-2024[1].

Is féidir leis an margadh aonair digiteach rochtain ar fhaisnéis a fheabhsú, costais idirbheart a laghdú, tionchair chomhshaoil a íoslaghdú agus samhlacha gnó níos fearr a thabhairt isteach. Cuireann fás na ríomhthráchtála buntáistí nithiúla ar fáil do thomhaltóirí, amhail táirgí nua, praghsanna níos ísle, níos mó rogha agus earraí ar cháilíocht níos airde, agus borradh á chur faoin trádáil thrasteorann ag an am céanna agus comparáid praghsanna éasca á cur ar fáil. Chomh maith leis sin, leis an méadú ar ríomhsheirbhísí rialtais, déantar cuíchóiriú ar chomhlíonadh ar líne agus rochtain ar phoist agus ar dheiseanna gnó d’eintitis AE.

## A BHFUIL BAINTE AMACH

Ós rud é nach bhfuil acmhainneacht iomlán an Mhargaidh Inmheánaigh saothraithe go fóill, tá iarrachtaí déanta ag an bParlaimint, ag an gComhairle agus ag an gCoimisiún é a sheoladh an athuair agus an pobal, tomhaltóirí agus fiontair bheaga

[1]Féach A Union that strives for more – My agenda for Europe: political guidelines for the next European Commission 2019-2014’ [Aontas a fhéachann le tuilleadh a dhéanamh — Mo chlár oibre don Eoraip: treoirlínte polaitiúla don chéad Choimisiún Eorpach eile 2019-2024].

agus mheánmhéide (FBManna) a chur i gcroílár bheartas an Mhargaidh Aonair[2]. Tá ról lárnach ag an margadh aonair digiteach maidir leis na hiarrachtaí sin.

Sa teachtaireacht uaidh dar teideal *Europe 2020 - A strategy for smart, sustainable and inclusive growth* [Eoraip 2020: Straitéis maidir le fás cliste, inbhuanaithe agus cuimsitheach] (COM(2010) 2020), rinne an Coimisiún seacht dtionscnamh shuaitheanta-, lena n-áirítear an Clár Oibre Digiteach -, a thíolacadh, tionscnaimh a raibh sé mar aidhm acu an tAontas a thiontú ina geilleagar cliste, inbhuanaithe agus cuimsitheach ina mbeidh ardleibhéil fostaíochta, táirgiúlachta agus comhtháthaithe shóisialta.

Sna teachtaireachtaí ón gCoimisiún agus i rún ón bParlaimint an 20 Bealtaine 2010, réitíodh an bealach le haghaidh 'I dTreo Gníomh um an Margadh Aonair' (COM(2010)0608), lenar tugadh isteach bearta chun borradh a chur faoi gheilleagar AE agus faoi chruthú post. I mí Dheireadh Fómhair 2012, thug an Coimisiún an Gníomh um an Margadh Aonair II isteach (COM(2012)0573), a chuimsíonn 12 phríomhghníomhaíocht atá dírithe ar na ceithre phríomhghné a spreagann fás, fostaíocht agus muinín: líonraí comhtháite, soghluaiseacht trasteorann, geilleagar digiteach agus bearta lena ndéantar comhtháthú agus tairbhí do thomhaltóirí a chur chun cinn.

An 6 Bealtaine 2015, sheol an Coimisiún an straitéis maidir leis an margadh aonair digiteach, straitéis a bhfuil thrí cholún inti: rochtain ar earraí/seirbhísí digiteacha a fheabhsú ar fud an Aontais; coinníollacha a chothú le haghaidh líonraí digiteacha agus seirbhísí nuálacha; agus an leas is mó is féidir a bhaint as fás an gheilleagair dhigitigh. Tar éis eisiúint na straitéise, mhol an Coimisiún roinnt beart reachtach chun an margadh aonair digiteach a bhaint amach. Thug siad aghaidh ar shaincheisteanna amhail geobhlocáil gan údar (COM/2016/0289), seirbhísí beartseachadta trasteorann (COM/2016/0285), inaistritheacht trasteorann na seirbhísí ábhair ar líne (COM/2015/0627), athbhreithniú ar an Rialachán maidir le Comhar i gCosaint na dTomhaltóirí (COM(2016)0283), seirbhísí meán closamhairc (COM/2016/0287), conarthaí i ndáil le díolacháin earraí ar líne agus ciandíolacháin eile earraí (COM/2015/0635), agus conarthaí i ndáil le hábhar digiteach a sholáthar (COM/2015/0634). Tá teachtaireachtaí foilsithe ag an gCoimisiún freisin ina mínítear an cur chuige beartais a bheidh ann amach anseo, e.g. maidir le hardáin ar líne (COM/2016/0288).

In 2018, thíolaic an Coimisiún a straitéis maidir leis an Intleacht Shaorga don Eoraip (COM(2018)0237) agus tháinig sé ar chomhaontú maidir le plean comhordaithe leis na Ballstáit[3]. I mí Aibreáin 2019, thíolaic an Grúpa Ardleibhéil Saineolaithe um an Intleacht Shaorga 'Treoirlínte Eitice le haghaidh Intleacht Shaorga Iontaofa', agus i mí Feabhra 2020, thíolaic an Coimisiún a phaipéar bán dar teideal *Artificial Intelligence - A European approach to excellence and trust* [Intleacht Shaorga: Cur chuige Eorpach i leith an bhairr feabhais agus na hiontaoibhe] (COM(2020)0065) agus teachtaireachtaí maidir le Todhchaí Dhigiteach na hEorpa a Mhúnlú (COM(2020)0067) agus Straitéis

[2]Bhí sé mar aidhm ag iarrachtaí a rinneadh roimhe seo feabhas a chur ar fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh agus cosaint an tomhaltóra a áirithiú trí roinnt beart, mar shampla: an Treoir um Chosaint Sonraí (95/46/CE), an Treoir maidir le Ríomhthráchtáil (200/31/CE), an Pacáiste Teileachumarsáide lena n-áirítear an Treoir maidir le Ríomhphríobháideachas (2002/58/CE), an Treoir maidir le Seirbhísí Íocaíochta (2007/64/CE), an Treoir maidir le Cearta Tomhaltóirí (2011/83/AE) agus an Rialachán Fánaíochta ((AE)531/2012).
[3]Preaseisiúint ón gCoimisiún Eorpach an 7 Nollaig 2018 dar teideal Member States and Commission to work together to boost artificial intelligence "made in Europe." *[Na Ballstáit agus an Coimisiún chun oibriú le chéile chun borradh a chur faoin intleacht shaorga "déanta san Eoraip"].*

Eorpach um shonraí (COM(2020)0066) agus i mí an Mhárta 2021, teachtaireacht uaidh dar teideal *2030 Digital Compass: the European way for the Digital Decade* [Compás Digiteach 2030: an modh Eorpach do na Deich mBliana Digiteacha] (COM(2021)0118).

An 8 Aibreán 2020, d'eisigh an Coimisiún moladh maidir le bosca uirlisí comhchoiteann de chuid an Aontais chun úsáid a bhaint as an teicneolaíocht agus as sonraí chun géarchéim COVID-19 a chomhrac agus teacht as géarchéim COVID-19.

I mí na Bealtaine 2020, d'fhógair an Coimisiún sa teachtaireacht uaidh dar teideal *Europe's moment: Repair and Prepare for the Next Generation* [Uain na hEorpa: Deisiú agus Ullmhú don Chéad Ghlúin Eile] (COM(2020)0456), go mbeadh an margadh aonair digiteach ina cholún de théarnamh an Aontais ó COVID-19. Dírítear sa teachtaireacht seo ar na nithe seo a leanas: (1) infheistíocht i nascacht níos fearr, (2) láithreacht thionsclaíoch agus theicneolaíoch níos láidre i gcodanna straitéiseacha den slabhra soláthair (e.g. an intleacht shaorga, an chibearshlándáil, 5G, an néalbhonneagar), (3) fíorgheilleagar sonraí agus spásanna sonraí Eorpacha, agus (4) timpeallacht ghnó níos córa agus níos simplí. Leis an teachtaireacht seo, tugtar treoir maidir leis an gcaoi a leithdháilfidh na Ballstáit cistí NextGenerationEU.

## RÓL PHARLAIMINT NA HEORPA

Bhí ról ceannasach ag an bParlaimint in athsheoladh an mhargaidh inmheánaigh agus tá sí díograiseach maidir leis an margadh aonair digiteach a chur chun cinn agus maidir le clár oibre a leagan síos dó.

I rún uaithi an 20 Aibreán 2012, leag an Pharlaimint béim ar an ngá atá le creat dlíthiúil comhleanúnach chun aitheantas frithpháirteach a thabhairt do ríomh-fhíordheimhniú agus ríomhshínithe chun seirbhísí trasteorann in AE a éascú. An 11 Nollaig 2012, rith sí rúin maidir leis an margadh aonair digiteach agus saoirse dhigiteach i mbeartas eachtrach AE a chur i gcrích. Ina theannta sin, leagadh béim i rún uaithi an 4 Iúil 2013 ar an bhféidearthacht acmhainneacht an mhargadh aonair dhigitigh a uasmhéadú, bearnaí scileanna a líonadh, slándáil a fheabhsú, iontaoibh agus muinín tomhaltóirí a threisiú, ábhar digiteach dlíthiúil a chur chun cinn agus seirbhísí soghluaisteachta a bhunú a bhfuil gné idirnáisiúnta ag baint leo.

Mar fhreagairt ar straitéis an mhargadh aonair dhigitigh, rith an Pharlaimint rún an 19 Eanáir 2016 dar teideal 'I dTreo Gníomh um Margadh Aonair Digiteach'. D'áitigh sí ar an gCoimisiún deireadh a chur le geobhlocáil nach bhfuil údar léi, feabhas a chur ar an rochtain atá ag tomhaltóirí ar earraí/seirbhísí agus cosaint chomhsheasmhach do thomhaltóirí a áirithiú i gcás an ábhair dhigitigh ar fad. Leagadh béim sa rún ar an ngá atá le réitigh beartseachadta trasteorann níos fearr agus le tacaíocht do FBManna agus do ghnólachtaí nuathionscanta, agus leas á bhaint ag an am céanna as teicneolaíochtaí nua TFC amhail mórshonraí agus priontáil 3T. Mhol sé freisin go mbeadh beartais atá fabhrach don nuálaíocht ann d'ardáin ar líne agus go ndéanfaí athbhreithniú ar an Treoir maidir le r-Phríobháideachas chun ailíniú le caighdeáin nua AE maidir le cosaint sonraí.

Tá an Pharlaimint tar éis an margadh aonair digiteach a chur chun cinn le gníomhaíochtaí reachtacha láidre, lena n-áirítear na nithe seo a leanas: ráthaíochtaí neodrachta gréasáin; deireadh a chur le táillí fánaíochta an 15 Meitheamh 2017 (Rialachán (AE) 2015/2120); cleachtais gheobhlocála gan údar a chosc (Rialachán (AE) 2018/302); tairseach aonair dhigiteach a sheoladh (Rialachán (AE) 2018/1724); bearta chun laghdú a dhéanamh ar an gcostas a bhaineann le líonraí cumarsáide

leictreonaí ardluais a chur in úsáid (Treoir 2014/61/AE); rialacha maidir le ríomh-shainaitheantas (Rialachán (AE) Uimh. 910/2014); rialacha Eorpacha cibearshlándála (Treoir (AE) 2016/1148); conarthaí le haghaidh ábhar digiteach agus seirbhísí digiteacha (Treoir (AE) 2019/770); agus cóipcheart digiteach (Treoir (AE) 2019/790.)

Leis an obair ullmhúcháin a rinne an Mheitheal um an Margadh Aonair Dhigitigh, réitíodh an bealach dá bhfuil bainte amach ag an bParlaimint sa réimse digiteach le tacaíocht ó thaighde agus ó fhianaise eolaíoch. Léiríonn taighde a rinneadh don Pharlaimint acmhainneacht shuntasach an mhargadh aonair dhigitigh, go háirithe maidir le laghdú a dhéanamh ar chostais agus bacainní in AE do thomhaltóirí agus do ghnólachtaí, agus maidir le geilleagar an Aontais a dhéanamh níos glaise agus níos sóisialta. In AE, is féidir cuid shuntasach den acmhainneacht sin a réadú trí fhorbairt a dhéanamh ar sheirbhísí ríomhrialtais agus ar sheirbhísí lena mbaineann, amhail seirbhísí ríomhshláinte.

Leis an bpacáiste cosanta sonraí, lena n-áirítear Rialachán (AE) 2016/679 agus Treoir (AE) 2016/680, áirithítear rochtain níos éasca ar shonraí pearsanta, soiléiriú ar ‘an ceart go ndéanfaí ligean i ndearmad’, iniomparthacht sonraí agus eolas ar sháruithe ar shonraí. Tháinig sé i bhfeidhm an 25 Bealtaine 2018, agus na Ballstáit ag trasuí na treorach faoin 6 Bealtaine 2018. Thairis sin, an 20 Meitheamh 2019, glacadh Rialachán (AE) 2019/1150 maidir le haghaidh a thabhairt ar sheirbhísí idirghabhála ar líne. An 18 Nollaig 2019, rith an Pharlaimint rún maidir le claochlú digiteach na sláinte agus an chúraim sláinte sa mhargadh aonair digiteach.

Cuireann obair reachtach na Parlaiminte ar an margadh aonair digiteach tuairim is EUR 177 mbilliún in aghaidh na bliana le geilleagar AE. De réir staidéar a foilsíodh in 2019, áirítear ar na réimsí is mó a thairbhíonn de sin ná cumarsáidí agus seirbhísí leictreonacha AE (EUR 86.1 billiún), sreafaí sonraí agus intleacht shaorga (EUR 51.6 billiún), an tairseach aonair dhigiteach (EUR 20 billiún), rialacháin maidir le geobhlocáil agus ardáin ar líne (EUR 14 bhilliún). I rún uaithi ó mhí Aibreáin 2020, chuir an Pharlaimint i dtreis go ndíreodh téarnamh iar-COVID-19 ar an gclaochlú digiteach chun an geilleagar a athnuachan.

Roimh an togra ón gCoimisiún maidir leis an intleacht shaorga a foilsíodh i mí Aibreáin 2021 (COM(2021)0206), bhunaigh an Pharlaimint Coiste Speisialta um an Intleacht Shaorga in Aois Dhigiteach chun anailís a dhéanamh ar thionchar na hintleachta saorga ar gheilleagar an Aontais. An 20 Deireadh Fómhair 2020, ghlac sí trí rún ina leagtar amach an chaoi is fearr a bhféadfaidh an tAontas an intleacht shaorga a rialáil, fad a dhéantar maoin intleachtúil, caighdeáin eiticiúla agus dliteanas sibhialta a chaomhnú, arna tacú le taighde éagsúil.

An 21 Aibreán 2022, thionóil Coistí na Parlaiminte um an Margadh Inmheánach agus um Chosaint an Tomhaltóra (IMCO) agus um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile (LIBE) éisteacht chomhpháirteach maidir leis an togra le haghaidh Gníomh um an Intleacht Shaorga, chun na moltaí ón gCoimisiún a phlé. Ghlac na coistí tuarascáil inar moladh leasuithe amhail cosc a chur ar phóilíneacht thuarthach agus liosta na hintleachta saorga ardriosca a leathnú. Mhol sé freisin ról níos cuimsithí a bheith ag Oifig na hintleachta saorga agus ailíniú níos dlúithe leis an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí. Rinneadh dul chun cinn sa cheathrú cruinniú tríthaobhach an 24 Deireadh Fómhair 2023, go háirithe maidir leis an sásra scagtha conspóideach le haghaidh córais intleachta saorga ardriosca. Tá na coistí ag obair

chun an chaibidlíocht a thabhairt chun críche faoi dheireadh na bliana, agus an chéad chruinniú tríthaobhach eile beartaithe don 6 Nollaig 2023.

Chun go bhfeidhmeoidh an margadh aonair digiteach go héifeachtúil, tá sé ríthábhachtach dlíthe na mBallstát a thuiscint. I mí na Samhna 2020, léiríodh i staidéar do Choiste IMCO dar teideal *Legal obstacles in Member States to Single Market rules* [Bacainní dlíthiúla sna Ballstáit ar rialacha an Mhargaidh Aonair] nach bacainní digiteacha amháin iad na bacainní. Bhí sé mar aidhm ag roinnt beart straitéise an mhargadh aonair dhigitigh aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna trasteorann maidir le díolacháin ar líne. Cé go bhfuil bearna fós san fhaisnéis iontaofa maidir le rialacháin na mBallstát, tabharfaidh an tairseach aonair dhigiteach (Rialachán (AE) 2018/1724) aghaidh air sin faoi dheireadh 2023. I staidéar eile a rinneadh in 2020 le haghaidh IMCO, rinneadh measúnú ar Phointí Teagmhála Aonair agus ar sheirbhísí gaolmhara, inar leagadh béim ar an ngá atá le faireachán níos fearr a dhéanamh leis an Rialachán maidir leis an Tairseach Aonair Dhigiteach atá ar na bacáin.

Chun an margadh aonair digiteach a chur chun cinn, ghlac an Pharlaimint rún maidir leis an nGníomh um Sheirbhísí Digiteacha an 20 Deireadh Fómhair 2020. Molann sé go dtreisíonn an pacáiste an margadh inmheánach, go ráthaíonn sé cosaint tomhaltóirí, go n-áirithíonn sé cothromaíocht gníomhaíochta as líne agus ar líne, go gcoinníonn sé trédhearcacht, go n-urramaíonn sé cearta agus go n-áiríonn sé eintitis neamh AE a dhéanann difear do thomhaltóirí an Aontais. Bhí an rún bunaithe ar thaighde, ceardlann agus sraith staidéar a choimisiúnaigh Coiste IMCO.

An 15 Nollaig 2020, rinne an Coimisiún an pacáiste atá beartaithe aige don Ghníomh um Sheirbhísí Digiteacha a thíolacadh chuig an bParlaimint agus chuig an gComhairle faoin nós imeachta comhchinnteoireachta. Tá dhá thionscnamh reachtacha sa phacáiste: an Ionstraim um Sheirbhísí Digiteacha (DSA) agus an Ionstraim um Margaí Digiteacha (DMA). Is iad na príomhchuspóirí atá aige spás digiteach níos sábháilte a chruthú ina gcosnaítear cearta bunúsacha úsáideoirí seirbhísí digiteacha, agus cothrom iomaíochta a bhunú chun nuálaíocht, fás agus iomaíochas a chothú sa mhargadh aonair Eorpach agus ar fud an domhain. Ghlac an Pharlaimint agus an Chomhairle DSA (Rialachán (AE) 2022/2065) agus DMA (Rialachán (AE) 2022/1925) go foirmiúil an 19 Deireadh Fómhair 2022 agus an 14 Meán Fómhair 2022 faoi seach, agus tháinig siad i bhfeidhm i mí na Bealtaine 2023.

Le staidéar a bhí ábhartha do DSA agus DMA scrúdaíodh an tionchar a bhíonn ag fógraíocht spriocdhírithe ar thomhaltóirí agus ar an margadh. Fuarthas léargais freisin ó cheardlann inar pléadh impleachtaí DSA agus DMA, agus ó éisteacht leis an sceithire Facebook Frances Haugen, rud a chuir béim ar mhíchleachtais na mórchuideachtaí teicneolaíochta. Léiríonn ailíniú thograí DSA agus DMA le tuarascáil IMCO i mí Dheireadh Fómhair 2020 gur féidir leis an bParlaimint tionchar a imirt ar an gclár oibre reachtach, fiú gan ceart tionscnaimh díreach a bheith aici.

I staidéar ó mhí Feabhra 2022 rinneadh scrúdú ar an tionchar a bhíonn ag 'tionchairí' ar fhógraíocht agus ar chosaint tomhaltóirí sa mhargadh aonair, go háirithe maidir le faisnéis mhíthreorach a scaipeadh agus táirgí neamhshábháilte a chur chun cinn. D'fhéadfadh torthaí an staidéir seo treoir a thabhairt do reachtaíocht a bheidh ann amach anseo ar an ábhar. Is minic a úsáidtear teaictící meabhlacha chun díriú ar thomhaltóirí leochaileacha sa tionscal margaíochta tionchair, ar tionscal é atá tar éis leathnú go tapa. Is é is aidhm do DSA agus DMA trédhearcacht a mhéadú agus geatóirí ardán ar líne a rialáil – ar dhá réimse íogaire iad i réimse gníomhaíochta na dtionchairí.

I staidéar a d’iarr Coiste IMCO agus a foilsíodh i mí na Nollag 2022, déantar anailís ar lorg comhshaoil na trádála ar líne i gcomhthéacs an gheilleagair chiorclaigh. Cuireann sé faisnéis ar fáil freisin maidir le ról na ríomhthráchtála i gcur chun feidhme an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip agus déanann sé moltaí maidir le gníomhaíocht amach anseo.

Chun tuilleadh eolais a fháil faoin ábhar seo, féach suíomh gréasáin an Choiste um an Margadh Inmheánach agus um Chosaint an Tomhaltóra.

Christina Ratcliff / Jordan De Bono / Barbara Martinello
11/2023

# 2.1.8. CÓRAIS CHUMARSÁIDE INACMHAINNE DO GHNÓLACHTAÍ AGUS DO THOMHALTÓIRÍ

Tá teicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide (TFCanna), chomh maith le seirbhísí sonraí, níos tábhachtaí anois ná seirbhísí teileafóin traidisiúnta do thomhaltóirí agus do ghnólachtaí araon. Leis an mborradh atá tagtha ar ábhar ar éileamh agus ar fhás 4G/5G, thug an tAontas creat rialála teileachumarsáide isteach. Cuimsíonn sé sin gach cineál teileachumarsáide, lena n-áirítear craoltóireacht. Tugtar le fios le taighde go gcuireann na seirbhísí sin EUR 86.1 billiún le holltáirgeacht intíre an Aontais gach bliain, agus go bhféadfadh bearta nua EUR 40 billiún eile a chur léi.

## AN BUNÚS DLÍ

Ós rud é nach ndearnadh foráil sna Conarthaí maidir le haon chumhachtaí díreacha i réimse na líonraí agus seirbhísí cumarsáide leictreonaí, tá an dlínse ar an réimse sin tógtha ó airteagail éagsúla laistigh den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE). I bhfianaise a chasta is atá earraí agus seirbhísí na meán, ar nithe iad nach féidir cur síos a dhéanamh orthu mar earraí cultúrtha amháin ná go díreach mar earraí eacnamaíocha, níor mhór beartais a chruthú bunaithe ar an dlínse sin. Féadfaidh AE bearta ábhartha a dhéanamh faoi chuimsiú beartais earnálacha agus chothrománacha, amhail: an beartas tionsclaíoch (Airteagal 173 CFAE); an beartas iomaíochta (Airteagail 101-109 CFAE); an beartas trádála (Airteagail 206 agus 207 CFAE); na gréasáin thras-Eorpacha (Airteagail 170-172 CFAE); taighde agus forbairt theicneolaíoch agus an spás (Airteagail 179-190 CFAE); dlíthe a chomhfhogasú le haghaidh comhchuibhiú teicneolaíoch, nó caighdeáin theicneolaíocha chomhchosúla a úsáid (Airteagal 114 CFAE); saorghluaiseacht earraí (Airteagal 28, Airteagal 30 agus Airteagail 34-35 CFAE); saorghluaiseacht daoine, seirbhísí agus caipitil (Airteagail 45-66 CFAE); an t-oideachas, an ghairmoiliúint, an óige agus spórt (Airteagail 165 agus 166 CFAE); agus cultúr (Airteagal 167 CFAE).

## CUSPÓIRÍ

Mar thoradh ar Straitéis Liospóin, sa Chlár Oibre Digiteach 10 mbliana don Eoraip a foilsíodh in 2010, sainaithníodh den chéad uair an ról lárnach cumasaithe atá ag TFC chun cabhrú leis an Aontas a spriocanna a bhaint amach. In 2015, cuireadh tuilleadh leis an gclár oibre ar straitéis an mhargaidh aonair dhigitigh (DSM) chun timpeallacht dhigiteach chothrom, oscailte agus shlán a áirithiú bunaithe ar thrí cholún: rochtain níos fearr a thabhairt do thomhaltóirí agus do ghnólachtaí ar earraí agus seirbhísí digiteacha ar fud na hEorpa, na dálaí cearta a chruthú chun go mbeadh líonraí agus seirbhísí digiteacha faoi rath agus acmhainneacht fáis an gheilleagair dhigitigh a uasmhéadú.

In 2020, sa dara straitéis dhigiteach cúig bliana – Todhchaí dhigiteach na hEorpa a mhúnlú – díríodh ar thrí phríomhchuspóir: teicneolaíocht a fhóireann do dhaoine, geilleagar cothrom iomaíoch agus sochaí oscailte, dhaonlathach agus inbhuanaithe. Comhlánaíodh an straitéis in 2021 le ‘Compás Digiteach 10 mbliana: An Bealach Eorpach don Deacáid Dhigiteach’ lena gcuirtear uaillmhianta digiteacha an Aontais do 2030 i dtéarmaí nithiúla.

## A BHFUIL BAINTE AMACH

**A.** An margadh aonair digiteach

In 2015, d'fhoilsigh an Coimisiún an straitéis (COM(2015)0192) a bhfuil sé mar aidhm léi na teorainneacha fíorúla a bhaint, borradh a chur faoin nascacht dhigiteach agus é a dhéanamh níos éasca ag tomhaltóirí rochtain a fháil ar ábhar trasteorann ar líne. I mí Eanáir 2016, ghlac an Pharlaimint rún dar teideal 'I dTreo Gníomh um an Margadh Aonair Digiteach'.

Rinneadh an gealltanas sin chun borradh a chur faoin nascacht dhigiteach a athnuachan i 'gCompás Digiteach 2030: an bealach Eorpach don Deacáid Dhigiteach' de chuid an Aontais, mar cheann dá phointí bunúsacha lena ndírítear ar an mbonneagar a leathnú. De réir na teachtaireachta, ba cheart nascacht ghigighiotáin a bheith ag gach teaghlach de chuid an Aontais agus ba cheart na limistéir ar fad a bhfuil daonra orthu a bheith cumhdaithe ag 5G; Thairis sin, ba cheart táirgeadh leathsheoltóirí ceannródaíocha inbhuanaithe san Eoraip a bheith cothrom le 20 % den táirgeadh domhanda agus ba cheart 10 000 imeall-nóid aeráidneodracha ar ardchaighdeán slándála a chur in úsáid ar fud an Aontais. An 17 Eanáir 2022, sheol an tAontas a chéad ríomhaire candamach, córas teicneolaíochta ardfhorbartha atá mar chuid d'Ionad Sár-ríomhaireachta Jülich sa Ghearmáin.

**B.** An Rialachán Fánaíochta

Leis an Rialachán Fánaíochta, bunaíodh an riail maidir le 'fánaíocht ar tháillí baile' lenar cuireadh deireadh le táillí fánaíochta miondíola san Aontas Eorpach amhail ón 15 Meitheamh 2017 agus lenar bunaíodh, ag an am céanna, uasteorainneacha praghais ar tháillí mórdhíola chun go bhféadfaí costais a fháil ar ais mar aon le bheith 'ag fánaíocht ar tháillí baile' ar bhealach inbhuanaithe. Is cuid é an rialachán dá bhfuil bainte amach ag Margadh Aonair Digiteach an Aontais agus bhí sé i bhfeidhm go dtí an 30 Meitheamh 2022. I ngeall ar an rath a bhí air, trí léiriú a thabhairt ar an gcaoi a mbaineann saoránaigh an Aontais tairbhe as an Margadh Aonair Digiteach, moladh rialachán nua chun síneadh 10 mbliana eile a chur leis na rialacha atá ann faoi láthair (COM(2021)0085). Leis an rialachán nua, a foilsíodh i mí Aibreáin 2022, cuirtear síneadh le fánaíocht saor in aisce ar fud an Aontais go dtí 2032. Ina theannta sin, cuireann an rialachán sin cosc ar mhuirir bhreise atá níos mó ná na huasteorainneacha fánaíochta mórdhíola a luaithe a bheidh tomhaltóirí tar éis dul thar a dteorainneacha fánaíochta. Níl feidhm a thuilleadh ag rialacha fánaíochta AE maidir leis an Ríocht Aontaithe ó d'fhág sí an margadh aonair an 31 Nollaig 2020.

**C.** An Cód um Chumarsáid Leictreonach Eorpach

In 2015 agus 2016, thug an Coimisiún tograí isteach chun creat rialála teileachumarsáide an Aontais a athchoiriú, lena n-áirítear an Cód Eorpach um Chumarsáid Leictreonach (CCLE) chun teacht in ionad ceithre threoir thábhachtacha. Rinne CCLE (Treoir (AE) 2018/1972), a tháinig i bhfeidhm i mí na Nollag 2018, nuashonrú ar rialacháin teileachumarsáide an Aontais. Ina theannta sin, i mí na Nollag 2020, bunaíodh rátaí foirceanta uile-Aontais do ghuthghlaonna faoi Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/654 ón gCoimisiún, le rátaí EUR 0.07 cent in aghaidh an nóiméid le haghaidh glaonna ar líne thalún a cuireadh i bhfeidhm in 2022 agus EUR 0.2 cent in aghaidh an nóiméid le haghaidh glaonna móibíleacha a thabharfar isteach faoi 2024.

**D.** Rialachán maidir le príobháideachas agus slándáil

Cinntíodh cosaint níos fearr do thomhaltóirí agus do ghnólachtaí trí na bearta seo a leanas: glacadh reachtaíochta maidir le príobháideachas (Treoir 2009/136/CE) agus cosaint sonraí (Rialachán (AE) 2016/679) agus Treoir (AE) 2016/680); sainordú Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chibearshlándáil a neartú[1]; glacadh Threoir (AE) 2016/1148 maidir le bearta le haghaidh ardleibhéal comhchoiteann slándála do ghréasáin agus do chórais faisnéise ar fud an Aontais (an Treoir maidir le Cibearshlándáil); neartú cheart an duine maidir leis an oibreoir líne seasta nó móibíleach a athrú laistigh d'aon lá oibre amháin fad a choinníonn an duine an uimhir fóin a bhí aige go dtí sin, i.e. inaistritheacht uimhreach (Treoir 2009/136/CE), agus an uimhir aonair éigeandála Eorpach '112'(Treoir 2009/136/CE), an uimhir chabhrach do leanaí ar iarraidh 116 000, an uimhir chabhrach do leanaí 116 111, an uimhir chabhrach le haghaidh tacaíocht mhothúchánach 116 123 agus ardán ar líne chun díospóidí a réiteach idir tomhaltóirí agus trádálaithe ar líne a bhunú.

An 16 Nollaig 2020, thíolaic an Coimisiún togra le haghaidh treoir maidir le bearta d'ardleibhéal comhchoiteann cibearshlándála ar fud an Aontais (COM(2020)0823), a raibh sé mar aidhm aici an Treoir NIS a ionadú agus a fhorbairt tuilleadh. Áiritheofar go héifeachtach le Treoir (AE) 2022/2555 (Treoir NIS2) a foilsíodh i mí na Nollag 2022, go mbeidh leibhéal na cibearshlándála in eagraíochtaí príobháideacha agus poiblí ag teacht go maith leis na dúshláin chomhaimseartha atá roimh na heagraíochtaí sin.

**E.** Rialacháin na hiomaíochta agus an mhargaidh

Cinntíodh rochtain níos fearr ar theileachumarsáid trí reachtaíocht a thabhairt isteach lena spreagtar iomaíocht lena mbaineann rialacha soiléire agus cuimsitheacha, caighdeán níos fearr, praghsanna níos fearr, agus níos mó seirbhísí (an Cód Eorpach don Chumarsáid Leictreonach); trí infheistíocht a dhéanamh i líonraí leathanbhanda a thacaíonn le hidirlíon ardluais; trí thacú le teicneolaíochtaí gan sreang, amhail 5G agus LTE, tríd an gclár beartais um an speictream raidió; agus trí chomhchuibhiú a dhéanamh ar úsáid bhanda minicíochta 470-790 MHz san Aontas chun nascacht ghigighiotáin a bhunú do na príomhspreagthóirí socheacnamaíocha ar fad.

Chun comhsheasmhacht na nósanna imeachta rialála náisiúnta don teileachumarsáid a fheabhsú, déanann Comhlacht na Rialálaithe Eorpacha um Chumarsáid Leictreonach (Rialachán (AE) 2018/1971) foráil maidir le comhar idir rialálaithe náisiúnta agus an Coimisiún. Cuireann sé dea-chleachtais agus cur chuige coiteann chun cinn, agus ag an am céanna seachnaítear rialáil neamhréireach a d'fhéadfadh a bheith ina chúis le saobhadh in DSM. Sa reachtaíocht sin atá tugtha cothrom le dáta cuirtear de chúram ar na húdaráis rialála náisiúnta iomaíocht a chur chun cinn i soláthar na líonraí agus seirbhísí cumarsáide leictreonaí, chomh maith leis na prionsabail lena gcuirtear taca faoina gcuid oibríochta a leagan amach: neamhspleáchas, neamhchlaontacht agus trédhearcacht, agus an ceart achomhairc.

An 23 Samhain 2022, ghlac an Pharlaimint agus an Chomhairle Treoir (AE) 2022/2380, lena dtugtar isteach 'réiteach luchtaithe comhchoiteann' le haghaidh, *inter alia*, fóin phóca, táibléad, cluasáin agus córais loingseoireachta iniompartha, amhail ó 2024.

[1]Aisghaireann an Gníomh um Chibearshlándáil, a bunaíodh faoi Rialachán (AE) 2019/881 an 17 Aibreán 2019, Rialachán (CE) Uimh. 460/2004 agus déantar athchóiriú suntasach ar shainordú agus ar raon feidhme na gníomhaireachta leis. Leathnaíonn sé a fhreagrachtaí chun raon níos leithne saincheisteanna cibearshlándála a chur san áireamh, amhail creat a bhunú le haghaidh deimhniú Eorpach i ndáil le cibearshlándáil do tháirgí, seirbhísí agus próisis TFC, agus cur leis an ról atá aige tacú leis na Ballstáit bagairtí agus ionsaithe cibearshlándála a láimhseáil.

Beidh feidhm de réir a chéile ag an gcomhchuibhiú céanna maidir le ríomhairí glúine faoi 2026. Is é is aidhm don treoir nuálaíocht theicneolaíoch a chur chun cinn, cur i gcoinne ilroinnt an mhargaidh agus an tionchar atá ag táirgeadh luchtairí ar an gcomhshaol a laghdú.

## RÓL PHARLAIMINT NA HEORPA

Tá an Pharlaimint ar son beartas láidir forbartha TFC agus bhí sí an-ghníomhach i nglacadh gníomhartha reachtacha sa réimse seo chun leasa tomhaltóirí agus gnólachtaí.

Tá an Pharlaimint tar éis aird a tharraingt ar an ngá atá le speictream 'na díbhinne digití' chun gur féidir leathanbhanda a sholáthar do shaoránaigh uile AE, agus tá béim leagtha ag an bParlaimint air go bhfuil gá le tuilleadh beart chun rochtain sheasta ardluais ar leathanbhanda a chinntiú, mar aon le litearthacht dhigiteach agus inniúlachtaí digiteacha do gach custaiméir agus tomhaltóir. Ar an gcaoi chéanna, leagann an Pharlaimint béim ar thábhacht na slándála sa chibearspás chun príobháideachas agus saoirsí sibhialta tomhaltóirí agus gnólachtaí sa timpeallacht dhigiteach a chosaint go láidir. Ag an am céanna, cuireann an Pharlaimint an neodracht ó thaobh na teicneolaíochta de, an 'neodracht líonra' agus 'saoirsí líonraí' chun cinn go láidir do shaoránaigh an Aontais.

Daingníonn an Pharlaimint na gealltanais sin ar bhonn córasach tríd an reachtaíocht. Tá ról lárnach aici ó thaobh constaicí atá laistigh de DSM a bhaint agus ó thaobh nuachóiriú a dhéanamh ar rialacha teileachumarsáide AE a bhfuil feidhm acu maidir le táirgí agus seirbhísí digiteacha agus sonraíbhunaithe an lae inniu chun an tairbhe dhigiteach a mhéadú do thomhaltóirí agus do ghnólachtaí. Áirítear ar na saincheisteanna sin: Treoir 2014/61/AE maidir le bearta chun laghdú a dhéanamh ar an gcostas a bhaineann le líonraí cumarsáide leictreonaí ardluais a chur in úsáid agus Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 maidir le sainaithint leictreonach agus seirbhísí iontaoibhe le haghaidh idirbhearta leictreonacha sa mhargadh inmheánach chun cabhrú le gnólachtaí leictreonacha. Mar thoradh ar mholtaí an Choimisiúin, tá tacaíocht tugtha ag an bParlaimint do nuachóiriú na rialacha i dtaca le cóipcheart agus do nuashonrú rialacha AE maidir le seirbhísí na meán closamhairc.

Thairis sin, d'éirigh leis an bParlaimint an obair reachtach ar an athchóiriú ar chosaint sonraí a chur i gcrích le Treoir (AE) 2016/680 agus Rialachán (AE) 2016/679. Tá an-chuid obair reachtach déanta ag an bParlaimint ar na tograí a tíolacadh mar bheart leantach ar an Straitéis maidir le Margadh Aonair Digiteach agus ar an rún dar teideal 'I dtreo Gníomh um Margadh Aonair Digiteach'. Ghlac an Pharlaimint rún maidir le nascacht idirlín ar mhaithe le fás, iomaíochas agus comhtháthú: Sochaí ghigighiotáin Eorpach agus 5G lena gcuirtear an t-amchlár do sholáthar 5G chun cinn chun nascacht a éascú do thomhaltóirí agus do ghnólachtaí.

Léiríodh i staidéar a rinneadh in 2019 go gcuireann seirbhísí teileachumarsáide EUR 86.1 billiún le holltáirgeacht intíre an Aontais gach bliain, agus go bhféadfadh EUR 40 billiún sa bhreis a chur léi trí reachtaíocht nua. Chomh maith leis sin, léirítear i staidéar ar na forbairtí nua i réimse na seirbhísí digiteacha go mbeidh dul chun cinn i dtreo 6G ríthábhachtach do ghnólachtaí agus do thomhaltóirí an Aontais.

Chun tuilleadh eolais a fháil faoin ábhar seo, féach ar shuíomhanna gréasáin an Choiste um an Margadh Inmheánach agus um Chosaint an Tomhaltóra agus an Choiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh.

Kristi Polluveer / Christina Ratcliff / Jordan De Bono / Barbara Martinello
12/2023

# 2.1.9. AN MARGADH INMHEÁNACH FUINNIMH

Chun margadh inmheánach fuinnimh an Aontais a chomhchuibhiú agus a léirscaoileadh, tá bearta glactha ag an Aontas Eorpach chun margadh AE atá iomaíoch, dírithe ar an gcustaiméir, solúbtha agus neamh-idirdhealaitheach a thógáil le praghsanna soláthair margadhbhunaithe. Tugann na bearta sin aghaidh ar shaincheisteanna a bhaineann le rochtain ar an margadh, trédhearcacht agus rialáil, cosaint tomhaltóirí, idirnaisc agus slándáil an tsoláthair. Neartaíonn siad cearta na gcustaiméirí aonair, na bpobal fuinnimh agus na dtomhaltóirí leochaileacha, soiléiríonn siad róil agus freagrachtaí na rannpháirtithe sa mhargadh agus na rialtóirí agus cuireann siad forbairt gréasán tras-Eorpach fuinnimh chun cinn. Ó ionradh na Rúise ar an Úcráin agus ón ngéarchéim fuinnimh a d’eascair aisti, tá athruithe móra struchtúracha ag teacht ar struchtúr mhargadh fuinnimh an Aontais.

## AN BUNÚS DLÍ

Airteagal 114 agus Airteagal 194 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE).

## CUSPÓIRÍ

San earnáil fuinnimh, éilíonn cur i gcrích mhargadh inmheánach AE na nithe seo a leanas: go mbainfí na constaicí agus na bacainní trádála iomadúla; go ndéanfaí comhfhogasú ar bheartais agus ar bhearta cánach agus praghsála i ndáil le noirm agus caighdeáin; agus go mbeadh rialacháin ann maidir leis an gcomhshaol agus le sábháilteacht. Is é is cuspóir leis seo margadh feidhmiúil a áirithiú a mbeadh rochtain chothrom air agus a mbeadh leibhéal ard cosanta ann don tomhaltóir, chomh maith le leibhéil leormhaithe idirnascthachta agus acmhainne giniúna.

## A BHFUIL BAINTE AMACH

**A.** Léirscaoileadh na margaí gáis agus leictreachais

Le linn na 1990idí, chinn an tAontas Eorpach agus na Ballstáit a margaí náisiúnta leictreachais agus gáis a bhí fós monaplach a oscailt don iomaíocht de réir a chéile.

Bhí dhá threoir sa Chéad Phacáiste Fuinnimh, a glacadh idir 1996 agus 1998, agus tugadh isteach an chéad léirscaoileadh ar mhargaí náisiúnta leictreachais agus gáis. Leis an Dara Pacáiste Fuinnimh, a glacadh in 2003, ceadaíodh do thomhaltóirí tionsclaíocha agus intíre a soláthraithe gáis agus leictreachais féin a roghnú gan bhac ó réimse níos leithne iomaitheoirí.

Leis an Tríú Pacáiste Fuinnimh, a glacadh in 2009, rinneadh léirscaoileadh breise ar na margaí inmheánacha leictreachais agus gáis. Tugadh isteach roinnt athchóirithe leis, amhail an soláthar agus giniúint fuinnimh a dheighilt ó líonraí tarchurtha (díchuachadh), ceanglais nua do rialtóirí neamhspleácha, Gníomhaireacht nua an Aontais Eorpaigh um Chomhar idir Rialálaithe Fuinnimh (ACER), líonraí Eorpacha d’oibreoirí córas tarchurtha leictreachais agus gáis (ENTSO-E agus ENTSO-G) agus cearta tomhaltóirí i margaí miondíola a fheabhsú. Is é an pacáiste bunchloch an mhargaidh inmheánaigh fuinnimh.

Glacadh an Ceathrú Pacáiste Fuinnimh, ar a dtugtar freisin an pacáiste 'Fuinneamh Glan do gach Eorpach' , in 2019 agus bhí ann treoir amháin (maidir le leictreachas - Treoir (AE) 2019/944)) agus trí rialachán (maidir le leictreachas - Rialachán (AE) 2019/943, ullmhacht i gcomhair rioscaí - Rialachán (AE) 2019/941 agus Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar idir Rialálaithe Fuinnimh (ACER - Rialachán (AE) 2019/942)). Tugadh isteach leis rialacha nua sa mhargadh leictreachais maidir le fuinneamh in-athnuaite agus infheistíochtaí, dreasachtaí do thomhaltóirí, teorainneacha le haghaidh fóirdheontais do ghléasraí cumhachta amhail sásraí acmhainneachta. Ina theannta sin, bhí gá le pleananna teagmhasacha a tharraingt suas agus inniúlachtaí ACER maidir le comhar trasteorann a mhéadú.

Foilsíodh an Cúigiú Pacáiste Fuinnimh, 'Oiriúnach do 55' in 2021 agus é mar aidhm leis spriocanna fuinnimh AE a ailíniú leis na huaillmhianta nua Eorpacha maidir leis an aeráid le haghaidh 2030 agus 2050. Tar éis don Rúis ionradh a dhéanamh ar an Úcráin i mí Feabhra 2022 agus an soláthar gáis chun na hEorpa a ghearradh, ghlac an tAontas REPowerEU d'fhonn deireadh a chur de réir a chéile le hallmhairí fuinnimh iontaise uile na Rúise, bearta coigilte fuinnimh a thabhairt isteach, a hallmhairí fuinnimh a éagsúlú, bearta eisceachtúla agus struchtúracha a ghlacadh i margaí leictreachais agus gáis agus dlús a chur le tabhairt isteach foinsí in-athnuaite fuinnimh.

Faoi láthair, tá an tAontas Fuinnimh bunaithe ar chur chun feidhme beart maidir le héifeachtúlacht fuinnimh, fuinneamh in-athnuaite, dearadh an mhargaidh leictreachais, cinnteacht an tsoláthair, an margadh inmheánach fuinnimh, idirnaisc, ullmhacht i gcomhair rioscaí agus rialachas. Is iad seo a leanas na príomhghníomhartha sa phacáiste:

An rialachán maidir leis an margadh inmheánach leictreachais (Rialachán (AE) 2019/943), lena sainítear na príomhphrionsabail mhargadhbhunaithe agus na príomhrialacha maidir le hoibriú na margaí leictreachais. Cumhdaítear leis praghasmhúnlú margadhbhunaithe, custaiméirí mar rannpháirtithe gníomhacha sa mhargadh, dreasachtaí margadhbhunaithe le haghaidh giniúint leictreachais dhícharbónaithe, bacainní ar shreafaí leictreachais trasteorann a bhaint de réir a chéile, freagracht dhíreach nó indíreach táirgeoirí leictreachais agus na coinníollacha chun sásraí acmhainneachta a chruthú.

Áirítear sa treoir maidir le comhrialacha don mhargadh inmheánach sa leictreachas (Treoir (AE) 2019/944) roinnt forálacha maidir le cosaint tomhaltóirí, lena n-áirítear praghsanna soláthair leictreachais a chinneadh saor in aisce, iomaíocht praghsanna margadhbhunaithe idir soláthróirí; tabharfar cosaint do chustaiméirí fuinneamhbhochta agus do chustaiméirí ar teaghlaigh leochaileacha iad; agus teidlíocht chun leictreachais do chustaiméirí deiridh. Is féidir le tomhaltóirí a iarraidh go suiteálfar méadair chliste leictreachais gan aon chostas breise a bheith i gceist; tá rochtain, saor in aisce, ag teaghlaigh agus ag micrifhiontair ar uirlis amháin ar a laghad lena ndéantar comparáid idir tairiscintí soláthróirí, lena n-áirítear le haghaidh conarthaí dinimiciúla praghais; is féidir leo soláthróirí a athrú saor in aisce laistigh d'uastréimhse 3 seachtaine agus páirt a ghlacadh i scéimeanna comhchoiteanna chun athrú ó sholáthróir amháin go soláthróir eile. Is féidir le tomhaltóirí deiridh a bhfuil méadair chliste acu conarthaí praghsála dinimiciúla a iarraidh le soláthróir mór amháin ar a laghad; tá sé de cheart acu gníomhú mar chustaiméirí gníomhacha gan ceanglais theicniúla dhíréireacha nó idirdhealaitheacha (i.e. leictreachas féinghinte a dhíol) agus coinníollacha conarthacha soiléire, achoimrithe a fháil.

Leis an rialachán maidir le riosca-ullmhacht in earnáil an leictreachais (Rialachán (AE) 2019/941) tugtar isteach rialacha comhchoiteanna maidir le géarchéimeanna leictreachais a chosc agus ullmhú dóibh chun comhar trasteorann agus bainistiú géarchéime a áirithiú. Soláthraíonn sé creat coiteann freisin chun meastóireacht agus faireachán a dhéanamh ar shlándáil an tsoláthair leictreachais. Faoin Rialachán, ceanglaítear ar Líonra Eorpach na nOibreoirí Córais Tarchurtha Leictreachais (ENTSO-E) modheolaíocht chomhchoiteann maidir le sainaithint riosca a fhorbairt agus a mholadh, i gcomhar le ACER agus leis an nGrúpa Comhordaithe don Leictreachas, agus déanfaidh ACER í a fhormheas.

Leis an treoir maidir le comhrialacha don mhargadh inmheánach sa ghás nádúrtha (Treoir 2009/73/CE), tugtar isteach rialacha margadh-bhunaithe agus neamh-idirdhealaitheacha maidir le tarchur, dáileadh, soláthar agus stóráil gáis. Ceanglaítear ar thíortha an Aontais córais tarchurtha agus oibreoirí córais a dhíchuachadh ó chuideachtaí fuinnimh atá comhtháite go hingearach. Ciallaíonn sé sin nach féidir le cuideachtaí a tháirgeann nó a sholáthraíonn gás nó leictreachas aon chearta a fheidhmiú ar oibreoir córais tarchurtha, agus vice versa. Tá tíortha AE (nó na húdaráis rialála inniúla iontu) freagrach as rochtain neamh-idirdhealaitheach tríú páirtí ar chórais tarchurtha agus dáileacháin a eagrú. Chun é sin a dhéanamh, foilsíonn siad taraifí.

Sa rialachán maidir le coinníollacha le haghaidh rochtana ar ghréasáin tarchurtha gáis nádúrtha (Rialachán (CE) Uimh. 715/2009/EC) leagtar síos rialacha maidir le rochtain ar ghréasáin tarchurtha gáis nádúrtha, stóráil gáis agus saoráidí GNL. Cinntear leis an rialachán conas a shocraítear taraifí le haghaidh rochtain ar ghréasáin; na seirbhísí atá le tairiscint; acmhainneacht a leithdháileadh ar oibreoirí córais tarchurtha gáis (OCTanna); ceanglais trédhearcachta agus rialacha cothromaithe; agus muirir neamhchothroime ar an margadh. Tá na Ballstáit nó na húdaráis inniúla rialála freagrach as córas rochtana neamh-idirdhealaitheach tríú páirtí ar chórais tarchurtha agus dáileacháin a eagrú bunaithe ar tharaifí foilsithe.

**B.** Céimeanna breise

Bhí an díospóireacht maidir le gnéithe fuinnimh an Chúigiú Pacáiste Fuinnimh ar siúl ar dtús i gcomhthéacs praghsanna arda fuinnimh a bhí á spreagadh ag an téarnamh iar-phaindéimeach. In 2021, glacadh an pacáiste 'Oiriúnach do 55' in 2021. Ina theannta sin, is é is aidhm d'athbhreithnithe ar Threoir 2009/73/CE maidir le Gás agus ar Rialachán (CE) Uimh. 715/2009 maidir le Gás an creat rialála nua a bhunú le haghaidh margaí iomaíocha gáis dícharbónaithe, lena n-áirítear margadh nua hidrigine an Aontais agus laghduithe ar astaíochtaí meatáin.

Tháinig athrú ollmhór ar an díospóireacht faoin gCúigiú Pacáiste Fuinnimh tar éis ionradh na Rúise ar an Úcráin. Bhí ar an Aontas Eorpach freagairt ar an ngéarchéim dhomhanda fuinnimh atá ag dul in olcas, agus dá bhrí sin, chuir sé roinnt tograí chun cinn le haghaidh athruithe struchtúracha móra ar a mhargaí fuinnimh. I mí an Mhárta 2022, luadh go sainráite i dteachtaireacht REPowerE go bhfuil sé beartaithe ag an Aontas deireadh a chur de réir a chéile lena spleáchas ar bhreoslaí iontaise na Rúise. I mí na Bealtaine 2022, chuir plean REPowerEU an aidhm sin i ngníomh le gníomhaíochtaí chun fuinneamh a shábháil, soláthairtí a éagsúlú, slándáil an tsoláthair fuinnimh a mhéadú, breoslaí iontaise a ionadú agus dlús a chur le leathadh amach foinsí in-athnuaite. Ina dhiaidh sin i mí Iúil 2022, cuireadh rialacha nua i bhfeidhm maidir le bearta comhordaithe chun an t-éileamh gáis a laghdú 'Coigil Gás le haghaidh Geimhreadh Sábháilte'.

Mar gheall ar a phráinní a bhí sé, chuir an Coimisiún Rialachán (AE) 2022/1369 ón gComhairle maidir le bearta comhordaithe laghdaithe éilimh le haghaidh gáis chun cinn, lena leagtar síos sprioc dheonach 15 %, sprioc atá éigeantach i gcás éigeandála, chun tomhaltas gáis na mBallstát a laghdú idir an 1 Lúnasa 2022 agus an 31 Márta 2023, a tháinig i bhfeidhm an 9 Lúnasa 2022. I mí Mheán Fómhair 2022, tháinig rialachán nua ón gComhairle maidir le hidirghabháil éigeandála chun aghaidh a thabhairt ar phraghsanna arda fuinnimh agus billí fuinnimh a laghdú do shaoránaigh agus do ghnóthaí na hEorpa. Idir mí Mheán Fómhair agus mí na Nollag 2022, ghlac an Chomhairle trí bheart sealadacha eisceachtúla margaidh: sprioc laghdaithe foriomlán dheonach 10 % d'olltomhaltas leictreachais idir an 1 Nollaig 2022 agus an 31 Márta 2023 agus sprioc éigeantach laghdúcháin 5 % den tomhaltas leictreachais ag buaicuaireanta; uasteorainn ioncaim margaidh EUR 180/MWh do ghineadóirí leictreachais a úsáideann foinsí in-athnuaite, fuinneamh núicléach agus lignít; agus tobhach dlúthpháirtíochta sealadach éigeantach d'earnáil na mbreoslaí iontaise.

An 14 Márta 2023, mhol an Coimisiún athchóiriú ar dhearadh an mhargaidh leictreachais, go háirithe an Rialachán agus an Treoir maidir le Leictreachas, agus Rialachán REMIT (AE) Uimh. 1227/2011. Dreasaítear leis an togra conarthaí fadtéarmacha, tugtar isteach rialacha maidir le rochtain ar fhoinsí in-athnuaite fuinnimh, comhroinnt fuinnimh in-athnuaite, conarthaí fadtéarmacha do thomhaltóirí, scéimeanna tacaíochta nua le haghaidh freagairt ar an éileamh agus stóráil, cosaint tomhaltóirí leochaileacha, síneadh ar phraghsanna miondíola rialáilte chuig teaghlaigh agus FBManna le linn géarchéimeanna, oibleagáidí ar na Ballstáit soláthróirí na rogha deiridh a ainmniú. I mí Dheireadh Fómhair 2023, ghlac an Pharlaimint agus an Chomhairle a seasaimh chaibidlíochta agus chuir siad tús leis an gcruinniú tríthaobhach chun an reachtaíocht sin a ghlacadh.

**C.** Rialáil ar an margadh fuinnimh: Gníomhaireacht AE um Chomhar idir Rialtóirí Fuinnimh

Cruthaíodh ACER AE in 2009 agus tá sé ag feidhmiú ó mhí an Mhárta 2011. Tá ACER freagrach as an gcomhar idir na húdaráis rialála náisiúnta a chur chun cinn ar an leibhéal réigiúnach agus ar an leibhéal Eorpach agus as faireachán a dhéanamh ar fhorbairt an líonra agus ar na margaí inmheánacha leictreachais agus gáis. Tá sí inniúil freisin i leith cásanna de dhrochúsáid mhargaidh a imscrúdú agus comhordú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na bpionós iomchuí i gcomhar leis na Ballstáit.

I mí an Mheithimh 2019, le Rialachán (AE) 2019/942 (Rialachán ACER), neartaíodh ról ACER maidir le gníomhaíochtaí na rialálaithe náisiúnta a chomhordú, go háirithe bearta le haghaidh réimsí trasteorann atá i mbaol cinnteoireacht ilroinnte ar an leibhéal náisiúnta nó réigiúnach. Faoin athmhúnlú ar an rialachán maidir le leictreachas (Rialachán (AE) 2019/943), tá méadú tagtha anois ar na freagrachtaí atá ar ACER as an togra deiridh maidir le cóid ghréasáin a dhréachtú agus a chur faoi bhráid an Choimisiúin agus as tionchar a imirt ar phróiseas athbhreithnithe an mhargaidh leictreachais réigiúnaigh (an limistéar tairisceana). Dá bhrí sin, tugadh isteach leis an rialachán táillí mar fhoinse bhreise maoinithe chun na costais a bhaineann le gníomhaíochtaí a bhaineann le REMIT ('táillí REMIT') a chumhdach.

Tá struchtúir chomhair cruthaithe ag an Aontas Eorpach freisin d'Oibreoirí Córais Tarchurtha Líonra Eorpach (ENTSOanna) le haghaidh leictreachais agus gáis i Rialachán (AE) 2019/943 agus Rialachán Uimh. 715/2009/CE. Déanann na

ENTSOnna, i gcomhar le ACER, rialacha mionsonracha agus cóid theicniúla maidir le rochtain ar an líonra a cheapadh, agus áirithíonn siad go ndéantar comhordú ar oibriú na heangaí trí mhalartú faisnéise oibríochtúla agus trí chaighdeáin agus nósanna imeachta comhchoiteanna sábháilteachta a fhorbairt. Tá na ENTSOnna freagrach freisin as plean infheistíochta líonraí 10-mbliana a fhorbairt gach dara bliain, ar plean é a ndéanann ACER athbhreithniú orthu ina dhiaidh sin.

Le Rialachán (AE) 2016/1952, feabhsaítear trédhearcacht na bpraghsanna gáis agus leictreachais a ghearrtar ar úsáideoirí deiridh tionsclaíocha trí oibleagáid a chur ar na Ballstáit praghsanna agus córais phraghsála a chur in iúl do Eurostat uair nó dhó sa bhliain. Ráthaítear le Rialachán (AE) Uimh. 1227/2011 maidir le sláine agus trédhearcacht an mhargaidh mórdhíola fuinnimh (REMIT) cleachtais chóirthrádála ar mhargaí fuinnimh an Aontais.

**D.** Slándáil an tsoláthair fuinnimh

Le Rialachán (AE) 2019/941 maidir le hullmhacht riosca san earnáil leictreachais, bunaítear bearta chun slándáil an tsoláthair leictreachais a choimirciú, chun feidhmiú rianúil an mhargaidh inmheánaigh sa leictreachas a áirithiú, leibhéal leormhaith idirnaisc idir na Ballstáit, acmhainneacht ghiniúna agus cothromaíocht idir soláthar agus éileamh. Leagtar síos i Rialachán (AE) 2018/1999 maidir le rialachas an Aontais Fuinnimh sprioc idirnaisc leictreachais 15 % ar a laghad faoi 2030. Le Rialachán (AE) 2017/1938 maidir le slándáil an tsoláthair gáis, bunaítear bearta chun slándáil an tsoláthair gáis a choimirciú trí bhearta eisceachtúla a cheadú i gcás éigeandála. Rinneadh athbhreithniú ar an rialachán sin in 2022 tar éis ionradh na Rúise ar an Úcráin. Ghlac an tAontas spriocanna éigeantacha líonta stórála gáis, lena gceanglaítear ar thíortha an Aontais a saoráidí stórála gáis a líonadh go 80 % dá n-acmhainneacht faoin 1 Samhain 2022 agus go 90 % sna blianta ina dhiaidh sin.

Le Rialachán (AE) 2022/2576 cuirtear borradh faoi dhlúthpháirtíocht fuinnimh trí chomhordú níos fearr a dhéanamh ar cheannacháin gháis, ar mhalartuithe gáis thar theorainneacha agus ar thagarmharcanna praghais iontaofa. Cuireann sé creat dlíthiúil ar fáil d'Ardán Fuinnimh an Aontais chun tacú le tíortha an Aontais agus iad ag ullmhú do gheimhreadh 2023-2024 agus, go háirithe, chun a saoráidí stórála gáis a líonadh. Tá sé mar aidhm le Treoir 2009/119/CE cinnteacht an tsoláthair ola a áirithiú, lena gceanglaítear ar na Ballstáit stoic íosta ola a choinneáil, arb ionann iad agus 90 lá de mheán-allmhairiú laethúil nó 61 lá de thomhaltas laethúil intíre, cibé acu is mó ó thaobh na cainníochta de. Le raon feidhme Threoir 2009/73/CE maidir le Gás, cumhdaítear píblínte gáis amach anseo go dtí tíortha nach bhfuil san Aontas agus uathu, agus maoluithe do phíblínte atá ann cheana. Tá forálacha speisialta ann faoi Threoir 2013/30/AE maidir le sábháilteacht oibríochtaí ola agus gáis amach ón gcósta.

**E.** Gréasáin thras-Eorpacha Fuinnimh (GTE-F):

Is beartas é GTE-F atá dírithe ar bhonneagair fuinnimh na mBallstát a nascadh. Mar chuid den bheartas, sainaithníodh 11 chonair thosaíochta: 3 cinn le haghaidh leictreachais, 5 cinn le haghaidh eangacha amach ón gcósta agus 3 cinn le haghaidh hidrigine. Tá 3 réimse théamacha tosaíochta ann freisin: úsáid eangaí cliste leictreachais, eangacha cliste gáis agus gréasán trasteorann dé-ocsaíde carbóin.

I Rialachán GTE-F (AE) 2022/869, leagtar síos treoirlínte maidir le gréasáin thras-Eorpacha fuinnimh, lena sainaithnítear tionscadail leasa choitinn (Tionscadail leasa choitinn) i measc thíortha AE, tionscadail chomhleasa (MLCanna) idir an tAontas Eorpach agus tíortha nach bhfuil san Aontas, agus tionscadail tosaíochta a bhaineann

le gréasáin fuinnimh thras-Eorpacha Chuir sé deireadh leis an tacaíocht do thionscadail nua gáis nádúrtha agus ola agus ceanglaíodh leis critéir inbhuanaitheachta éigeantacha i gcás gach tionscadail Tá tionscadail leasa choitinn nua le haghaidh tionscadal fuinnimh agus tionscadal fuinnimh in-athnuaite trasteorann á maoiniú ag an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa 2021-2027 don Fhuinneamh (SCE-F), ionstraim chistiúcháin a bhfuil buiséad 7 mbliana EUR 5.84 billiún aici arna leithdháileadh i bhfoirm deontas arna mbainistiú ag an nGníomhaireacht Feidhmiúcháin um an Aeráid, Bonneagar agus Comhshaol. Tarraingíonn an Coimisiún suas liosta na dtionscadal leasa choitinn trí ghníomh tarmligthe, nach dtagann i bhfeidhm ach amháin mura ndéanann an Pharlaimint ná an Chomhairle aon agóid ina choinne laistigh de dhá mhí tar éis fógra a fháil.

## RÓL PHARLAIMINT NA HEORPA

Trí ghlacadh an phacáiste reachtaigh maidir le margaí inmheánacha fuinnimh, tá tacaíocht mhór léirithe ag an bParlaimint don díchuachadh ar an úinéireacht tarchurtha in earnáil an leictreachais ag aithint gurb é sin an uirlis is éifeachtaí chun cur chun cinn a dhéanamh ar infheistíocht sa bhonneagar ar bhealach neamh-idirdhealaitheach, ar rochtain chothrom ar an eangach d’iontrálaithe nua, agus ar thrédhearcacht sa mhargadh.

Tá béim leagtha ag an bParlaimint freisin ar an tábhacht a bhaineann le comhdhearcadh Eorpach a bheith ann i leith infheistíochtaí meántéarmacha (plean táscach Eorpach 10 mbliana a bheidh dírithe ar idirnaisc); comhar níos fearr idir na húdaráis rialála, na Ballstáit agus na hoibreoirí córais tarchurtha; próiseas láidir comhchuibhithe na ndálaí rochtana líonra. Ar thionscnamh na Parlaiminte, samhlaíodh tábhacht speisialta a bheith ag baint le cearta an tomhaltóra, a bhí ina gcuid den chomhaontú a gnóthaíodh leis an gComhairle: sna rúin éilíodh go méadófaí cearta an tomhaltóra (athrú soláthraithe, faisnéis dhíreach trí mhéadair chliste agus déileáil éifeachtúil le gearáin arna ndéanamh leis an ‘ombudsman’ fuinnimh).

D’éirigh leis an bParlaimint aitheantas a bhaint amach freisin don choincheap ‘bochtaineacht fuinnimh’. Thacaigh sí go láidir le bunú ACER agus béim á leagan aici ar an ngá go dtabharfaí na cumhachtaí riachtanacha do ACER chun na saincheisteanna a réiteach nach féidir le rialtóirí náisiúnta réiteach a fháil orthu agus a chuireann bac ar chomhtháthú agus ar fheidhmiú ceart an mhargaidh inmheánaigh. Ó ionradh na Rúise ar an Úcráin, ghlac sí roinnt rún maidir le deireadh a chur de réir a chéile le breoslaí iontaise na Rúise agus maidir leis na príomhsheasaimh seo a leanas.

— An 14 Meán Fómhair 2023, dheimhnigh an Pharlaimint gur cuireadh tús leis an gcaibidlíocht maidir leis an margadh leictreachais. Is mian leis cosaint tomhaltóirí a neartú i gcoinne praghsanna luaineacha, an ceart a ráthú chun rogha a dhéanamh idir conarthaí praghais seasta agus dinimiciúla agus cosc a chur ar athruithe aontaobhacha ar théarmaí conarthaí a ghlacadh. D’iarr sí freisin go gcuirfí cosc ar sholáthróirí atá ag dínascadh soláthairtí leictreachais, lena n-áirítear le linn díospóidí, agus go gcuirfí cosc ar aon cheanglas atá ar chustaiméirí leochaileacha córais réamhíocaíochta a úsáid.

— An 5 Deireadh Fómhair 2022, ghlac an Pharlaimint rún maidir le praghsanna fuinnimh, inar iarradh arís go ndéanfaí trádbhac iomlán agus láithreach ar ola, ar gual, ar bhreosla núicléach agus gás ón Rúis agus chuir sí i bhfios go láidir a seasamh i gcoinne dínascadh tomhaltóirí leochaileacha. D’iarr sí go mbeadh

uasteorainn iomchuí ar phraghsanna allmhairí gáis píblíne, bearta nua chun dul i ngleic le hamhantraíocht, uasteorainn ar ioncaim táirgeoirí leictreachais infrimeallacha i bhfabhar tomhaltóirí agus gnóthaí agus chuir sé de chúram ar an gCoimisiún anailís a dhéanamh ar dhíchúpláil praghsanna leictreachais agus gáis. Ar deireadh, ba chúis aiféala di gur roghnaigh an Coimisiún rialacháin ón gComhairle mar uirlis reachtach chun dul i ngleic leis an ngéarchéim fuinnimh.

— An 19 Bealtaine 2022, ghlac an Pharlaimint rún maidir leis na hiarmhairtí sóisialta agus eacnamaíocha a bheidh ag cogadh na Rúise san Úcráin ar AE, inar iarradh ar na Ballstáit an séú pacáiste smachtbhannaí a ghlacadh go práinneach. D'iarr sí an athuair go gcuirfí trádbhac iomlán láithreach ar allmhairí ola, guail, breosla núicléach agus gáis ón Rúis.

— An 7 Aibreán 2022, ghlac an Pharlaimint rún inar iarradh go gcuirfí trádbhac iomlán láithreach ar allmhairí ola, guail, breosla núicléach agus gáis ón Rúis, go dtréigfí Nordstream 1 agus 2 go hiomlán agus go leanfaí de shlándáil sholáthar fuinnimh AE a áirithiú sa ghearrthéarma;

— An 1 Márta 2022, cháin an Pharlaimint fogha míleata neamhdhleathach, gan chúis gan údar na Rúise faoin Úcráin, chomh maith le rannpháirtíocht na Bealarúise san fhogha sin. Iarradh ann go leathnófaí raon feidhme na smachtbhannaí agus go mbeadh sé d'aidhm acu geilleagar agus bonn tionsclaíoch na Rúise a lagú go straitéiseach, go háirithe an coimpléasc tionsclaíoch míleata. Go háirithe, iarradh ann go gcuirfí srianta ar allmhairiú príomh-earraí onnmhairiúcháin de chuid na Rúise, lena n-áirítear ola agus gás.

Chun tuilleadh eolais a fháil faoin ábhar seo, féach suíomh gréasáin an Choiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh (ITRE).

Matteo Ciucci
11/2023

# 2.1.10. CONARTHAÍ SOLÁTHAIR PHOIBLÍ

Déanann údaráis phoiblí conarthaí le haghaidh oibreacha agus seirbhísí, arb ionann iad agus méid trádála de EUR 2.448 billiún, rud a fhágann go bhfuil an soláthar poiblí ina mhórspreagadh don fhás eacnamaíoch, do chruthú post agus don nuálaíocht. Leis an bpacáiste um sholáthar poiblí, a glacadh in 2014, cuirtear EUR 2.88 billiún le OTI AE gach bliain. Thairis sin, mar thoradh ar threoracha AE maidir le soláthar poiblí, cothaíodh méadú ar na luachanna iomlána dámhachtana, ar tháinig méadú orthu ó shuim ba lú ná EUR 200 billiún in 2009 go suim tuairim is EUR 525 billiún in 2017.

## AN BUNÚS DLÍ

Airteagail 26, 34, 53(1), 56, 57, 62 agus 114 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE).

## CUSPÓIRÍ

Tá conarthaí soláthair phoiblí ríthábhachtach do gheilleagair na mBallstát, arb ionann iad agus os cionn 16% d’olltáirgeacht intíre (OTI) an Aontais. Sula raibh reachtaíocht de chuid an Chomhphobail Eorpaigh ann, níor tugadh ach 2 % de na conarthaí sin do ghnólachtaí neamhnáisiúnta. Tá na conarthaí sin ríthábhachtach in earnálacha amhail an earnáil tógála, an earnáil fuinnimh agus earnáil na teileachumarsáide, earnálacha inar tugadh tosaíocht do sholáthraithe náisiúnta go hiondúil. Chuir an rogha sin bac ar an margadh aonair, rud a d’ardaigh costais agus a chuir teorainn leis an iomaíochas i bpríomhthionscail.

Trí phrionsabail an mhargaidh inmheánaigh a chur i bhfeidhm, áirithítear an úsáid is fearr is féidir a bhaint as acmhainní eacnamaíocha agus as cistí poiblí. Fágann sé gur féidir táirgí agus seirbhísí ar ardchaighdeán a cheannach ar phraghsanna iomaíocha. Trí thosaíocht a thabhairt do ghnólachtaí is fearr feidhmíocht ar fud na hEorpa, cuirtear dlús le hiomaíochas na gcuideachtaí Eorpacha agus cloítear le prionsabail na trédhearcachta, na córa comhionainne agus na héifeachtúlachta, lena n-íoslaghdaítear rioscaí calaoise agus éillithe.

## A BHFUIL BAINTE AMACH

Ghlac an Comhphobal Eorpach reachtaíocht a raibh sé mar aidhm léi rialacha náisiúnta a chomhordú, lena bhforchuirtear oibleagáidí maidir le foilsiú glaonna ar thairiscintí agus na critéir oibiachtúla a úsáidtear chun tairiscintí a scrúdú. Ag tosú sna 1960idí, glacadh roinnt gníomhartha normatacha a bhain leis an soláthar poiblí, ach, tráth ba shia anonn, chinn an Comhphobal an reachtaíocht sa réimse sin a shimpliú agus a chomhordú, agus ghlac sé ceithre cinn de threoracha (Treoracha 92/50, 93/36, 93/37 agus 93/38). Cumascadh trí cinn de na treoracha sin i dTreoir 2004/18/CE, maidir le nósanna imeachta um dhámhachtain conarthaí oibreacha poiblí, conarthaí soláthair phoiblí agus conarthaí seirbhíse poiblí; Le Treoir 2004/17/CE , comhordaíodh nósanna imeachta soláthair na n-eintiteas a oibríonn in earnálacha an uisce, an fhuinnimh, an iompair agus na seirbhísí poist. Cúpla bliain ina dhiaidh sin, le Treoir 2009/81/CE

tugadh isteach rialacha sonracha maidir le soláthar trealaimh cosanta, a raibh sé mar aidhm leo rochtain ar mhargaí cosanta Ballstát eile a éascú.

## ATHCHÓIRIÚ

In 2014, ghlac an Pharlaimint agus an Chomhairle pacáiste nua um sholáthar poiblí ina n-áirítear Treoir 2014/24/AE maidir le soláthar poiblí (lena n-aisghairtear Treoir 2004/18/CE) agus Treoir 2014/25/AE maidir le soláthar arna dhéanamh ag eintitis a fheidhmíonn in earnálacha an uisce, an fhuinnimh, an iompair agus na seirbhísí poist (lena n-aisghairtear Treoir 2004/17/CE). Rinneadh an pacáiste nua um sholáthar poiblí a chomhlánú le treoir nua maidir le lamháltais (Treoir 2014/23/AE), lena mbunaítear creat dlíthiúil maidir le lamháltais a dhámhachtain[1], lena n-áirithítear rochtain éifeachtach agus neamh-idirdhealaitheach ar mhargadh AE a bheith ag gníomhaithe eacnamaíocha uile AE, agus lena soláthraítear breis deimhneachta maidir le ceanglais dlí is infheidhme.

Rinneadh an ghné sheachtrach den soláthar poiblí a chur san áireamh freisin sa togra le haghaidh rialachán ón gCoimisiún ó 2012 lenar bunaíodh rialacha maidir le rochtain earraí agus seirbhísí tríú tíortha ar mhargadh inmheánach soláthair phoiblí AE agus nósanna imeachta lena dtacaítear leis na caibidlíochtaí ar rochtain earraí agus seirbhísí AE ar mhargaí soláthair phoiblí tríú tíortha. Mar thoradh ar dhúsháinn sa chaibidlíocht bhí togra nua ón gCoimisiún in 2016. Thug na comhreachtóirí an nós imeachta maidir le glacadh foirmiúil i gcrích i mí an Mheithimh 2022 agus síníodh an gníomh críochnaitheach an 23 Meitheamh 2022.

I mí Aibreáin 2012, ghlac an Coimisiún straitéis le haghaidh ríomh-sholáthair agus é mar aidhm leis sin ríomh-sholáthar iomlán a bhaint amach faoi lár 2016. An 16 Aibreán 2014, ghlac an Pharlaimint agus an Chomhairle Treoir 2014/55/AE maidir le sonrascadh leictreonach sa soláthar poiblí.

An 3 Deireadh Fómhair 2017, d’fhoilsigh an Coimisiún dhá theachtaireacht: ‘An Soláthar Poiblí a chur ag obair san Eoraip agus don Eoraip’ (COM(2017)0572) agus ‘Borradh a chur faoin infheistíocht trí mheasúnú deonach ex ante ar na gnéithe soláthair i gcás mórthionscadail bhonneagair’ (COM(2017)0573). Chun breis feabhais a chur ar an soláthar poiblí Eorpach mar chuid den phacáiste um an straitéis maidir le soláthar poiblí, d’fhoilsigh sé moladh freisin dar teideal ‘Proifisiúnú an tsoláthair phoiblí – Struchtúr a chruthú do phroifisiúnú an tsoláthair phoiblí’.

## NÓS IMEACHTA SOLÁTHAIR PHOIBLÍ

Ní mór do nósanna imeachta cloí le prionsabail dhlí an Aontais, lena n-áirítear saorghluaiseacht earraí, saorbhunaíocht agus saorsholáthar seirbhísí. Tá prionsabail amhail cóir chomhionann, neamh-idirdhealú agus trédhearcacht bunriachtanach, agus ní mór cloí le hiomaíocht, rúndacht agus éifeachtúlacht.

**A.** Cineálacha nós imeachta

Tá glaonna ar thairiscintí ag teacht le cineálacha éagsúla nós imeachta, bunaithe ar chóras tairseach. Leis na treoracha leagtar amach modhanna chun luach measta gach

[1]Is ionann ‘lamháltais’ agus conarthaí ar mhaithe le leas airgid a thugtar i gcrích ar dhóigh lena gcuireann údarás conarthach amháin nó níos mó nó eintiteas conarthach amháin nó níos mó de chúram ar oibreoir eacnamaíoch amháin nó níos mó oibreacha a chur i gcrích nó seirbhísí a sholáthar agus a bhainistiú. Oibreoirí eacnamaíocha ar a mbronntar lamháltas, bíonn acu an ceart eisiach na hoibreacha nó na seirbhísí is cuspóir don chonradh a shaothrú, nó faigheann siad an ceart sin maille le híocaíocht.

conartha phoiblí[2] a ríomh, agus na nósanna imeachta gaolmhara. Sa 'nós imeachta oscailte', is féidir le haon oibreoir leasmhar tairiscint a thíolacadh. Ní cheadaítear leis an 'nós imeachta srianta' ach iarrthóirí ar tugadh cuireadh dóibh tairiscint a dhéanamh. Leis an 'nós imeachta iomaíoch lena ngabhann idirbheartaíocht' ceadaítear d'aon oibreoir rannpháirtíocht a iarraidh, ach ní cheadaítear ach dóibh siúd ar tugadh cuireadh dóibh tar éis measúnaithe tairiscint a dhéanamh. Baineann an 'idirphlé iomaíoch' le cásanna nach féidir leis na húdaráis[3] a riachtanais a shainiú; is iad na hiarrthóirí ar tugadh cuireadh dóibh, agus iadsan amháin, a ghlacann páirt san idirphlé. Déantar conarthaí a dhámhachtain bunaithe ar an gcóimheas is fearr idir praghas agus cáilíocht. Is le haghaidh réitigh nuálacha nach bhfuil ar an margadh go fóill atá an nós imeachta 'comhpháirtíocht nuálaíochta'. Comhoibríonn an t-údarás le heintiteas amháin nó níos mó le haghaidh taighde agus forbartha chun réiteach nua a chaibidliú le linn tairisceana. I gcásanna speisialta, is féidir conarthaí a dhámhachtain gan iad a fhoilsiú roimh ré.

**B.** Na critéir faoina ndéantar conradh a dhámhachtain

Ceanglaítear ar údaráis chonarthacha conarthaí poiblí a dhámhachtain bunaithe ar an gcritéar maidir leis 'an tairiscint is buntáistí go heacnamaíoch' (MEAT), a tugadh isteach san athchóiriú ar rialacha soláthair phoiblí. De rogha ar an bpraghas is ísle, leagann MEAT béim ar an luach is fearr ar airgead trí thosca cáilíochta, comhshaoil agus sóisialta, costais saolré, agus nuálaíocht a mheas.

**C.** Rialacha maidir le foilsiú agus trédhearcacht

Ní mór nósanna imeachta soláthair an trédhearcacht is gá a áirithiú ag gach céim. Baintear é sin amach go háirithe trí na gnéithe bunriachtanacha de nósanna imeachta soláthair a fhoilsiú, agus trí fhaisnéis faoi iarrthóirí agus faoi tháirgeoir a fhoilsiú, agus trí dhoiciméadacht leordhóthanach maidir leis na céimeanna uile den nós imeachta a sholáthar.

**D.** Leigheasanna

Áirithítear leis an [Treoir maidir le Leigheasanna (2007/66/CE)](#) go mbeidh córas éifeachtach athbhreithnithe ann le haghaidh sáruithe ar rialacha soláthair phoiblí. Tugtar isteach leis, an tréimhse 'neamhghníomhaíochta', lena dtugtar, tar éis cinneadh conartha, 10 lá ar a laghad do tháirgeoirí athbhreithniú a dhéanamh ar an gcinneadh sula síneoidh na húdaráis an conradh. Fágann sé sin gur féidir agóidí a dhéanamh in aghaidh an chinnidh.

**E.** Gnéithe eile den soláthar poiblí

Leis na rialacha nua, cuirtear béim ar an soláthar glas, cuirtear an tionchar ar an gcomhshaol san áireamh agus ceadaítear tagairtí d'éicilipéad. Leagtar béim iontu freisin ar chuimsiú sóisialta agus déantar conarthaí seirbhíse a shimpliú. Is é is aidhm do na rialacha maorlathas a laghdú, cabhrú le FBManna leis an 'Doiciméad Aonair Eorpach maidir le Soláthar' agus spreagadh a thabhairt maidir le conarthaí a roinnt ina mbaisceanna. Tugtar tosaíocht do ríomhsholáthar, lena leagtar amach teicnící sonracha ríomhsholáthair. Aithnítear sna treoracha cinntí ó Chúirt Bhreithiúnais

---

[2]Is ionann 'conarthaí poiblí' agus conarthaí ar mhaithe le leas airgid a thugtar i gcrích idir oibreoir eacnamaíoch amháin nó níos mó agus údarás conarthach amháin nó níos mó, agus a bhfuil sé mar chuspóir acu oibreacha a chur i gcrích, táirgí a sheachadadh nó seirbhísí a sholáthar.
[3]Is ionann 'údaráis chonarthacha' agus na húdaráis stáit, na húdaráis réigiúnacha nó na húdaráis áitiúla, comhlachtaí atá faoi rialú an dlí phoiblí, nó comhlachais ina bhfuil ceann amháin nó níos mó de na húdaráis sin, nó ceann amháin nó níos mó de na comhlachtaí sin atá faoi rialú an dlí phoiblí.

an Aontais Eorpaigh maidir le dámhachtainí conarthaí inmheánacha agus treisítear rialacháin i gcoinne coinbhleachtaí leasa agus na héillitheachta.

An 11 Márta 2020, d'fhoilsigh an Coimisiún doiciméad oibre maidir le critéir soláthair phoiblí ghlais AE do lárionaid sonraí, seomraí freastalaithe agus seirbhísí néalríomhaireachta agus é mar aidhm leis sin a áirithiú go soláthrófaí trealamh agus seirbhísí lárionaid sonraí ar bhealach atá neamhdhíobhálach don chomhshaol i gcomhréir le cuspóirí AE maidir le fuinneamh, leis an athrú aeráide agus le héifeachtúlacht acmhainní.

Mar fhreagairt ar phaindéim COVID-19, mhol an Coimisiún Eorpach Clár EU4Health (COM(2020)0405), arb é is aidhm dó an buiséad do sholáthar sláinte poiblí a mhéadú go suntasach, lena n-áirítear cógais, vacsaíní, agus córais sonraí sláinte. Mar thoradh ar an togra seo glacadh Rialachán (AE) 2021/522, a tháinig i bhfeidhm ón 1 Eanáir 2021 agus a achtaíodh an 27 Márta 2021, lena mbunaítear an clár. Chuir an Coimisiún treoir nua ar fáil do cheannaitheoirí poiblí maidir le mearsholáthar trealaimh fhíor-riachtanaigh, thionscain sé cúig sholáthar chomhpháirteacha trealaimh chosanta leis na Ballstáit, agus leag sé béim ar dhigitiú an tsoláthair phoiblí trí ardáin ríomhsholáthair náisiúnta, mar chuid dá straitéis téarnaimh iar-COVID-19 níos leithne (COM(2020)0456).

## RÓL PHARLAIMINT NA HEORPA

Sular ghlac sí an pacáiste um sholáthar poiblí an 15 Eanáir 2014, ghlac an Pharlaimint roinnt rún, lena n-áirítear rún an 18 Bealtaine 2010 maidir le 'Forbairtí Nua sa Soláthar Poiblí', rún an 12 Bealtaine 2011 maidir le 'Rochtain Chomhionann ar Mhargaí na hEarnála Poiblí in AE agus i dTríú Tíortha', agus rún an 25 Deireadh Fómhair 2011 maidir le 'Nuachóiriú an tSoláthair Phoiblí'. Sna rúin sin, d'éiligh an Pharlaimint go mbeadh bearta simpliúcháin agus breis deimhneachta dlíthiúla ann, agus go ndéanfaí luach agus inbhuanaitheacht a mheas agus conarthaí á ndámhachtain.

Mar chuid de na hiarrachtaí ar bhreis feabhais a chur ar an soláthar poiblí san Aontas Eorpach, an 4 Deireadh Fómhair 2018, ghlac an Pharlaimint rún maidir leis an bpacáiste um an straitéis maidir le soláthar poiblí, inar iarradh go gcuirfí feabhas ar ghlacadh teicneolaíochtaí digiteacha i gcomhthéacs an tsoláthair phoiblí san Aontas Eorpach, go mbeadh bearta éascaithe ann do FBManna agus d'fhiontair an gheilleagair shóisialta, go gcuirfí feabhas ar rochtain sholáthraithe AE ar mhargaí soláthair phoiblí tríú tíortha, agus go ndéanfaí ceannaitheoirí a phroifisiúnú[4]. I mí na Samhna 2020, fionnadh i staidéar[5] go raibh difríochtaí sa soláthar poiblí i measc na mBallstát ina gcúis shuntasach le rochtain mhíchothrom ar sholáthar poiblí.

De réir taighde, meastar go bhféadfadh an ghníomhaíocht reachtach a rinne an Pharlaimint le déanaí suas le EUR 2.88 billiún a ghiniúint in aghaidh na bliana. Ag an am céanna, mar thoradh ar threoracha AE maidir le soláthar poiblí, tháinig méadú ar

[4]Áirítear ar thaighde ábhartha Bovis, C., Contribution to Growth:European Public Procurement – Delivering improved rights for European citizens and businesses [Rannchuidiú leis an bhFás: An Soláthar Poiblí Eorpach – Feabhas a chur ar na cearta atá ag saoránaigh agus gnólachtaí na hEorpa], Foilseachán don Choiste um an Margadh Inmheánach agus um Chosaint an Tomhaltóra, An Roinn Beartais um an mBeartas Eacnamaíochta, um an mBeartas Eolaíochta agus um Beartas Cháilíocht na Beatha, Parlaimint na hEorpa, Lucsamburg, 2019.
[5]Dahlberg, E. et al., *Legal obstacles in Member States to Single Market rules* [Na constaicí dlíthiúla sna Ballstáit roimh rialacha an mhargaidh aonair] Foilseachán don Choiste um an Margadh Inmheánach agus um Chosaint an Tomhaltóra, an Roinn Beartais um an mBeartas Eacnamaíochta, um an mBeartas Eolaíochta agus um Beartas Cháilíocht na Beatha, Parlaimint na hEorpa, Lucsamburg, 2020.

na luachanna iomlána dámhachtana ó shuim ba lú ná EUR 200 billiún go suim tuairim is EUR 525 billiún[6].

I mí Aibreáin 2020, foilsíodh seisiún faisnéise maidir le 'Creat an Aontais Eorpaigh um Sholáthar Poiblí'[7], ina scrúdaítear conas a rannchuidíonn Creat an Aontais Eorpaigh um Sholáthar Poiblí le baint amach na gcuspóirí atá i gComhaontú Pháras agus i Straitéis an Gheilleagair Chiorclaigh. D'iarr an Coiste um an Margadh Inmheánach agus um Chosaint an Tomhaltóra (IMCO) an páipéar taighde sin dá thuarascáil féintionscnaimh (INI) dar teideal Towards a more sustainable single market for business and consumers [I dtreo margadh aonair níos inbhuanaithe do ghnólachtaí agus do thomhaltóirí], a ghlac an Pharlaimint an 25 Samhain 2020.

An 22 Feabhra 2021, rinneadh staidéar[8] ar thionchar COVID-19 ar an margadh inmheánach a chomhroinnt le Coiste IMCO. Moltar leis cur chuige beartais maidir le géarchéimeanna amach anseo, lena n-áirítear cistí forchoimeádta le haghaidh forbairt vacsaíní agus comhordú rialacha ar leibhéal an Aontais. Tugadh chun suntais sa staidéar gur mheas na Ballstáit go tapa a thábhachtaí atá iarrachtaí comhordaithe chun trealamh leighis agus trealamh cosanta pearsanta a fháil mar gheall ar dhéine na géarchéime.

An 1 Nollaig 2021, thionóil Coiste IMCO éisteacht phoiblí maidir le soláthar poiblí inbhuanaithe i gcomhar leis an gCoiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia (ENVI). Ba é an cuspóir a bhí ann féachaint conas a d'fhéadfadh ceannach poiblí tacú le spriocanna an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip a bhaint amach. Ag an éisteacht, phléigh saineolaithe ó ollscoileanna Eorpacha, ó ghnólachtaí, ó aireachtaí na mBallstát agus ó eagraíochtaí neamhrialtasacha an soláthar glas a bharrfheabhsú, úsáid an tsoláthair ag na páirtithe lena mbaineann a chur chun cinn, feabhas a chur ar an rochtain atá acu, agus feabhas a chur ar scaipeadh faisnéise maidir le soláthar inbhuanaithe.

An 9 Meitheamh 2022, ghlac an Pharlaimint rún maidir leis an togra ón gCoimisiún maidir leis an Ionstraim Soláthair Phoiblí Idirnáisiúnta (IPI), agus síníodh an gníomh críochnaitheach an 23 Meitheamh 2022. Féachann IPI le hoscailt dhomhanda na margaí soláthair a chur chun cinn. I mí na Bealtaine 2022, eisíodh staidéar[9] do Choiste IMCO dar teideal *The Digital Single Market and the digitalisation of the public sector* [An Margadh Aonair Digiteach agus digitiú na hearnála poiblí], inar scrúdaíodh acmhainneacht ardán GovTech AE chun an earnáil phoiblí a nuachóiriú.

---

[6]Áirítear ar thaighde ábhartha Becker, J. et al., Contribution to Growth:European Public Procurement – Delivering Economic Benefits for Citizens and Businesses [Rannchuidiú leis an bhFás: An Soláthar Poiblí Eorpach – Tairbhí Eacnamaíocha a bhaint amach do Shaoránaigh agus do Ghnólachtaí], Foilseachán don Choiste um an Margadh Inmheánach agus um Chosaint an Tomhaltóra, An Roinn Beartais um an mBeartas Eacnamaíochta, um an mBeartas Eolaíochta agus um Beartas Cháilíocht na Beatha, Parlaimint na hEorpa, Lucsamburg, 2019.
[7]Núñez Ferrer, J., The EU's Public Procurement Framework [Creat an Aontais Eorpaigh um Sholáthar Poiblí], Foilseachán don Choiste um an Margadh Inmheánach agus um Chosaint an Tomhaltóra, An Roinn Beartais um an mBeartas Eacnamaíochta, um an mBeartas Eolaíochta agus um Beartas Cháilíocht na Beatha, Parlaimint na hEorpa, Lucsamburg, 2020.
[8]Marcus, J. S. et al., The impact of COVID-19 on the Internal Market [Tionchar COVID-19 ar an Margadh Inmheánach] Foilseachán don Choiste um an Margadh Inmheánach agus um Chosaint an Tomhaltóra, an Roinn Beartais um an mBeartas Eacnamaíochta, um an mBeartas Eolaíochta agus um Beartas Cháilíocht na Beatha, Parlaimint na hEorpa, Lucsamburg, 2021.
[9]Hoekstra, M. et al., The Digital Single Market and the digitalisation of the public sector [An Margadh Aonair Digiteach agus digitiú na hearnála poiblí], Foilseachán don Choiste um an Margadh Inmheánach agus um Chosaint an Tomhaltóra, an Roinn Beartais um an mBeartas Eacnamaíochta, um an mBeartas Eolaíochta agus um Beartas Cháilíocht na Beatha, Parlaimint na hEorpa, Lucsamburg, 2022.

Maidir le soláthar cosanta, i mí Mheán Fómhair 2023, ghlac an Pharlaimint téacs maidir le COM(2022)0349, inar beartaíodh borradh suntasach a chur faoi chaiteachas cosanta, infheistíochtaí comhoibríocha i dtionscadail chomhpháirteacha a chur chun cinn, soláthar cumas comhpháirteach cosanta a fheabhsú, infheistíocht a dhéanamh i gcumais mhisin éagsúla, leas a bhaint as sineirgí, nuálaíocht a spreagadh, agus tionscal cosanta na hEorpa a dhaingniú, agus béim á leagan ar thacaíocht a thabhairt do FBManna.

Chun tuilleadh eolais a fháil faoin ábhar seo, féach suíomh gréasáin an Choiste um an Margadh Inmheánach agus um Chosaint an Tomhaltóra .

Christina Ratcliff / Jordan De Bono / Barbara Martinello
11/2023

# 2.1.11. DLÍ NA GCUIDEACHTAÍ

Tá dlí Eorpach na gcuideachtaí códaithe go páirteach i dTreoir (AE) 2017/1132 agus leanann na Ballstáit de ghníomhartha ar leith cuideachtaí a fheidhmiú, a leasaítear ó am go chéile chun treoracha agus rialacháin AE a chomhlíonadh. Is é is aidhm do na hiarrachtaí atá ar bun ar dhlí cuideachtaí agus creat rialachais chorparáidigh atá nua-aimseartha agus éifeachtúil a bhunú do ghnóthais, d'infheisteoirí agus d'fhostaithe Eorpacha ná an timpeallacht ghnó in AE a fheabhsú.

## AN BUNÚS DLÍ

Airteagail 49, 50(1) agus 2(g), agus 54, an dara mír, den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE).

## CUSPÓIRÍ

Cruthaíonn creat éifeachtach rialachais chorparáidigh timpeallacht dhearfach ghnó sa mhargadh inmheánach ar fud AE. Is é an cuspóir atá le dlí na gcuideachtaí a chomhchuibhiú ná gnóthú na saoirse bunaíochta (Teideal IV, Caibidil 2 de CFAE) a chur chun cinn agus an ceart bunúsach a leagtar síos in Airteagal 16 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, eadhon an tsaoirse chun gnó a sheoladh, a chur chun feidhme. de réir theorainneacha Airteagal 17 den Chairt (an ceart chun maoine) (4.1.2).

Ráthaítear leis an dara mír d'Airteagal 49 de CFAE an ceart chun gabháil do ghníomhaíochtaí agus iad a shaothrú i gcáil fhéinfhostaithe agus an ceart chun gnóthais a chur ar bun agus a bhainistiú, go háirithe cuideachtaí nó gnólachtaí (2.1.4).

Is é is cuspóir do rialacha AE sa réimse seo ná go mbeifí in ann gnólachtaí a chur ar bun in áit ar bith in AE agus saorghluaiseacht daoine, seirbhísí agus caipitil (2.1.3) á teachtadh acu, cosaint a thabhairt do scairshealbhóirí agus do pháirtithe eile a bhfuil leas ar leith acu i gcuideachtaí, gnólachtaí a dhéanamh níos iomaíche, agus gnólachtaí a spreagadh chun comhoibriú thar theorainneacha (2.1.5).

Tugtar le tuiscint leis an margadh inmheánach go gcruthófar cuideachtaí uile-Eorpacha. Tá tuairim is 24 mhilliún cuideachta in AE faoi láthair, a bhfuil amuigh is istigh ar 80% díobh ina gcuideachtaí poiblí faoi dhliteanas teoranta. Siúd is go bhfuil tuairim is 98-99% de chuideachtaí poiblí faoi dhliteanas teoranta ina bhfiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna), ní mór go mbeadh cuideachtaí in ann gníomhú ar fud AE de réir creat dlíthiúil aonfhoirmeach.

## A BHFUIL BAINTE AMACH

**A.** Bunsraith oibleagáidí comhchoiteanna

Cé nach ann do dhlí Eorpach códaithe cuideachtaí ann féin, mar gheall ar na rialacha náisiúnta maidir le dlí na gcuideachtaí a chomhchuibhiú, cruthaíodh roinnt caighdeáin íosta agus cumhdaítear leo réimsí amhail leasanna scairshealbhóirí agus a gcearta a chosaint, rialacha maidir le tairiscintí táthcheangail ar chuideachtaí poiblí teoranta, nochtadh brainse, cumaisc agus deighiltí, rialacha íosta do chuideachtaí príobháideacha aon chomhalta faoi dhliteanas teoranta, tuairisciú agus cuntasaíocht

airgeadais, rochtain níos fusa agus níos gasta ar fhaisnéis faoi chuideachtaí, agus ceanglais áirithe do chuideachtaí maidir le nochtadh. Mar sin féin, le pacáiste Dhlí na gCuideachtaí, 2019, rinneadh cuíchóiriú ar an lear rialacha a bhí infheidhme roimhe seo faoi roinnt ionstraimí AE.

**1.** Cuideachta a chur ar bun, ceanglais maidir le caipiteal agus nochtadh

Leasaíodh an Chéad Treoir ón gComhairle (68/151/CEE), a théann siar go dtí 1968, a lán uaireanta agus cuireadh Treoir (AE) 2017/1132 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le gnéithe áirithe de dhlí na gcuideachtaí in ionad na Treorach sin ar deireadh. Bhí sé mar aidhm léi rochtain níos éasca agus níos tapa a thabhairt don phobal ar fhaisnéis faoi chuideachtaí agus pléann sí, i measc nithe eile, le bailíocht na n-oibleagáidí arna nglacadh ag cuideachta uirthi féin agus neamhniú na cuideachta. Tá feidhm aici maidir le gach cuideachta phoiblí agus phríobháideach faoi dhliteanas teoranta. Níor bhain an dara Treoir ón gComhairle (77/91/CEE ó 1976), ar tháinig Treoir (AE) 2017/1132[1] ina hionad chomh bainteach céanna, ach le cuideachtaí poiblí faoi dhliteanas teoranta; chun na cuideachtaí sin a chur ar bun is gá go mbeadh íosmhéid caipitil údaraithe (EUR 25 000 i láthair na huaire) ann mar urrús do chreidiúnaithe agus mar chúiteamh ar dhliteanas teoranta na gcomhaltaí. Is ann freisin do rialacha maidir leis an gcaipiteal a choinneáil agus a mhodhnú maille le ceanglas íosmhéide le haghaidh ionstraimí corpraithe cuideachtaí poiblí faoi dhliteanas teoranta. Tá an 12ú Treoir maidir le Dlí na gCuideachtaí (2009/102/CE an 16 Meán Fómhair 2009) ina creat do chuideachtaí príobháideacha aon chomhalta faoi dhliteanas teoranta i gcás ina bhfuil na scaireanna uile ina seilbh ag scairshealbhóir aonair amháin.

**2.** Oibríochtaí cuideachta a bhfuil baint níos mó ná tír amháin leo

Le Treoir (AE) 2017/1132 maidir le gnéithe áirithe de dhlí na gcuideachtaí, tugadh isteach ceanglais nochta do bhrainsí eachtracha cuideachtaí. Cumhdaíodh léi cuideachtaí AE a chuireann brainsí ar bun i dtír eile de chuid AE nó cuideachtaí as tíortha nach bhfuil in AE atá ag cur brainsí ar bun in AE. Ghlac an Coimisiún togra le haghaidh treoir chun úsáid uirlisí agus próiseas digiteach i ndlí na gcuideachtaí a leathnú agus a uasghrádú tuilleadh an 29 Márta 2023. Is é is aidhm dó feabhas a chur ar thrédhearcacht agus ar mhuinín sa timpeallacht ghnó sa mhargadh aonair.

Le Treoir 2014/86/AE ón gComhairle an 8 Iúil 2014 maidir le córas comhchoiteann cánach is infheidhme i gcás máthairchuideachtaí agus fochuideachtaí as Ballstáit dhifriúla, tugtar isteach rialacha cánach atá neodrach ó thaobh na hiomaíochta de i gcás grúpaí cuideachtaí ó Bhallstáit dhifriúla. Ní ann d'aon chánachas dúbailte ar dhíbhinní a dháileann fochuideachta i mBallstát amháin ar a máthairchuideachta i mBallstát eile (féach freisin Treoir 2008/7/CE ón gComhairle an 12 Feabhra 2008 maidir le cánacha indíreacha ar chruinniú caipitil).

Is é is aidhm do Threoir 2004/25/CE maidir le tairiscintí táthcheangail ná treoirlínte íosta a leagan síos do láimhseáil tháthcheangail sin na gcuideachtaí a rialaítear le dlíthe na mBallstát. Leagtar síos léi caighdeáin íosta do thairiscintí táthcheangail nó athruithe urlámhais agus tá sé mar aidhm léi cosaint a thabhairt do mhion-scairshealbhóirí, d'fhostaithe agus do pháirtithe leasmhara eile. Chun go mbeidh cuideachtaí faoi dhliteanas teoranta in ann a saoirse bhunaíochta a fheidhmiú sa mhargadh aonair, pléitear i dTreoir (AE) 2017/1132 le hidirnascadh clár lárnach,

[1]Arna leasú le Treoir (AE) 2019/1151 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 a mhéid a bhaineann le húsáid uirlisí agus próiseas digiteach i ndlí na gcuideachtaí, IO L 186, 11.7.2019, lch. 80.

tráchtála agus cuideachtaí (cláir ghnó) gus déantar comhchuibhiú ar na coimircí is gá ar fud an Aontais chun leasanna scairshealbhóirí cuideachtaí agus tríú páirtithe a chosaint i gcás deighilte nó cumasc laistigh d'aon tír amháin, chomh maith le cumaisc thrasteorann cuideachta faoi dhliteanas teoranta agus cuideachta phoiblí faoi dhliteanas teoranta.

Sa bhreis air sin, leagtar amach i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1042 ón gCoimisiún sonraíochtaí teicniúla agus nósanna imeachta is gá do chóras idirnasctha na gclár gnó.

**3.** Athstruchtúrú cuideachtaí (cumaisc agus deighiltí, aistriú na ceanncheathrún)

Gné bhunúsach den tsaoirse bhunaíochta a ráthaítear le hAirteagail 49 agus 54 CFAE (féach Rialú Cartesio Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh[2] (CBAE)) is ea oifig chláraithe cuideachta faoi dhliteanas teoranta a aistriú ó Bhallstát amháin go Ballstát eile, chomh maith lena cumasc nó lena deighilt. Faoi phrionsabal na saoirse bunaíochta, áfach, ní ráthaítear gur féidir le cuideachta a bhogann óna Ballstát baile go Ballstát eile a stádas mar chuideachta arna rialú ag dlí Bhallstát an chorpraithe a choinneáil.

Bíonn na hurrúis chéanna ag scairshealbhóirí agus tríú páirtithe le linn athstruchtúrú na cuideachta (cumaisc agus deighiltí). Rinneadh na rialacha maidir le cumaisc idir cuideachtaí dliteanais theoranta agus cuideachtaí dliteanais theoranta phoiblí, agus a ndeighilt a athrú le déanaí le Treoir (AE) 2017/1132, a ráthaíonn freisin cosaint do scairshealbhóirí, creidiúnaithe agus fostaithe.

Cuid thábhachtach de shaol cuideachta is ea an fhéidearthacht oibriú thar theorainneacha náisiúnta agus d'fhéadfadh go n-áireofaí air cumasc, deighilt nó comhshó trasteorann a dhéanamh, a fhágáil go mbeadh deis ann teacht slán nó dul i mbun fáis, trí, mar shampla, leas a bhaint as deiseanna nua gnó i mBallstáit eile nó trí dhul in oiriúint do dhálaí athraitheacha margaidh. Maidir le comhshónna, cumaisc agus deighiltí trasteorann, ghlac an Pharlaimint agus an Chomhairle Treoir (AE) 2019/2121 i mí na Samhna 2019. Tá sé mar aidhm leis an Treoir bacainní nach bhfuil bonn cirt leo atá ar shaoirse bhunaíochta chuideachtaí AE sa mhargadh aonair a bhaint trí chomhshónna, cumaisc agus deighiltí trasteorann cuideachtaí AE a éascú, agus tugtar isteach léi nósanna imeachta cuimsitheacha do na hoibríochtaí sin maille le rialacha breise maidir le cumaisc thrasteorann cuideachtaí faoi dhliteanas teoranta arna mbunú i mBallstát de chuid an Aontais. Thairis sin, sa Treoir, leagtar amach rialacha comhchosúla maidir le cearta rannpháirtíochta fostaithe agus féachtar lena chinntiú inti go gcuirfear fostaithe ar an eolas go leormhaith faoina dtionchar ionchasach agus go rachfar i gcomhairle leo ina thaobh. Is fearr an chosaint a thugtar do chearta na scairshealbhóirí mionlaigh agus na scairshealbhóirí nach bhfuil vóta acu, fad is a thabharfar coimircí atá níos soiléire agus níos iontaofa do chreidiúnaithe na gcuideachtaí lena mbaineann.

Níor réitíodh fós an cheist maidir le haistriú trasteorann oifigí cláraithe. I gCás C-106-16, Polbud, rinne an Chúirt Bhreithiúnais, sa fhreagra a thug sí ar réamhcheist, 'an tsaoirse bhunaíochta' a shonrú tuilleadh, agus mhaígh sí go bhfuil feidhm aici freisin maidir le hoifig chláraithe cuideachta arna bunú i gcomhréir le dlí Ballstáit amháin a aistriú go críoch Ballstáit eile, chun críche a tiontaithe.

[2]Cás C-210/06 ECLI:AE:C:2008:723, míreanna 111-113.

**4.** Ráthaíochtaí maidir le staid airgeadais cuideachtaí

Chun a chinntiú go mbeadh an fhaisnéis a sholáthraítear i ndoiciméid chuntasaíochta mar a chéile sna Ballstáit uile, ceanglaítear le Treoracha 2006/43/CE agus 2013/34/AE, go dtugtar léargas fíor agus cothrom i gcuntais na gcuideachtaí (cuntais bhliantúla, cuntais chomhdhlúite agus formheas daoine atá freagrach as iniúchtaí reachtacha a dhéanamh) ar shócmhainní, dliteanais, riocht airgeadais agus brabús nó caillteanas na cuideachta. Tá sé mar aidhm le Treoir 2006/43/CE feabhas a chur ar iontaofacht ráitis airgeadais na gcuideachtaí trí íoscheanglais a leagan síos le haghaidh iniúchadh reachtach ar chuntais bhliantúla agus chomhdhlúite. Déanann Treoir 2013/34/AE na ceanglais tuairiscithe airgeadais do mhicrifhiontair a shimpliú d'fhonn a n-iomaíochas a fheabhsú agus thug sí isteach an oibleagáid ar chuideachtaí atá liostaithe in AE ráiteas rialachais chorparáidigh a sholáthar ina dtuarascáil bhliantúil. Le Rialachán (CE) Uimh. 1606/2002 maidir le caighdeáin chuntasaíochta idirnáisiúnta a chur i bhfeidhm, déantar comhchuibhiú ar an bhfaisnéis airgeadais arna tíolacadh ag cuideachtaí a thrádáiltear go poiblí chun cosaint a ráthú d'infheisteoirí. Is cabhair é Rialachán (AE) 2015/848 an 20 Bealtaine 2015 maidir le himeachtaí dócmhainneachta (ar bhonn Airteagal 81 de CFAE i dtaca le comhar an dlí shibhialta) le coinbhleachtaí dlínse agus dlíthe a réiteach agus áirithítear leis go dtugtar aitheantas do bhreithiúnais ar fud AE. Ní chomhchuibhíonn sé dlíthe dócmhainneachta substainteacha na mBallstát, ní bhunaíonn sé ach rialacha comhchoiteanna maidir leis an gcúirt atá inniúil ar imeachtaí dócmhainneachta, an dlí is infheidhme, agus cinntí na cúirte a aithint. Is é an príomhchuspóir atá ann ná aistriú sócmhainní nó imeachtaí breithiúnacha ó Bhallstát amháin go Ballstát eile a sheachaint. Tá sé mar aidhm le Treoir (AE) 2019/1023'an dara deis d'fhiontraithe' a thairiscint. Leis an treoir sin, tugtar aghaidh ar ábhair imní a chuir líon mór infheisteoirí in iúl faoin mbaol i dtaobh nósanna imeachta fada nó casta dócmhainneachta a bheith ann thar lear, ar mar gheall air sin go príomha nach ndéanann siad infheistíocht lasmuigh dá dtír féin.

**5.** Feidhmiú trasteorann chearta na scairshealbhóirí

Le Treoir 2007/36/CE (arna leasú le Treoir 2014/59/AE agus Treoir (AE) 2017/828) maidir le feidhmiú cearta áirithe scairshealbhóirí i gcuideachtaí liostaithe, cuirtear deireadh leis na príomhbhacainní ar vótáil thrasteorann i gcuideachtaí liostaithe a bhfuil a n-oifig chláraithe i mBallstát acu, trí cheanglais shonracha a thabhairt isteach le haghaidh líon áirithe ceart do scairshealbhóirí ag an gcruinniú ginearálta. Leagtar amach sa Treoir freisin cearta áirithe do scairshealbhóirí i gcuideachtaí liostaithe, lena n-áirítear rochtain thráthúil ar fhaisnéis ábhartha faoi chruinnithe ginearálta agus seachvótáil atá níos éasca. Le Treoir (AE) 2017/828, déantar rannpháirtíocht scairshealbhóirí a spreagadh, agus tugtar isteach ceanglais i dtaca le scairshealbhóirí a shainaithint, faisnéis a tharchur, feidhmiú ceart scairshealbhóirí a éascú, trédhearcacht infheisteoirí institiúideacha, bainisteoirí sócmhainní agus comhairleoirí seachvótála, luach saothair stiúrthóirí agus idirbhearta gaolmhara páirtithe.

**6.** Tuairisciú cuideachta

Cuireann an tAontas rialacha ar fáil maidir le faisnéis airgeadais a bhíonn le nochtadh ag cuideachtaí agus maidir le hiniúchadh chun sláine na ráiteas airgeadais a fheabhsú.

**a.** Tuairisciú airgeadais

Ní mór do gach cuideachta faoi dhliteanas teoranta ráitis airgeadais a ullmhú chun faireachán a dhéanamh ar shláinte a ngnó agus léargas fíor agus cothrom a thabhairt

ar a staid airgeadais. I dTreoir 2013/34/AE (an Treoir Chuntasaíochta), thug an tAontas rialacha isteach chun tuairisciú airgeadais comhsheasmhach agus inchomparáide a chinntiú ar fud an Aontais.

**b.** Tuairisciú ar inbhuanaitheacht chorparáideach

Cuireann rialacha AE de cheangal ar chuideachtaí áirithe freisin tuairisc a thabhairt gach bliain ar na tionchair shóisialta agus chomhshaoil agus ar na rioscaí a bhaineann lena ngníomhaíochtaí. Cabhraíonn sé sin le hinfheisteoirí, le heagraíochtaí na sochaí sibhialta, le tomhaltóirí, le lucht déanta beartas agus le geallsealbhóirí eile meastóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht neamhairgeadais cuideachtaí móra agus spreagann sé cuideachtaí cur chuige freagrach a fhorbairt i leith gnó.

I dTreoir 2014/95/AE (an Treoir maidir le Tuairisciú Neamhairgeadais) leagtar síos na rialacha maidir le nochtadh faisnéise neamhairgeadais agus éagsúlachta ag cuideachtaí móra áirithe. Baineann siad sin le réimsí amhail cúrsaí comhshaoil, cúrsaí sóisialta agus an chóir a chuirtear ar fhostaithe, urraim do chearta an duine, frithéilliú agus frithbhreabaireacht, agus éagsúlacht ar bhoird cuideachtaí (e.g. aois, inscne, cúlra oideachais agus gairmiúil). Tá feidhm ag an treoir maidir le cuideachtaí móra leasa phoiblí a bhfuil níos mó ná 500 fostaí acu.

An 5 Eanáir 2023, tháinig an Treoir maidir le Tuairisciú Inbhuanaitheachta Corparáidí ((AE) 2022/2464) i bhfeidhm. Leis an treoir, déantar nuachóiriú ar na rialacha a bhaineann leis an bhfaisnéis shóisialta agus chomhshaoil a bhfuil sé d’oibleagáid ar chuideachtaí a thuairisciú. Beidh sé de cheangal ar shraith níos leithne cuideachtaí móra, chomh maith le FBManna liostaithe, tuairisciú ar an inbhuanaitheacht.

Leis na rialacha nua, áiritheofar rochtain ar an bhfaisnéis is gá chun measúnú a dhéanamh ar na rioscaí infheistíochta a eascraíonn as an athrú aeráide agus as saincheisteanna inbhuanaitheachta eile, rud a chruthóidh cultúr trédhearcachta faoin tionchar atá ag cuideachtaí ar dhaoine agus ar an gcomhshaol. Laghdófar na costais a bhaineann le tuairisciú do chuideachtaí sa mheántéarma agus san fhadtéarma tríd an bhfaisnéis atá le soláthar a chomhchuibhiú.

**B.** Eintitis dhlithiúla AE

Tá feidhm ag eintitis dhlithiúla Eorpacha ar fud AE agus is ann dóibh i dteannta eintitis náisiúnta.

**1.** An Chuideachta Eorpach (SE)

Tar éis tréimhse fhada sáinne (ar lena linn a mhair an chaibidlíocht 30 bliain), ghlac an Chomhairle dhá ionstraim reachtacha ba ghá chun cuideachta Eorpach a bhunú, eadhon Rialachán (CE) Uimh. 2157/2001 maidir leis an Reacht do chuideachta Eorpach agus Treoir 2001/86/CE lena bhforlíontar an Reacht a mhéid a bhaineann le rannpháirtíocht fostaithe sa chuideachta Eorpach. Mar gheall air sin, is féidir cuideachta a chur ar bun ar chríoch AE agus an chuideachta sin ina cuideachta phoiblí faoi dhliteanas teoranta, ar a dtugtar sa Laidin ‘Societas Europaea’ (SE). Cuirtear roghanna éagsúla ar fáil do ghnóthais as dhá Bhallstát ar a laghad atá ag iarraidh iad féin a chur ar bun mar SE: cumasc, cuideachta sealbhaíochta a bhunú, fochuideachta a chur ar bun, nó tiontú ina SE. Ní mór an SE a bheith ina cuideachta a bhfuil scairchaipiteal aici. Chun a chinntiú go mbíonn na cuideachtaí sin de mhéid réasúnach, leagtar síos íosmhéid caipitil, i.e. nach lú ná EUR 120 000.

Tá sé mar aidhm le Treoir 2001/86/CE a chinntiú nach mbeidh mar thoradh ar SE a bhunú nach mbeidh ann a thuilleadh na cleachtais maidir le rannpháirtíocht fostaithe

arb ann dóibh sna cuideachtaí atá rannpháirteach i mbunú an SE sin, ná gur lú díobh a bheidh ann.

**2.** An Comharchumann Eorpach (SCE)

Le Rialachán (CE) Uimh. 1435/2003 maidir leis an Reacht do Chomharchumann Eorpach (SCE), déantar fíor-reacht dlíthiúil aonair a chur i bhfeidhm don SCE. A bhuí leis an Rialachán, is féidir le daoine atá ina gcónaí i mBallstáit éagsúla nó eintitis dhlíthiúla arna mbunú faoi dhlíthe de chuid Ballstáit dhifriúla comharchumann a bhunú. Agus caipiteal íosta EUR 30 000 acu, is féidir leis na Comharchumainn Eorpacha nua sin feidhmiú ar fud an mhargaidh aonair faoi phearsantacht dhlítheanach aonair agus faoi réir sraith rialacha agus struchtúr aonair.

Le Treoir 2003/72/CE, forlíontar an reacht sin maidir le rannpháirtíocht fostaithe sa Chomharchumann Eorpach, chun a chinntiú nach mbeidh mar thoradh ar SCE a bhunú nach mbeidh ann a thuilleadh na cleachtais maidir le rannpháirtíocht fostaithe arb ann dóibh sna cuideachtaí atá rannpháirteach i mbunú an SCE sin, ná gur lú díobh a bheidh ann.

**3.** Grúpáil Eorpach um Leas Eacnamaíoch (GELE)

Le Rialachán (CEE) Uimh 2137/85 ón gComhairle, leagtar amach reacht le haghaidh Grúpálacha Eorpacha um Leas Eacnamaíoch (GELE). Trí GELE, ag a bhfuil acmhainneacht dhlíthiúil, cuirtear ar chumas cuideachta i mBallstát amháin comhoibriú le cuideachtaí nó daoine nádúrtha i mBallstáit eile i gcomhfhiontar (mar shampla, chun gníomhaíochtaí eacnamaíocha chomhaltaí na cuideachta a éascú nó a fhorbairt, ach ní chun brabús a dhéanamh di féin), agus an brabús á roinnt idir na comhaltaí. Ní fhéadfaidh GELE infheistíocht ón bpobal a iarraidh.

**4.** Cuideachta phríobháideach Eorpach (SPE)

Leis an togra ón gCoimisiún in 2008 maidir le reacht um chuideachta phríobháideach Eorpach faoi dhliteanas teoranta (Societas Privata Europaea) díríodh ar é a dhéanamh níos éasca do FBManna gnó a dhéanamh sa mhargadh inmheánach, feabhas a chur ar a bhfeidhmíocht mhargaidh agus a n-iomaíochas a fheabhsú trína mbunú agus a n-oibriú a éascú. Níor fhéach an togra le rialáil a dhéanamh ar chúrsaí a bhaineann le dlí an tsaothair, leis an dlí cánach, le cuntasaíocht ná le dócmhainneacht na cuideachta. Mar sin féin, ba ghá é a tharraingt siar in 2014 mar gheall ar ábhair imní i bParlaimint na hEorpa maidir le cearta comhchinnidh oibrithe a chosaint.

**5.** Cuideachta phríobháideach aon chomhalta faoi dhliteanas teoranta (SUP)

Leis an togra ón gCoimisiún in 2014 le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le cuideachtaí príobháideacha aon chomhalta faoi dhliteanas teoranta (Societas Unius Personae) díríodh ar é a dhéanamh níos éasca cuideachta den sórt sin a bhunú le scairshealbhóir aonair san Aontas thar theorainneacha idir na Ballstáit. Ós rud é go raibh an-imní ar Choiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta na Parlaiminte faoi rannpháirtíocht na gceardchumann le linn phróiseas dréachtaithe an togra, tarraingíodh siar ar deireadh freisin é in 2018.

## RÓL PHARLAIMINT NA HEORPA

D’éirigh riamh anall leis an bParlaimint reachtaíocht a leasú, i.e. rannpháirtíocht oibrithe i gcuideachtaí a chosaint nó dul chun cinn a dhéanamh maidir le cineálacha éagsúla cuideachtaí Eorpacha a chruthú chun gníomhaíochtaí trasteorann fiontar a éascú.

I mí Feabhra 2017, d'iarr an Pharlaimint ar an gCoimisiún togra a thíolacadh le haghaidh cuideachta phríobháideach Eorpach a bheadh curtha in oiriúint do riachtanais FBManna agus athbhreithniú ar an Reacht um Chuideachta Eorpach a ullmhú chun simpliú a dhéanamh ar na nósanna imeachta maidir le bunú na gcuideachtaí sin. I ndiaidh don dá thogra le haghaidh rialacháin maidir le comhlachas agus cumann frithpháirteach Eorpach a bheith tarraingthe siar, d'iarr an Pharlaimint ar an gCoimisiún na tionscadail sin a thabhairt chun cinn athuair. Ar deireadh, an 5 Meán Fómhair 2023, ghlac an Coimisiún an togra maidir le comhlachais trasteorann Eorpacha. Leis an dréacht-treoir, cuirfear feabhas ar fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh trí dheireadh a chur le bacainní dlíthiúla agus riaracháin. Cruthóidh sé sin cothrom iomaíochta idir comhlachais neamhbhrabúis san Aontas ar mian leo oibriú i níos mó ná Ballstát amháin. D'iarr an Pharlaimint freisin go mbeadh creat dlíthiúil iomchuí ann d'fhondúireachtaí. An 8 Feabhra 2012, mhol an Coimisiún togra le haghaidh Rialachán ón gComhairle maidir le Reacht um Fhondúireacht Eorpach, 'Fundatio Europaea', a raibh sé mar aidhm leis é a dhéanamh níos fusa do na heagraíochtaí sin oibriú ar son leas an phobail in áit ar bith in AE.

I rún uaithi an 14 Meitheamh 2012 maidir lena bhfuil i ndán do dhlí Eorpach na gcuideachtaí, bhí an Pharlaimint den tuairim go bhfuil acmhainneacht nach beag sna cineálacha cuideachtaí de chuid AE atá ina bhforlíonadh ar na cineálacha cuideachtaí atá ar fáil faoin dlí náisiúnta agus gur cheart iad a fhorbairt tuilleadh. Chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais shonracha FBManna, d'áitigh an Pharlaimint ar an gCoimisiún iarrachtaí breise a dhéanamh d'fhonn an Reacht um Chuideachta Phríobháideach (SPE) a ghlacadh. Mar fhreagairt ar an teachtaireacht ón gCoimisiún ar an ábhar, i mí Feabhra 2013, ghlac an Pharlaimint rún maidir le straitéis athnuaite de chuid AE don fhreagracht shóisialta chorparáideach. Sa rún ón bParlaimint an 14 Márta 2013 maidir le Reacht i gcomhair Sochaí fhrithpháirteach Eorpach bhí moltaí don Choimisiún maidir leis an reacht sin. Ar deireadh, d'iarr an Pharlaimint, roinnt uaireanta, go mbeadh treoir ann maidir le haistriú trasteorann ceanncheathrúna cuideachtaí, trí rúin éagsúla agus ceisteanna éagsúla ó bhéal inar cáineadh go láidir an easpa rialacha comhchoiteanna atá ann faoi láthair a bhaineann an bonn ón tsoghluaisteacht chorparáideach agus ón tsaoirse bhunaíochta uime sin[3]. Rinneadh Treoir (AE) 2019/2121 an 27 Samhain 2019 lena leasaítear Treoir (AE) 2017/1132 a mhéid a bhaineann le comhshónna, cumaisc agus deighiltí trasteorann a ghlacadh ag deireadh 2019.

Sa rún ón bParlaimint an 13 Meitheamh 2017 maidir le cumaisc agus deighiltí trasteorann tarraingíodh aird ar chearta scairshealbhóirí mionlaigh agus ar rialacha maidir le cosaint creidiúnaithe, agus, chomh maith leis sin, ar na nósanna imeachta fada agus casta is gá le haghaidh deighiltí trasteorann. Tá sé iarrtha roinnt uaireanta ag an bParlaimint freisin go mbeadh togra ann le haghaidh aistriú trasteorann ceanncheathrún (an 14ú Treoir maidir le Dlí na gCuideachtaí).

Tá achainíocha éagsúla a bhaineann le digiteáil dhlí AE na gcuideachtaí agus oibríochtaí trasteorann faighte ag Parlaimint na hEorpa. Is gnách go n-iarann an Coiste um Achainíocha ar an gCoimisiún faisnéis ábhartha a sholáthar nó a thuairim a thabhairt maidir leis na pointí a tharraing an t-achainíoch anuas. (4.1.5).

I mí na Bealtaine 2017, ghlac an Pharlaimint rún maidir le Plean Gníomhaíochta ríomhRialtais AE, inar iarr sí ar an gCoimisiún breithniú a dhéanamh i dtaobh bealaí eile

[3]Féach, mar shampla, a rúin an 25 Deireadh Fómhair 2007 maidir leis an gCuideachta Príobháideach Eorpach agus an 'Ceathrú Treoir Déag um Dhlí Cuideachtaí' maidir le suíochán na cuideachta a aistriú agus an 13 Meitheamh 2017 maidir le cumaisc agus deighiltí trasteorann.

le réitigh dhigiteacha d'fhoirmiúlachtaí a chur chun cinn i rith saolré chuideachta, agus leag sí béim ar a thábhachtaí atá sé cláir ghnó a idirnascadh. Tá bailiúchán taighde seanbhunaithe ag an bParlaimint, agus éascú digiteach á iarraidh aige sa réimse seo[4].

I mí Aibreáin 2019, ghlac Parlaimint na hEorpa leasuithe substainteacha ar an togra ón gCoimisiún chun leasú a dhéanamh ar Threoir (AE) 2017/1132 a mhéid a bhaineann le comhshónna, cumaisc agus deighiltí trasteorann, le rialacha breise maidir le cumaisc thrasteorann cuideachtaí faoi dhliteanas teoranta.

I mí Iúil 2019, ghlac an Pharlaimint Treoir (AE) 2019/1151 chun leasú a dhéanamh ar Threoir (AE) 2017/1132 a mhéid a bhaineann le húsáid uirlisí agus próiseas digiteach i ndlí na gcuideachtaí, a bhfuil sé mar aidhm léi éascaíocht a dhéanamh ar chuideachtaí a bhunú trí mheáin leictreonacha agus oibríochtaí ar líne a chur chun cinn i rith saolréanna cuideachtaí. Níl sraith iomlán de nósanna imeachta clárúcháin i gcomhair gnólachtaí soláthraithe ag na Ballstáit ar fad go fóill, d'ainneoin an clárú ar líne a bheith dhá oiread níos gasta ná é ar an meán agus i ndiaidh gur féidir leis a bheith a thrí oiread níos saoire ná na formáidí traidisiúnta atá bunaithe ar pháipéar. Tá an togra ón gCoimisiún an 29 Márta 2023 á mheas ag an bParlaimint chun úsáid uirlisí agus próiseas digiteach i ndlí na gcuideachtaí a leathnú agus a uasghrádú tuilleadh agus lena leasaítear Treoir (AE) 2017/1132.

An 1 Meitheamh 2023, ghlac an Pharlaimint a seasamh maidir le togra le haghaidh treoir maidir le dícheall cuí inbhuanaitheachta corparáideach. Leis an reachtaíocht atá beartaithe, chuirfí d'oibleagáid ar ghnólachtaí tionchair dhiúltacha a ngníomhaíochtaí, lena n-áirítear gníomhaíochtaí a gcomhpháirtithe gnó, ar chearta an duine agus ar an gcomhshaol, a shainaithint, a chosc más gá, a fhoirceannadh nó a mhaolú. Áirítear leis sin saothar leanaí, sclábhaíocht, dúshaothrú saothair, truailliú, díghrádú comhshaoil agus cailliúint na bithéagsúlachta.

Is í an Roinn Beartais um Chearta na Saoránach agus um Ghnóthaí Bunreachtúla i bParlaimint na hEorpa a scríobh an bhileog eolais seo.

Udo Bux / Mariusz Maciejewski
11/2023

[4]Godel, M. I. et al., Reducing Costs and Barriers for Businesses in the Single Market [Costais agus Bacainní a Laghdú do Ghnónna sa Mhargadh Aonair], An Ard-Stiúrthóireacht um Beartais Inmheánacha an Aontais, An Roinn Beartais um an mBeartas Eacnamaíochta agus um an mBeartas Eolaíochta, Aibreán 2016; van Veenstra, A. F. et al., Ubiquitous Developments of the Digital Single Market [Forbairtí Uileláithreacha an Mhargaidh Aonair Dhigitigh], An Ard-Stiúrthóireacht um Beartais Inmheánacha an Aontais, An Roinn Beartais um an mBeartas Eacnamaíochta agus um an mBeartas Eolaíochta, Deireadh Fómhair 2013.

# 2.1.12. MAOIN INTLEACHTÚIL, TIONSCLAÍOCHTA AGUS TRÁCHTÁLA

Áirítear le maoin intleachtúil gach ceart eisiach ar shaothair intleachtúla. Cuimsítear léi dhá chineál ceart: an mhaoin thionsclaíoch, lena n-áirítear aireagáin (paitinní), trádmharcanna, dearthaí agus samhlacha tionsclaíocha agus sonrúcháin tionscnaimh, agus cóipcheart, lena n-áirítear maoin ealaíne agus liteartha. Ó tháinig an Conradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) i bhfeidhm in 2009, tá inniúlacht fhollasach ag AE i leith cearta maoine intleachtúla (Airteagal 118).

## BUNÚS DLÍ

Airteagail 114 agus 118 CFAE.

## CUSPÓIRÍ

Cé go bhfuil siad faoi rialú ag dlíthe éagsúla idirnáisiúnta agus náisiúnta, tá cearta maoine intleachtúla (CMI) faoi réir reachtaíocht AE chomh maith. Foráiltear le hAirteagal 118 CFAE, i gcomhthéacs bhunú agus fheidhmiú an mhargaidh aonair, go mbunóidh an Pharlaimint agus an Chomhairle, ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach, bearta chun dlí maoine intleachtúla AE a chruthú chun cosaint aonfhoirmeach a sholáthar do CMI ar fud AE, agus chun socruithe láraithe údaraithe, comhordaithe agus maoirseachta a chur ar bun ar fud AE. Is éard atá i gceist go príomha le gníomhaíocht reachtach AE ná gnéithe sonracha áirithe de CMI a chomhchuibhiú trína chóras féin a chruthú, amhail mar atá i gcás thrádmharc agus dhearadh AE, agus amhail mar a bheidh i gcás paitinní. Léirítear oibleagáidí idirnáisiúnta na mBallstát faoi Choinbhinsiúin Bheirn agus na Róimhe in go leor d'ionstraimí AE, faoi Chomhaontú na hEagraíochta Domhanda Trádála maidir le Gnéithe de Chearta Maoine Intleachtúla (TRIPS) agus faoi Chonarthaí Idirnáisiúnta 1996 na hEagraíochta Domhanda um Maoin Intleachtúil (EDMI).

## A BHFUIL BAINTE AMACH

**A.** Comhchuibhiú reachtach

**1.** Trádmharcanna, dearthaí agus samhlacha

In AE, tá an creat dlíthiúil le haghaidh trádmharcanna bunaithe ar chóras ceithre chiseal chun trádmharcanna a chlárú, ar córas é atá ann i gcomhthráth le córais náisiúnta trádmharcanna atá comhchuibhithe trí bhíthin na Treorach um Thrádmharcanna (Treoir (AE) 2015/2436 an 16 Nollaig 2015 maidir le dlíthe na mBallstát a bhaineann le trádmharcanna a chomhfhogasú). Chomh maith leis an mbealach náisiúnta, is iad na bealaí inar féidir trádmharcanna a chosaint in AE ná bealach Benelux, trádmharc AE, a tugadh isteach in 1994, agus an bealach idirnáisiúnta. Le Rialachán (AE) 2017/1001 an 14 Meitheamh 2017 maidir le trádmharc an Aontais Eorpaigh (an Rialachán um Thrádmharcanna AE) códaítear agus ionadaítear rialacháin uile CE a bhí ann roimhe sin maidir le trádmharc de chuid AE. Rinneadh an códú ar mhaithe le soiléireacht, ós rud é go ndearnadh an córas trádmharcanna de chuid AE a leasú go substaintiúil cheana féin roinnt uaireanta. Tá cáilíocht aonadach ag trádmharc de chuid AE agus

an éifeacht chéanna aige ar fud AE. Tá Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO) freagrach as trádmharc agus dearadh AE a bhainistiú. Is leis an Rialachán um Thrádmharcanna AE freisin a shocraítear méideanna na dtáillí atá iníoctha le EUIPO. Tá siad socraithe ar leibhéal lena n-áirithítear go gcumhdaíonn an t-ioncam a ghnóthaíonn siad costais EUIPO agus go ndéanann siad comhlánú ar na córais náisiúnta trádmharcanna atá ann cheana.

Le Treoir 98/71/CE an 13 Deireadh Fómhair 1998, rinneadh comhfhogasú ar an reachtaíocht náisiúnta maidir le cosaint dhlíthiúil dearthaí agus samhlacha. Le Rialachán (CE) Uimh. 6/2002 ón gComhairle an 12 Nollaig 2001 (arna leasú), tionscnaíodh córas Comhphobail do chosaint dearthaí agus samhlacha. Le Cinneadh 2006/954/CE agus Rialachán (CE) Uimh. 1891/2006 ón gComhairle, an 18 Nollaig 2006, nascadh córas AE chun dearthaí nó samhlacha a chlárú leis an gcóras idirnáisiúnta um chlárú i gcás dearthaí agus samhlacha tionsclaíocha EDMI.

**2.** Cóipcheart agus cearta gaolmhara

Áirithíonn cóipcheart go n-íocfar údair, cumadóirí, ealaíontóirí, scannánóirí agus cruthaitheoirí eile as a gcuid saothar agus go ndéanfar a gcuid saothar a chosaint. De bharr teicneolaíochtaí digiteacha, tá athrú as cuimse tagtha ar an gcaoi a dtáirgtear ábhar cruthaitheach, ar an gcaoi a ndáiltear é, agus ar an gcaoi a bhfaightear rochtain air. Is é atá sa dlí maidir le cóipcheart AE 13 threoir agus dhá rialachán ina ndéantar na cearta bunúsacha atá ag údair, taibheoirí, léiritheoirí agus craoltóirí a chomhchuibhiú. Trí roinnt caighdeáin AE a leagan síos, laghdaítear neamhréireachtaí náisiúnta, áirithítear leibhéal cosanta a bhfuil gá leis chun cruthaitheacht agus infheistíocht sa chruthaitheacht a chothú, déantar éagsúlacht chultúrtha a chur chun cinn agus déantar éascú do thomhaltóirí agus do ghnólachtaí rochtain a fháil ar inneachar digiteach agus ar sheirbhísí digiteacha ar fud an mhargaidh aonair.

**a.** Cóipcheart

Le Treoir 2001/29/CE an 22 Bealtaine 2001 maidir le comhchuibhiú gnéithe áirithe den chóipcheart agus cearta gaolmhara sa tsochaí faisnéise, rinneadh an reachtaíocht maidir le cóipcheart agus cearta gaolmhara a oiriúnú d’fhorbairtí teicneolaíochta, ach tá an Treoir sin chun deiridh ar na forbairtí atá tar éis teacht ar luas lasrach sa saol digiteach, amhail dáileadh clár teilifíse agus raidió agus an rochtain atá orthu, agus rochtain á fáil ag 49% d’úsáideoirí idirlín in AE ar cheol, ar inneachar closamhairc agus ar chluichí ar líne (meastachán Eurostat). Dá bhrí sin, tá gá le reachtaíocht chomhchuibhithe ar fud AE maidir le cóipcheart do thomhaltóirí, do chruthaitheoirí agus do chuideachtaí.

I dTreoir AE maidir le Cóipcheart (Treoir (AE) 2019/790) an 17 Aibreán 2019, foráiltear do chóipcheart coimhdeach d’fhoilsitheoirí preasa agus do luach saothair cóir i gcás inneachar atá faoi chóipcheart. Go dtí seo, ní raibh aon fhreagracht dhlithiúil ar ardáin ar líne maidir le hinneachar atá faoi chóipcheart a úsáid agus a uaslódáil ar a suíomhanna. Ní bheidh tionchar ag na ceanglais nua ar uaslódáil neamhthráchtála saothar atá faoi chóipcheart chuig ciclipéidí ar líne amhail Vicipéid. Glacadh Treoir (AE) 2019/789 (an Treoir CabSat) ar an lá céanna agus é mar aidhm léi méadú a dhéanamh ar líon na gclár teilifíse agus raidió atá ar fáil ar líne do thomhaltóirí AE. Sa bhreis ar a gcraoltaí traidisiúnta tá méadú ag teacht ar na seirbhísí ar líne atá á dtairiscint ag na heagraíochtaí craolacháin, ós rud é go bhfuil úsáideoirí ag súil le rochtain a bheith acu ar inneachar teilifíse agus raidió ag aon am, in aon áit. Leis an treoir tugtar isteach prionsabal na tíre tionscnaimh chun éascú a dhéanamh ar cheadúnú na gceart do

chláir áirithe a chuireann craoltóirí ar fáil ar a n-ardáin ar líne (e.g. comhchraoladh agus seirbhísí teilifíse athdheise). Beidh ar chraoltóirí ceadanna cóipchirt a fháil ina dtír bhunaithe de chuid AE (i.e. an tír thionscnaimh) chun cláir raidió, nuacht teilifíse agus cláir maidir le cúrsaí reatha, chomh maith le léiriúcháin atá maoinithe go hiomlán ag na craoltóirí féin a chur ar fáil ar líne i ngach tír de chuid AE. Bhí an 7 Meitheamh 2021 mar spriocdháta ag na Ballstáit chun reachtaíocht iomchuí a rith chun ceanglais na treorach a chomhlíonadh.

Le Treoir (AE) 2017/1564 an 13 Meán Fómhair 2017 maidir le húsáidí áirithe ceadaithe saothar áirithe agus ábhar eile atá faoi chosaint cóipchirt agus cearta gaolmhara chun leasa daoine dalla, daoine lagamhairc nó daoine atá faoi mhíchumas léitheoireachta cló ar aon bhealach eile, déantar rochtain ar leabhair agus ar ábhar eile clóite i bhformáidí iomchuí agus a gcúrsaíocht laistigh den mhargadh aonair a éascú.

Is éard is aidhm le Rialachán (AE) 2017/1128 an 14 Meitheamh 2017 maidir le hinaistritheacht trasteorann seirbhísí inneachair ar líne sa mhargadh inmheánach ná a áirithiú gur féidir le tomhaltóirí a cheannaíonn scannáin, craoltaí spóirt, ceol, r-leabhair agus cluichí nó a bhfuil síntiús acu lena n-aghaidh, rochtain a fháil orthu agus iad ag taisteal chuig Ballstáit eile AE.

**b.** An tréimhse chosanta do chóipcheart agus do chearta gaolmhara

Cosnaítear na cearta sin ar feadh an tsaoil agus ar feadh 70 bliain tar éis bhás an údair/an chruthaitheora. Le Treoir 2011/77/AE lena leasaítear Treoir 2006/116/CE maidir leis an tréimhse chosanta do chóipcheart agus do chearta gaolmhara áirithe cuireadh síneadh leis an tréimhse cosanta cóipchirt do thaibheoirí taifeadtaí fuaime ó 50 bliain go 70 bliain tar éis iad a bheith taifeadta, agus go dtí 70 bliain tar éis bhás an údair i gcás údair cheoil, amhail cumadóirí agus liriceoirí. Tá an tréimhse 70 bliain ina caighdeán idirnáisiúnta anois chun taifeadtaí fuaime a chosaint. Faoi láthair, déanann 64 thír ar fud an domhain taifeadtaí fuaime a chosaint ar feadh 70 bliain nó níos faide.

**c.** Ríomhchláir agus bunachair sonraí

Le Treoir 91/250/CEE, cuireadh de cheangal ar na Ballstáit ríomhchláir a chosaint trí chóipcheart, mar shaothair liteartha faoi Choinbhinsiún Bheirn chun Saothair Liteartha agus Ealaíonta a Chosaint. Rinneadh é a chódú le Treoir 2009/24/CE. Le Treoir 96/9/CE (An Treoir maidir le Bunachar Sonraí), foráiltear do chosaint dhlithiúil bunachar sonraí, lena sainmhínítear bunachar sonraí mar 'bhailiúchán saothar neamhspleách, sonraí neamhspleácha nó ábhair neamhspleácha eile a chuirtear i dtoll a chéile ar bhealach córasach nó rianúil agus a bhfuil rochtain ar gach ceann acu trí mheáin leictreonacha nó trí mheáin eile'. Sonraítear sa treoir go bhfuil bunachair sonraí cosanta araon ag cóipcheart, lena gcuimsítear cruthú intleachtúil, agus ag ceart *sui generis* lena gcosnaítear infheistíocht (airgid, acmhainní daonna, iarrachta agus fuinnimh) a dhéantar maidir leis an inneachar a fháil, a fhíorú nó a chur i láthair. An 23 Feabhra 2022, thíolaic an Coimisiún togra le haghaidh rialachán nua maidir le rialacha comhchuibhithe i ndáil le rochtain chothrom ar shonraí agus le húsáid sonraí (an Gníomh um Shonraí) arb é is aidhm leis cothroime a áirithiú i leithdháileadh luacha ó shonraí i measc gníomhaithe sa gheilleagar sonraí agus rochtain ar shonraí agus úsáid sonraí a chothú. Tar éis dianobair reachtach a dtacaíonn taighde acadúil[1]

[1]Leistner M. agus Antoine L., '*IPR and the use of open data and data sharing initiatives by public and private actors*' [Cearta Maoine Intleachtúla agus an úsáid a bhaineann gníomhaithe poiblí agus príobháideacha as sonraí oscailte agus tionscnaimh chomhroinnte sonraí], An Roinn Beartais um Chearta na Saoránach agus um Ghnóthaí Bunreachtúla, Parlaimint na hEorpa, Bealtaine 2022.

léi, ghlac seisiún iomlánach na Parlaiminte seasamh ar an gcéad léamh ar an togra seo an 9 Samhain 2023. An 30 Bealtaine 2022, ghlac an Pharlaimint agus an Chomhairle an Gníomh um Rialachas Sonraí, lena dtugtar isteach sásraí chun athúsáid catagóirí áirithe sonraí ón earnáil phoiblí atá faoi chosaint a éascú, muinín as seirbhísí idirghabhála sonraí a mhéadú agus altrúchas ó thaobh sonraí de a chothú ar fud AE.

**d.** Cumainn bailithe dleachtanna

Ní mór ceadúnas a fháil ó shealbhóirí éagsúla an chóipchirt agus na gceart gaolmhar sular féidir inneachar atá cosanta ag na cearta sin a scaipeadh. Féadfaidh sealbhóirí na gceart a gcearta a chur faoi chúram cumann bailithe dleachtanna, a bhainistíonn na cearta sin thar a gceann. Ach amháin más ann do chúiseanna a bhfuil údar cuí leo ag eagraíocht bailithe dleachtanna chun diúltú do bhainistíocht a dhéanamh, tá sé d'oibleagáid uirthi na cearta sin a bhainistiú. Le Treoir 2014/26/AE maidir le comhbhainistiú a dhéanamh ar chóipcheart agus ar chearta gaolmhara agus ar cheadúnú ilchríochach na gceart i saothair cheoil d'úsáid ar líne sa mhargadh inmheánach, leagtar síos ceanglais maidir le heagraíochtaí bailithe dleachtanna, d'fhonn ardchaighdeáin rialála, bainistíochta airgeadais, trédhearcachta agus tuairiscithe a áirithiú. Is éard is aidhm léi ná a áirithiú go mbeidh cead labhartha ag sealbhóirí na gceart maidir le bainistiú a gceart agus beartaítear léi go bhfeidhmeofar eagraíochtaí bailithe dleachtanna ar bhealach níos fearr trí bhíthin caighdeáin ar fud AE. Ní mór do na Ballstáit a áirithiú go ngníomhóidh eagraíochtaí bailithe dleachtanna ar mhaithe le leas shealbhóirí na gceart a ndéanann siad ionadaíocht ar a gcearta.

**3.** Paitinní

Is éard atá i bpaitinn ná teideal dlíthiúil is féidir a bhronnadh i gcás aireagán ar bith de chineál teicniúil, ar choinníoll go bhfuil sé nua, go bhfuil céim airgtheach bainteach leis agus go bhféadfadh feidhm thionsclaíoch a bheith aige. Tugann paitinn an ceart don úinéir cosc a chur ar dhaoine eile an t-aireagán a dhéanamh, a úsáid nó a dhíol gan chead. Tugann paitinní spreagadh do chuideachtaí an infheistíocht is gá a dhéanamh i nuálaíocht, agus spreagadh do dhaoine aonair agus do chuideachtaí acmhainní a úsáid ar mhaithe le taighde agus forbairt. San Eoraip, is féidir aireagáin theicniúla a chosaint trí phaitinní náisiúnta a dheonaíonn na húdaráis inniúla náisiúnta, nó trí phaitinní Eorpacha a dheonaíonn Oifig Eorpach na bPaitinní (OEP) go lárnach. Is brainse feidhmiúcháin é OEP de chuid Eagraíocht Eorpach na bPaitinní, a bhfuil 39 stát chonarthacha anois faoina cúram. Níl AE féin ina bhall den eagraíocht seo.

D'fhormheas an Pharlaimint agus an Chomhairle an bunús dlí in 2012 le haghaidh paitinn Eorpach a bhfuil éifeacht aonadach léi (paitinn aonadach) tar éis do na Ballstáit na blianta a chaitheamh i mbun plé ina leith. Bunaítear dá bhrí sin dlínse paitinní aonair agus speisialaithe le comhaontú idirnáisiúnta idir na Ballstáit.

Tar éis don Chúirt Bhreithiúnais (CBAE) an pacáiste paitinní a dhearbhú i mbreithiúnas uaithi an 5 Bealtaine 2015 i gcásanna C-146/13 agus C-147/13, bhí an bealach réitithe le haghaidh fíorphaitinn Eorpach. Tá an córas a bhí ann roimhe sin ann i gcomhthráth leis an gcóras nua le bearta idirthréimhseacha i bhfeidhm.

Ó tháinig sí i bhfeidhm an 1 Meitheamh 2023, chuir paitinn aonadach an Aontais, arna deonú ag Oifig na bPaitinní Eorpacha, cosaint aonfhoirmeach a bhfuil an éifeacht chéanna léi ar fáil i ngach tír rannpháirteach de chuid an Aontais. Beidh an rogha ag gnólachtaí a n-aireagáin a chosaint i mBallstáit AE uile le fíorphaitinn AE. Beidh siad in ann agóid a dhéanamh i gcoinne paitinní aonadacha agus iad a chosaint i gcás cúirte aonair trí Chúirt Aontaithe na bPaitinní (UPC). Leis sin, déanfar an córas

a chuíchóiriú agus sábhálfar airgead maidir le costais aistriúcháin. Foráiltear leis an gComhaontú maidir le Cúirt Aontaithe na bPaitinní (UCPA) nach mór tosaíocht dhlí AE a urramú (Airteagal 20 UCPA) agus go mbeidh cinntí ó CBAE ina gceangal ar UPC. Is cúirt í UPC atá i gcoiteann ag 17 mBallstát de chuid an Aontais faoi láthair. Tá sé comhdhéanta de Chúirt Chéadchéime, Cúirt Achomhairc agus Clárlann. Tá struchtúr díláraithe ag an gCúirt Chéadchéime agus tá rannán lárnach aici i bPáras le rannóg in München, chomh maith le rannáin réigiúnacha agus áitiúla éagsúla ar fud na hEorpa. Is i Lucsamburg atá an Chúirt Achomhairc lonnaithe agus déanann sí cinneadh maidir le hachomhairc i gcoinne bhreitheanna na Cúirte Céadchéime agus maidir le hiarrataí ar chinntí críochnaitheacha na Cúirte a athéisteacht.

**4.** Rúin trádála

Tá an nós maidir le faisnéis ghnó ('fios gnó') a choimeád faoi rún ann leis na céadta bliain. Is ann d'ionstraimí dlí chun rúin trádála a chosaint i roinnt mhaith tíortha, bídís sainmhínithe mar chuid de CMI nó ná bíodh. Ní féidir comparáid a dhéanamh idir an leibhéal cosanta a thugtar d'fhaisnéis rúnda agus réimsí eile de dhlí na maoine intleachtúla amhail paitinní, cóipchearta agus trádmharcanna, ach is féidir leis a bheith i bhfeidhm i bprionsabal ar feadh tréimhse éiginnte seachas ar feadh tréimhse theoranta. Bíonn níos mó éagsúlachta ann ó thír go tír maidir le rúin trádála a chosaint ná mar a bhíonn i réimsí eile de dhlí CMI, agus is féidir níos mó buntáistí fós a bheith ag baint leis agus is féidir leis a bheith níos saoire ná cosaint fhoirmiúil paitinne a lorg. Ó 2016 i leith, is ann do chreat dlíthiúil AE, eadhon Treoir (AE) 2016/943 maidir le fios gnó agus faisnéis ghnó neamhnochta (rúin trádála) a chosaint ar iad a fháil, a úsáid agus a nochtadh go neamhdhleathach.

**5.** CMI i gcás cineálacha plandaí

Cineál CMI is ea cosaint cineálacha plandaí, ar a dtugtar freisin 'ceart na bpóraitheoirí plandaí' a dheonaítear do phóraitheoir cineálacha nua plandaí. Rannchuidíonn córas cosanta AE do chineálacha plandaí, atá bunaithe ar phrionsabail Ionstraim 1991 maidir leis an gCoinbhinsiún Idirnáisiúnta do Chosaint Cineálacha Nua Plandaí, leis an bhforbairt ar thalmhaíocht agus ar ghairneoireacht. Bunaíodh córas chun cearta maidir le cineálacha plandaí a chosaint le reachtaíocht AE. Leis an gcóras sin ceadaítear CMI a dheonú do chineálacha plandaí. Is í an Oifig Comhphobail um Chineálacha Plandaí a dhéanann an scéim sin a chur chun feidhme agus a chur i bhfeidhm.

**6.** Tásca geografacha

Faoi chóras CMI de chuid AE, tugtar cosaint dhlíthiúil d'ainmneacha táirgí a chláraítear mar tháirgí a bhfuil tásc geografach acu ar aithris agus ar mhí-úsáid laistigh de AE agus i dtíortha nach tíortha de chuid AE iad lena bhfuil comhaontú sonrach cosanta sínithe. Is féidir tásc geografach a dheonú d'ainmneacha táirgí i gcás ina bhfuil ceangal sonrach acu leis an áit ina ndéantar an táirge. Leis an aitheantas sin, cuirtear ar chumas na dtomhaltóirí muinín a bheith acu as táirgí ar ardchaighdeán agus idirdhealú a dhéanamh eatarthu agus ag an am céanna cabhraítear freisin le táirgeoirí margaíocht níos fearr a dhéanamh ar a dtáirgí. Aithnítear tásca geografacha mar mhaoin intleachtúil, agus tá tábhacht mhéadaitheach lena ról sa chaibidlíocht trádála idir AE agus tíortha eile. Ar an 31 Márta 2022, chuir an Coimisiún togra reachtach maidir le tásca geografacha AE le haghaidh fíona, deochanna biotáilleacha agus táirgí talmhaíochta, agus scéimeanna cáilíochta le haghaidh táirgí talmhaíochta, ar aghaidh, agus ghlac Parlaimint a seasamh ar an togra an 1 Meitheamh 2023. An 12 Meán Fómhair 2023, ghlac an Pharlaimint a seasamh ar rialachán ó Pharlaimint

na hEorpa agus ón gComhairle maidir le tásca geografacha a chosaint le haghaidh táirgí ceardaíochta agus tionsclaíocha agus lena leasaítear Rialacháin (AE) 2017/1001 agus (AE) 2019/1753. Tugann sé sin tásca geografacha do tháirgí tionsclaíocha ar féidir iad a nascadh lena limistéar geografach táirgthe (amhail sceanra Albacete, gloine Bohemian agus poirceallán Limoges) atá cosúil leis an gcosaint a thugtar do bhia nó deochanna a tháirgtear go réigiúnach.

Ar an leibhéal idirnáisiúnta, le Cinneadh (AE) 2019/1754 ón gComhairle an 7 Deireadh Fómhair 2019 maidir le haontachas an Aontais Eorpaigh le hIonstraim na Ginéive de Chomhaontú Liospóin i dtaca le hAinmniúcháin Tionscnaimh agus Tásca Geografacha, ainmnítear EUIPO mar an t-údarás inniúil i ndáil le tásca geografacha.

**7.** Góchumadh a chomhrac

De réir na meastachán, is ionann allmhairí earraí góchumtha agus bradacha isteach in AE agus thart ar EUR 85 bhilliún (suas le 5% de na hallmhairí uile). Ar fud an domhain, is ionann an trádáil in earraí bradacha agus 2.5% den trádáil iomlán agus is fiú suas le EUR 338 mbilliún é, rud a dhéanann dochar suntasach do shealbhóirí na gceart, do rialtais agus do gheilleagair.

Toisc go raibh na difríochtaí sna córais náisiúnta maidir le pionós a ghearradh ar ghóchumadh agus ar phíoráideacht ag cruthú deacrachtaí do na Ballstáit na cionta sin a chomhrac go héifeachtach, ghlac an Pharlaimint agus an Chomhairle Treoir 2004/48/CE maidir le forfheidhmiú na gceart maoine intleachtúla mar chéad chéim. Féachtar leis an Treoir sin an comhrac i gcoinne na píoráideachta agus an ghóchumtha a threisiú trí chomhfhogasú a dhéanamh ar na córais reachtacha náisiúnta chun leibhéal ard coibhéiseach aonchineálach maidir le cosaint maoine intleachtúla a áirithiú sa mhargadh aonair agus déantar foráil ann do bhearta, do nósanna imeachta agus do chúiteamh faoin dlí sibhialta agus riaracháin. Le Rialachán (AE) Uimh. 608/2013 maidir leis an bhforfheidhmiú a dhéanann údaráis chustaim ar chearta maoine intleachtúla, leagtar síos rialacha nós imeachta chun gur féidir leis na húdaráis chustaim CMI a fhorfheidhmiú i ndáil le hearraí ar a ndlitear maoirseacht chustaim nó seiceálacha custaim a dhéanamh.

**B.** An coincheap maidir le 'hídiú' na gceart

**1.** Sainmhíniú

Ciallaíonn an coincheap nó an foirceadal dlíthiúil sin a bhfuil feidhm aige maidir le réimsí uile na maoine tionsclaíche, tar éis do shealbhóir CMI nó do dhaoine eile táirge atá cumhdaithe ag CMI (e.g. paitinn) a dhíol le toiliú an úinéara, go bhfuil an CMI ídithe. In AE, ba é an léirmhíniú a bhí ag CBAE i gcónaí ar Chonarthaí AE ná go gciallaítear go ndéantar na cearta a thugtar le CMI a ídiú laistigh den mhargadh aonair de bhua na n-earraí ábhartha a chur ar an margadh (ag sealbhóir na gceart nó le toiliú uaidh/uaithi). Ní féidir le dílseánach a bhfuil ceart maoine intleachtúla tionsclaíche nó tráchtála aige nó aici, atá faoi chosaint an dlí i mBallstát amháin an dlí sin a agairt chun onnmhairiú táirgí atá curtha i gcúrsaíocht i mBallstát eile a chosc.

**2.** Teorainneacha

Níl feidhm ag 'ídiú' chearta AE i gcás margaíocht a dhéantar ar tháirge góchumtha, nó i gcás táirgí a ndéantar margaíocht orthu lasmuigh den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (Airteagal 6 de Chomhaontú TRIPS). In 1999, rialaigh CBAE, ina bhreithiúnas maidir le *Sebago Inc. agus Ancienne Maison Dubois et Fils SA* v *GB-Unic SA* (C-173/98), nach

bhféadfadh na Ballstáit foráil a dhéanamh ina ndlí intíre i leith ídiú na gceart a thugtar leis an trádmharc i leith táirgí a chuirtear ar an margadh i dtíortha nach Ballstáit iad.

**3.** Gníomhartha dlí sa réimse sin

Den chuid is mó, is é an léirmhíniú a dhéantar le dlí-eolaíocht CBAE ar Airteagal 34 CFAE maidir le bearta a bhfuil éifeacht choibhéiseach acu i leith srianta cainníochtúla idir na Ballstáit is siocair le rialacha AE maidir le hídiú[2]. Déantar an dlí-eolaíocht sin a léiriú i ngach ceann de na codanna ábhartha de dhlí AE a bhaineann le CMI.

**C.** Cásdlí le deanaí ó CBAE

In 2012, dhearbhaigh CBAE i gcás SAS (C-406/10), i gcomhréir le Treoir 91/250/CEE, gurb é léiriú ríomhchláir, agus é sin amháin, atá cosanta ag cóipcheart agus nach bhfuil na smaointe agus prionsabail atá mar bhonn dá loighic, dá algartaim agus dá theangacha ríomhchlárúcháin cosanta faoin treoir sin (mír 32 den bhreithiúnas). Cuireadh i bhfios go láidir ann nach ionann feidhmiúlacht ríomhchláir ná an teanga ríomhchlárúcháin agus formáid na gcomhad sonraí a úsáidtear i ríomhchlár chun leas a bhaint as feidhmeanna áirithe agus foirm léirithe an ríomhchláir sin chun críocha Airteagal 1(2) de Threoir 91/250/CEE (mír 39).

Ina breithiúnas i gCás C-160/15 (*GS Media BV* v *Sanoma Media Netherlands BV agus Eile*), d'fhógair CBAE nach ionann hipearnasc a phostáil ar shuíomh gréasáin chuig saothair atá faoi chosaint ag cóipcheart agus a fhoilsítear gan cead ón údar ar shuíomh gréasáin eile agus 'cumarsáid leis an bpobal' nuair nach ndéanann an duine a phostálann an nasc sin brabús airgeadais agus nuair a ghníomhaíonn an duine i ngan fhios dó gur foilsíodh na saothair sin go neamhdhleathach.

Ina breithiúnas i gCás C-484/14 an 15 Meán Fómhair 2016, chinn CBAE gurb ionann líonra Wi-Fi a chur ar fáil don phobal i gcoitinne saor in aisce, chun aird custaiméirí ionchasacha a tharraingt ar earraí agus ar sheirbhísí siopa, agus 'seirbhís na sochaí faisnéise' faoi Threoir 2000/31/CE, agus dearbhaítear leis, faoi choinníollacha áirithe, nach bhféadfar aon dliteanas a chur ar sholáthraí seirbhíse a sholáthraíonn rochtain ar líonra cumarsáide. Mar thoradh air sin, níl sealbhóirí cóipchirt i dteideal cúiteamh a éileamh ar na forais gur bhain tríú páirtithe úsáid as an líonra chun a gcearta a shárú. Tríd an nasc idirlín a dhaingniú le pasfhocal, áirithítear cothromaíocht idir CMI na sealbhóirí ceart ar thaobh amháin, agus an tsaoirse maidir le gnó soláthraithe rochtana a sheoladh agus saoirse faisnéise úsáideoirí an líonra ar an taobh eile.

## RÓL PHARLAIMINT NA HEORPA

Le maoin intleachtúil, cruthaítear breisluach do ghnólachtaí agus do gheilleagair AE. Leis an gcosaint aonfhoirmeach a thugann sí agus le forfheidhmiú na cosanta sin, rannchuidítear le cur chun cinn na nuálaíochta agus an fháis eacnamaíoch. Dá bhrí sin, tá Parlaimint na hEorpa tiomanta dá hiarrachtaí CMI a chomhchuibhiú trí chóras aonair AE a chruthú i gcomhthráth leis na córais náisiúnta, mar is amhlaidh i gcás trádmharc agus dearadh de chuid AE, agus i gcás na paitinne aonadaí Eorpaí.

I rúin éagsúla maidir le CMI, agus go háirithe maidir le cosaint dhlíthiúil bunachar sonraí, aireagán bith-theicneolaíoch agus cóipchirt, rinne an Pharlaimint cás chun cearta den sórt sin a chomhchuibhiú de réir a chéile. Ina theannta sin, tá an Pharlaimint i gcoinne baill de chorp an duine a phaitinniú. An 27 Feabhra 2014, ghlac an Pharlaimint rún

[2]Féach *Centrafarm agus Adriaan de Peijper* v *Sterling Drug Inc* (Cás C-15/74), agus *Merck agus Co Inc.* v *Stephar BV agus Petrus Stephanus Exler* (Cás C-187/80).

féintionscnaimh maidir le tobhaigh ar chóipeáil phríobháideach (an ceart cóipeanna príobháideacha a dhéanamh d'inneachar a fuarthas go dleathach), ós rud é go bhfuil mórthábhacht eacnamaíoch ag baint le cóipeáil phríobháideach dhigiteach mar thoradh ar an dul chun cinn teicneolaíoch. Bhí ról thar a bheith gníomhach ag an bParlaimint freisin maidir le dréachtú chonradh EDMI ar eisceachtaí ó chóipcheart do dhaoine lagamhairc (Conradh Marrakech).

Mar chuid den réamhobair maidir leis an athbhreithniú ar rialacha cóipchirt AE (féach A.2.a), i mí Mheán Fómhair 2018, ghlac an Pharlaimint tuarascáil ina raibh roinnt moltaí tábhachtacha maidir le gach saincheist atá i dtreis faoi láthair. Le linn an phróisis reachtaigh bhí díospóireacht phoiblí theasaí ann maidir le hAirteagail 11 agus 13 den dréacht-treoir maidir le cóipcheart sa mhargadh aonair digiteach. Mar thoradh ar an díospóireacht seo, vótáil an Pharlaimint i bhfábhar tacú le hiarrachtaí maidir le ceart nua a chruthú d'fhoilsitheoirí meán chun luach airgid a chur ar inneachar ar ardáin mhóra nuachta áirithe agus ceart nua lena bhfágtar gur fusa sáruithe cóipchirt a rianú ar an idirlíon. Cé go raibh an tionscal cruthaitheach thar a bheith sásta, rinne ionadaithe ó chuideachtaí teicneolaíochta cáineadh géar ar na tograí. I ndeireadh na dála, le vóta na Parlaiminte leagadh síos an bunéirim arís chun Treoir AE maidir le Cóipcheart a ghlacadh.

Léiríonn taighde arna ullmhú don Choiste um Ghnóthaí Dlíthiúla den Pharlaimint agus arna choimisiúnú ag a Roinn Beartais um Chearta na Saoránach agus um Ghnóthaí Bunreachtúla go ndéanann an intleacht shaorga (IS) neamhaird ar thús cadhnaíochta na cosanta cóipchirt, go háirithe maidir le IS a oiliúint ar ábhar faoi chóipcheart nó sonraí cosanta gan é a nochtadh agus ar ghiniúint ábhair ina dhiaidh sin ag IS[3] sin. Ina theannta sin, le roinnt socruithe conarthacha éascaítear creimeadh ceart maoine intleachtúla ó shonraí nó ceadaítear leo cearta maoine intleachtúla na n-ábhar a ghabháil ar láimh, ar an mbonn gur foilsíodh iad ar ardán ar leith nó gur tharla an cruthú/ aireagán sin faoi chuimsiú conartha seirbhíse. Cuimsíonn na socruithe den sórt sin:

— socruithe dlíthiúla lena mbaintear cearta maoine intleachtúla d'úsáideoirí nó lena gcuirtear iallach orthu ceadúnais nach n-íoctar a thabhairt uathu maidir le hábhar a chuirtear ar sheirbhísí agus ar fhreastalaithe ardán digiteach, agus/nó a aistríonn na cearta sin chuig na hardáin,

— conarthaí ceannaigh trína nglacann ardáin seilbh ar chearta maoine intleachtúla na gcruthaitheoirí,

— socruithe dlíthiúla lena mbaintear cearta maoine intleachtúla d'fhostaithe, d'aireagóirí nó do chruthaitheoirí i ndáil le hábhar a chruthaítear le linn a bhfostaíochta nó a seirbhíse, agus/nó a aistríonn na cearta sin chuig an bhfostóir ('obair ar fruiliú')[4].

Is í an Roinn Beartais um Chearta na Saoránach agus um Ghnóthaí Bunreachtúla a d'ullmhaigh an bhileog eolais seo.

[3]Maciejewski, M., '*Metaverse*' [Meiteachruinne], An Roinn Beartais um Chearta na Saoránach agus um Ghnóthaí Bunreachtúla, Parlaimint na hEorpa, Meitheamh 2023, lch. 57.

[4]Macrez, F. et al., '*Buyout contracts imposed by platforms in the cultural and creative sector*' [Conarthaí ceannaigh arna bhforchur ag ardáin in earnáil an chultúir agus na cruthaitheachta], An Roinn Beartais um Chearta na Saoránach agus um Ghnóthaí Bunreachtúla, Parlaimint na hEorpa, Deireadh Fómhair 2023; Maciejewski, M., '*Metaverse*' [Meiteachruinne], An Roinn Beartais um Chearta na Saoránach agus um Ghnóthaí Bunreachtúla, Parlaimint na hEorpa, Meitheamh 2023.

Udo Bux / Mariusz Maciejewski
11/2023

# 2.1.13. OIBRITHE A PHOSTÚ

Oibrí is ea 'oibrí ar postú' atá curtha ag a fhostóir nó ag a fostóir chuig Ballstát eile de chuid an Aontais chun seirbhís a sholáthar ar bhonn sealadach. Is saoirsí bunúsacha iad saoirse bunaíochta agus saoirse chun seirbhísí a sholáthar a chumhdaítear sa Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE). Is é an prionsabal lena rialaítear stádas na n-oibrithe ar postú ná 'pá comhionann as an obair chéanna san áit chéanna'.

## BUNÚS DLÍ

Airteagail 54 agus 56 go 62 CFAE.

## CUSPÓIRÍ

Fostaí is ea 'oibrí ar postú' atá curtha ag a fhostóir nó ag a fostóir chuig Ballstát eile de chuid an Aontais chun seirbhís a dhéanamh ar bhonn sealadach. Breathnaítear de ghnáth ar dhlí an Aontais maidir le hoibrithe ar postú mar iarracht spriocdhírithe chun rialáil agus cóimheá a dhéanamh ar an dá phrionsabal seo a leanas:

— cothrom iomaíochta a chruthú do sholáthar seirbhísí trasteorann ar bhealach atá chomh neamhshrianta agus is féidir;

— cearta oibrithe ar postú a chosaint trí shraith choiteann de chearta sóisialta a ráthú chun cóir éagórach a sheachaint agus chun cruthú lucht saothair ísealchostais a sheachaint.

## A BHFUIL BAINTE AMACH

**A.** Stair na Treorach maidir le hOibrithe a Phostú

Tagann an Treoir maidir le hOibrithe a Phostú (TOP) ón tsaoirse chun seirbhísí a sholáthar (Airteagal 56 CFAE) agus ó thiomantas an Aontais i leith deireadh a chur le bacainní ar shaorghluaiseacht seirbhísí trasteorann laistigh den mhargadh inmheánach. Nuair a leathnaigh an tAontas Eorpaigh in 1986, le haontachas na Spáinne agus na Portaingéile, tugadh an tsaincheist maidir le soláthar seirbhísí trasteorann chun tosaigh sa díospóireacht ar an margadh inmheánach. Tar éis sáinn reachtach a mhair deich mbliana, ba de thoradh breithiúnas ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh (CBAE) (C-113/89), in éineacht le haontachas na hOstaire. na Fionlainne agus na Sualainne, a bhí, ar deireadh, ina chúis le treoir a ghlacadh chun go ndéanfaí staid na n-oibrithe ar postú a rialáil.

Glacadh an chéad treoir an 16 Nollaig 1996. Bhunaigh an treoir sin sraith de théarmaí fostaíochta agus dálaí oibre íosta agus 'diongbháilte' (amhail tréimhsí oibre uasta, saoire bhliantúil íoctha íosta, íosrátaí pá, sláinte agus sábháilteacht ag an obair etc.). Don chuid eile den chaidreamh fostaíochta, bheadh feidhm fós ag rialacha dlí saothair na tíre a chuireann na hoibrithe anonn. Maidir le slándáil shóisialta, bhí oibrithe ar postú fós curtha faoi árachas sa chóras slándála sóisialta ina dtír dhúchais ar choinníoll gur mhair an postú ar feadh níos lú ná dhá bhliain de ghnáth. A mhéid a bhain le cánachas, ar feadh 183 lá, d'fhan an ceart chun cáin ioncaim a ghearradh leis an tír a chuir na

hoibrithe anonn, agus níor aistríodh an ceart sin chuig an tír a ghlac leo ach i ndiaidh na tréimhse sin a dhul in éag.

Dá bhrí sin, d'fhéadfadh difreálacha costais saothair idir oibrithe áitiúla agus oibrithe ar postú a bheith suntasach, ag brath ar leibhéil phá, ranníocaíochtaí slándála sóisialta agus cáin ioncaim atá le híoc.

Sna blianta tar éis ghlacadh an chéad TOP, d'ardaigh cur chun feidhme, léirmhíniú dlíthiúil agus rialáil an cháis ar leith maidir le hoibrithe ar postú trí dhúshlán shonracha:

— bearnaí pá agus éagsúlacht i gcostais saothair a bhí ag dul i méid, rud a d'fhág go raibh sé níos tarraingtí do ghnólachtaí oibrithe ar postú a úsáid; mar thoradh air sin, idir 2010 agus 2014 tháinig méadú 44.4 % ar líon na bpostuithe;

— timpeallacht a bhféadfadh droch-chleachtais bláthú inti, amhail postú uainíochta nó cleachtais de chineál 'cuideachtaí bosca litreach', a bhain buntáiste as easnaimh sa treoir chun dul timpeall ar reachtaíocht fostaíochta agus slándála sóisialta agus iad i mbun oibríochtaí i mBallstáit eile;

— easpa soiléireachta sna caighdeáin a bhí leagtha síos agus laigí sa chomhar idir na húdaráis, bíodh sin laistigh de na Ballstáit nó trasna teorainneacha, rud a chruthaigh fadhbanna do na comhlachtaí forfheidhmithe.

I bhfianaise na bhforálacha maidir leis an mbeartas sóisialta a tugadh isteach sna Conarthaí Eorpacha ón athbhreithniú ar Chonradh Liospóin 2007 i leith, bhíothas in amhras an ionstraim leormhaith dlí ab ea TOP 1996 chun cothrom iomaíochta a áirithiú do sholáthar seirbhísí trasteorann neamhshrianta agus ag an am céanna bunús leormhaith do chearta sóisialta na n-oibrithe a chur ar fáil. Sna cásanna ina bhfágann TOP an fhreagracht as cur chun feidhme agus forfheidhmiú caighdeán íosta fostaíochta ag na Ballstáit, braitheann sé ar rialuithe ón gCúirt Bhreithiúnais chun an téarmaíocht in TOP a léirmhíniú. Mar sin féin, ní dhearna rialuithe ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh ó ghlacadh TOP an tsoiléireacht dhlíthiúil riachtanach sin a chur ar fáil. Mar a thug an Coimisiún dá aire go dlisteanach, ghin an easpa caighdeán soiléir éiginnteacht maidir le rialacha agus deacrachtaí praiticiúla do na comhlachtaí atá freagrach as forfheidhmiú na rialacha sa Bhallstát óstach; don soláthraí seirbhíse nuair atá an pá atá dlite d'oibrí ar postú á chinneadh aige; agus do na hoibrithe ar postú iad féin ó thaobh a bhfeasachta ar a dteidlíochtaí de. Ina theannta sin, lena ceithre bhreithiúnas in 2007/2008 sna cásanna Viking (C-438/05), Laval (C-341/05), Rüffert (C-346/06) agus an Coimisiún vs Lucsamburg (C-319/06), thiontaigh Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh na caighdeáin fostaíochta a bhí ceaptha mar chaighdeáin íosta in TOP i dtús báire isteach ina 'n-uasteorainneacha' maidir le téarmaí agus coinníollacha fostaíochta. Idir an dá linn, áfach, d'eisigh Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh dhá bhreithiúnas ag a bhfuil éifeacht níos cosantaí d'oibrithe ar postú: i gcás Sähköalojen ammattiliittory (C-396/13), rialaigh sí gur cheart an cleachtas maidir le hoibrithe a rangú i ngrúpaí pá éagsúla, atá ceangailteach agus trédhearcach go huilíoch i gcomhaontú comhchoiteann, a bheith curtha i bhfeidhm i ndáil le hoibrithe ar postú freisin. Le déanaí, rialaigh sí sa chás Regio-Post (C-115/14) go bhféadfaidh na Ballstáit a cheangal ar thairgeoirí i gconarthaí soláthair phoiblí agus ar a bhfochonraitheoirí pá íosta réamhshocraithe a íoc dá bhfostaithe.

**B.** Athchóirithe chun feidhmíocht a fheabhsú

I bhfianaise na n-easnamh sin, thug an Coimisiún faoi phróiseas athchóirithe ag féachaint le TOP bunaidh a nuashonrú agus an forfheidhmiú a neartú. Cuireadh san

áireamh sna hathchóirithe sin nuashonruithe ar na Conarthaí Eorpacha agus an treocht láidir aníos maidir le postú a úsáid.

An dá phríomhthogra reachtacha:

**1.** An Treoir um Fhorfheidhmiú 2014/67/AE

Cruthaíonn an Treoir um Fhorfheidhmiú 2014/67/AE creat coiteann dlíthiúil chun postú dlisteanach ar oibrithe a shainaithint agus ceadaítear léi na comhchaighdeáin a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorfheidhmiú ar bhealach níos aonfhoirmí. Leis an treoir, tugtar soiléiriú ar an sainmhíniú ar postú agus sainítear na freagrachtaí atá ar na Ballstáit a fhíorú go bhfuil TOP á comhlíonadh, go háirithe sna hearnálacha sin ar mó an baol go dtarlódh droch-chleachtais iontu, amhail earnáil na tógála nó an tarlaithe de bhóthar. Féachtar le comhar níos fearr a bhaint amach idir na húdaráis náisiúnta atá i gceann an phostaithe, trína leagan síos go bhfuil oibleagáid orthu freagairt d'iarrataí ar chúnamh agus trí sprioc-amanna a shocrú i dtaobh freagairt d'iarrataí ar fhaisnéis. Ar deireadh, is féidir anois na pionóis agus fíneálacha riaracháin a fhorchuireann Ballstát amháin ar sholáthraithe seirbhíse a fhorfheidhmiú agus a aisghnóthú i mBallstát eile.

**2.** Treoir Athbhreithnithe maidir le hOibrithe a Phostú

I mí an Mhárta 2016, mhol an Coimisiún go ndéanfaí athbhreithniú ar TOP bunaidh (96/70/CE) d'fhonn a áirithiú go ndéanfaí dlí saothair an Bhallstáit óstaigh a chur i bhfeidhm i gcás postú fadtéarmach, agus chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna amhail pá comhionann, infheidhmeacht comhaontuithe comhchoiteanna agus an chóir a chuirtear ar oibrithe gníomhaireachta sealadacha.

Ar fhoilsiú an togra sin, thíolaic 11 sheomra parlaiminte ó na Ballstáit éagsúla tuairim réasúnaithe, agus leis sin spreagadh seiceáil choimhdeachta – nós imeachta an chárta bhuí mar a thugtar air. Ba shaoth leis an gcuid is mó de na tuairimí go gcruthódh an togra míbhuntáiste iomaíoch dá gcuid oibrithe agus go gcaillfeadh na Ballstáit a gceart chun cinneadh a dhéanamh mar gheall ar bhundálaí oibre agus fostaíochta dá gcuid oibrithe gníomhaireachta sealadacha ar postú mar a fhoráiltear sa Treoir maidir le hObair Ghníomhaireachta Shealadach 2008.

Tar éis dianchaibidlíochta idir an Coimisiún, an Chomhairle agus Parlaimint na hEorpa, rinne an Chomhairle an Treoir athbhreithnithe a ghlacadh an 21 Meitheamh 2018. Agus éifeacht aici ón 30 Iúil 2020, déanann an Treoir athbhreithnithe maidir le hOibrithe ar Postú (Treoir AE 2018/957) difear do na réimsí seo a leanas:

— Postú fadtéarmach: Is féidir le postú maireachtáil ar feadh tréimhse suas go dtí 12 mhí, agus féadfar an tréimhse sin a fhadú go ceann sé mhí eile (is é 24 mhí a bhí molta ar dtús ag an gCoimisiún). I ndiaidh na tréimhse sin, beidh feidhm ag forálacha dhlí saothair an Bhallstáit óstaigh;

— Luach saothair: Na rialacha uile is infheidhme sa tír óstach maidir le hoibrithe áitiúla, beidh feidhm acu freisin maidir leis na hoibrithe ar postú go léir ón gcéad lá, i.e. beidh feidhm ag prionsabal an phá chomhionainn as an obair chéanna san áit chéanna. Maidir le gnéithe eile den luach saothair, tugann an t-athbhreithniú rialacha níos soiléire isteach maidir le liúntais, agus ní fhéadfar costais taistil, lóistín agus chóiríochta a asbhaint as tuarastail na n-oibrithe. Mar a shonraítear sa Treoir um Fhorfheidhmiú, caithfear na gnéithe éigeantacha arb ionann iad agus luach saothair i mBallstát a bheith ar fáil ar shuíomh gréasáin náisiúnta aonair;

— Dálaí oibre: Féadfaidh na Ballstáit comhaontuithe comhchoiteanna móra, ionadaíocha réigiúnacha nó earnála a chur i bhfeidhm. Roimhe seo, ní raibh sé seo bailí ach amháin i leith comhaontuithe comhchoiteanna a bhí infheidhme go huilíoch in earnáil na tógála. Sa mhéid a bhaineann le dálaí cóiríochta sa tír óstach, caithfear na rialacha náisiúnta atá ann cheana d'oibrithe áitiúla atá ag obair as baile a chur i bhfeidhm;

— Oibrithe gníomhaireachta sealadacha ar postú: Áirithíonn TOP athbhreithnithe go dtugtar cóir chomhionann d'oibrithe gníomhaireachta sealadacha ar postú. Na dálaí céanna is infheidhme maidir le gníomhaireachtaí fostaíochta sealadaí náisiúnta, beidh feidhm acu freisin maidir leis na gníomhaireachtaí trasteorann sin a chuireann oibrithe ar fáil;

— Iompar: Leagtar síos rialacha sonracha maidir le tiománaithe a phostú san earnáil iompair de bhóthar i dTreoir (AE) 2020/1057. I mbreithiúnas Dobersberger (C-16/18) an 19 Nollaig 2019, rinne Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh oibrithe a dhéanann seirbhísí ar bord ar thraenacha idirnáisiúnta a eisiúint ó raon feidhme TOP.

**C.** Tionscnaimh eile

In 2019, bhunaigh an Coimisiún an tÚdarás Eorpach Saothair (ELA) chun cur i bhfeidhm ceart na rialacha maidir le soghluaisteacht an lucht saothair agus slándáil shóisialta a ráthú. In 2023, sheol an tÚdarás Eorpach Saothair i gcomhar leis an gCoimisiún, an 'Clár Postaithe 360', creat comhair idir na geallsealbhóirí ábhartha d'fhonn malartú faisnéise a fheabhsú, comhar riaracháin a spreagadh agus eolas ar rialacha an Aontais agus ar rialacha náisiúnta maidir le hoibrithe a phostú a mhéadú.

## RÓL PHARLAIMINT NA HEORPA

Bhí Parlaimint na hEorpa fíorghníomhach maidir le reachtaíocht i leith saorghluaiseacht daoine agus seirbhísí a thabhairt isteach.

Ó 2014 i leith, tá sé curtha in iúl ag an bParlaimint i roinnt rún gur gá feabhas a chur ar TOP. Le linn na caibidlíochta ar an athbhreithniú ar TOP, bhí 'pá comhionann as obair chomhionann' á bhrú chun cinn ag an bParlaimint agus d'áitigh sí go sonrach go mbeadh na Ballstáit in ann comhaontuithe ar bhonn réigiúnach, earnála nó tionscail a chur i bhfeidhm. Sa bhreis air sin, d'iarr sí go gcuirfí ar chumas na mBallstát, trí bhíthin clásal athbhreithnithe, gnóthais choigríche a chur faoi na hoibleagáidí náisiúnta céanna sa chás go ndéanfaí obair ar fochonradh.

I mí an Mhárta 2021, chuir an Pharlaimint in iúl go raibh imní uirthi faoin easpa léirmhíniú comhchuibhithe atá ann faoi láthair maidir le TOP a athbhreithníodh le déanaí, agus d'iarr sí ar an gCoimisiún cúnamh díreach a thabhairt do na Ballstáit le linn phróiseas an trasuite ina iomláine chun léirmhíniú aonfhoirmeach ar dhlí na hEorpa a áirithiú. I rún an 20 Bealtaine 2021 maidir le tionchar rialacha AE ar shaorghluaiseacht oibrithe agus seirbhísí: soghluaisteacht an lucht saothair laistigh den Aontas mar uirlis chun freastal ar riachtanais agus scileanna mhargadh an tsaothair, tharraing an Pharlaimint aird ar staid thar a bheith leochaileach na n-oibrithe taistil, lena n-áirítear oibrithe ar postú, le linn phaindéim COVID-19 agus d'iarr sí go dtabharfaí aghaidh ar easnaimh struchtúracha sna creataí rialála Eorpacha agus náisiúnta. Chun na críche sin, d'iarr an Pharlaimint go bhfeabhsófaí cur chun feidhme, forfheidhmiú agus faireachán na Treorach athbhreithnithe maidir le hOibrithe a Phostú agus go mbunófaí

ionad ilfhreastail inar féidir le hoibrithe agus fostóirí rochtain a fháil ar sheirbhísí digiteacha maidir le soghluaisteacht an lucht saothair agus oibrithe a phostú.

In 2016, mhol an Coimisiún rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 maidir le comhordú na gcóras slándála sóisialta agus Rialachán (CE) Uimh. 987/2009 lena leagtar síos an nós imeachta chun Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 a chur chun feidhme. Bhí ar cheann de chuspóirí an togra soiléiriú a dhéanamh ar na rialacha atá ag teacht salach ar a chéile maidir leis an reachtaíocht is infheidhme agus ar an ngaol idir an Rialachán maidir le comhordú na slándála sóisialta agus an Treoir maidir le hOibrithe ar Postú. I mí na Nollag 2021, tháinig an Chomhairle agus Parlaimint na hEorpa ar chomhaontú sealadach maidir leis an gcomhad. Níor deimhníodh an comhaontú sin, áfach, agus tá an comhad ar feitheamh anois.

I rún an 25 Samhain 2021 maidir le pas slándála sóisialta Eorpach a thabhairt isteach chun feabhas a chur ar fhorfheidhmiú digiteach na gceart slándála sóisialta agus na soghluaisteachta cothroime, leag an Pharlaimint béim ar an ngá atá le hionstraim dhigiteach uile-Aontais do gach oibrí taistil, lena n-áirítear oibrithe ar postú. Le hionstraim den sórt sin, d'áiritheofaí sainaithint, inrianaitheacht, comhiomlánú agus inaistritheacht éifeachtach ceart slándála sóisialta agus chuirfí feabhas ar fhorfheidhmiú rialacha an Aontais maidir le soghluaisteacht an lucht saothair agus comhordú na slándála sóisialta i margadh an tsaothair ar bhealach cothrom agus éifeachtach. An 6 Meán Fómhair 2023, thíolaic an Coimisiún teachtaireacht maidir leis an digitiú i gcomhordú na slándála sóisialta. Leagtar amach sa teachtaireacht na tionscadail éagsúla atá á bhforbairt i réimse an digitithe, lena n-áirítear an tionscadal pas slándála sóisialta Eorpach (ESSPASS). Díríonn tionscadal ESSPASS ar dhigitiú a dhéanamh ar an bpróiseas chun doiciméid teidlíochta a iarraidh agus a fháil, agus ar fhíorú fíor-ama chun go mbeidh institiúidí slándála sóisialta, cigireachtaí saothair, soláthraithe cúraim sláinte agus eintitis ábhartha eile in ann na doiciméid sin a fhíorú láithreach ar fud na hEorpa.

Chun tuilleadh eolais a fháil faoin ábhar seo, téigh chuig suíomh gréasáin an Choiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta.

Aoife Kennedy
10/2023

# 2.2. COSAINT TOMHALTÓIRÍ AGUS AN TSLÁINTE PHOIBLÍ

# 2.2.1. BEARTAS TOMHALTÓIRÍ: PRIONSABAIL AGUS IONSTRAIMÍ

Le beartas éifeachtach cosanta tomhaltóirí, áirithítear go bhfeidhmíonn an margadh aonair go cuí. Déanfar cearta tomhaltóirí i gcoinne ceannaithe a choimirciú agus cosaint bhreise a chur ar fáil do thomhaltóirí leochaileacha. Is féidir le rialacha maidir le cosaint tomhaltóirí borradh a chur faoi thorthaí an mhargaidh ar an iomlán. Cuireann siad margaí níos cothroime chun cinn agus, le faisnéis níos fearr do thomhaltóirí, cothaíonn siad torthaí níos glaise agus níos sóisialta. Is príomhspriocanna beartais de chuid an Aontais iad tomhaltóirí a chumhachtú agus a leasanna a chosaint.

## BUNÚS DLÍ

Airteagail 4(2)(f), 12, 114 agus 169 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) agus Airteagal 38 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh.

## CUSPÓIRÍ

Chun leasanna tomhaltóirí a chur chun cinn agus chun ardleibhéal cosanta a áirithiú, ní mór don Aontas sláinte, sábháilteacht agus leasanna eacnamaíocha tomhaltóirí a chosaint. Ba cheart dó cearta na dtomhaltóirí chun faisnéise agus oideachais a chothú, agus iad féin a eagrú chun a leasanna a choimirciú. Ba cheart cosaint tomhaltóirí a chomhtháthú i ngach réimse beartais ábhartha de chuid an Aontais.

## GNÍOMHAÍOCHTAÍ

**A.** Ginearálta

Tá clár ghníomhaíocht AE i réimse na cosanta tomhaltóirí bunaithe ar an gClár Oibre Nua do Thomhaltóirí, arna ghlacadh an 13 Samhain 2020. Sa chlár oibre, cuirtear fís nuashonraithe i láthair maidir le beartas tomhaltóirí an Aontais ó 2020 go 2025, leis an teideal *Strengthening consumer resilience for sustainable recovery* [Athléimneacht tomhaltóirí a neartú ar mhaithe le téarnamh inbhuanaithe]. Tá sé mar aidhm leis freisin aghaidh a thabhairt ar ábhair imní láithreacha tomhaltóirí maidir le paindéim COVID-19.

Cumhdaítear cúig phríomhréimse tosaíochta leis an gclár oibre:

— Aistriú Glas: dul i ngleic leis na dúshláin nua atá ann do chearta tomhaltóirí agus na deiseanna cumhachtaithe a chuirtear chun cinn leis an aistriú glas, lena n-áirithítear go mbeidh rochtain ag cách ar tháirgí agus ar stíleanna maireachtála inbhuanaithe, gan beann ar shuíomh geografach nó ioncam;

— Claochlú Digiteach: spás digiteach níos sábháilte a chruthú do thomhaltóirí, ina gcosnaítear a gcearta agus lena n-áiritheofar machaire comhréidh chun go mbeidh an nuálaíocht in ann seirbhísí níos nuaí agus níos fearr a chur ar fáil do gach Eorpach;

— Forfheidhmiú agus sásamh éifeachtach: aghaidh a thabhairt ar thionchar COVID-19 ar chearta tomhaltóirí agus dul i ngleic le héilimh ghlasa mhíthreoracha agus cleachtais tráchtála éagóracha i dteicnící tionchair agus pearsantú ar líne.

Cé gurb iad na húdaráis náisiúnta atá freagrach, ar an gcéad dul síos, as cearta tomhaltóirí a fhorfheidhmiú, tá ról tábhachtach comhordúcháin agus tacaíochta ag AE, agus an Rialachán maidir le Comhar ar mhaithe le Cosaint Tomhaltóirí mar bhonn taca leis;

- Dul i ngleic le riachtanais shonracha tomhaltóirí: aird a thabhairt ar riachtanais na dtomhaltóirí a d'fhéadfadh a bheith leochaileach agus go mbeadh cosaintí breise ag teastáil uathu. D'fhéadfadh dálaí sóisialta nó tréithe ar leith daoine aonair nó grúpaí tomhaltóirí a bheith mar chúis leis sin;
- Cosaint tomhaltóirí sa chomhthéacs domhanda: sábháilteacht allmhairí a áirithiú agus tomhaltóirí an Aontais a chosaint ar chleachtais éagóracha a úsáideann oibreoirí neamh-AE trí fhaireachas margaidh agus trí chomhar níos dlúithe leis na húdaráis ábhartha i dtíortha comhpháirtíochta AE.

Baineann institiúidí an Aontais úsáid as scórchlár dhálaí na dtomhaltóirí chun beartas tomhaltóirí a rianú agus chun measúnú a dhéanamh ar dhálaí tomhaltóirí náisiúnta i réimsí amhail eolas, muinín, comhlíonadh agus forfheidhmiú. Déanann an scórchlár scrúdú freisin ar chomhtháthú mhargadh miondíola an AE trí idirbhearta trasteorann agus fás ríomhthráchtála. Déanann sé suirbhé ar cheannaitheoirí a bhí ann le déanaí chun feidhmíocht níos mó ná 40 margadh a thomhas maidir le táscairí amhail iontaoibh, inchomparáideacht, rogha agus sástacht tomhaltóirí.

Thairis sin, an 28 Aibreán 2021, cuireadh tús le clár an mhargaidh aonair chun an margadh aonair a neartú agus chun cabhrú le téarnamh na hEorpa ó COVID-19. Le buiséad EUR 4.2 billiún do 2021-2027, cuirtear pacáiste cuimsitheach ar fáil chun feabhas a chur ar rialachas an mhargaidh aonair, lena n-áirítear le haghaidh seirbhísí airgeadais.

## B. Bearta earnálacha (2.2.2)

### 1. Grúpaí tomhaltóirí

Tugann institiúidí an Aontais tús áite do ghrúpaí a dhéanann ionadaíocht ar leasanna tomhaltóirí. Is é an Grúpa Comhairleach Eorpach um Thomhaltóirí (ECCG) príomhfhóram comhairliúcháin an Choimisiúin le heagraíochtaí tomhaltóirí náisiúnta agus Eorpacha. Is féidir le ECCG, ar bunaíodh é le Cinneadh 2009/705/CE ón gCoimisiún, comhairle a thabhairt don Choimisiún maidir leis na saincheisteanna a bhaineann le tomhaltóirí ar leibhéal an Aontais. In 2017, ghlac an tAontas Rialachán (AE) 2017/826 chun rannpháirtíocht tomhaltóirí i bpróiseas ceaptha beartas an Aontais maidir le seirbhísí airgeadais a neartú don tréimhse 2017-2020.

### 2. Oideachas tomhaltóirí

Tá oideachas tomhaltóirí comhtháite ag an Aontas i siollabais bunscoile agus meánscoile. Sampla de sin is ea 'Consumer Classroom', suíomh gréasáin ilteangach Eorpach do mhúinteoirí. Cuireann sé leabharlann ollmhór ar fáil maidir le hoideachas tomhaltóirí agus uirlisí chun ceachtanna a roinnt le mic léinn agus le piaraí. Díríonn an uirlis ar líne 'Dolceta' ar oiliúnóirí, ar mhúinteoirí agus ar thomhaltóirí, agus tugann sí aghaidh ar chearta tomhaltóirí, ar shábháilteacht táirgí agus ar litearthacht airgeadais.

### 3. Faisnéis do thomhaltóirí

Is féidir le heolas níos fearr ar chearta tomhaltóirí muinín a neartú. Tá Lárionaid Eorpacha do Thomhaltóirí (Líonra-ECC) bunaithe ag AE chun comhairle a thabhairt maidir le siopadóireacht trasteorann agus gearáin. Tugann FIN NET aghaidh ar

ghearáin maidir le seirbhísí airgeadais trasteorann. Reáchtálann an Coimisiún feachtais faisnéise do thomhaltóirí agus cuireann sé treoracha praiticiúla ar fáil. Réitíonn SOLVIT díospóidí a bhaineann le sáruithe ar dhlí AE.

Tá ról tábhachtach ag an tairseach An Eoraip Agatsa maidir le rochtain a thabhairt ar fhaisnéis fheabhsaithe maidir le beartas tomhaltóirí agus maidir le foinsí éagsúla faisnéise a chruinniú in aon lárionad amháin d'fhaisnéis tagartha. Feabhsaíodh rochtain ar fhaisnéis trí thairseach dhigiteach aonair (Rialachán (AE) 2018/1724).

An 30 Márta 2022, mar chuid de phacáiste an gheilleagair chiorclaigh, d'fhoilsigh an Coimisiún togra le haghaidh treoir maidir le tomhaltóirí a chumhachtú don aistriú glas trí chosaint níos fearr i gcoinne cleachtais éagóracha agus faisnéis níos fearr. Is é príomhchuspóir an togra tomhaltóirí a spreagadh chun roghanna atá neamhdhíobhálach don chomhshaol a dhéanamh tríd an bhfaisnéis is gá a chur ar fáil dóibh.

**4.** Cearta tomhaltóirí a fhorfheidhmiú

Tá forfheidhmiú éifeachtach ar chearta tomhaltóirí chomh ríthábhachtach céanna agus cearta tomhaltóirí a bheith ann. Is iad na húdaráis phoiblí náisiúnta is mó a láimhseálann an forfheidhmiú sin. Le Rialachán (AE) 2017/2394, ceanglaítear na húdaráis sin trí líonra de chuid an Aontais, lena n-éascaítear malartú faisnéise agus gníomhaíochtaí comhoibríocha i gcoinne sáruithe ar an dlí maidir le cosaint tomhaltóirí. Déanann an líonra sin imscrúduithe comhordaithe, amhail scuab-imscrúduithe idirlín, chun comhlíonadh láithreán gréasáin a áirithiú.

## RÓL PHARLAIMINT NA HEORPA

Déanann Parlaimint na hEorpa rialacha AE maidir le cosaint tomhaltóirí a bheachtú ar bhonn leanúnach. Tá athrú tagtha ar chosaint tomhaltóirí ó chaighdeáin theicniúla a chaighdeánú go cuspóir 'saoránaigh na hEorpa' a chur chun cinn. Ón 13 Meitheamh 2014 i leith, tá dlíthe náisiúnta curtha chun feidhme ag na Ballstáit ón Treoir maidir le Cearta Tomhaltóirí, agus d'fhormheas an Pharlaimint iad den chuid is mó.

An 12 Nollaig 2017, d'fhormheas an Pharlaimint Rialachán (AE) 2017/2394 chun feabhas a chur ar an gcomhar idir údaráis náisiúnta chun dlíthe cosanta tomhaltóirí a fhorfheidhmiú.

Tar éis an togra ón gCoimisiún le haghaidh Margadh Nua do Thomhaltóirí, rith an Pharlaimint Treoir (AE) 2019/2161, an 27 Samhain 2019, i ndáil le forfheidhmiú níos fearr agus nuachóiriú rialacha na dtomhaltóirí. An 25 Samhain 2020, glacadh Treoir (AE) 2020/1828 chun comhleasanna tomhaltóirí a chosaint.

De bhreis ar reachtaíocht an Aontais, glacann an Pharlaimint tuarascálacha féintionscnaimh chun beartais cosanta tomhaltóirí a threorú. Chuir sí béim ar fhorálacha buiséadacha méadaithe do bhearta tomhaltóirí agus d'fhorbairt ionadaíocht tomhaltóirí, go háirithe i mBallstáit an Aontais tar éis 2004. An 13 Meán Fómhair 2018, glacadh rún inar luadh go bhfuil déchäilíocht táirgí sa mhargadh aonair idirdhealaitheach.

An 25 Samhain 2020, rith an Pharlaimint rún maidir le margadh aonair inbhuanaithe, inar leagadh béim ar mharthanacht táirgí, ar indeisitheacht táirgí agus lenar cuireadh eolas ar fáil do thomhaltóirí chun cinntí inbhuanaithe a dhéanamh. An 28 Márta 2023, ghlac an Coiste um an Margadh Inmheánach agus um Chosaint an Tomhaltóra (IMCO)

tuarascáil maidir le cumhachtú tomhaltóirí don aistriú glas trí fhaisnéis níos fearr agus cosaint níos fearr ar chleachtais éagóracha.

Le linn ghéarchéim COVID-19, bhí cosaint tomhaltóirí ríthábhachtach d'aisíocaíochtaí seirbhíse agus chun cur i gcoinne na mífhaisnéise agus díol trealaimh lochtaigh leighis. An 23 Márta 2020, chuir Coiste IMCO litir chuig oifigigh an Aontais inar iarradh go mbeadh gníomhaíocht ann maidir le géarchéim COVID-19 agus béim á leagan ar mhaoirseacht dhaonlathach. An 9 Samhain 2020, ag seimineár gréasáin[1] do Choiste IMCO, pléadh tionchar COVID-19 ar an margadh inmheánach, na bearta a rinneadh agus na hullmhúcháin a dhéanfar amach anseo. An 19 Samhain, chuir an Coimisinéir Didier Reynders an Clár Oibre nua do Thomhaltóirí faoi bhráid IMCO, ina ndearnadh measúnú ar thionchar COVID-19 ar thomhaltóirí agus lena dtugtar aghaidh ar ábhair fhadtéarmacha beartais, lena n-áirítear an t-aistriú glas agus an t-aistriú digiteach, leochaileachtaí tomhaltóirí, forfheidhmiú na gceart agus comhar idirnáisiúnta.

An 22 Feabhra 2021, rinneadh staidéar[2] cuimsitheach inar leagadh amach tionchar COVID-19 ar an margadh inmheánach a thíolacadh do Choiste IMCO. Sa staidéar, ríomhtar an tionchar atá ag srianta ar leibhéal na mBallstát agus ar leibhéal an Aontais ar shaorghluaiseacht earraí, seirbhísí agus daoine. Déantar moltaí beartais ann maidir le conas a d'fhéadfaí dul i ngleic le géarchéimeanna a bheidh ann amach anseo chun go mbeidh saorghluaiseacht in ann leanúint ar aghaidh, amhail soláthar na gcistí ar a dtarraingeofar le haghaidh forbairt agus soláthar vacsaíní todhchaíocha agus chomhordú leanúnach na rialacha ábhartha ar leibhéal an Aontais.

Is réimse é beartas tomhaltóirí i réimsí na seirbhísí ar líne agus digiteacha ar dhírigh an Pharlaimint agus, go háirithe, Coiste IMCO air. I mí an Mheithimh 2020, i staidéar[3] a d'iarr coiste ICMO maidir le modhnóireacht ábhair neamhdhleathaigh ag ardáin ar líne, fuarthas amach go bhféadfaí creat dlíthiúil AE a neartú, in éineacht le comhrialáil ag ardáin ar líne, chun tomhaltóirí a chosaint ar ábhar neamhdhleathach nó díobhálach ar líne. I staidéar a foilsíodh i mí an Mheithimh 2021, rinneadh anailís ar thionchar na fógraíochta spriocdhírithe ar fhógróirí, ar rochtain ar an margadh agus ar rogha an tomhaltóra.

An 20 Deireadh Fómhair 2020, ghlac an Pharlaimint trí rún dar teideal 'An Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha:Feabhas a Chur ar Fheidhmiú an Mhargaidh Aonair', 'An Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha agus saincheisteanna na gceart bunúsach', agus 'An Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha: rialacha an dlí tráchtála agus shibhialta a oiriúnú d'eintitis tráchtála a bhíonn ag feidhmiú ar líne', ina leagtar amach an plean atá aici maidir leis an gcaoi ar cheart feidhmiú an mhargaidh aonair dhigitigh a áirithiú amach anseo, lena n-áirítear cosaint níos láidre do chosaint tomhaltóirí ar líne. Cuireadh cuid mhór d'ábhar na dtuarascálacha féintionscnaimh san áireamh sna tograí ón gCoimisiún, a leasaíodh

[1]Milieu Consulting SRL, 'The impact of COVID-19 on the Internal Market and consumer protection - IMCO Webinar Proceedings' [Tionchar COVID-19 ar an Margadh Inmheánach agus ar chosaint an tomhaltóra - Tuairisc ar Sheiminéar Gréasáin IMCO], Foilseachán don Choiste um an Margadh Inmheánach agus um Chosaint an Tomhaltóra, an Roinn Beartais um an mBeartas Eacnamaíochta, um an mBeartas Eolaíochta agus um Beartas Cháilíocht na Beatha, Parlaimint na hEorpa, Lucsamburg, 2020.
[2]Marcus, J. S. et al., The impact of COVID-19 on the Internal Market [Tionchar COVID-19 ar an Margadh Inmheánach], Foilseachán don Choiste um an Margadh Inmheánach agus um Chosaint an Tomhaltóra, an Roinn Beartais um an mBeartas Eacnamaíochta, um an mBeartas Eolaíochta agus um Beartas Cháilíocht na Beatha, Parlaimint na hEorpa, Lucsamburg, 2021.
[3]De Streel, A. et al., Online Platforms' Moderation of Illegal Content Online [Modhnóireacht Ábhair Neamhdhleathaigh ar Líne ag Ardáin ar Líne], Foilseachán don Choiste um an Margadh Inmheánach agus um Chosaint an Tomhaltóra, Parlaimint na hEorpa, an Ard-Stiúrthóireacht um Beartais Inmheánacha, an Roinn Beartais um an mBeartas Eacnamaíochta, um an mBeartas Eolaíochta agus um Beartas Cháilíocht na Beatha, Lucsamburg, 2020.

agus ar vótáladh go rathúil ina leith i gCoiste IMCO i mí na Nollag 2021 (2.1.7). Tá an Ionstraim um Margaí Digiteacha agus an Ionstraim um Sheirbhísí Digiteacha, a ghlac na comhreachtóirí an 14 Meán Fómhair agus an 19 Deireadh Fómhair 2022, ríthábhachtach do chosaint tomhaltóirí sa timpeallacht dhigiteach.

An 27 Meán Fómhair 2021, thionóil Coiste IMCO éisteacht maidir le cosaint tomhaltóirí agus uirlisí cinnteoireachta uathoibrithe. Féachadh sa seisiún ar thomhaltóirí a chosaint ar na rioscaí a bhaineann leis an intleacht shaorga agus feabhas a chur ar cháilíocht na faisnéise a chuirtear ar fáil dóibh. Chomhroinn ionadaithe ó ghrúpaí tomhaltóirí, ó ghnólachtaí, ón lucht acadúil agus ó chomhlachtaí deimhniúcháin léargais ar chreat reatha an Aontais, ar na hathruithe is gá agus ar dhúshláin forfheidhmiúcháin. Chuir comhaltaí IMCO in iúl go láidir go raibh an timpeallacht rialála iontaofa. I mí na Bealtaine 2022, thionóil an coiste éisteacht freisin maidir le pasanna táirgí digiteacha chun borradh a chur faoin trédhearcacht agus cosaint tomhaltóirí i ré dhigiteach.

An 7 Aibreán 2022, rith an Pharlaimint rún maidir le ceart na dtomhaltóirí chun deisiúcháin, ag díriú ar tháirgí marthanacha agus indeisithe. An 8 Nollaig, phléigh Coiste IMCO an togra atá le teacht ón gCoimisiún maidir leis an gceart sin agus conas feabhas a chur ar ráthaíochtaí tomhaltóirí le haghaidh deisiúcháin chórasacha chostéifeachtacha.

An 20 Aibreán 2022, phléigh Coiste IMCO cearta tomhaltóirí agus iad ag siopadóireacht lasmuigh den Aontas, lena gcumhdaítear faisnéis réamhchonarthach agus cosaint in aghaidh cleachtais agus téarmaí éagóracha.

Chun tuilleadh eolais a fháil faoin ábhar seo, féach suíomh gréasáin an Choiste um an Margadh Inmheánach agus um Chosaint an Tomhaltóra.

Christina Ratcliff / Jordan De Bono / Barbara Martinello
11/2023

## 2.2.2. BEARTA A BHAINEANN LE COSAINT TOMHALTÓIRÍ

Is é an aidhm atá le bearta Eorpacha a bhaineann le cosaint tomhaltóirí ná sláinte, sábháilteacht, agus leasanna eacnamaíocha agus dlíthiúla thomhaltóirí na hEorpa a chosaint, is cuma cén áit a bhfuil cónaí orthu, a mbíonn siad ag taisteal nó a mbíonn siad ag siopadóireacht in AE. I bhforálacha AE, déantar idir idirbhearta fisiceacha agus ríomhthráchtáil a rialáil, agus tá rialacha iontu maidir le hinfheidhmeacht ghinearálta mar aon le forálacha atá dírithe ar tháirgí sonracha, lena n-áirítear cógais leighis, orgánaigh ghéinmhodhnaithe, táirgí tobac, cosmaidí, bréagáin agus pléascáin.

### AN BUNÚS DLÍ

Airteagal 114 agus Airteagal 169 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE).

### CUSPÓIRÍ

A chinntiú go dtabharfar leibhéal ard coiteann cosanta do thomhaltóirí uile an Aontais - ar nithe ar baol iad dá sábháilteacht agus dá leasanna eacnamaíocha nó ar bagairt orthu iad, agus cur le cumas tomhaltóirí a gcuid leasanna féin a chosaint, is cuma cén áit a bhfuil cónaí orthu, a mbíonn siad ag taisteal nó a mbíonn siad ag siopadóireacht in AE -.

### A BHFUIL BAINTE AMACH

**A.** Sláinte agus sábháilteacht tomhaltóirí a chosaint

**1.** Gníomhaíochtaí de chuid AE i réimse na sláinte poiblí agus an tobac (2.2.4)

**2.** Earraí bia (2.2.6)

**3.** Táirgí íocshláinte (2.2.5)

**4.** Córas Sábháilteachta Ginearálta Táirgí agus faireachas margaidh

Le Treoir 2001/95/CE, leagtar amach caighdeáin sábháilteachta le haghaidh táirgí tomhaltais. Má bhaineann riosca mór le táirge, is gá é a thuairisciú trí RAPEX, is é sin córas chun faisnéis a mhalartú go mear idir na Ballstáit agus an Coimisiún. Cuirfear Treoir nua maidir le Sábháilteacht Ghinearálta Táirgí in ionad na Treorach sin an 13 Nollaig 2024, lena ndírítear ar bhainistiú cuimsitheach riosca, inrianaitheacht fheabhsaithe, faireachas níos déine, freagrachtaí sonracha do chuideachtaí agus margaí ar líne, tuairisciú éigeantach tionóiscí agus nósanna imeachta aisghairme struchtúrtha le leigheasanna do thomhaltóirí.

**5.** Sábháilteacht táirgí cosmaideacha, pléascáin lena n-úsáid ag sibhialtaigh agus bréagáin

Le Rialachán (CE) Uimh 1223/2009, atá i bhfeidhm ón 11 Iúil 2013, áirithítear sábháilteacht an táirge chosmaidigh le lipéadú cuí. Le Treoir 2014/28/AE, Treoir 2008/43/CE, agus Cinneadh 2004/388/CE, cumhdaítear sábháilteacht le haghaidh pléascáin shibhialtacha, agus tugadh cothrom le dáta iad le Treoir 2014/28/

AE agus Treoir 2013/29/AE. Tá sábháilteacht bréagán á rialú ag Treoir 2009/48/CE, agus caighdeáin ábhartha á láimhseáil ag an gCoiste Eorpach um Chaighdeánú.

**6.** Córais chumarsáide inacmhainne do ghnólachtaí agus do thomhaltóirí (2.1.8)

**B.** Leasanna eacnamaíocha tomhaltóirí a chosaint

**1.** Seirbhísí na sochaí faisnéise, ríomhthráchtáil, ríomhíocaíochtaí agus íocaíochtaí trasteorann

Leis an Treoir maidir le Ríomhthráchtáil (2000/31/CE), rialaítear soláthraithe seirbhíse ar líne san Aontas, lena n-áirítear gníomhaíochtaí éagsúla ar líne. Tugadh cothrom le dáta í leis an nGníomh um Sheirbhísí Digiteacha, a glacadh an 19 Deireadh Fómhair 2022. Áirithítear le gníomhartha eile, amhail Treoir (AE) 2015/2366 agus Rialachán (AE) 2021/1230, táillí cothroma ar íocaíochtaí euro trasteorann idir na Ballstáit.

**2.** Teilifís gan teorainneacha

Foráiltear le Treoir 2010/13/AE don tsaorghluaiseacht maidir le craoladh, lena ndéantar leasanna an phobail, amhail éagsúlacht chultúrtha agus cosaint mionaoiseach, a choimirciú. Rialaítear leis fógraí do dheochanna meisciúla, tobac agus cógais, chomh maith le teilishiopadóireacht agus ábhar follasach. Ní mór imeachtaí lena mbaineann mórthábhacht don tsochaí a chraoladh saor in aisce, gan beann ar chearta eisiacha ceannaithe ag cainéil teilifíse síntiúis.

**3.** Conarthaí ciandíolacháin agus conarthaí a dhéantar a chaibidliú lasmuigh den áitreabh gnó, earraí agus ráthaíochtaí a dhíol, agus téarmaí éagóracha i gconarthaí

Ón 13 Meitheamh 2014, tá an Treoir maidir le Cearta Tomhaltóirí (2011/83/AE) curtha in ionad treoracha níos sine agus leasaíodh léi iad. Cuireann sí le cearta tomhaltóirí trí rialacha a leagan síos maidir leis an bhfaisnéis atá le soláthar, cearta chun tarraingt siar agus forálacha conarthacha. An 11 Bealtaine 2022, tugadh isteach togra chun Treoir 2002/65/CE maidir le cianmhargú seirbhísí airgeadais tomhaltóirí a thabhairt cothrom le dáta, ar treoir í atá faoi chaibidil ag institiúidí AE faoi láthair.

**4.** Cleachtais tráchtála éagóracha agus fógraíocht chomparáideach agus mhíthreorach

Le Treoir 2005/29/CE, tugtar aghaidh ar chleachtais éagóracha idir gnólachtaí agus tomhaltóirí, lena n-áirítear gníomhaíochtaí míthreoracha agus comhéigean. Le Treoir 2006/114/CE, rialaítear fógraíocht mhíthreorach agus chomparáideach. Moladh athbhreithnithe chun aghaidh a thabhairt ar bhearnaí, agus Treoir (AE) 2019/2161 mar thoradh orthu, a rinne nuachóiriú agus feabhsú ar rialacha cosanta tomhaltóirí. Maidir le cleachtais éagóracha, thionóil an Coiste um an Margadh Inmheánach agus um Chosaint an Tomhaltóra (IMCO) éisteacht phoiblí i mí Aibreáin 2022 maidir le cearta tomhaltóirí a chosaint agus iad ag siopadóireacht lasmuigh den Aontas, agus é ag iarraidh na dúshláin a bhíonn roimh thomhaltóirí agus iad ag ceannach ó lasmuigh den Aontas a leagan amach.

**5.** Dliteanas i leith táirgí lochtacha agus léiriú praghsanna

Le Treoir 1999/34/CE, cuirtear an fhreagracht ar tháirgeoirí as damáiste de bharr táirgí lochtacha, agus é de dhualgas ar thomhaltóirí damáiste, locht agus cúisíocht a chruthú laistigh de 3 bliana. Le Treoir 98/6/CE, tugtar sainordú praghsanna díolacháin agus aonaid a léiriú chun comparáidí idir táirgí a éascú. Le Treoir 1999/44/CE, áirithítear ráthaíochtaí táirgí, agus é de dhualgas ar thrádálaithe aghaidh a thabhairt ar lochtanna

a thagann aníos laistigh de 2 bhliain ó thráth a sheachadta. Rinneadh í a nuashonrú in 2011 agus cuireadh Treoir (AE) 2019/771 ina hionad níos déanaí.

**6.** Creidmheas tomhaltais agus creidmheas morgáiste

Le Treoir 2008/48/CE, déantar caighdeánú ar fhaisnéis um chreidmheas tomhaltóra agus ceadaítear léi tréimhse tarraingt siar 14 lá agus roghanna aisíocaíochta luath creidmheasa do thomhaltóirí. I Meithimh 2021, mhol an Coimisiún nuashonruithe chun a raon feidhme a leathnú, faisnéis fógraíochta a chuíchóiriú, cur i láthair réamhchonarthach a bheachtú, rialacha maidir le measúnú ar acmhainneacht creidmheasa a fheabhsú, agus oideachas airgeadais agus inrochtaineacht comhairle fiachais ar a chur chun cinn sna Ballstáit. Le Treoir 2014/17/AE, soláthraítear treoirlínte le haghaidh comhaontuithe creidmheasa tomhaltóirí atá ceangailte le réadmhaoin chónaithe. Is é an sprioc atá aici margadh morgáiste aontaithe a chruthú a mbaineann tomhaltóirí tairbhe as agus lena sainordaítear ardchaighdeáin ghairmiúla ó iasachtóirí agus idirghabhálaithe creidmheasa[1].

**7.** Saoirí láneagraithe, maoin amroinnte agus seirbhísí cíosa cóiríochta gearrthéarmacha

Le Treoir (AE) 2015/2302, tugtar cosaint do thomhaltóirí agus iad ag cur saoire láneagraithe nó taisteal cónasctha in áirithe. Le Treoir 2008/122/CE, dírítear ar chonarthaí amroinnte, lena bhforáiltear d'fhaisnéis shoiléir chonarthach agus tréimhse tarraingt siar 14 lá. I mí na Samhna 2022, mhol an Coimisiún rialachán maidir le bailiú agus comhroinnt sonraí a bhaineann le cóiríocht ar chíos gearrthéarmach chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin amhail tithíocht inacmhainne agus chun beartais áitiúla éifeachtacha a áirithiú.

**8.** Aeriompar

Le Rialachán (CE) Uimh. 261/2004 agus Rialachán (CE) Uimh. 2027/97, cumhdaítear cúiteamh do phaisinéirí i gcás fadhbanna eitiltí agus dliteanas aeriompróirí i ndiaidh tionóiscí. Le Rialachán (CE) Uimh 80/2009, tugtar aghaidh ar chórais áirithinte ríomhairithe don aeriompar, lena n-áirithítear rannpháirtíocht chomhionann agus scaipeadh faisnéise. Leagtar síos leis freisin critéir chomhchoiteanna maidir le táillí aeir agus rátaí aerlasta. Le Rialachán (CE) Uimh 300/2008, bunaíodh caighdeáin slándála eitlíochta i ndiaidh ionsaithe sceimhlitheoireachta 9/11.

**9.** Na margaí fuinnimh

Bhí sé mar aidhm leis an tríú pacáiste fuinnimh AE (a glacadh in 2009) an margadh inmheánach fuinnimh a fheabhsú agus tugadh aghaidh leis ar shaincheisteanna amhail trédhearcacht sa mhargadh miondíola. Le Treoir 2012/27/AE, tugtar rochtain éasca do thomhaltóirí ar a sonraí maidir le hídiú breosla. Le Rialachán (AE) 2017/1369, áirithítear sonraí maidir le tomhaltas fuinnimh fearas tí a chur i láthair ar bhealach soiléir, rud a chabhraíonn le daoine ceannacháin eolasacha a dhéanamh. Is féidir le saoránaigh AE a gcuid tithe a nascadh le gréasáin fuinnimh agus aon soláthróir fuinnimh ina gceantar a roghnú.

[1]Áirítear ar thaighde ábhartha Wiewiórowska A. et al, Contribution to Growth: Legal Aspects of Protecting European Consumers, Foilseachán don Choiste um an Margadh Inmheánach agus um Chosaint an Tomhaltóra, an Roinn Beartais um an mBeartas Eacnamaíochta, um an mBeartas Eolaíochta agus um Beartas Cháilíocht na Beatha, Parlaimint na hEorpa, Lucsamburg, 2019.

**10.** Líonra na Lárionad Eorpach do Thomhaltóirí (ECC-Network nó 'Euroguichets') agus an tairseach 'An Eoraip Agatsa'

Cuidíonn Líonra na Lárionad Eorpach do Thomhaltóirí le tomhaltóirí le hidirbhearta trasteorann agus oibríonn sé i gcomhar le líonraí Eorpacha amhail FIN-NET (airgeadas), SOLVIT (an margadh inmheánach) agus an gréasán breithiúnach Eorpach. Ar an tairseach An Eoraip Agatsa, cuirtear faisnéis mhionsonraithe ar ábhair éagsúla ar fáil do thomhaltóirí. Rinneadh feabhsuithe nuair a tugadh isteach an Tairseach Aonair Dhigiteach (Rialachán (AE) 2018/1724).

**C.** Leasanna dlí na dtomhaltóirí a chosaint

**1.** Nósanna imeachta maidir le réiteach malartach díospóide agus réiteach díospóide ar líne

Cuirtear réitigh lasmuigh den chúirt ar fáil le sásraí maidir le réiteach malartach díospóide (ADR) do thomhaltóirí agus trádálaithe chun aighnis a réiteach trí thríú páirtithe amhail idirghabhálaithe. Le treoracha agus rúin éagsúla AE, leagtar amach prionsabail maidir le réiteach malartach díospóide (ADR), cuirtear leigheasanna níos saoire agus níos tapúla ar fáil do thomhaltóirí, tugtar isteach roghanna chun urghairí a fháil i gcoinne sáruithe trasteorann tráchtála agus cuirtear bealaí ar fáil maidir le réitigh díospóide ar líne agus as líne araon. Le Rialachán (AE) Uimh 524/2013, bunaíodh tairseach um réiteach díospóide ar líne ar fud an Aontais, agus í inrochtana ó Fheabhra 2016.

**2.** An Gréasán Breithiúnach Eorpach in ábhair shibhialta agus thráchtála agus oibleagáid na n-údarás náisiúnta oibriú i gcomhar leis

Le Cinneadh 2001/470/CE, cruthaíodh gréasán breithiúnach Eorpach chun cabhrú le saoránaigh a bhfuil an dlí á chur orthu i mBallstát eile, comhar breithiúnach a fheabhsú agus faisnéis phraiticiúil a sholáthar. Le Rialachán (CE) Uimh 2006/2004, cuireadh líonra d'údaráis náisiúnta ar bun chun dlí AE maidir le cosaint tomhaltóirí a chur i bhfeidhm. Leis sin, ní mór dóibh comhoibriú le chéile ón 29 Nollaig 2005 chun comhlíonadh dhlí AE a áirithiú agus aghaidh a thabhairt ar sháruithe trí bhearta dlíthiúla amhail urghairí.

**3.** Caingne ionadaíocha chun comhleasanna tomhaltóirí a chosaint

Le Treoir 2009/22/CE, rinneadh urghairí le haghaidh cosaint chomhchoiteann tomhaltóirí a chaighdeánú. Le Treoir 2014/104/AE, ceadaíodh dóibh siúd a ndearna sáruithe ar dhlí na hiomaíochta díobháil dóibh cúiteamh a éileamh. Le Treoir (AE) 2020/1828, leathnaíodh an córas urghairí chun níos mó ionstraimí AE a chumhdach maidir le comhleasanna tomhaltóirí agus modhanna atá leagtha amach maidir le sásamh cúiteach.

**D.** Bearta arna gcur chun feidhme tar éis ráig COVID-19

Le linn na paindéime, mar gheall ar mhéadú ar neamhrialtachtaí ar líne, d'eisigh an Coimisiún agus údaráis cosanta tomhaltóirí sna Ballstáit comhsheasamh i leith Comhar ar mhaithe le Cosaint Tomhaltóirí, ag tathant ar ardáin ar líne aghaidh a thabhairt ar mhargaíocht neamhdhleathach. Leag siad béim ar an tábhacht a bhaineann le bréagaisnéis a chomhrac trí theachtaireacht chomhpháirteach freisin. I bhfianaise rialuithe teorann agus srianta taistil, sholáthair an Coimisiún, an 18 Márta 2020, treoirlínte chun cur i bhfeidhm comhsheasmhach chearta thomhaltóirí AE a áirithiú.

Tá cosaint uathúil ag saoránaigh AE, lena gcumhdaítear gach modh taistil. Ní mór d'iompróirí aisíocaíochtaí nó athródú a thairiscint i gcás seirbhísí a cuireadh ar ceal.

## RÓL PHARLAIMINT NA HEORPA

Tá an Pharlaimint ag obair chun dlíthe cosanta tomhaltóirí AE a fheabhsú, lena n-áirithítear cothromaíocht idir leasanna margaidh agus tomhaltóirí. Tá an iarracht sin á treorú ag an gClár Oibre Nua do Thomhaltóirí 2020-2025, an Margadh Nua do Thomhaltóirí, an Comhaontú Glas don Eoraip, agus an Plean Gníomhaíochta don Gheilleagar Ciorclach. Baineann tomhaltóirí Eorpacha leas as bearta lena neartaítear margadh inmheánach AE, go háirithe as tionscnamh an mhargaidh aonair dhigitigh. Áirítear leis sin rialacháin maidir le táillí fánaíochta, nascacht idirlín, inaistritheacht ábhair ar líne, beartseachadadh trasteorann, cosaint ghinearálta sonraí agus geobhlocáil, an Treoir lena mbunaítear an Cód Eorpach don Chumarsáid Leictreonach agus saorshreabhadh sonraí neamhphearsanta, agus an Treoir maidir le Cóipcheart sa Mhargadh Aonair Digiteach[2].

I rún uaithi ó mhí na Samhna 2020, mhol an Pharlaimint go ndéanfaí nuashonrú ar an Treoir maidir le Sábháilteacht Ghinearálta Táirgí chun a áirithiú mbeadh rialacha maidir le faireachas margaidh ábhartha do tháirgí as líne agus ar líne araon agus chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin a bhaineann le teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn amhail an intleacht shaorga agus an róbataic. I staidéar a rinneadh in 2022 do Choiste IMCO, leagadh béim ar an ngá atá le Treoir athbhreithnithe maidir le Sábháilteacht Ghinearálta Táirgí chun na teicneolaíochtaí nua sin a chur san áireamh. Anuas air sin, phléigh an Pharlaimint cosaint tomhaltóirí sa ré dhigiteach, agus béim á leagan ar bhearta láidre do mhargaí ar líne tríd an nGníomh um Sheirbhísí Digiteacha, mar a léiríodh i gceardlann ríomhthráchtála i mí Feabhra 2020, chomh maith le roinnt staidéar[3]. D'áitigh saineolaithe agus geallsealbhóirí gur gá bearta láidre cosanta tomhaltóirí a chur i bhfeidhm le haghaidh margaí ar líne tríd an nGníomh um Sheirbhísí Digiteacha.

Rinneadh plé ar ghnéithe éagsúla cosanta tomhaltóirí i dtaighde le déanaí. I staidéar[4] ó Dheireadh Fómhair 2020, rinneadh plé ar 'bhoscaí éadála' i bhfíschluichí agus ar an bhféidearthacht go mbeidís ina mbealach chun an chearrbhachais, go háirithe i measc daoine óga. Ghlac Coiste IMCO dréacht-tuarascáil cur chun feidhme i mí na Nollag 2022 maidir le cosaint tomhaltóirí i bhfíschluichí ar líne.

I mí Eanáir 2021, le faisnéisiú[5] dar teideal 'Aisíocaíocht agus cúiteamh i gcás iompar a chur ar ceal nó moill a chur air: cearta agus a gcur i bhfeidhm', sonraíodh cearta

---

[2]Áirítear ar thaighde ábhartha Wiewiórowska A. et al, Contribution to Growth: Legal Aspects of Protecting European Consumers, Foilseachán don Choiste um an Margadh Inmheánach agus um Chosaint an Tomhaltóra, an Roinn Beartais um an mBeartas Eacnamaíochta, um an mBeartas Eolaíochta agus um Beartas Cháilíocht na Beatha, Parlaimint na hEorpa, Lucsamburg, 2019.
[3]Maciejewski M., Blandin L., Digital Services Act: Opportunities and Challenges for the Digital Single Market and Consumer Protection[An Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha: Foilseachán don Choiste um an Margadh Inmheánach agus um Chosaint an Tomhaltóra, an Roinn Beartais um an mBeartas Eacnamaíochta, um an mBeartas Eolaíochta agus um Beartas Cháilíocht na Beatha, Parlaimint na hEorpa, Lucsamburg, 2020.
[4]Cerulli-Harms, A. et al., Loot boxes in online games and their effect on consumers, in particular young consumers, [Boscaí éadála i gcluichí ar líne agus an tionchar atá acu ar thomhaltóirí, go háirithe tomhaltóirí óga], Foilseachán don Choiste um an Margadh Inmheánach agus um Chosaint an Tomhaltóra, an Roinn Beartais um an mBeartas Eacnamaíochta, um an mBeartas Eolaíochta agus um Beartas Cháilíocht na Beatha, Parlaimint na hEorpa, Lucsamburg, 2020.
[5]Maciejewski, M. et al., Reimbursement and compensation in case of transport cancellation or delay: rights and their enforcement, [Aisíocaíocht agus cúiteamh i gcás iompar a chur ar ceal nó moill a chur air: cearta agus a bhforfheidhmiú], Foilseachán don Choiste um an Margadh Inmheánach agus um Chosaint an Tomhaltóra, an Roinn Beartais um an mBeartas Eacnamaíochta, um an mBeartas Eolaíochta agus um Beartas Cháilíocht na Beatha, Parlaimint na hEorpa, Lucsamburg, 2021;

tomhaltóirí faoi dhlí AE a mhéid a bhaineann le cealuithe iompair, agus tagairt shonrach á déanamh do phaindéim COVID-19. Le staidéar[6] eile, scrúdaíodh an tionchar atá ag an bhfógraíocht spriocdhírithe maidir le rogha tomhaltóirí, lena luaitear na buntáistí a bhaineann le fógraí pearsantaithe ach lena n-ardaítear saincheisteanna maidir le trédhearcacht, díriú ar thomhaltóirí leochaileacha, agus 'pátrúin dhorcha' a d'fhéadfadh ionramháil a dhéanamh ar roghanna tomhaltóirí. Thionóil Coiste IMCO éisteacht phoiblí i mí an Mhárta 2022 chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí maidir le pátrúin dhorcha do thomhaltóirí.

An 28 Deireadh Fómhair 2021, thionóil Coiste IMCO éisteacht phoiblí maidir le déch- áilíocht táirgí sa mhargadh aonair. Chuir saineolaithe ó chomhlachais tomhaltóirí agus ó eagraíochtaí gnó béim ar na dúshláin a chruthaigh cleachtais na décháilíochta, do thomhaltóirí agus don tionscal araon, mar shampla maidir le faisnéis do thomhaltóirí faoi dhifreáil táirgí. Phléigh siad freisin conas cur le feasacht na dtomhaltóirí ar an tsaincheist.

Mí ina dhiaidh sin, an 9 Nollaig 2021, vótáil Coiste IMCO ar an dréacht-tuarascáil cur chun feidhme maidir leis an Treoir maidir le Sábháilteacht Bréagán chun a áirithiú nach féidir ach bréagáin shábháilte a chur ar mhargadh an Aontais.

Le staidéar[7] i mí Feabhra 2022, scrúdaíodh tionchar na dtionchairí ar an bhfógraíocht agus ar chosaint tomhaltóirí, agus aird á tabhairt ar ábhair imní maidir le hábhar míthreorach agus táirgí neamhshábháilte a chur chun cinn i dtionscal margaíochta na dtionchairí atá ag fás go tapa. Tá sé mar aidhm leis an nGníomh um Sheirbhísí Digiteacha agus an Gníomh um Margaí Digiteacha trédhearcacht a fheabhsú agus geatóirí ardán ar líne a rialáil, atá ríthábhachtach maidir le gníomhaíochtaí tionchairí. I staidéar[8] eile a rinneadh i mí Mheán Fómhair 2022, rinneadh anailís ar shaoráidí rótharraingthe san Aontas Eorpach, lenar tugadh léargas ar athróga suntasacha ar an ráta úis i measc Ballstát. Mhol na húdair go mbeadh rialuithe níos déine agus níos cothroime, go háirithe i gcás na rátaí úis is airde.

I mí na Samhna 2022, foilsíodh staidéar inar scrúdaíodh cleachtas na praghsála pearsantaithe atá ag éirí níos forleithne, ina gcuirtear praghsanna in oiriúint do thomhaltóirí aonair bunaithe ar anailís sonraí agus gan a bhfeasacht iomlán. Leis an straitéis sin, d'fhéadfaí brabúis a uasmhéadú do dhíoltóirí trí leas a bhaint as toilteanas na dtomhaltóirí chun íoc. Cruthaítear leis sin údair imní eiticiúla agus frithfhreagairt tomhaltóirí a d'fhéadfadh a bheith ann mar gheall ar éagothroime a mheastar a bheith ann agus an tionchar ar thrédearcacht ó thaobh praghsanna agus comparáide de. Ceadaítear praghsáil phearsantaithe faoi dhlí AE faoi láthair ach amháin nuair a sháraíonn sí dlíthe frith-idirdhealaithe. Ceanglaítear le treoracha nua AE, amhail Airteagal 6(1)(ea) den Treoir maidir le Cearta Tomhaltóirí, go nochtfar cleachtais maidir

[6]Fourberg, N et al., Online advertising:: the impact of targeted advertising on advertisers, market access and consumer choice [Fógraíocht ar líne: tionchar na fógraíochta spriocdhírithe ar fhógróirí, ar rochtain ar an margadh agus ar rogha an tomhaltóra], Foilseachán don Choiste um an Margadh Inmheánach agus um Chosaint an Tomhaltóra, an Roinn Beartais um an mBeartas Eacnamaíochta, um an mBeartas Eolaíochta agus um Beartas Cháilíocht na Beatha, Parlaimint na hEorpa, Lucsamburg, 2021.
[7]Michaelsen, F., Collini, L. et. , The impact of influencers on advertising and consumer protection in the Single Market [An tionchar a bhíonn ag tionchairí ar fhógraíocht agus ar chosaint tomhaltóirí sa mhargadh aonair], Foilseachán don Choiste um an Margadh Inmheánach agus um Chosaint an Tomhaltóra, an Roinn Beartais um an mBeartas Eacnamaíochta, um an mBeartas Eolaíochta agus um Beartas Cháilíocht na Beatha, Parlaimint na hEorpa, Lucsamburg, 2022.
[8]Knops, K. et al., Consumer protection in the context of overdraft facilities and overrunning, [cosaint tomhaltóirí i gcomhthéacs saoráidí rótharraingte agus rótharraingt], Foilseachán don Choiste um an Margadh Inmheánach agus um Chosaint an Tomhaltóra, an Roinn Beartais um an mBeartas Eacnamaíochta, um an mBeartas Eolaíochta agus um Beartas Cháilíocht na Beatha, Parlaimint na hEorpa, Lucsamburg, 2022.

le praghsáil phearsantaithe, ach meastar nach bhfuil siad leordhóthanach. I bhfianaise chur i gcoinne na dtomhaltóirí maidir leis an gcineál praghsála sin, d'fhéadfadh rialacháin amach anseo idirdhealú praghsanna a thoirmeasc, a bhfuil praghsanna níos airde ná mar is gnách mar thoradh air. D'fhéadfaí oibleagáidí faisnéise a leathnú agus a shoiléiriú agus forfheidhmiú a éascú tríd an dualgas cruthúnais a aisiompú i gcásanna de phearsantú amhrasta praghsanna.

Tá an Coimisiún chun athmheastóireacht a dhéanamh ar Threoir 2015/2302/AE maidir le taisteal láneagraithe, ag tógáil ar léargais ó Chlár Oibre Nua 2020 do Thomhaltóirí agus ó thuarascáil 2021 ar chur i bhfeidhm na Treorach. Tá sé mar aidhm leis an athmheastóireacht sin a dheimhniú an dtugtar cosaintí láidre tomhaltóirí, lena n-áirítear le linn dócmhainneachta, agus déantar machnamh ar na ceachtanna a foghlaimíodh ó ghéarchéim COVID-19, ag ailíniú leis an straitéis um an tsoghluaisteacht inbhuanaithe agus chliste. D'fhéadfadh cuíchóiriú ar an idirdhealú idir taisteal láneagraithe agus socruithe taistil nasctha a bheith i gceist le hathruithe réamh-mheasta, mar aon le simpliú ceanglas faisnéise agus coimircí tomhaltóirí á gcaomhnú, agus soiléiriú rialacha amhail iad siúd a bhaineann le dearbháin dheonacha. Tá sé beartaithe ag an gCoimisiún athbhreithnithe reachtacha a mholadh, agus measúnú tionchair ag gabháil leo, sa ráithe dheireanach de 2023.

Chun tuilleadh eolais a fháil faoin ábhar seo, féach suíomh gréasáin an Choiste um an Margadh Inmheánach agus um Chosaint an Tomhaltóra.

Christina Ratcliff / Jordan De Bono / Barbara Martinello
11/2023

# 2.2.3. CEARTA PAISINÉIRÍ

Tá rialacha comhchoiteanna leagtha síos chun iarracht a dhéanamh a chinntiú go bhfaighidh paisinéirí leibhéal íosta cúnaimh ar a laghad i gcás moilleanna tromchúiseacha ar a n-aistear nó má chuirtear ar ceal é, gan beann ar an modh iompair a úsáideadh, agus, go háirithe, chun taistealaithe atá níos leochailí a chosaint. Tá foráil sna rialacha maidir le scéimeanna cúitimh freisin. Féadfar, áfach, raon leathan maoluithe le haghaidh seirbhísí iompair iarnróid agus de bhóthar a dheonú, agus tá caingne cúirte a chuireann i gcoinne chur chun feidhme na rialacha fós coitianta.

## AN BUNÚS DLÍ

Airteagal 91(1) agus Airteagal 100(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE).

## CUSPÓIRÍ

Féachann reachtaíocht AE maidir le cearta paisinéirí lena chinntiú go mbeidh leibhéal íosta comhchuibhithe cosanta ag paisinéirí, gan beann ar an modh iompair a úsáidtear, d’fhonn soghluaisteacht a éascú agus daoine a spreagadh le húsáid a bhaint as iompar poiblí.

## TORTHAÍ

Le himeacht ama, ghlac AE corpas rialacha atá ceaptha paisinéirí a chosaint, gan beann ar an modh iompair a úsáideann siad. Tógann na rialacha sin ar an reachtaíocht roimhe seo maidir le cosaint do thomhaltóirí[1] agus do shaoirí láneagraithe[2] agus ar na coinbhinsiúin idirnáisiúnta[3] is infheidhme, an Chairt um Chearta Bunúsacha agus na forálacha náisiúnta ábhartha. Mar sin féin, tá sé deacair iad a chur i bhfeidhm, agus go minic, is iad faoi deara cásanna cúirte. Tá ról ceannasach ag Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh maidir leis na rialacha a léirmhíniú.

Leagann na rialacha síos sraith de chearta bunúsacha is coiteann do gach modh iompair, amhail neamh-idirdhealú, cosaint speisialta do phaisinéirí a bhfuil

[1]Áirítear sna rialacha sin Treoir 93/13/CEE maidir le téarmaí éagóracha i gconarthaí le tomhaltóirí, Treoir 2005/29/CE maidir le cleachtais tráchtála éagóracha gnó le tomhaltóir sa mhargadh inmheánach, Rialachán (CE) Uimh. 2006/2004 maidir le comhar i gcosaint tomhaltóirí, agus Treoir 2011/83/AE maidir le cearta tomhaltóirí.
[2]Treoir 90/314/CEE maidir le taisteal láneagraithe, saoirí láneagraithe agus turais láneagraithe. Ón 1 Iúil 2018, tháinig treoir nua in ionad an téacs sin (lena n-áirítear na forálacha ábhartha de Rialachán (CE) Uimh. 2006/2004 agus Treoir 2011/83/AE) a chuireann i gcuntas an ról ceannasach atá ag an idirlíon i dtaca le margaíocht do shaoirí láneagraithe (Treoir (AE) 2015/2302 an 25 Samhain 2015).
[3]Rinneadh na rialacha maidir le dliteanas aeriompróirí i gcás tionóiscí a thabhairt i gcomhréir leis na coinbhinsiúin idirnáisiúnta iomchuí: Coinbhinsiún Montréal maidir le haeriompar (rinneadh é a thrasuí i ndlí AE le Rialachán (CE) Uimh. 889/2002 agus, ag an am céanna, leathnaíodh na forálacha tuilleadh chun go gcumhdófaí eitiltí intíre); Coinbhinsiún na hAithne maidir le hiompar muirí (rinneadh forálacha ábhartha a thrasuí i ndlí AE le Rialachán (CE) Uimh. 392/2009 agus, ag an am céanna, leathnaíodh na forálacha tuilleadh chun go gcumhdófaí iompar intíre); An Coinbhinsiún maidir le hIompar Idirnáisiúnta d’Iarnród (rinneadh forálacha ábhartha a thrasuí i ndlí AE le Rialachán (CE) Uimh. 1371/2007 agus, ag an am céanna, leathnaíodh na forálacha tuilleadh chun go gcumhdófaí iompar intíre). I gcásanna nach bhfuil cumhdaithe faoi na coinbhinsiúin sin nó a dtrasuí i ndlí AE, beidh feidhm ag na forálacha náisiúnta ábhartha (iompar de bhus nó de chóiste agus iompar d’uiscebhealaí intíre).

a soghluaisteacht laghdaithe[4], faisnéis don lucht taistil, comhlachtaí náisiúnta forfheidhmithe, agus socruithe chun gearáin a láimhseáil.

**A.** Aeriompar: [Rialachán (CE) Uimh. 261/2004](#) agus [Rialachán (CE) Uimh. 1107/2006](#)

Ba é Rialachán (CE) Uimh. 261/2004 faoi deara roinnt díospóidí agus rinneadh é a shoiléiriú i sraith rialuithe[5].

I gcás nach gceadaítear do phaisinéir bordáil:

— Ní mór don iompróir daoine a lorg atá toilteanach gan eitilt, agus déanfar na nithe seo a leanas a thairiscint dóibh: (i) suim airgid mar chúiteamh a dhéanfar a chaibidliú go neamhshrianta, agus (ii) an rogha idir aisíocaíocht a fháil laistigh de sheacht lá (agus, más gá, eitilt saor in aisce go dtí an túsphointe imeachta) nó go gcuirfí ar mhalairt slí iad nó leanúint ar aghaidh lena n-aistear a luaithe is féidir, nó ar dháta níos déanaí a chomhaontófar go frithpháirteach;

— Caithfear na nithe seo a leanas a thairiscint do phaisinéirí nach féidir leo dul ar bord: (i) cúnamh (béile, glaonna teileafóin agus cóiríocht más gá), (ii) an rogha idir aisíocaíocht a fháil laistigh de sheacht lá (agus, más gá, eitilt saor in aisce go dtí an chéad phointe imeachta) nó go gcuirfí ar mhalairt slí iad nó leanúint ar aghaidh lena n-aistear a luaithe is féidir, nó ar dháta níos déanaí a chomhaontófar go frithpháirteach, agus (iii) suim airgid réamhshocraithe mar chúiteamh a íocfar láithreach bonn mar a leanas:

| **Eitiltí ≤ 1 500 km** | **Eitiltí 1 500-3 500 km<br>Eitiltí AE ≥ 1 500 km** | **Eitiltí ≥ 3 500 km** |
|---|---|---|
| EUR 250 (EUR 125 má chuirtear ar mhalairt slí iad agus má shroichtear an ceann scríbe níos lú ná dhá uair an chloig déanach) | EUR 400 (EUR 200 má chuirtear ar mhalairt slí iad agus má shroichtear an ceann scríbe níos lú ná trí uair an chloig déanach) | EUR 600 (EUR 300 má chuirtear ar mhalairt slí iad agus má shroichtear an ceann scríbe níos lú ná ceithre uair an chloig déanach) |

Cealú:

— Cúnamh (béile, glaonna teileafóin agus cóiríocht, más gá)[6];

— Rogha idir (i) aisíocaíocht a fháil laistigh de sheacht lá (agus, más gá, eitilt saor in aisce go dtí an túsphointe imeachta) nó (ii) go gcuirfí ar mhalairt slí iad nó leanúint ar aghaidh lena n-aistear a luaithe is féidir nó (iii) ar dháta níos déanaí a chomhaontófar go frithpháirteach;

[4]Ba cheart do phaisinéirí a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe, mar shampla, cúnamh iomchuí a fháil gan ceangal a bheith orthu táillí breise a íoc – ar choinníoll gur cuireadh an t-iompróir ar an eolas roimh ré: 36 uair an chloig roimh an am fágála d’iompar de bhus nó de chóiste agus 48 uair an chloig roimh ré do gach modh iompair eile.
[5]I mí an Mhárta 2013, mhol an Coimisiún gur cheart na rialacha sin a shoiléiriú (agus gur cheart go háirithe an sainmhíniú ar ‘imthosca neamhghnácha’ a fheabhsú) chun cur i bhfeidhm na rialacha a éascú. Tá an togra fós á phlé agus rinneadh an chéad léamh air sa Pharlaimint an 5 Feabhra 2014 (IO C 93, 24.3.2017, lch. 336). Idir an dá linn, ghlac an Coimisiún léirmhíniú ar na rialacha atá i bhfeidhm faoi láthair ar bhonn chásdlí an 10 Meitheamh 2016.
[6]Rialaigh Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh go bhfuil an cúnamh dlite gan beann ar na forais atá leis an gcealú, agus gan teorainn ama nó teorainn airgid ar bith seachas i gcás na gcostas arna dtabhú iarbhír ag an bpaisinéir.

— Cúiteamh láithreach, mar a dhéantar i gcás nach gceadaítear dóibh bordáil, mura rud é gur tugadh fógra don phaisinéir sular cuireadh an eitilt ar ceal[7] nó go bhfuil imthosca urghnácha ann[8].

Moilleanna dhá uair an chloig ar a laghad i gcás eitiltí 1 500 km nó níos giorra, trí uair an chloig ar a laghad i gcás eitiltí idir 1 500 agus 3 500 km agus eitiltí in AE atá níos faide ná 1 500 km, agus ceithre uair an chloig ar a laghad i gcás eitiltí atá níos faide ná 3 500 km:

— Cúnamh (béile, glaonna teileafóin agus cóiríocht, más gá);

— I gcás moill níos faide ná trí uair an chloig, ba cheart aisíocaíocht laistigh de sheacht lá a thairiscint do phaisinéirí (agus, más gá, eitilt saor in aisce go dtí an túsphointe imeachta) agus cúiteamh mar a tharlaíonn i gcás cealú[9].

Uasghrádú/íosghrádú:

— Ní ceadmhach don iompróir íocaíocht bhreise a lorg nuair a dhéanann sé paisinéir a uasghrádú;

— I gcás ina ndéantar íosghrádú, ní mór don iompróir an paisinéir a aisíoc laistigh de sheacht lá mar a leanas: (i) 30% de phraghas an ticéid i gcomhair eitiltí 1 500 km nó níos giorra, (ii) 50% de phraghas an ticéid i gcomhair eitiltí idir 1 500 agus 3 500 km agus eitiltí in AE atá níos faide ná 1 500 km, agus (iii) 75% i gcomhair eitiltí atá níos faide ná 3 500 km.

Paisinéirí a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe:

Ba cheart tosaíocht a thabhairt i gcónaí do bhordáil paisinéirí a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe agus iad siúd atá á dtionlacan. Nuair nach gceadaítear bordáil, nó i gcás ina gcuirtear eitilt ar ceal nó i gcás ina gcuirtear moill uirthi, gan beann ar fhad na moille, ba cheart cúnamh a thairiscint dóibh i gcónaí (béilí, glaonna teileafóin agus cóiríocht, más gá).

Thíolaic an Coimisiún togra nua lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 261/2004 i Márta 2013 d'fhonn feabhas breise a chur ar fhorfheidhmiú rialacha AE trí shoiléiriú a dhéanamh ar na príomhphrionsabail agus ar na cearta intuigthe atá ag paisinéirí atá mar thoradh ar go leor díospóidí idir aerlínte agus paisinéirí san am atá thart. Tá próiseas na comhchinnteoireachta fós ar bun agus tá réitigh chríochnaitheacha fós le comhaontú idir an Pharlaimint agus Comhairle AE. Tá togra le haghaidh athbhreithniú ar an gcreat rialála maidir le cearta paisinéirí sceidealaithe do 2023 i gclár oibre 2023 an Choimisiúin.

**B.** Iompar d'iarnród: Rialachán (CE) Uimh. 1371/2007

Féadfaidh na Ballstáit maolú ó fhormhór na rialacha seo i gcomhair seirbhísí iarnróid intíre do phaisinéirí (go dtí 2024) agus do sheirbhísí áitiúla (i.e. seirbhísí uirbeacha,

[7]Dhá sheachtain ar a laghad roimh dháta na heitilte. Féadfar an tréimhse ama sin a ghiorrú i gcás ina gcuirtear paisinéir ar mhalairt slí.
[8]Chuir cásdlí Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh srian leis sin ach amháin do chásanna *force majeure*.
[9]D'admhaigh Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh gur féidir paisinéirí ar cuireadh moill níos mó ná trí uair an chloig ar a n-eitiltí a chur i gcomparáid le paisinéirí ar cuireadh a n-eitiltí ar ceal. D'fhoráil Rialachán (CE) Uimh. 261/2004 don fhéidearthacht aisíocaíocht a fháil i gcomhair moilleanna os cionn cúig uair an chloig, agus don fhéidearthacht sin amháin.

fo-uirbeacha agus réigiúnacha), agus do sheirbhísí idirnáisiúnta má chuirtear cuid shuntasach den aistear ar fáil lasmuigh de AE[10].

Cealú nó moill os cionn 60 nóiméad:

— Rogha idir (i) go gcuirfí ar mhalairt slí iad nó leanúint ar aghaidh lena n-aistear a luaithe is féidir, nó (ii) ar dháta níos déanaí a chomhaontófar go frithpháirteach, nó (iii) aisíocaíocht a fháil laistigh de mhí amháin (agus, más gá, aistear saor in aisce go dtí an túsphointe imeachta);

— I gcás nach ndéanfar aisíocaíocht, is ann i gcónaí don teidlíocht iompair, agus ní mór an aisíocaíocht a dhéanamh laistigh de mhí amháin arna iarraidh sin ag an bpaisinéir (ach amháin má bhí sé nó sí ar an eolas faoin moill sular cheannaigh sé nó sí an ticéad) mar a leanas: 25% de phraghas an ticéid a íocadh i gcás moilleanna idir 60 agus 119 nóiméad agus 50% i gcás moilleanna níos faide;

— Béile ag an stáisiún nó ar bord na traenach, más féidir, agus cóiríocht, más gá agus indéanta sin;

— Níl an t-iompróir faoi dhliteanas más imthosca urghnácha faoi deara an chealaithe nó na moille; bíonn cúiteamh dlite i gcónaí, áfach, fiú i gcásanna den sórt sin[11].

Soláthraíonn athmhúnlú Rialachán (CE) Uimh. 1371/2007 a sheol an Coimisiún i mí Mheán Fómhair 2017 an bunús le creat níos soiléire fós a bhunú le haghaidh an chaidrimh idir na hiompróirí agus na custaiméirí. Ba cheart leis an Rialachán seo na rialacha is infheidhme maidir leis an iompar d'iarnród a bhunú chun foráil a dhéanamh do chosaint éifeachtach paisinéirí agus chun an taisteal d'iarnród a spreagadh.

Ghlac an Pharlaimint an Rialachán ar an dara léamh in Aibreán 2021 (Rialacháin (AE) 2021/782). Tá sé beartaithe ag an gCoimisiún rialachán cur chun feidhme a ghlacadh i gcomhréir le Rialachán (AE) 2021/782 chun simpliú a dhéanamh ar an bpróiseas do phaisinéirí iarnróid le haghaidh aisíocaíocht nó cúiteamh a iarraidh trí fhoirm chaighdeánach a chruthú i gcás ina gcuirtear moill ar sheirbhísí iarnróid nó ina gcuirtear ar ceal iad.

**C.** Iompar muirí agus ar uiscebhealaí intíre: Rialachán (AE) Uimh. 1177/2010

Ní féidir cearta paisinéirí atá ag taisteal ar an bhfarraige nó ar uiscebhealach intíre (i gcomhair turais atá níos faide ná 500 m, ag baint úsáid as soithí innealta a iompraíonn níos mó ná 12 phaisinéir agus triúr den fhoireann) a fhorfheidhmiú ach amháin má (i) tá an calafort bordála nó (ii) an calafort cinn scríbe suite in AE agus más iompróir AE atá i mbun na seirbhíse. Ní mór do phaisinéirí ar long chúrsála dul ar bord ag calafort in AE chun tairbhe a bhaint as na cearta sin agus ní chumhdaítear iad faoi roinnt de na forálacha maidir le moilleanna.

Cealú nó moill os cionn 90 nóiméad tráth an imeachta:

— Ba cheart paisinéirí a chur ar an eolas faoin moill nó faoin gcealú tráth nach déanaí ná 30 nóiméad tar éis an am imeachta sceidealta;

[10]In 2017, mhol an Coimisiún an rialachán a leasú d'fhonn srian a chur le húsáid maoluithe náisiúnta. Tá an togra á mheas ag an údarás reachtach.

[11]In 2013, rialaigh Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh go bhfuil paisinéirí iarnróid i dteideal aisíocaíocht a fháil ar chuid de luach a dticéid i gcás moill shuntasach, fiú más rud é gur *force majeure* atá faoi deara na moille sin (C-509/11). Faoin togra lena leasaítear an rialachán, a thíolaic an Coimisiún in 2017, chuirfí deireadh le cúiteamh uathoibríoch den sórt sin.

— Ba cheart rogha idir (i) go gcuirfí ar mhalairt slí iad nó leanúint ar aghaidh lena n-aistear a luaithe is féidir, nó (ii) aisíocaíocht a fháil laistigh de sheacht lá (agus, más gá, aistear saor in aisce go dtí an túsphointe imeachta) a thairiscint;

— Cúnamh (ach amháin má cuireadh an paisinéir ar an eolas faoin moill sular cheannaigh sé an ticéad): béilí, más féidir, agus cóiríocht ar bord nó i dtír, más gá; tá cóiríocht i dtír srianta go trí oíche ag costas EUR 80 an oíche; ní gá cóiríocht a chur ar fáil más drochaimsir atá faoi deara an chealaithe nó na moille.

Moill shuntasach ar theacht isteach:

Ba cheart cúiteamh a íoc laistigh de mhí amháin ar iarratas ón bpaisinéir (ach amháin má bhí sé nó sí ar an eolas faoin moill sular cheannaigh sé nó sí an ticéad nó más drochaimsir nó *force majeure* atá faoi deara na moille) mar a leanas:

| Cúiteamh | 25% de phraghas an ticéid a íocadh | 50% de phraghas an ticéid a íocadh |
|---|---|---|
| Aistear ≤ 4 uair an chloig | Moill ≥ 1 uair an chloig | Moill ≥ 2 uair an chloig |
| Aistear 4 go 8 n-uair an chloig | Moill ≥ 2 uair an chloig | Moill ≥ 4 uair an chloig |
| Aistear 8 go 24 uair an chloig | Moill ≥ 3 uair an chloig | Moill ≥ 6 uair an chloig |
| Aistear ≥ 24 uair an chloig | Moill ≥ 6 uair an chloig | Moill ≥ 12 uair an chloig |

**D.** Iompar de bhus agus de chóiste: Rialachán (AE) Uimh. 181/2011

Ní féidir cearta paisinéirí atá ag taisteal ar bhus nó ar chóiste a fhorfheidhmiú ina n-iomláine ach amháin ar sheirbhísí rialta níos mó ná 250 km i gcás ina dtéann na paisinéirí ar bord nó ina dtuirlingíonn siad i gcríoch Ballstáit[12].

Cealú nó moill os cionn 120 nóiméad tráth an imeachta:

— Ba cheart paisinéirí a chur ar an eolas faoin moill nó faoin gcealú tráth nach déanaí ná 30 nóiméad tar éis an am imeachta sceidealta;

— Ba cheart rogha idir (i) go gcuirfí ar mhalairt slí iad nó leanúint ar aghaidh lena n-aistear a luaithe is féidir, nó (ii) aisíocaíocht a fháil laistigh de 14 lá (agus, más gá, aistear saor in aisce go dtí an túsphointe imeachta) a thairiscint; mura ndéanfaidh an t-iompróir an rogha sin a thairiscint don phaisinéir, caithfear aisíocaíocht a dhéanamh leis an bpaisinéir agus tá an ceart aige nó aici freisin cúiteamh arb ionann é agus 50% de phraghas an ticéid a fháil, atá le híoc laistigh de mhí amháin;

— I gcomhair aistir atá níos faide ná trí uair an chloig, má tá an tseirbhís 90 nóiméad déanach, caithfear cúnamh a thairiscint (béilí agus cóiríocht, más gá, i gcomhair dhá oíche ar a mhéad ag luach EUR 80 an oíche); ní gá cóiríocht a chur ar fáil más drochaimsir nó tubaiste nádúrtha faoi deara an cealú nó an mhoill.

## FREAGAIRT AR GHÉARCHÉIM COVID-19

Spreag scaipeadh COVID-19 an Coimisiún le Treoirlínte Léirmhínitheacha a ghlacadh faoi na rialacháin ó AE maidir le cearta paisinéirí i gcomhthéacs staid COVID-19 a bhí ag forbairt an 18 Márta 2020, inar mheabhraigh sé go bhfuil an ceart ag paisinéirí rogha a dhéanamh idir aisíocaíocht agus malairt slí. An 13 Bealtaine 2020, ghlac an Coimisiún

[12]Baineann cearta áirithe le seirbhísí rialta a chlúdaíonn achar gearr (faisnéis do phaisinéirí, neamh-idirdhealú, rochtain do phaisinéirí a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe) nó le seirbhísí ócáideacha (neamh-idirdhealú, cúiteamh i gcás tionóisce nó díobháil do threalamh soghluaisteachta do phaisinéirí a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe).

moladh breise maidir le dearbháin a thairgtear do phaisinéirí agus do thaistealaithe mar mhalairt ar aisíocaíocht ar sheirbhísí taistil agus iompair láneagraithe a cuireadh ar ceal i gcomhthéacs phaindéim COVID-19.

An 23 Bealtaine 2022, ghlac an Coimisiún an 'Plean teagmhasach iompair' chun ceachtanna a fhoghlaim ó phaindéim COVID-19 agus chun na dúshláin atá roimh an earnáil iompair mar gheall ar chogadh na Rúise i gcoinne na hÚcráine a chur san áireamh. Bhí tionchar mór ag an dá ghéarchéim sin ar iompar earraí agus daoine.

## RÓL PHARLAIMINT NA HEORPA

Bhí an Pharlaimint ina crann taca i gcónaí do chearta paisinéirí gan beann ar an modh iompair a úsáideadh. Is é an príomhchuspóir atá aici anois ná a chinntiú go ndéanfar na téacsanna a glacadh le blianta beaga anuas a chur i bhfeidhm go cuí. Dá bhrí sin, d'éiligh an Pharlaimint go mbeadh rialacha ann atá níos furasta a thuiscint, go ndéanfaí faisnéis shoiléir agus chruinn a sholáthar do phaisinéirí roimh a n-aistear agus lena linn, go mbeadh nósanna imeachta gearáin atá díreach agus tapa ann, agus go ndéanfaí na rialacha atá ann cheana a fhorfheidhmiú ar bhealach níos fearr.

Tá an Pharlaimint i bhfách freisin leis na cearta atá ann cheana a fheabhsú, go háirithe maidir le téarmaí míthreoracha nó éagóracha i gconarthaí iompair, agus rochtain ar bhonneagar iompair do phaisinéirí a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe a fheabhsú agus cearta nua a thabhairt isteach, amhail caighdeáin cháilíochta íosta nó rialacha de chineál a thabharfadh cosaint do phaisinéirí atá ar aistir ilmhódacha. Chuirfeadh an pointe deireanach sin de cheangal ar na Ballstáit staonadh ó mhaoluithe a dhéanamh nuair a bhíonn na rialacha maidir le hiompar de bhóthar nó d'iarnród á gcur i bhfeidhm acu.

Na príomhchinntí ó Pharlaimint na hEorpa i dtaca le cearta paisinéirí:

— Rún an 25 Samhain 2009 maidir le cúiteamh do phaisinéirí i gcás féimheacht aerlíne;

— Rún an 25 Deireadh Fómhair 2011 maidir le soghluaisteacht agus cuimsiú daoine faoi mhíchumas agus an Straitéis Eorpach um Míchumas 2010-2020;

— Rún an 29 Márta 2012 maidir le feidhmiú agus cur i bhfeidhm na gceart bunaithe do dhaoine atá ag taisteal d'aer;

— Rún an 23 Deireadh Fómhair 2012 maidir le cearta paisinéirí i ngach modh iompair;

— Rún reachtach an 5 Feabhra 2014 maidir leis an togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 261/2004 lena mbunaítear comhrialacha maidir le cúiteamh agus cúnamh do phaisinéirí i gcás nach gceadófar dóibh bordáil agus i gcás ina gcuirfear eitiltí ar ceal nó i gcás ina gcuirfear moill fhada orthu agus Rialachán (CE) Uimh. 2027/97 maidir le dliteanas aeriompróra i ndáil le hiompar paisinéirí agus a gcuid bagáiste d'aer;

— Rún an 7 Iúil 2015 maidir le ticéadú comhtháite ilmhódach san Eoraip a thabhairt i gcrích;

— Rún an 17 Aibreán 2020 maidir le gníomhaíocht chomhordaithe AE chun paindéim COVID-19 agus a hiarmhairtí a chomhrac, inar iarr an Pharlaimint ar an gCoimisiún a chinntiú gur cuireadh chun feidhme go cuí na Treoirlínte Léirmhínitheacha uaidh

faoi na rialacháin ó AE maidir le cearta paisinéirí i gcomhthéacs staid COVID-19 a bhí ag forbairt, a foilsíodh an 18 Márta 2020;

— Rún an 13 Nollaig 2022 maidir leis an bplean gníomhaíochta chun borradh a chur faoi sheirbhísí fadraoin agus trasteorann iarnróid do phaisinéirí. D'iarr an Pharlaimint go n-áiritheofaí cosaint aonfhoirmeach do chearta paisinéirí i ngach modh iompair éagsúil.

Davide Pernice
10/2023

## 2.2.4. SLÁINTE PHOIBLÍ

Le gairid, tá an beartas sláinte phoiblí i gcroílár cheapadh beartas an Aontais mar gheall ar phaindéim COVID-19, ós rud é go bhfuil ceann dá réimsí fócais déanta den ailse ag an bParlaimint, agus mar chuid den iarracht i dtreo Aontas Sláinte Eorpach níos láidre a bhaint amach. Le tionscnamh Aontas Sláinte na hEorpa, tugtar aghaidh ar ábhair imní sláinte atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo, lena n-áirítear géarchéim COVID-19, cothaítear athléimneacht i gcoinne bagairtí sláinte trasteorann, tríd an bPlean Sáraithe Ailse a chur chun feidhme agus an Straitéis Chógaisíochta don Eoraip a chur chun cinn, agus feabhsaítear an tsláinte dhigiteach.

### BUNÚS DLÍ

Airteagal 168 (sláinte phoiblí a chosaint), Airteagal 114 (an margadh aonair) agus Airteagal 153 (beartas sóisialta) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE).

### CUSPÓIRÍ

Is é is aidhm do bheartas sláinte poiblí an Aontais:

- Sláinte shaoránaigh an Aontais a chosaint agus a fheabhsú;
- Tacú le nuachóiriú agus digitiú na gcóras sláinte agus an bhonneagair sláinte;
- Athléimneacht chórais sláinte na hEorpa a fheabhsú;
- Tíortha an Aontais a chumasú ar bhealach níos fearr chun paindéimí amach anseo a chosc agus aghaidh a thabhairt orthu.

### COMHTHÉACS

Le Conradh Maastricht 1992, cruthaíodh bunús dlí soiléir chun bearta a ghlacadh i réimse an bheartais sláinte. Ina dhiaidh sin, neartaíodh na forálacha sin le Conradh Amstardam 1997, rud a chuir ar chumas AE bearta a ghlacadh lena n-áirithítear ardleibhéal cosanta do shláinte an duine.

Mar thoradh ar mhórcheisteanna sláinte a bheith tagtha chun cinn, chomh maith le saorghluaiseacht othar agus gairmithe sláinte laistigh den Aontas, agus iarmhairtí socheacnamaíocha saincheisteanna sláinte, tá áit níos suntasaí bainte amach ag an tsláinte phoiblí ar chlár oibre an Aontais. Cuireadh béim ar ról méadaitheach an Aontais i leith an bheartais sláinte nuair a cuireadh ar bun gníomhaireachtaí speisialaithe, amhail an Ghníomhaireacht Leigheasra Eorpach (EMA) agus an Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú (ECDC). Cuireann gníomhaireachtaí amhail an Ghníomhaireacht Eorpach Ceimiceán (ECHA) agus an Ghníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Bia (EFSA) tuilleadh le beartais sláinte na hEorpa a neartú. Leis an gclár EU4Health, a bunaíodh le Rialachán (AE) 2021/522, cuirtear cistiú ar fáil i réimse na sláinte don tréimhse 2021-2027. Cuireadh dlús leis na hiarrachtaí mar gheall ar ghéarchéim COVID-19, ar géarchéim í a leag béim ar an athléimneacht chomhchoiteann agus ar shlándáil sláinte trasteorann, agus a spreag an tAontas i dtreo Aontas Sláinte Eorpach láidir.

Le cuspóirí ginearálta Aontas Sláinte na hEorpa le haghaidh 2021-2027, dírítear ar ábhair imní sláinte phráinneacha agus leanúnacha. Áirítear orthu sin aghaidh a thabhairt ar ghéarchéim COVID-19, cosaintí a dhaingniú in aghaidh rioscaí sláinte trasteorann, tionscnaimh amhail Plean Sáraithe Ailse na hEorpa, an Straitéis Chógaisíochta don Eoraip a chur chun feidhme, agus an tsláinte dhigiteach a chur chun cinn. Leanfaidh an tAontas de bheith ag comhoibriú ar fud an domhain chun dul i ngleic le dúshláin sláinte, lena n-áirítear vacsaíní a fhorbairt agus dul i ngleic le hionfhabhtuithe atá frithsheasmhach in aghaidh ábhair fhrithmhiocróbacha.

## A BHFUIL BAINTE AMACH AGUS FORBAIRTÍ REATHA

**A.** Sláinte sna Beartais Uile

Le cur chuige na Sláinte sna Beartais Uile, arna fhoirmliú mar chur chuige AE in 2006 agus arna chodú in CFAE agus i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh (an Chairt), freagraítear don nádúr trasearnálach atá ag saincheisteanna sláinte poiblí agus é mar aidhm leis gnéithe sláinte a lánpháirtiú sna beartais ábhartha go léir (Airteagail 9 agus 168(1) de CFAE; Airteagal 35 den Chairt). Leis an gcur chuige sin, cuirtear san áireamh go córasach na himpleachtaí sláinte a bhaineann le cinntí i ngach réimse beartais eile d'fhonn feabhas a chur ar shláinte an daonra agus ar chothromas sláinte. Mar shampla, rannchuidíonn an straitéis 'ón bhFeirm go dtí an Forc' le bia inbhuanaithe a tháirgeadh, ach ní hamháin sin, rannchuidíonn sé freisin le bia níos sláintiúla a tháirgeadh; cruthaíonn an Plean Gníomhaíochta le haghaidh Truailliú Nialasach spás maireachtála níos glaine agus níos sláintiúla; cabhraíonn an Clár EU4Health (2021-2027), mar aon le cistí agus cláir eile, le haghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna sláinte ó thaobh dearcthaí éagsúla de. Tá sé mar aidhm le roinnt beartas cosc a chur le damáiste don tsláinte de bharr athrú aeráide nó atá déanta níos measa aige, amhail an méadú ar líon na ndaoine a fhaigheann bás de thoradh tonnta teasa agus tubaistí nádúrtha agus na patrúin athraitheacha atá ag teacht chun cinn i gcás galair uisce-iompartha agus galair arna dtarchur ag feithidí, seilidí nó ainmhithe fuarfhuilteacha eile. Ina theannta sin, moltar sa 8ú Clár Gníomhaíochta don Chomhshaol, a tháinig i bhfeidhm in 2022, feabhas a chur ar na naisc idir beartais chomhshaoil, lena gcuimsítear ábhair imní maidir leis an aeráid, agus beartais sláinte.

**B.** Cosaint galair agus cur chun cinn na sláinte

Cuimsíonn cosc raon leathan réimsí, lena n-áirítear tionscnaimh in aghaidh ailse, galair theagmhálacha agus neamhtheagmhálacha, vacsaíniú, agus frithsheasmhacht in aghaidh ábhair fhrithmhiocróbacha a chomhrac.

Is í an ailse an dara cúis is mó báis san Aontas. Tá tionchar aige i réimsí pearsanta agus teaghlaigh, agus déanann sé difear do chórais cúraim sláinte, d'acmhainní airgeadais agus do tháirgiúlacht eacnamaíoch fhoriomlán. Tugtar aghaidh ar an ailse ar an leibhéal Eorpach trí roinnt tionscnamh. Bhunaigh an Pharlaimint Coiste Speisialta um Shárú na hAilse (BECA) (2020-2022), a scrúdaíonn na bearta is féidir le AE a chur chun feidhme chun ailse a chomhrac. Le Plean Sáraithe Ailse na hEorpa in 2021, cumhdaítear cosc, diagnóisiú luath, cóireáil agus obair leantach, agus is léiriú é ar fhreagairt an Aontais ar na dúshláin atá ag dul i méid i réimse an bhainistithe ailse. I mí Mheán Fómhair 2022, chuir an Coimisiún cur chuige nua i láthair chun tacú le hiarrachtaí na mBallstát borradh a chur faoi ghlacadh na scagthástála ailse. Is é cuspóir an mholta an ráta rannpháirtíochta i scagthástáil le haghaidh ailse chíche, cholaireicteach

agus cheirbheacs a ardú, i gcomhréir le sprioc Phlean Sáraithe Ailse na hEorpa na scagthástálacha sin a leathnú go 90 % de dhaoine aonair incháilithe faoi 2025.

I mí na Nollag 2021, sheol an Coimisiún ‘Tionscnamh an Aontais maidir le galair neamhtheagmhálacha’ chun cabhrú le tíortha an Aontais ualaí móra galar neamhtheagmhálach a laghdú agus folláine na saoránach a fheabhsú. Meastar go bhfuil níos mó ná 84 milliún duine san Aontas ag streachailt le fadhbanna meabhairshláinte. Bhí Gníomhaíocht Chomhpháirteach AE um Meabhairshláinte agus um Dhea-bhail ar bun ó 2013 go 2018, agus is as sin a cruthaíodh an Creat Eorpach le haghaidh Gníomhaíocht um Meabhairshláinte agus um Dhea-bhail, a rannchuidíonn le cur chun cinn na meabhairshláinte. Tá féinmharú ar an dara cúis is mó báis san aoisghrúpa 15-29, agus dá réir sin tá tábhacht mhór i gcónaí le cosc, feasacht, neamhstiogmatú agus rochtain ar chúnamh nuair a bhítear ag déileáil le dúghalar, féindíobháil agus féinmharú. An 13 Meán Fómhair 2022, i rún maidir le héifeachtaí COVID-19 ar dhaoine óga, d’iarr an Pharlaimint ar an gCoimisiún Bliain Eorpach na Meabhairshláinte a bhunú. Leanann Clár Oibre EU4Health 2023 de thacaíocht a chur ar fáil do chur chun cinn na meabhairshláinte agus do shaincheisteanna meabhairshláinte a chosc. Is é galar cardashoithíoch an chúis is mó báis san Aontas. Is tosca stíle maireachtála iad drugaí, alcól agus tobac a úsáid a mbíonn tionchar tromchúiseach acu ar shláinte an duine, agus ar ghalar cardashoithíoch, agus is saincheist mhór sa bheartas sláinte poiblí é an comhrac ina gcoinne. Ba chlocha míle sa phróiseas seo a bhí sa Treoir maidir le Táirgí Tobac (Treoir 2014/40/AE; infheidhme ó 2016) agus sa Treoir maidir le Cáin Tobac (Treoir 2011/64/AE ón gComhairle), cruthaíonn úsáid drugaí costais agus dochar don tsláinte phoiblí agus do shábháilteacht an phobail freisin. I mí na Nollag 2020, d’fhormheas an Chomhairle Straitéis nua drugaí AE do 2021-2025. Leis an doiciméad, bunaítear creat polaitiúil uileghabhálach agus leagtar amach tosaíochtaí straitéiseacha do bheartas AE maidir le drugaí aindleathacha faoi thrí phríomhshraith: laghdú ar sholáthar drugaí, laghdú ar éileamh ar dhrugaí agus aghaidh a thabhairt ar dhíobháil a bhaineann le drugaí. Tá iarrachtaí chun Straitéis Alcóil AE 2006 a athbhreithniú ina stad faoi láthair.

Maidir le galair theagmhálacha agus bagairtí trasteorann ar an tsláinte, tá Córas Luathrabhaidh agus Freagartha curtha ar bun ag ECDC, agus déanann Coiste Slándála Sláinte AE comhordú ar an bhfreagairt ar ráigeanna agus eipidéimí. Tá comhar le hEagraíocht Dhomhanda Sláinte na Náisiún Aontaithe (EDS) lárnach sna cásanna sin, mar a bhí le feiceáil le ráig phaindéim COVID-19 a bhí ann ag tús 2020. Glacadh mórán beart *ad hoc* faoi nósanna imeachta práinne (féach an leathanach tiomnaithe ar EUR-Lex agus an leathanach gréasáin maidir le freagairt ar an gcoróinvíreas freisin) ag an gCoimisiún lena n-áirítear na nithe seo a leanas:

— Rialachán (AE) 2020/1043 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Iúil 2020 maidir le stiúradh trialacha cliniciúla a bhaineann le táirgí íocshláinte lena n-úsáid ag an duine ina bhfuil orgánaigh ghéinmhodhnaithe atá beartaithe an galar coróinvíris (COVID-19) a chóireáil nó a chosc nó atá comhdhéanta díobh agus soláthar na dtáirgí sin;

— Na teachtaireachtaí ón gCoimisiún ‘Straitéis an Aontais um Vacsaíní in aghaidh COVID-19’ agus ‘Ullmhacht do straitéisí vacsaínithe agus d’imscaradh vacsaíní COVID-19’;

— Moladh ón gComhairle an 13 Deireadh Fómhair 2020 lena mbunaítear critéir choiteanna agus creat coiteann don taisteal mar fhreagairt ar phaindéim COVID-19.

Le linn 2020, lean an Coimisiún de ghníomhaireacht bhreise a dhéanamh chun cabhrú le hathléimneacht mhéadaithe a chothú thar roinnt réimsí sna Ballstáit uile. Áirítear leis na bearta sin aipeanna náisiúnta teagmhála a nascadh, díolúintí taistil a leathnú, tástáil níos forleithne a dhéanamh agus soláthairtí do vacsaíní a chinntiú. Cuirtear an méid seo a leanas san áireamh sa phacáiste freagartha ar COVID-19:

— Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le bearta freagartha breise ar COVID-19;

— Moladh ón gCoimisiún maidir le straitéisí tástála COVID-19;

— Moladh ón gCoimisiún maidir le mearthástálacha antaigine a úsáid;

In 2022, leathnaíodh sainordú EMA agus leathnaíodh sainordú ECDC le rialachán nua maidir le bagairtí tromchúiseacha trasteorann agus tugadh cumhachtaí breise don Údarás Eorpach um Ullmhacht agus Freagairt i dtaca le hÉigeandáil Sláinte (HERA).

**C.** Athruithe sa tsochaí, aistriú déimeagrafach

I dTuarascáil 2023 ón gCoimisiún maidir le hAistriú Déimeagrafach, scrúdaítear na dúshláin a eascraíonn as aosú, meath daonra agus laghdú ar líon na ndaoine atá in aois oibre. Is príomhdhúshláin iad aghaidh a thabhairt ar dhaonra an Aontais atá ag dul in aois, ardcháilíocht saoil sa tseanaois agus córais cúraim sláinte inbhuanaithe a áirithiú. In 2020, sheol an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte Deacáid um Aosú Folláin, agus sa chomhthéacs sin, d’fhoilsigh an Coimisiún páipéar uaine maidir le haosú i mí Eanáir 2021.

Mar fhreagairt ar na dúshláin a bhaineann leis na géarchéimeanna imirce, glacadh an Plean Gníomhaíochta um lánpháirtiú náisiúnach tríú tíortha in 2016. I measc rudaí eile, tugann an plean gníomhaíochta aghaidh ar mhíbhuntáistí a bhaineann le sláinte a bhíonn ag imircigh, lena n-áirítear rochtain ar sheirbhísí sláinte. In 2020, thíolaic an Coimisiún an Clár Oibre don Imirce agus an Comhshocrú Nua maidir le hImirce agus Tearmann, a bhfuil sé mar aidhm leo beartais Eorpacha sa réimse seo a shruthlíniú tuilleadh.

Chomh fada siar le 2015, bhí sé iarrtha ag an bParlaimint go mbeadh gníomhaíocht ann chun neamhionannas san óige a laghdú i réimsí ar nós réimse na sláinte, agus go dtabharfaí isteach Ráthaíocht i dtaobh Leanaí i gcomhthéacs phlean AE chun bochtaineacht leanaí a chomhrac. I mí an Mheithimh 2021, ghlac an Chomhairle an togra ón gCoimisiún maidir le Ráthaíocht Eorpach do Leanaí a bhunú. Mar chéad chéim eile, tá pleananna náisiúnta á bhforbairt ag na Ballstáit ina leagfar amach conas a chuirfidh siad an Ráthaíocht do Leanaí chun feidhme go dtí 2030.

**D.** Cógais leighis (2.2.5)

Is éard is táirge íocshláinte (cógas) ann ná substaint nó teaglaim de shubstaintí a úsáidtear chun galair i ndaoine daonna a chóireáil nó a chosc. Le Treoir 2001/83/CE agus Rialachán (CE) Uimh. 726/2004 leagtar síos na ceanglais agus na nósanna imeachta maidir le húdarú margaíochta, chomh maith leis na rialacha maidir le faireachán a dhéanamh ar tháirgí údaraithe. Le Rialachán (AE) 2019/1243, rinneadh athruithe ar na rialacháin sin, agus cuireadh chun feidhme gníomhaíochtaí ar leith arb é is aidhm dóibh inrochtaineacht cógas a ráthú agus ganntanais a láimhseáil ar fud an Aontais. Féadfaidh údaráis náisiúnta táirgí íocshláinte a údarú tríd an nós imeachta

díláraithe nó féadfaidh an Coimisiún iad a údarú tríd an nós imeachta láraithe i gcás ina ndéanann EMA na measúnuithe eolaíocha. Tá EMA freagrach freisin as forbairt cógas leighis a éascú, as údaruithe margaíochta a mheas, as monatóireacht a dhéanamh ar shábháilteacht cógas, agus as faisnéis a chur ar fáil do ghairmithe cúraim sláinte. Le trialacha cliniciúla déantar imscrúdú ar éifeachtacht agus ar shábháilteacht cógas i ndaoine. Le Rialachán (AE) Uimh. 536/2014, a tháinig i bhfeidhm i mí Eanáir 2022, bunaíodh rialacha comhchuibhithe maidir le húdarú agus stiúradh trialacha cliniciúla.

Thíolaic an Coimisiún a Phacáiste Cógaisíochta i mí Aibreáin 2023, arb é is aidhm dó go mbeadh fáil níos fearr ar chógais, agus go mbeidís níos inrochtana agus níos inacmhainne. Ag an am céanna, mhol sé Moladh ón gComhairle chun dlús a chur leis an gcomhrac i gcoinne frithsheasmhacht in aghaidh ábhair fhrithmhiocróbacha. An 13 Meitheamh 2023, d'fhormheas an Chomhairle an moladh dlús a chur le gníomhaíochtaí an Aontais i gcoinne frithsheasmhacht in aghaidh ábhair fhrithmhiocróbacha trí chur chuige "Aon Sláinte Amháin".

**E.** r-Shláinte

Tá an tAontas Eorpach i lár iarrachtaí claochlaitheacha chun córais cúraim sláinte a dhigitiú. Tagraíonn digitiú na sláinte do theicneolaíochtaí digiteacha agus córais bainistithe faisnéise a chomhtháthú i ngnéithe éagsúla de thionscal an chúraim sláinte. Baineann sé le ríomhthaifid sláinte (EHRanna), teilileigheas, gléasanna inchaite, aipeanna móibíleacha, anailísíocht sonraí, agus uirlisí digiteacha eile a úsáid. Ina hóráid chuig Cruinniú Mullaigh maidir le Todhchaí na Sláinte 2023, dúirt an Coimisinéir Stella Kyriakides 'go bhféadfadh an digitiú cáilíocht, inrochtaineacht agus athléimneacht an chúraim sláinte a mhéadú.' Tá digitiú na hearnála cúraim sláinte mar chuid de straitéis an Aontais maidir leis an margadh aonair digiteach, arb é is aidhm di comhchuibhiú digiteach níos dlúithe idir Ballstáit an Aontais a bhaint amach.

Is líonra deonach é an Líonra r-Shláinte a bunaíodh faoi Airteagal 14 de Threoir 2011/24/AE a chuireann ardán ar fáil d'údaráis inniúla na mBallstát a bhíonn ag déileáil le r-Shláinte. Sa Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le Claochlú Digiteach na Sláinte agus an Chúraim Sláinte sa Mhargadh Aonair Digiteach ón mbliain 2018, sainaithnítear na tosaíochtaí seo a leanas: rochtain shlán ag saoránaigh ar a gcuid sonraí sláinte, agus é sin trasna teorainneacha freisin; cógais leighis pearsantaithe trí bhonneagar sonraí comhroinnte AE, a thugann deis do thaighdeoirí agus do ghairmithe sláinte eile acmhainní a chomhthiomsú ar fud an Aontais; agus saoránaigh a chumhachtú le huirlisí digiteacha le haghaidh aiseolas ó úsáideoirí agus cúram duinelárnach (réitigh sláinte mhóibíleacha, cógais leighis phearsantaithe). Leis an mBonneagar Seirbhísí Digiteacha r-Shláinte áirithítear leanúnachas an chúraim do shaoránaigh na hEorpa agus iad ag taisteal thar lear san Aontas. Tíolacadh togra reachtach le haghaidh spás Eorpach sonraí sláinte i mí na Bealtaine 2022 agus é mar aidhm leis cumhacht a thabhairt do shaoránaigh an Aontais a gcuid sonraí sláinte a rialú, lena gcumasófar úsáid trasteorann le haghaidh taighde agus nuálaíochta agus comhlíonadh cosanta sonraí á háirithiú ag an am céanna.

**F.** Measúnú ar Theicneolaíocht Sláinte (HTA)

Is é is aidhm do HTA sonraí fianaise-bhunaithe a chur ar fáil maidir le teicneolaíochtaí sláinte chun beartais sláinte atá sábháilte, éifeachtach, dírithe ar othair agus cost-éifeachtúil a áirithiú. Baineann na húdaráis náisiúnta úsáid freisin as torthaí HTA chun cinntí a threorú faoi na teicneolaíochtaí ba cheart a aisíoc ar an leibhéal intíre. Déanann HTA measúnú ar an mbreisluach a bhaineann le teicneolaíochtaí sláinte lena n-áirítear

cógais leighis, feistí leighis agus uirlisí diagnóiseacha, gnáthaimh mháinliachta, chomh maith le bearta chun galair a chosc, a dhiagnóisiú nó a chóireáil. Glacadh rialachán nua chun measúnú a dhéanamh ar theicneolaíochtaí sláinte i mí na Nollag 2021.

## RÓL PHARLAIMINT NA HEORPA

Bhí an Pharlaimint go leanúnach i bhfách le beartas sláinte poiblí comhleanúnach a bhunú. D'fhéach sí freisin leis an mbeartas sláinte a neartú agus a chur chun cinn tríd an iliomad tuairimí, staidéar, díospóireachtaí, dearbhuithe i scríbhinn agus tuarascálacha féintionscnaimh maidir le raon leathan saincheisteanna. Ag tús na tréimhse reachtaí reatha, ghlac sí ról níos réamhghníomhaí uirthi féin maidir le cláir oibre a leagan síos, leis an iarracht a rinne sí príomhthosaíocht a dhéanamh de shárú na hailse i mbeartas sláinte an Aontais. Le linn ghéarchéim COVID-19, ghlac an Pharlaimint ról réamhghníomhach maidir le freagairt chomhordaithe Eorpach a chur chun cinn agus leag sí béim ar an ngá atá le dul i mbun comhair níos láidre i réimse na sláinte chun Aontas Sláinte Eorpach a chruthú.

Is é an Coiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia (ENVI) príomhghníomhaíocht na Parlaiminte i gcúrsaí sláinte. Go luath in 2023, bhunaigh an Coiste ENVI Fochoiste nua buan um Shláinte Phoiblí (SANT) a neartóidh ról na Parlaiminte maidir le grinnscrúdú a dhéanamh ar bheartais sláinte AE agus maidir lena bhforbairt a chur chun cinn. Chomh maith leis sin, chuir Parlaimint na hEorpa an gá le cur chuige Eorpach níos comhordaithe chun dul i ngleic leis an ailse ar bharr an chláir oibre pholaitiúil sa 9ú tréimhse reachtach atá aici faoi láthair, trí Choiste Speisialta um Shárú na hAilse a bhunú.

D'áitigh an Pharlaimint go mbeadh clár sláinte Eorpach neamhspleách ann lena ndaingneofaí tacaíocht do EU4Health. Déanann sí grinnscrúdú freisin ar chur chun feidhme na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta trí idirphlé, ceisteanna, staidéir, agus taighde inmheánach, agus béim á leagan aici ar a thábhachtaí atá athchóirithe sláinte. Thacaigh an Pharlaimint go seasta freisin le folláine mheabhrach a chur chun cinn agus tús áite a thabhairt don mheabhairshláinte i gceapadh beartais AE.

Chun tuilleadh eolais a fháil faoin ábhar seo, breathnaigh ar shuíomhanna gréasáin an Choiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia agus an Fhochoiste um Shláinte Phoiblí.

Maria-Mirela Curmei / Christian Kurrer
10/2023

# 2.2.5. CÓGAIS AGUS FEISTÍ LEIGHIS

Tá cógais agus feistí leighis faoi réir rialacha an mhargaidh aonair agus tá tionchar díreach acu ar shláinte daoine. Tá creat dlíthiúil daingean i bhfeidhm chun an tsláinte phoiblí a chosaint agus chun sábháilteacht na dtáirgí sin a ráthú. I measc na saincheisteanna tábhachtacha a ndéileálann AE leo sa réimse sin tá rochtain ar chógais inacmhainne, frithsheasmhacht in aghaidh ábhair fhrithmhiocróbacha a chomhrac, iompraíocht eiticiúil i dtrialacha cliniciúla, úsáid na hintleachta saorga i bhfeistí leighisagus dreasachtaí chun tabhairt faoi thaighde agus forbairt.

## BUNÚS DLÍ

Airteagail 168 agus 114 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

## COMHTHÉACS

Tá na Ballstáit freagrach as beartais sláinte a cheapadh agus as seirbhísí sláinte agus cúram leighis a eagrú agus a sholáthar. Tá inniúlacht chomhlántach ag an Aontas a chuireann ar a chumas tacú le gníomhaíochtaí agus iad a chomhordú agus reachtaíocht cheangailteach a ghlacadh maidir le cógais agus feistí leighis.

## A BHFUIL BAINTE AMACH AGUS FORBAIRTÍ REATHA

### A. Rialacha ginearálta maidir le cógais

Is éard is táirge íocshláinte (cógas) ann ná substaint nó teaglaim de shubstaintí a úsáidtear chun galair i ndaoine daonna a chóireáil nó a chosc. Tá údarú don mhargadh, aicmiú agus lipéadú cógas á rialú in AE ó 1965, agus é mar aidhm leis sláinte phoiblí a chosaint. Rinneadh an mheastóireacht ar fhormhór na gcógas leighis a lárú tríd an nGníomhaireacht Leigheasra Eorpach (EMA). Cuireadh nós imeachta údaraithe láraithe 1995 chun feidhme chun formheasanna a chuíchóiriú agus chun soláthar cobhsaí táirgí íocshláinte a choinneáil ar bun. Is iad seo a leanas na príomhchreataí reachtacha sa réimse seo Treoir 2001/83/CE agus Rialachán (CE) Uimh. 726/2004, lena leagtar síos na rialacha chun nósanna imeachta láraithe agus díláraithe a bhunú le haghaidh údaruithe margaíochta. Leasaíodh na creataí sin le Rialachán (AE) 2019/1243, lena dtugtar isteach bearta sonracha chun infhaighteacht cógas a áirithiú agus chun ganntanais a bhainistiú laistigh den Aontas. I mí Aibreáin 2023, ghlac an Coimisiún togra le haghaidh treoir nua agus rialachán nua chun Treoir 2001/83/CE agus Rialachán (CE) Uimh. 726/2004 faoi seach a aisghairm.

Chomh luath agus a chuirtear cógais ar an margadh, déanann EMA faireachán orthu le linn a saolréanna iomlána faoin gcóras faireachais cógas, trína ndéantar taifeadadh ar aon drochthionchar ó dhrugaí sa chleachtas cliniciúil laethúil.

Chomh maith leis na rialacha ginearálta maidir le cógais, tá rialacháin shonracha ann freisin do tháirgí íocshláinte dílleachtacha chun galair neamhchoitianta a chóireáil (Rialachán (CE) Uimh. 141/2000), do chógais do leanaí (Rialachán (CE) Uimh. 1901/2006) agus d'ardteiripí (Rialachán (CE) Uimh. 1394/2007). Tá tuilleadh faisnéise faoin topaic seo leagtha amach i rannóg D.

**B.** Trialacha cliniciúla

Is éard atá i dtrialacha cliniciúla ná imscrúduithe córasacha ar chógais i ndaoine a dhéantar chun staidéar a dhéanamh ar éifeachtacht agus ar shábháilteacht cógais áirithe. Chun go ndéanfaí cógas a chur ar an margadh, is gá go mbeadh doiciméid ag gabháil leis ina léirítear torthaí na dtástálacha a rinneadh air. Forbraíodh caighdeáin de réir a chéile –in AE agus go hidirnáisiúnta araon – ó 1990 agus déantar iad a chódú i reachtaíocht AE, próiseas atá éigeantach don tionscal cógaisíochta. Leis an athbhreithniú is déanaí ar reachtaíocht AE ó 2014 bunaíodh rialacha comhchuibhithe d'údarú agus do reáchtáil trialacha cliniciúla (Rialachán (AE) Uimh. 536/2014). Is gá athbhreithniú eolaíoch agus eitice a dhéanamh ar thrialacha cliniciúla agus is gá údarú a fháil dóibh roimh ré. De bhreis air sin, ní fhéadfar iad a dhéanamh ach amháin i gcás ina dtugtar cosaint agus tús áite do chearta, do shábháilteacht, do dhínit agus d'fholláine na rannpháirtithe thar gach leas eile, agus ní fhéadfar iad a dhéanamh ach amháin i gcás ina bhfuil an triail ceaptha sa chaoi is go nginfidh sí sonraí iontaofa stuama. Tháinig Rialachán (AE) Uimh. 536/2014 i bhfeidhm ag deireadh mhí Eanáir 2022 agus bunaíodh Córas Faisnéise an Aontais maidir le Trialacha Cliniciúla chun iarratais a cuireadh isteach ar thrialacha cliniciúla a lárú agus chun torthaí na dtrialacha sin a sholáthar, rud a fheabhsaíonn trédhearcacht agus inrochtaineacht sa taighde cliniciúil.

**C.** Táirgí íocshláinte ard-teiripe

Is cineál táirge nó cógas réasúnta nua atá i dtáirgí íocshláinte ard-teiripe atá bunaithe ar fhorbairtí i mbiteicneolaíocht cheallach agus mhóilíneach agus i gcóireálacha nuálacha, lena n-áirítear géinteiripe, teiripe cille agus innealtóireacht fíochán. Is táirgí coimpléascacha iad seo, a bhfuil gníomhartha cógaisíochta, imdhíoneolaíocha mó meitibileacha ag baint leo, agus ní féidir caitheamh leo ar an gcaoi chéanna is a chaitear le drugaí traidisiúnta, agus éilíonn siad reachtaíocht shonrach mar a leagtar síos i Rialachán (CE) 1394/2007 agus Treoir 2009/120/CE. De bharr an riosca tarchurtha galair a bhaineann leo, ní mór d'fhíocháin agus do chealla a bheith faoi réir ceanglais dhochta sábháilteachta agus cháilíochta. Dá bhrí sin, tá Treoir 2004/23CE maidir le caighdeáin a leagan síos do cháilíocht agus sábháilteacht do dheonú, soláthar, tástáil, próiseáil, caomhnú, stóráil agus dáileadh fíochán agus ceall daonna ina Treoir atá thar a bheith ábhartha i gcomhthéacs na dtáirgí sin. Bunaíodh coiste d'ardteiripí in EMA atá freagrach as measúnú a dhéanamh ar cháilíocht, ar shábháilteacht agus ar éifeachtúlacht táirgí íocshláinte ard-teiripe agus ag leanúint ó fhorbairtí eolaíocha i réimse an bhithleighis atá ag teacht chun cinn, a bhfuil féidearthachtaí ollmhóra ag baint leis d'othair agus don tionscal.

**D.** Táirgí íocshláinte dílleachtacha agus cógais do leanaí

Déantar rialáil shonrach ar tháirgí íocshláinte péidiatracha (Rialachán (CE) Uimh. 1901/2006) chun a áirithiú go bhfuil tástáil speisialta déanta orthu do leanaí ar bhealach eiticiúil, go bhfreastalaíonn siad ar riachtanais leanaí agus go bhfuil dáileoga agus foirmlithe atá iomchuí ó thaobh aoise de acu. Le Rialachán (AE) 2019/5 leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1901/2006 chun a chur san áireamh go bhfuil na hoibleagáidí sonracha atá faoi réir pionós airgeadais leagtha síos anois i Rialachán (CE) Uimh. 726/2004. Déanann cuideachtaí cógaisíochta staidéir ar leanaí chun fianaise a fháil faoi shábháilteacht agus éifeachtúlacht cógais nua sula lorgaíonn siad údarú margaíochta. Déanann Coiste Péidiatrach EMA measúnú ar na staidéir sin agus ar na sonraí arna nginiúint acu.

In AE, is galair neamhchoitianta iad na galair sin nach mbíonn ag níos mó ná cúigear as gach 10 000. Déantar drugaí íocshláinte dílleachtacha a tháirgeadh go sonrach chun na galair sin a chóireáil. Leagtar síos le Rialachán (CE) Uimh. 141/2000 an nós imeachta láraithe d'ainmniú drugaí díllteachtacha. Mar gheall ar an líon íseal daoine a bhfuil galair neamhchoitianta orthu, níl taighde sa réimse seo an-tarraingteach ó thaobh an gheilleagair de. Dá bhrí sin, sheol an tAontas an Tionscnamh um Míochaine Nuálaíoch chun an tionscal cógaisíochta a spreagadh chun drugaí dílleachta a fhorbairt. In 2017, thosaigh an Coimisiún a mheastóireacht ar an reachtaíocht do chógais do leanaí agus do ghalair neamhchoitianta. Idir mí na Bealtaine 2021, thug an Coimisiún comhairliúchán poiblí chun críche maidir leis an ábhar sin. I mí na Samhna 2022, d'fhoilsigh an Coimisiún an Treoirlíne Fhógra maidir le formáid agus inneachar na n-iarratas ar ainmniú mar tháirgí íocshláinte dílleachta agus maidir le haistriú ainmniúchán ó urraitheoir amháin go hurraitheoir eile. Ós rud é gur ábhar imní ar fud an domhain iad galair neamhchoitianta, comhoibríonn EMA go forleathan lena gcomhghleacaithe domhanda chun cógais dhílleachtacha a ainmniú agus a mheas.

Tugtar aghaidh freisin ar chógais dílleachta agus phéidiatraiceacha le togra 2023 ón gCoimisiún le haghaidh rialachán nua mar chuid den 'phacáiste cógaisíochta' lena leagtar síos nósanna imeachta an Aontais maidir le húdarú agus maoirseacht táirgí íocshláinte lena n-úsáid ag an duine.

**E.** Feistí leighis

Is éard is feiste leighis ann aon táirge a úsáidtear chun críoch leighis, lena n-áirítear diagnóis, cosc, cóireáil, imscrúdú nó athruithe ar an anatamaíocht, chomh maith le feistí frithghiniúna agus trealamh leighis a steiriliú.

Le Rialachán (AE) 2017/745 (an Rialachán maidir le Feistí Leighis) agus Rialachán (AE) 2017/746 leagtar síos na rialacha maidir le feistí leighis agus feistí diagnóiseacha in vitro (IVD) a chur ar an margadh agus maidir le himscrúduithe cliniciúla gaolmhara. Tháinig na rialacháin seo i bhfeidhm i mí na Bealtaine 2021 agus i mí na Bealtaine 2022 faoi seach. Déantar feistí a ghrúpáil i gcomhréir lena gcatagóir riosca, agus tá rialacha sonracha ag gabháil le gach catagóir. Leis na rialacha sin, tugtar isteach nósanna imeachta níos déine don mheasúnú comhréireachta agus don fhaireachas iarmhargaíochta, ceanglaítear ar mhonaróirí sonraí maidir le sábháilteacht chliniciúil a sholáthar, córas a bhunú do shainaithint feiste uathúil ionas go mbeidh feistí inrianaithe, agus déantar foráil maidir le bunachar sonraí Eorpach maidir le feistí leighis a chur ar bun. Le Rialachán (AE) 2023/607 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Márta 2023 leasaítear na rialacháin thuasluaite a mhéid a bhaineann leis na forálacha idirthréimhseacha le haghaidh feistí leighis áirithe agus feistí leighis IVD áirithe. Leis an rialachán nua seo, tugtar isteach síneadh céimnithe leis an idirthréimhse dá bhforáiltear sa Rialachán maidir le Feistí Leighis, faoi réir coinníollacha áirithe. Scriostar freisin sa Rialachán maidir le Feistí Leighis agus sa Rialachán maidir le IVD an spriocdháta 'díolta' ar ina dhiaidh a chaithfí feistí a cuireadh ar an margadh roimh na hidirthréimhsí nó lena linn atá fós sa slabhra soláthair a tharraingt siar.

**F.** Frithsheasmhacht in aghaidh ábhair fhrithmhiocróbacha

Is substaintí iad oibreáin fhrithmhiocróbacha a mharaíonn nó a choisceann miocrorgánaigh, lena n-áirítear baictéir, víris, fungais agus paraisítí. Tá gaol idir úsáid (agus mí-úsáid) oibreán frithmhíocróbach agus leitheadúlacht miocrorgánach atá tar éis frithsheasmhacht a fhorbairt i gcoinne na n-oibreán sin, agus ar an gcaoi sin is bagairt mhór iad don tsláinte phoiblí agus méadaíonn siad na costais go suntasach.

Thosaigh an ghníomhaíocht ar leibhéal AE chun dul i ngleic le frithsheasmhacht i gcoinne ábhair fhrithmhiocróbacha chomh fada siar leis na 1990idí. Leis an bPlean Gníomhaíochta Eorpach Aon Sláinte Amháin i gcoinne na frithsheasmhachta in aghaidh ábhair fhrithmhiocróbacha (FSFM), a glacadh in 2017, áirithítear cóireáil éifeachtach ionfhabhtuithe trí theacht chun cinn agus leathadh FSFM a laghdú agus trí fhorbairt agus infhaighteacht ábhar frithmhiocróbach nua agus éifeachtach a threisiú. An 1 Meitheamh 2023, rith an Pharlaimint rún lena dtugtar aghaidh ar iarrachtaí AE chun FSFM a chomhrac. Ina theannta sin, an 13 Meitheamh 2023, d'fhormheas an Chomhairle moladh maidir le dlús a chur le gníomhaíochtaí an Aontais chun FSFM a chomhrac trí chur chuige na hAon Sláinte Amháin. I mí Feabhra 2023, d'fhoilsigh an Coimisiún Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/905 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2019/6 a mhéid a bhaineann leis an toirmeasc ar úsáid táirgí íocshláinte frithmhiocróbacha áirithe in ainmhithe a chur i bhfeidhm.

## DÚSHLÁIN BHREISE

Bíonn AE de shíor ar a dhícheall tionscnaimh a chur chun feidhme chun taighde agus nuálaíocht in earnáil na cógaisíochtaa chothú. Bhí na creatchláir um thaighde i gcónaí tacaithe ag taighde sláintebhainteach. Déanfaidh an clár maoinithe taighde agus nuálaíochta reatha, Fís Eorpach, taighde sláintebhainteach a chur chun cinn, freagróidh sé ar na dúshláin reatha trí dhul i ngleic le topaicí amhail sláinte ar feadh an tsaoil, cinntithigh shláinte, chomhshaoil agus sláinte sóisialta, galair neamhtheagmhálacha agus neamhchoitianta, galair thógálacha, uirlisí, teicneolaíochtaí agus réitigh dhigiteacha don tsláinte agus don chúram, agus córais cúraim sláinte.

Tá ról tábhachtach freisin ag cláir chistiúcháin eile de chuid an Aontais amhail clár EU4Health 2021-2027, a glacadh chun ullmhacht i gcomhair géarchéimeanna a fheabhsú, agus Ciste Sóisialta na hEorpa Plus 2021-2027, lena dtacaítear le rochtain ar chúram sláinte. De bhreis air sin, tá tacaíocht mhór tugtha ag AE d'fhorbairt drugaí nuálacha agus d'fhorbairt cóireálacha a bhfuil géarghá leo, agus luas a chur leis an rochtain atá ag othair ar chóireálacha nua tríd an Tionscnamh um Míochaine Nuálaíoch agus a réamhtheachtaithe.

Tá an rochtain ar chógais bhunriachtanacha ina cuid den cheart chun sláinte, dar leis an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte. Tá rochtain ar chóireáil leighis, áfach, ag brath níos mó agus níos mó ar infhaighteacht cógas inacmhainne. Léirítear sna torthaí go bhfuil difríochtaí ann i ndíolacháin cógas nuálach idir Ballstáit éagsúla, rud is féidir a chur i leith éagothromaíochtaí eacnamaíocha agus difríochtaí i mbonneagar cúraim sláinte. Tá an fhadhb sin éirithe níos measa fós toisc na géarchéime eacnamaíche. Mar gheall ar a cúiseanna imní ina leith, d'fhoilsigh an Pharlaimint roinnt tuarascálacha féintionscnaimh maidir leis an rochtain ar chógais. In 2017 ghlac an Pharlaimint rún maidir le roghanna chun rochtain ar chógais a fheabhsú. Tá rochtain ar chógais inacmhainne fós ina tosaíocht don Choimisiún reatha, rud ar leagadh béim air ina straitéis chógaisíochta le déanaí.

Ag EMA, soláthraíonn Tascfhórsa maidir le hInfhaighteacht Leigheasra Údaraithe le haghaidh Úsáid Dhaonna agus Tréidliachta réitigh straitéiseacha agus struchtúracha chun dul i ngleic le briseadh i soláthar cógas agus chun a áirithiú go mbeidh siad ar fáil go leanúnach san Aontas, agus na struchtúir agus na próisis a bhunaigh EMA chun

déileáil le ganntanais cógas leighis i gcomhréir le Rialachán (AE) 2022/123 maidir le ról treisithe EMA dírithe go príomha ar ghníomhaíochtaí a bhaineann le géarchéimeanna.

I bhfianaise na n-ábhar imní atá ag dul i méid maidir le ganntanais cógas áirithe, atá ag dul in olcas mar gheall ar imeachtaí geopholaitiúla amhail an cogadh san Úcráin, na géarchéimeanna fuinnimh agus an boilsciú ard, ní mór aird a thabhairt freisin ar ghné an tsoláthair de chógais. Chuige sin, d'eisigh EMA treoir in 2019 maidir le brath agus fógra faoi ghanntanais táirgí íocshláinte.

I mí na Nollag 2021, foilsíodh Rialachán (AE) 2021/2282 maidir le measúnú ar theicneolaíochtaí sláinte agus lena leasaítear Treoir 2011/24/AE. Tháinig an rialachán i bhfeidhm i mí Eanáir 2022 agus beidh feidhm aige amhail ó mhí Eanáir 2025. Déanfaidh an rialachán nua sainiú ar an gcreat tacaíochta agus ar na nósanna imeachta don chomhar maidir le measúnú cliniciúil ar theicneolaíochtaí sláinte ar leibhéal AE, agus ar mhodheolaíochtaí comhchoiteanna a bhaineann leis sin. I measc nithe eile, cuideoidh sé chun luas a chur leis an rochtain ar chógais nua.

An 7 Márta 2023, ghlac an Chomhairle an togra ón gCoimisiún arb é is aidhm dó síneadh a chur leis an idirthréimhse chun oiriúnú do na rialacha nua faoin Rialachán maidir le Feistí Leighis.

## RÓL PHARLAIMINT NA HEORPA

Tá Parlaimint na hEorpa á éileamh go leanúnach go mbunófaí beartas sláinte poiblí comhleanúnach agus beartas ar earraí cógaisíochta a thabharfaidh aird ar leas sláinte poiblí agus ar ghnéithe tionsclaíochta araon. I measc roinnt den reachtaíocht a glacadh le déanaí agus a raibh an Pharlaimint an-ghníomhach ina glacadh mar chomhreachtóir, áirítear rialacháin maidir le trialacha cliniciúla, feistí leighis agus feistí in vitro. Mhol an Pharlaimint go ndéanfaí sábháilteacht an othair a neartú le linn na phróisis reachtaigh. Leagtar béim, i rúin neamhreachtacha agus i ndíospóireachtaí maidir le saincheisteanna reatha amhail úsáid na hintleachta saorga i bhfeistí leighis, an rochtain ar chógais nó FSFM, ar an aird ba cheart don Pharlaimint a thabhairt ar na dúshláin leanúnacha agus ar na bagairtí atá ag teacht chun cinn. Le linn éisteacht an Choimisinéara Kyriakides, leag an Pharlaimint béim bhreise ar an ngá atá le feidhmiú maidir leis na dúshláin sin.

Sa chaibidlíocht in 2021 ar Rialachán (AE) 2021/2282 maidir le measúnú ar theicneolaíocht sláinte, bhí fonn ar an bParlaimint a áirithiú go mbainfí leas as measúnú ar theicneolaíocht na sláinte chun nuálaíochtaí a chur chun cinn chun na torthaí is fearr agus is féidir a bhaint amach d'othair agus don tsochaí i gcoitinne, agus foireann leighis, othair agus institiúidí leighis a chumasú ionas gur féidir leo cinneadh a dhéanamh i dtaobh an bhfuil teicneolaíocht nua sláinte áirithe ina feabhas ar na teicneolaíochtaí sláinte atá ann cheana, ó thaobh a rioscaí agus a tairbhí de.

Chun tuilleadh eolais a fháil ar an ábhar seo, féach suíomh gréasáin an Choiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia (ENVI) agus an Fhochoiste um Shláinte Phoiblí (SANT).

Maria-Mirela Curmei / Christian Kurrer
10/2023

# 2.2.6. SÁBHÁILTEACHT BIA

Tá sé mar aidhm le beartas sábháilteachta bia an Aontais sláinte an duine agus leasanna tomhaltóirí a chosaint agus oibriú rianúil an mhargaidh aonair a chothú. Le blianta beaga anuas, le hathrú paraidíme leathnaíodh cuspóirí sábháilteachta bia chun neamhshlándáil bia arb é an t-athrú aeráide is cúis léi a chur san áireamh. Áirithíonn an tAontas go gcloítear le caighdeáin sna réimsí seo a leanas: sláinteachas beatha agus táirgí bia, sláinte ainmhithe, sláinte plandaí, galair zónóiseacha bia-iompartha agus éilliú bia a chosc. Déanann an tAontas rialáil ar lipéadú le haghaidh táirgí beatha agus bia freisin.

## BUNÚS DLÍ

Airteagail 43, 114, 168(4) agus 169 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

## CÚLRA GINEARÁLTA

I ndiaidh sraith géarchéimeanna maidir le bia don duine agus beatha ainmhithe (e.g. ráig na heinceifileapaite spúinsí bólachta (ESB) agus an imní faoi dhé-ocsain), rinneadh athchóiriú suntasach ar bheartas sábháilteachta bia an Aontais go luath sna 2000í. Mar thoradh air sin, forbraíodh an cur chuige 'Ón bhFeirm go dtí an Forc', a fhéachann le leibhéal ard sábháilteachta a áirithiú ag gach céim den phróiseas táirgthe agus dáilte le haghaidh gach táirge bia a mhargaítear laistigh den Aontas, cibé a tháirgtear laistigh den Aontas iad nó a allmhairítear ó thíortha nach tíortha den Aontas Eorpach iad. Is ionann an corpas reachtaíochta sin agus córas casta comhtháite rialacha lena gcumhdaítear an biashlabhra iomlán, ó bheatha agus sláinte ainmhithe, trí chosaint plandaí agus táirgeadh bia, go próiseáil, stóráil, iompar, allmhairiú, onnmhairiú, agus miondíolacháin. Cloíonn an tAontas le hardchaighdeáin sábháilteachta bia agus beatha, ach tarlaíonn teagmhais sábháilteachta bia agus beatha fós. Tá córas láidir ag an Aontas, i dteannta leis na húdaráis náisiúnta agus leis an Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bia (EFSA), chun na fadhbanna sábháilteachta sin a bhrath agus chun freagairt dóibh. Déanfar tuilleadh forbartha ar na rialacha sin, agus cur chuige 'aon sláinte amháin' á chur i bhfeidhm i gcomhthéacs straitéis an Choimisiúin 'Ón bhFeirm go dtí an Forc', a cuireadh i láthair in 2020 mar chuid den Chomhaontú Glas don Eoraip, agus a bhfuil sé mar aidhm leis táirgeadh bia a ailíniú le caomhnú an chomhshaoil.

## A BHFUIL BAINTE AMACH

### A. Reachtaíocht ghinearálta

Déantar prionsabail agus ceanglais ghinearálta dhlí bia agus beatha an Aontais a leagan síos i rialachán réime ó 2002, agus tugann sé aird ar 'phrionsabal an réamhchúraim' (2.5.1). Leagadh amach cur chuige measúnaithe riosca sa rialachán agus bunaíodh ann forálacha ginearálta maidir le hinrianaitheacht le haghaidh bia agus beatha. Tugadh isteach ann an córas mear-rabhaidh um bia-ábhair agus beathú, lena gcumasaítear na Ballstáit agus don Choimisiún faisnéis a mhalartú go tapa agus comhordú a dhéanamh ar a gcuid freagairtí ar bhagairtí sláinte de bharr bia nó beatha. Bunaíodh EFSA ann freisin, a bhfuil sé de chúram air faisnéis maidir le gach riosca a bhaineann leis an mbiashlabhra a mheas agus a sholáthar. I ndiaidh

seiceáil oiriúnachta, agus mar fhreagairt don Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh maidir le gliofosáit, tá athbhreithniú déanta ag an Aontas ar a riail ghinearálta bia chun trédhearcacht mheasúnuithe riosca EFSA agus neamhspleáchas na mbunstaidéar eolaíochta a fheabhsú agus chun comhar leis na Ballstáit maidir le saineolaithe agus sonraí a sholáthar. Bhí sé mar rún freisin ag an gCoimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar phíosaí bunúsacha eile reachtaíochta i réimsí bianna núíosacha, Orgánaigh Ghéinmhodhnaithe (OGManna), lotnaidicídí, ábhair a bhíonn i dtadhall le bia agus breiseáin bia chun iad a chur ar aon dul le hathbhreithniú an dlí bia ghinearálta agus chun borradh a chur faoi thrédhearcacht.

**B.** Sláinteachas bia-ábhar

Tá sé mar aidhm ag an Aontas sláinteachas bia ó fheirmeacha go tomhaltóirí a áirithiú. I mí Aibreáin 2014, mar chuid den chur chuige 'Ón bhFeirm go dtí an Forc', glacadh creat reachtach nua ar a dtugtar an 'Pacáiste Sláinteachais' (Rialachán (AE) Uimh. 852/2004), ina dtugtar aghaidh ar shláinteachas bia-ábhar, ina leagtar síos rialacha sonracha sláinteachais maidir le bia de bhunadh ainmhíoch agus ina gcuirtear creat Comhphobail ar bun le haghaidh rialuithe oifigiúla ar tháirgí de bhunadh ainmhíoch a ceapadh lena gcaitheamh ag an duine. Leagtar síos i gcreat an Chomhphobail freisin rialacha sonracha maidir le feoil úr, moilisc dhébhlaoscacha, bainne agus táirgí bainne. Faoin bpacáiste, déantar, trí chóras féinrialaithe ina mbaintear úsáid as an modh anailíse guaise agus pointí rialúcháin criticiúla, sláinteachas na mbia-ábhar a chur mar chúram díreach ar na gníomhaithe éagsúla sa bhiashlabhra, agus déantar faireachán ar an gcóras sin trí bhíthin rialuithe oifigiúla nach mór do na húdaráis inniúla a dhéanamh. Tugadh na hiarscríbhinní a ghabhann leis an rialachán cothrom le dáta i mí an Mhárta 2021. Leasaíodh Rialachán (CE) Uimh. 852/2004 roinnt uaireanta chun cleachtais sláinteachais a fhorfheidhmiú chun ailléirginí a chosc, athdháileadh sábháilte bia a éascú agus feasacht maidir le sábháilteacht bia a fheabhsú i measc fostaithe na bunaíochta.

Le Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 maidir le prionsabail ghinearálta dhlí bia an Aontais, cuirtear rialacha maidir le hinrianaitheacht ar an bhfód. Má tá riosca don tsláinte ag baint le bia, ní mór do ghnólachtaí é a tharraingt siar ón margadh go pras, úsáideoirí a chur ar an eolas faoi agus fógra a thabhairt don údarás ábhartha ina leith.

**C.** Éilliú bia

Is féidir éilliú bia tarlú go nádúrtha nó is féidir leis eascairt as cleachtais saothraithe nó próisis táirgthe. Tháinig Rialachán (AE) 2023/915, a tháinig in ionad Rialachán (CE) Uimh. 1881/2006 a bhí ann roimhe sin, i bhfeidhm i mí na Bealtaine 2023 agus díríonn sé ar uasleibhéil a bhunú le haghaidh éilleáin éagsúla i mbia. Chun sláinte phoiblí a chosaint, bunaítear uasleibhéil le haghaidh éilleán i mbia ainmhíbhunaithe agus plandabhunaithe, amhail níotráití, miotail throma agus dé-ocsainí agus déantar na huasleibhéil sin a athbhreithniú go rialta. D'fhéadfadh iarmhair i mbia-ábhair a bheith de bhunadh bia-ainmhithe freisin, ar ainmhithe iad a cóireáladh le cógais tréidliachta nó nach ndearnadh a chosaint ar lotnaidicídí ná táirgí bithicíde. Déantar uasteorainneacha iarmhair a shocrú agus a nuashonrú go tráthrialta. Ní fhéadfar bia-ábhair ina bhfuil cainníochtaí do-ghlactha de shubstaintí éilleáin a mhargú san Aontas.

Ina theannta sin, tá rialacha ann a bhaineann le hábhair a bhíonn i dtadhall le bia amhail ábhair a úsáidtear chun bia a iompar nó a phróiseáil, mar aon le hábhair phacáistíochta agus earraí cistine nó earraí boird. Leagtar síos i gcreat-rialachán, a leasaíodh in 2019, na ceanglais ghinearálta maidir le gach ábhar agus earra ábhartha, trína n-

áirithítear nach mbíonn comhábhair na n-ábhar sin i mbia ag leibhéil atá díobhálach do shláinte an duine. Féadfar bearta sonracha de chuid an Aontas ina bhfuil forálacha níos mionsonraithe a ghlacadh don 17 n-ábhar a bhíonn i dtadhall le bia (gach ábhar agus earra atá beartaithe a bheith i dtadhall le bia) a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis sin. Leagtar amach i Rialachán (CE) Uimh. 2023/2006 na caighdeáin dea-chleachtais monaraíochta d'ábhair agus d'earraí atá beartaithe a bheith i dtadhall le bia. I dtaca le plaistigh, mar shampla, tá srianta tugtha isteach maidir le Bisfeanól A a úsáid i mbuidéil phlaisteacha beathaithe do naíonáin. In 2011, rinne an tAontas a rialacháin maidir le plaistigh a úsáidtear in ábhair a bhíonn i dtadhall le bia a chomhdhlúthú i ndoiciméad aontaithe (Rialachán (AE) Uimh. 10/2011). I mí Mheán Fómhair 2022, ghlac an Coimisiún rialacha nua maidir le sábháilteacht ábhar agus earraí plaisteacha athchúrsáilte atá beartaithe a bheith i dtadhall le bia.

**D.** Lipéadú bia

Tá sé mar aidhm leis an gcreat dlíthiúil maidir le lipéadú bia-ábhar a ráthú go mbeidh rochtain ag tomhaltóirí ar fhaisnéis shoiléir, intuigthe agus iontaofa faoi ábhar agus comhdhéanamh táirgí chun a sláinte agus a leas a chosaint. Mar shampla, ní mór ailléirginí, amhail soighe, glútan nó lachtós, a léiriú go soiléir ar an bpacáistíocht. Is é príomh-úrnuacht an rialacháin nua maidir le faisnéis bhia a sholáthar do thomhaltóirí, a bheidh infheidhme ó mhí na Nollag 2016, an ceanglas ar tháirgeoirí a thabhairt le fios go bhfuil ailléirginí i mbianna neamhphacáistithe, e.g. i mbialanna agus i gceaintíní. Ní mór do tháirgeoirí tionscnamh na feola neamhphróiseáilte (i gcás cineálacha áirithe feola seachas mairteoil, nach mór a lipéadú cheana féin le haghaidh tionscnaimh) agus an bhfuil aithrisí bia ann, amhail táirgí glasraí a chuirtear in ionad cáise nó feola, a léiriú freisin. Déantar na mionsonraí a leagan amach i bhforálacha sonracha maidir le lipéadú maidir le tionscnamh, lena gceanglaítear (seachas i gcásanna áirithe) go sonraítear an áit tógála agus an áit mharaithe i gcás feoil réamhphacáistithe, úr, fuaraithe agus reoite ó mhucra, ó chaoirigh, ó ghabhair agus ó éanlaith chlóis.

Níor cheart go ndéanfadh lipéadú, cur i láthair ná fógraíocht bia tomhaltóirí a chur amú. Tá rialacha soiléire ann le haghaidh maímh chothúcháin agus shláinte (amhail 'saill íseal' nó 'snáithín ard' nó ráitis faoin ngaol idir bia agus sláinte) arna mbunú le Rialachán (AE) Uimh. 1924/2006. Ní mór do na maímh sin a bheith bunaithe ar thaighde eolaíoch agus ní mór gur féidir teacht orthu i gClár poiblí de chuid an Aontais do Mhaímh Sláinte.

Le rialachán ó 2013 maidir le bia le haghaidh grúpaí sonracha, a tugadh cothrom le dáta in 2021 agus i mí an Mhárta 2023, cuirtear deireadh leis an gcoincheap maidir le catagóir leathan de bhia 'diaitéiteach' agus cuirtear ina ionad rialacha le haghaidh grúpaí sonracha tomhaltóirí leochaileacha amhail naíonáin agus leanaí óga, daoine a bhfuil riochtaí sláinte speisialta orthu agus daoine atá ar aistí bia fuinneamhshrianta chun meáchan a rialú.

**E.** Substaintí a chuirtear le bia

Is ionann breiseáin bia, einsímí bia nó blastáin bia – ar a dtugtar 'oibreáin feabhsaithe bia' freisin – agus substaintí a chuirtear d'aon turas le bia-ábhair chun feidhmeanna áirithe teicneolaíochta a chur i gcrích amhail, mar shampla, dathú, milsiú nó caomhnú. Tá rialacha i bhfeidhm faoina rialaítear nós imeachta údaraithe, coinníollacha úsáide agus lipéadú na substaintí sin. I gcomhréir le dlíthe an Aontais, ní mór do bhreiseáin bia údarú a fháil sula n-úsáidtear iad i dtáirgí bia. Tar éis formheas a fháil, déantar na substaintí sin a liostú i gclár an Aontais de bhreiseáin bia cheadaithe a leagtar amach i Rialachán (CE) Uimh. 1333/2008 maidir le breiseáin bia, ina leagtar amach freisin

na coinníollacha faoinar féidir iad a úsáid. Leis an Rialachán sin, cruthaíodh liosta cuimsitheach de bhreiseáin bia fhormheasta don Aontas freisin, a nochtadh go hiomlán i Rialachán (AE) Uimh. 1129/2011. Is amhlaidh atá i gcás forbhianna amhail vitimíní agus mianraí, ar féidir iad a chur le bia chun é a shaibhriú nó chun béim a leagan ar a ghné chothaithe ar leith, ar choinníoll go bhfuil siad ar liostaí sonracha de shubstaintí ceadaithe agus a gcuid foinsí ceadaithe.

**F.** Sláinte ainmhithe agus plandaí

Áirítear i rialacha an Aontais forálacha ginearálta maidir le galair thógálacha agus a veicteoirí a fhaire, a fhógairt agus a chóireáil chun sábháilteacht an bhiashlabhra a áirithiú. Bunaíodh an creat reachtach bunaidh chun rialuithe oifigiúla a eagrú chun a áirithiú go bhfíoraítear go bhfuiltear ag comhlíonadh an dlí um beatha agus bia, rialacha sláinte ainmhithe agus leasa ainmhithe. I mí na Bealtaine 2013, thíolaic an Coimisiún pacáiste reachtach ina bhfuil tograí maidir le sláinte ainmhithe, sláinte plandaí, ábhar atáirgthe plandaí agus rialuithe oifigiúla. Sa phacáiste sin, bhí an cur chuige i leith sláinte ainmhithe a chosaint bunaithe níos mó ar riosca, agus é mar aidhm leis éifeachtúlacht rialuithe oifigiúla a mhéadú chun géarchéimeanna bia agus cásanna calaoise a sheachaint a mhéid is féidir. I nDlí nua an Aontais maidir le Sláinte Ainmhithe a tháinig as sin (rialachán maidir le galair in-tarchurtha ainmhithe), a glacadh i Márta 2016 agus a bheidh infheidhme ó Aibreán 2021 amach, dírítear ar ghalair ainmhithe a chosc agus a dhíothú trí fhreagrachtaí a shoiléiriú agus trí luathbhrath agus rialú a áirithiú. Le Rialachán (AE) 2016/429, comhdhlúthaítear forálacha dlíthiúla iomadúla maidir le sláinte ainmhithe i reachtaíocht aontaithe. Bunaítear leis treoirlínte chun galair is féidir a tharchur idir ainmhithe nó ó ainmhithe go daoine a chosc agus a bhainistiú.

Tá sé mar aidhm leis an gcóras sláinte plandaí nua (rialachán maidir le bearta cosanta i gcoinne lotnaidí plandaí – Dlí maidir le Sláinte Plandaí) barraí, torthaí, glasraí agus foraoisí a chosaint ar theacht isteach nó scaipeadh lotnaidí plandaí nó galar. Tá sé mar aidhm leis freisin seiceálacha allmhairiúcháin a fheabhsú do phlandaí ó thíortha nach tíortha den Aontas Eorpach iad agus pasanna plandaí a chaighdeánú, agus raon na bplandaí a bhfuil pasanna le haghaidh plandú ag teastáil ina leith a leathnú ag an am céanna. Tháinig sé i bhfeidhm, den chuid is mó, ó mhí na Nollag 2019, maille leis an rialacháin nua maidir le rialuithe oifigiúla, faoina gcumhdaítear freisin sláinte plandaí agus seachtháirgí ainmhithe.

**G.** Reachtaíocht maidir le beatha ainmhithe agus lipéadú beatha.

Is gá d'oibreoirí gnólachtaí bia a áirithiú go bhfuil gach céim den táirgeadh, den phróiseáil agus den dáileadh atá faoina rialú i gcomhréir le rialacha an Aontais maidir le sláinteachas beatha ainmhithe agus is gá dóibh inrianaitheacht iomlán a ráthú. Áirítear air sin allmhairí agus onnmhairí beatha ó thríú tíortha agus go tríú tíortha. Agus bia-ainmhithe á mbeathú acu, tá sé de cheangal ar fheirmeoirí an baol go ndéanfaí éilliú bitheolaíoch, ceimiceach nó fisiceach ar bhia, ar ainmhithe agus ar tháirgí ainmhithe a choinneáil chomh híseal agus is indéanta le réasún. Leagtar síos i dtreoir shonrach uasteorainneacha le haghaidh substaintí neamh-inmhianaithe i mbeatha ainmhithe, lena n-áirítear miotail throma, agus toirmisctear inti ábhair bheatha éillithe a chaolú. Déantar rialacha maidir le lipéadú agus margú beatha a leagan síos chun leibhéal ard sábháilteachta beatha agus, sa deireadh thiar, leibhéal ard cosanta sláinte poiblí a áirithiú agus chun faisnéis leormhaith a sholáthar d'úsáideoirí agus do thomhaltóirí.

Rinneadh forálacha maidir le cógais tréidliachta agus beatha íocleasaithe a thabhairt cothrom le dáta le Rialachán (AE) 2019/6 agus Rialachán (AE) 2019/4 faoi seach.

**H.** Bianna núíosacha

Sula ndéantar iad a mhargú in san Aontas, is gá measúnú sábháilteachta a dhéanamh ar bhianna núíosacha, i.e. bianna nach n-ití mórán puinn (e.g. próitéiní malartacha, forbhianna, etc.), san Aontas Eorpach roimh Bhealtaine 1997. Ó 2018 i leith, tá feidhm ag rialachán nua, lena n-éascaítear rochtain níos éasca ar bhianna nuálacha fad a dhéantar leibhéal ard sláinte bia a choinneáil ag an am céanna. Tugtar isteach leis nós imeachta údaraithe simplithe agus láraithe ar líne ar fud an Aontais le haghaidh bianna núíosacha agus bianna traidisiúnta ó thríú tíortha (a mheastar gur bianna núíosacha iad san Aontas). Sula ndéantar iad a údarú ag an gCoimisiún, déanann EFSA meastóireacht sábháilteachta eolaíoch láraithe, ina sainítear na coinníollacha maidir lena n-úsáid, a n-ainmniú mar bhia agus na ceanglais maidir le lipéadú. Beidh na bianna núíosacha údaraithe uile ar liosta dearfach. Go dtí go dtiocfaidh reachtaíocht shonrach maidir le bia ó ainmhithe clónáilte i bhfeidhm, tagann an bia sin faoi raon feidhme an rialacháin seo agus ba cheart é a lipéadú dá réir.

**I.** Orgánaigh ghéinmhodhnaithe (OGManna)

Is ionann OGM agus 'orgánach, cé is moite de dhaoine, ina bhfuil an t-ábhar géiniteach atá ann modhnaithe ar shlí ionas nach dtarlódh sé go nádúrtha trí chúpláil agus/nó trí athchuingriú nádúrtha'[1]. Is féidir plandaí a mhodhnú trí úsáid a bhaint as biteicneolaíocht nua-aimseartha, mar shampla, chun iad a dhéanamh frithsheasmhach in aghaidh galar nó chun a dtáirgeacht a mhéadú. I gcomhréir le prionsabal an réamhchúraim, tá creat dlíthiúil docht bunaithe ag an Aontas maidir le OGManna a úsáidtear i mbia nó i mbeatha a shaothrú nó a thráchtálú (Rialachán (CE) Uimh. 1829/2003, Rialachán (CE) Uimh. 1830/2003, Rialachán (CE) Uimh. 65/2004, Rialachán (CE) Uimh. 641/2004). Sular féidir aon OGM a chur ar an margadh, déanann EFSA, in éineacht le comhlachtaí eolaíocha na mBallstát, measúnú eolaíoch riosca chun aon bhaol do shláinte an duine nó do shláinte ainmhithe nó don chomhshaol a eisiamh. Tar éis dó an tuairim ó EFSA a fháil, déanfaidh an Coimisiún (ar féidir leis imeacht ón tuairim) dréacht-tuairim a ullmhú ina ndéanfar údarú a dheonú nó a dhiúltú, ar dréacht-tuairim í a bheidh faoi réir vótáil trí thromlach cáilithe ag coiste saineolaithe a bheidh comhdhéanta d'ionadaithe na mBallstát. I gcás 'gan tuairim', i.e. mura bhfuil tromlach cáilithe i bhfabhar nó i gcoinne an údaraithe, is é an Coimisiún a dhéanann an cinneadh deireanach. Aon bhia údaraithe nó aon bheatha údaraithe a dhéantar as OGManna, nó ina bhfuil OGManna, is gá go mbeadh an bia nó an bheatha sin inrianaithe agus lipéadaithe amhlaidh ionas gur féidir le tomhaltóirí roghanna eolasacha a dhéanamh. Tá cead ag na Ballstáit srian nó toirmeasc a chur ar bharraí ina bhfuil OGManna a shaothrú ar a gcríoch féin, fiú má cheadaítear é sin ar leibhéal an Aontais.

An 5 Iúil 2023, d'fhoilsigh an Coimisiún togra chun rialáil a dhéanamh ar phlandaí a chruthaítear trí mhodhanna géanómaíocha sonracha chun críocha bia agus beatha. Tagann sé sin i ndiaidh próiseas ar cuireadh tús leis in 2018 nuair a rialaigh Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh gur cheart orgánaigh a forbraíodh trí na teicnící sin a rialáil mar 'OGManna' faoi Threoir 2001/18/CE, an Treoir de chuid an Aontais atá ann cheana maidir le OGManna.

[1]Treoir 2001/18/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Márta 2001 maidir le horgánaigh ghéinmhodhnaithe a scaoileadh d'aon ghnó sa chomhshaol, IO L 106, 17.4.2001, lch. 1.

## RÓL PHARLAIMINT NA HEORPA

I ngeall ar scannal na feola capaill agus cásanna calaoise bia eile, d'iarr an Pharlaimint go ndéanfaí léiriú sainordaitheach maidir le tír tionscnaimh na feola a úsáidtear go háirithe mar chomhábhar i mbianna próiseáilte. Tháinig an Pharlaimint agus an Chomhairle ar chomhaontú maidir le rialacha nua chun iniúchtaí bia oifigiúla a neartú a raibh sé mar aidhm leo inrianaitheacht bia a fheabhsú agus calaois a chomhrac. Le linn na gcaibidlíochtaí, d'éirigh leis an bParlaimint treisiú leis an bhforfheidhmiú i ndáil le cleachtais chalaoiseacha nó mheabhlacha. Tá an Pharlaimint an-airdeallach freisin maidir le bagairtí do shláinte an tomhaltóra a bhaineann le hainmhithe clónáilte agus nana-ábhair nó OGManna. Déanann sí grinnscrúdú go minic ar dhréacht-tograí maidir le plandaí nua géinmhodhnaithe amhail arbhar Indiach nó pónairí soighe a údarú nó a athnuachan, agus cuireann sí ina n-aghaidh go rialta freisin.

I ngeall ar ábhair imní a cuireadh in iúl i leith na rioscaí a bhaineann leis an tsubstaint luibhicíde gliofosáit a úsáid sa talmhaíocht, bhunaigh Parlaimint na hEorpa coiste speisialta in 2018 chun nós imeachta údaraithe an Aontais maidir le lotnaidicídí a iniúchadh. Le linn an athbhreithnithe ar dhlí ginearálta an bhia a bhfuil sé mar aidhm leis níos mó trédhearcachta a bhaint amach ar fud an bhiashlabhra, throid an Pharlaimint chun a áirithiú go bhfoilseofar staidéir shábháilteachta sula n-údaraítear táirge a chur ar an margadh.

I measc moltaí eile ina rún maidir leis an straitéis 'Ón bhFeirm go dtí an Forc' ó mhí Dheireadh Fómhair 2021, mheabhraigh an Pharlaimint ról na reachtaíochta Eorpaí maidir le bia i dtaca le caighdeáin dhomhanda a leagan síos le haghaidh sábháilteacht bia.

In 2022, choimisiúnaigh an Pharlaimint staidéar dar teideal '*Independence and transparency policies of the European Food Safety Authority (EFSA)*'.[Beartais Neamhspleáchais agus Trédhearcachta an Údaráis Eorpaigh um Shábháilteacht Bia (EFSA)].

Chun tuilleadh eolais a fháil faoin ábhar seo, téigh chuig suíomh gréasáin an Choiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia (ENVI).

Maria-Mirela Curmei / Christian Kurrer
10/2023

# 2.3. BEARTAS SÓISIALTA AGUS FOSTAÍOCHTA

# 2.3.1. BEARTAS SÓISIALTA AGUS FOSTAÍOCHTA: PRIONSABAIL GHINEARÁLTA

Bhí an lánpháirtiú Eorpach ina shiocair le forbairtí sóisialta suntasacha i gcaitheamh na mblianta. Cloch mhíle thábhachtach a bhí ann in 2017, nuair a d'fhógair an Pharlaimint, an Chomhairle agus an Coimisiún Colún Eorpach na gCeart Sóisialta agus d'athdhearbhaigh siad a dtiomantas i leith dálaí maireachtála agus oibre níos fearr a áirithiú ar fud AE. Leagadh amach i bplean gníomhaíochta gaolmhar 2021 na tionscnaimh nithiúla chun an tiomantas sin a fhíorú.

## AN BUNÚS DLÍ

Airteagal 3 den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE), agus Airteagail 9, 10, 19, 45-48 agus 145-161 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE).

## CUSPÓIRÍ

Leagtar síos in Airteagal 3 CAE go bhfuil sé de dhualgas ar an Aontas díriú ar lánfhostaíocht agus ar dhul chun cinn sóisialta. Cur chun cinn na fostaíochta, dálaí maireachtála agus oibre feabhsaithe, cosaint shóisialta chuí, idirphlé idir an bhainistíocht agus baill eile foirne, forbairt acmhainní daonna d'fhonn buanleibhéal ardfostaíochta a bhaint amach agus an t-eisiamh a chomhrac, is iad sin na cuspóirí comhchoiteanna atá ag an Aontas agus a chuid Ballstát sa réimse sóisialta agus fostaíochta, mar a thuairiscítear in Airteagal 151 CFAE.

## A BHFUIL BAINTE AMACH

**A.** Ó Chonradh na Róimhe go dtí Conradh Maastricht

Chun deis a thabhairt d'oibrithe agus dá dteaghlaigh lánbhuntáiste a bhaint as an gceart chun gluaiseacht faoi shaoirse ar fud an chómhargaidh, agus fostaíocht a lorg faoi shaoirse ann, foráladh i gConradh na Róimhe (Conradh CEE, 1957) go ndéanfaí comhordú ar chórais slándála sóisialta na mBallstát. Cumhdaíodh ann prionsabal an phá chomhionainn d'fhir agus do mhná, ar aithin Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh é mar phrionsabal a bhí infheidhme go díreach, agus rinneadh foráil ann do Chiste Sóisialta na hEorpa (CSE) (2.3.2) a bhunú.

Leis an Ionstraim Eorpach Aonair (IEA, 1986), tugadh isteach réimsí nua beartais le vótáil trí thromlach cáilithe, lena n-áirítear sláinte agus sábháilteacht ag an obair, idirphlé sóisialta idir eagraíochtaí fostóirí agus ceardchumainn agus comhtháthú sóisialta agus eacnamaíoch.

Forbraíodh comhthoil i dtaobh an ghá a bhí le haird níos mó a thabhairt ar na tosca sóisialta a bhí bainteach leis an margadh inmheánach a thabhairt chun críche. Tar éis díospóireachtaí fada, ghlac Cinn Stáit nó Rialtais 11 Bhallstát (ach gur roghnaigh an Ríocht Aontaithe fanacht as an gcinneadh) an Chairt Chomhphobail um Chearta Sóisialta Bunúsacha le haghaidh Oibrithe (An Chairt Shóisialta) ag an gCruinniú Mullaigh a bhí ar siúl in Strasbourg i mí na Nollag 1989.

**B.** Ó Chonradh Amstardam go dtí Conradh Liospóin

Maidir leis an míchaoithiúlacht a bhain le bhunús dlí dúbailte a bheith ann, ó roghnaigh an Ríocht Aontaithe fanacht as an gComhaontú, fuarthas réiteach air sa deireadh le síniú Chonradh Amstardam (1997), nuair a chomhaontaigh na Ballstáit go léir, chomh maith leis an Ríocht Aontaithe, go ndéanfaí an Comhaontú maidir le Beartas Sóisialta a ionchorprú sa chonradh a dtabharfaí CFAE air ina dhiaidh sin (Airteagail 151-161). In Airteagal 153, tháinig an nós imeachta comhchinnteoireachta in ionad an chomhair agus rinneadh é a leathnú chuig na forálacha a bhain le CSE (2.3.2), saorghluaiseacht oibrithe agus slándáil shóisialta d'oibrithe imirceacha sa Chomhphobal (2.3.4). D'fhág Airteagal 19 (nua) go raibh sé ar chumas na Comhairle 'gníomhaíocht iomchuí a dhéanamh chun cur i gcoinne an idirdhealaithe atá bunaithe ar ghnéas, ar thionscnamh ciníoch nó eitneach, ar reiligiún nó creideamh, ar mhíchumas, ar aois nó ar ghnéaschlaonadh'. Ar an mbonn sin, glacadh dhá Threoir go gairid ina dhiaidh sin: Treoir 2000/43/CE maidir le cóir chomhionann idir daoine gan beann ar thionscnamh ciníoch nó eitneach, agus Treoir 2000/78/CE maidir le creat ginearálta le haghaidh na córa comhionainne san fhostaíocht agus sa tslí bheatha.

I gConradh Amstardam freisin rinneadh cur chun cinn ar ardleibhéal fostaíochta a áireamh i measc chuspóirí AE agus cuireadh an fhreagracht ar an gComhphobal tacú le gníomhaíochtaí na mBallstát sa réimse seo, agus na gníomhaíochtaí sin a chomhlánú, lena n-áirítear trí 'straitéis chomhordaithe' a fhorbairt, eadhon straitéis fostaíochta na hEorpa (SFE) (Airteagail 145-150 CFAE), a bheadh bunaithe ar mhodh oscailte an chomhordaithe (2.3.3).

Sa bhliain 2000, rinneadh Cairt um Chearta Bunúsacha AE a ghlacadh ag Cruinniú Mullaigh Nice. Cruthaíodh **Coiste Fostaíochta** a fheidhmíonn laistigh de chreat beartais SFE agus Coiste um Chosaint Shóisialta chun comhar idir na Ballstáit agus an Coimisiún (Airteagal 160 CFAE) maidir le beartais fostaíochta agus cosanta sóisialta a chur chun cinn, ach diúltaíodh do na moltaí go léir go ndéanfaí nós imeachta na comhchinnteoireachta a leathnú.

I bhfianaise athbhreithniú meántéarma ar straitéis Liospóin in 2005, rinneadh na treoirlínte fostaíochta a glacadh mar chuid de SFE, a ionchorprú sna treoirlínte lánpháirtithe le haghaidh fáis agus post.

In 2007, cruthaíodh an Ciste Eorpach um Choigeartú don Domhandú chun tacaíocht a sholáthar d'oibrithe arna ndéanamh iomarcach mar thoradh ar phatrúin trádála domhanda iomlaoideacha (2.3.2).

A bhuíochas le Conradh Liospóin, 2007, bhíothas in ann tuilleadh dul chun cinn a dhéanamh i dtreo an ghné shóisialta den lánpháirtiú Eorpach a chomhdhlúthú. Cuireann CAE béim anois ar chuspóirí sóisialta AE, lena n-áirítear lánfhostaíocht agus dlúthpháirtíocht idir na glúnta (Airteagal 3). In Airteagal 6, aithnítear gur mar a chéile feidhm cheangailteach na Cairte um Chearta Bunúsacha agus feidhm cheangailteach na gConarthaí. Tugann an Chairt féin aitheantas do na cearta dlúthpháirtíochta, mar a thugtar orthu, amhail an ceart atá ag oibrithe faisnéis a fháil agus comhairliúchán a dhéanamh, chomh maith leis na cearta i leith cómhargála, dálaí oibre cothroma agus córa, slándáil shóisialta agus cúnamh sóisialta. Tugadh isteach clásal sóisialta cothrománach in CFAE, ag ceangal ar AE na cuspóirí sóisialta thuasluaite a chomhlíonadh agus é ag sainiú agus ag cur chun feidhme a bheartas agus a ghníomhaíochtaí eile (Airteagal 9).

**C.** Forbairtí ó Chonradh Liospóin i leith

Sa straitéis 'Eoraip 2020', arna glacadh in 2010 i bhfianaise na géarchéime airgeadais agus eacnamaíoch, leagadh amach go raibh an fás cuimsitheach – lena gcothaítear geilleagar ardfhostaíochta ina bhfuil comhtháthú sóisialta agus críochach – ar cheann dá réimsí tosaíochta. Leagadh síos sa straitéis freisin cúig phríomhsprioc, lena n-áirítear cuspóir sóisialta ar leith (baol na bochtaineachta a laghdú do 20 milliún duine ar a laghad faoi 2020) agus tiomantas athnuaite i leith na fostaíochta (sprioc de 75% fostaíochta don aoisghrúpa 20-64 ). Cuireadh seacht gcinn de thionscnaimh shuaitheanta ar bun chun cabhrú leis na spriocanna sin a bhaint amach, lena n-áirítear clár oibre do scileanna nua agus do phoist, inar díríodh ar bheartais solúbthachta a athchóiriú, agus an t-ardán Eorpach i gcoinne na bochtaineachta agus an eisiaimh shóisialta (2.3.9). Rinneadh faireachán ar dhul chun cinn na dtionscnamh sin laistigh de thimthriall bliantúil rialachas eacnamaíoch AE: an Seimeastar Eorpach. Mar fhreagairt ar an mbochtaineacht a bheith ag dul i méid, bunaíodh an Ciste um Chabhair Eorpach do na Daoine is Díothaí in 2014. Soláthraítear ann cúnamh le haghaidh bia agus ábhar bunúsach, maille le gníomhaíochtaí a bhaineann leis an gcuimsiú sóisialta.

An 26 Aibreán 2017, thíolaic an Coimisiún Colún Eorpach na gCeart Sóisialta (CECS), ina leagtar amach 20 prionsabal agus ceart lárnach chun tacú le próiseas athnuaite cóineasaithe ionsar dhálaí maireachtála agus oibre níos fearr. Tá siad sin roinnte ina dtrí chatagóir: (i) comhdheiseanna agus rochtain ar an margadh saothair, (ii) dálaí oibre cothroma, agus (iii) cosaint shóisialta agus cuimsiú. Ag an gCruinniú Mullaigh Sóisialta in Gothenburg i mí na Samhna 2017, leag an Pharlaimint, an Chomhairle agus an Coimisiún béim ar a dtiomantas comhroinnte trí chomhdhearbhú maidir le CECS a ghlacadh. Tá 'scórchlár sóisialta' ag gabháil le CECS chun faireachán a dhéanamh ar an dul chun cinn a dhéantar (2.3.9).

In 2019, bunaíodh an tÚdarás Eorpach Saothair, a bhfuil a cheanncheathrú aige sa Bhratasláiv. An príomhchuspóir atá aige ná cuidiú leis na Ballstáit agus leis an gCoimisiún a áirithiú go ndéanfar rialacha AE maidir le soghluaisteacht an lucht saothair agus comhordú na slándála sóisialta a fhorfheidhmiú ar bhealach cothrom, simplí agus éifeachtach.

Sa bhliain chéanna, glacadh roinnt gníomhartha tábhachtacha. Tá sé mar aidhm le Treoir (AE) 2019/1158 maidir le cothromaíocht oibre is saoil do thuismitheoirí agus do chúramóirí feabhas a chur ar an rochtain ar shaoire teaghlaigh agus ar shocruithe solúbtha oibre, lena gcuirtear tuilleadh feabhais ar an gcomhionannas idir fir agus mná i margadh an tsaothair. Tá sé mar aidhm le Treoir (AE) 2019/1152 maidir le dálaí oibre trédhearcacha agus intuartha tacar breise de chearta bunúsacha a chur ar fáil d'oibrithe, amhail an ceart chun faisnéise níos sonraí maidir leis na gnéithe bunúsacha dá gcuid oibre, teorainn a chur le fad na dtréimhsí promhaidh, deiseanna a mhéadú maidir le fostaíocht bhreise a lorg trí chosc a chur ar chlásail eisiachais, réamhfhógra a thabhairt faoi na huaireanta tagartha agus oiliúint éigeantach saor in aisce a chur ar fáil. Tá sé mar aidhm leis an moladh ón gComhairle maidir le rochtain ar chosaint shóisialta d'oibrithe agus do dhaoine féinfhostaithe na bearnaí cumhdaigh foirmiúla a dhúnadh.

Tar éis ráig phaindéim COVID-19, glacadh roinnt beart chun aghaidh a thabhairt ar iarmhairtí fostaíochta agus sóisialta na géarchéime, amhail na Tionscnaimh Infheistíochta mar Fhreagairt ar an gCoróinvíreas (CRII agus CRII+) agus an Tacaíocht shealadach chun Rioscaí Dífhostaíochta a mhaolú i gcás Éigeandála (SURE). Thairis sin, seoladh an Ghníomhaíocht Chomhtháthaithe le haghaidh Dídeanaithe san Eoraip

(CARE) agus méadaíodh réamh-mhaoiniú ó acmhainní an chláir Cúnamh Téarnaimh don Chomhtháthú agus do Chríocha na hEorpa (REACT-EU) chun tacú leis na Ballstáit agus leis na réigiúin i dtaobh cúnamh éigeandála a chur ar fáil do dhaoine a bhí ar a dteitheadh ón Úcráin tar éis ionradh na Rúise.

An 3 Márta 2021, d'eisigh an Coimisiún plean gníomhaíochta CECS ina leagtar amach tionscnaimh nithiúla atá sé tiomanta a chur i gcrích le linn an shainordaithe reatha (go dtí deireadh 2024). Mhol sé spriocanna lárnacha do 2030 freisin, eadhon an sciar daoine san fhostaíocht atá idir 20 bliain d'aois agus 64 bliana d'aois a mhéadú go 78% ar a laghad, céatadán na ndaoine fásta a bhíonn rannpháirteach in oiliúint gach bliain a mhéadú go 60% ar a laghad, agus laghdú de 15 mhilliún ar a laghad a dhéanamh ar an líon daoine atá i mbaol na bochtaineachta nó an eisiaimh shóisialta. An 7 agus an 8 Bealtaine 2021, d'athdhearbhaigh ceannairí ag Cruinniú Mullaigh Sóisialta Porto go bhfuil siad tiomanta do na spriocanna lárnacha sin. Is éard a bhí i gceist leis sin ná Gealltanas Sóisialta Porto arna ghlacadh ag institiúidí agus eagraíochtaí éagsúla, lena n-áirítear an Pharlaimint, mar aon le Dearbhú Porto arna ghlacadh ag Cinn Stáit nó Rialtais AE. Cuireadh na spriocanna náisiúnta gaolmhara i láthair i mí an Mheithimh 2022. Éascófar cur chun feidhme na spriocanna sin leis an scórchlár sóisialta athbhreithnithe, le cistiú trí chreat airgeadais ilbhliantúil 2021-2027 agus NextGenerationEU, go háirithe an tSaoráid Théarnaimh agus Athléimneachta, agus le faireachán faoin Seimeastar Eorpach.

An bhliain chéanna, glacadh an moladh ón gComhairle maidir le Ráthaíocht Eorpach do Leanaí a bhunú chun eisiamh sóisialta a chosc agus a chomhrac trí rochtain ar oideachas agus cúram na luath-óige, oideachas, cúram sláinte, cothú agus tithíocht a ráthú do leanaí atá i ngátar. Laistigh de Chiste Sóisialta na hEorpa Plus (CSE+) 2021-2027, ní mór do na Ballstáit uile méid iomchuí a leithdháileadh ar bhochtaineacht leanaí a chomhrac, agus ceanglaítear ar na Ballstáit ina bhfuil ráta leanaí atá i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta níos airde ná meánráta an Aontais, 5% de CSE+ a chur i leataobh chun na críche sin.

Mar uirlis chun bochtaineacht lucht oibre a chomhrac, leagtar síos i dTreoir (AE) 2022/2041 maidir le pá íosta leordhóthanach san Aontas Eorpach, ceanglais chun a áirithiú gur leor an pá íosta dá bhforáiltear sa dlí náisiúnta agus/nó i gcomhaontuithe comhchoiteanna, agus go gcuirtear feabhas ar rochtain éifeachtach oibrithe ar chosaint pá íosta. Inniúlacht náisiúnta fós is ea an pá íosta a shocrú, ach caithfidh na Ballstáit a ráthú go mbeidh oibrithe in ann saol fiúntach a bheith acu ar an bpá íosta náisiúnta.

Is é is aidhm don mholadh ón gComhairle maidir le hioncam íosta lena n-áirithítear cuimsiú gníomhach an bhochtaineacht agus an t-eisiamh sóisialta a chomhrac agus leibhéil arda fostaíochta a shaothrú trí thacaíocht ioncaim leordhóthanach a chur chun cinn trí bhíthin ioncam íosta, rochtain éifeachtach ar sheirbhísí cumasúcháin agus riachtanacha do dhaoine nach bhfuil acmhainní leordhóthanacha acu agus trí lánpháirtiú na ndaoine sin atá in ann obair a dhéanamh sa mhargadh saothair a chothú.

## RÓL PHARLAIMINT NA HEORPA

Cé gur ról comhairleach agus maoirseach amháin atá ag an bParlaimint le fada an lá, bhí sí gníomhach i gcónaí i bhforbairt ghníomhaíocht AE i réimse na fostaíochta agus an bheartais shóisialta. Ó bhí na céimeanna luatha den lánpháirtiú Eorpach ann, tá sé iarrtha ag an bParlaimint arís is arís eile go mbeadh beartas sóisialta níos gníomhaí ann, ionas go mbeadh sé ina léiriú ar thábhacht mhéadaithe AE sa réimse

eacnamaíochta, agus thacaigh sí leis na tograí éagsúla ón gCoimisiún sa réimse sin. A bhuíochas don dlúth-rannpháirtíocht a bhí ag an bParlaimint in ullmhú Choradh Amstardam, áirithíodh go ndearnadh an Comhaontú maidir le Beartas Sóisialta a ionchorprú agus caibidil maidir le fostaíocht a chur isteach.

Agus straitéis Liospóin á forbairt, d'áitigh an Pharlaimint gur cheart go mbeadh ról ag saincheisteanna fostaíochta agus sóisialta sa leagan amach a bheadh ar na straitéisí fáis agus dhearbhaigh sí gur cheart go mbeadh ardleibhéal cosanta sóisialta mar chuid lárnach den straitéis Liospóin. Bhí sí den tuairim freisin nach ndearnadh, i straitéis Liospóin, spriocanna a bhí ceangailteach a dhóthain a leagan síos sa réimse sóisialta, agus d'iarr sí ar na Ballstáit dlúthfhaireachán a dhéanamh ar an tionchar fostaíochta agus sóisialta a bheadh ag na hathchóirithe a bhí á gcur chun feidhme mar chuid de straitéis Eoraip 2020. Agus díospóireacht á déanamh ag an bParlaimint ar ghéarchéim airgeadais 2007-08, d'iarr sí ar thiomantas AE a bheith ann i leith na samhlacha sóisialta Eorpacha a chaomhnú agus ar Eoraip shóisialta láidir a bheith ann.

D'áitigh an Pharlaimint arís is arís eile go ndéanfaí spriocanna fostaíochta agus sóisialta a ionchorprú, ar bhealach níos éifeachtaí, sa Seimeastar Eorpach, eadhon trína chinntiú go mbeadh feidhm cheangailteach ag táscairí sóisialta agus trí tháscairí a leathnú amach chun bochtaineacht leanaí agus obair chuibhiúil a chuimsiú.

Cháin an Pharlaimint bearta, amhail cláir um choigeartú eacnamaíoch, a rinneadh gan rannpháirtíocht uaithi. I mí an Mhárta 2014, dúirt sí gur cheart na hinstitiúidí atá daonlathach i ndáiríre, agus iadsan amháin, a bheith ag stiúradh an phróisis pholaitiúil a bhaineann leis na cláir um choigeartú a cheapadh agus a chur chun feidhme i gcás tíortha a bhfuil mórdheacrachtaí airgeadais acu.

Dheimhnigh an Pharlaimint freisin a thiomanta atá sí do luachanna sóisialta i gcinneadh na húsáide a bhainfí as acmhainní airgeadais a thagann as buiséad AE. I gclárthréimhse 2014-2020, is a bhuíochas don Pharlaimint gurbh ionann CSE (2.3.2) agus 23.1% de chistiú comhtháthaithe iomlán an Aontais, agus gurbh éigean 20% de leithdháileadh CSE gach Ballstáit a chaitheamh ar an eisiamh sóisialta a chomhrac. Ar an gcuma chéanna, maidir le CSE+ 2021-2027, thug an Pharlaimint forálacha isteach chun níos mó cistithe do bhia agus do chúnamh ábhartha a imfhálú, mar aon le cistiú leormhaith d'fhothú acmhainneachta le haghaidh comhpháirtithe sóisialta, agus coimircí chun a áirithiú go ndéanfadh tionscadail arna gcistiú ag AE cearta bunúsacha a urramú go hiomlán.

Bhí ról lárnach ag an bParlaimint maidir leis an Ráthaíocht Eorpach do Leanaí a chruthú. In 2015, d'iarr sí go mbeadh ráthaíocht ann a chabhródh le rochtain ar chúram sláinte saor in aisce, oideachas, oideachas agus cúram na luath-óige, tithíocht chuibhiúil agus cothú leormhaith a chur ar fáil do gach leanbh atá i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta san Eoraip. In 2017, d'iarr an Pharlaimint ar an gCoimisiún réamhbheart a chur chun feidhme maidir le scéim féideartha i ndáil le ráthaíocht do leanaí a bhunú, lenar réitíodh an bealach don ionstraim seo.

I rún uaithi maidir leis an Seimeastar Eorpach 2016, d'iarr an Pharlaimint ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit gníomhaíocht a dhéanamh chun borradh a chur faoin gcóineasú sóisialta aníos san Aontas. D'iarr sí freisin ar an gCoimisiún an coincheap a bhí aige ar chothroime shóisialta a shainmhíniú agus a chainníochtú. I rún uaithi maidir le tosaíochtaí sóisialta agus fostaíochta Seimeastar Eorpach 2023, d'iarr an Pharlaimint ar an gCoimisiún struchtúr rialachais eacnamaíoch a fhorbairt a bheadh bunaithe ar dhlúthpháirtíocht, lánpháirtiú, ceartas sóisialta agus cóineasú, comhionannas inscne,

seirbhísí poiblí ardcháilíochta, lena n-áirítear córas oideachais poiblí ardcháilíochta do chách, fostaíocht ardcháilíochta agus forbairt inbhuanaithe.

I rún uaithi maidir le CECS, cé gur cuireadh mórfháilte roimh an tionscnamh ón gCoimisiún sa réimse seo, chuir an Pharlaimint i bhfios go láidir an tábhacht atá le croíthacar de chearta do chách a fhorfheidhmiú agus d'iarr sí ar na comhpháirtithe sóisialta agus ar an gCoimisiún oibriú le chéile ar mhaithe le togra le haghaidh creat-treoir maidir le dálaí oibre cuibhiúla a thíolacadh.

An 4 Iúil 2017, ghlac an Pharlaimint rún maidir le dálaí oibre agus fostaíocht fhorbhásach, á aithint go bhfuil méadú ar an tóir atá ar chineálacha neamhchaighdeánacha, neamhghnácha fostaíochta. Leagadh béim ar an tsaincheist sin arís i rún uaithi an 22 Deireadh Fómhair 2020, ina luaitear go raibh ar oibrithe i gcineálacha neamhchaighdeánacha oibre an t-ualach a iompar ó thaobh iarmhairtí ghéarchéim COVID-19 de, ós rud é gur minic nár tugadh suntas dóibh i mbearta na mBallstát.

In 2020, rinne an Pharlaimint a tosaíochtaí i gcomhair Eoraip shóisialta láidir d'Aistrithe Córa a leagan amach, lena n-áirítear a iarraidh go ndéanfaí CECS agus prótacal maidir le dul chun cinn sóisialta a chomhtháthú sna Conarthaí, agus a iarraidh ar na Ballstáit agus ar an gCoimisiún 'clár oibre Porto do 2030' maille le spriocanna sóisialta ceangailteacha a ghlacadh.

In 2021, i gcomhthéacs leanúnach de phaindéim COVID-19, d'iarr an Pharlaimint go mbeadh dlí AE ann a d'fhágfadh ceart a bheith ag oibrithe dícheangal go digiteach ón obair lasmuigh dá n-uaireanta oibre. I gcomhthéacs chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine, chuir an Pharlaimint a himní in iúl mar gheall ar na héifeachtaí tromchúiseacha sóisialta agus fostaíochta a bhaineann leis an ngéarchéim, go háirithe do dhaoine óga. Thacaigh sí freisin le haistriú i dtreo samhail fáis inbhuanaithe, chuimsitheach agus athléimneach a thacaíonn le cóineasú sóisialta aníos agus a neartaíonn an fhorbairt inbhuanaithe agus athléimneacht gheilleagar agus shochaithe an Aontais.

Chun tuilleadh eolais a fháil faoin ábhar seo, féach suíomh gréasáin an Choiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta.

Monika Makay
10/2023

# 2.3.2. CISTE SÓISIALTA NA HEORPA PLUS

Bunaíodh Ciste Sóisialta na hEorpa (CSE) faoi Chonradh na Róimhe d'fhonn soghluaisteacht oibrithe agus deiseanna fostaíochta a fheabhsú. Rinneadh athbhreithniú ar a chúraimí agus a rialacha oibríochtúla ina dhiaidh sin mar léiriú ar fhorbairtí i staid eacnamaíoch agus fostaíochta na mBallstát, chomh maith le héabhlóid na dtosaíochtaí polaitiúla arna sainiú ar leibhéal AE.

## BUNÚS DLÍ

Airteagail 46(d), 149, 153(2)(a), 164, 175(3) agus 349 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

## CUSPÓIRÍ

Is iad is aidhmeanna do Chiste Sóisialta na hEorpa Plus (CSE+) ná tacaíocht a thabhairt do na Ballstáit chun dul i ngleic leis an ngéarchéim atá ann mar thoradh ar phaindéim COVID-19, chun ardleibhéil fhostaíochta agus cosaint shóisialta chothrom a bhaint amach, agus chun lucht saothair oilte agus athléimneach a fhorbairt atá réidh le haistriú chuig geilleagar glas agus digiteach. Is é CSE+ príomhionstraim an Aontais Eorpaigh atá tiomanta d'infheistíocht a dhéanamh i ndaoine.

## A BHFUIL BAINTE AMACH

**A.** Tréimhsí clársceidealaithe roimhe seo

Ba é CSE an chéad chiste struchtúrach. Sna blianta tosaigh, go dtí 1970, rinne sé 50 % de na costais a bhaineann le gairmoiliúint agus le liúntais athlonnaithe le haghaidh oibrithe a bhí thíos leis de bharr athstruchtúrú eacnamaíoch a aisíoc leis na Ballstáit. Ar an iomlán, chabhraigh sé le níos mó ná dhá mhilliún duine le linn na tréimhse sin. In 1972, trí chinneadh ón gComhairle méadaíodh acmhainní an chiste go suntasach agus, in 1983, tharla athchóiriú nua faoi Chinneadh 83/516/CEE ón gComhairle trína ndearnadh an ciste a athdhíriú ar an gcomhrac i gcoinne dífhostaíocht i measc na hóige agus cabhrú leis na ceantair sin is mó a bhí i ngátar. Tríd an gcomhtháthú eacnamaíoch agus sóisialta laistigh den Chomhphobal a ionchorprú sa Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh, réitigh an Ionstraim Eorpach Aonair (1986) an bealach d'athchóiriú cuimsitheach, a raibh sé mar aidhm aige cur chuige comhordaithe maidir le clársceidealú agus oibriú na gcistí struchtúracha a thabhairt isteach. Le Conradh Maastricht, leathnaíodh raon feidhme thacaíocht CSE chun 'oiriúnú d'athruithe tionsclaíocha agus d'athruithe ar chórais táirgthe' a chur san áireamh. Rinneadh an leibhéal maoinithe, a leithdháileadh ar chuimsiú eacnamaíoch agus sóisialta, a dhúbailt don chéad tréimhse chlársceidealaithe eile (1994-1999).

Mar chuid de Chlár Oibre 2000, rinneadh creat foriomlán na gcistí struchtúracha a shimpliú do thréimhse chlársceidealaithe 2000-2006. Cuireadh an fhreagracht dhéach ar CSE, le buiséad de EUR 60 billiún, as rannchuidiú leis an mbeartas comhtháthaithe agus le cur chun feidhme Straitéis Fostaíochta na hEorpa (2.3.3). Rinne sé cómhaoiniú freisin ar an Tionscnamh Comhphobail EQUAL, a dhírigh ar thacaíocht a thabhairt

do thionscadail nuálaíochta tras-náisiúnta a thugann aghaidh ar an idirdhealú agus ar mhíbhuntáistí i margadh an tsaothair.

Do thréimhse chlársceidealaithe 2007-2013, ní raibh ach trí chiste struchtúracha fágtha: CSE, Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE) agus an Ciste Comhtháthaithe. Le chéile, ba é an sprioc a bhí leo cuspóirí i dtaca le cóineasú (ar leithdháileadh 81.5 % de na hacmhainní ina leith), iomaíochas réigiúnach agus fostaíocht (ar leithdháileadh 16 % de na hacmhainní ina leith), agus comhar críochach a bhaint amach (2.5% de na hacmhainní).

Leithdháiltear acmhainní na gcistí struchtúracha ar na Ballstáit i gcomhréir le foirmle lena gcuirtear san áireamh an daonra (agus a dhlús), rathúnas réigiúnach, dífhostaíocht agus leibhéil oideachais. Déanann na Ballstáit í a chaibidliú ag an am céanna leis an gcreat airgeadais ilbhliantúil (CAI) do thréimhse áirithe. Ceann de phríomhghnéithe na gcistí struchtúracha ná prionsabal na breisíochta, ar dá réir nach féidir leis na Ballstáit na cistí struchtúracha a úsáid in ionad caiteachas intíre a bheadh curtha i gclársceideal acu pé scéal é.

**B.** Tréimhse chlársceidealaithe 2014-2020

**1.** Cúig chiste struchtúracha faoi rialú ag rialacha comhchoiteanna

Rinneadh cúig chiste struchtúracha agus infheistíochta na hEorpa do thréimhse chlársceidealaithe 2014-2020 i.e. CFRE, CSE, an Ciste Comhtháthaithe, an Ciste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe agus an Ciste Eorpach Muirí agus Iascaigh, a rialú faoi shraith rialacha comhchoiteanna arna leagan síos i Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 an 17 Nollaig 2013. Ina theannta sin, rinneadh rialacháin, a bhain go sonrach leis na cistí, réimsí idirghabhála agus saintréithe eile a shainiú. Le Rialachán (AE) Uimh. 1304/2013 an 17 Nollaig 2013, bunaíodh misin CSE, raon feidhme a chúnaimh, forálacha sonracha agus na cineálacha caiteachais atá incháilithe le haghaidh cúnaimh.

Trí bhíthin leithdháileadh EUR 74 billiún, rinne CSE cláir oibríochtúla náisiúnta nó réigiúnacha a rith ar feadh na tréimhse seacht mbliana de CAI 2014-2020 agus a bhí beartaithe ag na Ballstáit agus a bhí formheasta ag cinneadh ón gCoimisiún a chómhaoiniú.

Dhírigh sé ar na ceithre chuspóir théamacha seo a leanas:

— fostaíocht inbhuanaithe agus d'ardchaighdeán a chur chun cinn agus tacú le soghluaisteacht an lucht saothair;

— cuimsiú sóisialta a chur chun cinn agus an bhochtaineacht agus an t-idirdhealú a chomhrac;

— infheistiú in oideachas, in oiliúint agus i ngairmoiliúint le haghaidh scileanna agus foghlama ar feadh an tsaoil;

— cumas institiúideach na n-údarás poiblí agus na ngeallsealbhóirí mar aon le riarachán poiblí éifeachtúil a fheabhsú.

Rinneadh ról CSE a athneartú do thréimhse 2014-2020 trí sciar íosta (23.1% den chistiú comhtháthaithe iomlán) a bhí ceangailteach ó thaobh an dlí de a thabhairt isteach. Gach bliain, chabhraigh an ciste le tuairim is 10 milliún duine obair a aimsiú nó feabhas a chur ar a gcuid scileanna le go mbeadh siad in ann obair a aimsiú sa todhchaí.

**2.** Ciste Sóisialta na hEorpa agus Tionscnamh um Fhostaíocht don Aos Óg

Le Rialachán CSE áirítear an Tionscnamh um Fhostaíocht don Aos Óg (TFAO), a raibh buiséad iomlán de EUR 8.8 billiún aige do thréimhse 2014-2020. Tá sé maoinithe as trí fhoinse: leithdháiltí náisiúnta CSE, buiséad sonrach AE agus an chuid de CSE a chómhaoinítear go náisiúnta. Tugann sé tacaíocht do dhaoine óga san oideachas, san fhostaíocht nó san oiliúint (NEETanna) i réigiúin a bhfuil rátaí dífhostaíochta i measc na hóige os cionn 25 % iontu.

**3.** COVID-19 agus an t-ionradh ar an Úcráin

I mí Aibreáin 2020, sheol an Coimisiún dhá phacáiste de bhearta: an Tionscnamh Infheistíochta mar Fhreagairt ar an gCoróinvíreas agus an Tionscnamh Infheistíochta mar Fhreagairt ar an gCoróinvíreas Plus chun cistí struchtúracha AE a shlógadh chun freagairt ar an ngéarchéim. Ghlac an Pharlaimint agus an Chomhairle go gasta leis an dá thogra. Níor cuireadh aon acmhainní airgeadais nua AE ar fáil ach lamháiltear do sholúbthacht ó thaobh acmhainní atá ann cheana agus nár caitheadh agus dá n-atreorú ar na háiteanna is mó a bhfuil gá leo. Bhí deis ann an cómhaoiniú a mhéadú suas le 100 % don tréimhse 2020-2021. I mí Bealtaine 2020, rinne an Coimisiún obair leantach ar an togra maidir le REACT-EU (Cúnamh Téarnaimh don Chomhtháthú agus do Chríocha na hEorpa), lena gcuirtear infheistíocht bhreise de EUR 50.6 bhilliún ar fáil trí CFRE, CSE agus an Ciste um Chabhair Eorpach do na Daoine is Díothaí (FEAD), agus EUR 19.45 billiún; leithdháilte ar CSE. Tá go dtí deireadh 2023 ag na Ballstáit na hacmhainní sin a chaitheamh. Bhí ról lárnach ag CSE sa fhreagairt láithreach ar ghéarchéim COVID-19 trí thacaíocht a thabhairt do sheirbhísí sóisialta, fostaíocht a choinneáil ar bun in earnálacha a buaileadh, lena n-áirítear trí scéimeanna oibre gearr-ama, grúpaí leochaileacha a chosaint agus pá, pearsanra cúraim sláinte, trealamh TF agus trealamh cosanta pearsanta a mhaoiniú.

Cuireann an Ghníomhaíocht Chomhtháthaithe do Dhídeanaithe san Eoraip (CARE, 6 Aibreán 2022) agus pacáistí CARE Plus, (12 Aibreán 2022) le pacáistí lena leasaítear na rialacha comhchoiteanna agus Rialachán FEAD cuireadh solúbthacht bhreise le beartas comhtháthaithe 2014-2020, agus aird á tabhairt ar an bpráinn a bhaineann le haghaidh a thabhairt ar na dúshláin imirce atá mar thoradh ar ionradh míleata na Rúise.

**C.** Tréimhse chlársceidealaithe 2021-2027

**1.** Rialachán na bhForálacha Coiteanna 2021-2027

An 29 Bealtaine 2018, ghlac an Coimisiún an togra le haghaidh Rialachán na bhForálacha Coiteanna (CPR) don tréimhse 2021-2027. Leasaíodh togra CPR trí thogra nua ón gCoimisiún an 14 Eanáir 2020 chun an Ciste um Aistriú Cóir (CUAC) a áireamh ann, agus an 28 Bealtaine 2020, tar éis ráig COVID-19, moladh leasuithe breise air. Ghlac an Pharlaimint CPR ar an dara léamh an 23 Meitheamh 2021. Rinneadh an gníomh críochnaitheach a shíniú an 24 Meitheamh (Rialachán (AE) Uimh. 2021/1060).

Leagtar amach le CPR na rialacha airgeadais le haghaidh ocht gciste atá faoi bhainistíocht chomhroinnte i.e. CSE+, CFRE, an Ciste Comhtháthaithe, CUAC, an Ciste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe (CEMID), an Ciste Tearmainn agus Imirce, an Ciste Slándála Inmheánaí agus an Ionstraim um Bainistiú Teorainneacha agus um Víosaí. Leagtar síos freisin leis, na forálacha coiteanna is infheidhme maidir leis an gcéad cúig chiste atá luaite, lena n-áirítear CSE+. Níl feidhm

ag CPR, áfach, maidir le sraith fostaíochta agus nuálaíochta sóisialta CSE+, ós rud é go bhfuil sí faoi bhainistíocht dhíreach agus indíreach.

**2.** CSE+

An 2 Bealtaine 2018, thíolaic an Coimisiún a thogra le haghaidh CAI 2021-2027. Áiríodh ar an togra CSE+ athnuaite le buiséad de EUR 101 bhilliún. Le CSE+, bhí sé i gceist CSE, TFAO, FEAD, Clár AE um Fhostaíocht agus um Nuálaíocht Shóisialta (EaSI) agus clár sláinte AE a chumasc. I gcomhthéacs ghéarchéim COVID-19, d'fhógair an Choimisiún go dtabharfaí isteach clár sláinte ar leithligh sa chéad CAI eile: an Clár EU4Health: An 28 Bealtaine 2020, mar chuid de CAI 2021-2027 athbhreithnithe agus den phacáiste don téarnamh, d'eisigh an Coimisiún togra leasaithe le haghaidh Rialachán CSE+ nach raibh an clár sláinte san áireamh ina raon feidhme. Thug an Pharlaimint a seasamh ag an gcéad léamh chun críche an 4 Aibreán 2019, agus ghlac sí a seasamh ar an dara léamh an 8 Meitheamh 2021. Rinneadh an gníomh críochnaitheach a shíniú an 24 Meitheamh (Rialachán (AE) Uimh. 2021/1057). Is ionann buiséad iomlán CSE+ agus nach mór EUR 99.3 billiún.

Áirítear an méid seo a leanas ar chuspóirí sonracha CSE+:

— tacaíocht a thabhairt do réimsí beartais na fostaíochta agus na soghluaisteachta lucht saothair, an oideachais agus an chuimsithe shóisialta, eadhon trí chabhrú leis an mbochtaineacht a dhíothú, agus ar an gcaoi sin rannchuidiú le cur chun feidhme Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta;

— tacaíocht a thabhairt don aistriú digiteach agus don aistriú ghlas, do chruthú post trí Scileanna do Speisialú Cliste, agus d'fheabhsuithe ar oideachas agus ar chórais oiliúna;

— tacaíocht a thabhairt do bhearta sealadacha in imthosca eisceachtúla nó neamhghnácha (e.g. scéimeanna oibre gearr-ama a mhaoiniú gan a cheangal orthu a bheith comhcheangailte le bearta gníomhacha, nó rochtain ar chúram sláinte a chur ar fáil, lena n-áirítear do dhaoine nach bhfuil leochaileach ar bhonn socheacnamaíoch láithreach).

Áirítear an méid seo a leanas ar fhorálacha CSE+:

— Ní mór do na Ballstáit aghaidh a thabhairt ar an dífhostaíocht i measc na hóige ina gcláir chaiteachais. I mBallstáit ina bhfuil an líon NEETanna os cionn mheán AE, beidh 12.5 % den chiste le caitheamh ar an dífhostaíocht i measc na hóige a chomhrac.

— Tá ar a laghad 25 % den bhuiséad le caitheamh ar chuimsiú sóisialta a chur chun cinn, lena n-áirítear lánpháirtiú náisiúnach neamh-AE.

— Tá ar a laghad 3 % den bhuiséad le caitheamh ar chúnamh bia agus ar chúnamh ábhartha bunúsach do na daoine is díothaí.

— Ní mór do gach Ballstát méid iomchuí dá n-acmhainní CSE+ a leithdháileadh ar chur chun feidhme na Ráthaíochta do Leanaí trí ghníomhaíochtaí atá spriocdhírithe chun bochtaineacht leanaí a chomhrac. Ní mór do na Ballstáit ina bhfuil leibhéal bochtaineachta leanaí os cionn mheán AE 5 % ar a laghad dá n-acmhainní CSE+ a úsáid chun aghaidh a thabhairt ar an tsaincheist sin.

— Ní mór cistiú leormhaith a leithdháileadh ar fhothú acmhainneachta le haghaidh comhpháirtithe sóisialta agus na sochaí sibhialta sna Ballstáit, agus ba

cheart 0.25 % ar a laghad den chiste a leithdháileadh nuair a cheanglaítear sin sna moltaí tír-shonracha.

— Le hairteagal maidir le hurramú na gceart bunúsach, leagtar béim ar an bhfíoras gur cheart na hoibríochtaí go léir a roghnú agus a chur chun feidhme de réir Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh.

Chun tairbhe a bhaint as cistiú an bheartais comhtháthaithe, ní mór do gach Ballstát comhaontú comhpháirtíochta a ullmhú. Is doiciméad straitéise é seo le haghaidh infheistíochtaí clársceidealaithe ina leagtar amach pleananna na n-údarás náisiúnta maidir le conas CFRE, CSE+, an Ciste Comhtháthaithe, CUAC agus CEMID a úsáid. Áirítear ann an leithdháileadh airgeadais bliantúil táscach le haghaidh gach cláir.

**3.** Ionstraimí maidir le comhtháthú mhargadh an tsaothair lena gcomhlánaítear CSE +

Cruthaíodh an Ciste Eorpach um Choigeartú don Domhandú (CED) mar ionstraim don bheartas iomaíochais – seachas don bheartas chomhtháthaithe – le haghaidh CAI 2007-2013 chun tacaíocht a thabhairt d'oibrithe a cuireadh ar iomarcaíocht mar thoradh ar athruithe móra struchtúracha sa trádáil dhomhanda a tharla de dhroim an domhandaithe. Cé go dtacaíonn CSE+ le cláir atá dírithe ar ghnóthú na gcuspóirí struchtúracha fadtéarmacha maidir le daoine a choimeád i margadh an tsaothair nó iad a ath-lánpháirtiú ann, freagraíonn an CED d'éigeandálaí sonracha, amhail comhiomarcaíochtaí de thairbhe an domhandaithe, ar feadh tréimhse teoranta.

I bhfianaise na géarchéime eacnamaíche agus airgeadais, rinneadh leasú ar Rialachán CED (Rialachán (CE) Uimh. 1927/2006) go sealadach ag deireadh 2011 chun freastal ar na hiomarcaíochtaí a d'eascair aisti, agus cuireadh ar fáil rátaí cómhaoinithe a bhí ag réimsiú ó 50 % go 65 %. Tugadh an t-athrú sin anonn le Rialachán CED do thréimhse 2014-2020 ((Rialachán (AE) Uimh. 1309/2013) agus cumhdaíodh leis iomarcaíochtaí a d'eascair as géarchéimeanna domhanda airgeadais agus eacnamaíocha sa bhreis ar iomarcaíochtaí a d'eascair as an domhandú. Don tréimhse 2014-2020, leathnaíodh an raon feidhme freisin chun catagóirí nua de thairbhithe amhail daoine féinfhostaithe, oibrithe sealadacha agus oibrithe ar théarma seasta a chumhdach. I bhfianaise Brexit crua a d'fhéadfadh a bheith ann, leasaíodh Rialachán CED in 2019 chun cabhrú le hoibrithe agus le daoine féinfhostaithe in AE-27 atá fágtha a chaillfeadh a bpoist dá ndéanfadh an Ríocht Aontaithe tarraingt siar gan chomhaontú (féach Rialachán (AE) Uimh. 2019/1796).

An 30 Bealtaine 2018, mhol an Coimisiún CED nua, athbhreithnithe don tréimhse i ndiaidh 2020 agus uasmhéid bliantúil de EUR 200 milliún lasmuigh d'uasteorainneacha CAI 2021-2027 aige. Leis an togra, leathnaítear cumhdach d'oibrithe a chailleann a bpoist de bharr athstruchtúraithe mar gheall ar an aistriú chuig an ngeilleagar ísealcharbóin, ar an uathoibriú nó ar an digitiú, agus laghdaítear an tairseach maidir le gníomhachtúchán CED ó 500 go 250 iomarcaíocht. An 27 Bealtaine 2020, faoi chuimsiú an Phlean Téarnaimh don Eoraip, mhol an Coimisiún an t-uasmhéid bliantúil a mhéadú. Tháinig an Pharlaimint agus an Chomhairle ar chomhaontú faoin téacs ar an dara léamh, agus rinneadh an gníomh críochnaitheach a shíniú an 28 Aibreán (Rialachán (AE) Uimh. 2021/691). Tá buiséad bliantúil EUR 210 billiún ag CED don tréimhse ó 2021 go 2027.

## RÓL PHARLAIMINT NA HEORPA

Tá tionchar na Parlaiminte ar CSE tar éis fás in imeacht na mblianta. Faoi Chonradh Maastricht, bhí sé de cheangal uirthi a haontú a thabhairt do na forálacha ginearálta lena rialaítear na cistí. Ó tháinig Conradh Liospóin i bhfeidhm, bhí glacadh na rialacha ginearálta faoi réir an ghnáthnós imeachta reachtaigh. Féachann an Pharlaimint ar CSE mar ionstraim AE is tábhachtaí chun an dífhostaíocht a chomhrac. Ba é an moladh a bhí aici i gcónaí ná go ndéanfaí an ciste a oibriú go héifeachtúil agus d'iarr sí go ndéanfaí an reachtaíocht agus na nósanna imeachta a shimpliú, ionas go bhféadfaí feabhas a chur ar éifeachtúlacht agus cáilíocht chúnamh CSE.

Le himeacht na mblianta, leathnaigh an Pharlaimint raon feidhme CSE ionas go n-áireofaí ann iarrachtaí chun éagothromaíochtaí inscne, idirdhealú agus eisiamh sóisialta a chomhrac trí rochtain ar fhostaíocht le haghaidh grúpaí leochaileacha a éascú. Thacaigh sí leis an moladh ón gCoimisiún go rannchuideoidh CSE le dul i ngleic leis an ngéarchéim eacnamaíoch agus i rún uaithi an 7 Deireadh Fómhair 2010, d'iarr an Pharlaimint go neartófaí CSE mar príomhspreagthóir chun cuspóirí Eoraip 2020 a chur chun feidhme.

Do thréimhse chlársceidealaithe 2014-2020, is a bhuíochas don Pharlaimint gurbh ionann cistiú CSE agus 23.1 % de chistiú comhtháthaithe iomlán an Aontais, agus go raibh 20 % de leithdháileadh CSE gach Ballstát le caitheamh ar an gcuimsiú sóisialta.

I ndiaidh insreabhadh na ndídeanaithe a thosaigh in 2014, thug an Pharlaimint ar aire i rún uaithi an 5 Iúil 2016, gur céim é an lánpháirtiú proifisiúnta ar an tslí chuig an gcuimsiú sóisialta, agus leag sí béim ar infhaighteacht CSE le haghaidh bearta chun lánpháirtiú dídeanaithe i margaí saothair AE a éascú. Thug an Coimisiún aird ar na cúiseanna imní sin ina thogra CSE+ ó 2021 go 2027 trí thagairt ar leith d'imircigh agus dá lánpháirtiú sna margaí saothair a chur le cuspóirí CSE+.

Ina theannta sin, maidir le CSE+ 2021-2027, áirítear leis na leasuithe a rinne an Pharlaimint imfhalú i ndáil le níos mó cistithe do bhia agus do chúnamh ábhartha, cistiú leormhaith d'fhothú acmhainneachta le haghaidh comhpháirtithe sóisialta agus coimircí chun a áirithiú go n-urramaíonn tionscadail arna gcistiú ag airgead AE cearta bunúsacha ina n-iomláine.

Chun tuilleadh eolais a fháil faoin ábhar seo, féach suíomh gréasáin an Choiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta.

Monika Makay
10/2023

# 2.3.3. BEARTAS FOSTAÍOCHTA

Le straitéis fostaíochta na hEorpa, a théann siar go 1997, bunaíodh cuspóirí coiteanna don bheartas fostaíochta agus rannchuidíodh le 'comhordú bog' i measc na mBallstát. Ceann de phríomhspriocanna na straitéise Eoraip 2020 ab ea níos mó post agus poist níos fearr a chruthú. Ón mbliain 2020 i leith, tá spriocanna nua agus níos uaillmhianaí molta ag an gCoimisiún maidir leis an mbeartas fostaíochta. Tá dlí an Aontais ábhartha i réimsí áirithe, fiú más ar na rialtais náisiúnta go príomha atá an fhreagracht as an mbeartas fostaíochta.

## BUNÚS DLÍ

Airteagal 3(3) den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE) agus Airteagail 8-10, 145-150, 156-159 agus 162-164 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE).

## CUSPÓIRÍ

De réir Airteagal 3 CAE, tá sé de dhualgas ar an Aontas iarracht a dhéanamh ar lánfhostaíocht a bhaint amach agus ar dhul chun cinn sóisialta a dhéanamh. Leagtar síos sa chlásal cothrománach in Airteagal 9 CFAE nach mór cuspóir an ardleibhéil fostaíochta a chur san áireamh agus beartais agus gníomhaíochtaí an Aontais á sainiú agus á gcur chun feidhme. Tá sé de chúram ar na Ballstáit agus ar an Aontas iarracht a dhéanamh ar straitéis chomhordaithe don fhostaíocht a fhorbairt, go háirithe maidir le lucht saothair sciliúil, oilte agus solúbtha, agus margaí saothair atá freagrúil don athrú eacnamaíoch, a chur chun cinn, mar a thuairiscítear in Airteagal 145 CFAE.

## A BHFUIL BAINTE AMACH

**A.** Ó na luathchéimeanna (1950idí go dtí na 1990idí) go dtí na spriocanna iar-2020

Chomh fada siar leis na 1950idí, bhí oibrithe ag baint leas as 'cúnamh athoiriúnaithe' sa Chomhphobal Eorpach do Ghual agus Cruach. Rinneadh cúnamh a dheonú d'oibrithe sna hearnálacha guail agus cruach a raibh a bpoist faoi bhagairt ag an athstruchtúrú tionsclaíoch. Ba é Ciste Sóisialta na hEorpa (CSE) (2.3.2 Ciste Sóisialta na hEorpa), a cruthaíodh in 1957, an phríomhuirlis chun an dífhostaíocht a chomhrac.

Sna 1980idí agus sna 1990idí, dhírigh cláir ghníomhaíochta um fhostaíocht ar spriocghrúpaí sonracha, agus bunaíodh roinnt córais doiciméadúcháin agus faireachais.

I gcomhthéacs an ardleibhéil dífhostaíochta i roinnt mhaith tíortha AE, leis an bPáipéar Bán ar an bhfás, ar an iomaíochas agus ar an bhfostaíocht (1993), cuireadh tús le díospóireacht ar straitéis eacnamaíoch agus fostaíochta na hEorpa trí shaincheist na fostaíochta a chur ar bharr chlár oibre AE den chéad uair.

Bhí an chaibidil nua ar an bhfostaíocht i gConradh Amstardam (1997) mar bhunús le Straitéis Fostaíochta na hEorpa (SFE) agus an Buanchoiste Fostaíochta a bhfuil stádas comhairleach aige a chur ar bun chun comhordú bheartais saothair agus fostaíochta na mBallstát a chur chun cinn. Is ag na Ballstáit go fóill, áfach, atá an inniúlacht maidir

leis an mbeartas fostaíochta. Méadaíodh rannpháirtíocht na gcomhpháirtithe sóisialta trí 'phrótacal sóisialta' a áireamh sa Chonradh (2.3.7 Idirphlé sóisialta).

Le linn Chruinniú Mullaigh Fostaíochta urghnách Lucsamburg i mí na Samhna 1997, seoladh **SFE** in éineacht leis an modh oscailte comhordúcháin,- an próiseas ar a dtugtar próiseas Lucsamburg, ar timthriall comhordúcháin agus faireacháin bhliantúil é le haghaidh beartais fostaíochta náisiúnta atá bunaithe ar ghealltanas na mBallstát sraith cuspóirí agus spriocanna comhchoiteanna a leagan síos. Chuir SFE ardleibhéal fostaíochta ar aon dul leis na cuspóirí maicreacnamaíocha maidir le fás agus cobhsaíocht.

In 2000, tháinig Comhairle Eorpach Liospóin ar chomhaontú maidir leis an sprioc straitéiseach nua i dtaobh geilleagar a dhéanamh de AE a bheadh 'ar an ngeilleagar eolasbhunaithe is iomaíche agus is dinimiciúla ar domhan', ina mbeadh an lánfhostaíocht ina cuspóir uileghabhálach den bheartas fostaíochta agus sóisialta, agus maidir le cuspóirí nithiúla a bhí le baint amach faoi 2010 (Straitéis Liospóin).

Tar éis ghéarchéim airgeadais 2007-08, rinneadh an straitéis Eoraip 2020 a ghlacadh in 2010 agus tugadh isteach an Seimeastar Eorpach mar an sásra chun beartas airgeadais agus eacnamaíoch a chomhordú. Leis an straitéis 10 mbliana sin do phoist agus don fhás cliste, inbhuanaithe agus cuimsitheach, sainíodh den chéad uair roinnt príomhspriocanna, amhail rannpháirtíocht daoine ó 20 go 64 bliana d'aois sa mhargadh saothair a mhéadú go 75 % faoi 2020; Bhí ar na Ballstáit spriocanna náisiúnta a dhéanamh de na príomhspriocanna uile.

In 2017, thíolaic an Coimisiún Colún Eorpach na gCeart Sóisialta (CECS), ina leagtar amach 20 príomhphrionsabal agus príomhcheart chun tacú le próiseas athnuaite cóineasaithe ionsar dhálaí maireachtála agus oibre níos fearr. Tá 'scórchlár sóisialta' ag gabháil leis chun faireachán a dhéanamh ar an dul chun cinn a dhéantar. Ag an gCruinniú Mullaigh Sóisialta in Göteborg i mí na Samhna 2017, leag an Pharlaimint, an Chomhairle agus an Coimisiún béim ar a dtiomantas comhroinnte trí fhorógra comhchoiteann a ghlacadh maidir le CECS.

I bplean gníomhaíochta 2021 maidir le cur chun feidhme CECS, leagadh amach trí phríomhsprioc nua de chuid an Aontais a bheidh le baint amach faoi dheireadh na ndeich mbliana seo, lena n-áirítear iad seo a leanas:

— Fostaíocht: ba cheart 78 % ar a laghad den daonra idir 20 agus 64 bliana d'aois a bheith fostaithe faoi 2030;

— Scileanna: ba cheart 60 % ar a laghad de na daoine fásta ar fad a bheith rannpháirteach in oiliúint gach bliain.

**B.** Comhordú agus faireachán a neartú

Leis an timthriall bhliantúil faireacháin le haghaidh beartais fostaíochta laistigh den Seimeastar Eorpach, áirítear na codanna seo a leanas:

— Treoirlínte fostaíochta, arna dtarraingt suas ag an gCoimisiún agus arna nglacadh ag an gComhairle tar éis di dul i gcomhairle leis an bParlaimint;

— Tuarascáil chomhpháirteach ar fhostaíocht, arna foilsiú ag an gCoimisiún agus arna glacadh ag an gComhairle;

— Cláir náisiúnta um athchóiriú;

— Tuarascálacha tíre agus moltaí tírshonracha, arna dtarraingt suas ag an gCoimisiún, agus na moltaí sin arna nglacadh ag an gComhairle.

Léirítear leis na ceithre threoirlíne fostaíochta (Airteagal 148 CFAE) spriocanna straitéiseacha le haghaidh beartais náisiúnta fostaíochta agus tá tosaíochtaí beartais iontu i réimse na fostaíochta, réimse an oideachais agus réimse an chuimsithe shóisialta. Tá na treoirlíne fostaíochta ina gcuid de na hocht dtreoirlíne chomhtháite, ina bhfuil ceithre cinn de threoirlínte leathana beartais eacnamaíoch freisin (Airteagal 121 CFAE).

Le blianta beaga anuas, rinneadh na treoirlínte fostaíochta a ailíniú le prionsabail CECS (2.3.1 Beartas sóisialta agus fostaíochta: prionsabail ghinearálta) agus rinneadh comhtháthú ar eilimintí a bhaineann le hiarmhairtí ghéarchéim COVID-19, leis an aistriú glas agus leis an aistriú digiteach, leis an gcothroime le linn an aistrithe ghlais, le Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe agus le hionradh na Rúise ar an Úcráin.

Mar phríomhuirlis faireacháin a úsáidtear sa Seimeastar Eorpach, mhol an Coimisiún scórchlár sóisialta athbhreithnithe (arna chur i gceangal le Plean Gníomhaíochta CECS). Cuimsíonn an scórchlár sóisialta 17 dtáscaire ceannlíne, arna bhformhuiniú ag an gComhairle, lena ndéantar measúnú ar fheidhmíocht fostaíochta agus shóisialta na mBallstát i dtrí ghné leathana: (i) comhionannas deiseanna, (ii) dálaí oibre cothroma agus (iii) cosaint agus cuimsiú sóisialta.

**C.** Gníomhartha atá ceangailteach ó thaobh dlí de – dlí an Aontais

Bunaithe ar na forálacha a leagtar síos in CFAE maidir le réimse na fostaíochta agus réimse na ngnóthaí sóisialta, agus freisin maidir leis an tsaoirse gluaiseachta, glacadh roinnt treoracha, rialachán agus cinntí chun caighdeáin íosta a chinntiú ar fud Bhallstáit an Aontais sna réimsí seo a leanas:

— Sláinte agus sábháilteacht ag an obair: oibleagáidí agus cearta ginearálta agus sonracha, trealamh oibre, riosca sonracha, e.g. substaintí contúirteacha, carcanaiginí (2.3.5 Sláinte agus sábháilteacht ag an obair);

— Comhionannas deiseanna do mhná agus d’fhir: cóir chomhionann ag an obair, toircheas, saoire mháithreachais, saoire do thuismitheoirí (2.3.9 An comhrac i gcoinne na bochtaineachta, an eisiaimh shóisialta agus an idirdhealaithe);

— Cosaint ar idirdhealú bunaithe ar ghnéas, cine, reiligiún, aois, míchumas agus gnéaschlaonadh (2.3.9 An comhrac i gcoinne na bochtaineachta, an eisiaimh shóisialta agus an idirdhealaithe);

— Dálaí oibre: pá íosta, obair pháirtaimseartha, conarthaí ar théarma seasta, uaireanta oibre, fostaíocht daoine óga, fostaithe a chur ar an eolas agus dul i gcomhairle leo (2.3.6 Ceart oibrithe chun faisnéise, comhairliúcháin agus rannpháirtíochta; 2.3.7 Idirphlé sóisialta);

— Seirbhísí tacaíochta: comhar feabhsaithe idir na seirbhísí fostaíochta poiblí.

— Saorghluaiseacht oibrithe: an chóir chomhionainn, rochtain ar shochair shóisialta (2.1.5 Saorghluaiseacht oibrithe);

— Oibrithe a phostú: an fad tréimhse, an pá, na hearnálacha atá cumhdaithe (2.1.13. Oibrithe a phostú).

**D.** Comhordú trí mholtaí agus tionscnaimh eile bheartais

Sa bhreis ar an 'reachtaíocht chrua' a luaitear thuas, cabhraíonn bearta breise leis an gcomhar i measc Bhallstáit an Aontais a mhéadú trí 'reachtaíocht bhog', lena n-áirítear moltaí neamhcheangailteacha de chuid na Comhairle agus tionscnaimh eile bheartais arna dtabhairt isteach ag an gCoimisiún.

— Tá sé d'aidhm ag an Ráthaíocht Eorpach don Aos Óg a áirithiú go bhfaighidh an uile dhuine atá faoi bhun 30 bliain d'aois tairiscint mhaith fostaíochta, oideachais leanúnaigh, printíseachta nó seala oiliúna laistigh de cheithre mhí ar iad a bheith dífhostaithe nó an t-oideachas foirmiúil a fhágáil.

— Díríonn moladh ón gComhairle maidir le daoine atá dífhostaithe go fadtéarmach a chomhtháthú i margadh an tsaothair ar chlárú, ar ghrinnmheasúnuithe aonair agus ar chomhaontuithe maidir le lánpháirtiú post atá le tairiscint do dhaoine cláraithe atá dífhostaithe go fadtéarmach.

— Tá 12 ghníomhaíocht ar áireamh sa Clár Oibre Scileanna don Eoraip atá dírithe ar scileanna do phoist chun a áirithiú go ndéanfar an ceart chun oiliúna agus chun na foghlama ar feadh an tsaoil a chomhlíonadh ar fud na hEorpa. Tá an tréimhse bliana ón 9 Bealtaine 2023 go dtí an 8 Bealtaine 2024 ainmnithe mar 'Bhliain Eorpach na Scileanna' agus é mar aidhm léi aghaidh a thabhairt ar ghanntanais scileanna san Aontas agus meon athscilithe agus uas-scilithe a chur chun cinn chun cabhrú le daoine na scileanna cearta a fhorbairt le haghaidh poist ardcháilíochta.

— I moladh ón gCoimisiún maidir le tacaíocht ghníomhach éifeachtach don fhostaíocht tar éis ghéarchéim COVID-19, leagtar amach cur chuige straitéiseach i leith aistriú de réir a chéile idir bearta éigeandála a glacadh chun poist a chaomhnú le linn na paindéime agus bearta nua a bhfuil gá leo le haghaidh téarnamh lena gcruthófar poist.

— Áirítear i gCreat straitéiseach 2021-2027 maidir le sábháilteacht agus sláinte ag an obair príomhdhúshláin, cuspóirí straitéiseacha maidir le sláinte agus sábháilteacht ag an obair agus gníomhaíochtaí agus ionstraimí chun aghaidh a thabhairt orthu sin.

— Is é is aidhm don Straitéis Eorpach um Chúram seirbhísí cúraim ardcháilíochta, inacmhainne agus inrochtana a chinntiú ar fud AE agus feabhas a chur ar chúrsaí dóibh siúd a fhaigheann an cúram agus do na daoine a thugann an cúram dóibh, bíodh sin go gairmiúil nó go neamhfhoirmiúil.

**E.** Tacú le hionstraimí cistiúcháin an Aontais

Soláthraíonn roinnt cláir chistiúcháin de chuid an Aontais tacaíocht i réimse na fostaíochta.

— Is é Ciste Sóisialta na hEorpa Plus (CSE+) (2.3.2 Ciste Sóisialta na hEorpa) príomhionstraim AE chun infheistíocht a dhéanamh i ndaoine agus tugann sé le chéile roinnt cistí agus clár, go háirithe CSE, an Tionscnamh um Fhostaíocht don Aos Óg, an Ciste um Chabhair Eorpach do na Daoine is Díothaí agus an Clár um Fhostaíocht agus um Nuálaíocht Shóisialta.

— Leis an gCiste Eorpach um Choigeartú **don Domhandú d'Oibrithe Iomarcacha**, tacaítear le daoine a chaill a bpost mar gheall ar athruithe struchtúracha ar phatrúin

trádála domhanda, mar gheall ar an digitiú, mar gheall ar an uathoibriú agus mar gheall ar an aistriú chuig geilleagar ísealcharbóin.

— Is ionstraim shealadach í an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, atá i gcroílár NextGenerationEU, chun tacú le hathchóirithe agus infheistíochtaí arna ndéanamh ag na Ballstáit idir mí Feabhra 2020 agus an 31 Nollaig 2026. Is é is aidhm di tionchar eacnamaíoch agus sóisialta phaindéim COVID-19 a mhaolú agus geilleagair agus sochaithe Eorpacha a dhéanamh níos inbhuanaithe agus níos athléimní agus níos ullmhaithe do na dúshláin agus na deiseanna a bheidh ann de bharr an aistrithe ghlais agus an aistrithe dhigitigh.

— Tá REACT-EU (Cúnamh Téarnaimh don Chomhtháthú agus do Chríocha na hEorpa) ina bhreisiú ar chláir chistiúcháin struchtúracha 2014-2020 agus tá sé sa bhreis ar leithdháiltí comhtháthaithe 2021-2027. Le REACT-EU, déantar na bearta freagartha agus deisiúcháin ar an ngéarchéim arna soláthar tríd an Tionscnamh Infheistíochta mar Fhreagairt ar an gCoróinvíreas agus tríd an Tionscnamh Infheistíochta mar Fhreagairt ar an gCoróinvíreas Plus a fhadú agus a leathnú.

— Le SURE (Tacaíocht chun Rioscaí Dífhostaíochta a mhaolú i gcás Éigeandála), soláthraíodh cúnamh airgeadais do na Ballstáit le linn ghéarchéim COVID-19, rud a d’fhág gurbh fhéidir poist agus oibrithe a chosaint trí scéimeanna oibre gearr-ama nó bearta comhchosúla.

— Is é is aidhm don Chiste um Aistriú Cóir na costais shóisialta agus eacnamaíocha a eascraíonn ón aistriú i dtreo geilleagar aeráidneodrach a mhaolú trí chabhrú le daoine iad féin a chur in oiriúint do mhargadh saothair atá ag athrú. Is é an chéad cholún é den Sásra um Aistriú Cóir, atá mar chuid den Chomhaontú Glas don Eoraip.

## RÓL PHARLAIMINT NA HEORPA

Tháinig forbairt ar ról na Parlaiminte sa réimse sin de réir a chéile. Ó tháinig Conradh Amstardam i bhfeidhm, caithfear dul i gcomhairle leis an bParlaimint maidir le treoirlínte fostaíochta sula nglacfaidh an Chomhairle iad.

Thug an Pharlaimint tacaíocht láidir don straitéis Eoraip 2020. Eascraíonn cuid de na tionscnaimh a dhíríonn ar an dífhostaíocht i measc na hóige a chomhrac ó mholtaí le haghaidh gníomhaíochtaí nithiúla, praiticiúla ón bParlaimint eadhon Ráthaíocht an Aontais don Aos Óg agus íoschaighdeáin maidir le socrúcháin oibre. I rún uaithi an 17 Iúil 2014 maidir leis an dífhostaíocht i measc na hóige, d’iarr an Pharlaimint go mbeadh creat dlíthiúil de chuid an Aontais ann lena dtabharfaí isteach íoschaighdeáin maidir leis an Ráthaíocht don Aos Óg a chur chun feidhme, lena n-áirítear cáilíocht na bprintíseachtaí agus lena gcumhdaítear daoine atá idir 25-30 bliain d’aois freisin. I rún a glacadh in 2018 maidir leis an gcéad bhuiséad fadtéarmach eile de chuid an Aontais, d’iarr an Pharlaimint go ndéanfaí méadú suntasach ar mhaoiniú chun an Tionscnamh Fostaíochta don Aos Óg a chur chun feidhme. An 8 Deireadh Fómhair 2020, ghlac an Pharlaimint rún inar cuireadh in iúl gur cúis imní di cineál deonach na Ráthaíochta don Aos Óg (moladh ón gComhairle atá ann faoi láthair) agus d’iarr sí ar an gCoimisiún ionstraim cheangailteach a mholadh. Cháin an Pharlaimint socrúcháin oibre gan phá freisin agus thathantaigh sí ar an gCoimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar ionstraimí Eorpacha atá ann cheana amhail an creat cáilíochta le haghaidh tréimhsí oiliúna agus an creat Eorpach do phrintíseachtaí ardchaighdeáin agus éifeachtacha. D’áitigh an Pharlaimint go ndéanfaí critéir cháilíochta a chumhdach mar chuid de na tairiscintí a

dhéantar do dhaoine óga, lena n-áirítear an prionsabal maidir le luach saothair cothrom d'oiliúnaithe agus d'intéirnigh, rochtain ar chosaint shóisialta, fostaíocht inbhuanaithe agus cearta sóisialta.

Ina theannta sin, thacaigh an Pharlaimint leis an gcur chuige a glacadh sa mholadh maidir le dífhostaíocht fhadtéarmach sa rún uaithi an 29 Deireadh Fómhair 2015. Bhí tionchar ag dianobair na Parlaiminte maidir le forbairt scileanna ar an gClár Oibre Scileanna don Eoraip. Tá béim leagtha ag an bParlaimint ar a thábhachtaí atá an fhoghlaim ar feadh an tsaoil agus an ghairmoideachais agus an ghairmoiliúint, lena n-áirítear uas-sciliú agus athsciliú. Tá iarrtha arís is arís eile aici ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit Limistéar Eorpach Gairmoideachais agus Gairmoiliúna a bhunú. Tá sé aitheanta aici freisin go bhfuil gá le sealanna oiliúna ardcháilíochta agus tá iarrtha aici ar an gCoimisiún Moladh gaolmhar 2014 ón gComhairle a nuashonrú agus a neartú agus ionstraim reachtach níos láidre a dhéanamh de.

Cuireadh i bhfios go láidir i rún ó Pharlaimint na hEorpa an 13 Márta 2019 maidir leis an Seimeastar Eorpach go bhfuil spriocanna agus gealltanais sóisialta AE chomh tábhachtach céanna lena spriocanna eacnamaíocha. Tar éis ráig COVID-19, rinne an Pharlaimint iarracht ar iarmhairtí diúltacha na géarchéime a mhaolú, go háirithe i margadh an tsaothair. I rún a glacadh an 10 Iúil 2020 maidir le treoirlínte fostaíochta AE, d'iarr na Feisirí go ndéanfaí bearta radacacha chun an suaitheadh a d'eascair as an bpaindéim a mhaolú, go háirithe athbhreithniú ar na treoirlínte atá le teacht i bhfianaise na staide mar a bhí, agus leag siad béim ar an ngá atá le dul i ngleic leis an dífhostaíocht i measc na n-óg trí Ráthaíocht fheabhsaithe don Aos Óg. I gcomhthéacs na géarchéime fuinnimh agus ghéarchéim na gcostas maireachtála, d'iarr an Pharlaimint ar na Ballstáit agus ar an gCoimisiún tosaíocht a thabhairt don chomhrac i gcoinne na dífhostaíochta agus ionstraim SURE a atreisiú chun tacú le scéimeanna oibre gearr-ama, ioncam oibrithe agus oibrithe a dhéanfaí a asleagan go sealadach mar gheall ar an méadú ar phraghsanna fuinnimh, i measc cúiseanna eile, agus freisin chun éifeachtaí suaití neamhshiméadracha a mhaolú.

Chun tuilleadh eolais a fháil faoin ábhar seo, féach suíomh gréasáin an Choiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta.

Monika Makay
10/2023

# 2.3.4. CUMHDACH SLÁNDÁLA SÓISIALTA I MBALLSTÁIT EILE AE

Tríd an tslándáil shóisialta a chomhordú, éascaítear saorghluaiseacht daoine laistigh de AE. Rinneadh athchóiriú ó bhonn ar an reachtaíocht sa réimse sin in 2010 agus forlíonadh ina dhiaidh sin é le tuilleadh gníomhartha dlí lena bhfeabhsaítear an chosaint do chearta oibrithe soghluaiste. In 2016, d'áirigh an Coimisiún tograí sa Phacáiste Soghluaisteachta Saothair chun tuilleadh athchóirithe a dhéanamh ar an gcóras agus chun é a chur in oiriúint do dhálaí eacnamaíocha agus sóisialta nua-aimseartha in AE.

## AN BUNÚS DLÍ

Airteagail 48 agus 352 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

## CUSPÓIRÍ

Is é an bunphrionsabal a chumhdaítear i gConradh na Róimhe ná bacainní ar shaorghluaiseacht daoine idir na Ballstáit a bhaint (2.1.5). Chun an méid sin a bhaint amach, ní mór do bhearta slándála sóisialta a áirithiú nach gcaillfidh saoránaigh AE, atá ag obair agus atá ina gcónaí i mBallstát eile seachas a mBallstát féin, roinnt dá gcearta slándála sóisialta nó gach ceann díobh.

## A BHFUIL BAINTE AMACH

In 1958, ghlac an Chomhairle dhá rialachán maidir leis an tslándáil shóisialta d'oibrithe imirceacha, ar rialacháin iad ar tháinig Rialachán (CEE) Uimh. 1408/71 ina n-ionad tráth níos faide anonn. Déantar náisiúnaigh na hÍoslainne, Lichtinstéin agus na hIorua a chumhdach freisin leis an gComhaontú ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (LEE), agus cumhdaítear náisiúnaigh na hEilvéise le comhaontú AE–na hEilvéise. Tar éis Brexit, leantar de chearta daoine a chosaint a chumhdaítear leis an gComhaontú um Tharraingt Siar, a tugadh i gcrích idir AE agus an Ríocht Aontaithe. Do dhaoine nach gcumhdaítear leis an gComhaontú um Tharraingt Siar, rialaítear comhordú slándála sóisialta idir AE agus an Ríocht Aontaithe leis an bPrótacal ábhartha a ghabhann leis an gComhaontú Trádála agus Comhair.

In 2004, le Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 (an rialachán maidir le comhordú) rinneadh Rialachán (CEE) Uimh. 1408/71 a aisghairm, ach leanann sé de dhifear a dhéanamh maidir le gníomhartha agus comhaontuithe Comhphobail áirithe a bhfuil AE ina pháirtí iontu fós. Rinneadh an córas a athchóiriú go mór in 2010 nuair a glacadh an 'pacáiste um chomhordú an nuachóirithe' – Rialachán (CE) Uimh. 988/2009 agus cur chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 987/2009.

**A.** Na ceithre bhunphrionsabal

Tá sé de shaoirse ag gach Ballstát a chóras slándála sóisialta a dhearadh go neamhspleách, rud a chiallaíonn nach gcuirfear córas Eorpach aonair in ionad na gcóras slándála sóisialta náisiúnta. Tríd is tríd, is í an tír fostaíochta a sholáthraíonn cumhdach slándála sóisialta nó, in éagmais fostaíochta, is í an tír chónaithe a sholáthraíonn é. I gcás ina bhfuil dhá thír nó níos mó i gceist, cinntear leis an rialachán

maidir le comhordú cén tír a chuireann cumhdach árachais ar fáil do shaoránach den Aontas Eorpach. Braitheann an rialachán ar cheithre bhunphrionsabal:

**1.** An chóir chomhionann (Airteagal 4 agus Airteagal 5)

Is mar a chéile iad na cearta agus na hoibleagáidí atá ag oibrithe agus daoine féinfhostaithe ó Bhallstáit eile agus na cinn atá ag náisiúnaigh an stáit óstaigh. Tá feidhm gan choinníoll ag an gceart chun cóir chomhionann maidir le haon oibrí nó duine féinfhostaithe ó Bhallstát eile sa stát óstach le tréimhse áirithe ama.

**2.** Comhiomlánú (Airteagal 6)

Leis an bprionsabal sin, ráthaítear go ndéanfar na tréimhsí árachais, oibre nó cónaithe i dtíortha eile roimhe sin a chur san áireamh agus na sochair á ríomh. Mar shampla, más rud é go gcuirtear, tríd an dlí náisiúnta, ceangal ar oibrí a bheith faoi árachas nó i bhfostaíocht le tréimhse áirithe ama sula mbeidh siad i dteideal sochair áirithe, faoi phrionsabal an chomhiomlánaithe, ní mór don Bhallstát inniúil aird a thabhairt ar thréimhsí árachais agus fostaíochta a tugadh i gcrích i mBallstát eile.

**3.** Prionsabal an dlí aonair infheidhme (Airteagal 10, Airteagal 11(1))

Cuireann an prionsabal sin cosc ar dhuine ar bith buntáistí míchuí a fháil ón gceart chun saorghluaiseachta. Ní chumhdaítear gach tairbhí ach amháin faoi reachtaíocht aon tíre amháin agus ní íocann siad ranníocaíochtaí ach sa tír sin.

**4.** In-onnmhairitheacht (Airteagal 7)

Faoin bprionsabal sin, is féidir sochair slándála sóisialta a íoc ar fud an Aontais, agus cuirtear toirmeasc ar na Ballstáit faoi íocaíocht sochar a theorannú do dhaoine atá ina gcónaí sa tír. Níl feidhm aige sin, áfach, maidir le gach sochar slándála sóisialta, toisc go bhfuil feidhm ag rialacha speisialta, mar shampla, maidir le sochair dhífhostaíochta.

**B.** Na daoine a chumhdaítear

I dtús ama, níor cumhdaíodh ach oibrithe amháin le Rialachán (CEE) Uimh. 1408/71, ach in 1982 leathnaíodh a raon feidhme chun daoine féinfhostaithe a chuimsiú. Leis an rialachán sin, cumhdaíodh freisin daoine de theaghlaigh oibrithe agus daoine féinfhostaithe agus a gcleithiúnaithe, mar aon le daoine gan stát agus dídeanaithe. Leathnaíodh an raon feidhme de réir a chéile in 1998, chun státseirbhísigh a chur ar comhchéim leis an gcuid eile den daonra a mhéid a bhaineann le cearta pinsin reachtúla ginearálta, in 1999 chun gach duine árachaithe, go háirithe mic léinn agus daoine nach bhfuil i bhfostaíocht shochrach a chuimsiú, agus in 2003 chun náisiúnaigh ó thíortha nach tíortha den Aontas Eorpach iad atá ina gcónaí go dleathach in AE a chumhdach.

Le Rialachán (AE) Uimh. 1231/2010, arb é an gníomh dlíthiúil is déanaí é, leathnaíodh an cumhdach chuig náisiúnaigh ó thíortha nach tíortha den Aontas Eorpach iad atá ina gcónaí go dleathach in AE agus atá i staid trasteorann agus chuig daoine agus marthanóirí dá dteaghlach más in AE atá siad.

Cumhdaítear freisin oibrithe trasteorann ar fostaithe iad nó atá féinfhostaithe i mBallstát amháin agus atá ina gcónaí i mBallstát eile ar a bhfilleann siad gach lá nó uair sa tseachtain ar a laghad.

Is cás eisceachtúil iad oibrithe ar postú mar go gcuirtear ar shocrúchán sealadach iad agus leanann siad de bheith cumhdaithe leis an gcóras slándála sóisialta ina mBallstát

baile go ceann uastréimhse 24 mhí (2.1.13). Is féidir sochair comhchineáil sláinte, agus iad sin amháin, a tharraingt sa Bhallstát cónaithe.

**C.** Na sochair a chumhdaítear

In Airteagal 3 de Rialachán (CE) Uimh. 883/2004, liostaítear na sochair slándála sóisialta a chumhdaítear:

— Tinneas;

— Sochair mháithreachais agus sochair choibhéiseacha atharthachta;

— Sochair easláine;

— Sochair sheanaoise;

— Sochair mharthanóirí;

— Sochair i leith tionóiscí ag an obair agus galair cheirde;

— Deontais bháis;

— Sochair dhífhostaíochta;

— Sochair réamhscoir;

— Sochair theaghlaigh;

— Sochair airgid speisialta neamh-ranníocacha áirithe (Airteagal 70).

**D.** Nuachóiriú an chórais

Ón mbliain 1971 i leith, tá leasú déanta roinnt mhaith uaireanta ar an reachtaíocht maidir le comhordú na slándála sóisialta chun forbairtí ar leibhéal AE, ar athruithe ar an reachtaíocht ar an leibhéal náisiúnta agus ar chásdlí Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh (CBAE) a chur san áireamh.

**1.** An cárta Eorpach um árachas sláinte

Ó 2006 i leith, is féidir le saoránaigh Eorpacha a bhíonn ag taisteal laistigh de LEE leas a bhaint as an gcárta Eorpach um árachas sláinte, arna eisiúint ag na seirbhísí árachais sláinte ina dtír dhúchais. Éascaíonn an cárta sin rochtain ar chúram leighis i gcás riachtanais sláinte gan choinne le linn cuairt ar chúiseanna pearsanta nó gairmiúla ar thír eile de chuid LEE. Tabharfar rochtain faoi na téarmaí céanna agus ar an gcostas céanna leis na daoine a bhfuil árachas acu sa tír sin. Is é an córas slándála sóisialta baile a aisíocann na costais.

**2.** Cearta pinsin fhorlíontaigh

I dteannta scéimeanna pinsin reachtúla, is minic a bhíonn ról tábhachtach ag pinsin fhorlíontacha le caighdeán maireachtála daoine a áirithiú sa tseanaois. Le Treoir 2014/50/AE, maidir le híoscheanglais chun soghluaisteacht oibrithe idir na Ballstáit a fheabhsú trí fháil agus coimeád ceart pinsin fhorlíontaigh a fheabhsú, tugtar aghaidh ar roinnt constaicí ar oibrithe taistil a thógfadh a gcearta pinsin fhorlíontaigh leo dá mbogfadh siad go Ballstát eile.

**3.** Ról an Údaráis Eorpaigh Saothair

Nuair a bunaíodh an tÚdarás Eorpach Saothair (ELA) in mí Iúil 2019, ghabh sé air féin na gnéithe oibríochtúla den chomhordú slándála sóisialta. Cuireann an tÚdarás idirghabháil ar fáil freisin, trí Bhord Idirghabhála tiomnaithe, i gcásanna díospóidí.

**4.** Comhordú slándála sóisialta a dhigitiú

Thosaigh próiseas a bhog ó mhalartú faisnéise ar páipéar go malartú leictreonach faisnéise leis an bpacáiste um chomhordú an nuachóirithe agus mar thoradh air bunaíodh an córas um Malartú Leictreonach Faisnéise Slándála Sóisialta (EESSI). Anois nascann an córas institiúidí slándála sóisialta in 32 thír - 27 mBallstát an Aontais mar aon leis an Íoslainn, Lichtinstéin, an Iorua, an Eilvéis agus an Ríocht Aontaithe.

I gclár oibre an Choimisiúin do 2018, luadh togra le haghaidh uimhir Eorpach slándála sóisialta chun comhordú trasteorann na slándála sóisialta a éascú, ach níor cuireadh isteach aon togra ar leith. Ina ionad sin, i bplean gníomhaíochta Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta, d'fhógair an Coimisiún treoirthionscadal chun féachaint an bhféadfaí pas slándála sóisialta Eorpach (ESSPASS) a thabhairt isteach, a mbeadh an tairseach aonair dhigiteach, EESSI agus an creat Eorpach um chéannacht dhigiteach atá beartaithe mar bhonn taca leis. An 6 Meán Fómhair 2023, thíolaic an Coimisiún teachtaireacht maidir leis an digitiú i gcomhordú slándála sóisialta. Leagtar amach sa teachtaireacht na tionscadail éagsúla atá á bhforbairt i réimse an digitithe, lena n-áirítear an tionscadal ESSPASS. Díríonn an tionscadal ESSPASS ar dhigitiú a dhéanamh ar an bpróiseas chun doiciméid teidlíochta a iarraidh agus a fháil, agus ar fhíorú fíor-ama chun go mbeidh institiúidí slándála sóisialta, cigireachtaí saothair, soláthraithe cúraim sláinte agus eintitis ábhartha eile in ann na doiciméid sin a fhíorú láithreach ar fud na hEorpa.

**5.** Athchóiriú leanúnach

I ndiaidh comhairliúchán sonrach in 2013 maidir le comhordú sochar cúraim fhadtéarmaigh agus sochar dífhostaíochta, agus i ndiaidh comhairliúchán ginearálta in 2015 maidir le comhordú ar shlándáil shóisialta AE, i mí na Nollag 2016, mhol an Coimisiún, mar chuid dá Phacáiste Soghluaisteachta Saothair, go ndéanfaí athbhreithniú ar Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 agus ar chur chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 987/2009.

Is é is aidhm don athbhreithniú ná cothroime a áirithiú trí nasc níos dlúithe a dhéanamh idir íocaíocht na sochar agus an Ballstát a bhailíonn na ranníocaíochtaí slándála sóisialta. Cuirtear freisin uirlisí níos fearr ar fáil do na húdaráis náisiúnta chun stádas slándála sóisialta oibrithe ar postú a fhíorú chun aghaidh a thabhairt ar bhealach níos fearr ar chleachtais a d'fhéadfadh a bheith éagórach agus ar mhí-úsáid. I measc na bpríomhathruithe tá:

— Sochair dhífhostaíochta: beidh feidhm ag tréimhse cháilithe thrí mhí sular féidir tréimhsí árachais nó fostaíochta a chomhiomlánú, ach féadfaidh oibrithe a sochair dhífhostaíochta a onnmhairiú go ceann sé mhí seachas trí mhí, chun obair a lorg i mBallstát eile;

— Sochair cúraim fhadtéarmaigh: i gcaibidil ar leithligh sa togra, tugtar sainmhíniú ar shochair cúraim fhadtéarmaigh agus ar na cásanna inar féidir le saoránaigh shoghluaiste na sochair sin a éileamh;

— Na sochair theaghlaigh a bhfuil sé mar aidhm leo ionad an ioncaim a ghlacadh le linn tréimhsí tógála linbh, meastar iad a bheith ina gcearta aonair agus pearsanta, rud a thugann de cheart do Bhallstát inniúil tánaisteach an sochar a íoc ina iomláine leis an dara tuismitheoir. Ar an gcaoi sin, cuirtear deireadh le dídhreasachtaí airgeadais féideartha do thuismitheoirí maidir le saoire teaghlaigh a thógáil an tráth céanna.

— **Saoránaigh atá neamhghníomhach go heacnamaíoch** tá sé mar aidhm leis an togra na rialacha dlíthiúla atá i bhfeidhm a ailíniú leis an gcásdlí is déanaí ón gCúirt Bhreithiúnais maidir le rochtain ar shochair shóisialta (2.1.5).

Bhí an togra ina ábhar do chaibidlíochtaí fada idirinstitiúideacha agus, i mí na Nollag 2021, tháinig an Chomhairle agus an Pharlaimint ar chomhaontú sealadach. Níor deimhníodh an comhaontú sin, áfach, agus tá an comhad ar feitheamh anois.

## RÓL PHARLAIMINT NA HEORPA

Tá sé léirithe riamh anall ag an bParlaimint go bhfuil ardspéis aici sna fadhbanna a bhíonn ag oibrithe imirceacha, oibrithe trasteorann, daoine féinfhostaithe agus náisiúnaigh tíortha nach tíortha den Aontas Eorpach iad atá ag obair i mBallstáit seachas an ceann ar tugadh cead isteach dóibh ann. Ba bhocht leis an bParlaimint go minic na bacainní ar shaoirse iomlán gluaiseachta – bacainní atá fós ann – agus tá iarrtha aici ar an gComhairle tograí a ghlacadh chun pinsin luathscoir a thabhairt faoi raon feidhme an chomhordaithe ar shlándáil shóisialta, chun leathnú a dhéanamh ar an gceart atá ag daoine dífhostaithe sochar dífhostaíochta a fháil i mBallstát eile, agus chun raon feidhme na reachtaíochta a leathnú chun gach duine árachaithe a chuimsiú. Rinneadh formhór na n-éileamh sin a shásamh trí Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 a ghlacadh, nó tá siad ar áireamh sna tograí is déanaí ón gCoimisiún chun athbhreithniú a dhéanamh ar an rialachán sin.

I roinnt rún dá cuid (an 14 Eanáir 2014 maidir le cosaint shóisialta do chách, rún an 14 Meán Fómhair 2016 maidir le dumpáil shóisialta agus rún an 4 Iúil 2017 maidir le dálaí oibre agus fostaíocht fhorbhásach), tá aird tarraingthe ag an bParlaimint ar na deacrachtaí sonracha sa réimse sin, amhail maidir le daoine féinfhostaithe, oibrithe ar chonarthaí sealadacha nó ar chonarthaí páirtaimseartha, oibrithe sa gheilleagar digiteach agus oibrithe séasúracha, agus tá sé iarrtha aici ar an gCoimisiún an reachtaíocht a athbhreithniú agus faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme agus comhordú córas slándála sóisialta chun a áirithiú go n-urramófar cearta na saoránach agus go mbeidh soghluaisteacht an lucht saothair in ann oibriú go héifeachtúil in AE.

Tar éis ráig phaindéim COVID-19 agus tar éis an tionchar tromchúiseach a chonacthas ar oibrithe trasteorann, imeallchríche, séasúracha agus oibrithe ar postú, an 19 Meitheamh 2020, ghlac an Pharlaimint rún maidir le cosaint Eorpach d'oibrithe trasteorann agus séasúracha i gcomhthéacs ghéarchéim COVID-19. Tarraingíonn an rún aird ar na deacrachtaí a bhí ag na hoibrithe sin: nach bhfuil siad in ann rochtain a fháil ar theidlíochtaí leordhóthanacha cosanta sóisialta agus slándála mar gheall ar dheacrachtaí comhordaithe idir institiúidí slándála sóisialta na mBallstát, agus nach mbíonn siad i gcónaí incháilithe do bhearta tacaíochta sealadacha amhail scéimeanna oibre gearr-ama, sochair dhífhostaíochta choigeartaithe agus bearta chun obair ón mbaile a éascú, agus a bheith fágtha faoi éiginnteacht dhlíthiúil faoi na córais slándála sóisialta agus cánach is infheidhme.

An 20 Bealtaine 2021, ghlac Pharlaimint na hEorpa rún maidir le tionchar rialacha AE ar shaorghluaiseacht oibrithe agus seirbhísí:soghluaisteacht an lucht saothair laistigh den Aontas Eorpach mar uirlis chun freastal ar riachtanais agus scileanna an mhargaidh saothair. Tugann an rún chun suntais gur minic a tharlaíonn easpa rochtana ar chórais slándála sóisialta mar thoradh ar chineálacha mí-úsáideacha fostaíochta neamhchaighdeánacha. Leagtar béim leis freisin ar an ngá atá le digitiú iomlán a dhéanamh ar na nósanna imeachta a bhaineann le soghluaisteacht an lucht saothair

agus le hoibrithe a phostú chun feabhas a chur ar sholáthar agus ar mhalartú faisnéise idir údaráis náisiúnta, agus chun forfheidhmiú, iniomparthacht agus inrianaitheacht éifeachtach chearta na n-oibrithe a éascú.

I rún uaithi an 25 Samhain 2021 maidir le pas slándála sóisialta Eorpach a thabhairt isteach chun feabhas a chur ar fhorfheidhmiú digiteach na gceart slándála sóisialta agus na soghluaisteachta córa, leag an Pharlaimint béim arís ar an ngá atá le hionstraim dhigiteach uile-Aontais d'oibrithe taistil chun é a dhéanamh níos éasca d'oibrithe a ranníocaíochtaí agus a dtairbhí slándála sóisialta a rianú agus a éileamh, agus ag an am céanna forfheidhmiú rialacha AE maidir le soghluaisteacht an lucht saothair agus comhordú na slándála sóisialta a fheabhsú.

Chun tuilleadh eolais a fháil faoin ábhar seo, féach suíomh gréasáin an Choiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta.

Aoife Kennedy
10/2023

# 2.3.5. AN TSLÁINTE AGUS AN TSÁBHÁILTEACHT AG AN OBAIR

Ó bhí na 1980idí ann, is saincheist thábhachtach do AE é feabhas a chur ar an tsláinte agus an sábháilteacht ag an obair. Nuair a tugadh isteach reachtaíocht ar an leibhéal Eorpach, leagadh síos íoschaighdeáin do chosaint oibrithe, agus cuireadh ar chumas na mBallstát bearta níos déine a choinneáil nó a thabhairt isteach. Is cuid lárnach de Phlean Gníomhaíochta um Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta í an tsláinte agus an tsábháilteacht ag an obair, ar plean é a glacadh ag Cruinniú Mullaigh Sóisialta Liospóin in 2021.

## BUNÚS DLÍ

Airteagail 91, 114, 115, 151, 153 agus 352 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE).

## CUSPÓIRÍ

Ar bhonn Airteagal 153 CFAE, tá AE in ann reachtaíocht (treoracha) a ghlacadh i réimse na sláinte agus na sábháilteachta ag an obair, chun tacú le gníomhaíochtaí na mBallstát agus chun iad a chomhlánú. Chuige sin, leagtar síos íoscheanglais ar leibhéal AE lena gcuirtear ar chumas na mBallstát leibhéal níos airde cosanta a thabhairt isteach ar an leibhéal náisiúnta más mian leo. Foráiltear sa Chonradh freisin nach mór do na treoracha arna nglacadh gan bacainní riaracháin, airgeadais nó dlíthiúla a fhorchur lena gcuirfí srian ar chruthú agus ar fhorbairt FBManna.

## A BHFUIL BAINTE AMACH

**A.** Forbairt institiúideach

Faoi choimirce an Chomhphobail Eorpaigh do Ghual agus Cruach (CEGC), rinneadh cláir thaighde éagsúla i réimse na sábháilteachta agus na sláinte ceirde (OSH). Tháinig an gá a bhí le cur chuige domhanda maidir leis an gceist chun soiléireachta le bunú Chomhphobal Eacnamaíochta na hEorpa (CEE) in 1957. Bunaíodh an Coiste Comhairleach um Shábháilteacht, Sláinteachas agus Cosaint Sláinte ar an Láthair Oibre in 1974 chun cuidiú leis an gCoimisiún (Cinneadh 74/325/CEE ón gComhairle). Bhí gá le híoscheanglais i dtaca le OSH chun an margadh aonair Eorpach a thabhairt i gcrích. Dá bhrí sin, glacadh roinnt treoracha, amhail 82/605/CEE (arna hionadú le Treoir 98/24/CE) maidir le cosaint in aghaidh na rioscaí a bhaineann le luaidhe mhiotalach, Treoir 83/477/CEE (arna leasú go deireanach le Treoir 2009/148/CE) maidir le haispeist, agus Treoir 86/188/CEE (arna leasú go deireanach le Treoir 2003/10/CE) maidir le torann.

**1.** An Ionstraim Eorpach Aonair

Nuair a glacadh an Ionstraim Eorpach Aonair in 1987, tugadh sláinte agus sábháilteacht ag an obair isteach i gConradh CEE den chéad uair in airteagal lenar leagadh síos íoscheanglais agus lenar cuireadh ar chumas na Comhairle treoracha maidir le sláinte agus sábháilteacht cheirde a ghlacadh trí thromlach cáilithe. Is iad na haidhmeanna a bhí i gceist ná: sláinte agus sábháilteacht na n-oibrithe ag an obair a fheabhsú; dálaí a

chomhchuibhiú sa timpeallacht oibre; cosc a chur ar 'dhumpáil shóisialta' agus tabhairt i gcrích an mhargaidh aonair ag gluaiseacht chun cinn; agus cosc a chur ar chuideachtaí bogadh chuig limistéir le leibhéal cosanta níos ísle chun buntáiste iomaíoch a fháil.

**2.** Conradh Amstardam (1997)

Neartaigh Conradh Amstardam stádas na saincheisteanna fostaíochta tríd an teideal maidir le fostaíocht agus an Comhaontú Sóisialta a thabhairt isteach. Den chéad uair, trí bhíthin an nós imeachta comhchinnteoireachta ghlac an Pharlaimint agus an Chomhairle araon treoracha lenar leagadh amach íoscheanglais i réimse na sláinte agus na sábháilteachta ag an obair agus i réimse na ndálaí oibre.

**3.** Rannchuidiú Chonradh Liospóin (2007)

Tá 'clásal sóisialta' i gConradh Liospóin faoinar gá ceanglais shóisialta a chur i gcuntas i mbeartais AE. Nuair a tháinig Conradh Liospóin i bhfeidhm, rinneadh an Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh ceangailteach ó thaobh an dlí de do na Ballstáit nuair a chuireann siad dlí AE i bhfeidhm.

**4.** Colún Eorpach na gCeart Sóisialta (2017)

Le Colún Eorpach na gCeart Sóisialta, arna shíniú ag an gComhairle, ag an gCoimisiún agus ag an bParlaimint i mí na Samhna 2017, leagtar amach 20 ceart agus prionsabal, lena n-áirítear an ceart chun dálaí oibre lena n-urramaítear sláinte, sábháilteacht agus dínit oibrithe, ar ceart é a chumhdaítear in Airteagal 31 den Chairt um Chearta Bunúsacha. De réir phrionsabal 10 den Cholún, tá an ceart ag oibrithe ardleibhéal cosanta dá sláinte agus dá sábháilteacht ag an obair a fháil, chomh maith leis an gceart maidir le timpeallacht oibre atá oiriúnaithe dá riachtanais ghairmiúla agus a chuireann ar a gcumas fad a chur lena rannpháirtíocht i margadh an tsaothair. Cé nach bhfuil an colún ceangailteach ó thaobh dlí de ann féin, is pacáiste é de bhearta reachtacha agus dlí bhoig, a bhfuil sé mar aidhm leo cóineasú aníos maidir le coinníollacha cónaithe agus oibre in AE a chur chun cinn.

**B.** Garspriocanna: Treoracha agus an Ghníomhaireacht Eorpach um Shláinte agus Sábháilteacht Cheirde

**1.** Treoir Réime 89/391/CEE agus treoracha aonair

Bhí Airteagal 137 de Chonradh Nice (Airteagal 153 CFAE anois) ina bhunús d'iarrachtaí AE chun feabhas a chur ar an timpeallacht oibre d'fhonn sláinte agus sábháilteacht oibrithe a chosaint. Ba chloch mhíle é nuair a glacadh Treoir Réime 89/391/CEE, leis an mbéim shonrach ar chultúr an choisc a bhí inti. Rinneadh foráil inti do bhearta coisctheacha, faisnéis, comhairliúchán, rannpháirtíocht chothrom agus oiliúint d'oibrithe agus dá n-ionadaithe san earnáil phríobháideach agus phoiblí. Tá an Treoir Réime ina bunús do níos mó ná 25 threoir ar leith i réimsí éagsúla agus do Rialachán (CE) Uimh. 2062/94 ón gComhairle lena mbunaítear Gníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair. Bhí tionchar ar ghníomhartha reachtacha eile aici freisin, ar gníomhartha iad a bhain le hoibrithe gníomhaireachta sealadacha agus gnéithe den am oibre i dtreoracha éagsúla.

Ar na treoracha ar leith, bhí na cinn seo a leanas:

— Ceanglais sláinte agus sábháilteachta don áit oibre (89/653/CEE) agus soláthar comharthaí sábháilteachta agus/nó sláinte ag an obair (92/58/CEE);

— Úsáid trealaimh oibre (89/665/CEE arna leasú le Treoir 2001/45/CE agus le Treoir 2009/104/CE); trealaimh cosanta pearsanta (89/656/CEE) agus obair le

trealamh scáileán taispeána (90/270/CEE) agus láimhseáil de láimh (90/269/CEE);

— Earnálacha: láithreáin tógála shealadacha nó shoghluaiste (92/57/CEE); tionscail asbhainte mianraí (druileáil) (92/91/CEE; 92/104/CEE) agus soithí iascaireachta (93/103/CE);

— Grúpaí: oibrithe torracha (92/85/CEE) agus cosaint daoine óga ag an obair (94/33/CE);

— Oibreáin: oibrithe a chosaint ar na rioscaí a bhaineann le nochtadh do charcanaiginí nó do shó-ghineacha ag an obair (2004/37/CE), d'oibreáin cheimiceacha ag an obair (98/24/CE arna leasú le Treoir 2000/39/CE agus le Treoir 2009/161/AE), don aispeist ag an obair (2009/148/CE) agus d'oibreáin bhitheolaíocha ag an obair (2000/54/CE); cosaint i gcoinne radaíocht ianúcháin (Treoir 2013/59/Euratom lena n-aisghairtear treoracha gaolmhara roimhe sin); cosaint oibrithe a d'fhéadfadh a bheith i mbaol ó atmaisféir phléascacha (99/92/CE); nochtadh oibrithe do rioscaí a bhaineann le hoibreáin fhisiceacha (creathadh) (2002/44/CE), le torann (2003/10/CE), le réimsí leictreamaighnéadacha (2004/40/CE arna leasú le Treoir 2013/35/AE) agus le radaíocht optúil shaorga (2006/25/CE);

— Substaintí: oiriúnú ar threoracha éagsúla maidir le rangú, lipéadú agus pacáil substaintí agus meascán (Treoir 2014/27/AE).

Is próiseas leanúnach é Treoir 2004/37/CE maidir le hoibrithe a chosaint ar na rioscaí a bhaineann le nochtadh do charcanaiginí nó do shó-ghineacha ag an obair a thabhairt cothrom le dáta, ar próiseas é a leanfaidh ar aghaidh amach anseo: cumhdaíodh an chéad bhaisc de 13 shubstaint i dtogra i mí na Bealtaine 2016, a glacadh i mí na Nollag 2017 (Treoir 2017/2398). Glacadh an dara togra i mí Eanáir 2017 lenar athbhreithníodh teorainneacha le haghaidh seacht substaint eile i mí Eanáir 2019 mar Threoir (AE) 2019/130 nuair a d'éirigh leis an bParlaimint luach teorann nochta ceirde do sceitheadh innill díosail a áireamh sa raon feidhme. Rinneadh an tríú togra i mí Aibreáin 2018, inar cumhdaíodh cúig shubstaint eile a úsáidtear i miotaleolaíocht, leictreaphlátáil, mianadóireacht, athchúrsáil, saotharlanna agus cúram sláinte, a ghlacadh i mí an Mheithimh 2019 mar Threoir 2019/983. Glacadh an ceathrú hathbhreithniú ar an treoir, ina raibh teorainnluachanna nua nó athbhreithnithe le haghaidh trí shubstaint is cúis le hailse (aicrilinítríl, comhdhúile nicile agus beinséin), i mí an Mhárta 2022 mar Threoir 2022/431. Tá an treoir ar cheann de na chéad bhearta arna nglacadh faoi Phlean Sáraithe Ailse na hEorpa. Ó shin i leith, tá dhá thogra eile curtha ar aghaidh ag an gCoimisiún i ndáil leis sin. I mí Lúnasa 2022, thíolaic sé togra reachtach chun leasú a dhéanamh ar Threoir 2009/148/CE maidir le hoibrithe a chosaint ar na rioscaí a bhaineann le nochtadh don aispeist ag an obair chun nochtadh oibrithe a laghdú tuilleadh agus chun iad a chosaint ar bhaol na hailse. Rinne an Pharlaimint a seasamh ar an gcéad léamh ar an togra sin a ghlacadh an 3 Deireadh Fómhair 2023. Thairis sin, i mí Feabhra 2023, thíolaic an Coimisiún togra chun athbhreithniú a dhéanamh ar an Treoir maidir le Carcanaiginí, Só-ghineacha agus Substaintí atá Tocsaineach don Síolrú (2004/37/CE) agus ar an Treoir maidir le hOibreáin Cheimiceacha (98/24/CE) chun na teorainnluachanna le haghaidh luaidhe a laghdú agus chun teorainnluach le haghaidh dé-isicianáití a chur leis an Treoir maidir le hOibreáin Cheimiceacha. Úsáidtear luaidhe agus dé-isicianáití araon agus athchóiriú á dhéanamh ar fhoirgnimh agus freisin le linn ceallraí, tuirbíní gaoithe agus lastóirí feithiclí leictreacha a bheith

á dtáirgeadh. Trí nochtadh do na ceimiceáin sin a theorannú, tá sé mar aidhm ag an Aontas daoine atá ag obair a chosaint chun an t-aistriú glas a áirithiú.

Is slí eile chun reachtaíocht shóisialta a thionscnamh iad comhaontuithe comhpháirtithe sóisialta a thugtar i gcrích taobh istigh den idirphlé sóisialta (2.3.7). I mí na Nollag 2016 ghlac an Chomhairle Treoir (AE) 2017/159, lenar cuireadh chun feidhme comhaontú na gcomhpháirtithe sóisialta maidir le feabhas a chur ar dhálaí oibre san earnáil iascaigh, comhaontú a tugadh i gcrích in 2013. Níor glacadh comhaontú den chineál céanna le haghaidh earnáil na gruagaireachta i bhfoirm treorach, áfach.

**2.** An Ghníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair (EU-OSHA)

Cuireadh an Ghníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair, gníomhaireacht thrípháirteach atá lonnaithe in Bilbao, ar bun in 1996. Tá sé mar aidhm léi malartú eolais agus faisnéise a chothú chun cultúr de chosc ar rioscaí a chur chun cinn. Tá ardán gréasán-bhunaithe forbartha aici do Mheasúnú Riosca idirghníomhach ar Líne (OiRA), ina bhfuil uirlisí don mheasúnú riosca earnálach a oireann do FBManna i ngach teanga, agus an ríomh-uirlis do Shubstaintí Contúirteacha, a sholáthraíonn comhairle chuideachta-shonrach maidir le substaintí contúirteacha agus táirgí ceimiceacha agus maidir le conas dea-chleachtais agus bearta cosanta a chur i bhfeidhm. Déanann a Faireachlann Eorpach um Riosca monatóireacht ar rioscaí nua agus ar rioscaí atá ag teacht chun cinn, agus déanann sí iad a thuar, d'fhonn bearta coisctheacha a chumasú. Sa bhreis air sin, ó 2000 i leith, reáchtálann an ghníomhaireacht feachtais ardaithe feasachta le haghaidh 'áiteanna oibre sláintiúla' maidir le hábhair éagsúla a bhaineann le sláinte agus sábháilteacht. Féachann feachtas 2023-2025 le feasacht a mhúscailt faoi thionchar na dteicneolaíochtaí nua ar an obair agus faoi na dúshláin agus na deiseanna gaolmhara a bhaineann le OSH.

**C.** Cláir ghníomhaíochta Chomhphobail agus straitéisí maidir le sláinte agus sábháilteacht ag an obair

Idir 1951 agus 1997, bhí cláir thaighde CEGC ag feidhmiú i réimse na sláinte agus na sábháilteachta ag an obair. Leis an gClár Oibre Sóisialta Eorpach, arna ghlacadh in 2000, rannchuidíodh le cur chuige níos straitéisí maidir leis an gceist ar leibhéal AE. Ina dhiaidh sin, ghlac straitéis 2002-2006 an Chomhphobail maidir le sláinte agus sábháilteacht ag an obair do 2002 go dtí 2006 cur chuige domhanda d'fholláine san áit oibre. Bhí straitéis an Chomhphobail do 2007-2012 dírithe ar chosc. Is é a bhí mar aidhm léi ná laghdú leanúnach a bhaint amach i dtionóiscí ceirde agus i ngalair cheirde in AE, Bhí sé d'aidhm ag Creat Straitéiseach AE maidir le Sláinte agus Sábháilteacht ag an Obair 2014-2020 dul i ngleic le trí mhórdhúshlán: na rialacha atá ann cheana a fheabhsú agus a éascú, cosc ar ghalair a bhaineann leis an obair a neartú, lena n-áirítear rioscaí nua, agus dul in aois an fhórsa saothair a chur san áireamh. Tugadh aird ar leith ar riachtanais na micreaghnólachtaí agus na ngnólachtaí beaga.

Mar chuid de Phlean Gníomhaíochta um Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta, thug an Coimisiún Creat Straitéiseach nua AE maidir le Sláinte agus Sábháilteacht ag an Obair do 2021-2027 chun cinn. Díríonn sé ar athruithe a thuar agus a bhainistiú i saol nua na hoibre, ar fheabhas a chur ar chosc tionóiscí agus tinnis san ionad oibre, agus ar ullmhacht a mhéadú i leith aon ghéarchéimeanna sláinte a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo.

Mar thoradh ar ráig phaindéim COVID-19, tugadh cothrom le dáta an Treoir maidir le Gníomhairí Bitheolaíocha (2000/54/CE) ionas go n-áireofaí SARS-CoV-2 ar liosta na

ngníomhairí bitheolaíocha chun rioscaí nua san áit oibre a chur san áireamh. Mhol an Coimisiún d'fhostóirí measúnú a dhéanamh ar na rioscaí agus bearta coisctheacha agus cosanta a ghlacadh chun baol na díobhála a laghdú, go háirithe dóibhsean a bhí ag obair i dteagmháil dhíreach leis an víreas. I mí na Samhna 2022, ghlac an Coimisiún moladh trínar moladh go ndéanfadh na Ballstáit COVID-19 a aithint mar ghalar ceirde i gcásanna áirithe.

Ó tharla teicneolaíochtaí digiteacha a bheith á n-úsáid mó sa mhó ag an obair, rinne an Coimisiún gnéithe OSH a ionchorprú i Rialachán (AE) 2023/1230 maidir le hinnealra (a glacadh i mí an Mheithimh 2023). Tugtar aghaidh ar ghnéithe OSH freisin sa togra le haghaidh Rialachán lena leagtar síos rialacha comhchuibhithe maidir leis an intleacht shaorga (an Gníomh um an Intleacht Shaorga) agus sa togra le haghaidh Treoir maidir le feabhas a chur ar dhálaí oibre san obair ardáin, arb é is aidhm di rioscaí sláinte agus sábháilteachta sa bhainistiú algartamach a chosc. Tá sé beartaithe ag an gCoimisiún freisin athbhreithniú a dhéanamh ar an Treoir maidir leis an Áit Oibre agus ar an Treoir maidir le Trealamh Scáileán Taispeána.

## RÓL PHARLAIMINT NA HEORPA

Tá an Pharlaimint tar éis béim a leagan go minic ar an ngá atá leis an gcosaint is fearr a bheith ann do shláinte agus sábháilteacht oibrithe. Ghlac sí rúin inar iarradh go gcumhdófaí le reachtaíocht AE na gnéithe uile a dhéanann difear, go díreach nó go hindíreach, d'fholláine fhisiceach nó mheabhrach na n-oibrithe. Tacaíonn sí leis na hiarrachtaí atá an Coimisiún a dhéanamh ar fheabhas a chur ar sholáthar na faisnéise do FBManna. Tá sí den tuairim gur gá an obair a oiriúnú do chumais agus do riachtanais daoine, agus gan a mhalairt a dhéanamh, agus gur cheart, i dtimpeallachtaí oibre, aird níos mó a thabhairt ar riachtanais speisialta oibrithe leochaileacha.

Tá an Pharlaimint tar éis tathant ar an gCoimisiún imscrúdú a dhéanamh ar rioscaí atá ag teacht chun cinn, ar rioscaí iad nach gcumhdaítear leis an reachtaíocht reatha, e.g. nochtadh do nanacháithníní, strus, spíonadh, foréigean agus ciapadh ag an obair. Go háirithe, bhí ról tábhachtach ag an bParlaimint i nglacadh an chreat-chomhaontaithe maidir le cosc a chur ar ghortuithe géara san earnáil ospidéal agus cúraim sláinte, a shínigh páirtithe sóisialta an Aontais Eorpaigh, a cuireadh chun feidhme le Treoir 2010/32/AE ón gComhairle. Tá iarrtha aici freisin go bhfeabhsófaí an reachtaíocht atá ann cheana maidir le cosaint oibrithe torracha, agus le cosaint oibrithe ar neamhoird mhatánchnámharlaigh. Áirítear ar iarrataí tábhachtacha eile treoir a bhunú lena leagfar síos íoschaighdeáin maidir le haitheantas a thabhairt do ghalair cheirde, agus le raon feidhmeThreoir Réime 89/391/CEE a leathnú.

I mí Mheán Fómhair 2018 ghlac an Pharlaimint rún maidir le conairí chun oibrithe atá ag téarnamh ó ghortú agus ó thinneas a aithimeascadh i bhfostaíocht ardchaighdeáin, bunaithe ar thrí cholún: cosc agus idirghabháil luath, filleadh ar an obair agus an meon i leith athimeascadh oibrithe a athrú. I mí Dheireadh Fómhair 2021, ghlac an Pharlaimint rún ina raibh moltaí don Choimisiún maidir le hoibrithe a chosaint ar aispeist. Moladh ann straitéis Eorpach chuimsitheach a fhorbairt chun gach aispeist a dhíothú d'fhonn aispeist a bhaint go sábháilte ón timpeallacht thógtha go deo agus, ar an gcaoi sin, cosaint níos fearr a thabhairt d'oibrithe agus do shaoránaigh. Moladh ann freisin go dtabharfaí Treoir 2009/148/CE maidir le haispeist cothrom le dáta. Tá togra reachtach curtha síos ag an gCoimisiún ó shin agus tá a seasamh ar an gcéad léamh ar an togra

sin glactha ag an bParlaimint, seasamh lenar formhuiníodh comhaontú ar thángthas air leis an gComhairle sa chruinniú tríthaobhach.

Sa bhreis ar reachtaíocht mholta a leasú agus faireachán a dhéanamh ar obair eile an Choimisiúin i réimse na sláinte agus na sábháilteachta ceirde, agus an obair sin a spreagadh, tá cur chuige i dtaca leis an ábhar ag an bParlaimint a fhéachann chun tosaigh, a fhéachann ar rioscaí nua. An 10 Márta 2022, ghlac an Pharlaimint rún maidir le creat straitéiseach nua de chuid an Aontais ar an tsláinte agus an tsábháilteacht ag an obair i ndiaidh 2020. Sa rún sin, déantar sraith éileamh, lena n-áirítear go ndéanfaí gníomhaíocht níos uaillmhianaí maidir le hailse a bhaineann leis an obair, treoir níos leithne agus níos cuimsithí maidir le neamhoird mhatánchnámharlaigh agus galair réamatacha, agus go ndéanfaí gné na hinscne a phríomhshruthú i ngach beart sláinte agus sábháilteachta ceirde. Iarrann ann freisin go n-áireofaí an ceart chun dícheangail sa chreat straitéiseach agus go molfaí treoir maidir le rioscaí síceasóisialta a chosc. An 5 Iúil 2022, ghlac an Pharlaimint rún maidir leis an meabhairshláinte sa saol digiteach oibre, inar aithníodh tionchar phaindéim COVID-19 ar eagrú na hoibre agus ar mheabhairshláinte oibrithe. Sa rún sin, iarrann an Pharlaimint ar an gCoimisiún tionscnaimh reachtacha a mholadh maidir le bainistiú rioscaí síceasóisialta agus folláine ag an obair agus Straitéis Meabhairshláinte AE agus Straitéis Eorpach Cúraim a chur ar aghaidh.

Chun tuilleadh eolais a fháil faoin ábhar seo, féach suíomh gréasáin an Choiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta.

Aoife Kennedy
10/2023

# 2.3.6. CEART NA N-OIBRITHE CHUN FAISNÉISE, COMHAIRLIÚCHÁIN AGUS RANNPHÁIRTÍOCHTA

Trí íoscheanglais a ghlacadh trí bhíthin treoracha nó trí bhearta atá ceaptha chun comhar idir na Ballstáit a spreagadh, comhlánaíonn an tAontas Eorpach gníomhaíochtaí na mBallstát maidir le ceart na n-oibrithe chun faisnéise agus comhairliúcháin. Cosnaíonn roinnt treoracha ón AE cearta oibrithe ar fhaisnéis agus ar chomhairliúchán ar leibhéal na gcuideachtaí trí rialacha a bhunú don leibhéal náisiúnta agus trasnáisiúnta araon.

## BUNÚS DLÍ

Airteagail 5, 114, 115, agus 153 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE).

## CUSPÓIRÍ

Tacaíonn AE le gníomhaíochtaí na mBallstát a bhaineann le rannpháirtíocht fostaithe agus comhlánaíonn sé na gníomhaíochtaí sin d'fhonn príomhchuspóirí an bheartais shóisialta Eorpaigh mar a leagtar amach in Airteagal 151 de CFAE a bhaint amach, ar cuspóirí iad lena n-áirítear coinníollacha maireachtála agus oibre a fheabhsú, cosaint shóisialta chuí a chur ar fáil, ardleibhéal marthanach fostaíochta a bhaint amach agus eisiamh a chomhrac.

## A BHFUIL BAINTE AMACH

**A.** Cúlra

Tá ceart na n-oibrithe chun faisnéise, comhairliúcháin agus rannpháirtíochta ina théama lárnach sa díospóireacht Eorpach ón uair a glacadh an chéad Chlár don Ghníomhaíocht Shóisialta in 1974. I gCairt an Chomhphobail um Chearta Sóisialta Bunúsacha le haghaidh Oibrithe (arna coinneáil in Airteagal 151), 1989, leagadh béim ar a inmhianaithe atá sé rannpháirtíocht fostaithe a chur chun cinn. Is minic a chuirtear in aghaidh na dtograí ón gCoimisiún sa réimse sin, áfach. Níorbh ann do bhunús ceart dlí le haghaidh reachtaíocht an Chomhphobail go dtí go ndearnadh an Comhaontú maidir le Beartas Sóisialta a ionchorprú i gConradh Amstardam in 1997. In 2009, rinneadh Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh a ionchorprú in Airteagal 6(1) CAE. Aithnítear in Airteagal 27 den Chairt an ceart atá ag oibrithe faisnéis a fháil agus comhairliúchán a dhéanamh.

Maidir le rannpháirtíocht fostaithe, le hAirteagal 153 de CFAE, tugtar an chumhacht don Pharlaimint agus don Chomhairle na nithe seo a leanas a ghlacadh:

— Bearta atá ceaptha chun comhar idir na Ballstáit a spreagadh;

— Treoracha lena leagtar amach na híoscheanglais maidir le cur chun feidhme de réir a chéile.

Tá feidhm ag an ngnáthnós imeachta reachtach, ach dul i gcomhairle roimh ré leis an gCoiste Eacnamaíoch agus Sóisialta Eorpach agus le Coiste na Réigiún.

**B.** Reachtaíocht atá i bhfeidhm

I gcéad ghrúpa treoracha, pléitear le ceart na n-oibrithe go gcuirfí ar an eolas iad faoi na coinníollacha is infheidhme maidir leis an gconradh nó leis an gconradh fostaíochta agus faoin gceart go gcuirfí ar an eolas iad faoi iomarcaíochtaí nó aistrithe:

- Le Treoir 75/129/CEE ón gComhairle maidir le comhiomarcaíochtaí, arna leasú le Treoracha 92/56/CEE agus 98/59/EC, ón gComhairle, tá sé de cheanglas ar fhostaitheoirí dul i mbun caibidlíochta le hoibrithe i gcás iomarcaíocht chomhchoiteann;
- Le Treoir 2001/23/CE ón gComhairle maidir le cearta fostaithe a chosaint i gcás aistriú gnóthas, sonraítear nach mór oibrithe a chur ar an eolas faoi na cúiseanna atá le haon aistriú agus faoina iarmhairtí;
- Le Treoir 2002/14/CE lena mbunaítear creat ginearálta maidir le fostaithe sa Chomhphobal Eorpach a chur ar an eolas agus dul i gcomhairle leo, leagtar síos íoschaighdeáin nós imeachta;
- Le Treoir (AE) 2019/1152 maidir le dálaí oibre trédhearcacha agus intuartha san Aontas Eorpach, bunaítear cearta nua (e.g. faisnéis roimh ré maidir le sceidil oibre) do gach oibrí i ngach foirm oibre, lena n-áirítear na hoibrithe sin atá i mbun foirmeacha neamhchaighdeánacha oibre agus i mbun foirmeacha nua oibre amhail obair ardáin.

Rinne an Coimisiún seiceáil oiriúnachta in 2013, inar cinneadh go bhfuil na treoracha oiriúnach don fheidhm den chuid is mó de agus gur mó leas ná costas a bhaineann leo – go háirithe a mhéid a bhaineann lena gcur i bhfeidhm maidir le hoibrithe sa tseirbhís phoiblí, maraithe agus FBManna. Beartaíodh athmhúnlú a dhéanamh ar na treoracha faisnéise agus comhairliúcháin in 2015 agus sheol an Coimisiún comhairliúchán poiblí, ach ní dhearnadh aon obair leantach ó shin.

I mí Eanáir 2018, glacadh Treoir ón gComhairle lena dtrasuítear comhaontú idir na comhpháirtithe sóisialta in earnáil an mhuiriompair, agus, sa chaoi sin, cuireadh deireadh le heisiamh oibrithe mara ó na treoracha maidir le faisnéis agus comhchomhairle a sholáthar d’fhostaithe.

Maidir le hoibrithe san earnáil phoiblí, níl feidhm maidir le riaracháin phoiblí ag ceann ar bith de na treoracha a bhaineann le ceart na n-oibrithe go gcuirfí ar an eolas iad agus go rachfaí i gcomhairle leo (féach Cásanna de chuid an Aontais Eorpaigh os comhair na Cúirte Breithiúnais C-583/10, Nolan agus C-108/10, Scattolon). I mí na Nollag 2015, shínigh an Coiste um Idirphlé Earnála maidir le Riaracháin Rialtais Lárnaigh comhaontú earnálach maidir le híoschaighdeáin chomhchoiteanna le haghaidh cearta faisnéise agus comhairliúcháin d’oibrithe riaracháin lárnaigh agus d’iarr sí go ndéanfaí an comhaontú sin a chur chun feidhme trí bhíthin treoir ón gComhairle. An 5 Márta 2018, rinne an Coimisiún na comhpháirtithe sóisialta a chur ar an eolas nach ndéanfadh sé an comhaontú sin a mholadh don Chomhairle lena chur chun feidhme. Tar éis caingean dlí a rinne Cónaidhm Eorpach na gCeardchumann Seirbhíse Poiblí (EPSU), rialaigh Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, an 24 Deireadh Fómhair 2019, go raibh sé de cheart ag an gCoimisiún de bhua a chirt tionscnaimh cinneadh a dhéanamh maidir le comhaontuithe comhpháirtíochta sóisialta a dhéanamh ceangailteach go dlíthiúil i ngach Ballstát de AE.

Cuimsíonn dara grúpa treoracha cearta na n-oibrithe go gcuirfí ar an eolas iad agus go rachfaí i gcomhairle leo i gcásanna ina bhfuil gné thrasnáisiúnta:

— Treoir 94/45/CE ón gComhairle, arna athbhreithniú le Treoir 2009/38/CE maidir le Comhairlí Oibreacha Eorpacha (EWCanna) a thabhairt isteach. Déanann EWCanna ionadaithe na bainistíochta lárnaí agus ionadaithe na bhfostaithe ar fud na hEorpa a thabhairt le chéile chun plé a dhéanamh ar ábhair amhail feidhmiú cuideachta, ionchais agus fostaíocht, athstruchtúrú agus beartais acmhainní daonna. Cumhdaíonn reachtaíocht EWC cuideachtaí ilnáisiúnta a bhfuil 1 000 oibrí ar a laghad fostaithe acu in AE/LEE agus 150 ball foirne ar a laghad in dhá cheann nó níos mó de na Ballstáit. Soláthraíonn bunachar sonraí tiomnaithe, arna chothabháil ag an Institiúid Eorpach um Thrádáil (ETUI), sonraí maidir le EWCanna;

— Treoir 2004/25/CE maidir le tairiscintí táthcheangail, faoinar cheart deis a thabhairt d'fhostaithe na gcuideachtaí i dtrácht, nó dá n-ionadaithe, a dtuairimí a chur in iúl maidir leis an tionchar ar fhostaíocht is intuartha a bheadh ag tairiscint den sórt sin; beidh feidhm freisin ag na gnáthrialacha maidir le fostaithe a chur ar an eolas agus maidir le dul i gcomhairle leo;

— Treoir (AE) 2017/1132 maidir le gnéithe áirithe de dhlí na gcuideachtaí, arna leasú le Treoir (AE) 2019/2121 maidir le comhshónna, cumaisc agus deighiltí trasteorann. Leis an treoir leasaithe, neartaítear seasamh na bhfostaithe agus a n-ionadaithe ó thaobh faisnéise, comhairliúcháin agus ceart chun rannpháirtíochta roimh chomhshó trasteorann de. Cuireann sé dualgas ar an lucht bainistíochta freagairt do cheardchumainn agus d'eagraíochtaí oibrithe agus dul i gcomhairle leo maidir le héifeacht an chomhshó bheartaithe.

In 2018, d'fhoilsigh an Coimisiún meastóireacht REFIT ar an Treoir maidir leis an gComhairle Oibreacha Eorpacha agus chinn sé go raibh feabhas tagtha ar fhaisnéis d'oibrithe ó thaobh cáilíochta agus raon feidhme, ach nach raibh méadú déanta leis an treoir ar líon na EWCanna nua. In Aibreán 2023, sheol an Coimisiún comhairliúcháin leis na comhpháirtithe sóisialta Eorpacha d'fhonn an Treoir maidir le Comhairlí Oibreacha Eorpacha a athbhreithniú.

Is é is aidhm le tríú grúpa treoracha ná rialacha a leagan síos a bheidh infheidhme i gcásanna ina bhfuil gné thrasnáisiúnta lena ndeonaítear cearta páirteacha chun rannpháirtíocht i gcinnteoireacht:

— Le Treoir 2001/86/CE ón gComhairle lena bhforlíontar an Reacht do chuideachta Eorpach maidir le rannpháirtíocht fostaithe, bunaítear rialacha maidir le rannpháirtíocht fostaithe i gcinntí maidir le forbairt straitéiseach na cuideachta;

— Le Treoir 2003/72/CE ón gComhairle lena bhforlíontar an Reacht do Chuideachta Eorpach maidir le rannpháirtíocht fostaithe, áirithítear gur féidir le hionadaithe fostaithe tionchar a imirt ar fheidhmiú na gComharchumann Eorpach;

— Ceanglaítear le Treoir (AE) 2019/2121 lena leasaítear Treoir (AE) 2017/1132 maidir le comhshónna, cumaisc agus deighiltí trasteorann go gcuirfear rialacha an stáit cinn scríbe i bhfeidhm maidir le rannpháirtíocht fostaithe, i.e. tá an chuideachta a thiocfaidh as an gcumasc trasteorann faoi réir na rialacha atá i bhfeidhm maidir le rannpháirtíocht fostaithe, más ann dóibh, sa Bhallstát ina bhfuil a hoifig chláraithe aici.

Is é atá sa cheathrú grúpa: dhá chomhaontú thrasearnálacha idir na comhpháirtithe sóisialta (arna gcur chun feidhme le Treoir 97/81/CE ón gComhairle maidir le hobair pháirtaimseartha agus le Treoir 1999/70/CE ón gComhairle maidir le hobair ar théarma seasta), le Treoir 2008/104/CE maidir le hobair shealadach ghníomhaireachta, an Creat-Chomhaontú maidir le Digitiú (2020), agus le roinnt treoracha sláinte agus sábháilteachta, a bhfuil fáisnéis intuigthe agus forálacha comhairliúcháin intuigthe i ngach ceann acu. Leis an togra ón gCoimisiún le haghaidh treoir maidir le dálaí oibre san obair ardáin a fheabhsú, tugtar an ceart d'oibrithe ardáin go gcuirfí ar an eolas iad agus go rachfaí i gcomhairle leo faoi bhainistíocht algartamach. Ceanglaítear leis ina theannta sin ar ardáin dhigiteacha saothair é a chur ar chumas daoine atá ag obair trí ardáin dhigiteacha dul i dteagmháil le chéile agus cumarsáid a dhéanamh le chéile agus lena n-ionadaithe.

**C.** Tionscnaimh eile

Féadfaidh cuideachtaí agus ionadaithe oibrithe comhaontuithe cuideachtaí trasnáisiúnta, a thabhairt i gcrích, ar foirm idirphlé sóisialta i gcuideachtaí ilnáisiúnta iad. Bíonn na gcomhaontuithe cuideachtaí trasnáisiúnta i bhfoirmeacha éagsúla agus is ionadaithe cuideachta nó eagraíochtaí oibrithe a dhéanann iad a tharraingt suas i gcomhpháirt lena gcur i bhfeidhm i níos mó ná Ballstát amháin. Féadann cleachtas den chineál sin saincheisteanna dlíthiúla agus polaitiúla a ardú, áfach, maidir leis an gcaidreamh idir na leibhéil ingearacha éagsúla idirphlé shóisialta (idirnáisiúnta, Eorpacha agus náisiúnta) agus réimsí cothrománacha cur i feidhm (trasearnálach, earnáilsonrach agus ar leibhéal na cuideachta). Ina theannta sin, d'fhéadfadh sé go mbeadh comhaontuithe cuideachtaí trasnáisiúnta i neamhréir le noirm agus tagairtí náisiúnta, agus níl ach roinnt bheag sásraí um réiteach díospóidí i bhfeidhm.

Coinníonn an Coimisiún bunachar sonraí maidir le comhaontuithe cuideachtaí trasnáisiúnta.

An 25 Eanáir 2023, thíolaic an Coimisiún teachtaireacht agus mhol sé rún ón gComhairle maidir leis an idirphlé sóisialta a neartú san Aontas Eorpach. Leagtar béim sa mholadh ar an tábhacht chun 'rochtain ar fhaisnéis ábhartha chun páirt a ghlacadh san idirphlé sóisialta' mar cheann de na tosca cumasúcháin chun idirphlé sóisialta dea-fheidhmiúil.

## RÓL PHARLAIMINT NA HEORPA

Tá roinnt rún glactha ag an bParlaimint lena n-iarrtar go mbeadh an ceart ag oibrithe a bheith rannpháirteach i gcinnteoireacht cuideachtaí agus go mbeadh feidhm ag an gceart sin maidir le cuideachtaí náisiúnta agus trasnáisiúnta araon, gan beag beann ar a stádas dlíthiúil féin ar leith. Siar in 2009, d'iarr an Pharlaimint ina rún an 19 Feabhra maidir le cur chun feidhme Threoir 2002/14/EC go gcuirfí oibrithe san earnáil phoiblí san áireamh i raon feidhme na dtreoracha faisnéise agus comhairliúcháin.

Ina rún an 17 Nollaig 2020 maidir le Eoraip shóisialta láidir d'aistrithe córa, d'iarr an Pharlaimint ar an gCoimisiún creat-treoir nua a thabhairt isteach maidir le faisnéis, comhairliúchán agus rannpháirtíocht oibrithe le haghaidh foirmeacha cuideachta Eorpacha, lena n-áirítear slabhraí fochonraitheoireachta agus saincheadúnais. D'iarr sí freisin go ndéanfaí an treoir ón gComhairle Oibreacha Eorpacha (EWC) a athbhreithniú;

Ina rún an 17 Nollaig 2020 maidir le rialachas corparáideach inbhuanaithe, leag an Pharlaimint béim ar an ngá atá le rannpháirtíocht níos mó ag fostaithe i bpróisis chinnteoireachta na gcuideachtaí d'fhonn cuspóirí agus tionchair fhadtéarmacha a chomhtháthú ar bhealach níos fearr. Tugadh cuireadh don Choimisiún inti féachaint ar an Treoir maidir leis an gComhairle Oibreacha Eorpacha a athbhreithniú agus creat nua a bhunú chun fostaithe i gcuideachtaí Eorpacha a chur ar an eolas, dul i gcomhairle leo agus ról a thabhairt dóibh. I rún eile an 10 Márta 2021 maidir le dícheall cuí corparáideach agus cuntasacht chorparáideach, d'iarr an Pharlaimint go n-úsáidfí na treoracha faisnéise agus comhairliúcháin le cearta a ráthú do cheardchumainn agus d'ionadaithe oibrithe chun bheith rannpháirteach i straitéisí díchill chuí a bhunú agus a chur chun feidhme ina gcuideachtaí.

Ina rún ón 16 Nollaig 2021 maidir leis an daonlathas ag an obair: creat Eorpach le haghaidh cearta rannpháirtíochta fostaithe agus athbhreithniú ar an Treoir maidir leis an gComhairle Oibreacha Eorpacha, leag an Pharlaimint béim ar a thábhachtaí atá rannpháirtíocht oibrithe san ionad oibre agus d'áitigh sí gur cheart rochtain a bheith ag ionadaithe oibrithe ar fhaisnéis leordhóthanach chun impleachtaí na gcinntí sin a mheas. D'iarr an Pharlaimint freisin go dtabharfaí isteach creat-treoir nua maidir le faisnéis, comhairliúchán agus rannpháirtíocht oibrithe do chuideachtaí Eorpacha ina bhfoirmeacha éagsúla.

I rún uaithi an 2 Feabhra 2023 maidir leis an athbhreithniú ar an Treoir maidir leis an gComhairle Oibreacha Eorpacha, d'iarr an Pharlaimint arís go ndéanfaí athbhreithniú ar an Treoir. Ba cheart go soiléireofaí san athbhreithniú na cuspóirí, na sainmhínithe agus na nósanna imeachta, agus go neartófaí ceart ionadaithe na bhfostaithe chun faisnéise agus comhairliúcháin, go háirithe le linn próisis athstruchtúraithe.

Mar fhreagra ar an teachtaireacht ón gCoimisiún agus ar an togra le haghaidh moladh ón gComhairle maidir leis an idirphlé sóisialta a neartú san Aontas Eorpach, ghlac an Pharlaimint rún an 1 Meitheamh 2023 maidir leis an idirphlé sóisialta a neartú, inar iarradh ar an gCoimisiún anailís a dhéanamh ar aon athchóirithe saothair, go háirithe na hathchóirithe sin a bhaineann le dálaí oibre agus faisnéis agus comhairliúchán le hoibrithe i bpleananna náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta na mBallstát. Iarradh ar an gCoimisiún dul i dteagmháil leis na húdaráis náisiúnta maidir leis na saincheisteanna sin chun cabhrú leo díriú ar aon easnaimh ionchasacha. Iarrtar leis an rún freisin ar an gCoimisiún, mar chuid dá mheastóireacht le foilsiú ar Threoir (AE) 2019/2121, chun dea-chleachtais agus staidéir agus measúnuithe láithreacha ar éifeachtaí agus iarmhairtí dearfacha socheacnamaíocha ionadaíochta fostaithe i gcomhlachtaí corparáideacha a chur i gcuntas. Tathantaítear ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit freisin chun gníomhaíocht phráinneach agus chinntitheach a dhéanamh chun a áirithiú go n-urramóidh gnóthais ar scála an Aontais cearta faisnéise, comhairliúcháin agus rannpháirtíochta oibrithe. I bhfianaise digiteáil mhéadaitheach na n-ionad oibre, leagadh béim sa rún ar an ngá atá le faisnéis thráthúil agus fhiúntach agus comhairliúchán le hionadaithe na n-oibrithe, lena n-áirítear ceardchumainn.

Chun tuilleadh eolais a fháil faoin ábhar seo, féach suíomh gréasáin an Choiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta.

Aoife Kennedy
10/2023

# 2.3.7. IDIRPHLÉ SÓISIALTA

Is gné bhunúsach den mhúnla sóisialta Eorpach é an t-idirphlé sóisialta. Cuireann sé ar chumas na gcomhpháirtithe sóisialta (ionadaithe ón mbainistíocht agus ón lucht saothair) rannchuidiú go gníomhach, lena n-áirítear trí chomhaontuithe, le beartas sóisialta agus fostaíochta Eorpach a dhearadh.

## AN BUNÚS DLÍ

Airteagail 151-156 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE).

## CUSPÓIRÍ

Faoi Airteagal 151 CFAE, aithnítear cur chun cinn an idirphlé shóisialta idir lucht bainistíochta agus lucht saothair mar chuspóir comhchoiteann ag AE agus na Ballstáit. Is é is aidhm leis an idirphlé sóisialta feabhas a chur ar rialachas Eorpach trí na comhpháirtithe sóisialta a bheith rannpháirteach sa chinnteoireacht agus sa chur chun feidhme.

## A BHFUIL BAINTE AMACH

**A.** Idirphlé sóisialta (dépháirteach) a fhorbairt ar leibhéal AE.

De réir Chonradh na Róimhe 1957, ceann de na cúraimí atá ar an gCoimisiún ná dlúthchomhar idir na Ballstáit a chur chun cinn maidir leis an gceart chun dul i gcomhlachas agus an ceart chun cómhargála idir fostóirí agus oibrithe. Thóg sé roinnt mhaith blianta, áfach, an fhoráil sin a chur chun feidhme.

Bhí próiseas idirphlé sóisialta Val Duchesse, a cuireadh ar bun in 1985 ar thionscnamh Jacques Delors, Uachtarán an Choimisiúin, dírithe ar na comhpháirtithe sóisialta, a raibh ionadaíocht á déanamh ar a son ag Cónaidhm Eorpach na gCeardchumann (CEC), Cónaidhm na nGnóthas Eorpach (UNICE) agus Lárionad Eorpach na bhFostóirí agus na bhFiontar (CEEP), a bheith rannpháirteach i bpróiseas an mhargaidh inmheánaigh. Tháinig roinnt comhráiteas ar an bhfostaíocht, ar an oideachas, ar an oiliúint agus ar shaincheisteanna sóisialta eile as an bpróiseas sin.

In 1986, leis an Ionstraim Eorpach Aonair (Airteagal 118b) cruthaíodh bunús dlí chun ‘idirphlé sóisialta ar fud an Chomhphobail’ a fhorbairt agus thosaigh idirphlé sóisialta Eorpach a theacht i gcruth, ar dtús le bunú coiste stiúrtha, a ndearnadh an Coiste um Idirphlé Sóisialta (SDC) in 1992 de – an príomhfhóram don idirphlé sóisialta dépháirteach ar an leibhéal Eorpach. Tagann an Coiste um Idirphlé Sóisialta le chéile trí nó ceithre huaire in aghaidh na bliana.

In 1991, ghlac UNICE (BusinessEurope anois), ETUC agus CEEP (SGI Europe anois) comhaontú comhpháirteach ag iarraidh comhairliúchán éigeantach leis na comhpháirtithe sóisialta maidir le reachtaíocht i réimse na ngnóthaí sóisialta agus maidir le féidearthacht a bheith ag na comhpháirtithe sóisialta dul i mbun caibidlíochta maidir le comhaontuithe creata ar leibhéal na hEorpa. Aithníodh an t-iarraidh sin sa Chomhaontú maidir le Beartas Sóisialta atá i gceangal le Prótacal Maastricht maidir le Beartas Sóisialta, inar foráladh do ról a aithníodh sa bhunreacht do na comhpháirtithe sóisialta i bpróiseas reachtach na hEorpa. Ar an leibhéal náisiúnta, tugadh an deis

do na comhpháirtithe sóisialta treoracha a chur chun feidhme trí bhíthin comhaontú comhchoiteann.

Ionchorpraíodh an Comhaontú maidir le Beartas Sóisialta i gConradh Amstardam (1997) agus bunaíodh faoi dheireadh creat aonair maidir le hidirphlé sóisialta in AE. Ar na torthaí trastionscail a bhí ar an bpróiseas sin bhí na comhaontuithe creata maidir le saoire do thuismitheoirí (1995), maidir le hobair pháirtaimseartha (1997) agus maidir le hobair téarma shocraithe (1999), a cuireadh chun feidhme le treoracha ón gComhairle.

Le Conradh Liospóin (2009) leagadh béim bhreise ar ról na gcomhpháirtithe sóisialta (Airteagal 152 CFAE), agus cuireadh i bhfios go láidir an gá a bhí ann an t-idirphlé a éascú, agus neamhspleáchas agus éagsúlacht na gcomhpháirtithe sóisialta á n-urramú i rith an ama.

Luigh géarchéim eacnamaíoch agus airgeadais 2008 ar an idirphlé sóisialta, áfach, agus ag an am céanna, rinne a dhílárú, meath ar chumhdach margála, agus idirghábháil stáit maidir le beartas pá é a lagú. Rinne Coimisiún Juncker bearta chun dul i ngleic leis an meath sin, lena n-áirítear fógra maidir le 'tús nua don idirphlé sóisialta' ag comhdháil ardleibhéil i mí an Mhárta 2015 agus comhaontú ceathrúil, a shínigh na comhpháirtithe sóisialta, an Coimisiún agus Uachtaránacht Chomhairle an Aontais Eorpaigh i mí an Mheithimh 2016. Leis an gcomhaontú sin, athdhearbhaítear ról bunúsach an idirphlé shóisialta i bpróiseas ceaptha beartais AE, lena n-áirítear sa Seimeastar Eorpach.

Le Colún Eorpach na gCeart Sóisialta (EPSR) 2017, déantar foráil freisin maidir le hurraim a thabhairt do neamhspleáchas agus do cheart chun comhghníomhaíochta na gcomhpháirtithe sóisialta agus aithnítear leis a gceart chun bheith rannpháirteach i ndearadh agus i gcur chun feidhme bearta fostaíochta agus sóisialta, lena n-áirítear trí chomhaontuithe comhchoiteanna. D'athdhearbhaigh Coimisiún von der Leyen an tiomantas sin don idirphlé sóisialta arís agus arís eile, i dteachtaireachtaí amhail na teachtaireachtaí maidir leis an gComhaontú Glas don Eoraip agus maidir le hEoraip Shóisialta Láidir d'Aistrithe Córa, sa straitéis bhliantúil maidir le fás inbhuanaithe agus sna moltaí tírshonracha, agus sna cuspóirí don tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta. I mí na Bealtaine 2021, leag Gealltanas Sóisialta Porto (a shínigh an Coimisiún, an Pharlaimint agus na comhpháirtithe sóisialta Eorpacha) agus Dearbhú Porto ón gComhairle Eorpach araon béim ar phríomhról an idirphlé shóisialta. I mí Feabhra 2021, d'fhoilsigh an Coimisiún tuarascáil (Tuarascáil Nahles) maidir leis an idirphlé sóisialta a neartú, a rannchuidigh leis an bplean gníomhaíochta lena gcuirtear chun feidhme Colún Eorpach na gCeart Sóisialta (EPSR), a tíolacadh i mí an Mhárta 2021. I gcomhréir leis an bplean gníomhaíochta, chuir an Coimisiún treoirlínte i láthair maidir le daoine aonair féinfhostaithe chun a áirithiú nach mbeidh dlí na hiomaíochta ina bhac ar chomhaontuithe comhchoiteanna chun a ndálaí oibre a fheabhsú. Thairis sin, mhol an Coimisiún moladh ón gComhairle ina leagtar amach conas is féidir le tíortha an Aontais an t-idirphlé sóisialta agus an chómhargáil a neartú tuilleadh ar an leibhéal náisiúnta, agus d'eisigh sé teachtaireacht maidir le hidirphlé sóisialta a threisiú agus a chur chun cinn ar leibhéal an Aontais.

Leis an treoir maidir le híosphá leordhóthanach in AE neartaítear an úsáid a bhaintear as an gcómhargáil i socrú pá agus cuirtear de cheangal ar na Ballstáit a bhfuil níos lú ná 80 % de ráta cumhdaigh cómhargála acu plean gníomhaíochta a bhunú chun an chómhargáil a chur chun cinn.

**B.** A bhfuil bainte amach ag an idirphlé sóisialta ar leibhéal AE.

De réir Airteagal 154 CFAE, ní mór **don** Choimisiún dul i mbun comhairle leis na comhpháirtithe sóisialta sula ndéanfaidh sé aon ghníomh i réimse an bheartais shóisialta. Ansin is féidir leis na comhpháirtithe sóisialta roghnú dul i mbun caibidlíochta eatarthu féin chun teacht ar chomhaontú. Tá naoi mí acu chun caibidlíocht a dhéanamh agus ina dhiaidh sin féadfaidh siad:

1. comhaontú a chur i gcrích agus a iarraidh go comhpháirteach ar an gCoimisiún cinneadh cur chun feidhme a mholadh; nó
2. comhaontú a chur i gcrích agus a chur chun feidhme iad féin, i gcomhréir lena nósanna imeachta agus cleachtais shonracha féin agus le nósanna imeachta na mBallstát (comhaontuithe 'deonacha' nó, tráth is déanaí ná sin, comhaontuithe 'neamhspleácha'); nó
3. a chinneadh nach bhfuil siad in ann teacht ar chomhaontú, agus sa chás sin fillfidh an Coimisiún ar obair ar an togra i dtrácht.

Le hAirteagal 153 CFAE tugtar an fhéidearthacht freisin do na Ballstáit a chur de chúram ar na comhpháirtithe sóisialta cur chun feidhme a dhéanamh ar chinneadh ón gComhairle maidir le comhaontú comhchoiteann arna shíniú ar an leibhéal Eorpach.

Ó 1998 i leith, tar éis Chinneadh 98/500/CE ón gCoimisiún, rinneadh dianfhorbairt freisin ar idirphlé sóisialta earnála. Cruthaíodh roinnt coistí sna príomhréimsí eacnamaíocha agus bhain siad torthaí luachmhara amach. Trí bhíthin cinntí ón gComhairle cuireadh i gcrích agus cuireadh chun feidhme trí chomhaontú Eorpacha maidir le heagrú ama oibre do mharaithe (1998), maidir le heagrú ama oibre d'oibrithe taistil san eitlíocht shibhialta (2000) agus maidir le gnéithe sonracha de choinníollacha oibre oibrithe taistil i seirbhísí trasteorann idir-inoibritheacha san earnáil iarnróid (2005). Ba é an Comhaontú maidir le Sláinte Oibrithe a Chosaint trí Dhea-Láimhseáil agus Dea-Úsáid Silice Criostalta agus Táirgí ina bhfuil sí, a síníodh i mí Aibreáin 2006, an chéad chomhaontú ilearnála. Tháinig comhaontuithe earnála eile ina dhiaidh sin agus cuireadh chun feidhme trí bhíthin treoracha ón gComhairle iad: comhaontú maidir le gnéithe áirithe a bhaineann le heagrú ama oibre in earnáil iompair na n-uiscebhealaí intíre (Treoir 2014/112/AE ón gComhairle); comhaontú maidir le hoibrithe sláinte a chosaint ar ghortuithe agus ionfhabhtuithe ó earraí géara leighis (Treoir 2010/32/AE ón gComhairle); comhaontú in earnáil an iascaigh mhara (Treoir (AE) 2017/159/ ón gComhairle); agus comhaontú idir na comhpháirtithe sóisialta in earnáil an mhuiriompair (Treoir (AE) 2018/131/ ón gComhairle).

Maidir le comhaontuithe eile, áfach, chinn an Coimisiún gan cinneadh ón gComhairle a mholadh.

I mí Aibreáin 2012, chuir na comhpháirtithe sóisialta in earnáil na gruagaireachta comhaontú i gcrích i ndáil le treoir maidir le sláinte agus sábháilteacht do ghruagairí agus d'iarr siad cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle. Chuir roinnt Ballstát ina choinne sin, áfach. I mí an Mheithimh 2016, síníodh in earnáil na gruagaireachta Creat-Chomhaontú Eorpach nua maidir le sláinte agus sábháilteacht ag an obair, agus arís d'iarr siad cur chun feidhme trí bhíthin cinneadh ón gComhairle. Chinn an Coimisiún measúnú iarmharta comhréireach a chur i gcrích sula molfaí cinneadh cur chun feidhme ón gComhairle. I litir oscailte chuig an Uachtarán Juncker, rinne na comhpháirtithe sóisialta agóid faoi úsáid an phróisis um measúnú tionchair mar údar gan an comhaontú a chur ar aghaidh chuig an gComhairle. Go luath sa bhliain 2018, chuir an Coimisiún in

iúl do na comhpháirtithe sóisialta nach molfadh sé togra ón gComhairle agus ina áit sin, go raibh sé i gceist aige tacú le cur chun feidhme neamhspleách an chomhaontaithe trí phlean gníomhaíochta. Chomhaontaigh na comhpháirtithe sóisialta leis sin. I mí na Nollag 2019, shocraigh comhpháirtithe sóisialta earnáil na gruagaireachta agus an Coimisiún sraith gníomhaíochtaí chun tacú le cur chun feidhme neamhspleách an chomhaontaithe.

An 5 Márta 2018, rinne an Coimisiún comhpháirtithe sóisialta an rialtais lárnaigh a chur ar an eolas nach ndéanfadh sé a gcomhaontú ó 2015 maidir le cearta faisnéise agus comhairliúcháin a mholadh don Chomhairle lena chur chun feidhme mar threoir (2.3.6). Tar éis caingean dlí a rinne Cónaidhm Eorpach na gCeardchumann Seirbhíse Poiblí (EPSU), rialaigh Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, an 24 Deireadh Fómhair 2019, go raibh sé de cheart ag an gCoimisiún de bhua a chirt tionscnaimh cinneadh a dhéanamh maidir le comhaontuithe comhpháirtíochta sóisialta a dhéanamh ceangailteach go dlíthiúil i ngach Ballstát de AE. Rinne EPSU achomharc ach díbheadh an t-achomharc i mí Mheán Fómhair 2021.

I gcomhréir leis an dara rogha a liostaítear thuas, is é an comhaontú maidir le teilea-obair (2002) an chéad chomhaontú a cuireadh chun feidhme mar ‘chomhaontú neamhspleách’. Tháinig comhaontuithe neamhspleácha eile ina dhiaidh i dtaca le strus a bhaineann leis an obair, i dtaca le ceadúnas Eorpach do thiománaithe a bhíonn i mbun seirbhís trasteorann idir-inoibritheacha (2004 araon), i dtaca le ciapadh nó foréigean ag an obair (2007), i dtaca le margaí saothair cuimsitheacha (2010), agus i dtaca le haosú gníomhach agus cur chuige idirghlúine (2017) agus i dtaca leis an digitiú (2020).

I roinnt cásanna, níor éirigh leis na comhpháirtithe sóisialta teacht ar chomhaontú. Theip ar an gcaibidlíocht i dtaca le comhaontú creata faoi obair ó ghníomhaireacht oibrithe sealadacha i mí na Bealtaine 2001, mar shampla. Dá bhrí sin, i an Mhárta 2002, mhol an Coimisiún treoir bunaithe ar an gcomhdhearcadh a bhí ann idir na comhpháirtithe sóisialta agus in 2008 glacadh an Treoir maidir le hObair ó Ghníomhaireacht Oibrithe Sealadacha (Treoir 2008/104/CE). Ar an gcaoi chéanna, tar éis do na comhpháirtithe sóisialta a chur in iúl nach raibh siad toilteanach dul i mbun caibidlíochta, mhol an Coimisiún athbhreithniú ar an Treoir um Am Oibre (Treoir 2003/88/CE) in 2004. Theip ar an bParlaimint, an Coimisiún agus an Chomhairle teacht ar chomhaontú in 2009, agus i mí na Nollag 2012 theip freisin ar phróiseas caibidlíochta, a mhair ar feadh bliana, idir na comhpháirtithe sóisialta Eorpacha de dheasca difríochtaí móra faoin dóigh le freastal ar am ar ghlao-dhualgas. In 2013, chuir an Coimisiún tús arís ar an bpróiseas athbhreithnithe agus measúnaithe tionchair, le comhairliúchán poiblí in 2015, agus tuarascáil ar an gcur chun feidhme in 2017, chomh maith le teachtaireacht léiriúcháin. Cuireadh roinnt gnéithe a bhaineann le ham oibre san áireamh i ngníomhartha eile dlí ó shin, amhail an Treoir maidir le Cothromaíocht Oibre is Saoil, an Treoir maidir le Dálaí Oibre atá Trédhearcach Intuartha agus an Rialachán leasaithe maidir le hUastréimhsí Tiomána.

**C.** Idirphlé sóisialta tríthaobhach

Ó thús na lánpháirtíochta san Eoraip, measadh go raibh sé tábhachtach páirtithe leasmhara eacnamaíocha agus sóisialta a bheith rannpháirteach i reachtaíocht na hEorpa a tharraingt suas. Is léiriú ar an méid sin iad an Coiste Comhairleach do Ghual agus Cruach agus Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa. Ó 2003 i leith, thug an Cruinniú Mullaigh Sóisialta Tríthaobhach ar mhaithe leis an bhFás agus leis an bhFostaíocht ionadaithe ardleibhéil le chéile ó Uachtaránacht reatha

Chomhairle AE, an dá Uachtaránacht a bheidh le teacht ina diaidh, an Coimisiún agus na comhpháirtithe sóisialta le chéile ag an gCruinniú Mullaigh chun an comhairliúchán leantach a éascú. Tagann sé le chéile dhá uair sa bhliain ar a laghad, roimh chruinniú mullaigh an Earraigh agus an Fhómhair den Chomhairle Eorpach.

## RÓL PHARLAIMINT NA HEORPA

Is é dearcadh na Parlaiminte gur gné bhunriachtanach é an t-idirphlé sóisialta i dtraidisiúin na mBallstát. Is minic cuireadh á chur ag an gCoiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta de chuid na Parlaiminte chuig na comhpháirtithe sóisialta ar leibhéal AE chun a dtuairimí a chur i láthair. Tugadh isteach le Conradh Liospóin an ceart go gcuirfí an Pharlaimint ar an eolas faoi chur chun feidhme comhaontaithe comhchoiteanna arna gcur i gcrích ar leibhéal an Aontais (Airteagal 155 CFAE) agus go gcuirfí ar an eolas í faoi thionscnaimh an Choimisiúin chun comhar a chothú idir na Ballstáit (Airteagal 156 CFAE), lena n-áirítear i gcúrsaí a bhaineann leis an gceart chun dul i gcomhlachas, agus chun cómhargála.

I rún uaithi an 13 Márta 2014 maidir le gnéithe fostaíochta agus sóisialta de ról agus d'oibríochtaí an Troika agus i rún eile uaithi an 15 Feabhra 2017 maidir le rialachas an mhargaidh aonair laistigh de Sheimeastar Eorpach 2017, d'iarr an Pharlaimint go ndéanfaí neartú ar ról na gcomhpháirtithe sóisialta i bpróiseas an rialachais eacnamaíoch nua. Sa chaoi chéanna, sa rún uaithi an 19 Aibreán 2018 maidir leis an togra le haghaidh cinneadh ón gComhairle i dtaca le treoirlínte do bheartais fostaíochta na mBallstát, d'iarr an Pharlaimint ar an gCoimisiún agus na Ballstáit cur leis an tacaíocht nithiúil don idirphlé dílis, agus gan fanacht i muinín an chomhairliúchán amháin. An 16 Aibreán 2019, i rún uaithi i dtaca le treoir nua maidir le dálaí oibre atá trédhearcach agus intuartha agus i rún uaithi i dtaca le togra maidir le hÚdarás Eorpach um Shaothar a bhunú, d'athdhearbhaigh an Pharlaimint gur cheart urraim a thabhairt i gcónaí do neamhspleáchas na gcomhpháirtithe sóisialta, dá n-acmhainneacht gníomhú mar ionadaithe oibrithe agus fostóirí agus don éagsúlacht sna córais náisiúnta maidir le caidreamh tionsclaíoch. Mheabhraigh an Pharlaimint an ról bunúsach atá ag na comhpháirtithe sóisialta agus ag an idirphlé sóisialta freisin i rún uaithi maidir leis an daonlathas ag an obair an 16 Nollaig 2021. Sa rún sin, iarrann an Pharlaimint ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit, in éineacht leis na comhpháirtithe sóisialta, gealltanas a thabhairt ráta cumhdaigh cómhargála 90 % a bhaint amach faoi 2030.

Ó thosaigh géarchéim COVID-19, chuir an Pharlaimint béim ar an ngá atá le hidirphlé cuí sóisialta ar gach leibhéal chun Plean Téarnaimh AE a chur chun feidhme go rathúil: Léirítear an méid sin i rún uaithi an 22 Deireadh Fómhair 2020 maidir le beartais fostaíochta agus shóisialta an limistéir euro 2020 agus i rún uaithi an 11 Márta 2021 maidir leis an Seimeastar Eorpach um chomhordú an bheartais eacnamaíoch. Cuirtear in iúl sna rúin gur príomhionstraimí iad an t-idirphlé sóisialta agus an chómhargáil d'fhostóirí agus do cheardchumainn chun pá cothrom agus dálaí oibre cothroma a bhunú, agus go gcuireann córais chómhargála láidre le hathléimneacht na mBallstát le linn géarchéim eacnamaíoch. D'iarr an Pharlaimint arís agus arís eile tacaíocht d'fhorbairt acmhainní agus do rannpháirtíocht níos mó na gcomhpháirtithe sóisialta sa Seimeastar Eorpach, agus d'iarr sí go n-áireofaí sna moltaí tírshonracha amach anseo toradh maidir le rannpháirtíocht na gcomhpháirtithe sóisialta i sásraí socraithe pá. I rún uaithi maidir leis an Seimeastar Eorpach, mhol an Pharlaimint gur cheart coinníollacha cothroime a mheas le haghaidh cuideachtaí a fhaigheann rochtain ar chistí poiblí,

lena gceanglaítear orthu cómhargáil agus rannpháirtíocht nó comhchinneadh oibrithe i bpróisis chinnteoireachta cuideachtaí a urramú.

I rún uaithi an 2 Feabhra 2023 maidir le Comhairlí Oibreacha Eorpacha (EWCanna), chuir an Pharlaimint i bhfios go láidir go bhfuil sé ríthábhachtach neart a chur in EWCanna agus ina gcumas a gcearta faisnéise agus comhairliúcháin a fheidhmiú, chomh maith lena líon a mhéadú. Thairis sin, d’iarr sí an athuair ar an gCoimisiún togra a thabhairt ar aghaidh chun athbhreithniú a dhéanamh ar Threoir 2009/38/CE maidir le EWCanna d’fhonn a cuspóirí, a sainmhínithe agus a nósanna imeachta a shoiléiriú agus an ceart atá ag ionadaithe fostaithe ar fhaisnéis agus ar chomhairliúchán a neartú, go háirithe le linn próisis athstruchtúraithe. I rún uaithi an 1 Meitheamh 2023, d’iarr an Pharlaimint ar na Ballstáit athbhreithniú agus aisghairm a dhéanamh ar aon reachtaíocht náisiúnta a chuireann cosc ar an gcómhargáil. Thathantaigh sí ar an gCoimisiún an clásal sóisialta i dTreoir an Aontais maidir le Soláthar Poiblí atá ann cheana a fhorfheidhmiú. D’iarr sí freisin ar an gCoimisiún agus na Ballstáit dul i gcomhairle leis na comhpháirtithe sóisialta maidir le cúrsaí éiceolaíochta agus maidir le haistriú cóir mar chleachtas caighdeánach ar feadh thimthriall an cheaptha beartas.

Chun tuilleadh eolais a fháil faoin ábhar seo, féach suíomh gréasáin an Choiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta.

Monika Makay
10/2023

# 2.3.8. COMHIONANNAS IDIR FIR AGUS MNÁ

Tá comhionannas idir mná agus fir ar cheann de chuspóirí an Aontais Eorpaigh. De réir a chéile, cuireadh taca leis an bprionsabal sin, agus lena chur chun feidhme san Aontas, a bhuíochas sin le reachtaíocht, cásdlí agus athruithe ar na Conarthaí. Bhí Parlaimint na hEorpa riamh ina cosantóir díograiseach de chuid phrionsabal an chomhionannais idir fir agus mná.

## AN BUNÚS DLÍ

Tá an prionsabal gur cheart go bhfaigheadh fir agus mná pá comhionann ar obair chomhionann cumhdaithe sna Conarthaí Eorpacha ó 1957 (anois: Airteagal 157 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE)). Tugann Airteagal 153 CFAE cead do AE gníomhú i réimse níos leithne an chomhionannais deiseanna agus na córa comhionainne i gcúrsaí fostaíochta, agus laistigh den chreat sin, údaraítear le hAirteagal 157 CFAE gníomhaíocht dhearfach a dhéanamh chun mná a chumhachtú. Sa bhreis air sin, forálann Airteagal 19 CFAE do reachtaíocht a ghlacadh chun gach cineál idirdhealaithe a chomhrac, lena n-áirítear idirdhealú bunaithe ar inscne. Tá reachtaíocht in aghaidh gáinneáil ar dhaoine, go háirithe ar mhná agus leanaí, glactha ar bhonn Airteagail 79 agus 83 CFAE. Leis an gClár um Chearta, Comhionannas agus Saoránacht, i dteannta cláir eile, maoinítear bearta a rannchuidíonn le deireadh a chur le foréigean in aghaidh na mban, bunaithe ar Airteagal 168 CFAE.

## CUSPÓIRÍ

Tá an tAontas fothaithe ar shraith luachanna, lena n-áirítear comhionannas, agus dá bhrí sin, déanann sé comhionannas idir fir agus mná a chur chun cinn (Airteagail 2 agus 3(3) den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE)). Tá na cuspóirí sin cuimsithe freisin in Airteagal 21 den Chairt Eorpach um Chearta Bunúsacha. Sa bhreis air sin, le hAirteagal 8 CFAE cuirtear de chúram ar an Aontas deireadh a chur le neamhionannais, agus comhionannas a chur chun cinn idir fir agus mná ina ghníomhaíochtaí go léir (tugtar 'príomhshruthú inscne' ar an gcoincheap sin freisin). I nDearbhú Uimh. 19, atá i gceangal le hIonstraim Chríochnaitheach na comhdhála idir-rialtasaí a ghlac Conradh Liospóin, thug an tAontas agus na Ballstáit gealltanas go ndéanfaidís 'gach cineál foréigin teaghlaigh a chomhrac [...], na gníomhartha coiriúla sin a chosc agus a phionósú agus tacaíocht a thabhairt do na híospartaigh agus iad a chosaint'.

## A BHFUIL BAINTE AMACH

**A.** Príomhreachtaíocht

Áirítear ar reachtaíocht AE, arna glacadh den chuid is mó tríd an ngnáthnós imeachta reachtach, na Treoracha seo a leanas:

- Treoir 79/7/CEE ón gComhairle an 19 Nollaig 1978 maidir le prionsabal na córa comhionainne idir fir agus mná i gcúrsaí slándála sóisialta a chur chun feidhme de réir a chéile;
- Treoir 92/85/CEE ón gComhairle an 19 Deireadh Fómhair 1992 maidir le bearta a thabhairt isteach arb é is aidhm dóibh feabhsúcháin a chur ar aghaidh ag an obair

i dtaca le sábháilteacht agus sláinte oibrithe toircheasacha agus oibrithe atá tar éis leanbh a shaolú nó atá i mbun beathú cíche;

- Treoir 97/81/CE ón gComhairle an 15 Nollaig 1997 i dtaca leis an gComhaontú Réime maidir le hobair pháirtaimseartha a thug UNICE, CEEP agus an ETUC chun críche.
- Treoir 2000/43/CE ón gComhairle an 29 Meitheamh 2000 lena gcuirtear chun feidhme prionsabal na córa comhionainne idir daoine gan beann ar thionscnamh ciníoch nó eitneach (an Treoir maidir le Comhionannas Ciníoch), lena dtoirmisctear idirdhealú ar fhorais tionscnaimh chiníoch nó eitnigh i raon leathan réimsí, lena n-áirítear fostaíocht, cosaint shóisialta agus buntáistí sóisialta, oideachas, agus earraí agus seirbhísí atá ar fáil don phobal, amhail tithíocht;
- Treoir 2000/78/CE ón gComhairle an 27 Samhain 2000 lena mbunaítear creat ginearálta le haghaidh na córa comhionainne san fhostaíocht agus sa tslí bheatha;
- Treoir 2004/113/CE an 13 Nollaig 2004 lena gcuirtear chun feidhme prionsabal na córa comhionainne idir fir agus mná maidir le rochtain ar earraí agus ar sheirbhísí agus maidir le soláthar earraí agus seirbhísí;
- Treoir 2006/54/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Iúil 2006 maidir le cur chun feidhme phrionsabal an chomhionannais deiseanna agus na córa comhionainne idir fir agus mná i gcúrsaí fostaíochta agus slí beatha;
- Treoir 2010/18/AE ón gComhairle an 8 Márta 2010 lena gcuirtear chun feidhme an Comhaontú Réime athbhreithnithe um shaoire tuismitheora agus lena n-aisghairtear Treoir 96/34/CE;
- Treoir 2010/41/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Iúil 2010 maidir le prionsabal na córa comhionainne idir fir agus mná atá rannpháirteach i ngníomhaíocht ar bhonn féinfhostaithe a chur i bhfeidhm agus lena n-aisghairtear Treoir 86/613/CEE ón gComhairle;
- Treoir 2011/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Aibreán 2011 maidir le gáinneáil ar dhaoine a chosc agus a chomhrac agus na híospartaigh atá thíos léi a chosaint, agus a chuirtear in ionad Chinneadh Réime 2002/629/CGB ón gComhairle;
- Treoir 2011/99/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Nollaig 2011 lena mbunaítear an t-ordú cosanta Eorpach;
- Treoir 2012/29/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2012 lena mbunaítear íoschaighdeáin maidir le cearta, tacaíocht agus cosaint íospartaigh na coireachta, agus lena n-ionadaítear Cinneadh Réime 2001/220/CGB ón gComhairle;
- Treoir (AE) 2019/1158 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le cothromaíocht oibre is saoil do thuismitheoirí agus do chúramóirí agus lena n-aisghairtear Treoir 2010/18/AE ón gComhairle;
- Treoir (AE) 2022/2381 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Samhain 2022 maidir le feabhas a chur ar an gcothromaíocht inscne i measc stiúrthóirí cuideachtaí liostaithe agus bearta gaolmhara;
- Treoir (AE) 2023/970 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Bealtaine 2023 chun cur i bhfeidhm phrionsabal an phá chomhionainn as obair

chomhionann nó obair ar comhionann a luach idir fir agus mná a neartú trí shásraí trédhearcachta pá agus forfheidhmithe.

**B.** An dul chun cinn trí chásdlí Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh (CBAE)

Tá ról tábhachtach ag CBAE i gcur chun cinn an chomhionannais idir fir agus mná. Bhí roinnt breithiúnais shuntasacha ann ina leith sin.

— Breithiúnas Defrenne II an 8 Aibreán 1976 (Cás 43/75): d'aithin CBAE go raibh éifeacht dhíreach ag prionsabal an phá chomhionainn d'fhir agus do mhná agus rialaigh sí nach amháin go bhfuil feidhm ag an bprionsabal sin maidir le gníomhaíocht na n-údarás poiblí ach go bhfuil an prionsabal sin i gceist freisin maidir leis na comhaontuithe uile atá beartaithe chun saothar ar íocaíocht a rialáil go comhpháirteach;

— Breithiúnas Bilka an 13 Bealtaine 1986 (Cás C-170/84): rialaigh CBAE gur 'idirdhealú indíreach' a bhí i mbeart lena ndearnadh fostaithe páirtaimseartha a eisiamh ó scéim pinsin ceirde agus dá bhrí sin go raibh sé contrártha do shean-Airteagal 119 de Chonradh CEE má rinne sé difear do líon i bhfad níos mó ban ná fir a bheith ann, mura rud é go bhféadfaí a léiriú go raibh an t-eisiamh bunaithe ar thosca a raibh bonn cirt oibiachtúil leo nach raibh gaolmhar le haon idirdhealú ar fhorais inscne;

— Breithiúnas Barber an 17 Bealtaine 1990 (Cás C-262/88): chinn CBAE gurbh ionann gach cineál pinsin ceirde agus pá chun críocha Airteagal 119 agus dá bhrí sin go raibh feidhm ag prionsabal na córa comhionainne maidir leo. Rialaigh CBAE gur cheart go mbeadh fir in ann a gcearta pinsin nó a gcearta pinsin marthanóra a fheidhmiú ag an am céanna lena gcomhghleacaithe ar mná iad;

— Breithiúnas Marschall an 11 Samhain 1997 (Cás C-409/95): i dtaca le riail náisiúnta lena ceanglaíodh i gcás ina mbeadh níos lú ban ná fir in earnáil go ndéanfaí tosaíocht d'ardú céime a thabhairt d'iarrthóirí baineanna ('idirdhealú dearfach'), dhearbhaigh CBAE nach bhféadfaí reachtaíocht an Chomhphobail a chur ó chumas leis an riail sin, ar choinníoll nach raibh an buntáiste a bhain leis á fheidhmiú go huathoibríoch agus go raibh ráthaíocht ag iarrthóirí fireanna go ndéanfaí a n-iarratas a bhreithniú agus nach mbeidís eisiata a priori ó iarratas a dhéanamh;

— Breithiúnas Test-Achats an 1 Márta 2011 (Cás C-236/09): dhearbhaigh CBAE go raibh Airteagal 5(2) de Threoir 2004/113/CE ón gComhairle neamhbhailí mar go raibh sé contrártha do prionsabal na córa comhionainne idir fir agus mná maidir le rochtain ar earraí agus ar sheirbhísí agus maidir le soláthar earraí agus seirbhísí. Dá bhrí sin, ní mór an córas céanna ríomha achtúirigh a chur i bhfeidhm maidir le fir agus mná chun préimheanna agus sochair a chinneadh chun críocha árachais.

— Breithiúnas Korwin-Mikke an 31 Bealtaine 2018 (Cás T-770/16 agus Cás T-352/17): rialaigh CBAE i bhfabhar neamhniú na bpionós arna bhforchur ag an bParlaimint ar Janusz Korwin-Mikke, Feisire as an bPolainn atá i bhfad amach ar an eite dheis.

— Breithiúnas Violeta Villar Láiz an 8 Bealtaine 2019 (Cás C-161/18): Chinn CJEU, i ndáil le reachtaíocht na Spáinne maidir le ríomh na bpinsean d'oibritheoirí páirtaimsireatha, go mbíonn sí i gcoinne dhlí AE má mheastar go gcuireann sí oibrithe baineanna faoi bhuntáiste ar leith;

— Breithiúnas Praxair an 8 Bealtaine 2019 (Cás C-486/18): dhearbhaigh CBAE go gcaithfear ríomh na n-íocaíochtaí cúitimh le haghaidh dífhostú agus ath-imlonnú fostaí atá ar saoire tuismitheora pháirtaimseartha a dhéanamh bunaithe ar bhonn an tuarastail lánaimseartha. Is é toradh dlí náisiúnta easaontach ná idirdhealú indíreach ar bhonn inscne;

— Breithiúnas Safeway an 7 Deireadh Fómhair 2019 (Cás C-171/18): rialaigh CJEU ar chomhionannú sochar pinsean faoi scéim pinsin ceirde;

— Breithiúnas Ortiz Mesonero an 18 Meán Fómhair 2019 (Cás C-366/18): diúltaíodh cead d'athair sealanna socraithe a oibriú chun aire níos fearr a thabhairt dá chuid leanaí. Rialaigh CJEU nach bhfuil feidhm ag na treoireacha sa chás seo agus nach bhfuil foráil iontu a cheanglódh ar na Ballstáit, i gcomhthéacs iarratas ar shaoire tuismitheora, an ceart a thabhairt d'oibreoirí a bheith ag obair ar feadh seal oibre socraithe nuair is sealobair le huaireanta athraitheacha oibre a ngnáthphatrún oibre.

— Breithiúnas Hakelbracht an 20 Meitheamh 2019 (Cás C-404/18): rialaigh CJEU, nuair a dhéanann duine gearán, agus an duine sin á rá go ndearnadh idirdhealú air nó uirthi bunaithe ar inscne, gur cheart oibretheoirí eile, seachas an duine ar a ndearnadh an t-idirdhealú bunaithe ar inscne, a chosaint toisc go bhféadfadh a bhfostóir iad a chur faoi mhíbhuntáiste as aon tacaíocht a léirigh siad go foirmiúil nó go neamhfhoirmiúil do'íospártach an idirdhealaithe líomhnaithe.

— Breithiúnas Tesco Stores an 3 Meitheamh 2021 (Cás C-624/19): sa bhreithiúnas, mheabhraigh CBAE ar dtús an breithiúnas uaithi in Praxair MRC (Cás C-486/18), ina bhfuil feidhm ag an toirmeasc ar idirdhealú idir oibrithe fireanna agus oibrithe baineanna freisin maidir le comhaontaithe comhchoiteanna agus comhaontaithe aonair arb é is aidhm leo pá a rialú, chomh maith lena cásdlí socair eile lena gceadaítear do chúirteanna measúnú a dhéanamh ar dhifríochtaí eile sa chóir a chuirtear ar fhir agus ar mhná maidir le pá ar bhonn na rialach dlíthíche. Chinn CBAE go gcaithfeadh Airteagal 157 TFEU a léirmhíniú mar Airteagal a bhfuil éifeacht díreach chothrómánach aige in imeachtaí idir daoine aonair maidir le mainneachtain prionsabal an phá cothroim d'oibritheoirí fireanna agus d'oibritheoirí baineanna as 'obair ar comhionann a luach' a chomhlíonadh;

— Tuairim 1/19 ó CBAE an 6 Deireadh Fómhair 2021 maidir le haontachas AE le Coinbhinsiún Chomhairle na hEorpa chun foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chosc agus a chomhrac (Coinbhinsiún Iostanbúl). Tugtar soiléiriú sa tuairim ó CBAE ar na modúlachtaí maidir le haontachas AE le Coinbhinsiún Iostanbúl agus ar a bhunús dlí.

**C.** Na forbairtí is déanaí

Tugtar anseo thíos forléargas ar an ngníomhaíocht is déanaí atá déanta ag AE i réimse an chomhionannais idir fir agus mná.

An 21 Márta 2023, bhí malartú tuairimí ag Comhaltaí an Choiste um Chearta na mBan agus um Chomhionannas Inscne le Helena Dalli, an Coimisinéir um Chomhionannas, mar chuid den idirphlé struchtúrtha idir an Pharlaimint agus an Coimisiún. Chumhdaigh siad ábhair faoi chomhionannais inscne a bhaineann le sainchúram an Choimisinéara, lena n-áirítear nuashonrú ar thionscnaimh reachtacha a ghlac an Coimisiún le déanaí agus ar na tionscnaimh sin atá fós le glacadh.

Le linn an dara huair an chloig den chruinniú, dhírigh an Coimisinéir Dalli ar an togra le haghaidh treoir maidir le ról agus neamhspleáchas na gcomhlachtaí comhionannais a neartú, a ghlac an Coimisiún i mí na Nollag 2022.

An 12 Aibreán 2023, áfach, thíolaic an Coimisiún an tuarascáil ar dhul chun cinn maidir le cur chun feidhme na straitéise um chomhionannas LGBTIQ 2020-2025. Tá os cionn 90 beart curtha chun feidhme ag an gCoimisiún faoin straitéis sin, idir feachtais chumarsáide, príomhshruthú chomhionannas LGBTIQ isteach sa reachtaíocht agus cistiú tiomnaithe. Ina theannta sin, luaitear sa tuarascáil an nós imeachta um shárú a rinneadh le déanaí i gcoinne na hUngáire maidir lena dlí i gcoinne bolscaireacht LGBT, a ritheadh in 2021. Toirmisctear leis an dlí 'cur chun cinn' na homaighnéasachta agus na féiniúlachta trasinscne i measc mionaoiseach.

Leag an Coimisinéir Dalli béim ar thrí thogra reachtacha atá lárnach i gcosaint chearta LGBTIQ san Aontas:

— Baineann an chéad togra le caighdeáin cheangailteacha le haghaidh comhlachtaí comhionannais a thabhairt isteach agus lena sainordú a leathnú chuig idirdhealú ar fhorais gnéaschlaonta, go háirithe i réimse na fostaíochta;

— Leis an dara ceann, ceanglaítear ar na Ballstáit oibriú i dtreo na haontoilíochta is gá a bhaint amach chun liosta choireanna an Aontais a leathnú ionas go n-áireofaí fuathchaint agus fuathchoireacht ann (Airteagal 83 CFAE). Chuirfeadh sé sin ar chumas an Choimisiúin reachtaíocht a mholadh lena ndéanfaí coireanna arb é gnéaschlaonadh an íospartaigh is cúis leo, i measc nithe eile, a choiriúlú;

— Is dírithe ar theastas tuismíochta Eorpach atá an tríú togra, ar leag an Coimisinéir Dalli béim ar a thábhachtaí atá sé an bealach a réiteach ina leith. Tá tábhacht ar leith ag baint le haitheantas a thabhairt do thuismíocht le haghaidh teaghlaigh a bhfuil tuismitheoirí comhghnéis acu. Tá aird na meán dírithe ar chás 'an linbh Sara' go háirithe. Dhiúltaigh údaráis na Bulgáire teastas breithe a eisiúint chuig an leanbh, toisc nach n-aithníonn an tír tuismíocht na beirte máithreacha, mar atá bunaithe sa Spáinn. In 2021, rialaigh CBAE nach mór don Bhulgáir pas a eisiúint chuig an leanbh.

*Coinbhinsiún Iostanbúl*

Is é Coinbhinsiún Iostanbúl an chéad ionstraim san Eoraip chun caighdeáin atá ceangailteach ó thaobh dlí a leagan síos go sonrach chun foréigean inscnebhunaithe a chosc, íospartaigh foréigin a chosaint agus pionós a ghearradh ar dhéantóirí na coire. Tar éis don Aontas an Coinbhinsiún a shíniú i mí an Mheithimh 2017, tá gá le toiliú na Parlaiminte d'aontachas AE leis.

An 21 Feabhra 2023, d'iarr an Chomhairle toiliú ón bParlaimint chun an dá chinneadh maidir le daingniú an Choinbhinsiúin a ghlacadh (le haghaidh tuilleadh eolais, féach thíos).

*Comhlachtaí comhionannais*

An 8 Nollaig 2022, thíolaic an Coimisiún togra le haghaidh treoir maidir le caighdeáin le haghaidh comhlachtaí comhionannais.

Moltar ann sraith rialacha ceangailteacha chun ról agus neamhspleáchas na gcomhlachtaí comhionannais a neartú. Is é is aidhm don togra caighdeáin a bhunú do chomhlachtaí comhionannais i réimse na córa comhionainne idir daoine gan beann ar a dtionscnamh ciníoch nó eitneach, na córa comhionainne sa réimse fostaíochta agus

slí beatha idir daoine gan beann ar a reiligiún nó a gcreideamh, a míchumas, a n-aois nó a ngnéaschlaonadh, agus na córa comhionainne idir mná agus fir i gcúrsaí slándála sóisialta agus maidir le rochtain ar earraí agus ar sheirbhísí agus maidir le soláthar earraí agus seirbhísí.

*An Treoir maidir le Trédhearcacht Pá*

Leis an togra ón gCoimisiún le haghaidh treoir maidir le trédhearcacht pá, a glacadh an 4 Márta 2021, tugtar isteach bearta chun a áirithiú go bhfaighidh mná agus fir san Aontas pá comhionann as obair chomhionann.

An 30 Márta 2023, d'fhormheas an Pharlaimint an Treoir maidir le Trédhearcacht Pá. Leis na rialacha nua, forálfar do thuilleadh trédhearcachta agus d'fhorfheidhmiú níos éifeachtaí ar phrionsabal an phá chomhionainn idir mná agus fir agus cuirfear feabhas ar rochtain ar cheartas d'íospartaigh an idirdhealaithe pá.

Beidh gá le fógraí folúntais agus teidil post a bheith neodrach ó thaobh inscne de agus próisis earcaíochta a threorú ar bhealach neamh-idirdhealaitheach.

Sonraítear sa treoir, i measc nithe eile, go mbeidh ar fhostóirí measúnú comhpháirteach ar phá a dhéanamh i gcomhar le hionadaithe a n-oibrithe má léirítear sa tuairisciú pá go bhfuil bearna phá 5 % ar a laghad ann idir na hinscní. Beidh ar na Ballstáit pionóis éifeachtacha, chomhréireacha agus athchomhairleacha, amhail fíneálacha, a chur i bhfeidhm d'fhostóirí a sháraíonn na rialacha sin. Beidh sé de cheart ag aon oibrí a ndearnadh díobháil dó mar thoradh ar shárú cúiteamh a éileamh. Den chéad uair, rinneadh idirdhealú trasnach agus cearta daoine neamhdhénártha a áireamh i raon feidhme na rialacha nua.

## CREAT AIRGEADAIS ILBHLIANTÚIL AN AONTAIS DO 2021-2027

Tar éis toiliú a fháil ón bParlaimint, an 17 Nollaig 2020 ghlac an Chomhairle an rialachán lena leagtar síos creat airgeadais ilbhliantúil an Aontais (CAI) do 2021-2027. Le CAI nua, tugtar tosaíocht níos mó do phríomhshruthú inscne i mbuiséad AE.

In éineacht leis an ionstraim théarnaimh NextGenerationEU ar fiú EUR 750 billiún í, cuirfidh CAI ar chumas don Aontas EUR 1.8 trilliún de chistiú, méid nach bhfacthas a leithéid riamh, a sholáthar sna blianta atá le teacht chun tacú leis an téarnamh ó phaindéim COVID-19 agus chun tosaíochtaí fadtéarmacha an Aontais i réimsí éagsúla beartais a chistiú. Cumhdófar seacht réimse caiteachais sa chéad bhuiséad fadtéarmach eile. Cuirfear ar fáil leis creat chun beagnach 40 clár caiteachais de chuid an Aontais a chistiú sa chéad tréimhse seacht mbliana eile. Díríonn NextGenerationEU aird ar leith freisin ar chomhionannas inscne. Go háirithe, ba cheart go leagfaí amach i bpleananna náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta an chaoi a bhfuiltear ag súil leis go rannchuideoidh na hinfheistíochtaí agus na hathchóirithe a mhaoinítear leis an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta le comhionannas inscne agus comhionannas deiseanna do chách a chur chun cinn.

I mí Aibreáin 2021, ghlac an Chomhairle agus an Pharlaimint an dá chlár lena gcuimsítear ciste um cheartas, cearta agus luachanna an Aontais mar chuid de CAI do 2021-2027. Cuideoidh na cláir le ceartas, cearta agus luachanna an Aontais a chur chun cinn, a neartú agus a chosaint tuilleadh. Cumhdaítear go sonrach leis an gClár um Shaoránaigh, Comhionannas, Cearta agus Luachanna (CERV) 2021-2027 leithdháileadh na gcistí ar eagraíochtaí na sochaí sibhialta atá ag obair chun comhionannas inscne a chur chun cinn agus foréigean in aghaidh na mban agus in

aghaidh cailíní a chomhrac san Aontas. Beidh buiséad foriomlán EUR 1.55 billiún ar a mhéad ag CERV (buiséad EUR 641.7 milliún, le leithdháileadh breise de EUR 912 mhilliún ar a mhéad). Beidh buiséad EUR 305 mhilliún ag an gClár um Cheartas.

## AONTACHAS AE LE COINBHINSIÚN IOSTANBÚL

Is é Coinbhinsiún Iostanbúl, a tháinig i bhfeidhm in 2014, an chéad ionstraim idirnáisiúnta atá ceangailteach ó thaobh dlí agus atá dírithe ar fhoréigean in aghaidh na mban agus in aghaidh cailíní a chosc agus a chomhrac ar an leibhéal idirnáisiúnta. Leagtar síos leis creat cuimsitheach de bhearta dlíthiúla agus beartais chun an foréigean sin a chosc, chun tacú le híospartaigh agus chun pionós a ghearradh ar dhéantóirí na coire.

Chinn an Chomhairle gur cheart an dréachtchinneadh maidir le síniú an Choinbhinsiúin a roinnt ina dhá chinneadh ar leith, ceann amháin a chumhdódh comhar breithiúnach in ábhair choiriúla agus an ceann eile a chumhdódh tearmann agus non-refoulement. Glacadh an dá chinneadh sin ón gComhairle i mí na Bealtaine 2017, agus ansin rinne an Coimisinéir um Cheartas, Tomhaltóirí agus Comhionannas Inscne Coinbhinsiún Iostanbúl a shíniú thar ceann an Aontais an 13 Meitheamh 2017.

Is é an síniú an chéad chéim i bpróiseas aontachais AE leis an gCoinbhinsiún, ar próiseas é lena n-éilítear anois go nglacfar na cinntí ón gComhairle chun an próiseas a thabhairt i gcrích. Sa Chomhairle, pléitear tograí reachtacha sa réimse seo sa Mheitheal um Chearta Bunúsacha, Cearta na Saoránach agus Saorghluaiseacht Daoine. Díríodh sa phlé ar chód iompair lena saineofar an chaoi a gcomhoibreoidh an tAontas agus a chuid Ballstát chun an Coinbhinsiún a chur chun feidhme.

I rún uaithi an 4 Aibreán 2019, d’iarr an Pharlaimint tuairim ó CBAE maidir le comhoiriúnacht na dtograí le haghaidh aontachas AE le Coinbhinsiún Iostanbúl agus leis na Conarthaí agus maidir leis an nós imeachta don aontachas sin. Ba é an cinneadh ó CBAE “nach gcuireann na Conarthaí toirmeasc ar an gComhairle fanacht, sula nglacfaidh sí an cinneadh lena dtugtar Coinbhinsiún Iostanbúl i gcrích thar ceann an Aontais Eorpaigh, ar ‘chomhthoil’ na mBallstát”. Tháinig sé ar an gconclúid freisin go “bhféadfar an gníomh lena dtugtar an coinbhinsiún sin i gcrích a roinnt ina dhá chinneadh ar leith i gcás ina bhfuil gá oibiachtúil leis sin a dhéanamh”.

An 21 Feabhra 2023, chinn an Chomhairle dul ar aghaidh lena hiarraidh ar thoiliú na Parlaiminte d’aontachas AE le Coinbhinsiún Iostanbúl. Tá an Chomhairle ag iarraidh ar an bParlaimint a toiliú a thabhairt do dhá dhréachtchinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích an Choinbhinsiúin thuasluaite, mar a leanas:

1. Cinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, Choinbhinsiún Chomhairle na hEorpa chun foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chosc agus a chomhrac maidir le hinstitiúidí agus riarachán poiblí an Aontais;
2. Cinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, Choinbhinsiún Chomhairle na hEorpa chun foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chosc agus a chomhrac i ndáil le hábhair a bhaineann le comhar breithiúnach in ábhair choiriúla agus le tearmann agus non-refoulement.

## NA GNÍOMHAÍOCHTAÍ IS DÉANAÍ ÓN BPARLAIMINT AGUS ÓN GCOISTE UM CHEARTA NA MBAN AGUS UM CHOMHIONANNAS INSCNE

*Tuarascálacha reachtacha*

I mí Iúil 2023, tháinig an Pharlaimint ar chomhaontú maidir lena comhsheasamh i ndáil le tuarascáil a d'ullmhaigh an Coiste um Chearta na mBan agus um Chomhionannas Inscne (FEMM) agus an Coiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile (LIBE) i ndáil leis an togra le haghaidh treoir maidir le foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chomhrac. Sa chomhsheasamh ón bParlaimint, áiríodh sainmhíniú bunaithe ar thoiliú ar éigniú, rialacha níos déine maidir le cibearfhoréigean agus tacaíocht níos fearr d'íospartaigh. Mar sin féin, chuir an Chomhairle tús le conspóid dlí maidir le hinniúlachtaí, rud a chuir moill ar gach iarracht teacht ar chomhaontú maidir leis an treoir. An 23 Samhain 2023, i ndíospóireacht chun ceiliúradh a dhéanamh ar an lá idirnáisiúnta chun deireadh a chur le foréigean in aghaidh na mban, d'áitigh na Feisirí go láidir ar na Ballstáit oibriú leis an bParlaimint chun teacht ar chomhaontú maidir le rialacha láidre chun foréigean in aghaidh na mban a chomhrac ina mbeadh sainmhíniú ar éigniú bunaithe ar easpa toilithe san áireamh iontu.

D'fhoilsigh Coiste FEMM tuarascáil freisin ar an togra le haghaidh treoir lena leasaítear an Treoir maidir le Frithgháinneáil chun rialacha an Aontais a neartú chun gáinneáil ar dhaoine a chosc agus a chomhrac agus chun na híospartaigh atá thíos léi a chosaint. Dírítear sa tuarascáil ar thacaíocht agus ar chosaint a fheabhsú d'íospartaigh.

D'fhoilsigh an Coiste FEMM tuarascáil ar an togra le haghaidh treoir chun cur i bhfeidhm phrionsabal an phá chomhionainn as obair chomhionann nó obair ar comhionann a luach, idir fir agus mná a neartú trí shásraí trédhearcachta pá agus trí shásraí forfheidhmiúcháin. D'fhoilsigh an coiste tuarascáil freisin ar an togra le haghaidh treoir i ndáil le caighdeáin do chomhlachtaí comhionannais i réimse na córa comhionainne agus an chomhionannais deiseanna idir mná agus fir i gcúrsaí fostaíochta agus slí beatha Leagtar béim sa dá thuarascáil ar an ngá atá le dearcadh trasnach chun aghaidh a thabhairt ar ghnéithe iomadúla an idirdhealaithe.

*Tuarascálacha neamhreachtacha*

Áirítear sna tuarascálacha neamhreachtacha tuarascálacha maidir le príomhshruthú inscne sa Pharlaimint (tuarascáil bhliantúil 2020), maidir le bochtaineacht na mban san Eoraip, maidir le Plean Gníomhaíochta III AE maidir le hInscne, maidir le comhghníomhaíocht Eorpach ar chúram, maidir le hoibreacha iompair Eorpacha do mhná a áirithiú, maidir le gnéaschiapadh in AE agus meastóireacht MeToo, maidir le neamhspleáchas eacnamaíoch na mban a bhaint amach tríd an bhfiontraíocht agus tríd an bhféinfhostaíocht, tuarascáil maidir le striapachas a rialáil in AE agus tuarascáil ar idirdhealú trasnach san Aontas.

*Tuairimí reachtacha*

Thug an Coiste FEMM a thuairim don Choiste LIBE ar an togra le haghaidh treoir lena leasaítear Treoir 2013/34/AE, Treoir 2004/109/CE, Treoir 2006/43/CE agus Rialachán (AE) Uimh. 537/2014, a mhéid a bhaineann le tuairisciú inbhuanaitheachta corparáideach. Leag Coiste FEMM béim ar a thábhachtaí atá sé a áirithiú go ndéanfar

inbhuanaitheacht shóisialta agus comhionannas inscne a ionchorprú go leormhaith sa treoir.

Thug Coiste FEMM a thuairim don Choiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh maidir leis an togra le haghaidh treoir maidir le héifeachtúlacht fuinnimh agus leag sé béim ar a thábhachtaí atá sé breithniú a dhéanamh ar éifeachtaí éagothroma agus inscneacha an athraithe aeráide agus na mbeartas a bhaineann leis an aeráid.

Thug Coiste FEMM a thuairim do Choiste LIBE maidir leis an togra le haghaidh rialachán lena leagtar síos rialacha chun mí-úsáid ghnéasach leanaí a chosc agus a chomhrac. Thug an Rapóirtéir chun suntais gur léiriú ar fhoréigean inscnebhunaithe í mí-úsáid ghnéasach leanaí den chuid is mó. Dá bhrí sin, ní mór cineálacha cur chuige a bhaineann go sonrach le hinscne a chur san áireamh agus gnéithe ar líne na coireachta sin á gcomhrac. Mhol an Rapóirtéir feachtais ardaithe feasachta a bheadh saincheaptha go sonrach de réir aoise agus inscne. Leag sí béim freisin ar an ngá atá le freagraí agus tacaíocht speisialaithe a chur ar fáil d'íospartaigh agus do mharthanóirí a bhfuil gné chomhtháite inscne ag baint leo. Ina theannta sin, ba mhaith leis an Rapóirtéir an bailiú foriomlán sonraí atá imdhealaithe de réir aoise agus inscne, agus dlúthchomhar atá molta maidir le taighde agus staidreamh idir Lárionad an Aontais agus an Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne a neartú.

Thug an Coiste FEMM a thuairim don Choiste um Ghnóthaí Dlíthiúla maidir leis an togra le haghaidh rialachán ón gComhairle maidir le dlínse, an dlí is infheidhme, aithint agus forfheidhmiú cinntí agus glacadh le hionstraimí barántúla in ábhair tuismíochta agus maidir le Deimhniú Eorpach Tuismíochta a chruthú. Chuir Coiste FEMM chun suntais nach mór an rialachán a úsáid gan dochar agus nach mór coincheap an 'bheartais phoiblí' a léirmhíniú go sriantach má tá sé chun údar a thabhairt le maolú ó shaoirse bhunúsach.

Thug Coiste FEMM a thuairim don Choiste LIBE maidir le liosta choireanna an Aontais a leathnú chun an fhuathchaint agus an choireacht fuatha a chumhdach. Gné lárnach d'ábhair imní an Choiste is ea leitheadúlacht an fhoréigin fhuathbhunaithe agus inscnebhunaithe, a mheastar a bheith ina bhacainn ar fhíor-chomhionannas inscne a bhaint amach san Aontas. Bíonn tionchar díréireach ag an bhfuathchaint agus ag coireanna inscnebhunaithe ar mhná, ar chailíní agus ar phobal LADTIA+ agus cuireann siad leis an neamhionannas inscne sa tsochaí. Leagtar béim sa tuairim ar an ngá atá le freagairt aontaithe ón Aontas chun dul i ngleic leis an bhfuathchaint agus leis an bhfuathchoireacht, agus béim á leagan ar an ngá atá le sainmhínithe soiléire, reachtaíocht láidir, bailiú sonraí níos fearr agus straitéisí chun aghaidh a thabhairt ar fhoréigean ar líne agus as líne.

*Tuairimí neamhreachtacha*

Chomh maith leis an iliomad tuairimí maidir le gnóthaí buiséadacha, thug Coiste FEMM a thuairim uaidh i gcuid mhór réimsí eile freisin:

— tuairim ar chur chun feidhme an chomhbheartais slándála agus cosanta – tuarascáil bhliantúil 2022

— tuairim ar fhís fhadtéarmach do cheantair thuaithe an Aontais Eorpaigh – i dtreo ceantair thuaithe a bheidh níos láidre, nasctha, athléimneach agus rathúil faoi 2040

— tuairim ar straitéis an Aontais Eorpaigh maidir le teicstílí inbhuanaithe agus ciorclacha;

— tuairim chuig an gCoiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta ar neamhionannais a laghdú agus cuimsiú sóisialta a chur chun cinn le linn géarchéimeanna do leanaí agus dá dteaghlaigh;

— tuairim don Choiste um Ghnóthaí Eachtracha maidir le cearta an duine agus an daonlathas ar domhan agus beartas an Aontais Eorpaigh i leith an ábhair – tuarascáil bhliantúil 2023

*Misin*

Ó thús 2022, tá 8 misean ag Coiste FEMM agus tá 6 thuarascáil le haghaidh na misean sin ar fáil. In 2022, chuir Coiste FEMM Feisirí ar mhisean fíorúil chuig an 66ú seisiún de Choimisiún na Náisiún Aontaithe um Stádas na mBan i Nua-Eabhrac, SAM, ón 14 go dtí an 25 Márta 2022 (Tuarascáil ón Misean 30.5.2022). I mí na Bealtaine, cuireadh toscaireacht chuig an Háig, an Ísiltír ón 23 go dtí an 25 Bealtaine 2022 (Tuarascáil ón Misean 20.6.2022). Ón 20 go dtí an 22 Meán Fómhair 2022, thug toscaireacht cuairt ar an Aetóip (Tuarascáil ón Misean 21.4.2023). I Vársá, an Pholainn, chuaigh Feisirí ar mhisean i mí na Samhna 2022 chun cruinnithe a thionól maidir le cearta na mban, chomh maith le sláinte ghnéis agus sláinte atáirgthe agus na cearta a bhaineann leo (Tuarascáil ón Misean 6.11.2022).

In 2023, chuir Coiste FEMM Feisirí chuig Nua-Eabhrac agus Washington chun páirt a ghlacadh sa 67ú seisiún de Choimisiún na Náisiún Aontaithe um Stádas na mBan ón 6 go dtí an 10 Márta (Tuarascáil ón Misean 22.5.2023). I mí na Bealtaine, cuireadh toscaireacht chuig Cóbanhávan, an Danmhairg ón 15 go dtí an 17 Bealtaine 2022, chun ‘fiontraíocht na mban a phlé agus chun cruinnithe a thionól le hionadaithe ón earnáil phoiblí agus phríobháideach agus eagraíochtaí neamhrialtasacha’ (tuairim2.9.2023).

Martina Schonard
12/2023

# 2.3.9. AN COMHRAC I GCOINNE NA BOCHTAINEACHTA, AN EISIAIMH SHÓISIALTA AGUS AN IDIRDHEALAITHE

Trí thacú leis na Ballstáit sa chomhrac i gcoinne na bochtaineachta, an eisiaimh shóisialta agus an idirdhealaithe, tá sé d'aidhm ag an Aontas Eorpach cuimsitheacht agus comhtháthú shochaí na hEorpa a neartú agus a chur ar chumas gach duine tairbhe a bhaint as rochtain chomhionann ar dheiseanna agus ar acmhainní.

## AN BUNÚS DLÍ

Airteagal 3(3) den Chonradh ar an Aontas Eorpach, Airteagail 19, 145-161 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) agus Teideal III de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh (EUCFR).

## CUSPÓIRÍ

Is ceann de spriocanna sonracha an Aontais agus a Bhallstáit i réimse an bheartais shóisialta é an bhochtaineacht agus an t-eisiamh sóisialta a chomhrac. I gcomhréir le hAirteagal 153 CFAE, ní bhainfear cuimsiú sóisialta amach ach amháin ar bhonn comhar neamhreachtach – an modh oscailte comhordúcháin (MOC) – agus, san am céanna, ceadaítear do na Ballstáit, faoi Airteagal 19 de CFAE, gníomhaíocht a dhéanamh chun an t-idirdhealú a chomhrac trí chosaint dhlíthiúil a thabhairt d'íospartaigh ionchasacha agus trí bhearta dreasachta a chur ar bun.

## A BHFUIL BAINTE AMACH

**A.** An comhrac i gcoinne na bochtaineachta agus an eisiaimh shóisialta

Idir 1975 agus 1994, thug Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa faoi roinnt treoirthionscadal agus cláir phíolótacha a bhí ceaptha an bhochtaineacht agus an t-eisiamh a chomhrac. Mar sin féin, in éagmais bunús dlí, cuireadh i gcoinne ghníomhaíocht an Chomhphobail sa réimse sin go seasta.

Tháinig athrú ar an scéal in 1999 le teacht i bhfeidhm Chonradh Amstardam, inar cumhdaíodh díothú an eisiaimh shóisialta mar cheann de chuspóirí bheartas sóisialta an Chomhphobail. Bunaíodh an Coiste um Chosaint Shóisialta sa bhliain 2000 chun comhar idir na Ballstáit agus comhar leis an gCoimisiún a chur chun cinn (Airteagal 160 CFAE).

Le straitéis Liospóin a seoladh sa bhliain 2000, cruthaíodh sásra um fhaireachán agus um chomhar, arb é a bhí i gceist leis ná cuspóirí a leagan síos, an bhochtaineacht a thomhas bunaithe ar thacar táscairí agus tagarmharcanna, treoirlínte do na Ballstáit, agus pleananna gníomhaíochta náisiúnta i gcoinne na bochtaineachta. Cruthaíodh sásra rialachais nua freisin le haghaidh comhar idir an Coimisiún agus na Ballstáit: MOC, próiseas deonach um chomhar polaitiúil bunaithe ar chuspóirí coiteanna agus táscairí coiteanna atá comhaontaithe. Bíonn na geallsealbhóirí, lena n-áirítear na comhpháirtithe sóisialta agus an tsochaí shibhialta, ag obair i gcomhar le chéile sa phróiseas freisin. In 2006, bunaíodh creat nua beartais, an modh oscailte comhordúcháin maidir le cosaint shóisialta agus cuimsiú sóisialta (MOC sóisialta), lena

ndearnadh athghrúpáil agus comhtháthú ar thrí MOC ar leithligh maidir le cuimsiú sóisialta, sláinte agus cúram fadtéarmach, agus pinsin.

Ina mholadh ó mhí Dheireadh Fómhair 2008 maidir le cuimsiú gníomhach daoine atá eisiata ó mhargadh an tsaothair, dúirt an Coimisiún gur 'cheart do na Ballstáit straitéis chuimsitheach lánpháirtithe a cheapadh agus a chur chun feidhme maidir le cuimsiú gníomhach daoine atá eisiata ó mhargadh an tsaothair, lena gcuirfí le chéile tacaíocht leormhaith ioncaim, margaí saothair cuimsitheachta agus rochtain ar sheirbhísí ardcháilíochta'.

Leis an straitéis Eoraip 2020, tugadh isteach sprioc chomhchoiteann nua sa chomhrac i gcoinne na bochtaineachta agus an eisiaimh shóisialta: laghdú 25 % a dhéanamh ar líon na nEorpach atá ag maireachtáil faoi bhun thairseach náisiúnta na bochtaineachta agus corradh le 20 milliún duine a thabhairt slán ón mbochtaineacht faoi 2020. Níor baineadh an sprioc sin amach, agus i mí an Mhárta 2021 leag an Coimisiún príomhsprioc nua síos ó thaobh laghdú 15 mhilliún duine ar a laghad (lena n-áirítear 5 mhilliún leanbh ar a laghad) a dhéanamh faoi 2030 ar líon na ndaoine atá ag maireachtáil faoi bhochtaineacht i bplean gníomhaíochta Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta. Cuireadh na spriocanna náisiúnta gaolmhara i láthair i mí an Mheithimh 2022.

Sheol an Coimisiún i mí na Nollag 2010 an t-ardán Eorpach i gcoinne na bochtaineachta agus an eisiaimh shóisialta, mar cheann de sheacht dtionscnamh shuaitheanta de chuid straitéis Eoraip 2020, maille le liosta de phríomhthionscnaimh, amhail measúnú ar straitéisí maidir le cuimsiú gníomhach ar an leibhéal náisiúnta agus an páipéar bán ar phinsin.

I ndiaidh bhunú an tSeimeastair Eorpaigh in 2010, mar fhreagra ar iarrataí ón gComhairle Eorpach agus ó Pharlaimint na hEorpa, thíolaic an Coimisiún togra in 2013 chun an ghné shóisialta de rialachas an aontais eacnamaíoch agus airgeadaíochta a neartú. Cuid ríthábhachtach de is ea an scórchlár sóisialta, arb é atá ann ná tacar táscairí maidir le nithe lena n-áirítear an neamhionannas ioncaim, ioncam indiúscartha na dteaghlach, ráta riosca na bochtaineachta nó an eisiaimh shóisialta, ráta na ndaoine óga nach bhfuil i mbun oideachais, fostaíochta ná oiliúna agus tionchar na n-aistrithe sóisialta ar laghdú na bochtaineachta.

I mí na Samhna 2017, chuir gach ceann de thrí phríomhinstitiúid an Aontais a dtiomantas in iúl do Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta (CECS) i bhforógra comhpháirteach. Déantar an chosaint shóisialta agus an cuimsiú sóisialta a bhunú le CECS mar cheann amháin de na trí phríomhréimse (2.3.1 Beartas sóisialta agus fostaíochta: Baineadh úsáid as CECS chun sraith tionscnamh reachtach agus beartais a sheoladh, amhail Treoir (AE) 2019/1152 maidir le dálaí oibre trédhearcacha agus intuartha, an Pacáiste Cothromaíochta Sóisialta, lena n-áirítear Rialachán (AE) 2019/1149 lena mbunaítear Údarás Eorpach Saothair agus Moladh ón gComhairle an 8 Samhain 2019 maidir le rochtain ar chosaint shóisialta d'oibrithe agus do dhaoine féinfhostaithe agus Treoir (AE) 2022/2041 maidir le maidir le pá íosta leordhóthanach, arb é is aidhm di bochtaineacht lucht oibre a chomhrac.

Bhí roinnt tionscnaimh ábhartha i bplean gníomhaíochta CECS ó mhí an Mhárta 2021: Straitéis an Aontais um chearta an linbh, an moladh ón gComhairle lena mbunaítear Ráthaíocht Eorpach do Leanaí, an tArdán Eorpach chun an easpa dídine a chomhrac, an moladh ón gComhairle maidir le hioncam íosta leordhóthanach lena n-áirithítear cuimsiú gníomhach, an Straitéis Eorpach um Chúram agus grúpa ardleibhéil maidir le todhchaí na cosanta sóisialta agus an stáit leasa, a thíolaic 21 mholadh chun córais

cosanta sóisialta agus stáit leasa a fheabhsú. I mí an Mheithimh 2021, d'fhormhuinigh Airí Fostaíochta agus Gnóthaí Sóisialta an Aontais liosta athbhreithnithe de tháscairí ceannlíne.

**B.** Reachtaíocht maidir leis an bhfrith-idirdhealú

Is féidir an bhliain 1997 a mheas mar bhliain chinniúnach, óir tugadh isteach airteagal nua (Airteagal 19 CFAE anois) sa Chonradh lenar bunaíodh an Comhphobal Eorpach, lenar tugadh de chumhacht don Chomhairle gníomhú chun dul i ngleic leis an idirdhealú mar gheall ar bhunadh ciníoch nó eitneach, reiligiún nó creideamh, aois, míchumas nó gnéaschlaonadh. Sa bhliain 2003, rinneadh leasú ar an airteagal sin le Conradh Nice chun go bhféadfaí bearta dreasachta a ghlacadh. In 2009, tháinig EUCFR i bhfeidhm, lena n-áirítear roinnt airteagal maidir le comhionannas agus neamh-idirdhealú. In 2011, den chéad uair riamh, rinneadh páirtí de AE i gconradh idirnáisiúnta um chearta an duine, Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas (UNCRPD). Le Colún Eorpach na gCeart Sóisialta 2017, athdhearbhaíodh prionsabail an chomhionannais inscne agus an chomhionannais deiseanna.

Glacadh roinnt treoracha sa réimse sin:

— An Treoir maidir le Comhionannas Ciníocha (2000/43/CE);

— An Treoir maidir le Comhionannas Fostaíochta (2000/78/CE);

— An Treoir maidir le Cóir Chomhionann (2006/54/CE), lena ndearnadh roinnt treoracha a bhí ann roimhe sin agus a tiomnaíodh do chomhdheiseanna d'fhir agus do mhná a chumasc le chéile;

— Treoir (AE) 2019/1158 maidir le cothromaíocht oibre is saoil do thuismitheoirí agus do chúramóirí, lena gcuirtear comhroinnt na bhfreagrachtaí cúraim idir mná agus fir i gcomhthéacs níos leithne.

— Treoir (AE) 2022/2381 maidir le feabhas a chur ar an gcothromaíocht inscne i measc stiúrthóirí cuideachtaí liostaithe agus bearta gaolmhara.

Le togra in 2008 le haghaidh treoir maidir le prionsabal na córa comhionainne idir daoine lasmuigh de réimse na fostaíochta a chur chun feidhme (an Treoir chothrománach i gcoinne an idirdhealaithe), níl comhthoil bainte amach fós sa Chomhairle ina leith. I mí na Nollag 2022, chuir an Coimisiún Eorpach dhá thogra ar aghaidh le haghaidh treoir chun caighdeáin a bhunú do chomhlachtaí comhionannais.

**C.** Cistiú ó AE

Is é Ciste Sóisialta na hEorpa Plus (CSE+) an phríomhionstraim chistiúcháin agus déantar cistiú ón Aontas a chur ar fáil leis chun cómhaoiniú a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí arb é is aidhm dóibh an bhochtaineacht, an t-eisiamh agus an t-idirdhealú a chomhrac agus cuidiú leis na daoine is mó atá faoi mhíbhuntáiste rochtain a fháil ar mhargadh an tsaothair (2.3.2 Ciste Sóisialta na hEorpa).

Don tréimhse 2021-2027, tá buiséad iomlán de bheagnach EUR 99.3 billiún ag CSE +. Le Rialachán (AE) 2021/1057 maidir le CSE+, éilítear go gcuirfear 25 % de na cistí i leataobh don chuimsiú sóisialta, go gcaithfear 3 % ar a laghad den bhuiséad ar chúnamh bia agus cúnamh ábhartha bunúsach do na daoine is díothaí agus, i dtíortha AE ina bhfuil an líon leanaí atá i mbaol mór bochtaineachta os cionn mheán AE, nach mór 5 % ar a laghad d'acmhainní CSE+ a chaitheamh ar bhearta a rannchuidíonn le

rochtain chomhionann leanaí ar chúram sláinte saor in aisce, oideachas agus cúram leanaí, tithíocht chuibhiúil agus cothú leormhaith.

Bunaíodh FEAD i mí an Mhárta 2014, le Rialachán (AE) Uimh. 223/2014. Tugann an ciste tacaíocht do ghníomhaíochtaí na mBallstát maidir le cúnamh ábhartha a thabhairt, in éineacht le bearta cuimsithe shóisialta, do na daoine is díothaí. Sa chlárthréimhse reatha, tá sé comhtháite in ESF+.

I mí Mheán Fómhair 2020, bunaíodh an Ionstraim Eorpach le haghaidh tacaíocht shealadach chun rioscaí dífhostaíochta a mhaolú i gcás éigeandála (SURE) chun tacú leis na Ballstáit ina gcuid iarrachtaí déileáil le paindéim COVID-19 agus poist agus ioncaim a chosaint, go háirithe trí scéimeanna oibre gearr-ama. Faoina dháta éaga an 31 Nollaig 2022, bhí EUR 98.4 billiún curtha ar fáil leis in iasachtaí droim-le-droim do na Ballstáit.

Tháinig an tSaoráid Athléimneachta agus Téarnaimh (RRF) i bhfeidhm i mí Feabhra 2021 agus é mar aidhm léi suas le EUR 723.8 billiún a chur ar fáil i gcistiú go dtí deireadh 2026 chun tionchar eacnamaíoch agus sóisialta ghéarchéim COVID-19 a mhaolú. Rannchuidíonn dhá cholún as na sé cholún a leagtar amach in RRF le dul i ngleic leis an mbochtaineacht agus leis an eisiamh sóisialta.

I mí an Mhárta 2022, i gcomhthéacs ionradh na Rúise ar an Úcráin, chuir an Coimisiún togra ar aghaidh maidir le Gníomhaíocht Chomhtháthaithe le haghaidh Dídeanaithe san Eoraip (CARE) chun níos mó solúbthachta a thabhairt isteach i rialacha an bheartais comhtháthaithe don tréimhse 2014-2020. Féadfaidh na Ballstáit na hacmhainní sin a úsáid chun bearta éigeandála a mhaoiniú agus chun tacaíocht a chur ar fáil láithreach i réimsí na fostaíochta, an oideachais agus an chuimsithe shóisialta. Leis an Rialachán FAST (Cúnamh Solúbtha do Chríocha) – CARE, leathnaítear an tacaíocht atá ann faoi láthair faoi CARE.

I gcomhthéacs an aistrithe i dtreo geilleagar atá neodrach ó thaobh na haeráide de, tá sraith beart glactha ag an Aontas Eorpach chun a áirithiú nach rachaidh an bhochtaineacht agus an cuimsiú sóisialta in olcas. Is roinnt samplaí iad an Sásra um Aistriú Cóir, lena n-áirítear an Ciste um Aistriú Cóir, agus an Ciste Aeráide Sóisialta.

**D.** Straitéisí an Aontais do ghrúpaí sonracha

Thíolaic an Coimisiún straitéis nua de chuid AE um míchumas le haghaidh 2021-2030 i mí an Mhárta 2020. Tá trí cinn de na seacht dtionscnamh shuaitheanta den straitéis curtha i gcrích: lárionad acmhainní Eorpach *AccessibleEU*, an tArdán Míchumais agus straitéis athnuaite maidir le hacmhainní daonna don Choimisiún. Tá seasamh agus comhaontú Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle fós de dhíth le haghaidh tionscnamh suaitheanta eile, an togra maidir leis an gCárta Míchumais Eorpach (6 Meán Fómhair 2023). Is féidir cur chun feidhme na straitéise a leanúint ar shuíomh gréasáin Chreat Faireacháin an Choimisiúin.

Tá tógáil 'Aontais Comhionannais' ar cheann de phríomhthosaíochtaí Choimisiún von der Leyen agus tá roinnt tionscnaimh nua tagtha as sin:

— Straitéis 2020-2025 um chomhionannas inscne ag leanúint as rannpháirtíocht straitéiseach 2016-2019 don chomhionannas inscne;

— Treoir (AE) 2023/970 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Bealtaine 2023 chun cur i bhfeidhm phrionsabal an phá chomhionainn as obair chomhionann nó obair ar comhionann a luach idir fir agus mná a neartú trí shásraí trédhearcachta pá agus forfheidhmithe;

— Plean gníomhaíochta 2020-2025 an Aontais Eorpaigh maidir le frithchiníochas;

— Creat straitéiseach an Aontais Eorpaigh maidir le comhionannas, cuimsiú agus rannpháirtíocht na Romach;

— Moladh ón gComhairle maidir le comhionannas, cuimsiú agus rannpháirtíocht na Romach;

— Straitéis an Aontais um Chomhionannas LGBTIQ 2020-2025;

— Plean gníomhaíochta 2021-2027 maidir le lánpháirtiú agus cuimsiú, lena n-áiritear tograí i gceithre réimse (oideachas, fostaíocht, tithíocht agus sláinte), agus é mar aidhm leis lánpháirtiú agus cuimsiú sóisialta imirceach agus daoine a mbaineann cúlra imirceach leo a chur chun cinn.

— Straitéis 2021-2030 an Aontais maidir leis an bhfrithsheimíteachas a chomhrac agus saol na nGiúdach a chothú.

Dhírigh bearta AE ar dhaoine óga go minic. Agus lear mór daoine óga gan phost, mhol an Coimisiún Pacáiste Fostaíochta don Aos Óg in 2012, agus ina dhiaidh sin, an Ráthaíocht don Aos Óg in 2013. I mí na Nollag 2016, sheol an Coimisiún an Cór Dlúthpháirtíochta Eorpach, tionscnamh eile chun deiseanna nua a chruthú do dhaoine óga. Mar fhreagairt ar phaindéim COVID-19 agus ar thionchar díréireach na paindéime ar dhaoine óga, mhol an Coimisiún an pacáiste Tacaíochta Fostaíochta don Aos Óg, lena n-áirítear moladh ón gComhairle maidir le Ráthaíocht Threisithe don Aos Óg (Droichead chun na Fostaíochta). Sheol an Coimisiún tionscnamh nua maidir le socrúchán oibre faoi CSE+, ar a dtugtar ALMA (Beartaigh, Foghlaim, Máistrigh, Gnóthaigh), le haghaidh Eorpaigh óga leochaileacha nach bhfuil i mbun aon chineál fostaíochta, oideachais ná oiliúna, agus é mar aidhm leis cabhrú leo áit a aimsiú i margadh an tsaothair. Áirítear i straitéis an Aontais um chearta an linbh a luadh roimhe seo gníomhaíochtaí chun dul i ngleic leis an mbochtaineacht, leis an gciníochas agus leis an idirdhealú a dhéanann difear do leanaí agus tá sé mar aidhm leis an Ráthaíocht Eorpach do Leanaí eisiamh sóisialta a chosc agus a chomhrac trína ráthú go mbeidh rochtain ag leanaí atá i ngátar ar shraith príomhsheirbhísí.

Dhírigh beartas freisin ar dhaoine a bhfuil dífhostaíocht fhadtéarmach rompu nuair a glacadh, i mí Feabhra 2016, an moladh ón gComhairle maidir le daoine atá dífhostaithe go fadtéarmach a lánpháirtiú i margadh an tsaothair.

## RÓL PHARLAIMINT NA HEORPA

Tá rúin glactha arís agus arís eile ag an bParlaimint d'fhonn an ghníomhaíocht de chuid AE a neartú a bhfuil sé mar aidhm léi dálaí agus deiseanna na ndaoine atá faoi mhíbhuntáiste sóisialta a fheabhsú agus an bhochtaineacht a laghdú, e.g. rún uaithi an 22 Deireadh Fómhair 2020, inar chuir sí in iúl go raibh imní uirthi faoi na héifeachtaí tromchúiseacha sóisialta a bhaineann le géarchéim COVID-19, agus rún uaithi an 11 Márta 2021. Sna rúin sin, d'iarr an Pharlaimint go mbeadh córais láidre leasa shóisialaigh ann agus go mbunófaí scéim Eorpach athárachais dífhostaíochta. I mí Feabhra 2021, rinne an Pharlaimint an t-éileamh sin arís i rún maidir le héagothromaíochtaí a laghdú agus béim ar leith á leagan ar bhochtaineacht lucht oibre, inar iarr sí freisin go mbunófaí straitéis uileghabhálach Eorpach i gcoinne na bochtaineachta agus go ndéanfadh an Coimisiún creat de chuid AE maidir le hioncam íosta a thíolacadh. Tá na héilimh ar Ráthaíocht Eorpach do Leanaí, éilimh a chuir an

Pharlaimint chun cinn den chéad uair in 2015, curtha i ngníomh anois leis an moladh ón gComhairle a glacadh i mí an Mheithimh 2021.

Le Conradh Liospóin (Airteagal 19(1) CFAE), tugadh cumhacht an toilithe don Pharlaimint i dtaca le reachtaíocht maidir leis an neamh-idirdhealú a ghlacadh. Bhí an Pharlaimint gníomhach sa díospóireacht ar dá barr a cuireadh an t-airteagal sin san áireamh, agus is minic a iarrann sí ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit a áirithiú go ndéanfaí na treoracha frith-idirdhealaithe a chur chun feidhme ina n-iomláine agus go tráthúil. I rún uaithi an 7 Feabhra 2018, chuir an Pharlaimint in iúl gurbh oth léi an easpa dul chun cinn a bhí déanta i dtaca leis an Treoir Chothrománach maidir leis an bhFrith-idirdhealú agus d'iarr sí ar an gCoimisiún agus ar an gComhairle tús a chur an athuair leis an gcaibidlíocht. Chuir an Pharlaimint an méid sin in iúl arís i roinnt rún ina dhiaidh sin, agus bhí díospóireacht aici faoin ábhar sa seisiún iomlánach i mí Dheireadh Fómhair 2019.

Tá iarrtha aici freisin go ndéanfaí an comhionannas inscne a phríomhshruthú i mbuiséid agus i gceapadh beartas, agus go ndéanfaí measúnuithe tionchair inscne tráth a bhunófar aon bheartas nua. Cuireadh in iúl i rúin freisin gur ábhair imní iad gné na hinscne den bhochtaineacht agus an bhearna phinsin idir na hinscní (e.g. rúin an 14 Meitheamh 2018 agus an 16 Samhain 2017). I rún uaithi an 17 Aibreán 2018, dírítear ar mhná agus cailíní a chumhachtú tríd an earnáil dhigiteach. I rún uaithi an 5 Iúil 2022 maidir le bochtaineacht na mban san Eoraip, d'aithin Parlaimint na hEorpa gur príomhbhealaí chun an bhochtaineacht i measc na mban a dhíothú iad an comhionannas inscne i margadh an tsaothair agus na bacainní atá ann cheana i margadh an tsaothair, chomh maith le bacainní ar rochtain ar sheirbhísí inacmhainne amhail cúram leanaí agus seirbhísí cúraim fhadtéarmaigh, a bhaint.

Bhí an-aird á tarraingt ag an bParlaimint ar fheabhas a chur ar chearta daoine faoi mhíchumas, lena n-áirítear trí Straitéis Eorpach uaillmhianach iar-2020 um Míchumas a éileamh agus trína iarraidh ar institiúidí eile an Aontais agus ar na Ballstáit a dtiomantas a athdhearbhú maidir le comhionannas cuimsitheach a bhaint amach do dhaoine faoi mhíchumas agus UNCRPD a chur chun feidhme go hiomlán.

Tharraing an Pharlaimint aird freisin ar chruachás grúpaí sonracha le linn na paindéime agus d'iarr sí go mbeadh straitéis chuimsitheach frithbhochtaineachta ann. An 8 Iúil 2020, ghlac an Pharlaimint rún maidir le cearta daoine faoi mhíchumas intleachtúil i ngéarchéim COVID-19. An 17 Meán Fómhair 2020, d'iarr sí ar na Ballstáit níos mó a dhéanamh chun an t-eisiamh sóisialta agus an frithghiofógachas a chomhrac, chun feabhas a chur ar shaol na Romach agus chun a sláinte a chosaint le linn ghéarchéim COVID-19. Tá an méadú ar na rátaí easpa dídine ar fud an Aontais agus an easpa tithíocht inacmhainne ina n-ábhar mór imní ag an bParlaimint, mar a léiríodh i rúin uaithi an 24 Samhain 2020 agus an 21 Eanáir 2021. Sna rúin sin, d'iarr an Pharlaimint ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit a áirithiú go n-aithneofar an ceart chun tithíocht leordhóthanach a fháil agus go mbeidh sé in-fhorfheidhmithe mar cheart bunúsach an duine i reachtaíocht an Aontais agus i reachtaíocht náisiúnta.

An 5 Deireadh Fómhair 2022, i gcomhthéacs na géarchéime fuinnimh agus costais maireachtála, ghlac an Pharlaimint rún maidir le freagairt AE ar an méadú ar phraghsanna fuinnimh san Eoraip, ina dtathnaítear ar na Ballstáit an cás a sheachaint inar gá do dhaoine rogha a dhéanamh idir cothú agus téamh agus díshealbhú teaghlaigh leochaileacha a sheachaint. Tugadh chun suntais leis go raibh roinnt daoine i staideanna leochaileacha roimh an ngéarchéim agus tugadh rabhadh leis go

bhféadfadh an boilsciú an cás a dhéanamh dofhulaingthe do theaghlaigh ar ioncam íseal, agus go bhfuil difear á dhéanamh don mheánaicme níos mó agus níos mó freisin. Spreagadh na Ballstáit ann freisin úsáid iomlán a bhaint as na roghanna atá ann cheana chun cánacha ar tháirgí fuinnimh a ghearradh agus iarradh ar an gCoimisiún machnamh a dhéanamh ar spás a thabhairt do na Ballstáit tuilleadh eisceachtaí sealadacha nó laghduithe a thabhairt isteach ar dhleachtanna máil agus ar chánacha fuinnimh.

Chun tuilleadh eolais a fháil faoin ábhar seo, féach suíomh gréasáin an Choiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta.

Monika Makay
10/2023

# 2.4. BEARTAIS TIONSCLAÍOCHTA, FUINNIMH AGUS TAIGHDE

# 2.4.1. PRIONSABAIL GHINEARÁLTA BHEARTAS TIONSCLAÍOCH AE

Is é an cuspóir atá ag beartas tionsclaíoch AE ná tionscal na hEorpa a dhéanamh níos iomaíche ionas gur féidir leis fanacht i dtús cadhnaíochta ag spreagadh fás eacnamaíoch inbhuanaithe agus fostaíochta san Eoraip. Mar thoradh ar an aistriú digiteach agus ar an aistriú i dtreo geilleagair atá neodrach ó thaobh carbóin de, glacadh straitéisí éagsúla chun dálaí creata níos fearr a áirithiú do thionscal AE. Spreag tionchar phaindéim COVID-19 agus tionchar an chogaidh san Úcráin smaointe nua ar théarnamh eacnamaíoch, ar atógáil agus ar athléimneacht a fhothú.

## BUNÚS DLÍ

Airteagal 173 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE).

## CUSPÓIRÍ

Is dual do bheartas tionsclaíoch a bheith cothrománach agus tá sé mar aidhm aige dálaí creata atá fabhrach don iomaíochas tionsclaíoch a dhaingniú. Tá sé comhtháite go domhain i roinnt beartas eile AE amhail iad siúd a bhaineann le trádáil, an margadh inmheánach, taighde agus nuálaíocht, fostaíocht, cosaint an chomhshaoil, cosaint agus sláinte phoiblí. Tá beartas tionsclaíoch an Aontais Eorpaigh dírithe go sonrach ar na nithe seo a leanas: (1) 'oiriúnú an tionscail d'athruithe struchtúracha a bhrostú'; (2) 'timpeallacht a chothú atá fabhrach don tionscnamh agus d'fhorbairt ghnóthas ar fud an Aontais, go háirithe gnóthais bheaga agus mheánmhéide'; (3) 'timpeallacht a chothú atá fabhrach do chomhar idir gnóthais'; agus (4) 'taobhú le hacmhainneacht thionsclaíoch beartas nuála, taighde agus forbartha teicneolaíche a shaothrú níos fearr' (Airteagal 173 CFAE).

## A BHFUIL BAINTE AMACH

**A.** Réamhrá

Tá sé mar chuspóir ag ionstraimí bheartas tionsclaíoch AE na dálaí ginearálta a chruthú inar féidir le fiontraithe agus le gnólachtaí dul san fhiontar agus a smaointe agus deiseanna a shaothrú. Mar sin féin, ba cheart don bheartas tionsclaíoch riachtanais shonracha agus saintréithe sonracha na n-earnálacha ar leithligh a chur san áireamh. Déanann na Tuarascálacha bliantúla maidir le hIomaíochas Eorpach anailís ar láidreachtaí agus ar laigí gheilleagar AE i gcoitinne agus ar thionscal AE go háirithe, agus tig leis tús a chur le tionscnaimh beartais trasearnála nó earnála.

**B.** I dtreo beartas comhtháite tionsclaíoch

Cé gur dhírigh institiúidí an Aontais sna 1980idí agus na 1990idí go príomha ar mhargadh aonair a chruthú, nuair a bunaíodh Aontas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta agus nuair a méadaíodh AE, cuireadh an bhéim ar bheartas tionsclaíoch. I nDeireadh Fómhair 2005, i dteachtaireacht ón gCoimisiún dar teideal 'Implementing the Community Lisbon Programme: A policy framework to strengthen EU manufacturing – towards a more integrated approach for industrial policy' [Clár Comhphobail Liospóin a chur chun feidhme: creat beartais chun monaraíocht AE

a neartú – i dtreo cur chuige níos comhtháite maidir le beartas tionsclaíoch] (COM(2005)0474), leagadh amach an chéad chur chuige comhtháite riamh de chuid an Aontais maidir le beartas tionsclaíoch bunaithe ar chlár oibre nithiúil de thionscnaimh trasearnála agus earnála.

Sna blianta ina dhiaidh sin, dhírigh na príomhghníomhaíochtaí a rinneadh, i measc nithe eile, ar inbhuanaitheacht an tomhaltais agus an táirgthe a áirithiú (COM(2008)0397), rochtain ar amhábhair chriticiúla neamhfhuinnimh a chothú (COM(2008)0699), agus eochairtheicneolaíochtaí cumasúcháin (ETCanna) a úsáid laistigh dá chreat beartais (COM(2009)0512).

**C.** Ón straitéis Eoraip 2020 go dtí an Straitéis Thionsclaíoch Nua

In 2010, cuireadh an straitéis 'Eoraip 2020' don fhás cliste, inbhuanaithe agus cuimsitheach (COM(2010)2020)) in ionad Straitéis Liospóin. Chuir an straitéis nua seacht dtionscnamh shuaitheanta ar aghaidh, agus díríonn ceithre cinn acu ar thionscal AE a dhéanamh níos iomaíche: 'An tAontas Nuálaíochta' (COM(2010)0546); "clár digiteach don Eoraip", (COM(2010) 0245); 'Beartas tionsclaíoch comhtháite do ré an domhandaithe' (COM(2010)0614); agus 'Scileanna Nua do Phoist Nua' (COM(2008)0868). D'éiligh an teachtaireacht ón gCoimisiún dar teideal 'Beartas Tionsclaíoch: Iomaíochas a neartú' (COM(2011)0642), a glacadh in 2011, athchóirithe struchtúracha doimhne chomh maith le beartais chomhleanúnacha agus chomhordaithe ar fud na mBallstát chun iomaíochas eacnamaíoch agus tionsclaíoch AE a fheabhsú agus fás eacnamaíoch fadtéarmach inbhuanaithe a chothú.

In 2012, d'eisigh an Coimisiún teachtaireacht dar teideal 'A Stronger European Industry for Growth and Economic Recovery – Industrial Policy Communication Update' [Tionsclaíocht láidir Eorpach don Fhás agus don Téarnamh Eacnamaíoch — Nuashonrú ar an teachtaireacht um Beartas tionsclaíoch] (COM(2012)0582), chun go dtacófaí le hinfheistíocht sa nuálaíocht, dírithe ar shé réimse tosaíochta a bhfuil acmhainn mhór acu: teicneolaíochtaí ardmhonaraíochta le haghaidh táirgeadh glan; eochairtheicneolaíochtaí cumasúcháin; táirgí bithbhunaithe; beartas tionsclaíoch agus tógála inbhuanaithe agus amhábhair inbhuanaithe; feithiclí glana agus soithí glana; agus eangacha cliste.

In 2014, sheol an Coimisiún teachtaireacht dar teideal For a European Industrial Renaissance' [I gcomhair Athbheochan Tionsclaíoch Eorpach] (COM(2014)0014). Dhírigh an teachtaireacht sin ar mheath tionsclaíoch a chúlú agus an sprioc 20% OTI do ghníomhaíochtaí monaraíochta a bhaint amach faoi 2020. Chomhlánaigh teachtaireacht in 2016 dar teideal 'Digitising European Industry – Reaping the full benefits of a Digital Single Market' [Tionsclaíocht na hEorpa a Dhigitiú – leas iomlán a bhaint as margadh aonair digiteach] (COM(2016)0180) an beartas sin. Dhírigh an teachtaireacht sin ar chlaochlú digiteach agus thug sí aghaidh ar dhúshláin ghaolmhara amhail cistiú, caighdeánú TFC, mórshonraí agus scileanna. Thairis sin, bhí sé mar aidhm ag an Tionscnamh um Ghnólachtaí Nuathionscanta agus um Ghnólachtaí atá i mbun Fáis (COM(2016)0733), a seoladh in 2016, gach deis is féidir a thabhairt d'fhiontraithe nuálacha iomadúla na hEorpa chun cuideachtaí a bheidh ina gceannairí domhanda a thógáil.

Cuireadh tionscail amhail TFC, stroighin, teicstílí agus ceimiceáin san áireamh sa treochlár fairsing maidir le príomhghníomhaíochtaí a tugadh isteach in 2019 leis an teachtaireacht ón gCoimisiún 'An Comhaontú Glas don Eoraip' (COM(2019)0640), arbh é ab aidhm dó tionscal a shlógadh le haghaidh geilleagar glan agus ciorclach.

Sa teachtaireacht ón gCoimisiún ar a chéad chlár oibre Bliantúil (COM(2020)0037), Eanáir 2020, chuir an Coimisiún béim ar an bhfíoras go gcuirfí borradh faoi staid an Aontais mar cheannaire digiteach trí Straitéis Eorpach maidir le Sonraí agus Páipéar Bán maidir le hIntleacht Shaorga. I Márta 2020, thíolaic an Coimisiún an teachtaireacht 'A New Industrial Strategy for Europe' [Straitéis Thionsclaíoch Nua don Eoraip] (COM(2020)0102) chun cabhrú le tionscal na hEorpa na haistrithe dúbailte i dtreo na haeráidneodrachta agus na ceannaireachta digití a stiúradh agus chun iomaíochas agus uathriail straitéiseach na hEorpa a neartú.

Mar sin féin, seoladh an straitéis tréimhse a bhí comhuaineach le briseadh amach phaindéim COVID-19 agus tharla sé sular cuireadh plean Next Generation EU ar bun. Mar gheall air sin, ní raibh údair na straitéise in ann tionchar na paindéime ar thionscail an Aontais a chur san áireamh. Mar fhreagairt ar iarmhairtí phaindéim COVID-19 ar shlabhraí soláthair tionsclaíocha agus ar iomaíochas AE, ghlac an Pharlaimint a rún ó mhí Aibreáin 2020 maidir le gníomhaíocht chomhordaithe AE chun paindéim COVID-19 agus a hiarmhairtí a chomhrac. I mí na Samhna 2020, d'iarr FPEnna ar an gCoimisiún straitéis thionsclaíoch athbhreithnithe a thíolacadh.

Thug an Coimisiún an Straitéis Thionsclaíoch don Eoraip (COM(2021)0350) cothrom le dáta i mí na Bealtaine 2021, agus béim á leagan ar athléimneacht mhargadh aonair an Aontais, ar spleáchais an Aontais i bpríomhréimsí straitéiseacha agus tacaíocht d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna) agus do ghnólachtaí nuathionscanta, chomh maith le béim ar dhlús a chur leis an aistriú glas agus an aistriú digiteach. I mí Mheán Fómhair 2020, bhí Plean Gníomhaíochta maidir le hAmhábhair Chriticiúla glactha ag an gCoimisiún cheana féin, lenar áiríodh staidéar fadbhreathnaitheachta ar amhábhair chriticiúla le haghaidh teicneolaíochtaí straitéiseacha agus earnálacha straitéiseacha faoi 2030 agus 2050.

I mí Feabhra 2021, thíolaic an Coimisiún Plean Gníomhaíochta maidir le Sineirgí idir an tionscal sibhialta, an tionscal cosanta agus tionscal an spáis (COM(2021)0070) chun tuilleadh feabhais a chur ar bhuntáiste teicneolaíochta na hEorpa agus chun tacú lena bonn tionsclaíoch. Is é is aidhm dó nuálaíocht na hEorpa a threisiú trí iniúchadh a dhéanamh ar ionchas suaiteach teicneolaíochtaí ag an gcomhéadan idir úsáidí cosanta, úsáidí an spáis agus úsáidí sibhialta, amhail an néal, próiseálaithe, cibearobair, teicneolaíocht chandamach agus intleacht shaorga.

**D.** Ré na Glan-nialasachta

Chuir an Coimisiún 'Green Deal Industrial Plan for the Net-Zero Age' [Plean Tionsclaíoch an Chomhaontaithe Ghlais do Ré na Glan-nialasachta] (COM(2023)0062) i láthair an 1 Feabhra 2023, ina leagtar amach cur chuige Eorpach chun borradh a chun borradh a chur faoi thionscal glan-nialasachta an Aontais Eorpaigh trí bhíthin na nithe seo a leanas:

**1.** Bearta chun iomaíochas thionscal glan-nialasachta an Aontais a fheabhsú.

Cuimsíonn na bearta sin na trí thogra reachtacha seo a leanas, a thíolaic an Coimisiún an 14 Márta 2023:

**i.** an 'gníomh um an tionscal glan-nialasachta' an 16 Márta 2023 (COM(2023)0161), arb é is aidhm dó simpliú a dhéanamh ar an gcreat rialála le haghaidh príomhtheicneolaíochtaí a tháirgeadh, spriocanna a leagan síos d'acmhainneacht thionsclaíoch an Aontais in 2030, mearphróisis cheadaithe a chur chun cinn, forbairt

caighdeán Eorpach le haghaidh príomhtheicneolaíochtaí a chur chun cinn agus údaráis phoiblí a spreagadh chun teicneolaíochtaí níos glaine a cheannach trí sholáthar poiblí.

**ii.** an 'gníomh um amhábhair chriticiúla' an 16 Márta 2023 (COM(2023)0160), arb é is aidhm dó slándáil an tsoláthair a fheabhsú le haghaidh na n-amhábhar is gá chun an t-aistriú glan-nialasach a áirithiú.

**iii.** Athchóiriú ar dhearadh an mhargaidh leictreachais, chun an margadh a dhéanamh níos athléimní, chun tionchar na bpraghsanna gáis ar bhillí leictreachais a laghdú agus chun tacú leis an aistriú fuinnimh.

**2.** Bearta chun rochtain ar mhaoiniú poiblí náisiúnta/AE, agus ar mhaoiniú príobháideach, a mhéadú agus a bhrostú.

Is é is aidhm don Chreat Sealadach um Ghéarchéim agus Aistriú le haghaidh Státchabhrach deonú státchabhrach a shimpliú le haghaidh úsáidí fuinnimh in-athnuaite agus dícharbónú na bpróiseas tionsclaíoch, rud a thabharfaidh an rogha do na Ballstáit leibhéil níos airde cabhrach a dheonú chun teicneolaíochtaí straitéiseacha glan-nialasacha a tháirgeadh chun an chabhair a fhaigheann iomaitheoirí atá lonnaithe i dtíortha nach bhfuil san Aontas a mheaitseáil. D'fhormhuinigh an Coimisiún freisin leasú ar an Rialachán Ginearálta na Blocdhíolúine (GBER), lena dtugtar níos mó solúbthachta do na Ballstáit bearta tacaíochta a dhearadh agus a chur chun feidhme i bpríomhearnálacha don tionscal glan-nialasachta, gan formheas a fháil ón gCoimisiún roimh ré.

Áirítear freisin le cur chuige ré na glan-nialasachta bearta chun lucht saothair atá oilte go cuí a fhorbairt agus bearta maidir le comhar domhanda agus trádáil idirnáisiúnta.

**E.** Cláir thacaíochta AE

Faoi láthair, rannchuidíonn líon mór beartas, clár agus tionscnamh, a chumhdaíonn raon leathan réimsí, le beartas tionsclaíoch AE. Samplaí de thionscnaimh le himchlúdach buiséid ná: an beartas comhtháthaithe, Fís Eorpach (2021-2027), an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa agus Clár AE um Iomaíochas na bhFiontar agus na bhFiontar Beag agus Meánmhéide (COSME). In éineacht leis sin, bhí sé mar aidhm ag an bPlean Infheistíochta don Eoraip agus ag an gCiste Eorpach le haghaidh Infheistíochtaí Straitéiseacha (CEIS) EUR 500 billiún ar a laghad in infheistíocht phríobháideach agus in infheistíocht phoiblí a shlógadh faoi 2020. Dhá thosaíocht a fheictear arís is arís ar fud na gclár sin ná FBManna agus nuálaíocht.

## RÓL PHARLAIMINT NA HEORPA

Den chéad uair riamh, bhí saincheisteanna i dtaca le beartas tionsclaíoch mar chuid de na hathruithe a rinneadh in Maastricht ar Chonradh CE – ar éacht é arb iad tionscnaimh ag an bParlaimint ba shiocair leis. Chabhraigh siad atheagrú ar an earnáil cruach a spreagadh agus d'éiligh siad go mbeadh beartas tionsclaíoch níos dinimiciúla ann. Ó shin i leith, ghlac an Pharlaimint le hiliomad rún a neartaigh tuilleadh beartas tionsclaíoch an Aontais Eorpaigh. Liostaítear roinnt de na cinn is déanaí thíos:

— rún uaithi an 9 Márta 2011 maidir le Beartas Tionsclaíoch do Ré an Domhandaithe, d'áitigh an Pharlaimint ar an gCoimisiún béim níos mó a chur ar athnuachan tionsclaíoch, iomaíochas agus inbhuanaitheacht, agus chun straitéis tionsclaíochta AE uaillmhianach, éicéifeachtúil agus ghlas a fhorbairt;

— rún uaithi an 26 Deireadh Fómhair 2011 maidir leis an gClár Oibre do Scileanna Nua agus Poist inar cuireadh béim ar an tábhacht a bhaineann le comhar níos dlúithe a fhorbairt idir institiúidí taighde agus tionscail;

— rún uaithi an 4 Feabhra 2014 maidir leis an bPlean Gníomhaíochta do thionscal cruach atá iomaíoch agus inbhuanaithe san Eoraip;

— rún uaithi an 9 Meitheamh 2016 maidir le hiomaíochas thionscal soláthair iarnróid na hEorpa,

— rún uaithi an 12 Meán Fómhair 2017 maidir le Straitéis Spáis don Eoraip;

— rún uaithi an 12 Feabhra 2019 ar bheartas tionsclaíoch cuimsitheach Eorpach maidir le hintleacht shaorga agus róbataic;

— rún uaithi an 17 Aibreán 2020 maidir le gníomhaíocht chomhordaithe AE chun paindéim COVID-19 agus a hiarmhairtí a chomhrac;

— cinneadh uaithi an 18 Meitheamh 2020 maidir le coiste speisialta um an intleacht shaorga i ré dhigiteach a chur ar bun, lena n-áirítear an bhréagaisnéis, agus lena sainítear a fhreagrachtaí, a neart uimhriúil agus a théarma oifige;

— rún uaithi an 25 Samhain 2020 maidir le Straitéis Thionsclaíoch Nua don Eoraip;

— rún uaithi an 15 Meán Fómhair 2022 maidir le cur chun feidhme na Straitéise Nua Tionsclaíochta nuashonraithe don Eoraip: ag ailíniú caiteachas le beartas;

— rún uaithi an 18 Eanáir 2023 maidir le cur chun feidhme an chomhbheartais slándála agus cosanta – tuarascáil bhliantúil 2022, inar cuireadh in iúl gur díol sásaimh di an fógra ón gCoimisiún go dtíolacfaidh sé straitéis spáis don tslándáil agus don chosaint;

— rún uaithi an 16 Feabhra 2023 maidir le straitéis de chuid an Aontais chun borradh a chur faoin iomaíochas tionsclaíoch, faoin trádáil agus faoi phoist ardcháilíochta, inar luadh gur cheart straitéis tionsclaíochta na hEorpa a cheapadh chun ceannaireacht Eorpach a dhaingniú i dteicneolaíochtaí fuinnimh ghlain agus chun feabhas a chur ar an mbonn tionsclaíoch atá ann cheana chun poist ardcháilíochta agus fás eacnamaíoch a chur ar fáil do gach Eorpach chun cuspóirí an Chomhaontaithe Ghlais a bhaint amach.

— seasamh uaithi an 14 Meán Fómhair 2023, lena nglactar leasuithe ar an rialachán atá beartaithe maidir le creat chun soláthar slán inbhuanaithe amhábhar criticiúil a áirithiú.

Chun tuilleadh eolais a fháil faoin ábhar seo, féach suíomh gréasáin an Choiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh.

Corinne Cordina
10/2023

# 2.4.2. FIONTAIR BHEAGA AGUS MHEÁNMHÉIDE

Is micrifhiontair agus fiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna) iad 99 % de na cuideachtaí in AE. Is é is aidhm le cláir ghníomhaíochta éagsúla a glacadh ná feabhas a chur ar iomaíocht FBManna trí thaighde agus nuálaíocht, agus rochtain níos fearr ar mhaoiniú a chur ar fáil. Tá neodracht carbóin agus an t-aistriú digiteach curtha san áireamh freisin i straitéisí chun dálaí níos fearr a áirithiú do FBManna. Thairis sin, de bharr an mhéid a thit amach le déanaí ó thaobh na geopholaitíochta de, spreagadh smaointeoireacht nua i ndáil le téarnamh eacnamaíoch, atógáil agus athléimneacht FBManna a fhorbairt.

## AN BUNÚS DLÍ

Feidhmíonn FBManna ar an leibhéal náisiúnta go príomha, mar nach bhfuil mórán acu páirteach i ngnó trasteorann laistigh de AE. Mar sin féin, bíonn tionchar ag reachtaíocht AE ar FBManna i réimsí éagsúla, amhail cánachas (Airteagail 110 go 113 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE)), iomaíocht (Airteagail 101 go 109 CFAE) agus dlí na gcuideachtaí (ceart bunaíochta – Airteagail 49 go 54 CFAE). Is féidir teacht ar shainmhíniú an Choimisiúin maidir le FBManna i Moladh 2003/361/CE.

## CUSPÓIRÍ

Fostaíonn FMBanna tuairim is 100 milliún duine agus is foinse ríthábhachtach fiontraíochta agus nuálaíochta iad, atá ríthábhachtach d’iomaíochas chuideachtaí an Aontais. Tá sé mar aidhm le beartas AE do FBManna a áirithiú go mbeidh beartais agus gníomhaíochtaí an Aontais báúil do ghnólachtaí beaga agus go rannchuideoidh siad chun an Eoraip a dhéanamh níos tarraingtí mar áit chun cuideachta a chur ar bun agus gnó a dhéanamh.

## A BHFUIL BAINTE AMACH

**A.** An tAcht um Ghnólachtaí Beaga (SBA)

I Meitheamh 2008, chuir an Coimisiún tionscnamh cuimsitheach maidir le FBManna chun cinn, i bhfoirm Teachtaireacht maidir leis an Acht um Ghnólachtaí Beaga (SBA). Bhí sé mar aidhm aici creat beartais nua a chruthú lena gcomhtháthófar na hionstraimí a bhí ann cheana agus lena gcuirfí leis an gCairt Eorpach um Ghnóthais Bheaga agus le Beartas FBM Comhaimseartha um Fhás agus Fostaíocht. Ghlac sé ‘cur chuige comhpháirtíochta polaitiúla le Ballstáit’ seachas cur chuige Comhphobail lánfheidhme a mholadh.

**1.** Rialáil chliste

Tá sé mar ardtosaíocht ag an gCoimisiún in SBA gearradh siar ar mhaorlathas. Ba mhór an cúnamh do ghnólachtaí beaga iad an leasú ar an Treoir maidir le hÍocaíochtaí Déanacha (a cheanglaíonn ar údaráis phoiblí íocaíochtaí a dhéanamh laistigh de 30 lá, a bhíonn mar ráthaíocht slándála ag FBManna) agus an Treoir maidir le r-shonrascú (a thugann stádas do r-shonraisc atá comhionann le sonraisc ar pháipéar). Ina theannta sin, ciallaíonn an nuachóiriú ar bheartas AE um sholáthar poiblí go bhfuil ualach riaracháin níos éadroime ar FBManna agus iad i mbun rochtana ar sholáthar poiblí

agus go bhfuil deiseanna níos fearr acu tairiscintí comhpháirteacha a dhéanamh. Leis an gcur chuige céanna déantar simpliú ar na hoibleagáidí a bhaineann le tuairisciú airgeadais agus laghdú ar ualaí riaracháin do FBManna trí nuachóiriú a dhéanamh ar sholáthar poiblí in AE agus ar an Treoir Chuntasaíochta araon (Treoir 2013/34/AE anois).

Sa Teachtaireacht maidir le 'Better Regulation: Joining forces to make better laws' [Rialáil níos fearr: Oibriú as lámha a chéile chun dlíthe níos fearr a dhéanamh], i mí Aibreáin 2021, rinne an Coimisiún an cur chuige 'ceann amháin isteach, ceann amháin amach' a thabhairt isteach le haghaidh ceapadh beartas ar leibhéal AE, lena ndírítear aird lucht ceaptha beartas níos dlúithe ar na himpleachtaí agus ar na costais a bhaineann le reachtaíocht a chur i bhfeidhm, go háirithe do FBManna. Ba é ab aidhm leis an gcur chuige sin an t-ualach riaracháin nua a eascraíonn as tograí reachtacha an Choimisiúin a chúiteamh trí líon coibhéiseach ualaí atá ann cheana a laghdú.

**2.** Rochtain ar mhaoiniú

Theip ar mhargaí airgeadais go minic an maoiniú a theastaigh ó FBManna a chur ar fáil dóibh. Tá roinnt dul chun cinn déanta maidir le feabhas a chur ar infhaighteacht maoinithe agus creidmheasa do FBManna trí iasachtaí, ráthaíochtaí agus caipiteal fiontair a sholáthar. Tá dlús curtha ag na hinstitiúidí airgeadais Eorpacha – an Banc Eorpach Infheistíochta (BEI) agus an Ciste Eorpach Infheistíochta (CEI) – lena n-oibríochtaí a bhaineann le FBManna.

I mí na Samhna 2011, mhol an Coimisiún 'Plean Gníomhaíochta chun rochtain ar mhaoiniú do FBManna a fheabhsú'. I measc nithe eile, áiríodh tionscnaimh bheartais sa phlean gníomhaíochta chun rochtain ar mhargaí caipitil fiontair a éascú do FBManna.

**3.** FBManna sa mhargadh aonair

In SBA agus sna teachtaireachtaí ón gCoimisiún dar teidil 'I dTreo Gníomh um an Margadh Aonair – Do gheilleagar sóisialta margaidh an-iomaíoch', agus 'Gníomh um an Margadh Aonair II' cuirtear béim ar an ngá atá le feabhas leantach ar dhálaí an chreata do ghnólachtaí sa mhargadh aonair. Tá tionscnaimh agus bearta éagsúla ann nó beartaithe chun éascú a dhéanamh ar bhunú agus ar fheidhmiú FBManna sa mhargadh inmheánach. Deonaíodh maoluithe do FBManna in go leor réimsí, amhail rialacha iomaíochta, cánachas agus dlí na gcuideachtaí.

**4.** Beartas iomaíochta

Le fada an lá, caitear go fabhrach le FBManna i mbeartas Státchabhrach AE agus tugtar aitheantas do na deacrachtaí speisialta a bhíonn os a gcomhair. In 2014, ghlac an Coimisiún Rialachán Ginearálta na Blocdhíolúine athbhreithnithe do Státchabhair (Rialachán (AE) Uimh. 651/2014). Ceann de na codanna sa nuachóiriú ar státchabhair ba ea an tsolúbthacht mhéadaithe a thugtar do Bhallstáit chun státchabhair a dheonú gan réamhfhógra ná réamhcheadú ón gCoimisiún, ar choinníoll gur comhlíonadh coinníollacha ar leith. Ar bhonn an Rialacháin sin, bhí FBManna in ann tacaíocht phoiblí suas le EUR 7.5 milliún a fháil.

**B.** Líonraí AE do FBManna

I measc samplaí de líonraí atá dírithe ar FBManna áirítear, i dtús báire, seirbhísí tacaíochta ginearálta do FBManna in AE, amhail an 'Líonra Fiontar Eorpach', 'SOLVIT', 'Your Europe – Business', 'FBManna agus an Comhshaol' agus 'Ag Déileáil le Ceimiceáin: Deasca cabhracha náisiúnta REACH'. Ar an dara dul síos, tacaíochtaí don nuálaíocht agus taighde, lena n-áirítear an 'Deasc Chabhrach um Chearta Maoine

Intleachtúla', 'SME Techweb', 'China IPR Helpdesk for SMEs', 'Líonra (EBN) ag na Lárionaid Eorpacha um Gnó agus Nuálaíocht (BIC)', 'European Workplace Innovation Network' agus 'Gate2Growth'.

**C.** FBManna agus taighde

Tá taighde agus nuálaíocht ríthábhachtach do rath agus d'fhás inbhuanaithe na FBManna in AE. Tá an clár Fís 2020 don tréimhse 2014-2020 dírithe ar thimpeallacht tacaíochta níos fearr agus níos cuimsithí a chruthú do ghníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta na FBManna. Mar chuid den chur chuige seo, spreagadh FBManna le bheith rannpháirteach trí 'ionstraim shonrach FBM' nua a raibh sé mar aidhm léi na bearnaí a líonadh i maoiniú do thaighde agus nuálaíocht luathchéime, ardriosca ag FBManna.

Ina theannta sin, bhí sé ar cheann de na 11 chuspóir théamacha don bheartas comhtháthaithe don tréimhse 2014-2020 feabhas a chur ar iomaíocht FBManna. Rinneadh infheistíochtaí breise in FBManna freisin faoi na cuspóirí téamacha eile, go háirithe taighde agus nuálaíocht, an geilleagar ísealcharbóin agus teicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide.

Fís Eorpach, clár cistiúcháin taighde agus nuálaíochta an Aontais a bheidh ar siúl go dtí 2027, ina bhfuil gné nua nach raibh ag a réamhtheachtaí – an Chomhairle Nuálaíochta Eorpach, a bhfuil buiséad EUR 10.1 billiún aige chun tacú le nuálaíochtaí a athrú le linn na saolré ó thaighde luathchéime go maoiniú agus uas-scálú gnólachtaí nuathionscanta agus FBManna.

**D.** Clár um Iomaíochas na bhFiontar agus um Fhiontair Bheaga agus Mheánmhéide (COSME)

I mí na Nollag 2013 glacadh Rialachán (AE) Uimh. 1287/2013 lena mbunaítear Clár um Iomaíochas na bhFiontar agus um Fhiontair Bheaga agus Mheánmhéide (COSME) don tréimhse 2014-2020. Le buiséad de EUR 2.3 billiún thar an tréimhse 2014-2020, saothraíodh na cuspóirí ginearálta seo a leanas le COSME:

— Rochtain ar mhaoiniú do FBManna a fheabhsú i bhfoirm cothromais agus fiachais: saoráid chothromais d'infheistíocht i gcéim an fháis, agus saoráid ráthaíochta iasachta a sholáthair socruithe díreacha nó socruithe roinnte riosca eile do FBManna le hidirghabhálaithe airgeadais chun iasachtaí a chumhdach; leithdháileadh EUR 1.3 billiún de bhuiséad COSME ar ionstraimí airgeadais;

— D'fhonn rochtain ar an margadh a fheabhsú laistigh den Aontas agus ar an leibhéal domhanda araon: soláthraíodh seirbhísí tacaíochta gnó dírithe ar fhás tríd an Líonra Fiontar Eorpach chun fairsingiú gnó a éascú;

— D'fhonn fiontraíocht a chur chun cinn: lena n-áirítear forbairt a dhéanamh ar scileanna agus ar mheon na fiontraíochta, go háirithe i measc fiontraithe nua, daoine óga agus na mban.

**E.** Na tionscnaimh is déanaí

I dteachtaireachtaí ón gCoimisiún i mí an Mhárta 2020 dar teidil 'Straitéis Nua Tionsclaíochta don Eoraip' agus 'Straitéis FBM d'Eoraip inbhuanaithe agus dhigiteach' áiríodh tograí chun cabhrú le FBManna oibriú, uas-scálú agus fairsingiú. D'fhreagair an Pharlaimint ar thionchar phaindéim COVID-19 ar shlabhraí soláthair tionsclaíocha agus ar FBManna trí rún 2020/2616(RSP) a ghlacadh maidir le gníomhaíocht chomhordaithe AE chun tacú le bearta téarnaimh eacnamaíocha i mí Aibreáin 2020. I mí na Samhna

2020, ghlac na Feisirí rún 2020/2076(INI) lena n-iarrtar ar an gCoimisiún Eorpach straitéis thionsclaíoch athbhreithnithe a thíolacadh.

Mar a léiríodh i Straitéis FBM, bíonn níos mó deacrachtaí ag gnólachtaí beaga ná ag fiontair eile maidir le maoiniú a fháil. I mí na Nollag 2022, d'fhoilsigh an Coimisiún togra lena leasaítear Treoir 2014/65/AE le go ndéanfar margaí caipitil poiblí san Aontas níos tarraingtí do chuideachtaí agus lena n-éascófar rochtain ar chaipiteal a éascú do FBManna.

Agus éifeacht dhochrach láidir an bhoilscithe agus na héiginnteachta á gcur san áireamh a bhí mar thoradh ar an ardú géar ar chostais fuinnimh agus amhábhar, ghlac an Coimisiún teachtaireacht maidir le Pacáiste Fóirithinte do FBManna i mí Mheán Fómhair 2023. Áirítear ann tograí le haghaidh rialachán maidir le cur in aghaidh íocaíochtaí déanacha in idirbhearta tráchtála (COM(2023)0533) agus le haghaidh treoir lena mbunaítear Córas Cánach Ceannoifige do mhicrifhiontair agus do FBManna (COM(2023)0528). Sonraítear ann freisin sraith beart chun rochtain ar mhaoiniú agus ar oibrithe oilte a fheabhsú, agus chun tacú le FBManna ar feadh a saolré gnó.

## RÓL PHARLAIMINT NA HEORPA

In 1983, d'fhógair an Pharlaimint 'Bliain na bhFiontar Beag agus Meánmhéide agus na dTionscal Ceirde' agus sheol sí sraith tionscnamh chun a bhforbairt a spreagadh. Ó shin i leith, tá a tiomantas i leith forbairt FBManna Eorpacha a spreagadh léirithe go leanúnach ag an bParlaimint. Mar shampla:

— I Meitheamh 2010, ghlac an Pharlaimint rún maidir le beartas nuálaíochta Comhphobail i ndomhan atá ag athrú. D'iarr sí go ndéanfaí forbairt ar uirlisí maoinithe FBM, amhail micrichreidmheas, caipiteal fiontair do dhaoine atá ag iarraidh infheistíocht a dhéanamh i bhfiontair nuálacha agus 'aingil ghnó' chun urraíocht a dhéanamh ar thionscadail ghnó ag taighdeoirí óga. D'iarr sí freisin go gcruthódh na Ballstáit agus an Coimisiún dreasachtaí cánach, maoinithe, gnó agus riaracháin don infheistíocht.

— I mí na Bealtaine 2011, ghlac an Pharlaimint rún maidir leis an Athbhreithniú ar an Acht um Ghnólachtaí Beaga. Chuir an Pharlaimint béim ar an imní atá uirthi nár cuireadh an tástáil FBM i bhfeidhm go cuí agus go leanúnach sna tograí reachtacha nua uile, go háirithe ar an leibhéal náisiúnta. Ina theannta sin, tugann sí rabhadh do na Ballstáit maidir le 'hór-phlátáil' trí dhul thar cheanglais reachtaíocht AE agus treoracha á dtrasuí ina ndlí náisiúnta.

— I mí Dheireadh Fómhair 2012, ghlac an Pharlaimint rún dar teideal 'Fiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna): iomaíocht agus deiseanna gnó'. Cuireadh ann béim ar roinnt réimsí, lena n-áirítear laghdú ar ualaí riaracháin, tacaíocht don iomaíocht agus do chruthú post, seoladh gnólachtaí nuathionscanta agus rochtain ar fhaisnéis agus ar mhaoiniú.

— I mí Eanáir 2014, ghlac an Pharlaimint rún maidir le tionscal a chur ar bun san Eoraip arís chun iomaíocht agus inbhuanaitheacht a chur chun cinn, ag cur béim ar thábhacht na FBManna i ngeilleagar AE agus ag iarraidh go mbeidh tacaíocht agus cúnamh ar leith ann do FBManna.

— I Meán Fómhair 2016, ghlac an Pharlaimint rún maidir le rochtain ar mhaoiniú do FBManna agus méadú a dhéanamh ar éagsúlacht an mhaoinithe do FBManna in Aontas na Margaí Caipitil.

— I mí Iúil 2017, ghlac an Pharlaimint rún maidir le stráitéis tionsclaíochta uaillmhianach AE a thógáil mar thosaíocht straitéiseach don fhás, don fhostaíocht agus don nuálaíocht san Eoraip.

— I mí Feabhra 2019, ghlac an Pharlaimint rún ar bheartas tionsclaíoch cuimsitheach Eorpach maidir le hintleacht shaorga (IS) agus róbataic.

— I mí Aibreáin 2020, ghlac Parlaimint na hEorpa rún maidir le gníomhaíocht chomhordaithe AE chun paindéim COVID-19 agus a hiarmhairtí a chomhrac.

— I mí na Samhna 2020, ghlac an Pharlaimint rún maidir le Straitéis Nua Thionsclaíoch don Eoraip, inar iarradh go mbeadh straitéis thionsclaíoch ann a mbeadh baint ag gach éiceachóras tionsclaíoch léi, lena n-áirítear FBManna.

— Sa rún uaidh i mí Iúil 2022 maidir le *Better Regulation: Joining forces to make better laws* [Rialáil níos fearr: Oibriú as lámha a chéile chun dlíthe níos fearr a dhéanamh], d'iarr an Pharlaimint ar an gCoimisiún a áireamhán 'ceann amháin isteach, ceann amháin amach' a chur ar fáil don phobal. Chuir sí i bhfios go láidir agus an cur chuige 'ceann amháin isteach, ceann amháin amach' á chur i bhfeidhm, gur cheart na costais chomhlíontachta uile, idir chostais riaracháin agus chostais choigeartaithe, a mheas, agus chuir sí i bhfáth go bhfuil gá ann a áirithiú go gcuirfidh na Ballstáit agus na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha an cur chuige sin i bhfeidhm.

— Réachtáil an Pharlaimint díospóireacht maidir le Staid FBManna an Aontais an 15 Meán Fómhair 2022.

— Ina rún ó mhí Iúil 2023 maidir le staid Aontas na FMBanna, d'iarr an Pharlaimint ar an gCoimisiún measúnú foriomlán a dhéanamh ar éifeacht charnach reachtaíocht AE ar FBManna in AE, agus simplithe a mholadh i gcás inar ghá. D'iarr sí freisin go nglacfaí go práinneach Treoir athbhreithnithe maidir le hÍocaíochtaí Déanacha, agus go ndéanfaí measúnú ar athbhreithniú féideartha ar na rialacha maidir le státchabhair chun meastóireacht a dhéanamh ar an gcaoi a ndéantar leasanna FBManna a choimirciú. Iarradh ar an gCoimisiún a chuid iarrachtaí a mhéadú maidir le haontas na margaí caipitil (CMU) agus maoiniú a chur ar fáil d'fhás na hEorpa.

Chun tuilleadh eolais a fháil faoin ábhar seo, féach ar shuíomhanna gréasáin an Choiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta agus an Choiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh.

Corinne Cordina
10/2023

# 2.4.3. CLÁR OIBRE DIGITEACH DON EORAIP

Bíonn tionchar mór ag ardáin seirbhíse digití agus teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn amhail an intleacht shaorga (IS) ar thimpeallacht ár sochaí. Mar gheall ar na nuálaíochtaí sin, tá athshainiú á dhéanamh ar an gcaoi a ndéanaimid cumarsáid, siopadóireacht agus a bhfaighimid rochtain ar fhaisnéis ar líne, rud a fhágann go bhfuil siad riachtanach ó lá go lá. Leis an gclár oibre digiteach Eorpach do 2020-2030, tugtar aghaidh ar na hathruithe sin. Tugtar tús áite ann do spásanna digiteacha slána a bhunú, iomaíocht chóir a áirithiú sna margaí digiteacha agus ceannasacht dhigiteach na hEorpa a fheabhsú, agus é mar aidhm leis ag an am céanna aeráidneodracht a bhaint amach faoi 2050.

## AN BUNÚS DLÍ

Cé nach ndéantar forálacha sonracha maidir le teicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide (TFCanna) sna Conarthaí, is féidir leis an Aontas gníomhú laistigh de réimsí beartais amhail na réimsí seo a leanas: tionscal (Airteagal 173 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE)), iomaíocht (Airteagail 101 agus 109 CFAE), trádáil (Airteagail 206 agus 207 CFAE), gréasáin thras-Eorpacha (Airteagail 170 agus 172 CFAE), taighde (Airteagail 179 agus 190 CFAE), fuinneamh (Airteagal 194 CFAE), bunú an mhargaidh aonair (Airteagal 114 CFAE), saorghluaiseacht earraí (Airteagail 26 agus 28-37 CFAE), gluaiseacht daoine agus seirbhísí (Airteagail 45 agus 66 CFAE), oideachas (Airteagail 165 agus 166 CFAE), agus cultúr (Airteagal 167 CFAE).

## CUSPÓIRÍ

Tar éis straitéis Liospóin, leagadh béim i gclár digiteach 2010 don Eoraip ar thábhacht TFCanna do chuspóirí AE. In 2015, leis an straitéis maidir le margadh aonair digiteach, rinneadh tuilleadh forbartha ar an gclár oibre digiteach le trí cholún: 1) rochtain níos fearr ar earraí agus seirbhísí digiteacha ar fud na hEorpa; 2) na coinníollacha is fearr a chothú le haghaidh líonraí digiteacha agus seirbhísí digiteacha; agus (3) cur le hacmhainneacht fáis an gheilleagair dhigitigh.

Le straitéis 2020, a raibh sé mar aidhm léi todhchaí dhigiteach na hEorpa a mhúnlú, díríodh ar theicneolaíochtaí a chuaigh chun tairbhe do dhaoine, geilleagar iomaíoch agus sochaí oscailte dhaonlathach. In 2021, saibhríodh an straitéis sin leis an gcompás digiteach le haghaidh 2030, inar sonraíodh spriocanna digiteacha an Aontais do na deich mbliana a bhí roimhe.

## A BHFUIL BAINTE AMACH

**A.** An chéad chlár oibre digiteach don Eoraip: 2010-2020

An chéad chlár oibre digiteach:

— praghsanna laghdaithe don chumarsáid leictreonach (Rialachán (AE) 2022/612) agus deireadh a chur le táillí fánaíochta an 14 Meitheamh 2017 ('Fánaíocht ar Tháillí Baile');

— nascacht idirlín níos fearr le leathanbhanda bunúsach cuimsitheach, trí theicneolaíochtaí móibíleacha agus satailíte a ghiaráil;

— cosaint neartaithe do thomhaltóirí sa teileachumarsáid trí rialacháin maidir le príobháideachas (Treoir 2009/136/CE) agus rialacháin maidir le cosaint sonraí, ar cuireadh feabhas orthu ina dhiaidh sin le creat nua um chosaint sonraí (Rialachán (AE) 2016/679 agus Treoir (AE) 2016/680).

Chun forbairt líonraí agus seirbhísí digiteacha a spreagadh, neartaigh an Pharlaimint Comhlacht na Rialálaithe Eorpacha um Chumarsáid Leictreonach. Cothaíonn an comhlacht sin comhar idir na rialálaithe náisiúnta agus an Coimisiún, spreagann sé dea-chleachtais agus oibríonn sé chun rialacháin chumarsáide a chomhchuibhiú (Rialachán (AE) 2018/1971). Sa chéad chlár oibre digiteach, leagadh béim ar an bhfás digiteach trí scileanna digiteacha, ríomhaireacht ardfheidhmíochta, digitiú tionscail, forbairt IS agus nuachóiriú na seirbhíse poiblí a chur chun cinn. Ina theannta sin, bhunaigh an tAontas rialacha maidir le geobhlocáil (Rialachán (AE) 2018/302) agus inaistritheacht na seirbhíse digití (Rialachán (AE) 2017/1128), rud a chuireann ar chumas tomhaltóirí rochtain a fháil ar ábhar ar líne ar fud na mBallstát.

I dteannta na gcreataí rialála nua maidir le cosaint sonraí a luaitear thuas, tá roinnt dlíthe glactha ag an Aontas chun forbairt geilleagair atá solúbtha ó thaobh sonraí de a éascú, amhail na dlíthe seo a leanas:

— an Rialachán maidir le saorshreabhadh sonraí neamhphearsanta (Rialachán (AE) 2018/1807), lena gceadaítear do chuideachtaí agus do riaracháin phoiblí sonraí neamhphearsanta a stóráil agus a phróiseáil cibé áit a roghnaíonn siad;

— an Gníomh um Chibearshlándáil (Rialachán (AE) 2019/881) lena neartaítear Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chibearshlándáil (ENISA) agus lena mbunaítear creat um dheimhniú i ndáil le cibearshlándáil do tháirgí agus do sheirbhísí;

— an Treoir maidir le Sonraí Oscailte (Treoir (AE) 2019/1024) lena gcuirtear rialacha comhchoiteanna ar fáil do mhargadh Eorpach le haghaidh sonraí arna sealbhú ag rialtais.

**B.** An dara clár oibre digiteach don Eoraip 2020-2030

Díríodh sa dara clár oibre digiteach ar na hathruithe a tugadh isteach le teicneolaíochtaí digiteacha, ar an ról bunriachtanach atá ag seirbhísí agus margaí digiteacha, agus ar uaillmhianta teicneolaíocha agus geopholaitiúla nua an Aontais. Ina theachtaireachtaí maidir le todhchaí dhigiteach na hEorpa a mhúnlú agus maidir le deich mbliana digiteacha na hEorpa, rinne an Coimisiún cur síos ar ghníomhaíochtaí mionsonraithe le haghaidh seirbhísí agus margaí digiteacha slána. Thug sé tús áite don ríomhaireacht chandamach, do straitéisí blocshlabhra, don intleacht shaorga, do leathsheoltóirí (an Ionstraim Eorpach um Shliseanna), don cheannasacht dhigiteach, don chibearshlándáil, do 5G/6G, do spásanna sonraí Eorpacha agus do chaighdeáin teicneolaíochta dhomhanda. An 9 Márta 2021, thug an tAontas compás digiteach isteach ina leagtar amach ceithre sprioc do 2030:

— Scileanna: ba cheart bunscileanna digiteacha a bheith ag 80 % ar a laghad de na daoine fásta ar fad agus ba cheart 20 milliún saineolaí TFC a bheith fostaithe san Aontas, agus ba cheart do níos mó ban glacadh le poist den sórt sin;

— Gnólachtaí: ba cheart do 75 % de chuideachtaí seirbhísí néalríomhaireachta, mórshonraí agus IS a úsáid; ba cheart leibhéal bunúsach déine digití a bheith bainte amach ag níos mó ná 90 % d’fhiontair bheaga agus mheánmhéide san Aontas; agus ba cheart líon na n-aonbheannach in AE a dhúbailt;

— Bonneagar: ba cheart nascacht ghigighiotáin a bheith ag gach teaghlach de chuid an Aontais agus ba cheart na limistéir ar fad a bhfuil daonra orthu a bheith cumhdaithe ag 5G; ba cheart gur 20 % den táirgeadh domhanda a bheadh i dtáirgeadh leathsheoltóirí ceannródaíocha inbhuanaithe san Eoraip; ba cheart 10 000 imeall-nód aeráidneodrach a imlonnú san Aontas, agus ba cheart an chéad ríomhaire candamach a bheith ag an Eoraip;

— Seirbhísí poiblí: ba cheart gach príomhsheirbhís phoiblí a bheith ar fáil ar líne; ba cheart rochtain a bheith ag saoránaigh uile an Aontais ar a dtaifid leighis; agus ba cheart do 80 % de shaoránaigh réiteach céannachta leictreonaí a úsáid.

Is tionscnamh de chuid an Aontais é an clár don Eoraip Dhigiteach, a tugadh isteach le Rialachán (AE) 2021/694, lena leithdháiltear EUR 7.5 billiún (2021-2027) ar thionscadail teicneolaíochta digití i réimsí amhail an tsár-ríomhaireacht, an intleacht shaorga, an chibearshlándáil, ardscileanna digiteacha agus comhtháthú na teicneolaíochta digití, a fhaigheann tacaíocht ó mhoil nuálaíochta digití. Beidh an clár sin ailínithe le cistí eile de chuid an Aontais, amhail Fís Eorpach, an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa le haghaidh bonneagar digiteach agus an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta. Le linn an téarnaimh ó COVID-19, bhí sainordú ag na Ballstáit 20 % ar a laghad dá gcistí téarnaimh a dhíriú ar thionscadail digitithe (Rialachán AE 2021/694).

Sa Pháipéar Bán maidir leis an Intleacht Shaorga ó mhí Feabhra 2020, leagadh béim ar ról ríthábhachtach na hintleachta saorga agus ar na tairbhí sochaíocha agus eacnamaíocha a bhfuiltear ag súil leo in earnálacha éagsúla. I mí Dheireadh Fómhair 2020, ghlac an Pharlaimint trí rún maidir le IS lena dtugtar aghaidh ar eitic, dliteanas sibhialta agus maoin intleachtúil. Sna rúin sin, iarradh ar an gCoimisiún creat dlíthiúil Eorpach a bhunú d'fhorbairt eiticiúil agus d'úsáid eiticiúil IS. An 21 Aibreán 2021, mhol an Coimisiún Gníomh um an Intleacht Shaorga, lena dtairgfí sainmhíniú ar IS atá neodrach ó thaobh na teicneolaíochta de agus rialacha bunaithe ar riosca. Ghlac an Pharlaimint a seasamh maidir leis an togra i mí an Mheithimh 2023 le leasuithe substaintiúla ar an téacs ón gCoimisiún, i bhfianaise na caibidlíochta deiridh leis an gComhairle. I mí Mheán Fómhair 2022, thug an Coimisiún isteach togra le haghaidh treoir maidir le dliteanas IS, lena n-áiritheofaí cosaint chomhionann dóibh siúd a ndearna IS díobháil dóibh. Ina theannta sin, nochtadh togra le haghaidh treoir nua maidir le dliteanas táirgí chun aghaidh a thabhairt ar tháirgí digiteacha amhail an intleacht shaorga.

Tá comhroinnt sonraí lárnach d'fhís dhigiteach na hEorpa. Cé go gcuireann an tAontas nuálaíocht shonraíbhunaithe chun cinn, féachann sé le cothromaíocht a choinneáil ó thaobh príobháideachais, slándála, eitice agus sábháilteachta de, agus féachaint ag an am céanna ar úsáid agus ar chomhroinnt sonraí neamhphearsanta le haghaidh teicneolaíochtaí nua agus paraidímí gnó. I mí Feabhra 2020, sheol an tAontas an Páipéar Bán maidir leis an straitéis i ndáil le sonraí intleachta saorga. Tháinig an chéad chomhpháirt de, an Gníomh Eorpach um Rialachas Sonraí (Rialachán (AE) 2022/868), a foilsíodh an 3 Meitheamh 2022, i bhfeidhm i mí Mheán Fómhair 2023 agus leagann sé béim ar infhaighteacht sonraí agus ar mhuinín sonraí. An 23 Feabhra 2022, thug an Coimisiún isteach an dara comhpháirt den straitéis, an gníomh sonraí atá beartaithe, lena dtugtar aghaidh ar rochtain ar shonraí gnó agus tomhaltóirí. Tugadh cainteanna idirinstitiúideacha chun críche i mí an Mheithimh 2023. D'eisigh an Chomhairle, an Pharlaimint agus an Coimisiún dearbhú maidir le cearta digiteacha Eorpacha an 26 Eanáir 2022, inar leagadh béim ar aistriú digiteach atá bunaithe ar luachanna. Tá

sonraí ríthábhachtach don dul chun cinn sochaíoch, don leathnú eacnamaíoch agus don nuálaíocht. Cumhdaítear naoi n-earnáil leis an Spás Eorpach Sonraí, an tríú gné den straitéis, agus tá an Coimisiún dírithe air don tréimhse 2019-2025. Ina theannta sin, tá néal Eorpach á sheoladh ag an Aontas, trí NextGenerationEU, atá bunaithe in éiceachóras Gaia-X, chun so-athraitheacht sonraí agus seirbhísí a fhormhuiniú.

Bunchloch den straitéis dhigiteach is ea margadh aonair digiteach atá níos sábháilte agus níos oscailte a chruthú, margadh a leagann béim ar chearta úsáideoirí agus ar iomaíocht chóir ghnó. Tá dhá cholún reachtacha i gceist leis sin: an Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha (DSA) agus an Gníomh um Margaí Digiteacha (DMA), lena ndéantar nuachóiriú ar na rialacháin maidir le seirbhísí digiteacha san Aontas. Ghlac an Pharlaimint agus an Chomhairle iad i mí Dheireadh Fómhair agus i mí Mheán Fómhair 2022 faoi seach, agus cuireann siad sraith aontaithe rialacha ar fáil don Aontas ar fad. Leis an nGníomh um Sheirbhísí Digiteacha, leagtar amach na freagrachtaí atá ar sheirbhísí idirghabhálacha, go háirithe ardáin ar líne. Tá ardáin an-mhór faoi réir treoirlínte shonracha mar gheall ar na rioscaí a chothaíonn siad ó thaobh ábhar atá neamhdhleathach agus díobhálach a scaipeadh. Leagtar amach san Ionstraim um Margaí Digiteacha rialacha do chuideachtaí a bhfuil stádas 'geatóra' acu, lena ndírítear ar na cuideachtaí sin is soghabhálaí i leith cleachtais éagóracha. Cuimsíonn sé sin seirbhísí amhail idirghabháil ar líne, líonraí sóisialta agus néalríomhaireacht.

Agus é ag cur leis an nGníomh um Sheirbhísí Digiteacha, i mí na Samhna 2022, mhol an Coimisiún bearta chun cuíchóiriú a dhéanamh ar bhailiú agus comhroinnt sonraí le haghaidh cóiríocht ar cíos gearrthéarmach. Tá athbhreithniú á dhéanamh ag an gCoiste um an Margadh Inmheánach agus um Chosaint an Tomhaltóra (IMCO) sa Pharlaimint ar an togra sin, agus ón 15 Samhain 2023 i leith, tá cruinnithe tríthaobhacha ar siúl.

Leagtar béim sa chlár oibre digiteach ar chomhar ríomhrialtais agus trasteorann san earnáil phoiblí. An 18 Samhain 2022, mhol an Coimisiún Gníomh um Eoraip Idir-inoibritheach chun seirbhísí poiblí san Aontas a fheabhsú. Bunófar leis sin bord idir-inoibritheach don Eoraip ina mbeidh ionadaithe ó na Ballstáit, ón gCoimisiún agus ó chomhlachtaí eile de chuid an Aontais. Chuir paindéim COVID-19 dlús le forbairtí idir-inoibritheachta Eorpacha, a léiríodh go háirithe le Deimhniú Digiteach COVID an Aontais. Leagadh béim ar an méid sin i dteachtaireacht ón gCoimisiún inar leagadh béim ar chomhar trasteorann feabhsaithe.

An 10 Samhain 2022, agus é ag tabhairt freagra ar ionsaí na Rúise i gcoinne na hÚcráine, thug an Coimisiún Eorpach agus Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála beartas cibearchosanta an Aontais agus plean gníomhaíochta maidir leis an tsoghluaisteacht mhíleata isteach. Is é is aidhm don bheartas cibearchosanta agus don phlean gníomhaíochta maidir leis an tsoghluaisteacht mhíleata 2.0 infheistíochtaí cibearchosanta a mhéadú, feabhas a chur ar an gcomhar idir earnálacha míleata agus cibearearnálacha sibhialtacha, bainistiú éifeachtúil cibear-ghéarchéime a áirithiú agus seasamh an Aontais i gcibeartheicneolaíochtaí criticiúla a threisiú, agus ar an gcaoi sin bonn tionsclaíoch teicneolaíoch na cosanta Eorpaí a threisiú.

Tá sé ríthábhachtach muinín a chothú ar líne ar mhaithe le fás sochaíoch agus eacnamaíoch. Leis an Rialachán maidir le ríomh-shainaitheantas (Rialachán (AE) Uimh. 910/2014), cuirtear creat ar fáil le haghaidh idirghníomhaíochtaí digiteacha slána i measc saoránach, gnólachtaí agus údarás. Chun oibriú i dtreo na gcuspóirí sin, mhol

an Coimisiún leasú ar an Rialachán maidir le Céannacht Dhigiteach a bhfuil sé mar aidhm leis cead a thabhairt do 80 % de shaoránaigh an Aontais rochtain shlán a fháil ar sheirbhísí poiblí ríthábhachtacha le céannacht dhigiteach faoi 2030.

Sa bhreis ar an rialáil, leagann an tAontas béim ar an oideachas digiteach. Cuidíonn an plean gníomhaíochta don oideachas digiteach (2021-2027) leis na Ballstáit a gcórais oideachais a chur in oiriúint don ré dhigiteach. Tugann sé tús áite d'éiceachóras láidir oideachais dhigitigh a chruthú agus d'fheabhsú scileanna le haghaidh an chlaochlaithe dhigitigh.

I mí na Nollag 2020, leagadh amach i dteachtaireacht ón gCoimisiún plean le haghaidh téarnamh agus claochlú earnáil meán na hEorpa, lena n-áirítear trí aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna amhail ilroinnt an mhargaidh. Leag sí béim ar an ngá atá le níos mó tacaíochta náisiúnta trí phleananna téarnaimh formheasta agus leag sí béim ar thionchar suaiteach na n-ardán domhanda ar líne ar na meáin, go háirithe a gceannasacht ar shonraí agus ar mhargaí fógraíochta.

Comhlánaíonn an plean gníomhaíochta um an daonlathas Eorpach plean na meán agus díríonn sé ar théarnamh agus oiriúnú digiteach na hearnála. Pléitear ann freisin an meath atá ag teacht ar shaoirse na meán mar gheall ar bhagairtí méadaitheacha i gcoinne iriseoirí. Le hinnéacs an gheilleagair dhigitigh agus na sochaí digití (DESI), rianaítear dul chun cinn digiteach thíortha an Aontais i dtreo margadh digiteach aontaithe. Cabhraíonn próifílí DESI bliantúla leis na Ballstáit réimsí le haghaidh feabhais a aimsiú, agus cuirtear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta agus an compás digiteach san áireamh anois sna táscairí.

## RÓL PHARLAIMINT NA HEORPA

I rún uaithi an 12 Márta 2019, d'áitigh an Pharlaimint ar an gCoimisiún athmheasúnú a dhéanamh ar raon feidhme na Treorach maidir le Slándáil Líonra agus Faisnéise (NIS) chun earnálacha ríthábhachtacha eile nach dtugtar aghaidh orthu trí reachtaíocht shonrach a chur san áireamh agus chun aghaidh a thabhairt ar bhagairtí digitithe. Iarradh sa rún go mbeadh ailíniú ann le beartas cibearshlándála Eorpach feabhsaithe agus go mbeadh ról níos mó ag Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chibearshlándáil. I mí na Nollag 2022, tháinig Treoir NIS2 (Treoir (AE) 2022/2555) in ionad a réamhtheachtaí, lenar leathnaíodh a raon feidhme chun tuilleadh earnálacha agus eintiteas a chumhdach. I mí Mheán Fómhair 2022, thug an Coimisiún togra isteach le haghaidh gníomh cibear-athléimneachta chun díriú ar shlándáil fheabhsaithe le haghaidh táirgí teicneolaíochta éagsúla. Chuir an Pharlaimint agus an Chomhairle tús leis an gcaibidlíocht maidir leis an ngníomh i mí an Mheithimh 2023.

Faoin bPlean Gníomhaíochta Eorpach um an Daonlathas, thug an Coimisiún isteach togra le haghaidh gníomh um shaoirse na meán an 16 Meán Fómhair 2022 chun iolrachas agus saoirse na meán a neartú san Aontas. Bheadh sé d'aidhm ag an ngníomh sin aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna i margadh sheirbhísí na meán agus neamhspleáchas na meán a threisiú. Mar fhreagairt air sin, thionóil an Coiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile (LIBE), in éineacht leis an gCoiste um Chultúr agus um Oideachas (CULT), agus Coiste IMCO éisteachtaí an 31 Eanáir agus an 6 Feabhra 2023 chun an togra a phlé. Tá caibidlíochtaí idirinstitiúideacha ar siúl faoi láthair agus is é an aidhm atá ann iad a thabhairt i gcrích roimh dheireadh an téarma reachtaigh. Ina theannta sin, ar mhaithe le trédhearcacht i bpróisis dhaonlathacha, tá sé ríthábhachtach fógraíocht pholaitiúil a rialáil, go háirithe

lipéadú soiléir. Thíolaic an Coimisiún togra ar an ábhar sin an 25 Samhain 2021. D'óstáil Coiste IMCO éisteacht an 11 Iúil 2022, lenar díríodh ar thrédhearcacht san fhógraíocht pholaitiúil, as líne agus ar líne araon. An 26 Eanáir 2023, ghlac Coiste IMCO, in éineacht le Coistí CULT agus LIBE, tuarascáil maidir leis an togra seo. Bhí sé sin mar bhonn don chaibidlíocht idirinstitiúideach agus thángthas ar chomhaontú polaitiúil an 7 Samhain 2023. Trí staidéir agus trí cheardlann ina dtugtar aghaidh ar na dúshláin agus ar na deiseanna atá ann, thacaigh an Roinn Beartais um an mBeartas Eacnamaíochta, um an mBeartas Eolaíochta agus um Beartas Cháilíocht na Beatha go leanúnach le fócas na Parlaiminte ar an gclaochlú digiteach. Le linn an phróisis reachtaigh don Ghníomh um Sheirbhísí Digiteacha agus don Ghníomh um Margaí Digiteacha, rinneadh scrúdú i staidéar ar thionchair na fógraíochta spriocdhírithe. Trí cheardlann faoi impleachtaí na dtograí agus éisteacht leis an sceithirí Facebook Frances Haugen, nochtadh tuilleadh léargais. I mí Feabhra 2022, tugadh aghaidh i staidéar ar na tionchair a bhíonn ag tionchairí ar fhógraíocht agus ar shábháilteacht tomhaltóirí sa mhargadh aonair. I mí Lúnasa 2022, pléadh i dtuarascáil ón roinn chéanna giaráil a dhéanamh ar theicneolaíochtaí nua le haghaidh sábháilteacht táirgí feabhsaithe agus leagadh amach na buntáistí agus na míbhuntáistí a d'fhéadfadh a bheith ann.

Tar éis éisteacht phoiblí chomhpháirteach mhí an Mhárta 2022, rinne Coistí IMCO agus LIBE, chomh maith leis an bParlaimint ina hiomláine, an Gníomh um an Intleacht Shaorga a chur chun cinn i gcomhar le chéile trí thuarascáil a ghlacadh ina bhfuil príomhleasuithe, trí leasuithe breise a thabhairt isteach agus trí theacht ar chomhaontú maidir le dréacht-sainordú caibidlíochta i mí an Mheithimh 2023 chun rialacha comhchuibhithe maidir leis an intleacht shaorga a bhunú san Aontas.

An 25 Deireadh Fómhair 2023, d'iarr na Feisirí go gcuirfí toirmeasc ar theicnící andúile, amhail scrolláil gan stad nó seinm uathoibríoch. Tá roinnt Feisirí ag iarraidh ceart digiteach 'gan cur isteach ar dhuine' a thabhairt isteach chomh maith le liosta de dhea-chleachtais dearaidh.

Chun tuilleadh eolais a fháil faoin ábhar seo, féach ar shuíomhanna gréasáin an Choiste um an Margadh Inmheánach agus um Chosaint an Tomhaltóra agus an Choiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh.

Kristi Polluveer / Christina Ratcliff / Barbara Martinello / Jordan De Bono
12/2023

# 2.4.4. AN TIONSCAL COSANTA

Saintréith de thionscal cosanta an Aontais is ea codanna eacnamaíocha agus teicneolaíochta ar tosca tábhachtacha iad d'iomaíochas tionsclaíoch na hEorpa. Tacaíonn an Ghníomhaireacht Eorpach um Chosaint leis na Ballstáit feabhas a chur ar a gcumais chosanta agus rannchuidíonn sí lena dtionscail chosanta a fhorbairt. Chinn an earnáil le déanaí aghaidh a thabhairt ar roinnt dá príomhdhúshlán, ar ilroinnt an mhargaidh agus ar leibhéil ísle chaiteachais, tríd an soláthar comhchoiteann a threisiú agus trí chaiteachas cosanta a fheabhsú.

## BUNÚS DLÍ

Ní mór gníomhaíocht AE sa réimse seo a bheith bunaithe ar Airteagal 352 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE). Cé go bhforáiltear le hAirteagal 173 CFAE bunús dlí do bheartas tionsclaíoch AE, tá srian curtha le cur i bhfeidhm rialacha an mhargaidh inmheánaigh maidir leis an margadh um threalamh cosanta, ina sonraítear go '[bhféadfaidh] aon Bhallstát cibé bearta is gá leis a ghlacadh chun leasanna bunúsacha a shlándála a chosaint agus ar bearta iad a bhaineann le hairm, muinisin agus ábhair chogaidh a tháirgeadh nó a thrádáil'.

## CUSPÓIRÍ

Tá an tionscal cosanta tábhachtach don Aontas mar gheall ar ghnéithe dá bheartas teicneolaíochta agus eacnamaíochta. Tá iomaíochas thionscal cosanta na hEorpa ríthábhachtach do chreidiúnacht an chomhbheartais slándála agus chosanta (CBSC). Tá sé tábhachtach go gcomhoibríonn na Ballstáit lena chéile chun deireadh a chur le beartais agus cleachtais lena gcuirtear cosc ar chuideachtaí cosanta Eorpacha a bheith ag obair le chéile ar bhealach níos éifeachtúla.

## A BHFUIL BAINTE AMACH

Amhail gach gníomhaíocht thionsclaíoch eile, tá sé de cheanglas ar thionscal cosanta an Aontais éifeachtúlacht níos mó a chur ar fáil dá chustaiméirí chun luach ar airgead a sholáthar agus, ag an am céanna, leasanna a scairshealbhóirí a chosaint.

**A.** Saincheisteanna cúlra

**1.** Beartas taighde agus forbartha

Tá cistiú AE dírithe go príomha ar chuspóirí sibhialtacha. Is féidir le cuid de na réimsí teicneolaíochta a chumhdaítear leis, áfach, – e.g. ábhair nó teicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide – cur le feabhas an bhoinn theicneolaíoch chosanta agus le hiomaíochas an tionscail. Ba cheart, dá bhrí sin, i gcás inar féidir, riachtanais an tionscail cosanta a léiriú i gcur chun feidhme bheartas taighde AE. Ag an gcruinniú a bhí aici i mí na Nollag 2013, thug an Chomhairle Eorpach cuireadh do na Ballstáit infheistíocht i gcláir thaighde chomhoibríocha a mhéadú, agus d'iarr sí ar an gCoimisiún freisin i gcomhar leis an nGníomhaireacht Eorpach um Chosaint (GEC) tograí a fhorbairt chun taighde dé-úsáide (sibhialta agus míleata) a spreagadh tuilleadh. In 2015, chinn na Ballstáit bogadh ón taighde a bhí dírithe go heisiach ar úsáid shibhialtach agus dhéach i dtreo clár taighde aonair tiomnaithe Eorpach um chosaint.

**2.** Onnmhairí

In 2008, ghlac an Chomhairle Comhsheasamh 2008/944/CBES (an Comhsheasamh), ina sonraítear comhrialacha lena rialaítear rialú onnmhairithe trealaimh agus teicneolaíochta míleata. Leis an gComhsheasamh sin, is é AE an t-aon eagraíocht réigiúnach a bhfuil comhaontú ceangailteach ó thaobh an dlí de bunaithe aige maidir le honnmhairiú gnáth-arm. Ba é an aidhm a bhí aige feabhas a chur ar chóineasú bheartais na mBallstát maidir le rialú ar onnmhairiú arm, ach onnmhairiú arm a bheith faoi réir na hinniúlachta náisiúnta i gcónaí. Tá córas rialaithe AE ar onnmhairithe é féin á rialú ag Rialachán (CE) Uimh 428/2009, lena sonraítear comhrialacha rialaithe AE agus liosta coiteann AE d'earraí dé-úsáide agus lena ndéantar foráil do chomhordú agus comhar chun tacú le cur chun feidhme agus forfheidhmiú comhsheasmhach ar fud an Aontais. I mí Mheán Fómhair 2016, ghlac an Coimisiún togra chun nuachóiriú a dhéanamh ar Rialachán (CE) Uimh. 428/2009 atá ann cheana agus chun rialuithe ar onnmhairithe ítimí dé-úsáide a neartú.

**B.** Beartas AE maidir leis an tionscal cosanta

**1.** I dtreo Mhargadh na hEorpa um Threalamh Cosanta

I mí Mheán Fómhair 2004, thíolaic an Coimisiún Páipéar Uaine ar sholáthar trealaimh cosanta (COM(2004) 0608), arb é is cuspóir leis rannchuidiú le 'margadh na hEorpa um threalamh cosanta a chruthú de réir a chéile' i measc na mBallstát. Bhí an páipéar uaine mar chuid de straitéis 2003 'I dtreo Bheartas AE um Threalamh Cosanta'. Ba é an aidhm a bhí leis feabhas a chur ar éifeachtúlacht na húsáide acmhainní i réimse na cosanta agus iomaíochas an tionscail san Eoraip a mhéadú, chomh maith le feabhsúcháin a dhéanamh ar threalamh míleata i gcomhthéacs an chomhbheartais Eorpaigh slándála agus cosanta.

In 2007, chomhaontaigh na Ballstáit feabhas a chur ar fhorbairt bhonn tionsclaíoch agus teicneolaíoch na cosanta Eorpaí le cúnamh ó straitéis thiomnaithe. I mí Iúil 2006, seoladh an Córas Idir-Rialtasach chun iomaíocht a spreagadh i margadh na hEorpa um threalamh cosanta. Déantar an córas idir-rialtasach deonach sin a oibriú ar bhonn an Chóid Iompair maidir le Soláthar Trealaimh Cosanta ó mhí na Samhna 2005, agus tacaíocht á fáil aige ó chóras tuairiscithe agus faireacháin chun cabhrú le trédhearcacht agus cuntasacht idir na Ballstáit a áirithiú. Gné thábhachtach eile ná an Cód Dea-Chleachtais sa Slabhra Soláthair ó mhí na Bealtaine 2005.

Tá an caighdeánú ar threalamh cosanta tábhachtach chun margaí náisiúnta a chomhtháthú. Rinneadh bearta nuair a seoladh tairseach don Chóras Tagartha Eorpaigh um Chaighdeáin Cosanta (EDSTAR) in 2012. Lean EDSTAR bunú Chóras Faisnéise na gCaighdeán Cosanta Eorpach (EDSIS), ar tairseach é le haghaidh caighdeánú níos forleithne a dhéanamh ar threalamh míleata Eorpach agus lena ndírítear ar fhógraíocht a dhéanamh faoi threalamh míleata a bheidh le forbairt nó a mbeidh modhnú substainteach le déanamh air.

I mí Iúil 2013, ghlac an Coimisiún teachtaireacht lena n-áirítear plean gníomhaíochta chun feabhas a chur ar éifeachtúlacht agus iomaíochas thionscal cosanta na hEorpa (COM(2013)0542). Fógraíodh sa teachtaireacht go mbunófaí sásra faireacháin margaidh le haghaidh soláthar cosanta.

## 2. Soláthar trealaimh cosanta agus aistrithe táirgí cosanta laistigh de AE

Trí Threoir 2009/43/CE maidir le haistrithe táirgí laistigh de AE a bhaineann le cosaint agus trí Threoir 2009/81/CE maidir le soláthar trealaimh cosanta agus slándála, tá treoirlíne ábhartha curtha ar bun ag an Aontas chun creat AE sa réimse sin a bhunú.

Le Treoir 2009/43/CE, rinneadh na coinníollacha agus nósanna imeachta maidir le haistrithe táirgí den sórt sin a shimpliú agus a chomhchuibhiú ar fud an Aontais. Chruthaigh sí córas aonfhoirmeach trédhearcach ceadúnas (ginearálta, domhanda agus aonair), agus lig sí do chuideachtaí a mheastar a bheith iontaofa tabhairt faoi aistrithe faoi cheadúnais ghinearálta. Bhí sé i gceist go mbeadh ceadúnú aonair ina eisceacht agus go mbeadh sé teoranta do chásanna ar léir go bhfuil siad inchosanta.

Le Treoir 2009/81/CE, tugadh isteach rialacha maidir le soláthar cosanta, arbh é ab aidhm dóibh é a dhéanamh níos éasca do chuideachtaí cosanta rochtain a fháil ar mhargaí cosanta Ballstát eile. Foráiltear léi do nós imeachta idirbheartaithe le foilsiú roimh ré mar an buan-nós imeachta, rud a chiallaíonn gurb ann do níos mó solúbthachta, rialacha sonraithe maidir le slándáil faisnéise íogaire, clásail maidir le slándáil an tsoláthair agus rialacha sonracha maidir le fochonraitheoireacht. Féadfaidh na Ballstáit, áfach, conarthaí cosanta agus slándála a dhíolmhú má bhíonn sé sin riachtanach chun a leasanna bunúsacha slándála a chosaint (Airteagal 346 CFAE).

I mí an Mheithimh 2021, sheol an tAontas anailís ar thodhchaí shlándáil agus chosaint na hEorpa. Mar thoradh ar an bpróiseas sin, cruthaíodh an Compás Straitéiseach, ar doiciméad beartais é ina leagtar síos straitéis slándála agus cosanta an Aontais do na 5-10 mbliana amach romhainn.

Bhí impleachtaí suntasacha ag ionradh na Rúise ar an Úcráin do chosaint na hEorpa. I mí Feabhra 2022, d’fhoilsigh an Coimisiún treochlár maidir le teicneolaíochtaí criticiúla le haghaidh slándála agus cosanta (COM(2022)0061). I mí an Mhárta 2022, rinne an Chomhairle athbhreithniú suntasach ar an gCompás Straitéiseach chun díchobhsú an ollstruchtúir Eorpaigh slándála agus an t-athrú ina dhiaidh sin ar sheasamh, uaillmhian agus uirlisí an Aontais i réimse na cosanta a chur san áireamh. (Féach 5.1.2)

D’fhoilsigh an Coimisiún togra le haghaidh rialachán lena mbunaítear an Gníomh um Thionscal Cosanta na hEorpa a Atreisiú trí Sholáthar comhoibríoch (EDIRPA) (COM(2022)0349) i mí Iúil 2022. Is ionstraim airgeadais ghearrthéarmach é sin chun soláthar comhpháirteach cosanta i measc na mBallstát a dhreasú den chéad uair.

## 3. An Ghníomhaireacht Eorpach um Chosaint

Bunaíodh an Ghníomhaireacht Eorpach um Chosaint (GEC) i mí Iúil 2004 faoi ghníomhaíocht chomhpháirteach ó Chomhairle na nAirí chun cumais chosanta a fhorbairt, comhar Eorpach um armálacha a chur chun cinn agus a fheabhsú, bonn tionsclaíoch agus teicneolaíoch na cosanta Eorpaí a neartú, margadh na hEorpa um threalamh cosanta a chruthú a bheadh iomaíoch go hidirnáisiúnta, agus éifeachtacht taighde agus teicneolaíochta i gcúrsaí cosanta na hEorpa a fheabhsú. Cuireadh cinneadh ón gComhairle in ionad ghníomhaíocht chomhpháirteach 2004 den chéad uair i mí Iúil 2011 agus ansin rinneadh athbhreithniú air i mí Dheireadh Fómhair 2015 le Cinneadh (CBES) 2015/1835 ón gComhairle maidir le reacht, suíomh agus rialacha oibríochtúla GEC.

**4.** An clár taighde Eorpach um chosaint

In ainneoin na n-iarrachtaí chun comhchreat maidir le beartas cosanta na hEorpa a chruthú, tá laghdú géar tagtha ar thaighde i gcúrsaí cosanta na hEorpa ó 2006. In 2015, chomhaontaigh na Ballstáit bogadh de réir a chéile ón taighde a bhí dírithe go heisiach ar úsáid shibhialtach agus dhéach sa chlár Fís 2020 i dtreo clár taighde tiomnaithe Eorpach um chosaint, arna mhaoiniú ag buiséad an Aontais ó 2021, mar chuid den Chiste Eorpach Cosanta (CEC).

I mí na Samhna 2016, d'fhoilsigh an Coimisiún an plean gníomhaíochta Eorpach um chosaint (COM(2016)0950), inar mhol sé CEC a bhunú agus gníomhaíochtaí eile chun éifeachtúlacht chaiteachas na mBallstát ar chumais chomhpháirteacha cosanta a fheabhsú agus bonn tionsclaíoch iomaíoch agus nuálach a chothú. Bhí coinne ag an Réamhbheart maidir le Taighde Cosanta (PADR)le CEC, le buiséad de EUR 90 milliún le haghaidh 2017-2019, agus leis an gClár Eorpach Forbartha Tionscal i réimse na Cosanta, le buiséad de EUR 500 milliún le haghaidh 2019-2020. Tháinig CEC i bhfeidhm an 1 Eanáir 2021 le buiséad comhaontaithe iomlán de bheagnach EUR 8 mbilliún don tréimhse 2021-2027 (Rialachán (AE) 2021/697).

## RÓL PHARLAIMINT NA HEORPA

Ghlac an Pharlaimint rúin éagsula a bhaineann leis an tionscal cosanta.

D'iarr an Pharlaimint go gcruthófaí gníomhaireacht Eorpach um airm agus go ndéanfaí caighdeánú i réimse na cosanta i rún uaithi an 10 Aibreán 2002. I rún uaithi i mí na Samhna 2005 maidir leis an bPáipéar Uaine ar sholáthar cosanta, spreagadh iarrachtaí an Choimisiúin rannchuidiú le margadh Eorpach um threalamh cosanta a chruthú de réir a chéile.

I rún an 22 Samhain 2012 maidir le cur chun feidhme CBSC, d'áitigh an Pharlaimint gur cheart comhdhlúthú bhonn tionsclaíoch agus teicneolaíoch thionscal cosanta na hEorpa a bheith mar thoradh freisin ar neartú na gcumas Eorpach.

D'iarr an Pharlaimint go ndéanfaí comhar tionsclaíoch Eorpach a atreisiú, agus leag sí béim ar an ngá atá le tacaíocht a thabhairt do mhisin CBSC trí thaighde agus forbairt Eorpach trí leas a bhaint as clár taighde Fís 2020 i rún uaithi an 21 Samhain 2013 maidir le bonn tionsclaíoch agus teicneolaíoch na cosanta Eorpaí.

In dhá rún a glacadh i mí na Bealtaine 2015 agus i mí Aibreáin 2016, d'iarr an Pharlaimint go mbeadh beartas eachtrach agus slándála Eorpach éifeachtach agus uaillmhianach ann agus d'áitigh sí ar na Ballstáit cuspóirí beartais a shainiú bunaithe ar chomhleasanna. Mhol an Pharlaimint go seolfaí Aontas Eorpach um Chosaint mar ábhar práinne i rún uaithi an 22 Samhain 2016.

I rún uaithi i mí an Mhárta 2021 maidir le soláthar i réimsí na cosanta agus na slándála agus aistrithe táirgí a bhaineann le cosaint, d'iarr an Pharlaimint ar an gCoimisiún rochtain FBManna ar mhaoiniú a fheabhsú. D'iarr sí freisin ar na Ballstáit an soláthar cosanta agus an comhar i dtaighde agus forbartha laistigh den Aontas a neartú, agus borradh a chur faoin idir-inoibritheacht idir na fórsaí míleata.

D'iarr an Pharlaimint go ndéanfaí rannchuidiú méadaithe chun cumais chosanta na hÚcráine a neartú i rún uaithi an 1 Márta 2022 maidir le hionsaí na Rúise i gcoinne na hÚcráine. Iarradh ar na Ballstáit dlús a chur le soláthar arm cosanta don Úcráin mar fhreagairt ar riachtanais a sainaithníodh go soiléir.

I rún uaithi an18 Eanáir 2023 maidir le cur chun feidhme CBSC – tuarascáil bhliantúil 2022, d'fháiltigh an Pharlaimint roimh thionscnaimh chosanta nua AE, lena n-áirítear EDIRPA. I mí Mheán Fómhair 2023, ghlac an Pharlaimint rún reachtach maidir leis an rialachán atá beartaithe maidir le EDIRPA. Chomhaontaigh na comhreachtóirí, i measc nithe eile, go dtiocfadh deireadh leis an ionstraim i mí na Nollag 2025 seachas in 2024 agus go mbeadh buiséad EUR 300 milliún aici.

I rún uaithi an 9 Bealtaine 2023 maidir le teicneolaíochtaí criticiúla don tslándáil agus don chosaint, chuir an Pharlaimint in iúl gur dhíol sásaimh di gur bhunaigh an Coimisiún faireachlann um theicneolaíochtaí criticiúla agus leag sí béim ar an ngá atá le spleáchas ar sholáthar ábhar criticiúil a laghdú, infheistíochtaí le haghaidh nuálaíochta agus forbartha a chothú, tosaíocht a thabhairt do thionscadail chomhpháirteacha arna gcistiú agus arna gcómhaoiniú ag AE, agus cistiú a mhéadú.

Chun tuilleadh eolais a fháil ar an ábhar seo, féach ar shuíomhanna gréasáin an Fhochoiste um Shlándáil agus um Chosaint agus an Choiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh.

Corinne Cordina
10/2023

# 2.4.5. BEARTAS TAIGHDE AGUS FORBARTHA TEICNEOLAÍCHE

Ó thús, is réimse tábhachtach den reachtaíocht Eorpach é beartas an Aontais i gcomhair taighde agus forbairt theicneolaíoch (TFT), agus leathnaíodh é sna 1980idí nuair a bunaíodh creatchlár Eorpach um thaighde. In 2014, tháinig an chuid is mó de mhaoiniú AE do thaighde faoi scáth Fís 2020, a chumhdaigh an tréimhse 2014-2020 agus a raibh sé d'aidhm aige iomaíochas domhanda an Aontais a áirithiú. Seoladh an clár Fís Eorpach, an chéad chlár taighde agus nuálaíochta eile in 2021 don tréimhse 2021-2027.

## BUNÚS DLÍ

Airteagail 179 go 190 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE).

## CUSPÓIRÍ

Ó tháinig an Ionstraim Eorpach Aonair i bhfeidhm, is é is aidhm le beartas TFT an Aontais ná tacaíocht a thabhairt do thionsclaíocht AE chun í a dhéanamh níos iomaíche ar leibhéal idirnáisiúnta. Luaitear in Airteagal 179 CFAE go mbeidh sé 'de chuspóir ag an Aontas a chuid fothaí eolaíocha agus teicneolaíocha a neartú trí limistéar Eorpach taighde a ghnóthú ina mbeidh taighdeoirí, fios eolaíoch agus teicneolaíocht ag gluaiseacht faoi shaoirse'.

## A BHFUIL BAINTE AMACH

**A.** Creatchláir um thaighde

Bunaíodh an chéad chreatchlár in 1983, ar feadh thréimhse ceithre bliana. Le linn na mblianta ina dhiaidh sin, cuireadh tacaíocht airgeadais ar fáil le creatchláir chomhleanúnacha chun beartais taighde agus nuálaíochta AE a chur chun feidhme. Forbraíodh a gcuspóir ó thacaíocht a chur ar fáil do chomhar trasteorann sa taighde agus teicneolaíocht go fíorchomhordú Eorpach a spreagadh ó thaobh gníomhaíochtaí agus beartas. Anois, is é an clár Fís Eorpach, an naoú creatchlár, an creatchlár is mó agus is uaillmhianaí, le buiséad de bheagnach EUR 95.5 billiún aige. De bhreis air sin, déantar deiseanna atá bainteach le taighde a chur ar fáil leis an mbeartas comhtháthaithe agus le cláir eile de chuid an Aontais, amhail Cistí Struchtúracha agus Infheistíochta na hEorpa, COSME, Erasmus+, clár LIFE, an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa agus cláir shláinte an Aontais.

**B.** (Idirnáisiúnta) comhordú agus comhar

Rinneadh scéim Ghréasán an Limistéir Eorpaigh Taighde (ERA-NET) a sheoladh in 2002 d'fhonn tacaíocht a thabhairt do chomhordú agus do chomhar na gclár taighde náisiúnta agus réigiúnach agus borradh a chur faoi chomhordú clár arna reáchtáil sna Ballstáit agus i dtíortha comhlachaithe trí líonrú, lena n-áirítear 'comhoscailt' clár agus cur chun feidhme gníomhaíochtaí comhpháirteacha. Leis an teann céanna comhordaithe agus comhair, le Fís 2020 chumhdaigh costais oibríochtúla COST, creat idir-rialtasach um Chomhar Eorpach san Eolaíocht agus sa Teicneolaíocht arna dhearadh chun cuidiú le taighde a mhaoinítear go náisiúnta a chomhordú ar leibhéal

AE. Ina theannta sin, rinneadh gníomhaíochtaí Fís 2020 a chomhordú le tionscnamh idir-rialtasach EUREKA, chun taighde agus nuálaíocht idirnáisiúnta atá dírithe ar an margadh a chur chun cinn. Is é Fís Eorpach an phríomhuirlis do chur chuige domhanda 2021 na hEorpa i leith taighde agus nuálaíochta, arb é is aidhm dó timpeallacht T & N a bhunú bunaithe ar rialacha agus ar luachanna, agus chun cómhalartacht agus cothrom iomaíochta a áirithiú. Mar chuid den chur chuige domhanda, in 2022, d'fhoilsigh an Coimisiún sraith straitéisí chun dul i ngleic le trasnaíocht eachtrach i T&N.

**C.** An Institiúid Eorpach um Nuálaíocht agus Teicneolaíocht

Cruthaíodh an Institiúid Eorpach um Nuálaíocht agus Teicneolaíocht (EIT) in 2008 d'fhonn nuálaíocht cheannródaíoch a spreagadh agus a sholáthar trí Phobail Eolais agus Nuálaíochta (PENanna) atá comhtháite ar leibhéal ard a chruthú. Cruinnítear le chéile sna PENanna ardoideachas, taighde, gnó agus fiontraíocht chun nuálaíochtaí nua agus múnlaí nuálaíochta nua a tháirgeadh ar féidir leo dreamanna eile a spreagadh chun amhlaidh a dhéanamh.

## RANNPHÁIRTÍOCHT

Is iad na rannpháirtithe a bhíonn páirteach i ngnáth-thionscadal arna mhaoiniú ag an Aontas ná eintitis dhlíthiúla, i.e. ollscoileanna, lárionaid taighde, gnólachtaí (lena n-áirítear fiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna)) agus taighdeoirí aonair ó Bhallstáit éagsúla, ó thíortha comhlachaithe agus ó thíortha neamh-AE. Tá roinnt acmhainní ar fáil ag AE chun a chuspóirí TFT a bhaint amach laistigh de chláir shonracha:

— Gníomhaíochtaí díreacha arna ndéanamh ag an Airmheán Comhpháirteach Taighde (JRC) agus arna maoiniú go hiomlán ag an Aontas;

— Gníomhaíochtaí indíreacha, lena n-áirítear: (i) tionscadail taighde chomhoibríocha arna ndéanamh ag cuibhreannais d'eintitis dhlíthiúla sna Ballstáit, i dtíortha comhlachaithe agus i dtríú tíortha; (ii) gréasáin barr feabhais — Clár Comhpháirteach Gníomhaíochtaí arna chur chun feidhme ag eagraíochtaí taighde éagsúla, ina gcomhtháthaítear a gcuid gníomhaíochtaí i réimse áirithe; (iii) gníomhaíochtaí comhordúcháin agus tacaíochta; (iv) tionscadail aonair (tacaíocht do thaighde 'ar thús cadhnaíochta'); nó (v) tacaíocht d'oiliúint agus d'fhorbairt gairme taighdeoirí, go príomhúil ar mhaithe le cur chun feidhme ghníomhaíochtaí Marie Skłodowska-Curie (MCSA).

## CLÁR FÍS 2020

I mí na Samhna 2011, rinne an Coimisiún a phacáiste reachtach a thabhairt isteach i gcomhair Fís 2020, creatchlár an Aontais faoi láthair le haghaidh 2014-2020. Ba é Fís 2020 céad chlár an Aontais chun taighde agus nuálaíocht a chomhtháthú le tacaíocht threisithe do chomhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí, do FBManna nuálacha agus d'úsáid ionstraimí airgeadais.

Trí shraith amháin rialacha a thabhairt isteach, simplíodh cúrsaí le Fís 2020 agus tugadh aghaidh ar dhúshláin sa tsochaí trí chuidiú leis an mbearna a dhruidim idir an taighde agus an margadh, mar shampla, trí chuidiú le fiontair nuálacha chun a bhfionnachtana teicneolaíocha a fhorbairt chun earraí inmharthana a bhfuil fíoracmhainneacht tráchtála acu a dhéanamh díobh. Áiríodh sa chur chuige

margadhthiomáinte sin comhpháirtíochtaí a chruthú leis an earnáil phríobháideach agus leis na Ballstáit chun leas a bhaint as na hacmhainní is gá.

Sa bhreis air sin, tugadh aird ar rannpháirtíocht i gcláir AE a leathnú amach ó thaobh FBManna agus na tionsclaíochta, taighdeoirí mná, tíortha nach Ballstáit sheanbhunaithe iad agus tíortha nach de chuid an Aontais iad.

Díríodh in Fís 2020 ar thrí phríomhcholún:

— Eolaíocht den scoth Tacaíodh an creatchlár le stádas an Aontais mar cheannródaí domhanda san eolaíocht le buiséad tiomnaithe EUR 24.4 billiún, lena n-áirítear méadú 77% ar mhaoiniú don Chomhairle Eorpach um Thaighde (ERC);

— Ceannaireacht thionsclaíoch: Bhí sé mar aidhm leis seo ceannaireacht thionsclaíoch sa nuálaíocht a dhaingniú le buiséad EUR 17.01 billiún. Áiríodh leis sin, infheistíocht EUR 13.5 billiún sna teicneolaíochtaí lena mbaineann an-tábhacht, agus freisin i rochtain níos fearr ar chaipiteal agus ar thacaíocht do FBManna;

— Dúshláin shochaíocha: EUR 29.68 billiún a chur i leataobh chun aghaidh a thabhairt ar sheacht gcinn de dhúshláin shochaíocha na hEorpa, eadhon an tsláinte, an t-athrú déimeagrafach agus an fholláine; sábháilteacht an tsoláthair bia, an talmhaíocht inbhuanaithe, taighde ar chúrsaí mara, ar chúrsaí muirí agus ar uisce intíre agus an bithgheilleagar; fuinneamh atá slán, glan agus éifeachtúil; iompar atá cliste, glas agus comhtháite; gníomhaíocht ar son na haeráide, éifeachtúlacht acmhainní agus amhábhair; an Eoraip i ndomhan atá ag athrú - sochaithe cuimsitheacha, nuálacha agus machnamhacha; agus sochaithe slána, ina ndéantar saoirse agus slándáil na hEorpa agus a cuid saoránach a chosaint.

Tugadh aghaidh ar roinnt tosaíochtaí trasna agus laistigh de thrí cholún Fís 2020. Áiríodh ina measc comhionannas inscne agus an ghné inscne den taighde; daonnachtaí agus eolaíochtaí sóisialta agus eacnamaíocha; comhar idirnáisiúnta; agus feidhmíocht agus a bhfuil bainte amach ag an Limistéar Eorpach Taighde agus ag an Aontas Nuálaíochta a chothú, chomh maith le cur le cláir shuaitheanta eile de chuid Eoraip 2020 (e.g. an Clár Oibre Digiteach).

Chun FBManna a spreagadh chun páirt a ghlacadh ann, bhí ionstraim airgeadais thiomnaithe ag an gCoimisiún lena gcuirtear deontais ar fáil i gcomhair taighde agus forbartha (T&F) agus lena gcuidítear le tráchtálú, trí rochtain ar scairchaipiteal (maoiniú i gcomhair infheistíocht luath agus infheistíocht ag céim an fháis) agus ar shaoráidí fiachais (e.g. iasachtaí agus urrúis).

I mí na Samhna 2013, ghlac an Pharlaimint an creat airgeadais ilbhliantúil (CAI), faoina leithdháiltear buiséad EUR 77 mbilliún (ar phraghsanna 2013) ar Fhís 2020. I mí an Mheithimh 2015, áfach, laghdaíodh an figiúr de bharr ghlacadh an Chiste Eorpaigh le haghaidh Infheistíochtaí Straitéiseacha (CEIS) go EUR 74.8 billiún.

## AN CLÁR 'FÍS EORPACH'

### A. Fís Eorpach 2021-2027

Cuirfidh an clárFís Eorpach borradh faoi iomaíochas an Aontais agus cuideoidh sé leis an Aontas a thosaíochtaí straitéiseacha a bhaint amach.

— Eolaíocht oscailte: Leanúint de cholún eolaíochta den scoth an chláir Fís 2020 le buiséad EUR 22 bhilliún.

— Dúshláin Dhomhanda agus Iomaíochas Tionsclaíoch: Tugtar aghaidh ar iomaíochas tionsclaíoch na hEorpa agus misin taighde-bhunaithe a chur chun feidhme ar fud an Aontais chun dul i ngleic le dúshláin shochaíocha shonracha lena ngabhann buiséad EUR 47.6 billiún.

— An Nuálaíocht Oscailte: Is é an aidhm atá leis ná an Eoraip a bheith ina ceannródaí i nuálaíochtaí cruthaithe margaidh, éiceachóras nuálaíochta a fhorbairt agus an Institiúid Eorpach um Nuálaíocht agus Teicneolaíocht (EIT) a neartú chun comhtháthú gnó, taighde, ardoideachais agus fiontraíochta a chothú le buiséad EUR 12 billiún.

I Márta 2021, d'fhoilsigh an Coimisiún plean straitéiseach an chláir Fís Eorpach 2021-2024, inar leagadh amach ceithre cinn de phríomhthreoshuíomhanna don infheistíocht, lena n-áirítear príomhtheicneolaíochtaí, earnálacha agus slabhraí luacha, chomh maith le sochaí Eorpach athléimneach. I mBealtaine 2022, leasaigh an Coimisiún Clár Oibre an chláir Fís Eorpach 2021-2022, rud a mhéadaigh an buiséad, lena n-áirítear le haghaidh WomenTechEU, chun tacú le gnólachtaí nuathionscanta domhainteicneolaíochta atá faoi stiúir ban.

**B.** Rannpháirtíocht na Ríochta Aontaithe agus an clár Fís Eorpach

Leis an gComhaontú maidir le Trádáil agus Comhar a bhain an tAontas agus an Ríocht Aontaithe amach, tugtar rochtain go sainráite don Ríocht Aontaithe ar chúig chlár maoiniúcháin de chuid an Aontais, lena n-áirítear an clár Fís Eorpach[1]. Íocfaidh an Ríocht Aontaithe as an stádas 'Tír Chomhlachach' a bronnadh ar na 16 thír neamh-Aontas a raibh baint acu leis an gclár Fís 2020 roimhe seo. Bhí stop curtha le comhlachas na Ríochta Aontaithe le Fís Eorpach ó 2021 i leith mar gheall ar chaibidlíocht maidir le cur chun feidhme phrótacal Thuaisceart Éireann, go dtí go thángthas ar chomhaontú an 7 Meán Fómhair 2023. Foráiltear leis an gcomhaontú sin go mbeidh rochtain ag taighdeoirí agus eagraíochtaí sa Ríocht Aontaithe ar chistiú Fís Eorpach ón 1 Eanair 2024.

## RÓL PHARLAIMINT NA HEORPA

Le hos cionn 20 bliain anuas, tá beartas TFT de chuid an Aontais a bheadh níos uaillmhianaí de réir a chéile á éileamh ag an bParlaimint, chomh maith le méadú suntasach sa chaiteachas iomlán ar thaighde sna Ballstáit chun iomaíochas idirnáisiúnta AE a choimeád agus a threisiú. Mhol an Pharlaimint freisin le haghaidh comhair níos mó le comhpháirtithe nach den Aontas iad, dlúth-chomhtháthú gníomhaíochtaí idir na Cistí Struchtúracha agus na Creatchláir, agus cur chuige spriocdhírithe chun rannpháirtíocht FBManna a bharrfheabhsú agus chun rannpháirtíocht gníomhaithe atá níos laige a bhfuil gealladh fúthu a éascú. Thairis sin, d'éiligh an Pharlaimint go ndéanfaí nósanna imeachta a shimpliú agus go ndéanfaí na creatchláir níos solúbtha, chun go mbeadh sé indéanta acmhainní a aistriú chuig réimsí a bhfuil gealladh níos mó fúthu agus freagairt do dhálaí mar a athraíonn siad agus do thosaíochtaí taighde nua mar a thagann siad chun cinn.

Sna caibidlíochtaí tríthaobhacha maidir le pacáiste Fís 2020, as ar eascair comhaontú leis an gComhairle i mí an Mheithimh 2013, d'éirigh leis na Feisirí roinnt athruithe ar an togra a bhaint amach, go háirithe cur isteach dhá chuspóir nua ag a bhfuil struchtúir agus línte buiséid ar leith:

[1]Airteagail 719 agus 720 den Chomhaontú Trádála agus Comhair.

— Borradh a chur faoi chomhar agus plé idir an pobal eolaíoch agus an tsochaí agus tarraingteacht ghairmeacha T&F a mhéadú do dhaoine óga;

— Raon na rannpháirtithe sa chlár a leathnú amach trí institiúidí a chur i bpáirt lena chéile, foirne taighde a nascadh lena chéile agus dea-chleachtais a mhalartú.

Sa bhreis air sin, bhí FBManna chun ar a laghad 20% de bhuiséad comhcheangailte cholúin na ‘ceannaireachta tionsclaíche’ agus na ‘ndúshlán sochaíoch’ a fháil.

An 27 Aibreán 2021, d’fhormheas an Pharlaimint an clár Fís Eorpach a mbeadh buiséad EUR 95.5 billiún aige, lena n-áirítear EUR 5.4 billiún ón bplean téarnaimh NextGenerationEU, chomh maith le hinfheistíocht bhreise de EUR 4 bhilliún ó AE (CAI). Chuir an Coimisiún an clár i bhfeidhm go sealadach cheana ón 1 Eanáir 2021. Ar deireadh, sa tréimhse 2021-2027, beidh leithdháileadh buiséid iomlán de EUR 95.517 billiún ag an gclár Fís Eorpach i bpraghsanna 2021.

I rún uaithi an 8 Iúil 2021 maidir le LET nua don Taighde agus don Nuálaíocht, d’admhaigh an Pharlaimint gur príomhthosaíocht de chuid AE é an limistéar Eorpach taighde a thabhairt chun críche trí shaorghluaiseacht taighdeoirí agus saorchúrsaíocht eolais agus teicneolaíochta eolaíche a bhaint amach. Leag sí béim ar a thábhachtaí atá sé sineirgí a chruthú idir an t-ardoideachas, institiúidí taighde agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta, chomh maith le comhghuaillíochtaí tionsclaíocha. Tharraing an Pharlaimint aird freisin ar an ról tábhachtach a bhí ag T & N le linn phaindéim COVID-19 chun teacht ar réitigh ilearnálacha agus thrasdisciplíneacha chun an ghéarchéim a shárú.

Ina rún an 6 Aibreán 2022 maidir le cur chuige domhanda i leith taighde agus nuálaíochta: Straitéis na hEorpa maidir le comhar idirnáisiúnta i ndomhan atá ag athrú, tá sé á mheabhrú ag an bParlaimint go bhfuil gá le hinfheistíocht leanúnach i scileanna agus i ngairmeacha taighdeoirí. Cuireann sí in iúl chomh maith go bhfuil gá le comhar iltaobhach riailbhunaithe agus leag sí béim ar an gcoinníoll nach féidir comhaontuithe comhlachais faoin gclár Fís Eorpach a shíniú ach amháin le tíortha atá tiomanta do gheilleagar oscailte margaidh atá bunaithe ar rialacha, lena n-áirítear déileáil ar bhealach cóir agus cothrom le cearta maoine intleachtúla, urraim do chearta an duine, faoi choimirce institiúidí daonlathacha.

I rún uaithi an 1 Márta 2022 maidir le hionsaitheacht na Rúise i gcoinne na hÚcráine, d’iarr an Pharlaimint go gcuirfí maoiniú do chláir comhairtaighde agus nuálaíocht leis an Rúis, ar cláir iad a fhaigheann cistí Aontais a chosc nó a aistarraingt agus go ndéanfaí cláir idir-réigiúnacha a chur ar fionraí.

I rún uaithi an 4 Deireadh Fómhair 2023 ar an gcaidreamh idir AE agus an Eilvéis, ag tabhairt dá haire gur tríú tír neamhchomhlachaithe in Erasmus+ agus in Fís Eorpach í an Eilvéis, leag an Pharlaimint béim ar chomhoibriú idir AE agus an Eilvéis maidir le taighde, nuálaíocht agus forbairt, agus d’iarr sí ar na comhpháirtithe teacht ar chur chuige comhchoiteann maidir le rannpháirtíocht na hEilvéise. Thug an Pharlaimint chun suntais a thábhachtaí atá iarrachtaí comhpháirteacha AE-na hEilvéise chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin dhomhanda, amhail an t-athrú aeráide, sláinte agus slándáil fuinnimh, trí thaighde agus forbairt.

Chun tuilleadh eolais a fháil faoin ábhar seo, féach suíomh gréasáin an Choiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh (ITRE).

Kristi Polluveer
11/2023

# 2.4.6. BEARTAS NUÁLAÍOCHTA

Tá ról na nuálaíochta inár ngeilleagar ag éirí níos tábhachtaí. Chomh maith le dul chun tairbhe do thomhaltóirí agus d'oibrithe an Aontais, tá sé ríthábhachtach i ndáil le poist níos fearr a chruthú, sochaí níos glaise a thógáil, agus feabhas a chur ar ár gcáilíocht saoil. Tá sé ríthábhachtach freisin chun iomaíochas an Aontais ar mhargaí domhanda a choinneáil. Is é beartas nuálaíochta an comhéadan idir beartas taighde agus forbartha teicneolaíche agus beartas tionsclaíochta, agus tá sé mar aidhm aige creat a chruthú a spreagfadh smaointe nua chun an mhargaidh.

## AN BUNÚS DLÍ

Airteagal 173 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), ina sonraítear go 'bhféachfaidh an tAontas agus na Ballstáit chuige go mbeidh na dálaí is gá ann chun cumas iomaíochta thionscal an Aontais a áirithiú'.

Le hAirteagail 179 go 190 CFAE, rialaítear taighde agus forbairt theicneolaíoch (TFT) agus beartas spáis an Aontais. Is é an creatchlár ilbhliantúil an phríomhionstraim de bheartas TFT an Aontais, lena sainítear cuspóirí, tosaíochtaí agus an pacáiste tacaíochta airgeadais. Is iad Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle a ghlacann creatchláir TFT, ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach agus tar éis dóibh dul i gcomhairle le Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa.

## CUSPÓIRÍ

Aithnítear go forleathan a thábhachtaí atá beartas nuálaíochta agus tá sé nasctha go dlúth freisin le beartais AE eile, amhail beartais maidir le fostaíocht, iomaíochas, an aeráid agus an comhshaol, tionscal agus fuinneamh. Is é ról na nuálaíochta torthaí taighde a aistriú ina seirbhísí agus ina dtáirgí nua agus níos fearr chun a bheith iomaíoch i gcónaí ar an margadh domhanda agus chun cáilíocht saoil na ndaoine a fheabhsú.

Caitheann an tAontas céatadán níos lú de OTI bliantúil (2.3 % in 2020) ná mar a chaitheann na Stáit Aontaithe (3.45 % in 2020) agus an tSeapáin (3.26 % in 2020) ar thaighde agus forbairt (T&F). Sa bhreis air sin, téann go leor de na daoine is oilte san Aontas ar imirce, agus bogann ár dtaighdeoirí agus ár nuálaithe is fearr go dtí tíortha ina bhfuil coinníollacha níos fabhraí. Tá margadh AE ilroinnte go fóill agus níl sé fabhrach a dhóthain don nuálaíocht. Chun na treochtaí sin a aisiompú, tá coincheap an'Aontais Nuálaíochta' forbartha ag AE, a bhfuil sé mar aidhm aige:

- Gníomhaí eolaíochta den chéad scoth a dhéanamh den Aontas;
- Deireadh a chur le bacainní ar an nuálaíocht – amhail paitinniú costasach, ilroinnt an mhargaidh, moill chun caighdeán a shocrú agus ganntanais scileanna – a chuireann cosc ar smaointe teacht go tapaidh chun an mhargaidh;
- An bealach ina n-oibríonn an earnáil phoiblí agus phríobháideach i gcomhar lena chéile a athrú ó bhonn, go háirithe trí chomhpháirtíochtaí Eorpacha um nuáil a chur chun feidhme idir institiúidí AE, údaráis náisiúnta agus réigiúnacha agus gnó.

## A BHFUIL BAINTE AMACH

**A.** An tAontas Nuálaíochta

Ba cheann amháin de sheacht dtionscamh shuaitheanta de chuid straitéis Eoraip 2020 do gheilleagar cliste, inbhuanaithe agus cuimsitheach é an tAontas Nuálaíochta. Ba é an Coimisiún Eorpach a sheol é in 2010, agus é mar aidhm leis feabhas a chur ar choinníollacha agus rochtain ar mhaoiniú le haghaidh taighde agus nuálaíocht in AE, chun go bhféadfaí smaointe nuálacha a iompú ina dtáirgí agus ina seirbhisí a chuireann borradh faoin bhfás agus a chruthaíonn poist. Bhí sé mar aidhm ag an Aontas Nuálaíochta fíormhargadh aonair Eorpach don nuálaíocht a chruthú, a mheallfadh cuideachtaí agus gnólachtaí nuálacha. Chun é sin a bhaint amach, moladh bearta éagsúla i réimsí amhail cosaint paitinne, caighdeánú, soláthar poiblí agus rialáil chliste. Tugadh isteach roinnt ionstraimí chun an staid agus an dul chun cinn atá á dhéanamh in AE a mheas agus faireachán a dhéanamh orthu, lena n-áirítear:

— Scórchlár cuimsitheach le haghaidh nuálaíocht san Aontas atá bunaithe ar 32 tháscaire agus margadh faisnéise Eorpach le haghaidh paitinní agus ceadúnaithe. Is ionstraim de chuid an Choimisiúin é an Scórchlár Eorpach Nuálaíochta (EIS) a forbraíodh faoi Straitéis Liospóin chun measúnú comparáideach a dhéanamh ar fheidhmíocht nuálach Bhallstáit an Aontais Eorpaigh, tíortha Eorpacha eile, agus comharsana réigiúnacha;

— Scórchlár nuálaíochta réigiúnaí a dhéanann réigiúin AE a aicmiú i gceithre ghrúpa maidir le feidhmiú nuálaíochta: ‘ceannairí nuálaíochta’, ‘nuálaithe láidre’, ‘nuálaithe measartha mór’ agus ‘nuálaithe atá ag teacht chun cinn’. Tugann sé sin léargas níos cruinne ar an nuálaíocht ar an leibhéal áitiúil.

Mhol an tAontas Nuálaíochta freisin bearta chun an Limistéar Eorpach Taighde a chur i gcrích chun comhsheasmhacht níos fearr a áirithiú idir beartais taighde an AE agus beartais náisiúnta taighde, agus chun deireadh a chur le bacainní ar shoghluaisteacht taighdeoirí. Maidir le cúrsaí oideachais, tacaíonn an Coimisiún le tionscadail chun curaclaim nua a fhorbairt ina rachfar i ngleic le bearnaí scileanna nuálaíochta.

**B.** Fís 2020 agus Fís Eorpach

Mar thionscnamh suaitheanta de chuid Eoraip 2020 lena ndírítear ar iomaíochas domhanda an Aontais a dhaingniú, is faoin ionstraim airgeadais Fís 2020 a thacaítear le cur chun feidhme an Aontais Nuálaíochta. Cé gurbh é an 8ú creatchlár AE (2014-2020) um thaighde é, ba é an clár Fís 2020 an chéad chlár chun taighde agus nuálaíocht a chomhtháthú agus rinneadh leis roinnt de na gealltanais ar leith de chuid an Aontais Nuálaíochta a achtú. In 2013, ghlac an Pharlaimint an creat airgeadais ilbhliantúil (CAI), faoina leithdháiltear buiséad EUR 77 mbilliún (ar phraghsanna 2013) ar Fhís 2020. De bharr ghlacadh an Chiste Eorpaigh le haghaidh Infheistíochtaí Straitéiseacha (CEIS) in 2015, áfach, ciorraíodh an figiúr sin go EUR 74.8 billiún.

Rinneadh measúnú eatramhach ar Fhís 2020 in 2018 agus úsáideadh na torthaí chun bonn a leagan síos do struchtúr agus d’ábhar an chláir Fís Eorpach, a raibh togra foilsithe ina thaobh in 2018.

Mar fhreagairt do phaindéim COVID-19, thíolaic an Coimisiún tograí leasaithe le haghaidh an dá ghníomh dlí i mí an Mheithimh 2020 chun go bhféadfar cistiú breise a chur ar fáil d’Fhís Eorpach leis an ionstraim téarnaimh NextGenerationEU (NGEU). I mí Iúil 2020, tháinig an Chomhairle Eorpach ar chomhaontú maidir leis an bplean

téarnaimh don Eoraip, plean ina dtugtar le chéile CAI do na blianta 2021-2027 agus na cistí a chuirfear ar fáil trí NGEU. Bunaíodh an clár Fís Eorpach le Rialachán (AE) 2021/695, lena leagtar síos cuspóirí an chláir, an buiséad don tréimhse 2021 go 2027, na foirmeacha cistiúcháin ón Aontas agus na rialacha a bhaineann leis an gcistiú sin a sholáthar. Maidir le Fís Eorpach, comhaontaíodh ar deireadh leithdháileadh buiséid EUR 5.4 billiún ó ionstraim NGEU, go háirithe chun tacú leis an téarnamh glas agus digiteach ó ghéarchéim COVID-19. Tá sé sin mar chuid de bhuiséad iomlán Fís Eorpach dar luach EUR 95.5 billiún don tréimhse 2021-2027. In 2022, rinne an Coimisiún leasú ar chlár oibre Fís Eorpach 2021-2022, rud a mhéadaigh an buiséad, lena n-áirítear an buiséad do WomenTechEU, a thacaíonn le gnólachtaí nuathionscanta domhainteicneolaíochta atá faoi stiúir ban, agus sheol sé gníomhaíochtaí eile chun borradh a chur faoi acmhainneacht nuálaíochta na hEorpa.

**C.** Beartas comhtháthaithe

Dírítear le beartas comhtháthaithe ar thaighde agus ar nuálaíocht freisin. I réigiúin níos forbartha, déantar 85% ar a laghad d’acmhainní ó Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa ar an leibhéal náisiúnta a leithdháileadh ar chuspóirí a bhaineann leis an nuálaíocht, agus is infheistíochtaí in Eoraip níos cliste, níos glaise, níos nasctha agus níos sóisialta iad tosaíochtaí 2021-2027 atá níos gaire dá saoránaigh.

**D.** Ionstraimí airgeadais

Bhí sé d’aidhm ag an Aontas Nuálaíochta freisin infheistíocht ón earnáil phríobháideach a spreagadh. Dá bhrí sin, i measc nithe eile, mhol sé méadú ar infheistíochtaí caipitil fiontair an Aontais. Chun rochtain ar iasachtaí a fheabhsú le haghaidh tionscadail taighde agus forbartha agus chun tionscadail taispeána a sheoladh, rinne an Coimisiún, i gcomhar le Grúpa an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta (an Banc Eorpach Infheistíochta (BEI) agus an Ciste Eorpach Infheistíochta), tionscnamh comhpháirteach a sheoladh faoi Fhís 2020. Sraith uirlisí airgeadais agus seirbhísí comhairliúcháin comhtháite agus comhlántacha a bhí sa tionscnamh sin, dar teideal ‘InnovFin – Maoiniú ón Aontas Eorpach do Nuálaithe’, a bhí curtha ar fáil ag Grúpa an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta, agus lenar cumhdaíodh slabhra breisluach uile um thaighde agus nuálaíochta chun tacú le hinfheistíochtaí ón bhfiontar is lú go dtí na fiontair is mó.

Sa bhreis air sin, in 2014 mhol an Coimisiún a ‘Phlean Infheistíochta don Eoraip’ chun EUR 315 bhilliún ar a laghad a fhuascailt le haghaidh hinfheistíochtaí poiblí agus príobháideacha san ‘fhíorgheilleagar’ thar thréimhse fhioscach trí bliana. Ceann de trí cholún den ‘Phlean Infheistíochta don Eoraip’ ab ea CEIS agus bhí sé mar aidhm aige clistí sa mhargaidh a shárú trí dhul i ngleic leis na bearnaí sa mhargadh agus infheistíocht phríobháideach a shlógadh. Chabhraigh sé le hinfheistíochtaí straitéiseacha a mhaoiniú i réimsí tábhachtacha amhail bonneagar, taighde agus nuálaíocht, oideachas, fuinneamh inathnuaite agus éifeachtúlacht fuinnimh, mar aon le maoiniú riosca d’fhiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna) (2.4.2).

Thairis sin, tugadh isteach freisin clár um Iomaíochas na bhFiontar agus na bhFiontar Beag agus Meánmhéide (COSME) chun díriú ar ionstraimí airgeadais agus tacaíocht a chur ar fáil d’idirnáisiúnú FBManna.

**E.** An Institiúid Eorpach um Nuálaíocht agus Teicneolaíocht

Bunaíodh an Institiúid Eorpach um Nuálaíocht agus Teicneolaíocht (EIT) sa bhliain 2008 le Rialachán (CE) Uimh. 294/2008, arna leasú go deireanach le Rialachán (AE) 2021/819. Is é an misean foriomlán atá aici iomaíochas na hEorpa, a fás

eacnamaíoch inbhuanaithe agus cruthú post a mhéadú trí chomhar a chur chun cinn agus a neartú i measc eagraíochtaí gnó, oideachais agus taighde. Tá sé mar aidhm aici freisin an nuálaíocht agus an fhiontraíocht a chumhachtú san Eoraip trí thimpeallachtaí a chothú le go mbeidh rath ar smaointe cruthaitheacha agus nuálacha. Baineann EIT na cuspóirí sin amach go príomha trína Comhphobail Nuálaíochta, a thugann le chéile os cionn 1 200 comhpháirtí ó réimsí an ghnó, an taighde agus an oideachais ('triantán an eolais').

**F.** An Chomhairle Nuálaíochta

In 2017, chruthaigh an Coimisiún Grúpa Ardleibhéil Nuálaithe, a raibh 15 bhall páirteach ann agus a chabhraigh chun an Chomhairle Nuálaíochta Eorpach (CNE) a mhúnlú faoi chuimsiú na dtograí ón gCoimisiún maidir leis an gclár a thiocfaidh i ndiaidh Fhís 2020, Fís Eorpach. Is é EIC clár suaitheanta nuálaíochta an Aontais chun nuálaíochtaí ceannródaíocha a shainaithint, a fhorbairt agus a uas-scálú, agus go háirithe an teicneolaíocht dhomhain, nuálaíochtaí, agus tá buiséad EUR 10.1 billiún aige chun tacú leo ar feadh na saolré ó thaighde luathchéime go cruthúnas coincheapa, aistriú teicneolaíochta, agus maoiniú agus méadú gnólachtaí nuathionscanta agus FBManna. In 2021, shínigh an Coimisiún Meabhrán Tuisceana idir CNE agus EIT chun a gcomhar a neartú chun tacú leis na fiontraithe Eorpacha is fearr. Mar fhreagairt do chogadh foghach na Rúise san Úcráin, chuir an Coimisiún EUR 20 milliún i leataobh chun tacú le gnólachtaí nuathionscanta na hÚcráine trí leasú spriocdhírithe a dhéanamh ar chlár oibre CNE do 2022.

**G.** An Clár Oibre Nuálaíochta Eorpach

In 2022, ghlac an Coimisiún Clár Oibre Nua Eorpach um Nuálaíocht, inar moladh 25 ghníomhaíocht shonracha i gcúig réimse shuaitheanta: gnólachtaí atá i mbun fáis a chistiú; an nuálaíocht a chumasú trí spásanna turgnamhaíochta agus soláthar poiblí; dlús a chur leis an nuálaíocht in éiceachórais nuálaíochta na hEorpa agus í a neartú ar fud an Aontais; buanna na teicneolaíochta doimhne a chothú, a mhealladh agus a choinneáil; agus feabhas a chur ar uirlisí ceaptha beartas. Is é is aidhm dó an Eoraip a chur ar thús cadhnaíochta sa rabharta nua de nuálaíocht na teicneolaíochta doimhne, lena n-éilítear taighde agus forbairt cheannródaíoch maille le hinfheistíocht shuntasach chaipitil chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin phráinneacha shochaíocha. Chun forbairt leanúnach a dhéanamh ar ghnéithe straitéiseacha an Chláir Oibre Eorpaigh um Nuálaíocht, cruthaíodh an Bonn Braite Eorpach um Nuálaíocht mar ardán le haghaidh comhairle agus plé ar shaincheisteanna atá ag teacht chun cinn le hionadaithe ardleibhéil ó lucht acadúil agus tionscail na hEorpa.

In eagrán 2022 an Choimisiúin den tuarascáil ar Fheidhmíocht na hEolaíochta, an Taighde agus na Nuálaíochta (SRIP), dírítear freisin ar fheidhmíocht nuálaíochta an Aontais i gcomhthéacs domhanda agus moltar bearta chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna amhail an deacracht a bhaineann le tallann a mhealladh agus a choinneáil.

## RÓL PHARLAIMINT NA HEORPA

Ghlac an Pharlaimint roinnt rún chun beartas nuálaíochta AE a neartú tuilleadh, lena n-áirítear an méid seo a leanas:

— Rún an 16 Meitheamh 2010 maidir le Straitéis 2020 AE. Leis an rún sin tugadh tacaíocht láidir do bheartas a chumhdaíonn an earnáil tionsclaíochta ina hiomláine

agus bhí sé mar aidhm aige an timpeallacht is fearr a chruthú chun bonn tionsclaíoch atá láidir, iomaíoch agus éagsúil a chothabháil agus a fhorbairt san Aontas, mar aon leis an aistriú go geilleagar inbhuanaithe agus éifeachtúil ó thaobh fuinnimh de;

— Rún an 12 Bealtaine 2011 dar teideal 'Aontas Nuálaíochta: an Eoraip a chlaochlú don domhan iar-ghéarchéime';

— Rún an 26 Deireadh Fómhair 2011 maidir leis an gClár Oibre do Scileanna nua agus do Phoist. Leagadh béim sa rún sin ar a thábhachtaí atá sé comhar níos dlúithe a fhorbairt idir institiúidí taighde agus tionscal, agus cuideachtaí tionsclaíochta a spreagadh agus tacaíocht a thabhairt dóibh infheistiú sa taighde agus san fhorbairt;

— Rún an 6 Iúil 2016 maidir le sineirgí don nuálaíocht: Cistí Struchtúracha agus Infheistíochta na hEorpa, Fís 2020 agus cistí nuálaíochta Eorpacha eile agus cláir AE;

— Rún an 25 Samhain 2020 maidir le Straitéis Nua Tionsclaíochta don Eoraip, inar chuir an Pharlaimint i bhfios go láidir go bhfuil gá le bonn tionsclaíoch iomaíoch agus infheistíocht ollmhór sa taighde agus sa nuálaíocht i bpríomhtheicneolaíochtaí cumasúcháin, i réitigh nuálacha, agus i bpríomhshlabhraí luacha chun ceannasacht agus uathriail straitéiseach AE a áirithiú;

— Rún an 6 Aibreán 2022 maidir le cur chuige domhanda i leith taighde agus nuálaíochta: Straitéis na hEorpa maidir le comhar idirnáisiúnta i ndomhan atá ag athrú, inar cuireadh fáilte roimh an teachtaireacht ón gCoimisiún maidir leis an tsaincheist agus inar leagadh béim ar an ngá atá ann go bhforbródh an tAontas comhar iltaobhach riailbhunaithe chun aghaidh a thabhairt ar na príomhdhúshláin dhomhanda eacnamaíocha, shochaíocha agus chomhshaoil, ar cheart ról lárnach a bheith ag T&N iontu;

— Rún an 22 Samhain 2022 maidir le cur chun feidhme na Comhairle Nuálaíochta Eorpaí, inar iarr an Pharlaimint ar an gCoimisiún athmheasúnú a dhéanamh ar chur chun feidhme Chiste CNE faoin gclár Fís Eorpach agus moltaí a dhéanamh maidir le tacaíocht níos éifeachtaí don nuálaíocht cheannródaíoch san Eoraip.

Chun tuilleadh eolais a fháil faoin ábhar seo, féach suíomh gréasáin an Choiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh (ITRE).

Kristi Polluveer
11/2023

# 2.4.7. BEARTAS FUINNIMH: PRIONSABAIL GHINEARÁLTA

I measc na ndúshlán a gcaithfidh an tAontas aghaidh a thabhairt orthu i réimse an fhuinnimh tá saincheisteanna amhail spleáchas ar allmhairí, éagsúlú teoranta, praghsanna fuinnimh arda agus luaineacha, méadú ar éileamh ar fhuinneamh, rioscaí slándála i dtíortha táirgíochta agus i dtíortha idirthurais, bagairtí méadaitheacha an athraithe aeráide, dícharbónú, dul chun cinn mall maidir le héifeachtúlacht fuinnimh, dúshláin a bhaineann leis an sciar méadaitheach d'fhoinsí inathnuaite, agus an gá atá le margaí fuinnimh níos trédhearcaí, níos comhtháite agus níos idirnasctha. Tá bearta éagsúla arb é is aidhm dóibh Aontas Fuinnimh iomlán a bhaint amach i gcroílár bheartas fuinnimh an Aontais.

## BUNÚS DLÍ

Airteagal 194 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE).

Forálacha sonracha:

— Slándáil an tsoláthair: Airteagal 122 CFAE;

— Líonraí fuinnimh: Airteagail 170-172 CFAE;

— Gual: soiléirítear i bPrótacal 37 na hiarmhairtí airgeadais a bhí ann mar thoradh ar an gConradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Ghual agus Cruach a dhul in éag in 2002;

— Fuinneamh núicléach: tá an Conradh ag Bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach (Conradh Euratom) ina bhunús dlí d'fhormhór ghníomhaíochtaí an Aontais i réimse an fhuinnimh núicléach.

Forálacha eile lena ndéantar difear don bheartas fuinnimh:

— An margadh inmheánach fuinnimh: Airteagal 114 CFAE;

— Beartas seachtrach fuinnimh: Airteagail 216-218 CFAE.

## CUSPÓIRÍ

De réir an Aontais Fuinnimh (2015), is iad seo a leanas cúig phríomhaidhm bheartas fuinnimh an Aontais:

— Éagsúlú a dhéanamh ar fhoinsí fuinnimh na hEorpa, slándáil fuinnimh a áirithiú trí dhlúthpháirtíocht agus comhar idir tíortha an Aontais;

— Feidhmiú margaidh fuinnimh inmheánaigh a áirithiú, ar margadh lánchomhtháite é, saorshreabhadh fuinnimh a chumasú tríd an Aontas trí bhonneagar leormhaith agus gan bacainní teicniúla nó rialála;

— Feabhas a chur ar éifeachtúlacht fuinnimh agus spleáchas ar allmhairí fuinnimh a laghdú, astaíochtaí a laghdú go mór agus poist agus fás a spreagadh;

— An geilleagar a dhícharbónú agus dul chun cinn a dhéanamh ionsar gheilleagar ísealcharbóin i gcomhréir le Comhaontú Pháras;

— Taighde a chur chun cinn ar theicneolaíochtaí fuinnimh ísealcharbóin agus glana, agus tús áite a thabhairt do thaighde agus nuálaíocht chun an t-aistriú fuinnimh a spreagadh agus chun feabhas a chur ar iomaíochas.

Faoi Airteagal 194 CFAE, tá roinnt réimsí den bheartas fuinnimh roinnte i réimsí ó thaobh inniúlachta de, rud a léiríonn gluaiseacht i dtreo comhbheartas fuinnimh. Mar sin féin, tá sé de cheart ag gach Ballstát ‘na coinníollacha maidir lena acmhainní fuinnimh a shaothrú, a rogha idir foinsí éagsúla fuinnimh agus struchtúr ginearálta a sholáthair fuinnimh a chinneadh’ (Airteagal 194(2)).

## A BHFUIL BAINTE AMACH

**A.** Creat beartais ginearálta

Tá an beartas fuinnimh Eorpach atá ann faoi láthair bunaithe ar straitéis an Aontais Fuinnimh a foilsíodh i mí Feabhra 2015, a raibh sé mar aidhm léi aontas fuinnimh a thógáil chun soláthar fuinnimh atá slán, inbhuanaithe, iomaíoch agus inacmhainne a thabhairt do theaghlaigh agus do ghnólachtaí an Aontais. I measc na spriocanna fuinnimh atá ag an Aontas faoi láthair do 2030 tá:

— An Sciar i bhfuinnimh in-athnuaite i dtomhaltas fuinnimh a mhéadú go 42.5 %, agus é mar aidhm 45 % a bhaint amach;

— Laghdú 11.7 % ar thomhaltas príomhúil (táscach) agus ar ídiú fuinnimh deiridh i gcomparáid le réamh-mheastacháin 2020, arb ionann é agus 992.5 milliún tona agus 763 mhilliún tona de choibhéis ola (Mtoe) faoi seach;

— Idirnascadh 15% ar a laghad de chórais leictreachais an Aontais.

Bhí an creat rialála Eorpach reatha maidir le fuinneamh bunaithe ar phacáiste suntasach ‘Oiriúnach do 55’ an Aontais, pacáiste a bhí dírithe ar dtús ar na spriocanna aeráide agus fuinnimh uile a ailíniú. Rinneadh é sin a mhodhnú i ndiaidh a chéile le plean REPowerEU, a raibh sé mar aidhm leis deireadh a chur de réir a chéile de réir a chéile leis an spleáchas ar bhreoslaí iontaise na Rúise.

Tá an creat comhdhéanta de roinnt forálacha lena gcumhdaítear cur chun cinn an fhuinnimh in-athnuaite (Treoir (AE) 2018/2001), éifeachtúlacht fuinnimh (Treoir (AE) 2018/2002), rialachas agus idirnascacht leictreachais (Rialachán (AE) 2018/1999), dearadh an mhargaidh leictreachais (Treoir (AE) 2019/944 agus Rialachán (AE) 2019/943), ullmhacht riosca (Rialachán (AE) 2019/941), feidhmíocht fuinnimh foirgneamh (Directive (EU) 2018/844),margaí gáis agus hidrigine dícharbónaithe (Treoir 2009/73/CE agus Rialachán (CE) Uimh. 715/2009), cánachas fuinnimh (Treoir 2003/96/CE), bonneagair thras-Eorpacha fuinnimh (Rialachám (AE) 2022/869), comhar idir rialtóirí fuinnimh (Rialachán (AE) 2019/942), cadhnraí (Rialachán (AE) 2023/1542), athruithe tar éis tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas (Cinneadh (AE) 2019/504), agus tionscnaimh aeriompair agus muiriompair (Rialachán (AE) 2023/2405 agus Rialachán (AE) 2023/1805). Faoin gcreat atá ann faoi láthair, ní mór do thíortha an Aontais pleananna comhtháite náisiúnta fuinnimh agus aeráide 10 mbliana a bhunú (PNFAanna) don tréimhse ó 2021 go 2030, tuarascáil maidir le dul chun cinn a chur isteach gach dara bliain agus straitéisí náisiúnta fadtéarmacha comhleanúnacha a fhorbairt chun spriocanna Chomhaontú Pháras a chomhlíonadh.

Mar thoradh ar mhodhnuithe REPowerEU, leathnaíodh an creat fuinnimh chun rialacha a chur san áireamh maidir le híosleibhéil líonta gáis 90 % roimh an ngeimhreadh

(Rialachán (AE) 2022/1032), spriocanna deonacha 15 % maidir leis an éileamh ar ghás a laghdú do na Ballstáit (Rialachán (AE) 2022/1369; arna shíneadh go dtí mí an Mhárta 2024), comhiomlánú deonach éilimh gáis (Rialachán (AE) 2022/2576; Ardán Fuinnimh an Aontais), spriocanna laghdaithe éilimh leictreachais 10 % agus 5 % le linn buaicuaireanta agus idirghabhálacha éigeandála a bhfuil teorainn ama leo chun aghaidh a thabhairt ar phraghsanna arda fuinnimh (Rialachán (AE) 2022/1854). Is í an tslándáil fuinnimh agus na hábhair imní maidir le hinacmhainneacht praghsanna is cúis leis an gclár oibre beartais atá ann faoi láthair.

**B.** An margadh inmheánach fuinnimh a chomhlánú

Le margadh fuinnimh inmheánach atá comhtháite go hiomlán agus a fheidhmíonn go cuí áirithítear praghsanna fuinnimh inacmhainne, tugtar na comharthaí riachtanacha maidir le praghsanna le haghaidh infheistíochtaí i bhfuinneamh glas, daingnítear soláthairtí fuinnimh agus osclaítear an chonair is saoire ó thaobh costais de chuig an aeráidneodracht.

Bhí an reachtaíocht maidir leis an margadh inmheánach fuinnimh, a tugadh isteach den chéad uair sa Tríú Pacáiste maidir le Fuinneamh (2009-2014), bunaithe ar phrionsabail an chomhair trasteorann agus na margaí miondíola cothroma. Bhí na pacáistí a lean ar aghaidh dírithe ar riosca-ullmhacht, comhordú, dreasachtaí do thomhaltóirí, dícharbónú agus slándáil an tsoláthair fuinnimh. Tá caibidlíocht institiúideach idir na comhreachtóirí maidir le dearadh an mhargaidh leictreachais a athchóiriú fós ar siúl (féach bileog eolais 2.1.9 maidir leis an margadh inmheánach fuinnimh).

**C.** Éifeachtúlacht fuinnimh

Is é bunchloch bheartas éifeachtúlachta fuinnimh an Aontais an Treoir nua maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh (Treoir (AE) 2023/1791 (EED)), atá bunaithe ar 'bhunphrionsabal na héifeachtúlachta fuinnimh' agus a bhunaítear, mar sprioc éifeachtúlachta fuinnimh AE do 2030, laghdú 11.7 % ar thomhaltas fuinnimh príomhúil (táscach) agus deiridh AE, i gcomparáid le réamh-mheastacháin 2020. Ní mó ná 992.5 agus 763 Mtoe faoi seach atá sé sin comhbhéiseach. Leagtar síos leis an bprionsabal 'tús áite don éifeachtúlacht fuinnimh' oibleagáid ar thíortha an Aontais a áirithiú go gcuirfear réitigh éifeachtúlachta fuinnimh san áireamh i gcinntí pleanála, beartais agus infheistíochta in earnálacha an fhuinnimh agus an neamhfhuinnimh araon (féach bileog eolais 2.4.8 maidir le héifeachtúlacht fuinnimh).

**D.** Fuinneamh In-athnuaite

Is foinsí fuinnimh in-athnuaite iad grianchumhacht, fuinneamh gaoithe, fuinneamh aigéin agus hidreachumhacht, bithmhais agus bithbhreoslaí. Ní féidir le margaí fuinnimh amháin an leibhéal foinsí inathnuaite atá ag teastáil san Aontas a bhaint amach, rud a chiallaíonn go bhféadfadh gá a bheith le scéimeanna tacaíochta náisiúnta agus scéimeanna maoinithe AE. Áirítear ar phrionsabail bheartas an Aontais maidir le fuinneamh in-athnuaite éagsúlú a sholáthair fuinnimh, acmhainní fuinnimh áitiúla a fhorbairt chun cinnteacht an tsoláthair a áirithiú agus a spleáchas ar fhuinneamh seachtrach a laghdú. Is í an Treoir nua maidir le Fuinneamh In-athnuaite (AE) 2023/2413bunchloch bheartas an Aontais maidir le fuinneamh in-athnuaite, lenar bunaíodh sprioc 42.5 % do sciar an fhuinnimh in-athnuaite i dtomhaltas deiridh fuinnimh an Aontais faoi 2030, agus é mar aidhm 45 % a bhaint amach. Tá ról speisialta ag hidrigin, arb iompróir fuinnimh dícharbónaithe í. Tá roinnt straitéisí agus pleananna ann

le haghaidh foinsí éagsúla fuinnimh in-athnuaite (féach bileog eolais 2.4.9 maidir le fuinneamh in-athnuaite).

**E.** An caidreamh fuinnimh seachtrach a neartú

Tar éis an chinnidh deireadh a chur de réir a chéile le hallmhairí fuinnimh na Rúise, is é éagsúlú a sholáthair fuinnimh is cúis le beartas fuinnimh seachtrach reatha an Aontais. I mí an Mhárta 2022, moladh i dteachtaireacht REPowerEU laghduithe ollmhóra tapa 155 bcm ar a laghad ar úsáid gás iontaise in AE, arb ionann é agus an méid a allmhairíodh ón Rúis in 2021, a bhfuil dhá thrian díobh le baint amach laistigh de bhliain. I mí na Bealtaine 2022, i gcomhréir le plean REPowerEU, d'oibrigh an tAontas Eorpach le comhpháirtithe idirnáisiúnta chun soláthairtí a éagsúlú, allmhairí gáis nádúrtha leachtaithe (GNL) a dhaingniú agus seachadtaí nua gáis phíblíne a mhéadú. Chruthaigh sé Ardán Fuinnimh AE, sásra comhordúcháin deonach lena dtacaítear le ceannach comhpháirteach gáis agus hidrigine san Aontas, agus d'fhoilsigh sé Straitéis Fuinnimh Sheachtraigh AE ag tacú leis an Úcráin, leis an Moldóiv, leis na Balcáin Thiar agus le tíortha Chomhpháirtíocht an Oirthir.

**F.** Slándáil an tsoláthair fuinnimh a fheabhsú

Áirítear i mbeartas reatha an Aontais maidir le slándáil fuinnimh bearta comhordaithe chun soláthairtí fuinnimh a dhaingniú agus rialacha chun tionóiscí ar shuiteálacha amach ón gcósta a chosc agus freagairt dóibh, chomh maith le cur isteach a d'fhéadfadh a bheith ann ar sholáthar fuinnimh agus ar stoic éigeandála ola agus gáis, lena n-áirítear ceadúnais taiscéalaíochta agus táirgthe. Tar éis ionradh na Rúise ar an Úcráin i mí Feabhra 2022, ba í slándáil an tsoláthair fuinnimh an phríomhthosaíocht fuinnimh.

Cumhdaítear beartas tras-Eorpach an AE maidir le bonneagar fuinnimh le rialacháin GTE-F. Arna ghlacadh i mí an Mheithimh 2022, sainaithnítear le Rialachán GTE-F (AE) 2022/869 aon chonair tosaíochta déag i réigiúin gheografacha éagsúla le haghaidh bonneagar leictreachais, eangaí amach ón gcósta agus hidrigine. Sainítear ann Tionscadail Leasa Choitinn (Tionscadail leasa choitinn) laistigh de thíortha an Aontais agus tionscadail leasa choitinn idir an tAontas agus tíortha nach bhfuil san Aontas, cuirtear deireadh leis an tacaíocht do thionscadail nua gáis nádúrtha agus ola agus tugtar isteach critéir inbhuanaitheachta éigeantacha do gach tionscadal. Déantar Rialachán GTE-F (AE) 2022/869 a chistiú leis an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa 2021-2027, a bunaíodh le Rialachán (AE) 2021/1153.

Mar chuid den Chomhaontú Glas don Eoraip, is é an Ciste um Aistriú Cóir an phríomhionstraim chomhtháthaithe lena dtacaítear le réigiúin atá dian ar ghual agus ar charbón agus iad ag aistriú chuig foinsí fuinnimh ísealcharbóin.

**G.** Tionscadail taighde, forbartha agus léirithe

Is é Fís Eorpach an clár réime a bheidh ar siúl ó 2021 go 2027 agus príomhuirlis an Aontais chun taighde fuinnimh a chur chun cinn, le buiséad EUR 95.5 billiún (i bpraghsanna 2018), lena n-áirítear EUR 5.4 billiún ón gclár NextGenerationEU.

Leis an bplean Eorpach um Theicneolaíocht Straitéiseach Fuinnimh (SET), cuireadh dlús le córas fuinnimh aeráidneodrach a thabhairt isteach agus a ghlacadh ar an margadh trí theicneolaíochtaí ísealcharbóin a ghlacadh. Sainaithníodh ann 10 dteicneolaíocht agus gníomhaíocht le haghaidh taighde agus nuálaíochta lena gcumhdaítear an slabhra nuálaíochta ina iomláine, lena n-áirítear maoiniú agus an creat rialála.

I ngeall ar an ról mór atá ag leictreachas maidir le dícharbónú, sainaithníodh cadhnraí mar fheistí stórála leictreachais mar phríomhtheicneolaíochtaí cumasúcháin de gheilleagar ísealcharbóin. Tá sé mar aidhm ag an bplean um ghníomhaíocht straitéiseach maidir le ceallraí bonn tionsclaíoch atá comhtháite, inbhuanaithe agus iomaíoch a thógáil do cheallraí ar fud an domhain.

## RÓL PHARLAIMINT NA HEORPA

Tá sé tugtha le fios riamh ag an bParlaimint go dtacaíonn sí go láidir le comhbheartas fuinnimh ina dtugtar aghaidh ar shaincheisteanna a bhaineann le dícharbónú, le hiomaíochas, le slándáil agus le hinbhuanaitheacht. Tá sé iarrtha go mion minic aici go mbeadh comhleanúnachas, diongbháilteacht, comhar agus dlúthpháirtíocht ann idir na Ballstáit agus aghaidh á tabhairt ar dhúshláin atá ann faoi láthair sa mhargadh inmheánach, agus ar na cinn a bheidh ann amach anseo, mar aon le tiomantas polaitiúil na mBallstát uile ina leith sin.

Sna rúin is déanaí ón bParlaimint maidir leis an bhfuinneamh, chonacthas méadú ar ábharthacht agus ar uaillmhian na gcuspóirí aeráide agus comhshaoil go léir atá mar bhonn agus mar thaca ag beartas fuinnimh AE: I mí na Samhna 2019, d'fhógair an Pharlaimint an éigeandáil aeráide agus chomhshaoil san Eoraip; I mí Dheireadh Fómhair 2020, d'iarr sí go ndéanfaí sprioc an Aontais a laghdú 60 % in astaíochtaí gás ceaptha teasa uile an Aontais faoi 2030 agus go gcuirfí deireadh de réir a chéile leis na fóirdheontais uile do bhreoslaí iontaise faoi 2025 ar a dhéanaí Mar fhreagairt ar phaindéim COVID-19, d'athdhearbhaigh sí na straitéisí glasa agus digiteacha mar bhunchlocha Aontas Fuinnimh AE. I mí Mheán Fómhair 2022, thacaigh sé le spriocanna níos uaillmhianaí éifeachtúlachta fuinnimh agus fuinnimh in-athnuaite.

An 1 Márta 2022,cháin an Pharlaimint ionradh míleata neamhdhleathach, gan chúis gan údar na Rúise ar an Úcráin. I mí Aibreáin 2022, d'iarr sí go ndéanfaí lánchosc láithreach ar allmhairí ola, guail, breosla núicléach agus gáis ón Rúis. I mí Dheireadh Fómhair 2022, d'iarr sí ar thíortha an Aontais deireadh a chur le soláthairtí agus díshealbhuithe do theaghlaigh leochaileach agus chuir sí in iúl gur oth léi gur thíolaic an Coimisiún go leor dá thograí i bhfoirm rialachán ón gComhairle in ionad nós imeachta comhchinnteoireachta. Ghlac sí roinnt rún eile freisin maidir le gnéithe sonracha den choinbhleacht: á chur in iúl gur geal léi stádas mar iarrthóir AE a bhronnadh ar an Úcráin agus ar an Moldóiv agus peirspictíocht Eorpach a bhronnadh ar an tSeoirsia; feabhas a chur ar chosaint an Aontais Eorpaigh do leanaí agus do dhaoine óga atá ag teitheadh ón gcogadh san Úcráin agus ag cur béim ar thionchar an chogaidh ar mhná.

Tacaíonn an Pharlaimint freisin le héagsúlú foinsí fuinnimh agus bealaí soláthair. Tá béim leagtha aici ar a thábhachtaí atá na hidirnaisc gáis agus leictreachais ar fud lár agus oirdheisceart na hEorpa ar ais thuaidh-theas chun níos mó idirnasc a chruthú, críochfoirt GNL a éagsúlú agus píblínte a fhorbairt, rud a dhéanfadh an margadh inmheánach a oscailt. Agus an ról suntasach atá ag an taighde chun soláthar inbhuanaithe fuinnimh a áirithiú á thabhairt chun suntais aici, leag an Pharlaimint béim ar an ngá atá le comhiarrachtaí i réimse na dteicneolaíochtaí nua fuinnimh agus le cistiú breise poiblí agus príobháideach.

Chun tuilleadh eolais a fháil faoin ábhar seo, féach suíomh gréasáin an Choiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh.

Matteo Ciucci
11/2023

# 2.4.8. ÉIFEACHTÚLACHT FUINNIMH

Is tosaíocht straitéiseach don Aontas Fuinnimh í an éifeachtúlacht fuinnimh, atá bunaithe ar bhunphrionsabal na héifeachtúlachta fuinnimh. Meastar bearta éifeachtúlachta fuinnimh a bheith ina mbealach, chun soláthar fuinnimh inbhuanaithe a bhaint amach, astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú, feabhas a chur ar shlándáil an tsoláthair, billí allmhairithe a laghdú agus iomaíochas AE a chur chun cinn. Tá forbairt shuntasach tagtha ar reachtaíocht AE maidir le héifeachtúlacht fuinnimh le 15 bliana anuas. In 2023, mhéadaigh na comhreachtóirí an sprioc éifeachtúlachta fuinnimh, i.e. an sprioc chun tomhaltas deiridh fuinnimh AE a laghdú, go 11.7% faoi 2030.

## BUNÚS DLÍ

Airteagal 194 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

## A BHFUIL BAINTE AMACH

**A.** An Treoir maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh

**1.** An Treoir maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh: i dtreo 2020

Faoi (Threoir (2012/27/AE)), maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh, a tháinig i bhfeidhm i mí na Nollag 2012, ceanglaíodh ar na Ballstáit spriocanna táscacha náisiúnta maidir leis an éifeachtúlacht fuinnimh a leagan síos chun a chinntiú go mbainfeadh AE a phríomhsprioc amach, i.e. an tomhaltas fuinnimh a laghdú 20% faoi 2020. I ndearbhthéarmaí, ní fhéadfadh tomhaltas fuinnimh AE faoi 2020 a bheith níos mó ná 1 474 agus 1 078 milliún tona de choibhéis ola don fhuinneamh príomhúil agus deiridh faoi seach. Bhí an tsaoirse ag na Ballstáit na híoscheanglais sin a dhéanamh níos déine agus iad ag iarraidh fuinneamh a shábháil. Sa treoir freisin, tugadh isteach sraith beart ceangailteach chun cabhrú leis na Ballstáit an sprioc sin a bhaint amach agus leagadh síos rialacha, atá ceangailteach ó thaobh dlí de, d'úsáideoirí deiridh agus do sholáthróirí fuinnimh. Bhí ceangal ar na Ballstáit a bpleananna gníomhaíochta náisiúnta trí bliana um éifeachtúlacht fuinnimh a fhoilsiú.

**2.** An Treoir athbhreithnithe maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh: i dtreo 2030

I Samhain 2018, mar chuid den phacáiste 'Fuinneamh Glan do gach Eorpach', mhol an Coimisiún go ndéanfaí athbhreithniú ar an Treoir maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh, rud a mhéadódh spriocanna laghdaithe tomhaltais fuinnimh phríomha agus deiridh AE go 32.5% faoi 2030, i gcomparáid leis na réamhaisnéisí tomhaltais fuinnimh do 2030 a rinneadh in 2007. I ndearbhthéarmaí, ní fhéadfadh tomhaltas fuinnimh AE faoi 2020 a bheith níos mó ná 1 128 agus 846 milliún tona de choibhéis ola don fhuinneamh príomhúil agus deiridh faoi seach. Leis an treoir freisin, cuireadh de cheangal ar na Ballstáit bearta a chur i bhfeidhm chun a dtomhaltas fuinnimh bliantúil a laghdú 4.4 % ar an meán faoi 2030. I gcomhréir le Rialachán (AE) 2018/1999, bhí ar na Ballstáit spriocanna náisiúnta fuinnimh a mholadh agus pleananna náisiúnta fuinnimh agus aeráide 10 mbliana a bhunú don tréimhse 2021-2030. Ní mór dóibh freisin tuarascálacha faoi dhul chun cinn a thíolacadh gach dhá bhliain a ndéanann an Coimisiún faireachán orthu agus iad a mheasúnú, ar féidir leis bearta a dhéanamh

ar leibhéal an Aontais chun a áirithiú go bhfuil siad comhsheasmhach le spriocanna foriomlána AE. Tháinig an treoir nua i bhfeidhm i mí na Nollag 2018 agus rinne na Ballstáit í a thrasuí sa dlí náisiúnta faoin 25 Meitheamh 2020.

In Iúil 2021, mar chuid den phacáiste 'Oiriúnach do 55', mhol an Coimisiún céadleasú ar an Treoir maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh chun a spriocanna maidir le héifeachtúlacht fuinnimh a ailíniú le huaillmhian nua aeráide AE agus chuir sé an bunphrionsabal na héifeachtúlachta fuinnimh mar cholún den Aontas Fuinnimh sa reachtaíocht. I gcomhréir leis an bprionsabal seo, ní mór do na Ballstáit a áirithiú go ndéantar réitigh éifeachtúlachta fuinnimh, lena n-áirítear acmhainní ar thaobh an éilimh agus solúbthachtaí córais, a mheasúnú i gcinntí pleanála, i mbeartais agus in infheistíochta móra. Moladh ann sprioc bhliantúil cheangailteach AE maidir le héifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú go 9 % ar a laghad faoi 2030, arna thomhas i gcomparáid le tuartha nuashonraithe do 2030 a rinneadh in 2020 (comhionann le spriocanna éifeachtúlachta fuinnimh do thomhaltas fuinnimh príomhúil agus deiridh faoi seach go 39% agus 36% faoi 2030, arna dtomhas i gcoinne seantuartha do 2030, a rinneadh in 2007). I ndearbhthéarmaí, ní bheadh tomhaltas fuinnimh AE faoi 2030 faoin togra níos mó ná 1 023 agus 787 milliún tona de choibhéis ola don fhuinneamh príomhúil agus deiridh faoi seach faoi 2030.

Sa togra, iarradh ar na Ballstáit spriocanna náisiúnta táscacha maidir le laghdú fuinnimh a leagan síos, cuireadh foirmle ar fáil do na Ballstáit chun a rannchuidithe a ríomh, tugadh isteach sásraí uathoibríocha feabhsaithe chun bearnaí a líonadh agus, maidir leis an oibleagáid atá ar na Ballstáit coigilteas fuinnimh bliantúil nua a dhéanamh, rinneadh í a dhúbailt go 1.5 % den tomhaltas fuinnimh deiridh ó 2024 go 2030. Tugadh isteach inti freisin ceanglais eiseamláireacha d'fhoirgnimh phoiblí, amhail sprioc bhliantúil laghdú a dhéanamh ar an tomhaltas fuinnimh 1.7 % don earnáil phoiblí agus sprioc athchóirithe de 3 % ar a laghad d'achar urláir iomlán foirgneamh riaracháin phoiblí. Moladh inti an bhochtaineacht fuinnimh a mhaolú trí thosaíocht a thabhairt do chustaiméirí leochaileacha agus tugadh isteach inti oibleagáidí iniúchóireachta agus ceanglais inniúlachta teicniúla, go háirithe i gcás tomhaltóirí móra fuinnimh.

I mBealtaine 2022, mar chuid dá phlean REPowerEU tar éis fhogha na Rúise faoin Úcráin, mhol an Coimisiún an dara hathbhreithniú ar an Treoir maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh, lena méadaítear a thuilleadh an sprioc cheangailteach éifeachtúlachta fuinnimh ó 9% go 13%. I ndearbhthéarmaí, ní bheadh tomhaltas fuinnimh AE faoi 2030 faoin togra níos mó ná 980 agus 750 milliún tona de choibhéis ola don fhuinneamh príomhúil agus deiridh faoi seach faoi 2030.

Rinneadh mionsonrú sa togra ar athruithe iompraíochta gearrthéarmacha chun an t-éileamh ar ghás agus ar ola a laghdú 5 % agus moladh do na Ballstáit ann tús a chur le feachtais chumarsáide shonracha a dhíríonn ar theaghlaigh agus ar thionscal agus úsáid a bhaint as bearta fioscacha chun tús a chur le coigilteas fuinnimh, amhail rátaí cánach breisluacha laghdaithe maidir le córais téimh atá tíosach ar fhuinneamh, insliú foirgneamh agus fearais agus táirgí. Leagadh amach ann freisin bearta teagmhasacha i gcás mórshuaitheadh soláthair, agus fógraíodh ann treoir maidir le critéir le haghaidh tosaíocht tomhaltóirí agus maidir le plean comhordaithe chun éileamh a laghdú ar leibhéal an Aontais a éascú. Idir Iúil agus Nollaig 2022, comhlánaíodh an treoir trí spriocanna nua maidir le laghdú éilimh a thabhairt isteach sa mhargadh inmheánach fuinnimh (2.1.9), lena n-áirítear sprioc dheonach laghdú 15 % (nó 45 bhilliún méadar ciúbach) ar ghás idir Lúnasa 2022 agus Márta 2023, sprioc dheonach maidir le holl-

laghdú leictreachais 10 % idir Nollaig 2022 agus Márta 2023 agus sprioc éigeantach laghdú 5 % ar leictreachas le linn buaicuaireanta.

Leis an Treoir nua maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh (Treoir (AE) 2023/1791), atá i bhfeidhm ón 10 Deireadh Fómhair 2023, socraítear spriocanna éifeachtúlachta fuinnimh AE, i.e. laghdú ar thomhaltas fuinnimh príomhúil agus deiridh ar leibhéal an Aontais, go 11.7% faoi 2030, i gcomparáid le réamhaisnéisí ídithe fuinnimh 2030 a rinneadh in 2020. I ndearbhthéarmaí, ní bheidh tomhaltas fuinnimh AE faoi 2020 a níos mó ná 992.5 agus 763 milliún tona de choibhéis ola don fhuinneamh príomhúil agus deiridh faoi seach faoi 2030. Socróidh gach Ballstát rannchuidiú táscach náisiúnta maidir le héifeachtúlacht fuinnimh bunaithe ar thomhaltas deiridh fuinnimh chun sprioc cheangailteach an Aontais maidir le tomhaltas deiridh fuinnimh a bhaint amach. Bainfidh na Ballstáit coigilteas fuinnimh carnach úsáide deiridh amach faoi 2030 atá comhionann le coigilteas bliantúil nua de 0.8% ar a laghad den tomhaltas deiridh fuinnimh suas go dtí an 31 Nollaig 2023, 1.3% ón 1 Eanáir 2024, 1.5% ón 1 Eanáir 2026 agus 1.9% ón 1 Eanáir 2028. Leis an treoir tugadh isteach an oibleagáid ar an earnáil phoiblí chun ról eiseamláireach a bheith aici: ní mór do chomhlachtaí poiblí AE a dtomhaltas iomlán deiridh fuinnimh a laghdú 1.9% ar a laghad gach bliain i gcomparáid le 2021, agus ní mór dóibh 3% ar a laghad d'achar urláir iomlán a gcuid foirgneamh téite agus/nó fuaraithe a athchóiriú gach bliain. Bunaíodh leis freisin oibleagáidí tuairiscithe do lárionaid sonraí, siopaí ilfhreastail tiomnaithe d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide, do theaghlaigh agus do chomhlachtaí poiblí, agus oibleagáidí chun téamh agus fuarú a phleanáil i mbardas ina bhfuil daonra níos mó ná 45 000.

## B. Creat ginearálta

### 1. Feidhmíocht fuinnimh foirgneamh

#### a. An Treoir maidir le Feidhmíocht Fuinnimh Foirgneamh

Is é is aidhm don Treoir maidir le Feidhmíocht Fuinnimh Foirgneamh (Treoir (AE) 2010/31), arna leasú in 2018, a áirithiú go mbeidh stoc foirgneamh atá an-éifeachtúil ó thaobh fuinnimh de agus dícharbónaithe ag gach Ballstát faoi 2050. Leis an Treoir maidir le Feidhmíocht Fuinnimh Foirgneamh, tugadh straitéisí athchóirithe fadtéarmacha éigeantacha isteach do na Ballstáit chun tacú leis an stoc náisiúnta d'fhoirgnimh phoiblí agus phríobháideacha a athchóiriú ina stoc foirgneamh atá an-éifeachtúil ó thaobh fuinnimh de agus dícharbónaithe faoi 2050. Ina theannta sin, cuireadh dlús le claochlú na bhfoirgneamh atá ann cheana ina 'bhfoirgnimh nach mór neodrach ó thaobh fuinnimh' faoi 2050, rud a éilíonn nach mór gach foirgneamh nua a bheith nach mór neodrach ó thaobh fuinnimh de ó 2021 ar aghaidh, agus tacaíodh le nuachóiriú na bhfoirgneamh uile le teicneolaíochtaí cliste.

An 15 Nollaig 2021, mhol an Coimisiún go ndéanfaí athbhreithniú ar an Treoir maidir le Feidhmíocht Fuinnimh Foirgneamh chun í a ailíniú lena uaillmhianta atá neodrach ó thaobh na haeráide de. Leagtar amach san athbhreithniú an fhís agus na huirlisí chun stoc foirgneamh astaíochtaí nialasacha a bhaint amach faoi 2050, tugtar isteach sainmhíniú nua ar fhoirgnimh astaíochtaí nialasacha agus déantar na sainmhínithe atá ann cheana a bheachtú, amhail 'foirgneamh nach mór neodrach ó thaobh fuinnimh' agus 'athchóiriú domhain'. San athbhreithniú, cuirtear pleananna náisiúnta athchóirithe foirgneamh in ionad straitéisí athchóirithe fadtéarmacha, ar pleananna iad atá níos oibríochtúla agus faoi réir faireachán níos fearr, atá le cur isteach faoin 30 Meitheamh 2024. Méadaítear ann íoschaighdeáin fuinnimh trína cheangal go mbeadh gach foirgneamh nua de chuid an Aontais saor ó astaíochtaí amhail ó 2030 agus gach

foirgneamh poiblí nua amhail ó 2027, go ndéanfaí gach foirgneamh neamhchónaithe in aicme feidhmíochta fuinnimh G a athchóiriú go haicme F ar a laghad faoi 2027 agus go haicme E faoi 2030, agus go mbeadh aicme F ar a laghad ag gach foirgneamh cónaithe faoi 2030 agus aicme E acu faoi 2033. Leis an athbhreithniú, áirithítear caighdeáin náisiúnta inchomparáide le haghaidh deimhnithe feidhmíochta fuinnimh faoi 2025, tugtar isteach pasanna athchóirithe deonacha faoi 2024 agus táscaire ullmhachta cliste faoi 2026, agus cuirtear tacaíocht airgeadais ar fáil chun an bhochtaineacht fuinnimh a mhaolú.

An 18 Bealtaine 2022, tar éis ionradh na Rúise ar an Úcráin agus i gcomhréir leis an bplean REPowerEU, rinne an Coimisiún leasú ar an Treoir maidir le Feidhmíocht Fuinnimh Foirgneamh trí fheabhas a chur ar thacaíocht do ghrianfhuinneamh i bhfoirgnimh, lena n-áirítear oibleagáid a thabhairt isteach de réir a chéile agus ar bhonn roghnaíoch maidir le feistí grianfhuinnimh a shuiteáil ar dhíonta (tionscnamh um dhíonta gréine) agus bearta chun an t-éileamh ar fhuinneamh a laghdú.

**b.** An straitéis rabharta athchóiriúcháin

I nDeireadh Fómhair 2020, d’fhoilsigh an Coimisiún straitéis rabharta athchóirithe chun borradh a chur faoin athchóiriú a bhfuil sé mar aidhm léi na rátaí athchóirithe a dhúbailt ar a laghad sna 10 mbliana amach romhainn agus a chinntiú go mbeidh éifeachtúlacht fuinnimh agus éifeachtúlacht acmhainne níos fearr mar thoradh ar athchóirithe. Cuireann an tionscnamh rabharta athchóiriúcháin le bearta a comhaontaíodh faoin bpacáiste ‘Fuinneamh glan do gach Eorpach’, go háirithe an ceanglas go bhfoilseodh gach Ballstát straitéis fhadtéarmach um athchóiriú foirgneamh, agus na gnéithe tógála de phleananna náisiúnta fuinnimh agus aeráide gach Ballstáit.

**2.** Comhghiniúint

Faoi chuimsiú phacáiste an Aontais Fuinnimh, sheol an Coimisiún straitéis AE maidir le téamh agus fuarú in 2016 chun borradh a chur faoi éifeachtúlacht fuinnimh foirgneamh, feabhas a chur ar na naisc idir córais leictreachais agus córais téimh ceantair, rud a mhéadódh go mór an úsáid a bhaintear as fuinneamh inathnuaite, agus a spreagfadh athúsáid dramhtheasa agus dramhfhuachta atá ginte ag an tionscal. Áiríodh na forálacha reachtacha don straitéis sin sa phacáiste ‘Fuinneamh Glan do gach Eorpach’.

Faoin athbhreithniú a rinneadh in 2018 ar Treoir maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh cuireadh de cheangal ar na Ballstáit measúnú a dhéanamh ar an deis atá ann le haghaidh comhghiniúint ardéifeachtúlachta agus téamh agus fuarú ceantair ar a gcríoch, agus fógra a thabhairt faoin méid sin do na Ballstáit, agus anailís costais is tairbhe a dhéanamh bunaithe ar dhálaí aeráide, ar an bhféidearthacht eacnamaíoch agus ar an oiriúnacht theicniúil (cé is moite de roinnt eisceachtaí).

Leis an togra ón gCoimisiún go ndéanfaí athbhreithniú ar an Treoir maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh, tugtar isteach pleanáil agus obair leantach níos déine maidir le measúnuithe cuimsitheacha, sainmhínithe athbhreithnithe ar théamh agus fuarú ceantair éifeachtúil agus critéir bhreise le haghaidh astaíochtaí sonracha i gcomhghiniúint ardéifeachtúlachta (270 g CO2/kWh). I mí na Bealtaine 2022, tugadh isteach le leasú ar fheidhmíocht fuinnimh foirgneamh oibleagáidí ar na Ballstáit imscaradh suiteálacha gréine ar fhoirgnimh a chur chun cinn.

**3.** Éifeachtúlacht fuinnimh táirgí

Thug AE roinnt beart isteach maidir le héifeachtúlacht fuinnimh táirgí, lena n-áirítear ceanglais éicidhearthóireachta do tháirgí a bhaineann le fuinneamh (Treoir

2009/125/CE) agus lena socraítear creat le haghaidh lipéadú fuinnimh (Rialachán (AE) 2017/1369). Leis an gcreat nua chun éifeachtúlacht fuinnimh táirgí a lipéadú, cuirtear deireadh le rátálacha A+, A++ nó A+++ agus filltear ar scála A-G níos simplí. Idir 2021 agus 2023, ghlac an Coimisiún roinnt rialachán maidir le héicidhearthóireacht agus lipéadú fuinnimh maidir le ceanglais éicidhearthóireachta do chineálacha éagsúla táirgí.

## RÓL PHARLAIMINT NA HEORPA

Tá sé iarrtha ag an bParlaimint arís agus arís eile go leagfaí síos spriocanna níos uaillmhianaí maidir le héifeachtúlacht fuinnimh agus go mbeadh rialacháin níos déine ann.

An 17 Eanáir 2018, ghlac an Pharlaimint leasuithe ar an gcéad léamh inar iarradh sprioc íosta 35% ar éifeachtúlacht fuinnimh in AE faoi 2030, céatadán atá níos airde ná méadú 30% a mhol an Coimisiún.

An 15 Eanáir 2020, ghlac an Pharlaimint rún maidir leis an gComhaontú Glas don Eoraip inar iarradh go ndéanfaí athbhreithniú ar an Treoir maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh agus ar an Treoir maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh Foirgneamh i gcomhréir le huaillmhian mhéadaithe aeráide AE. An 17 Meán Fómhair 2020, ghlac an Pharlaimint rún i bhfabhar an acmhainneacht éifeachtúlachta fuinnimh stoc foirgneamh a uasmhéadú, agus d’iarr sí ar an gCoimisiún bearta comhsheasmhacha a fhorbairt chun athchóiriú níos tapúla agus níos doimhne ar fhoirgnimh a spreagadh.

An 14 Meán Fómhair 2022, ghlac an Pharlaimint leasúlena méadaítear sprioc laghdaithe AE maidir le héifeachtúlacht fuinnimh, a mhol an Coimisiún mar chuid dá phlean RepowerEU, go 13% ar a laghad den tomhaltas fuinnimh deiridh faoi 2030, i gcomparáid le réamh-mheastacháin 2020. Tá sé sin coibhéiseach le teorainneacha tomhaltais fuinnimh deiridh agus phríomhúil 740 milliún tona de choibhéis ola agus 960 milliún tona de choibhéis ola faoi seach.

An 14 Márta 2023, shainigh an Pharlaimint a seasamh ar an gcéad léamh maidir leis an ngá atá le foirgnimh chónaithe aicme feidhmíochta fuinnimh E ar a laghad a bhaint amach faoi 2030, agus D faoi 2033 (seachas F agus E faoin togra ón gCoimisiún) agus maidir le bearta tacaíochta i gcoinne na bochtaineachta fuinnimh. Chaithfeadh foirgnimh neamhchónaithe agus poiblí na haicmí céanna a bhaint amach faoi 2027 agus 2030 faoi seach. Bheadh feidhm ag sraith theoranta díolúintí maidir le foirgnimh speisialta (séadchomharthaí, foirgnimh theicniúla, úsáid shealadach foirgneamh nó séipéal, áiteanna adhartha, etc.) agus i gcás tithíocht shóisialta phoiblí i gcás go mbeadh méaduithe cíosa mar thoradh ar athchóirithe nach féidir a chúiteamh trí choigilt ar bhillí fuinnimh, agus ba cheart deontais agus fóirdheontais spriocdhírithe a chur ar fáil do theaghlaigh leochaileacha. Tá an Pharlaimint agus an Chomhairle i mbun caibidlíochtaí idirinstitiúideacha faoi láthair.

Chun tuilleadh eolais a fháil faoin ábhar seo, féach suíomh gréasáin an Choiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh.

Matteo Ciucci
11/2023

# 2.4.9. FUINNEAMH IN-ATHNUAITE

Is roghanna malartacha iad foinsí fuinnimh in-athnuaite (cumhacht ghaoithe, cumhacht ghréine, fuinneamh aigéin, fuinneamh geoiteirmeach, bithmhais agus bithbhreoslaí) ar bhreoslaí iontaise a rannchuidíonn le hastaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú, le soláthar fuinnimh a éagsúlú agus le spleáchas ar mhargaí luaineacha breosla iontaise, go háirithe ola agus gás, a laghdú. Tá forás suntasach tagtha ar reachtaíocht AE maidir le foinsí in-athnuaite a chur chun cinn le 15 bliana anuas. In 2021, b'ionann fuinneamh in-athnuaite agus 21.8 % d'olltomhaltas deiridh fuinnimh an Aontais. In 2023, mhéadaigh na comhreachtóirí sprioc an Aontais maidir le fuinneamh in-athnuaite go 42.5 % do 2030, agus é mar aidhm acu 45 % a bhaint amach.

## AN BUNÚS DLÍ AGUS CUSPÓIRÍ

Airteagal 194 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

## A BHFUIL BAINTE AMACH

**A.** An Treoir maidir le Fuinneamh In-athnuaite

**1.** An Treoir maidir le Fuinneamh In-athnuaite: i dtreo 2020

Suíodh leis an Treoir maidir le Fuinneamh In-athnuaite bunaidh, arna glacadh an 23 Aibreán 2009, nach mór 20 % d'olltomhaltas deiridh fuinnimh an AE agus 10 % d'ídiú fuinnimh iompair gach Ballstáit teacht ó fhoinsí fuinnimh in-athnuaite faoi 2020. Leis an treoir, leagadh amach agus deimhníodh spriocanna náisiúnta éigeantacha i gcomhréir le sprioc fhoriomlán an Aontais, agus iarradh ar na Ballstáit conairí táscacha a fhorbairt chun a spriocanna a bhaint amach, pleananna gníomhaíochta náisiúnta maidir le fuinneamh in-athnuaite a thíolacadh agus tuarascálacha náisiúnta um dhul chun cinn maidir le fuinneamh in-athnuaite a fhoilsiú gach re bliain. Leagadh amach na sásraí éagsúla a d'fhéadfadh na Ballstáit a chur i bhfeidhm chun infheistíocht a chur chun cinn i bhfoinsí in-athnuaite fuinnimh, amhail scéimeanna tacaíochta, ráthaíochtaí tionscnaimh, comhthionscadail, comhar le tríú tíortha, chomh maith le critéir inbhuanaitheachta do bhithbhreoslaí.

I mí na Nollag 2018, mar chuid den phacáiste 'Fuinneamh glan do gach Eorpach', tháinig an Treoir athbhreithnithe maidir le Fuinneamh In-athnuaite i bhfeidhm. Leis an treoir seo, arb éigean di a bheith ina reachtaíocht náisiúnta i dtíortha AE faoi Mheitheamh 2021, bunaíodh sprioc nua cheangailteach fuinnimh in-athnuaite don Aontas de 32% ar a laghad i dtomhaltas deiridh fuinnimh faoi 2030 agus sprioc mhéadaithe 14% do sciar na mbreoslaí in-athnuaite in iompar faoi 2030. I gcomhréir le Rialachán (AE) 2018/1999, molann tíortha an Aontais spriocanna náisiúnta fuinnimh agus pleananna náisiúnta fuinnimh agus aeráide 10 mbliana (PNFAnna), atá le cur isteach faoi mhí an Mhárta 2023, don tréimhse 2021-2030. Déantar faireachán ar na PNFAnna gach dhá bhliain le tuarascálacha ar dhul chun cinn agus déanann an Coimisiún iad a mheasúnú, ar féidir leis bearta a dhéanamh ar leibhéal an Aontais chun a áirithiú go bhfuil siad comhsheasmhach le spriocanna foriomlána AE.

### 2. An Treoir maidir le Fuinneamh In-athnuaite: i dtreo 2030

Ba thoradh ar thrí mhórmhodhnú é an Treoir athbhreithnithe maidir le Fuinneamh In-athnuaite a tugadh cothrom le dáta le Treoir (AE) 2023/2413. I mí Iúil 2021, mar chuid den phacáiste 'Oiriúnach do 55', bhí sé mar aidhm leis an gcéad leasú spriocanna in-athnuaite fuinnimh an Aontais a ailíniú lena uaillmhian nua aeráide, an sprioc cheangailteach maidir le foinsí in-athnuaite fuinnimh don Aontas a mhéadú go 40 % faoi 2030 agus glacadh breoslaí in-athnuaite, amhail hidrigin, sa tionsclaíocht agus san iompar a chur chun cinn le fospriocanna breise. I mí na Bealtaine 2022, mar chuid dá phlean REPowerEU tar éis fhogha na Rúise faoin Úcráin, rinneadh iarracht sa dara leasú dlús a chur leis an aistriú chuig fuinneamh glan i gcomhréir leis an gcinneadh deireadh a chur de réir a chéile leis an spleáchas ar bhreoslaí iontaise na Rúise, sprioc cheangailteach an Aontais maidir le foinsí in-athnuaite fuinnimh a mhéadú go 45 % faoi 2030 trí theaschaidéil a shuiteáil, acmhainneacht fhótavoltach gréine a mhéadú agus hidrigin in-athnuaite agus bithmheatán a allmhairiú. I mí na Samhna 2022, leis an tríú leasú (a scaoileadh mar Rialachán ón gComhairle) arb é is aidhm dó dlús a chur le húsáid fuinnimh in-athnuaite trí thuar go mbeidh leas sáraitheach poiblí ag baint le gléasraí fuinnimh in-athnuaite, rud a d'fhágfadh go bhféadfaí ceadúnú níos tapúla a bheith ar thionscadail in-athnuaite agus maoluithe sonracha ó reachtaíocht chomhshaoil an Aontais.

I mí Dheireadh Fómhair 2023, leis an nuashonrú ar an Treoir maidir le Fuinneamh In-athnuaite (RED), ardaíodh sprioc 2030 maidir le foinsí fuinnimh in-athnuaite go 42.5 % faoi 2030, agus go ndéanfaidh na Ballstáit iarracht 45 % a bhaint amach. Leis an treoir nua, cuirtear dlús le nósanna imeachta chun ceadanna a dheonú do ghléasraí nua cumhachta fuinnimh in-athnuaite, amhail painéil ghréine nó tuirbíní gaoithe, agus leagtar síos an t-uastréimhse ama chun suiteálacha nua a fhormheas go 12 mhí i sprioclimistéir le haghaidh foinsí in-athnuaite fuinnimh agus go 24 mhí i limistéir eile. In earnáil an iompair, bunaítear an méid seo a leanas leis: sprioc 29 % do sciar an fhuinnimh in-athnuaite faoi 2030, nó laghdú 14.5 % ar astaíochtaí gás ceaptha teasa, trí úsáid níos mó a bhaint as bithbhreoslaí ardfhorbartha agus breoslaí in-athnuaite de thionscnamh neamhbhitheolaíoch, amhail hidrigin. Maidir le hearnáil na tionsclaíochta, tugtar isteach leis an treoir sprioc cheangailteach 42 % de hidrigin in-athnuaite san ídiú iomlán hidrigine faoi 2030 agus 60 % faoi 2035 agus sprioc tháscach de mheánmhéadú bliantúil 1.6 pointe céatadáin ar fhoinsí in-athnuaite. Tugtar isteach leis freisin sprioc tháscach 5 % de thoilleadh fuinnimh in-athnuaite nuashuiteáilte ó theicneolaíochtaí nuálacha faoi 2030 do na Ballstáit.

## B. An Comhaontú Glas don Eoraip

An 11 Nollaig 2019, tá an Comhaontú Glas don Eoraip tiomanta dul i ngleic le dúshláin fuinnimh, aeráide agus chomhshaoil agus aeráidneodracht a bhaint amach faoi 2050 i gcomhréir le Comhaontú Pháras. Tá ról bunúsach ag claochlú an chórais fuinnimh, ós rud é gurb ionann táirgeadh agus úsáid fuinnimh agus níos mó ná 75 % d'astaíochtaí gás ceaptha teasa an Aontais.

I mí Iúil agus i mí na Nollag 2021, leis an bpacáiste 'Oiriúnach do 55', sraith tograí chun reachtaíocht fuinnimh, aeráide agus bithéagsúlachta an Aontais a athbhreithniú agus a thabhairt cothrom le dáta, cuireadh comhaontú glas an Aontais i ngníomh. Tá tograí sa phacáiste don Treoir maidir le Fuinneamh In-athnuaite, an Treoir maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh, an Treoir maidir le Cánachas Fuinnimh, an Treoir maidir le Feidhmíocht Fuinnimh Foirgneamh, an Pacáiste maidir leis an Margadh Hidrigine agus

an Margadh Gáis Dícharbónaithe, an Treoir maidir le Laghdú Astaíochtaí Meatáin sa Rialachán maidir leis an Earnáil Fuinnimh, Ciste Aeráide Sóisialta agus roinnt tograí eile.

I mí an Mhárta agus mí na Bealtaine 2022, tar éis fhogha na Rúise faoin Úcráin, leasaigh plean REPowerEU an pacáiste 'oiriúnach do 55' chun deireadh a chur de réir a chéile leis an spleáchas ar bhreoslaí iontaise na Rúise. Bunaithe ar REPowerEU, ghlac an tAontas roinnt beart, lena n-áirítear an Rialachán maidir le Ceadú, lenar simplíodh agus lenar cuireadh dlús le nósanna imeachta ceadaithe in-athnuaite trí dhíriú ar theicneolaíochtaí agus ar thionscadail shonracha amhail tionscadail ghrianfhótavoltacha, gaoithe agus teaschaidéil, chomh maith le hathchumhachtú.

Rinneadh dul chun cinn suntasach ar an gcaibidlíocht maidir leis na comhaid thábhachtacha sin agus tugadh chun críche í cheana féin den chuid is mó in 2023.

**1.** Sásra maoiniúcháin don fhuinneamh in-athnuaite

Le Rialachán 2020/1294, bunaítear sásra maoinithe de chuid an Aontais chun cabhrú le tíortha a spriocanna fuinnimh in-athnuaite aonair agus comhchoiteanna a bhaint amach. Leis an sásra, déantar tíortha a rannchuidíonn le maoiniú tionscadal (tíortha ranníocaíochta) a nascadh le tíortha a aontaíonn tionscadail nua a bheith tógtha ar a gcríocha (tíortha aíochta). Leagann an Coimisiún amach an creat cur chun feidhme agus na modhanna cistiúcháin don sásra, lena suitear go bhféadfaidh na Ballstáit, cistí AE, nó ranníocaíochtaí ón earnáil phríobháideach gníomhaíochtaí a mhaoiniú faoin sásra. Déanfar an fuinneamh a ghintear tríd an sásra sin a áireamh i dtreo spriocanna na dtíortha rannpháirteacha uile maidir leis an bhfuinneamh in-athnuaite.

**C.** Céimeanna sa todhchaí

**1.** An Gréasán Fuinnimh Tras-Eorpach

Is beartas é an Gréasán Fuinnimh Tras-Eorpach (GTE-F) a dhíríonn ar bhonneagar fuinnimh thíortha AE a nascadh. Le Rialachán GTE-F, i gcomhréir le cuspóir aeráidneodrachta 2050, leagtar síos rialacha an Aontais maidir le bonneagar fuinnimh trasteorann. Sainaithnítear aon chonair tosaíochta déag agus trí réimse théamacha tosaíochta, sainítear na Tionscadail Leasa Choitinn nua i measc Bhallstáit an Aontais, tugtar isteach Tionscadail Chomhleasa idir an tAontas agus tríú tíortha, leagtar béim ar ról na dtionscadal gaoithe amach ón gcósta, agus eisiatar tionscadail gáis nádúrtha amach anseo ó chistiú AE. Cuireann an Rialachán comhtháthú foinsí in-athnuaite agus teicneolaíochtaí nua fuinnimh ghlain chun cinn freisin sa chóras fuinnimh, a cheanglaíonn réigiúin atá scoite amach ó mhargaí fuinnimh na hEorpa faoi láthair le chéile, neartaíonn sé na hidirnaisc thrasteorann atá ann cheana, cuireann sé comhar le tíortha comhpháirtíochta chun cinn agus molann sé bealaí chun nósanna imeachta ceadaithe agus údaraithe a shimpliú agus a luathú.

**2.** Athbhreithniú ar an Treoir maidir le Cánachas Fuinnimh

I mí Iúil 2021, d'fhoilsigh an Coimisiún togra maidir le hathbhreithniú a dhéanamh ar an Treoir 2003/96 maidir le Cánachas ar Fhuinneamh, lena moltar cánachas ar tháirgí fuinnimh a ailíniú le beartais fuinnimh agus aeráide an Aontais, lena gcuirtear teicneolaíochtaí glana chun cinn agus lena gcuirfear deireadh le díolúintí atá as dáta agus le rátaí laghdaithe a spreagann úsáid breoslaí iontaise faoi láthair.

**D.** Saincheisteanna acmhainn-sonracha

**1.** Grianfhuinneamh

Le plean REPowerEU, tugadh isteach straitéis chun acmhainneacht fhótavoltach gréine a dhúbailt go 320 GW faoi 2025 agus 600 GW a shuiteáil faoi 2030. Áiríodh sa phlean freisin oibleagáid dhlíthiúil céimnithe isteach chun grianphainéil a shuiteáil ar fhoirgnimh phoiblí, thráchtála agus chónaithe nua agus straitéis chun ráta imlonnaithe teaschaidéal i gcórais téimh ceantair agus pobail a dhúbailt. Faoin bplean sin, ceanglaítear ar na Ballstáit pleananna a shainaithint agus a ghlacadh le haghaidh limistéir thiomnaithe 'is fearr' le haghaidh foinsí in-athnuaite fuinnimh, le próisis cheadaithe ghiorraithe agus shimplithe.

**2.** Bithmhais, bithbhreoslaí agus hidrigin

Áirítear sa Treoir maidir le Fuinneamh In-athnuaite ((AE) 2018/2001) sprioc 1 % faoi 2025 agus 5.5 % faoi 2030 le haghaidh bithbhreoslaí ardfhorbartha, bithgháis agus breoslaí in-athnuaite de thionscnamh neamhbhitheolaíoch (RFNBO) in earnáil an iompair.

I mí Iúil 2020, le straitéis an Aontais maidir le comhtháthú córas fuinnimh agus leis an straitéis hidrigine, tugadh isteach trí sprioc: 6 GW ar a laghad de leictrealóirí hidrigine in-athnuaite in AE agus suas le 1 mhilliún tona hidrigine in-athnuaite a tháirgtear faoi 2024; 40 GW ar a laghad de leictrealóirí hidrigine in-athnuaite agus suas le 10 milliún tona hidrigine in-athnuaite arna tháirgeadh in AE faoi 2030; agus úsáid mhórscála hidrigine in-athnuaite ó 2030 ar aghaidh. I mí na Bealtaine 2022, shuigh an plean REPowerEU an sprioc dhúbailte chun 10 milliún tona de hidrigin in-athnuaite intíre a tháirgeadh agus 10 milliún tona de hidrigin in-athnuaite a allmhairiú faoi 2030. I mí Dheireadh Fómhair 2023, leis an Treoir maidir le Fuinneamh In-athnuaite, bunaíodh an sprioc tháscach 42 % de hidrigin in-athnuaite a bheith san ídiú iomlán hidrigine faoi 2030 agus 60 % faoi 2035 le haghaidh na tionsclaíochta.

**3.** Gaoth amach ón gcósta

An 19 Samhain 2020, d'fhoilsigh an Coimisiún straitéis an Aontais maidir le fuinneamh inathnuaite amach ón gcósta agus arb é is aidhm don straitéis sin táirgeadh leictreachais AE ó fhoinsí in-athnuaite fuinnimh amach ón gcósta a mhéadú ó 12 GW in 2020 go dtí níos mó ná 60 GW faoi 2030 agus 300 GW faoi 2050. I Rialachán GTE-F, a tháinig i bhfeidhm i mí an Mheithimh 2022, tugtar isteach comhaontuithe réigiúnacha neamhcheangailteacha le haghaidh úsáid fhoinsí in-athnuaite fuinnimh amach ón gcósta. I mí Eanáir 2023, tháinig na Ballstáit ar chomhaontú maidir le spriocanna níos airde neamhcheangailteacha i ndáil le giniúint fuinnimh in-athnuaite amach ón gcósta arb ionann iad agus 111 GW agus 317 GW faoi 2030 agus 2050.

**4.** Fuinneamh aigéin

I mí Eanáir 2023, d'fhoilsigh an Coimisiún a phlean gníomhaíochta maidir le fuinnimh gorm, chun tacú le forbairt an fhuinnimh aigéin, lena n-áirítear an fuinneamh a ghintear trí thonnta, cumhacht na taoide, tiontú fuinnimh theirmigh agus cumhacht ghrádáin salainn. Le straitéis an fhuinnimh in-athnuaite amach ón gcósta, cuireadh chun suntais freisin gur ghá tionscal na bhfoinsí in-athnuaite muirí a mhéadú 5 huaire faoi 2030 agus 25 huaire faoi 2050.

## RÓL PHARLAIMINT NA HEORPA

Tá tacaíocht tugtha go comhsheasmhach ag an bParlaimint d'úsáid foinsí in-athnuaite agus tá béim leagtha aici ar a thábhachtaí atá sé spriocanna éigeantacha a leagan síos do 2020 agus, níos déanaí, do 2030.

I mí Eanáir 2018, i bhfianaise athbhreithniú 2018 ar an Treoir maidir le Fuinneamh In-athnuaite, thacaigh an Pharlaimint le sprioc cheangailteach 35% ar a laghad den fhuinneamh in-athnuaite don Aontas in 2030 agus leis an bhféintomhaltas treisithe mar cheart. Tar éis na caibidlíochta leis an gComhairle, laghdaíodh sprioc cheangailteach AE go 32 % ar a laghad.

I mí Eanáir 2020, ghlac an Pharlaimint rún maidir leis an gComhaontú Glas don Eoraip ina n-éilíonn sí go ndéanfaí athbhreithniú ar an Treoir maidir le Fuinneamh Inathnuaite agus go socrófaí spriocanna náisiúnta ceangailteacha do gach Ballstát, agus ina moltar cur chun feidhme 'chéadphrionsabal na héifeachtúlachta fuinnimh' i ngach earnáil agus i ngach beartas.

I mí na Bealtaine 2021, ghlac an Pharlaimint rún maidir le straitéis Eorpach do chomhtháthú an chórais fuinnimh agus rún maidir le Straitéis Eorpach i ndáil le Hidrigin, lena dtacaítear leis an dícharbónú agus le húsáid foinsí in-athnuaite i dtáirgeadh leictreachais agus hidrigine, agus d'iarr sí ar an gCoimisiún ráthaíocht tionscnamh a shannadh do hidrigin in-athnuaite agus forbairt foinsí in-athnuaite a chur chun cinn.

I mí Feabhra 2022, ghlac an Pharlaimint rún maidir le straitéis Eorpach le haghaidh fuinneamh in-athnuaite amach ón gcósta. Tugadh faoi deara sa rún gur cheart gur 70-79 GW a bheadh in acmhainn suiteáilte na gaoithe amach ón gcósta chun aistriú atá iomaíoch ó thaobh costais de chuig laghdú 55 % ar astaíochtaí gás ceaptha teasa faoi 2030 a áirithiú agus iarradh orthu dul thar an sprioc laghdú 55 % faoi 2030.

I mí Mheán Fómhair 2022, i seasamh uaithi ar an gcéad léamh maidir leis an athbhreithniú ar an Treoir maidir le Fuinneamh In-athnuaite, thacaigh an Pharlaimint leis an togra ón gCoimisiún sciar na bhfoinsí in-athnuaite i dtomhaltas deiridh fuinnimh AE a ardú go 45 % faoi 2030.

I mí Dheireadh Fómhair 2023, d'ardaigh an Pharlaimint agus an Chomhairle sprioc 2030 maidir le fuinneamh in-athnuaite go 42.5 %, agus é mar aidhm leis sin 45 % a bhaint amach, lena méadófaí faoi dhó beagnach an sciar fuinnimh in-athnuaite atá ann cheana in AE.

Chun tuilleadh eolais a fháil faoin ábhar seo, féach suíomh gréasáin an Choiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh (ITRE).

Tabhair cuairt ar leathanach baile Pharlaimint na hEorpa maidir leis an imirce san Eoraip.

Matteo Ciucci
11/2023

# 2.4.10. FUINNEAMH NÚICLÉACH

Is rogha mhalartach ísealcharbóin ar bhreoslaí iontaise atá san fhuinneamh núicléach agus is ionann é sin agus beagnach 26 % den leictreachas a dhéantar a tháirgeadh in AE. Mar sin féin, tar éis thubaiste Shearnóbail 1986 agus tubaiste 2011 in Fukushima, tá fuinneamh núicléach tar éis éirí an-chonspóideach. Cé gurb iad na Ballstáit a roghnaíonn an mbeidh cumhacht núicléach mar chuid dá meascán fuinnimh, tá sé mar aidhm ag reachtaíocht an Aontais feabhas a chur ar chaighdeáin sábháilteachta na stáisiún cumhachta núicléiche agus a áirithiú go ndéantar dramhaíl núicléach a láimhseáil agus a dhiúscairt go sábháilte.

## AN BUNÚS DLÍ

Conradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach (Conradh Euratom), Airteagail 40-52 (infheistíocht, comhghnóthais agus soláthairtí) agus Airteagail 92-99 (an cómhargadh núicléach).

## CUSPÓIRÍ

Chun dul i ngleic leis an nganntanas ginearálta den fhuinneamh 'gnásúil' a bhí ann sna 1950idí, bhreathnaigh na sé Bhallstát bunaidh isteach ar an bhfuinneamh núicléach mar bhealach chun neamhspleáchas fuinnimh a bhaint amach. Ós rud é nach bhféadfadh na tíortha aonair na costais a bhain le hinfheistiú i bhfuinneamh núicléach a sheasamh iad féin, tháinig na Ballstáit bhunaidh le chéile chun an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach a chruthú.

## A BHFUIL BAINTE AMACH

**A.** Sábháilteacht núicléach

Baineann sábháilteacht núicléach le hoibriú sábháilte na suiteálacha núicléacha, cosaint ar radaíocht agus cur i bhfeidhm coimircí le haghaidh ábhair núicléacha i dtíortha nach bhfuil san Aontas. Tá sé mar aidhm ag an Aontas cultúr sábháilteachta núicléiche éifeachtach a chur chun cinn, lena n-áirítear trí na caighdeáin is airde i dtaobh sábháilteacht núicléach agus radaíochta a chur chun feidhme. Ní mór do na Ballstáit creataí náisiúnta a bhunú maidir le ceanglais sábháilteachta núicléiche, le ceadúnú na stáisiún cumhachta núicléiche, le maoirsiú agus le forfheidhmiú. Tá sé mar thosaíocht de chuid an Aontais freisin go spreagfar bainistiú freagrach agus sábháilte ar bhreosla spíonta agus ar dhramhaíl radaighníomhach, agus go ndéanfar seansuíomhanna agus seansuiteálacha núicléacha a dhíchoimisiúnú agus feabhsúchán a dhéanamh orthu.

**1.** Obair reachtach

**a.** Conradh Euratom

Leis an Treoir maidir le Caighdeáin Bhunúsacha Sábháilteachta (2013/59/Euratom) bunaítear caighdeáin bhunúsacha sábháilteachta aonfhoirmeacha chun sláinte oibrithe, sláinte bhaill den phobal agus sláinte othar a chosaint. Leagtar síos paraiméadair bheachta agus ní fhágtar ach corrlach beag lánroghnach ann. Tá feidhm ag an treoir faoi ghnáthchoinníollacha, ach tagraítear inti freisin do staideanna nochta

pleanáilte agus do staideanna nochta éigeandála. Neartaíodh na ceanglais maidir le hullmhacht agus freagairtí éigeandála chun na ceachtanna a foghlaimíodh ó thionóisc núicléach Fukushima in 2011 a chur san áireamh.

**b.** An Treoir maidir le Sábháilteacht Núicléach

Tar éis thionóisc núicléach Fukushima, rinne an Coimisiún measúnú cuimsitheach rioscaí agus sábháilteachta ar na stáisiúin cumhachta núicléiche uile san Aontas chun a mheas cé chomh sábháilte agus chomh stóinseach a bheadh suiteálacha núicléacha sa chás go dtarlódh teagmhais nádúrtha fíordhona. Is measúnú dearfach ar an iomlán ar chaighdeáin sábháilteachta reatha AE a thug an Coimisiún, ach thug sé chun suntais go raibh gá le huasghrádú breise chun comhchuibheas níos fearr i measc na mBallstát a áirithiú agus chun go bhféadfaí breith suas le dea-chleachtais idirnáisiúnta (COM(2012)0571). In éineacht le Grúpa Rialtóirí na hEorpa um Shábháilteacht Núicléach, tharraing an Coimisiún pleananna gníomhaíochta náisiúnta piarmheasúnaithe suas chun uasghráduithe fisiceacha imoibreoirí an Aontais a sceidealú.

In 2014, rinneadh nuashonrú ar na rialacha sábháilteachta le haghaidh suiteálacha núicléacha ar fud an Aontais (Treoir 2014/87/Euratom). I mí Feabhra 2015, mhol an Coimisiún go ndéanfaí na ceanglais faisnéise arna leagan amach in Airteagail 41 agus 44 de Chonradh Euratom a athbhreithniú agus go ndéanfaí iad a thabhairt i gcomhréir leis na forbairtí nua beartais.

In 2018, mhol an Coimisiún rialachán ón gComhairle lena mbunaítear Ionstraim Eorpach um Chomhar Idirnáisiúnta maidir le Sábháilteacht Núicléach (Rialachán (Euratom) 2021/948 ón gComhairle), a chuirfí in ionad na hIonstraime um Chomhar maidir leis an tSábháilteacht Núicléach a bhí ann roimhe sin agus lena gcomhlánófaí an Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta ar bhonn Chonradh Euratom (COM(2018)0462).

I mí an Mheithimh 2021, tháinig an Ionstraim Eorpach nua um Chomhar Idirnáisiúnta maidir le Sábháilteacht Núicléach i bhfeidhm agus imchlúdach airgeadais EUR 300 milliún le haghaidh 2021-2027 ag gabháil léi.

**2.** Cosaint ar radaíocht

Is baol suntasach do shláinte an duine agus don chomhshaol é nochtadh don radaíocht ianúcháin. Le Treoir 2013/59/Euratom ón gComhairle ó mhí na Nollag 2013, leagadh síos caighdeáin bhunúsacha sábháilteachta don chosaint i gcoinne na gcontúirtí a eascraíonn as nochtadh don radaíocht ianúcháin. Shimpligh sé sin reachtaíocht AE trí threoir amháin a chur in ionad cúig cinn, agus tugadh isteach ceanglais cheangailteacha le haghaidh cosaint in aghaidh radóin laistigh, úsáid ábhar tógála agus measúnú ar an tionchar ar an gcomhshaol maidir le siltí d'eisilteach radaighníomhach ó shuiteálacha núicléacha. Ina theannta sin, le Treoir 2013/51/Euratom ón gComhairle, díríodh ar fhaireachán a dhéanamh ar shubstaintí radaighníomhacha in uisce atá ceaptha do thomhaltas an duine.

Leagadh síos i roinnt rialachán (lena n-áirítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1158 ón gCoimisiún) coinníollacha lena rialaítear allmhairí táirgí talmhaíochta de thionscnamh tíortha nach bhfuil san Aontas tar éis na tionóisce ag stáisiún cumhachta núicléiche Shearnóbail. Le Rialachán (Euratom) 2016/52 ón gComhairle, leagtar síos na huasleibhéil cheadaithe d'éilliú radaighníomhach i mbia agus i mbeatha i ndiaidh tionóisc núicléach nó aon chás eile d'éigeandáil raideolaíoch.

Tagann an caidreamh maidir le fuinneamh núicléach tar éis Brexit faoin gComhaontú idir Euratom agus an Ríocht Aontaithe, lena bhforáiltear do chreat cobhsaí chun leanúint den chomhar agus den trádáil leis an Ríocht Aontaithe sa réimse sin.

**3.** Substaintí agus dramhaíl radaighníomhach a iompar

Bunaíodh córas réamhúdarúcháin le haghaidh loingsithe dramhaíola radaighníomhaí san Aontas in 1992 agus leasaíodh go suntasach é le Treoir 2006/117/Euratom ón gComhairle maidir le maoirseacht agus rialú loingsithe dramhaíola radaighníomhaí agus breosla spíonta ó mhí na Samhna 2006. De réir Airteagal 20, ní mór do Bhallstáit tuairisciú chuig an gCoimisiún gach trí bliana maidir le cur chun feidhme na treorach. Bunaíodh rialacha chun rialú a choinneáil ar loingsithe foinsí radaighníomhacha idir tíortha an Aontais le Rialachán (Euratom) Uimh. 1493/93 ón gComhairle.

**4.** Bainistiú dramhaíola

In 2011, cruthaíodh creat dlíthiúil le haghaidh bainistiú dramhaíola san Aontas le Treoir 2011/70/Euratom ón gComhairle lena mbunaítear creat Comhphobail maidir le bainistiú freagrach agus sábháilte ar bhreosla spíonta agus ar dhramhaíl radaighníomhach. Foráiltear sa treoir sin do dhlúthfhaireachán ar chláir náisiúnta le haghaidh tógáil agus bainistiú stórtha críochúsáide, agus caighdeáin sábháilteachta atá ceangailteach ó thaobh dlí. D'fhoilsigh na Ballstáit a gcéad chláir náisiúnta in 2015 agus ní mór dóibh tuarascálacha náisiúnta a thíolacadh gach trí bliana maidir le cur chun feidhme na treorach.

**5.** Díchoimisiúnú

Is é atá i gceist le díchoimisiúnú saoráide núicléiche, gníomhaíochtaí ó dhúnadh na saoráide agus baint an ábhair núicléach go dtí athchóiriú an láithreáin agus an díothú iomlán guaiseacha raideolaíocha, agus ar deireadh thiar is ar na Ballstáit atá an fhreagracht. I mí an Mheithimh 2018, ghlac an Coimisiún dhá thogra le haghaidh Rialachán ón gComhairle (COM/2018/0466 agus COM/2018/0467) lena mbunaítear cláir airgeadais thiomnaithe chun saoráidí núicléacha a dhíchoimisiúnú agus dramhaíl radaighníomhach ó stáisiúin chumhachta núicléiche a bhainistiú sa Bhulgáir (Kozloduy), sa tSlóvaic (Bohunice), sa Liotuáin (Ignalina), lena n-áirítear suiteálacha taighde núicléach ar cheithre shuíomh de chuid Airmheán Comhpháirteach Taighde an Choimisiúin. Socraíodh an leithdháileadh buiséid atá beartaithe don tréimhse 2021-2027 ag:

— EUR 466 mhilliún, agus uasráta cómhaoinithe AE is infheidhme ó 2021-2027 nach mbeidh níos airde ná 50 % do chlár Kozloduy agus do chlár Bohunice;

— EUR 552 mhilliún, agus uasráta cómhaoinithe AE 86 % is infheidhme ó 2021-2027 do chlár Ignalina;

Glacadh Rialacháin (Euratom) 2021/100 agus (AE) 2021/101 ón gComhairle an 25 Eanáir 2021. Tháinig siad i bhfeidhm an 21 Feabhra 2021 agus tá siad i bhfeidhm ón 1 Eanáir 2021.

**6.** Ábhair núicléacha a choimirciú

Rinneadh roinnt rialachán a ghlacadh agus a leasú freisin chun córas coimircí a bhunú lena n-áirithítear go ndéantar ábhair núicléacha a úsáid chun na gcríoch a dhearbhaíonn úsáideoirí ina leith, agus chun na gcríoch sin amháin, agus go gcomhlíontar na hoibleagáidí idirnáisiúnta e.g. Rialachán (Euratom) Uimh. 302/2005 ón gCoimisiún. Cuimsíonn na coimircí sin timthriall iomlán an bhreosla núicléach, ó

eastóscadh na n-ábhar núicléach sna Ballstáit, go a n-allmhairiú ó thríú tíortha, go honnmhairiú lasmuigh de AE. Is ar an gCoimisiún atá an fhreagracht ábhar núicléach sibhialtach a sheiceáil laistigh den Aontas.

**B.** Taighde núicléach, gníomhaíochtaí oiliúna agus faisnéis

Is trí chreatchláir ilbhliantúla a dhéantar taighde núicléach a mhaoiniú san Aontas Eorpach. Tá Clár Euratom le haghaidh taighde núicléach agus gníomhaíochtaí oiliúna núicléacha ina chomhlánú ar Fhís 2020, i.e. creatchlár AE le haghaidh taighde agus nuálaíochta, ach fós is clár é atá neamhspleách uaidh. Is é EUR 1.38 billiún an méid a tiomnaíodh do chlár Euratom don tréimhse 2021-2025, arna roinnt i measc trí chlár ar leith: gníomhaíochtaí indíreacha i réimse an taighde ar fhuinneamh comhleá (EUR 583 mhilliún), scoilteadh núicléach agus cosaint ar radaíocht (EUR 266 mhilliún) agus gníomhaíochtaí díreacha a dhéanann Airmheán Comhpháirteach Taighde an Choimisiúin (EUR 532 mhilliún).

## RÓL PHARLAIMINT NA HEORPA

Tá ról na Parlaiminte sa phróiseas cinnteoireachta faoi Chonradh Euratom teoranta mar nach bhfuil aici ach cumhachtaí comhairliúcháin. Mar sin féin, chuir sí béim i gcónaí ar an ngá atá le soiléiriú a thabhairt ar dháileadh na bhfreagrachtaí idir institiúidí AE agus na Ballstáit agus ar an ngá atá le creat AE a neartú maidir le gnéithe éagsúla de shuiteálacha núicléacha, chomh maith leis an tábhacht a bhaineann le feabhas a chur ar cheanglais sábháilteachta agus cosanta comhshaoil.

Ina rún i mí Iúil 2011 maidir le tosaíochtaí bonneagair fuinnimh le haghaidh 2020 agus ina dhiaidh sin, thacaigh an Pharlaimint leis an gcinneadh ón gCoimisiún maidir le ‘tástálacha struis’ a thabhairt isteach le haghaidh stáisiúin cumhachta núicléiche san Aontas. Ina rún forlíontach ó mhí an Mhárta 2013, tagraíodh do na teorainneacha a bhain leis na tástálacha struis a rinne an Coimisiún in 2012 agus iarradh go gcuirfí critéir bhreise san áireamh, go sonrach i ndáil le meathlú ábhar, earráid an duine agus fabhtanna i soithí imoibreora. D’áitigh an Pharlaimint go ndéanfaí cur chun feidhme iomlán ar na feabhsúcháin sábháilteachta.

Ina seasamh ar an gcéad léamh i mí an Mheithimh 2011 ar an Treoir ón gComhairle a bhí beartaithe maidir le bainistiú ar bhreosla spíonta agus ar dhramhaíl radaighníomhach, thacaigh an Pharlaimint leis an moladh ón gCoimisiún go dtabharfaí isteach cosc iomlán ar onnmhairiú dramhaíola radaighníomhaí, cé go raibh an Chomhairle i bhfabhar onnmhairí a cheadú faoi choinníollacha an-docht.

An 14 Márta 2013, i ndiaidh thubaiste Fukushima, ina rún maidir le measúnuithe riosca agus sábháilteachta ar stáisiúin cumhachta núicléiche san Aontas Eorpach (tástálacha struis), thacaigh an Pharlaimint leis an gcinneadh ón gCoimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar shuiteálacha núicléacha Eorpacha le tástálacha struis, ach cháin sí a raon feidhme teoranta agus d’iarr sí go gcuirfí critéir bhreise leo amach anseo.

Ina seasamh ar an gcéad léamh i mí Dheireadh Fómhair 2013 ar an togra le haghaidh treoir ón gComhairle lena nuashonraítear na caighdeáin bhunúsacha sábháilteachta le haghaidh cosaint ar radaíocht ianúcháin, d’iarr an Pharlaimint arís go n-athrófaí an bunús dlí. Rinne sí raon feidhme na treorach a leathnú go haon nochtadh don radaíocht atá beartaithe, atá ann faoi láthair, a tharlaíonn de thionóisc nó i gcás éigeandála, rinne sí na teorainneacha dáileoige a gceadaítear nochtadh ina leith níos déine agus

neartaigh sí na pionóis agus an cúiteamh i gcás damáistí. Chuir sí feabhas freisin ar an gcóras chun an pobal a chur ar an eolas.

An 21 Aibreán 2021, rinne an Coimisiún roinnt leasuithe ar Rialachán AE maidir le Tacsanomaíocht (Rialachán (AE) 2020/852), a tháinig i bhfeidhm i mí Iúil 2020, lena léireofar fuinneamh núicléach a áireamh sa tacsanomaíocht. Leis na rialacha a leagadh amach i nGníomh Tarmligthe maidir le Tacsanomaíocht Aeráide (Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2139 ón gCoimisiún), leagadh amach critéir mhionsonraithe airgeadais ghlais, ach fágadh amach gás agus cumhacht núicléach le go ndéanfaidh an Pharlaimint cinneadh ar leithligh ag céim níos déanaí.

An 1 Márta 2022, ina rún maidir le fogha na Rúise i gcoinne na hÚcráine, dhiúltaigh an Pharlaimint go neamhbhalbh do ‘reitric na Rúise lena dtugtar le fios nach mbeadh an dara rogha eile ann ach airm ollscriosta a úsáid’, ag meabhrú don Rúis a hoibleagáidí idirnáisiúnta agus rabhadh a thabhairt maidir leis na contúirtí a bhaineann le géarú núicléach ar an gcoinbhleacht.

Ina rún an 7 Aibreán 2022 maidir leis na conclúidí ón gComhairle Eorpach an 24-25 Márta 2022, lena n-áirítear na forbairtí is déanaí sa chogadh i gcoinne na hÚcráine agus smachtbhannaí an Aontais i gcoinne na Rúise agus a gcur chun feidhme, d’iarr an Pharlaimint go ndéanfaí bearta pionósacha breise, lena n-áirítear ‘trádbhac iomlán láithreach ar allmhairí ola, guail, breosla núicléach agus gáis ón Rúis’, in éineacht le plean chun slándáil sholáthar fuinnimh an Aontais a áirithiú, chomh maith le straitéis chun ‘smachtbhannaí a rolladh siar i gcás ina nglacfaidh an Rúis céimeanna chun neamhspleáchas na hÚcráine a athbhunú [...]’. Cháin an Pharlaimint an Rúis freisin as seilbh a ghlacadh ar shaoráidí agus suíomhanna núicléacha gníomhacha nó díchoimisiúnaithe ar chríoch na hÚcráine.

An 11 Iúil 2022, tar éis di agóid a ghlacadh i gcoinne an Ghnímh Tharmligthe Chomhlántaigh maidir le Tacsanomaíocht Aeráide, inar áiríodh, faoi choinníollacha dochta, gníomhaíochtaí sonracha fuinnimh núicléach agus gáis i liosta na ngníomhaíochtaí eacnamaíocha a chumhdaítear le tacsanomaíocht AE, chinn an Pharlaimint gan an togra ón gCoimisiún a chrosadh.

Chun tuilleadh eolais a fháil faoin ábhar seo, féach suíomh gréasáin an Choiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh.

Corinne Cordina
10/2023

# 2.5. BEARTAS COMHSHAOIL AN AONTAIS

# 2.5.1. BEARTAS COMHSHAOIL: PRIONSABAIL GHINEARÁLTA AGUS CREAT BUNÚSACH

Tá beartas comhshaoil na hEorpa bunaithe ar phrionsabal an réamhchúraim, na prionsabail maidir le cosc agus maidir le truailliú a cheartú ag an bhfoinse, agus ar an bprionsabal 'costas an truaillithe ar an truaillitheoir'. Tá saincheisteanna casta comhshaoil le plé ag an Aontas, ón athrú aeráide agus cailliúint na bithéagsúlachta go hídiú acmhainní agus truailliú. Tá tús áite á thabhairt don bheartas comhshaoil le déanaí i gceapadh beartais an Aontais, agus tá an Coimisiún ag seoladh an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip (2019) mar phríomhspreagadh dá straitéis um fhás eacnamaíoch.

## BUNÚS DLÍ

Airteagal 11 agus Airteagal 191 go 193 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE). Tá an tAontas Eorpach inniúil chun gníomhú i ngach réimse den bheartas comhshaoil, amhail truailliú aeir agus uisce, bainistiú dramhaíola agus an t-athrú aeráide. Tá a raon feidhme gníomhaíochta teoranta ag prionsabal na coimhdeachta agus ag an gceanglas maidir le haontoilíocht sa Chomhairle i réimsí na n-ábhar fioscach, i bpleanáil bhaile agus tuaithe, in úsáid talún, i mbainistiú acmhainní uisce cainníochtúla, i rogha foinsí fuinnimh agus i struchtúr an tsoláthair fuinnimh.

## BUNÚS AGUS FORBAIRT

Téann beartas comhshaoil an Aontais siar go dtí an Chomhairle Eorpach a tionóladh i bPáras in 1972, ag ar fhógair na Cinn Stáit nó Rialtais (i ndiaidh chéad chomhdháil NA maidir leis an gcomhshaol) an gá atá le beartas comhshaoil don Chomhphobal a rachadh le hais beartais eacnamaíocha, agus inar iarr siad go mbeadh clár gníomhaíochta ann. Thug Ionstraim Eorpach Aonair 1987 'Teideal Comhshaoil' nua isteach, lena ndearnadh foráil don chéad bhunús dlí le haghaidh comhbheartas comhshaoil a raibh sé mar aidhm leis cáilíocht an chomhshaoil a chaomhnú, sláinte an duine a chosaint, agus úsáid réasúnach acmhainní nádúrtha a áirithiú. Le hathbhreithnithe a rinneadh ar na conarthaí ina dhiaidh sin, neartaíodh gealltanas an Chomhphobail chun an comhshaol a chosaint agus ról Pharlaimint na hEorpa maidir le forbairt a dhéanamh uirthi. Le Conradh Maastricht (1993), rinneadh réimse beartais oifigiúil de chuid an Aontais den chomhshaol, tugadh isteach an nós imeachta comhchinnteoireachta leis agus rinneadh riail ghinearálta de vótáil trí thromlach cáilithe sa Chomhairle leis. Le Conradh Amstardam (1999) bunaíodh an dualgas chun cosaint an chomhshaoil a chomhtháthú i ngach beartas earnálach de chuid an Aontais d'fhonn forbairt inbhuanaithe a chur chun cinn. Leagadh síos i gConradh Liospóin (2009) go mbeadh 'an t-athrú aeráide a chomhrac' (2.5.2) mar chuspóir sonrach, agus is amhlaidh forbairt inbhuanaithe i gcaidrimh le tríú tíortha. Thug Conradh Liospóin pearsantacht dhlítheanach don Aontas Eorpach, lena gcuirtear ar chumas an Aontais comhaontuithe idirnáisiúnta a thabhairt i gcrích. Neartaigh an dul chun cinn sin ról an Aontais mar phríomhghníomhaí ó thaobh an chomhshaoil dhomhanda de, agus é ar thús cadhnaíochta le príomhthionscnaimh amhail an Comhaontú Glas don Eoraip agus Dlí Aeráide an Aontais.

## PRIONSABAIL GHINEARÁLTA

Tá beartas comhshaoil an Aontais bunaithe ar phrionsabal an réamhchúraim, na prionsabail maidir le cosc agus maidir le truailliú a cheartú ag an bhfoinse, agus ar an bprionsabal 'costas an truaillithe ar an truaillitheoir'. Is uirlis bainistithe riosca é prionsabal an réamhchúraim a mbaintear leas as nuair atá éiginnteacht eolaíoch ann faoi riosca amhrasta do shláinte an duine nó don chomhshaol a eascraíonn as gníomhaíocht nó beartas áirithe. Mar shampla, má bhíonn amhras ann faoi na héifeachtaí díobhálacha a d'fhéadfadh a bheith ag táirge, agus má leantar — tar éis meastóireacht eolaíoch oibiachtúil a dhéanamh — den éiginnteacht, éilítear leis an bprionsabal an táirge a bhaint den mhargadh. Is gá do na bearta sin a bheith neamh-idirdhealaitheach agus comhréireach, agus is gá athbhreithniú a dhéanamh orthu arís eile nuair a bheidh tuilleadh eolais eolaíoch ar fáil.

Is í an Treoir maidir le Dliteanas Comhshaoil a chuireann an prionsabal 'gurb é údar an truaillithe a íocfaidh as' chun feidhme, a bhfuil sé mar aidhm leis díobháil chomhshaoil do speicis faoi chosaint nó do ghnáthóga nádúrtha, d'uisce agus d'ithir a sheachaint nó é sin a leigheas ar bhealach eile. Is gá d'oibreoirí gníomhaíochtaí gairme áirithe amhail iompar substaintí contúirteacha, nó gníomhaíochtaí lena mbaineann sceitheadh in uiscí, bearta coisctheacha a ghlacadh i gcás garbhaol don chomhshaol. Má tá díobháil déanta cheana, tá sé d'oibleagáid orthu beartais iomchuí a dhéanamh chun é a leigheas agus íoc as na costais. Leathnaíodh raon feidhme na treorach faoi thrí chun bainistiú dramhaíola eastóscaigh, oibriú na láithreán stórála geolaíocha, agus sábháilteacht oibríochtaí ola agus gáis amach ón gcósta a chur san áireamh faoi seach.

Thairis sin, tá comhtháthú údar imní faoin gcomhshaol isteach i réimsí eile beartais an Aontais ina choincheap tábhachtach anois i gcúrsaí polaitíochta na hEorpa tar éis chruinniú na Comhairle Eorpaí in Caerdydd in 1998. Le blianta beaga anuas, tá dul chun cinn suntasach á dhéanamh le comhtháthú an bheartais comhshaoil, mar shampla i réimse an bheartais fuinnimh, mar a léirítear san fhorbairt chomhthreomhar ar phacáiste an Aontais um an aeráid agus um fhuinneamh nó sa treochlár um gheilleagar iomaíoch ísealcharbóin faoi 2050.

I mí na Nollag 2019, sheol an Coimisiún an Comhaontú Glas don Eoraip, lenar cheart go gcabhrófaí leis an gcéad mhór-roinn aeráidneodrach a dhéanamh den Eoraip. In 2021, glacadh an Dlí Aeráide Eorpach, lena gceanglaítear ar an Aontas aeráidneodracht a bhaint amach faoi 2050 agus lena leagtar síos sprioc maidir le glanastaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú 55 % ar a laghad faoi 2030, i gcomparáid le leibhéil 1990.

## CREAT BUNÚSACH

**A.** Cláir Gníomhaíochta don Chomhshaoil

Ó 1973, d'eisigh an Coimisiún Cláir Gníomhaíochta ilbhliantúla don Chomhshaol (CGCanna) lena leagtar amach tograí reachtacha atá ar na bacáin agus spriocanna le haghaidh beartas comhshaoil an Aontais. I mí na Bealtaine 2022, tháinig an 8ú CGC i bhfeidhm mar chomhchlár oibre an Aontais don bheartas comhshaoil, ar thángthas ar chomhaontú dlíthiúil air, go dtí deireadh 2030.

Athdhearbhaítear an 7ú CGC le haghaidh 2050 leis: dea-bhail do chách a áirithiú, agus fós teorainneacha pláinéadacha á n-urramú.

Leis an gclár nua, tacaítear le cuspóirí comhshaoil agus aeráide an Chomhaontuithe Ghlais don Eoraip feadh sé chuspóir tosaíochta agus cuirtear leis na cuspóirí sin:

— Sprioc 2030 maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú a bhaint amach agus aeráidneodracht a bhaint amach faoi 2050;
— Acmhainneacht oiriúnaitheach a fheabhsú, athléimneacht a neartú agus leochaileacht i leith an athraithe aeráide a laghdú;
— Dul ar aghaidh i dtreo samhail fáis athghiniúnach, fás eacnamaíoch a dhíchúpláil ó úsáid acmhainní agus ó dhíghrádú an chomhshaoil, agus dlús a chur leis an aistriú i dtreo geilleagar ciorclach;
— Uaillmhian maidir le truailliú nialasach a shaothrú, lena n-áirítear maidir leis an aer, an t-uisce agus an ithir agus sláinte agus dea-bhail na nEorpach a chosaint;
— An bhithéagsúlacht a chosaint, a chaomhnú agus a athchóiriú agus an caipiteal nádúrtha a fheabhsú (go háirithe éiceachórais aeir, uisce, ithreach, foraoise, fionnuisce, bhogaigh agus mhuirí);
— brúnna ar an gcomhshaol agus ar an aeráid a bhaineann le táirgeadh agus tomhaltas a laghdú (go háirithe i réimsí fuinnimh, na forbartha tionsclaíche, foirgneamh agus bonneagair, soghluaisteachta agus an chórais bia).

**B.** Straitéisí cothrománacha

Thug an tAontas a chéad **straitéis um fhorbairt inbhuanaithe** (SFI) isteach in 2001, rud a chuir gné chomhshaoil le straitéis Liospóin uaidh. Mar fhreagairt ar Chlár 2030 maidir leis an bhForbairt Inbhuanaithe a ghlac na Náisiún Aontaithe in 2015, d'fhoilsigh an Coimisiún teachtaireacht in 2016 dar teideal *'Next steps for a sustainable European future – European action for sustainability'* [Na chéad chéimeanna eile i dtreo todhchaí inbhuanaithe don Eoraip: Gníomhaíocht Eorpach don inbhuanaitheacht], inar leagadh amach conas na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SFInna) a chomhtháthú i dtosaíochtaí beartais an Aontais.

I mí Eanáir 2019, thíolaic an Coimisiún páipéar machnaimh maidir leis na spriocanna forbartha inbhuanaithe dar teideal 'Towards a Sustainable Europe by 2030' [I dtreo Eoraip Inbhuanaithe faoi 2030], lena gcuirtear i láthair trí chás don chur chun cinn na SFInna. Chuir an Pharlaimint in iúl go dtacaíonn sí leis an gcás is uaillmhianaí, lena moltar gach gníomhaíocht de chuid an Aontais agus na mBallstát a threorú trí spriocanna sonracha maidir le cur chun feidhme SFI a shainiú, trí spriocanna insoláthartha nithiúla le haghaidh 2030 a mholadh, agus trí shásra a bhunú maidir le dul chun cinn SFI a thuairisciú agus faireachán a dhéanamh ar an dul chun cinn sin.

In 2011, ghlac an tAontas a straitéis bithéagsúlachta go dtí 2020, lenar léiríodh na gealltanais a rinneadh laistigh de Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir leis an Éagsúlacht Bhitheolaíoch, arb é an príomh-chomhaontú idirnáisiúnta maidir leis an mbithéagsúlacht é, a bhfuil an tAontas ina pháirtí ann. Mar rannchuidiú leis na pléití maidir le creat domhanda bithéagsúlachta iar-2020 (Comhdháil na Náisiún Aontaithe maidir leis an mBithéagsúlacht, 2022 (COP15)). thíolaic an Coimisiún a straitéis bithéagsúlachta le haghaidh 2030 i mí Bealtaine 2020 mar phlean cuimsitheach, uaillmhianach agus fadtéarmach chun an dúlra a chosaint agus díghrádú éiceachóras a aisiompú. I mí an Mheithimh 2021, d'fhormhuinigh an Pharlaimint an straitéis sin agus rinne sí moltaí breise maidir lena neartú.

Faoi chuimsiú an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip, i mí Bealtaine 2020 thíolaic an Coimisiún a Straitéis 'ón bhFeirm go dtí an Forc' arb é is aidhm di córais bia a dhéanamh cothrom, sláintiúil agus neamhdhíobhálach don chomhshaol. D'fhormhuinigh an Pharlaimint fís agus spriocanna na straitéise seo go láidir i mí Dheireadh Fómhair 2021.

**C.** Comhar idirnáisiúnta i dtaca leis an gcomhshaol

Tá ról ríthábhachtach ag an Aontas i gcaibidlíocht idirnáisiúnta maidir leis an gcomhshaol. Tá sé ina pháirtí do líon iomadúil comhaontuithe iltaobhacha comhshaoil domhanda, réigiúnacha nó fo-réigiúnacha maidir le raon leathan saincheisteanna, amhail cosaint an dúlra agus an bhithéagsúlacht, an t-athrú aeráide agus truailliú aeir trasteorann nó truailliú uisce trasteorann. Chuidigh an tAontas le roinnt comhaontuithe idirnáisiúnta móra a glacadh in 2015 ar leibhéal na Náisiún Aontaithe a mhúnlú, amhail Clár Oibre 2030 um Fhorbairt Inbhuanaithe (lena n-áirítear na 17 SFI agus a 169 sprioc ghaolmhara), Comhaontú Pháras **maidir leis an** Athrú Aeráide agus Creat Sendai um Laghdú Rioscaí Tubaistí. Tháinig sé chun bheith ina pháirtí den Choinbhinsiún maidir le Trádáil Idirnáisiúnta i Speicis Fauna agus Flóra Fiáine i mBaol (CITES) freisin, agus dá bhrí sin cuireadh béim ar an tiomantas atá aige chun an bhithéagsúlacht a chaomhnú agus chun gáinneáil aindleathach ar fhiadhúlra a dhíothú.

**D.** Measúnú ar an tionchar ar an gcomhshaol agus rannpháirtíocht phoiblí

Maidir le tionscadail áirithe (príobháideach nó poiblí) ar dócha go mbeadh tionchar suntasach acu ar an gcomhshaol, e.g. tógáil mótarbhealaigh nó aerfoirt, tá siad faoi réir measúnú ar an tionchar ar an gcomhshaol (EIA). Thairis sin, tá raon pleananna poiblí agus clár poiblí (e.g. cláir a bhaineann le húsáid talún, iompar, fuinneamh, dramhaíl nó talmhaíocht) faoi réir próiseas den chineál céanna ar a dtugtar measúnú straitéiseach comhshaoil (MSC). Sa chás sin, déantar gnéithe comhshaoil a chomhtháthú cheana féin ag céim na pleanála, agus cuirtear san áireamh aon iarmhairtí a d'fhéadfadh a bheith ann sula ndéantar tionscadal a fhormheas nó a údarú d'fhonn ardleibhéal cosanta comhshaoil a áirithiú. Sa dá chás, is gné lárnach í comhairliúchán leis an bpobal. Téann sé seo ar ais chuig Coinbhinsiún Aarhus, ar comhaontú comhshaoil iltaobhach é faoi choimirce Choimisiún Eacnamaíochta na Náisiún Aontaithe don Eoraip (UNECE), a tháinig i bhfeidhm in 2001 agus a bhfuil an tAontas agus a Bhallstáit uile mar pháirtithe ann. Ráthaítear leis trí cheart don phobal: rannpháirtíocht an phobail i gcinnteoireacht faoin gcomhshaol, rochtain ar fhaisnéis faoin gcomhshaol atá i seilbh údaráis phoiblí (e.g. maidir le staid an chomhshaoil nó shláinte an duine i gcás ina mbeidh éifeacht ag an gcomhshaol uirthi sin), agus maidir leis an gceart chun rochtain ar an gceartas i gcás inar tugadh neamhaird don dá cheart eile sin.

**E.** Cur chun feidhme, forfheidhmiú agus faireachán

Tá forbairt á déanamh ar dhlí comhshaoil an Aontais ó na 1970idí i leith. Tá na céadta treoracha, rialachán agus cinntí i bhfeidhm i láthair na huaire sa réimse sin. Mar sin féin, ós rud é go ndéantar éifeachtacht bheartas comhshaoil an Aontais a chinneadh den chuid is mó ar bhonn a chur chun feidhme ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil, is saincheist thábhachtach fós í cur i bhfeidhm agus forfheidhmiú atá easnamhach. Tá faireachán ríthábhachtach — idir fhaireachán ar staid an chomhshaoil agus fhaireachán ar leibhéal chur chun feidhme dhlí comhshaoil an Aontais.

Chun aghaidh a thabhairt ar an éagsúlacht mhór i ndáil leis an leibhéal cur chun feidhme i measc na mBallstát, in 2001, ghlac an tAontas caighdeáin íosta (neamhcheangailteacha) le haghaidh cigireachtaí comhshaoil. D'fhonn forfheidhmiú

dhlí comhshaoil an Aontais a fheabhsú, ní mór do na Ballstáit foráil a dhéanamh do smachtbhannaí coiriúla atá éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach i leith na gcionta comhshaoil is tromchúisí. Airítear na cionta seo a leanas orthu sin: astú nó sileadh neamhdhleathach substaintí san aer, san uisce nó san ithir; trádáil neamhdhleathach san fhiadhúlra; trádáil neamhdhleathach i substaintí ídithe ózóin; agus loingsiú nó dumpáil neamhdhleathach dramhaíola. Is líonra idirnáisiúnta d'údaráis chomhshaoil Bhallstáit an Aontais, tíortha aontachais agus tíortha is iarrthóirí, mar aon leis an Iorua é Líonra an Aontais Eorpaigh maidir le Dlí an Chomhshaoil a Chur Chun Feidhme agus a Fhorfheidhmiú (IMPEL), a bunaíodh chun borradh a chur faoin bhforfheidhmiú trí ardán a sholáthar do lucht déanta beartas, cigirí comhshaoil agus oifigigh forfheidhmithe chun smaointe agus na cleachtais is fearr a mhalartú.

I mí na Bealtaine 2016, sheol an Coimisiún an tAthbhreithniú ar Chur Chun Feidhme an Bheartais Comhshaoil, ar uirlis nua í atá deartha chun cabhrú le cur chun feidhme reachtaíocht chomhshaoil an Aontais a bhaint amach go hiomlán. Tá sé sin fite fuaite lena sheiceáil oiriúnachta (an Clár um Oiriúnacht agus Feidhmíocht Rialála – REFIT) chun faireachán agus tuairisciú a dhéanamh ar oibleagáidí faoi reachtaíocht an Aontais atá ann cheana chun é a dhéanamh níos simplí agus níos neamhchostasaí.

In 1990, bunaíodh an Ghníomhaireacht Eorpach Chomhshaoil (EEA), i gCóbanhávan chun tacú le forbairt, cur chun feidhme agus measúnú an bheartais chomhshaoil agus chun an pobal i gcoitinne a chur ar an eolas faoin ábhar. In 2020, d'fhoilsigh sé a 6ú Tuarascáil ar Staid an Chomhshaoil maidir le stádas agus ionchas an chomhshaoil Eorpaigh.

Reáchtálann an tAontas Clár an Aontais um Fhaire agus um Fhaireachán na Cruinne (Copernicus), lena soláthraítear sonraí breathnóireachta satailíte maidir leis an talún, an mhuir, an t-atmaisféar agus an t-athrú aeráide. Maidir le truailleáin a scaoiltear san aer, in uisce agus ar an talamh, soláthraíonn an Clár Eorpach ar Scaoileadh agus Aistriú Truailleán (E-PRTR) sonraí fíorthábhachtacha comhshaoil ó bhreis agus 30 000 saoráid tionsclaíoch san Aontas.

## RÓL PHARLAIMINT NA HEORPA

Tá ról tábhachtach ag Parlaimint na hEorpa maidir le dlí comhshaoil an Aontais a mhúnlú. Le linn a hochtú téarma (2014-2019), phléigh sí le reachtaíocht a eascraíonn as an bplean gníomhaíochta don gheilleagar ciorclach (maidir le dramhaíl, ceallraí, feithiclí a bhfuil a ré caite, líonadh talún, etc.), saincheisteanna maidir leis an athrú aeráide (daingniú Chomhaontú Pháras, comhroinnt díchill, cuntasaíocht d'úsáid talún, athrú ar úsáid talún agus foraoiseacht i ngealltanais an Aontais i dtaca leis an athrú aeráide, athchóiriú an chóras trádála astaíochtaí, etc.) agus tuilleadh.

D'aithin an Pharlaimint arís agus arís eile an gá atá ann le cur chun feidhme níos fearr bheith ina phríomhthosaíocht. I rún maidir le 'feabhas a chur ar sholáthar na sochar ó bhearta comhshaoil an Aontais: muinín a thógáil trí eolas agus freagrúlacht níos fearr', cháin sí leibhéal míshásúil chur chun feidhme an dlí chomhshaoil sna Ballstáit, agus rinne sí roinnt moltaí maidir le cur chun feidhme níos éifeachtaí, amhail na cleachtais is fearr a scaipeadh idir na Ballstáit agus idir údaráis réigiúnacha agus áitiúla. Le linn a naoú téarma (2019-2024), bhí ról ríthábhachtach ag an bParlaimint maidir le plé a dhéanamh ar na tograí arna gcur ar aghaidh ag an gCoimisiún mar chuid den Chomhaontú Glas don Eoraip, ó thaobh freagra a thabhairt ar na tograí agus na treoracha a chur in iúl inar mian léi tuilleadh uaillmhéine agus gníomhaíochta

a fheiceáil. An 29 Samhain 2019, d'fhógair an Pharlaimint éigeandáil aeráide agus chomhshaoil san Eoraip agus ar fud an domhain. I mí Dheireadh Fómhair 2021, ghlac an Pharlaimint Rialachán Aarhus leasaithe a caibidlíodh leis na Ballstáit chun leathnú a dhéanamh ar rochtain ar fhaisnéis, ar rannpháirtíocht phoiblí i gcinnteoireacht agus ar rochtain ar cheartas in ábhair a bhaineann leis an gcomhshaol.

In 2021, rith an Pharlaimint an Dlí Aeráide Eorpach freisin, lenar cuireadh ceangal dlí ar an Aontas gníomhú ar son na haeráide. Ina theannta sin, i mí Aibreáin 2023, d'fhormheas sí reachtaíocht faoin bpacáiste 'Oiriúnach do 55', arb é is aidhm di spriocanna aeráide a bhaint amach.

Chun tuilleadh eolais a fháil faoin ábhar seo, téigh chuig suíomh gréasáin an Choiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia (ENVI).

Maria-Mirela Curmei / Christian Kurrer
10/2023

# 2.5.2. AN T-ATHRÚ AERÁIDE A CHOMHRAC

Tá an tAontas Eorpach ar na mórgheilleagair atá i dtús áite i leith dul i ngleic le hastaíochtaí gás ceaptha teasa (GCT). In 2020, tháinig laghdú 31 % ar astaíochtaí GCT an Aontais Eorpaigh ó leibhéil 1990, a leibhéal is ísle le 30 bliain anuas, rud a théann níos faide ná sprioc an Aontais faoi Phrótacal Kyoto maidir le hastaíochtaí a laghdú 20 % faoi 2020. In 2019, thíolaic an Coimisiún an Comhaontú Glas don Eoraip, agus anois tá sraith beart á mholadh aige, a bhfuil sé mar aidhm leis uaillmhian an Aontais do 2030 a mhéadú go 55 % i ndáil le laghdú astaíochtaí GCT agus geilleagar AE a dhícharbónú roimh 2050, i gcomhréir le Comhaontú Pháras.

## AN BUNÚS DLÍ AGUS CUSPÓIRÍ

Le hAirteagal 191 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, déantar cuspóir sainráite de bheartas comhshaoil an Aontais den chomhrac in aghaidh an athraithe aeráide.

## CÚLRA GINEARÁLTA

Cruthaíonn gníomhaíochtaí daonna amhail dó breoslaí iontaise, dífhoraoisiú agus feirmeoireacht astú GCTanna, amhail dé-ocsaíd charbóin ($CO_2$), meatáin ($CH_4$), ocsaíd nítriúil ($N_2O$) agus d’fhluaracarbón. Déanann na GCTanna sin teas a radaítear ó dhromchla an Domhain a cheapadh agus coinníonn siad é ó éalú amach sa spás, rud a chruthaíonn téamh domhanda. Tá idir 1.4 °C agus 4.4 °C sna meastacháin is fearr a rinneadh ar an méadú sa mheánteocht dhomhanda faoi dheireadh an chéid, de réir an séú tuarascáil sintéise ar athrú aeráide ón bPainéal Idir-Rialtasach ar an Athrú Aeráide (IPCC), a foilsíodh i mí an Mhárta 2023.

Tá eachtraí adhaimsire tagtha as an téamh domhanda agus tiocfaidh tuilleadh eachtraí as (e.g. tuilte, triomaigh, báisteach throm agus teaspaigh), chomh maith le dóiteáin foraoise, imeacht na n-oighearshruthanna agus ardú leibhéil na mara, caillteanas na bithéagsúlachta, galair plandaí agus lotnaidí, ganntanas bia agus fionnuisce, dífhoraoisiú agus imirce daoine atá ag teitheadh ó na contúirtí sin. Léiríonn an eolaíocht go gcuirfí go mór leis an mbaol go mbeadh ann d’athrú do-aisiompaithe agus tubaisteach dá dtiocfadh ardú thar 2°C – nó 1.5°C fiú – os cionn na leibhéal réamhthionsclaíoch ar an téamh domhanda.

In 2006, thug Athbhreithniú Stern le fios go gcosnódh sé 1% de OTI na cruinne gach bliain chun an téamh domhanda a bhainistiú, ach bheadh costas 5% ar a laghad agus suas le 20% de OTI na cruinne ar neamhghníomhaíocht sa chás is measa. Dá bhrí sin, ní bheadh gá ach le cuid bheag de OTI iomlán na cruinne chun infheistiú a dhéanamh i ngeilleagar ísealcharbóin, agus dá ndéanfaí comhrac in aghaidh an athraithe aeráide, chruthófaí glantairbhí níos mó.

Ba é Prótacal Kyoto an chéad chonradh idirnáisiúnta a leag síos spriocanna atá ceangailteach ó thaobh slí de chun astaíochtaí GCT a laghdú. Glacadh é an 11 Nollaig 1997 agus tháinig sé i bhfeidhm in 2005. Dhaingnigh 192 Pháirtí an Prótacal agus ba chomhaontú idirnáisiúnta cinniúnach é chun an t-athrú aeráide a chomhrac. Chuir sé de cheangal ar thíortha tionsclaithe a gcuid astaíochtaí GCT a laghdú i gcomhréir le spriocanna aonair a aontaíodh faoin bprionsabal ‘gur comhchoiteann ach difreáilte atá

na freagrachtaí agus na cumais, ar cumais faoi seach iad'. I mí na Nollag 2015 ag an 21ú eagrán de Chomhdháil Pháirtithe (COP21) Chreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir leis an Athrú Aeráide i bPáras, glacadh an chéad chomhaontú uilíoch chun an t-athrú aeráide a chomhrac. Is é is aidhm le Comhaontú Pháras an méadú sa mheánteocht dhomhanda a choimeád 'go mór faoi' 2 °C, agus iarracht á déanamh í a choimeád ag 1.5 °C os cionn na leibhéal réamhthionsclaíoch. Chun an sprioc sin a bhaint amach, tá sé mar aidhm ag na Comhpháirtithe buaicphointe domhanda astaíochtaí GCT a shroicheadh a luaithe is féidir, agus astaíochtaí glan-nialasacha a bhaint amach i ndara leath na haoise seo. Déanfar sreafaí airgeadais comhsheasmhach leis na spriocanna sin. Den chéad uair, tá iarrachtaí uaillmhianacha déanta ag na Comhpháirtithe uile chun astaíochtaí GCT a laghdú, agus prionsabal á leanúint acu 'gur comhchoiteann ach difreáilte atá na freagrachtaí agus na cumais, ar cumais faoi seach iad', i.e. i gcomhréir lena gcásanna agus a bhféidearthachtaí aonair. Ceanglaítear orthu a bpleananna gníomhaíochta ar son na haeráide a uasghrádú ('rannchuidithe arna gcinneadh go náisiúnta') gach cúig bliana agus iad a chur in iúl ar bhealach trédhearcach. Tabharfar tacaíocht airgeadais agus tacaíocht trí fhothú acmhainní do na tíortha is leochailí agus na tíortha is lú forbairt, chomh maith leis na stáit oileánacha bheaga atá i mbéal forbartha. Aithnítear gur dúshláin dhomhanda iad an t-oiriúnú (e.g. caomhnú uisce, uainíocht barr, pleanáil phoiblí agus múscailt feasachta, ard na gcladán a mhéadú, calafoirt a athlonnú, etc.) agus an maolú (e.g. úsáid fuinnimh inathnuaite a mhéadú, athrú iompraíochta a chur chun cinn, etc.), mar aon leis an tábhacht a bhaineann le dul i ngleic le 'caillteanas agus damáiste' a bhaineann le héifeachtaí díobhálacha an athraithe aeráide. Chun go ndaingneofar é, bhí tairseach de 55 Pháirtí ag teastáil ón gcomhaontú, arb ionann é agus 55 % ar a laghad d'astaíochtaí gás ceaptha teasa iomlána an domhain. Rinne an tAontas Comhaontú Pháras a dhaingniú go foirmiúil an 5 Deireadh Fómhair 2016, rud a d'fhág gurbh fhéidir leis teacht i bhfeidhm an 4 Samhain 2016.

## CUSPÓIRÍ AGUS A BHFUIL BAINTE AMACH

**A.** Iarrachtaí AE chun an t-athrú aeráide a chomhrac

Trí bhíthin chreat aeráide agus fuinnimh 2030 AE, a aontaíodh in 2014 roimh Chomhaontú Pháras, tá gealltanas tugtha ag an Aontas na spriocanna seo a leanas a bhaint amach faoi 2030: astaíochtaí GCT a laghdú 40% faoi leibhéil 1990 ar a laghad, éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú 32.5%, agus sciar na bhfoinsí fuinnimh inathnuaite a mhéadú chuig 32% den tomhaltas deiridh. Is obair leantach é creat 2030 ar 'spriocanna 20-20-20' a chomhaontaigh ceannairí an Aontais Eorpaigh in 2007 don bhliain 2020: laghdú 20% ar astaíochtaí GCT, méadú 20% ar sciar an fhuinnimh inathnuaite i dtomhaltas fuinnimh deiridh, agus laghdú 20% ar thomhaltas fuinnimh phríomha an Aontais (i gcomparáid le leibhéil 1990). Aistríodh na spriocanna sin go léir ina mbearta reachtacha ceangailteacha, a bhí nasctha freisin le spriocanna an Aontais faoi Phrótacal Kyoto.

Is príomhionstraim bheartais de chuid AE sa chomhrac in aghaidh an athraithe aeráide í Scéim AE i ndáil le Trádáil Astaíochtaí (ETS), an chéad mhargadh carbóin idirnáisiúnta agus an margadh is mó go fóill. Is in 2005 a bunaíodh ETS agus tá sé bunaithe ar an bprionsabal 'teorannú agus trádáil': leagtar 'teorainn' ar líon iomlán astaíochtaí GCT is féidir a astú ag níos mó ná 11 000 suiteáil (monarchana, stáisiúin chumhachta, etc.) atá san áireamh sa scéim. Ceannaíonn nó faigheann gach suiteáil 'lamháltais astaíochtaí' a cheantálann na Ballstáit. Féadtar na creidmheasanna sin, arb ionann iad agus tonna

amháin $CO_2$ an ceann, a thrádáil le suiteálacha eile mura n-úsáidtear iad. Le himeacht ama, laghdaítear líon foriomlán na lamháltas de réir a chéile. Le dhá chiste – ciste don nuachóiriú agus ciste don nuálaíocht – cuidítear le huasghrádú na gcóras fuinnimh sna Ballstáit ísealioncaim agus le nuálaíocht a chothú trí fhuinneamh inathnuaite, gabháil agus stóráil carbóin agus tionscadail ísealcharbóin a chistiú. Cumhdaítear astaíochtaí eitlíochta le ETS freisin, ach tá síneadh curtha leis an díolúine d'eitiltí idir ilchríocha atá ann faoi láthair, áfach, go dtí deireadh 2023, nuair a bheidh an chéad chéim de Scéim Fritháirithe agus Laghdaithe Carbóin don Eitlíocht Idirnáisiúnta na hEagraíochta Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta (ICAO) le tosú. Chomhaontaigh an Eilvéis agus AE a gcórais trádála astaíochtaí a nascadh.

Tá astaíochtaí ó earnálacha nach gcumhdaítear le ETS, amhail iompar de bhóthar, dramhaíl, talmhaíocht agus foirgnimh, faoi réir spriocanna bliantúla ceangailteacha maidir le laghdú astaíochtaí GCT do gach Ballstát, arna leagan amach sa Rialachán maidir le Comhroinnt Dícheall (ESR). Chomhaontaigh an Pharlaimint agus an Chomhairle spriocanna íosta do 2021-2030 chun cuidiú le sprioc AE laghdú 30% GCT a bhaint amach ó na hearnálacha sin i gcomparáid le 2005 agus chun rannchuidiú le cuspóirí Chomhaontú Pháras a bhaint amach. Thairis sin, den chead uair, beidh ar gach Ballstát a áirithiú nach dtéann astaíochtaí ó thalamhúsáid, athrú ar thalamhúsáid agus foraoiseacht thar aistrithe. Is é sin le rá, ní mór go mbainisteofaí foraoisí, talamh curaíochta agus féarthailte ar bhonn inbhuanaithe, chun an oiread GCTanna agus is féidir a ionsú ón atmaisféar, agus an oiread céanna astaíochtaí agus a astaítear san earnáil ar a laghad ('riail do thoradh neodrach nó dearfach'), agus, dá bhrí sin, déanfar rannchuidiú tábhachtach leis an gcomhrac in aghaidh an athraithe aeráide.

Leis an Treoir maidir le Fuinneamh Inathnuaite féachtar lena áirithiú go ndéanfaidh fuinneamh inathnuaite amhail grianchumhacht, cumhacht ghaoithe, cumhacht hidrileictreach agus bithmhais suas sprioc tosaigh de 32% ar a laghad de thomhaltas fuinnimh iomlán an Aontais faoi 2030 i ndáil le giniúint leictreachais, le hiompar, le téamh agus le fuarú. Ceanglaítear ar gach Ballstát a phlean gníomhaíochta náisiúnta féin um fhuinneamh inathnuaite a ghlacadh, lena n-áirítear spriocanna earnála. Ionas go ndéanfar príomhshruthú ar úsáid fuinnimh inathnuaite san earnáil iompair, ní mór do na Ballstáit oibleagáid a leagan síos ar sholáthraithe breosla chun a áirithiú go mbeidh sciar an fhuinnimh inathnuaite i dtomhaltas fuinnimh deiridh na hearnála iompair ag 14% ar a laghad faoi 2030.

Le hathbhreithniú 2018 ar an Treoir maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh, leagtar amach sprioc éifeachtúlachta fuinnimh 32.5% do AE faoi 2030 (arna ríomh le cás bunlíne tagartha 2007), le clásal chun athbhreithniú i dtreo ardú a dhéanamh faoi 2023. Ina theannta sin, sa Treoir athbhreithnithe maidir le Feidhmíocht Fuinnimh Foirgneamh, a glacadh i mí na Bealtaine 2018, tá bearta san áireamh ann chun dlús a chur leis an ráta athchóirithe foirgneamh agus leis an aistriú i dtreo córais atá níos tíosaí ar fhuinneamh, agus córais bainistithe fuinnimh chliste.

Thairis sin, den chéad uair, leis an Rialachán Rialachais, cuirtear próiseas rialachais trédhearcach chun feidhme chun dul chun cinn i dtreo chuspóirí an Aontais Fuinnimh agus na Gníomhaíochta Aeráide a rianú, lena n-áirítear rialacha faireacháin agus tuairiscithe. Tá sé d'oibleagáid ar na Ballstáit pleananna comhtháite náisiúnta fuinnimh agus aeráide a ghlacadh don tréimhse 2021-2030. I mí Mheán Fómhair 2020, rinne an Coimisiún breithniú ar na pleananna deiridh agus dhearbhaigh sé a gcomhsheasmhacht fhoriomlán le spriocanna 2030 an Aontais, den chuid is mó, cé is moite den éifeachtúlacht fuinnimh, a bhfuil bearna uaillmhéine ina leith fós ann i dtaca

le sprioc 2030. Soláthraítear deis freisin le próiseas an rialachais chun nuashonrú a dhéanamh ar na pleananna gach dhá bhliain chun léiriú a thabhairt ar thaithí agus chun leas a bhaint as deiseanna nua don chuid eile den deich mbliana atá romhainn.

Le teicneolaíocht i dtaca le gabháil agus stóráil carbóin, deighltear $CO_2$ ó astaíochtaí san atmaisféar (a eascraíonn as próisis thionsclaíocha), comhbhrúitear an $CO_2$, agus aistrítear é chuig suíomh inar féidir é a stóráil. De réir an Phainéil Idir-Rialtasaigh ar an Athrú Aeráide, d'fhéadfadh an próiseas sin 80-90% d'astaíochtaí $CO_2$ a bhaint as gléasraí cumhachta a ídíonn breoslaí iontaise. Bhí sé níos deacra na tionscadail taispeántais a bhí beartaithe a chur chun feidhme ná mar a tuaradh ar dtús, áfach, agus ardchostais mar cheann de na príomhbhacainní leis sin.

Ní mór do ghluaisteáin nua paisinéirí a chláraítear san Aontas caighdeáin astaíochtaí $CO_2$ a chomhlíonadh, caighdeáin a bhfuil sprioc 95 g/km le haghaidh fhlít uile an Aontais leagtha síos acu ó 2021 amach. Chun dreasachtaí a chruthú sa tionsclaíocht chun infheistiú a dhéanamh i dteicneolaíochtaí nua, féadtar 'sárchreidmheasanna' a úsáid, i gcás ina meastar na gluaisteáin is glaine i ngach raon de chuid an mhonaróra a bheith ionann is níos mó ná gluaisteán amháin agus na meánastaíochtaí sonracha $CO_2$ á ríomh.

Is gné thábhachtach de laghdú astaíochtaí GCT í cáilíocht bhreosla freisin. Bhí sé mar aidhm ag reachtaíocht an Aontais laghdú 6% a dhéanamh ar dhéine GCT na mbreoslaí faoi 2020: bhí sé sin le baint amach, i measc bearta eile, trí bhithbhreoslaí a úsáid, nár mhór dóibh critéir inbhuanaitheachta a chomhlíonadh freisin.

Is suntasach na hastaíochtaí $CO_2$ a thagann ó loingseoireacht mhuirí idirnáisiúnta agus meastar go dtiocfaidh méadú nach beag orthu. Agus cur chuige domhanda á éileamh aige, tá córas uile-Aontais curtha ar bun ag AE chun faireachán, tuairisciú agus fíorú a dhéanamh ar astaíochtaí $CO_2$ ó longa, mar chéad chéim i dtreo iad a laghdú. Ní mór do longa móra faireachán a dhéanamh ar a n-astaíochtaí fíoraithe $CO_2$ a scaoiltear ar a slí chuig calafoirt AE, ó na calafoirt sin agus laistigh de na calafoirt sin, agus tuairisciú a dhéanamh orthu, chomh maith le haon fhaisnéis ábhartha eile.

I ndiaidh toirmisc ar chlórafluaracarbóin sna 1980idí chun stop a chur le hídiú an chisil ózóin, úsáidtear gáis fhluairínithe (gáis-F) sa lá atá inniu ann ina n-ionad i réimse feidhmeanna tionsclaíocha amhail aerchóiriú agus cuisniú, mar ní dhéanann siad dochar don chiseal ózóin. Mar sin féin, d'fhéadfadh go bhfuil acmhainneacht téite domhanda acu atá suas le 25 000 uair níos airde ná $CO_2$. Tá bearta déanta ag an Aontas dá bhrí sin chun rialú a dhéanamh ar úsáid gás-F agus chun a n-úsáid a chosc i bhfearais nua aerchóirithe agus i gcuisneoirí nua faoi 2022-2025, ag leagan luas síos dá bhrí sin do chéimniú amach domhanda.

**B.** An Comhaontú Glas don Eoraip

An 11 Nollaig 2019, thíolaic an Coimisiún an Comhaontú Glas don Eoraip, pacáiste uaillmhianach de bhearta beartaithe atá deartha chun go gcuirfear ar chumas AE a bheith neodrach ó thaobh carbóin de faoi 2050. Tá raon leathan san áireamh sna bearta sin, a bhfuil treochlár príomhghníomhaíochtaí ag gabháil leo, ó chiorruithe uaillmhianacha go hastaíochtaí agus infheistiú i dtaighde ceannródaíoch agus nuálaíocht, agus timpeallacht nádúrtha na hEorpa a chaomhnú. Le tacaíocht ó infheistíochtaí i dteicneolaíochtaí glasa, réitigh inbhuanaithe agus gnólachtaí nua, tá sé mar aidhm ag an gComhaontú Glas freisin a bheith ina straitéis fáis nua de chuid an Aontais chun an tAontas a chlaochlú ina gheilleagar inbhuanaithe agus

iomaíoch. Tá rannpháirtíocht agus tiomantas an phobail agus na ngeallsealbhóirí uile bunriachtanach chun go mbeidh rath air. I measc na bpríomhghníomhaíochtaí atá beartaithe faoin gComhaontú Glas don Eoraip, tá an Dlí Eorpach Aeráide chun AE atá neodrach ó thaobh na haeráide de a áirithiú faoi 2050. Déantar foráil leis go háirithe chun sprioc 2030 a mhéadú chun astaíochtaí GCT a ghearradh chuig 55% ar a laghad i gcomparáid le leibhéil 1990. Thairis sin, áirítear ar thograí eile ón gCoimisiún teachtaireachtaí maidir leis an bPlean Infheistíochta d'Eoraip Inbhuanaithe agus an Comhshocrú Aeráide Eorpach; tograí le haghaidh rialacháin lena mbunaítear an Ciste um Aistriú Cóir agus lena ndéantar athbhreithniú ar na treoirlínte le haghaidh bonneagar tras-Eorpach fuinnimh; agus straitéisí AE i ndáil le comhtháthú córas fuinnimh agus i ndáil le hidrigin; agus straitéis nua an Aontais Eorpaigh maidir le hoiriúnú don athrú aeráide.

Chuir an Coimisiún pacáiste de thograí reachtacha ar aghaidh an 14 Iúil 2021 agus é mar aidhm aige 'oiriúnú don sprioc 55%' a bhaint amach san Aontas agus an t-athrú ó bhonn a bhfuil gá leis a chur i gcrích ar fud an gheilleagair, na sochaí agus na tionsclaíochta ar an mbealach chun neodracht aeráide a bhaint amach faoi 2050. Áirítear ar na tograí sin ETS a leathnú chuig an earnáil mhuirí, iompar de bhóthar, agus foirgnimh agus breoslaí níos glaine le haghaidh na n-earnálacha eitlíochta agus muirí, lena n-áirítear bonneagar nua le haghaidh breoslaí malartacha. An 17 Nollaig 2022, tháinig an Pharlaimint agus an Chomhairle ar chomhaontú maidir le bearta níos uaillmhianaí chun ETS a athchóiriú: sprioc astaíochtaí a laghdú 62 % faoi 2030 i gcomparáid le leibhéil 2005. Chun tacú leis na Ballstáit agus iad ag iarraidh astaíochtaí ó fhoirgnimh, iompar de bhóthar agus earnálacha tionsclaíocha áirithe a laghdú, seolfar córas nua trádála astaíochtaí (ETS II) in 2027. Leis an bpacáiste thuasluaite, tugtar isteach freisin an Sásra nua um Choigeartú Carbóin ar Theorainneacha chun cur i gcoinne sceitheadh carbóin, an Ciste Aeráide Sóisialta nua agus cistí feabhsaithe don nuachóiriú agus don nuálaíocht.

Leis an Rialachán maidir le Comhroinnt Díchill (a formheasadh i mí an Mhárta 2023 mar chuid den phacáiste 'Oiriúnach do 55'), méadaítear uaillmhian aeráide an Aontais. Go háirithe, tá gá le gach earnáil a chumhdaítear leis an rialachán laghdú 40 % ar a n-astaíochtaí a bhaint amach faoi 2030 i gcomparáid le leibhéil 2005. Moltar sa Treoir nuashonraithe maidir le Fuinneamh Inathnuaite sprioc cheangailteach foriomlán na bhfoinsí inathnuaite i meascán fuinnimh an Aontais a mhéadú ó 32% go 42.5%.

Leis an athbhreithniú ar an Treoir maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh, a tugadh chun críche tar éis na caibidlíochta idirinstitiúidí i mí Iúil 2023, leagtar síos sprioc uaillmhianach éifeachtúlachta fuinnimh de chuid an Aontais atá ceangailteach ó thaobh dlí de, is é sin laghdú 11.7 % ar an tomhaltas fuinnimh deiridh faoi 2030 i gcomparáid le 2020.

Thairis sin, an 5 Aibreán 2022, thíolaic an Coimisiún togra neartaithe maidir le gáis-F arb é is aidhm dó coibhéis 40 milliún tona d'astaíochtaí $CO_2$ a shábháil faoi 2030. An 14 Deireadh Fómhair 2020, chuir an Coimisiún straitéis de chuid an Aontais i láthair freisin chun astaíochtaí meatáin a laghdú. Is é meatán an dara cúis is mó leis an athrú aeráide tar éis $CO_2$. Dá bhrí sin, tá sé ríthábhachtach dul i ngleic le hastaíochtaí meatáin chun ár spriocanna aeráide do 2030 agus sprioc na haeráidneodrachta do 2050 a bhaint amach. Thíolaic an Coimisiún togra eile an 15 Nollaig 2021 chun astaíochtaí meatáin a laghdú in earnáil an fhuinnimh san Eoraip agus sa slabhra soláthair domhanda.

Leis an athbhreithniú ar an Treoir maidir le Feidhmíocht Fuinnimh Foirgneamh, a glacadh an 15 Nollaig 2021, déantar an creat rialála atá ann cheana a uasghrádú agus, ag an am céanna, tugtar an tsolúbthacht is gá do na Ballstáit chun na difríochtaí sa stoc foirgneamh ar fud na hEorpa a chur san áireamh. Tá an treoir á hathmhúnlú faoi láthair. An 14 Márta 2023, d'fhormheas seisiún iomlánach na Parlaiminte a seasamh maidir leis an treoir, lena mbunaítear seasamh níos uaillmhianaí roimh chaibidlíocht leis na Ballstáit. Leagtar amach sa treoir athbhreithnithe conas is féidir leis an Eoraip stoc foirgneamh atá saor ó astaíochtaí agus atá go hiomlán dícharbónaithe a bhaint amach faoi 2050. I mí Feabhra 2023, tháinig an Pharlaimint agus an Chomhairle ar chomhaontú maidir le sprioc eile i ndáil le laghdaithe astaíochtaí le haghaidh fhlít uile an Aontais do ghluaisteáin nua (55 %) agus veaineanna nua (50 %) faoi 2030. Thug siad isteach freisin sprioc maidir le laghdú 30 % ar astaíochtaí $CO_2$ do leoraithe nua, le sprioc idirmheánach 15 % faoi 2025. Ghlac an Pharlaimint an t-athbhreithniú ar an Rialachán maidir le húsáid talún, athrú ar thalamhúsáid agus foraoiseacht an 14 Márta 2023, lenar cinneadh sprioc nua do 2030 chun linnte carbóin AE a mhéadú 15 %.

An 23 Márta 2023, tháinig an Pharlaimint agus an Chomhairle ar chomhaontú neamhfhoirmiúil maidir le dlí na mbreoslaí muirí inbhuanaithe, arb é is aidhm dó astaíochtaí long a laghdú 2 % amhail ó 2025 agus 80 % amhail ó 2050. Ina theannta sin, beidh ar a laghad 2 % de bhreoslaí loingseoireachta an Aontais ag teacht ó ríomhbhreoslaí a dhéantar le leictreachas glas faoi 2034. Is é an chéad chéim eile sa nós imeachta reachtach ná comhaontú foirmiúil maidir leis an gcomhad, ar cuid den phacáiste 'Oiriúnach do 55' é.

## RÓL PHARLAIMINT NA HEORPA

Maidir le saincheisteanna athraithe aeráide, bhíodh an Pharlaimint rannpháirteach go traidisiúnta sna caibidlíochtaí idirinstitiúideacha leis an gComhairle Eorpach le seasaimh lena gcuirtear le huaillmhian ghníomhaíochtaí AE.

Roimh COP 21 in 2015, mheabhraigh an Pharlaimint an athuair go raibh géarghá ann go ndéanfaí 'rialáil agus teorannú éifeachtach ar astaíochtaí ó eitlíocht agus loingseoireacht idirnáisiúnta'. Chuir sí a díomá in iúl nár tháinig ICAO ar chomhaontú maidir le laghduithe astaíochtaí. Le tabhairt isteach na Scéime Fritháirithe agus Laghdaithe Carbóin don Eitlíocht Idirnáisiúnta, dírítear in ionad sin ar fhritháireamh den chuid is mó. gan aon ráthaíocht maidir le cáilíocht agus gan stádas a bheidh ceangailteach ó thaobh an dlí de ach ó 2027 amach. Níl tiomantas tugtha fós ag príomhchomhaltaí ICAO a bheith rannpháirteach sa chéim dheonach.

Tá an Pharlaimint i bhfabhar praghsáil carbóin ar bhonn leathan agus tá sí ar son ioncam ó thrádáil astaíochtaí a leithdháileadh ar infheistíochtaí a bhaineann le cúrsaí aeráide. D'iarr sí go dtógfaí céimeanna nithiúla, lena n-áireofaí tráthchlár a leagan síos, chun gach fóirdheontas don bhreosla iontaise a chéimniú amach.

I nuashonrú níos luaithe faoi astaíochtaí $CO_2$ ó ghluaisteáin paisinéirí agus veaineanna, d'áitigh an Pharlaimint go dtabharfaí isteach an timthriall tástála domhanda nua a shainigh na Náisiúin Aontaithe a luaithe agus is féidir, d'fhonn fíorchoinníollacha tiomána a léiriú agus astaíochtaí $CO_2$ á dtomhas.

I bhfianaise an 24ú eagrán de Chomhdháil na bPáirtithe in Katowice, den chéad uair, d'éiligh an Pharlaimint i rún an 25 Deireadh Fómhair 2018 uaithi go méadófaí sprioc 2030 AE maidir le laghdú astaíochtaí GCT, arb ionann í agus 55%. Thairis sin, mheas

an Pharlaimint go bhféadfaí an tionchar trom, ar dócha go mbeadh sé do-athraithe, a bheadh ag ardú 2°C sa teocht dhomhanda a sheachaint dá dtabharfaí faoi sprioc níos uaillmhianaí Pháras de 1.5°C a bhaint amach, a mbeadh gá leis go dtitfeadh astaíochtaí GCT domhanda atá ag méadú go nialas faoi 2050 ar a dhéanaí. Is é sin an fáth gur iarr sí ar an gCoimisiún straitéis fhadtéarmach de chuid an Aontais i gcomhair lár na haoise a mholadh i dtaca le hastaíochtaí GCT nialasacha.

I mí Iúil 2018, ghlac an Pharlaimint rún maidir le Taidhleoireacht Aeráide AE, inar leag sí béim ar fhreagracht AE a bheith mar cheannaire i dtaca le gníomhaíocht aeráide, mar aon le cosc coinbhleachtaí. Cuireadh béim ann ar an bhfíoras gur cheart acmhainneachtaí taidhleoireachta an Aontais a neartú chun gníomhaíocht aeráide a chur chun cinn ar bhonn domhanda, chun tacú le cur chun feidhme Chomhaontú Pháras agus chun coinbhleacht atá bainteach leis an athrú aeráide a chosc.

An 28 Samhain 2019, d’fhógair an Pharlaimint géarchéim aeráide san Eoraip agus thathantaigh sí ar gach Ballstát tiomantas a thabhairt i dtaca le hastaíochtaí GCT glan-nialasacha faoi 2050. Theastaigh ón bParlaimint freisin go n-áiritheodh an Coimisiún go raibh na tograí reachtacha agus buiséadacha ábhartha go léir ailínithe go hiomlán leis an gcuspóir téamh domhanda a theorannú faoi 1.5°C.

An 8 Deireadh Fómhair 2020, ghlac an Pharlaimint a sainordú caibidlíochta maidir le Dlí Aeráide AE, á iarraidh go n-ardófaí sprioc laghdaithe astaíochtaí 2030 go 60%. Cé gur dearbhaíodh an sprioc 55% a mhol an Coimisiún leis an gcomhaontú idirinstitiúideach ar tháinig an Pharlaimint agus an Chomhairle air an 21 Aibreán 2021, d’éirigh leis an bParlaimint borradh a chur faoin ról agus faoin rannchuidiú a bhaineann le baint carbóin, rud a d’fhéadfadh an sprioc sin a aistriú go 57%. Thairis sin, i gcomhréir le sainordú na Parlaiminte, réiteoidh an Coimisiún togra le haghaidh sprioc 2040, sé mhí ar a dhéanaí tar éis an chéad stocáirimh dhomhanda ar Chomhaontú Pháras, ina gcuirfear buiséad táscach réamh-mheasta GCT an Aontais san áireamh. Ar deireadh, i bhfianaise a thábhachtaí atá comhairle eolaíoch neamhspleách, cuireadh an Bord Comhairleach Eolaíoch Eorpach maidir leis an Athrú Aeráide ar bun chun a mheas cibé an bhfuil nó nach bhfuil an beartas comhsheasmhach agus chun faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn, mar a mhol an Pharlaimint.

I dtuarascáil dar teideal *Scientific advice for the determination of an EU-wide climate target and a greenhouse gas budget for 2030-2050* [Comhairle eolaíoch maidir le sprioc aeráide ar fud an Aontais agus buiséad gás ceaptha teasa do 2030-2050 a chinneadh] a foilsíodh i mí Eanáir 2023, soláthraíonn an Bord Comhairleach Eolaíoch Eorpach maidir leis an Athrú Aeráide meastachán eolaíochtbhunaithe d’institiúidí an Aontais ar sprioc aeráide 2040 agus ar bhuiséad AE maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa don tréimhse 2030-2050. De réir na tuarascála sin, ní mór don Aontas a dhícheall a dhéanamh glanastaíochtaí a laghdú 90-95 % faoi 2040, i gcoibhneas le leibhéil 1990.

An 15 Meán Fómhair 2022, ghlac an Pharlaimint rún maidir le hiarmhairtí an triomaigh, na tine agus feiniméin eile adhaimsire, arb é is aidhm dó iarrachtaí AE chun an t-athrú aeráide a chomhrac a neartú tuilleadh.

Chun tuilleadh eolais a fháil faoin ábhar seo, téigh chuig suíomh gréasáin an Choiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia.

Georgios Amanatidis
09/2023

# 2.5.3. BITHÉAGSÚLACHT, ÚSÁID NA TALÚN AGUS FORAOISEACHT

Bhí ról tábhachtach ag leibhéal idirnáisiúnta ag AE i réitigh a lorg ar chailliúint na bithéagsúlachta, ar dhífhoraoisiú agus ar an athrú aeráide. Céim mhór chun tosaigh ba ea Comhdháil 1992 NA ar Chomhshaol agus Forbairt, a bhuíochas le glacadh an Choinbhinsiúin maidir leis an mBithéagsúlacht. I gComhaontú Pháras 2015 maidir leis an athrú aeráide, tugtar faoi deara a thábhachtaí atá sé sláine na n-éiceachóras go léir agus cosaint na bithéagsúlachta a áirithiú. Mar chuid den Chomhaontú Glas don Eoraip, mhol an Coimisiún straitéis nua bithéagsúlachta a bhfuil sé mar aidhm léi bithéagsúlacht na hEorpa a chur ar bhóthar an téarnaimh faoi 2030. Áirítear leis dlí maidir le hathchóiriú an dúlra chun éiceachórais a ndearnadh damáiste dóibh a athshlánú agus an dúlra a thabhairt ar ais ar fud na hEorpa.

## AN BUNÚS DLÍ

Airteagail 3, 11 agus 191-193 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

## CÚLRA GINEARÁLTA

Ag eascairt ó Chomhdháil NA ar Chomhshaol agus Forbairt, a reáchtáladh in Rio de Janeiro in 1992, glacadh an Creat-Choinbhinsiún NA ar an Athrú Aeráide (UNFCCC) agus an Coinbhinsiún maidir leis an mBithéagsúlacht (CBD), chomh maith le Dearbhú Rio, Ráiteas maidir le Prionsabail Foraoise agus le Clár 21. Comhlánaítear CBD le dhá phríomhphrótacal: Prótacal Cartagena maidir leis an mBithshábháilteacht, a glacadh in 2000 agus a tháinig i bhfeidhm in 2003, féachtar leis an mbithéagsúlacht a chosaint ón mbaol féideartha ó orgánaigh mhodhnaithe bheo a eascraíonn ón mbiteicneolaíocht nua-aimseartha; Prótacal Nagoya maidir le Rochtain agus Comhroinnt Sochar, a glacadh in 2010 agus a tháinig i bhfeidhm in 2014, agus arb é is aidhm dó ná deimhneacht dhlíthiúil agus trédhearcacht níos fearr a chruthú do sholáthraithe agus úsáideoirí acmhainní géiniteacha araon. Ach léiríodh, áfach, i dtuarascáil CBD dar teideal *The Global Biodiversity Outlook 3* [Ionchas Domhanda Bithéagsúlachta 3], nár baineadh amach sprioc bhithéagsúlachta 2010. In Nagoya (Maoracht Aichi, an tSeapáin) in 2010, ghlac Páirtithe de CBD plean straitéiseach athbhreithnithe freisin lena n-ionchorpraítear Spriocanna Bithéagsúlachta Aichi: 20 sprioc uaillmhianach arna n-eagrú de réir cúig chuspóir straitéiseach chun cosaint don bhithéagsúlacht a bhaint amach faoi 2020, mar chuid de phlean straitéiseach don bhithéagsúlacht don tréimhse 2011-2020.

Tá AE ina pháirtí sna coinbhinsiúin seo a leanas: Coinbhinsiún Ramsar maidir le Caomhnú Bogach (Feabhra 1971); an Coinbhinsiún maidir le Trádáil Idirnáisiúnta i Speicis Fauna agus Flora Fiáine i mBaol (CITES) (Márta 1973); Coinbhinsiún Bonn maidir le Caomhnú na Speiceas Imirceach Ainmhithe Fiáine (Meitheamh 1979); Coinbhinsiún Bheirn maidir le Fiadhúlra Eorpach agus Gnáthóga Nádúrtha a Chaomhnú (1982); Coinbhinsiún Rio de Janeiro maidir leis an mBithéagsúlacht (Meitheamh 1992); agus sna coinbhinsiúin réigiúnacha seo a leanas: Coinbhinsiún Heilsincí maidir le Cosaint Mhuirthimpeallacht Limistéar Mhuir Bhailt (1974); Coinbhinsiún Barcelona maidir leis an Meánmhuir (1976); agus an Choinbhinsiún

maidir le Cosaint na nAlp (1991). Tá AE faoi cheangal freisin ag Coinbhinsiún Aarhus (1998), lena ndéantar foráil do rochtain phoiblí ar fhaisnéis faoin gcomhshaol, do rannpháirtíocht an phobail i gcinnteoireacht agus do rochtain ar cheartas.

Is faoi UNFCCC a dhéantar iarrachtaí idirnáisiúnta chun astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú. I mí na Nollag 2015, ghlac Páirtithe UNFCCC Comhaontú Pháras, ar comhaontú aeráide é atá ceangailteach ó thaobh dlí de a bhfuil feidhm aige maidir le gach tír agus arb é is aidhm dó an téamh domhanda a theorannú go mór faoi 2 ºC, agus leanúint d'iarrachtaí chun fanacht faoi bhun 1.5 ºC (2.5.2). Laistigh de UNFCCC, cuireann tionscnamh REDD+ ionstraimí ar fáil chun dul i ngleic le dífhoraoisiú agus díghrádú foraoise sa teochrios. I gComhaontú Pháras, tugtar faoi deara a thábhachtaí atá sé sláine na n-éiceachóras go léir, lena n-áirítear aigéin, agus cosaint na bithéagsúlachta a áirithiú. Thairis sin, leis an gcomhaontú, tugtar suntas freisin don ról fíorthábhachtach a imríonn an earnáil úsáide talún chun na cuspóirí fadtéarmacha maidir le maolú ar an athrú aeráide a bhaint amach.

## CUSPÓIRÍ AGUS A BHFUIL BAINTE AMACH

**A.** Pleananna gníomhaíochta níos luaithe maidir leis an mBithéagsúlacht

I mí na Bealtaine 2006, ghlac an Coimisiún teachtaireacht dar teideal 'Stad a chur le cailliúint bhithéagsúlachta faoi 2010 — agus ina dhiaidh sin:seirbhísí éiceachórais a chothú ar mhaithe le folláine an duine'. Ós rud é nach móide go raibh AE chun an sprioc a leag sé síos dó féin in 2010 chun stad a chur le meath na bithéagsúlachta a bhaint amach, ghlac an Coimisiún straitéis nua i mí an Mheithimh 2011 chun 'stad a chur le cailliúint na bithéagsúlachta agus le díghrádú seirbhísí éiceachórais in AE faoi 2020, agus iad a athbhunú [...], agus, i gcomhthráth leis sin, méadú a dhéanamh ar rannchuidiú AE i leith chailliúint na bithéagsúlachta domhanda a sheachaint'. I mí na Nollag 2011, d'fhormhuinigh an Chomhairle straitéis bhithéagsúlachta AE go dtí 2020, ina raibh na sé sprioc seo a leanas: cur chun feidhme iomlán na reachtaíochta AE maidir leis an dúlra ionas go ndéanfar bithéagsúlacht a chosaint; cosaint níos fearr a thabhairt d'éiceachórais agus níos mó úsáide a bhaint as an mbonneagar glas; talmhaíocht agus foraoiseacht a bheith níos inbhuanaithe; bainistíocht níos fearr a dhéanamh ar stoic éisc; srian níos déine a chur ar speicis choimhthíocha ionracha; rannchuidiú níos fearr ó thaobh AE de chun cailliúint na bithéagsúlachta domhanda a sheachaint.

**B.** Caomhnú gnáthóg nádúrtha agus fauna agus flora fiáine.

Faoin Treoir maidir le Gnáthóga (Treoir 92/43/CEE ón gComhairle maidir le caomhnú gnáthóg nádúrtha agus fauna agus flora fiáine, arna leasú le Treoir 97/62/CE) bunaíodh an líonra Eorpach, Natura 2000. Cuimsíonn sé sin 'Suíomhanna chun leasa an Chomhphobail' /'Limistéir Chaomhantais Speisialta' arna n-ainmniú ag na Ballstáit, agus 'Limistéir faoi Chosaint Speisialta' arna n-aicmiú de bhun Threoir 79/409/CEE maidir le caomhnú éan fiáin. Le hachar iomlán de bhreis is 850 000 km2, tá sé seo ar an líonra comhleanúnach is mó de shuíomhanna faoi chosaint ar domhan. Is é aidhm na Treorach maidir le Gnáthóga go príomha cur chun cinn a dhéanamh ar chaomhnú na bithéagsúlachta fad is a chuirtear san áireamh riachtanais eacnamaíochta, shóisialta, chultúrtha agus réigiúnacha. Cuimsítear sa Treoir leasaithe maidir le hÉin (2009/147/CE) cosaint, bainistiú agus rialú éan (éin fhiáine), lena n-áirítear rialacha le haghaidh sealgaireacht inbhuanaithe.

**C.** Speicis choimhthíocha ionracha

Tá rialú níos déine a dhéanamh ar speicis choimhthíocha ionracha ar cheann de na sé sprioc atá i straitéis bhithéagsúlachta AE go dtí 2020. Is iad speicis choimhthíocha ionracha is cúis le díobháil a chosnaíonn na billiúin euro gach bliain in AE, ní hamháin d'éiceachórais ach do bharr agus do bheostoc, rud a chuireann isteach ar an éiceolaíocht áitiúil agus a dhéanann difear do shláinte an duine. Is príomhghné de Rialachán (AE) Uimh. 1143/2014 maidir le tabhairt isteach agus leathadh speiceas coimhthíoch ionrach a chosc agus a bhainistiú é an liosta de speicis choimhthíocha ionracha is ábhar imní don Aontas. Féachtar leis an rialachán – trí chosc, luathrabhadh agus mearfhreagairt – leis an mbithéagsúlacht dhúchasach a chosaint agus íoslaghdú agus maolú a dhéanamh ar thionchar na speiceas sin ar shláinte an duine agus ar an ngeilleagar. Go háirithe, beidh ar na Ballstáit córais faireachais agus pleananna gníomhaíochta a bhunú.

**D.** Rochtain agus comhroinnt sochar

Tar éis ghlacadh Phrótacal Nagoya maidir le Rochtain agus Comhroinnt Sochar, thíolaic an Coimisiún togra i mí Dheireadh Fómhair 2012 d'fhonn ceanglais cheangailteacha a leagan síos maidir le rochtain ar acmhainní géiniteacha sa tír thionscnaimh agus a áirithiú go ndéanfaí na sochair a d'eascródh as sin a chomhroinnt go cóir cothromasach. Mar thoradh ar chomhaontú idir Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle glacadh Rialachán (AE) Uimh. 511/2014. Faoin rialachán seo, ní fhéadtar acmhainní géiniteacha agus eolas traidisiúnta a bhaineann leis na hacmhainní sin a aistriú agus a úsáid ach i gcomhréir le téarmaí arna n-aontú i gcomhar idir na húsáideoirí (gnóthaí, bailitheoirí príobháideacha agus institiúidí) agus údaráis na tíre tionscnaimh.

**E.** Fauna agus flora fiáine a dhúshaothrú agus a thrádáil

Rialaíonn coinbhinsiún CITES trádáil idirnáisiúnta, go sonrach (ath)onnmhairiú agus allmhairiú ainmhithe beo agus marbha agus plandaí agus codanna agus díorthaigh díobhsan, ar bhonn córais ceadanna agus deimhnithe.- Déanann an bunrialachán ((CE) Uimh. 338/97) maidir le cosaint fauna agus flora fiáine trí thrádáil a rialáil cuspóirí, prionsabail agus forálacha choinbhinsiún CITES a chur i bhfeidhm ar dhlí AE. Aon uair a athraítear an liosta speiceas a liostaítear sna hiarscríbhinní a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 338/97 ón gComhairle, e.g. chun na cinntí liostaithe ó Chomhdháil na bPáirtithe CITES a chur chun feidhme, déantar é sin trí rialachán cur chun feidhme ón gCoimisiún, amhail Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1587 ón gCoimisiún, lena dtoirmisctear tabhairt isteach in AE speiceas áirithe de fauna agus flora fiáine.

**F.** Bithéagsúlacht a bhaineann le leas ainmhithe

Sheol an Coimisiún an plean gníomhaíochta um chosaint agus leas ainmhithe 2006-2010, chun tacú leis an bprionsabal go ndéanfaí athsholáthar, laghdú agus mionchoigeartú ar úsáid ainmhithe don taighde. Tá Treoir 2010/63/AE maidir le cosaint ainmhithe a úsáidtear chun críocha eolaíocha (lena n-aisghairtear Treoir 86/609/CEE) bunaithe ar an bprionsabal sin, agus tháinig sé i bhfeidhm an 1 Eanáir 2013. Thairis sin, tá sé mar aidhm ag Rialachán (CE) Uimh. 1007/2009 a áirithiú nach bhfaighfear a thuilleadh i margadh AE táirgí ó rónta.

**G.** Bithéagsúlacht mhuirí

Tagann an bhithéagsúlacht mhuirí faoi raon feidhme na bpleananna gníomhaíochta bithéagsúlachta le haghaidh acmhainní nádúrtha agus iascach. Leagtar béim san athbhreithniú ar Straitéis Bhithéagsúlachta AE ar an tábhacht a bhaineann le 'stádas maith éiceolaíoch' na bhfarraigí agus na gcóstaí má táthar chun tacú leis an mbithéagsúlacht. Ina theannta sin, tháinig Treoir 2008/56/CE maidir leis an Straitéis Mhuirí (MSFD) maidir le cosaint agus caomhnú an chomhshaoil mhuirí i bhfeidhm i mí Iúil 2008. An aidhm a bhí léi ná a áirithiú go mbeadh stádas maith ag uiscí muirí AE faoi 2020 agus go ndéanfaí an bonn acmhainní ar a bhfuil gníomhaíochtaí eacnamaíochta agus sóisialta muiríbhunaithe ag brath a chosaint. Leasaíodh MSFD le Treoir (AE) 2017/845, ina ndéantar Iarscríbhinn III a ghabhann leis maidir le liostaí táscacha na ngnéithe atá le cur san áireamh agus straitéisí muirí á n-ullmhú a ionadú.

**H.** Foraoisí

Déanann foraoisí suas beagnach 30 % d'achar dromchla líonra Natura 2000. Tá thart ar 182 mhilliún heictéar foraoise ag AE, a chlúdaíonn 43 % dá limistéar talún agus, dá bhrí sin, tá sé mar aidhm le roinnt beart AE na foraoisí a chosaint. I Rialachán ((AE) Uimh 995/2010) maidir le hAllmhairí Adhmaid, leagtar síos na hoibleagáidí atá ar oibreoirí a chuireann adhmad agus táirgí adhmaid ar mhargadh AE. Cuireann sé i gcoinne trádáil in adhmad arna lománú go neamhdhleathach agus i dtáirgí adhmaid trí oibleagáidí fíorthábhachtacha agus toirmeascann sé den chéad uair adhmad agus táirgí adhmaid arna lománú go neamhdhleathach a chur ar mhargadh AE. Rinneadh Teachtaireacht ón gCoimisiún dar teideal A new EU Forest Strategy: for forests and the forest-based sector [Straitéis Foraoise AE nua: d'fhoraoisí agus don earnáil fhoraois-bhunaithe] a ghlacadh i mí Mheán Fómhair 2013. Chinn tuarascáil mheántéarma maidir le cur chun feidhme Straitéis Foraoise AE gur rinneadh dul chun cinn suntasach i dtreo chuspóirí 2020.

**I.** Úsáid talún, athrú ar úsáid talún agus foraoiseacht (LULUCF)

Cumhdaíonn earnáil LULUCF úsáid a bhaint as ithreacha, crainn, plandaí, bithmhais agus adhmad agus tá tréith ar leith aici, is é sin, ní hamháin gur féidir léi gáis ceaptha teasa a astú ach is féidir léi freisin $CO_2$ a ionsú ón atmaisféar. Go dtí 2020, bhí na Ballstáit tiomanta faoi Phrótacal Kyoto a áirithiú go ndéanfaí astaíochtaí gás ceaptha teasa ó úsáid talún a chúiteamh le hionsú coibhéiseach $CO_2$, rud ab fhéidir a dhéanamh trí bhíthin tuilleadh gníomhaíochta san earnáil. (2.5.2) Anois, tá sé mar aidhm ag AE an prionsabal sin (an 'riail do thoradh neodrach nó dearfach' mar a thugtar air) a chumhdach i ndlí AE don tréimhse 2021-2030, trí LULUCF a ionchorprú den chéad uair riamh in iarrachtaí AE chun astaíochtaí a laghdú. Faoi Rialachán (AE) 2018/841 maidir le hastaíochtaí agus aistrithe gás ceaptha teasa ó LULUCF a chur san áireamh i gcreat aeráide agus fuinnimh 2030, a tháinig i bhfeidhm an 9 Iúil 2018, ba cheart astaíochtaí gás ceaptha teasa ó LULUCF a fhritháireamh ar a laghad le hasbhaint choibhéiseach CO2 ón atmaisféar le linn na tréimhse 2021-2030. Leasaíodh Rialachán LULUCF i mí Aibreáin 2023 chun sprioc nua 2030 a chinneadh i gcomhréir leis an gComhaontú Glas don Eoraip. Go háirithe, is é an cuspóir atá ann linnte carbóin an Aontais a mhéadú 15 %, arb ionann sin agus 310 milliún tona de choibhéis $CO_2$. I mí na Bealtaine 2023, chuidigh doiciméad treorach ón gCoimisiún leis na Ballstáit úsáid talún, foraoiseacht agus talmhaíocht a ailíniú le pleananna náisiúnta fuinnimh agus aeráide nuashonraithe, lena n-áirithítear comhlíontacht le rialacháin athbhreithnithe.

**J.** Ionstraimí airgeadais

Ó 1992 i leith, ba é clár LIFE ionstraim thiomnaithe chistiúcháin AE don chomhshaol. Áiríodh caomhnú an dúlra agus na bithéagsúlachta i measc na bhfochlár le haghaidh na chéad cheithre chéim a cuireadh i gcrích cheana féin. Is é a bhí sa chúigiú céim (a tugadh isteach le Rialachán (AE) Uimh. 1293/2013 agus ina gcumhdaítear an tréimhse 2014-2020 i gcás LIFE) ná dhá fhochlár maidir leis an athrú aeráide agus leis an gcomhshaol. Tá buiséad de EUR 1.155 billiún ar fáil don dúlra agus don bhithéagsúlacht, mar chuid den fhochlár comhshaoil. - Tá cistiú eile chun tacú leis an mbithéagsúlacht ar áireamh i mbeartais talmhaíochta agus iascaigh, i gCistí Comhtháthaithe agus Struchtúracha, agus sna cláir taighde ilbhliantúla. Tá an chéim is déanaí de chlár LIFE (2021-2027) struchtúraithe ar an gcaoi chéanna leis an gceann roimhe sin, agus tá an dá réimse gníomhaíochta chéanna agus ceithre fhochlár ann. Is é EUR 2.15 billiún an buiséad don fhochlár dúlra agus bithéagsúlachta.

**K.** Na straitéisí bithéagsúlachta agus foraoise do 2030

An 11 Nollaig 2019, thíolaic an Coimisiún an Comhaontú Glas don Eoraip, pacáiste uaillmhianach de bhearta beartaithe chun go gcuirfear ar chumas AE a bheith neodrach ó thaobh carbóin de faoi 2050. Leis an gComhaontú Glas don Eoraip, soláthraítear plean gníomhaíochta chun AE a chlaochlú ina gheilleagar inbhuanaithe agus iomaíoch. I measc na ngníomhaíochtaí a moladh ná straitéis bhithéagsúlachta an Aontais do 2030 (a foilsíodh an 20 Bealtaine 2020) ina bhfuil bearta chun dul i ngleic le príomhspreagthaí do chailliúint na bithéagsúlachta, mar aon le straitéis nua foraoise AE le haghaidh 2030 (a foilsíodh an 14 Iúil) ina bhfuil bearta chun tacú le slabhraí luacha nach mbeidh dífhoraoisiú mar thoradh orthu. Le Straitéis na Bithéagsúlachta do 2030, tugtar aghaidh ar na cúig phríomhspreagadh do chailliúint na bithéagsúlachta (athruithe ar úsáid talún agus farraige, róshaothrú, an t-athrú aeráide, truailliú agus speicis choimhthíocha ionracha), leagtar amach creat rialachais feabhsaithe chun bearnaí atá fós ann a líonadh, áirithítear cur chun feidhme iomlán reachtaíocht AE, agus tugtar le chéile na hiarrachtaí go léir atá ann cheana. Is é is aidhm don Straitéis Foraoise do 2030 foraoisí na hEorpa a chur in oiriúint do na dálaí nua, d'fhíor-dhrochaimsir agus don éiginnteacht mhór a eascraíonn as an athrú aeráide. Is réamhchoinníoll é sin chun go leanfaidh foraoisí dá bhfeidhmeanna socheacnamaíocha a chomhlíonadh agus chun ceantair thuaithe bhríomhara ina bhfuil pobail faoi bhláth a áirithiú.

Mar chuid de straitéis bhithéagsúlachta an Aontais do 2030, ghlac an Coimisiún togra an 22 Meitheamh 2022 maidir le dlí athchóirithe an dúlra, ar mhaithe le 'héiceachórais a ndearnadh damáiste dóibh a athshlánú agus an dúlra a thabhairt ar ais ar fud na hEorpa, ó thalamh talmhaíochta agus farraigí, go foraoisí agus timpeallachtaí uirbeacha'. Leis an dlí, cheanglófaí ar na Ballstáit pleananna náisiúnta athbhunaithe a fhorbairt chun na spriocanna a shaothrú agus, ag an am céanna, an tsolúbthacht a cheadú dóibh a gcúinsí náisiúnta a chur san áireamh.

An 24 Eanáir 2023, d'fhoilsigh an Coimisiún teachtaireacht dar teideal 'Athbhreithniú ar Thionscnamh Pailneoirí AE — Margadh nua do phailneoirí', arb é is aidhm dó athbhreithniú a dhéanamh ar thionscnamh 2018 an Aontais maidir le pailneoirí, mar chuid de straitéis bhithéagsúlachta an Aontais do 2030. Ba é tionscnamh 2018 an chéad chreat riamh de chuid an Aontais chun aghaidh a thabhairt ar mheath na bpailneoirí fiáine. Leagtar amach cuspóirí do 2030 agus gníomhaíochtaí faoi thrí thosaíocht i dtionscnamh athbhreithnithe an Aontais maidir le pailneoirí: caomhnú

pailneoirí a fheabhsú agus dul i ngleic le cúiseanna a meatha; eolas a fheabhsú; agus an tsochaí a shlógadh agus pleanáil straitéiseach agus comhar a chur chun cinn.

## RÓL PHARLAIMINT NA HEORPA

Mar chomhreachtóir, tá an Pharlaimint le fada an lá ag tacú le cosaint AE don bhithéagsúlacht agus le beartais AE maidir leis an athrú aeráide. I mí Mheán Fómhair 2010, ghlac Parlaimint na hEorpa rún maidir le cur chun feidhme na reachtaíochta a bhfuil mar aidhm leis an bhithéagsúlacht a chaomhnú, d'fhonn an sprioc ó 2010 ar aghaidh a bhaint amach. Chuir sí a cúiseanna imní in iúl go bhfuil easpa práinne ann sa chlár oibre polaitiúil idirnáisiúnta i ndáil le stad a chur le cailliúint na bithéagsúlachta, agus d'iarr sí go gcuirfí feabhas ar rialachas na bithéagsúlachta sna caidrimh inmheánacha agus sheachtracha araon.

I mí na Samhna 2016, ghlac Parlaimint na hEorpa rún mar fhreagairt don phlean gníomhaíochta maidir le gainneáil ar fhiadhúlra, a bhfuil sé mar aidhm leis srian a chur leis an gcoir eagraithe dhíobhálach sin, ar baol í don bhithéagsúlacht mar go gcuirtear, dá barr, a lán speiceas i mbaol a ndíothaithe. Tá trí thosaíocht sa phlean gníomhaíochta: cosc, forfheidhmiú agus comhar. Leagadh béim ar thábhacht an chomhair dhomhanda idir tíortha tionscnaimh, tíortha idirthurais agus tíortha cinn scríbe. I mí Dheireadh Fómhair 2016 agus i mí Dheireadh Fómhair 2017, ghlac Parlaimint na hEorpa rúin, i neamhchead d'údarú ón gCoimisiúin, maidir le horgánaigh ghéinmhodhnaithe (OGManna) – grán buí, pónaire shoighe etc. – agus maidir le hiarrachtaí chun éascú a dhéanamh ar thoirmeasc saothrú OGManna ag na Ballstáit i gcomhréir leis an gcuspóir chun an bhithéagsúlacht, an dúlra agus an ithir a chosaint.

Ina rún an 14 Deireadh Fómhair 2015 dar teideal 'I dtreo comhaontú aeráide idirnáisiúnta nua i bPáras, mheabhraigh Parlaimint na hEorpa go bhfuil an t-athrú aeráide ag géarú ar chailliúint na bithéagsúlachta, d'iarr sí go mbeadh comhaontú ann lena mbainfeadh 'iarracht chuimsitheach gach earnála' agus thug sí dá haire go bhfuil ag roinnt le húsáid talún 'acmhainneacht chostéifeachtach shuntasach a mhéid a bhaineann le maolú agus le teacht aniar a fheabhsú'.

Chuir rún an 16 Eanáir 2020 maidir leis an 15ú cruinniú de Chomhdháil na Páirtithe (COP15) chuig an gCoinbhinsiún maidir le hÉagsúlacht Bhitheolaíochta' ó Pharlaimint na hEorpa i bhfios go láidir an gá atá le huaillmhian agus cuimsitheacht a mhéadú, agus an gá atá le feidhmiú an Chreata Bithéagsúlachta Domhanda tar éis 2020 a fheabhsú.

Chuir Parlaimint na hEorpa i bhfios go láidir i rún uaithi an 8 Deireadh Fómhair 2020 maidir le straitéis nua foraoise AE an ról ríthábhachtach a bhí ag Straitéis Foraoise AE tar éis 2020 agus ag an gComhaontú Glas don Eoraip ó thaobh chuspóirí Chomhaontú Pháras agus cuspóirí Chlár Oibre 2030 na Náisiún Aontaithe don Fhorbairt Inbhuanaithe a bhaint amach.

Leagadh béim le rún an 22 Deireadh Fómhair 2020 ó Pharlaimint na hEorpa le moltaí don Choimisiún maidir le creat dlíthiúil de chuid AE chun dífhoraoisiú domhanda faoi thionchar AE a stopadh agus a aisiompú gur gá beartas trádála agus infheistíochta a athbhreithniú chun aghaidh a thabhairt ar dhúshlán an dífhoraoisithe dhomhanda ar bhealach níos éifeachtúla, trí mhachaire comhréidh domhanda a chruthú agus an nasc idir comhaontuithe trádála agus an bhithéagsúlacht dhomhanda, mar aon le héiceachórais foraoise, a chur san áireamh.

Chun tuilleadh eolais a fháil faoin ábhar seo, téigh chuig suíomh gréasáin an Choiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia (ENVI).

Georgios Amanatidis / Maria-Mirela Curmei
10/2023

# 2.5.4. COSAINT AGUS BAINISTIÚ UISCE

Tá uisce bunriachtanach le haghaidh bheatha an duine, beatha ainmhithe agus beatha plandaí, agus le haghaidh an gheilleagair. Téann cosaint agus bainistiú uisce thar theorainneacha náisiúnta amach. Tá ról ríthábhachtach ag beartas uisce an Aontais maidir leis an gcomhshaol a chosaint san Aontas. Tá dlíthe ann atá ceaptha chun foinsí uisce agus éiceachórais fionnuisce agus mhuirí araon a chaomhnú, agus chun glaineacht an uisce óil agus an uisce snámha a ráthú. Le Treoir Réime an Aontais maidir le hUisce, bunaítear creat dlíthiúil chun uisce glan in AE a chosaint agus uisce truaillithe a ghlanadh, chomh maith le húsáid inbhuanaithe fhadtéarmach an uisce a áirithiú.

## BUNÚS DLÍ

Airteagail 191 go 193 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE).

## CÚLRA GINEARÁLTA

Ní hamháin gur táirge tráchtála é an t-uisce ach breathnaítear air freisin mar leas coiteann agus acmhainn theoranta a chaithfear a chosaint agus a úsáid ar shlí inbhuanaithe, ó thaobh cáilíochta agus cainníochta de araon. Tá sé faoi bhrú, áfach, ó earnálacha éagsúla, amhail talmhaíocht, tionscal, turasóireacht, iompar agus fuinneamh. In 2012, sheol an Coimisiún an Treoirphlean chun Acmhainní Uisce na hEorpa a Chosaint, ar straitéis fhadtéarmach é a bhfuil sé mar aidhm leis a áirithiú go mbeadh leibhéal leordhóthanach d’uisce ar ardcháilíocht ann le haghaidh gach úsáide dlisteanaí trí bheartas uisce reatha AE a chur chun feidhme, trí chuspóirí an bheartais uisce a chomhtháthú i réimsí beartais eile agus trí na bearnaí sa chreat reatha a líonadh. Foráladh ann go mbunódh na Ballstáit spriocanna i dtaca le cuntais uisce agus éifeachtúlacht uisce, chomh maith le caighdeáin AE maidir le hathúsáid uisce a fhorbairt.

## CUSPÓIRÍ AGUS A BHFUIL BAINTE AMACH

Le beartas AE, bunaíodh dhá phríomhchreat dhlíthiúla le haghaidh cosaint agus bainistiú fionnuisce agus acmhainní mara ar bhealach atá bunaithe ar éiceachóras agus atá iomlánaíoch: is iad sin an Treoir Réime maidir le hUisce agus an Treoir Réime um Straitéis Mhuirí.

**A.** An Treoir Réime maidir le hUisce agus treoracha tacaíochta ar leith a bhaineann le cúrsaí uisce

I dTreoir Réime an Aontais maidir le hUisce, leagtar síos creat chun cosaint a thabhairt d’uiscí dromchla intíre, d’uiscí trasdultacha, d’uiscí cósta agus do screamhuisce. Tá sé mar aidhm leis an treoir truailliú a chosc agus a laghdú, úsáid inbhuanaithe uisce a chur chun cinn, an timpeallacht uisceach a chosaint agus a fheabhsú agus na héifeachtaí a bhíonn ag tuilte agus triomaigh a mhaolú. Is é an cuspóir foriomlán ná dea-stádas comhshaoil a ghnóthú do na huiscí uile. Iarrtar ar na Ballstáit, dá réir sin, pleananna bainistíochta abhantraí a tharraingt suas bunaithe ar abhantracha nádúrtha geografacha, chomh maith le sainchláir de bhearta chun na cuspóirí sin a ghnóthú.

I meastóireacht a rinneadh in 2019 ar Threoir Réime maidir le hUisce, thángthas ar an gconclúid go bhfuil sí oiriúnach don fheidhm den chuid is mó, ach gur gá dlús a chur lena cur chun feidhme. Mar thoradh air sin, i mí an Mheithimh 2020, d'fhógair an Coimisiún nach n-athrófaí an Treoir Réime maidir le hUisce, agus, ina ionad sin, go ndíreodh sé ar an treoir reatha a chur chun feidhme agus a fhorfheidhmiú.

Faigheann an Treoir Réime maidir le hUisce tacaíocht ó threoracha eile atá níos spriocdhírithe, i.e. An Treoir Screamhuisce, an Treoir maidir le hUisce Óil, an Treoir um Uisce Snámha, an Treoir maidir le Níotráití, an Treoir maidir le Cóireáil Fuíolluisce Uirbigh, an Treoir maidir le Caighdeáin na Cáilíochta Comhshaoil agus an Treoir maidir le Tuilte.

Sa treoir maidir le screamhuisce a chosaint ar thruailliú agus ar mheathlú, foráiltear do chritéir shonracha chun dea-stádas ceimiceach a mheasúnú, chun uastreochtaí suntasacha agus leanúnacha a shainaithint agus chun na túsphointí do chúlú treochtaí a shainiú. Is iad na Ballstáit a shocraíonn na luachanna tairsí uile le haghaidh truailleán (cé is moite de níotráití agus lotnaidicídí, a bhfuil reachtaíocht AE ar leith ann chun na teorainneacha dóibh sin a shocrú).

I mí Dheireadh Fómhair 2022, thíolaic an Coimisiún togra lena leasaítear creat do ghníomhaíocht Chomhphobail i réimse an bheartais uisce agus na treoracha maidir le screamhuisce a chosaint ar thruailliú agus ar mheathlú agus maidir le caighdeáin cáilíochta comhshaoil i réimse an bheartais uisce. Bhí sé molta sa togra freisin liostaí na n-éilleán in uisce dromchla agus i screamhuisce araon a thabhairt cothrom le dáta.

Sa Treoir athbhreithnithe maidir le hUisce Óil 2020, sainítear na caighdeáin bhunúsacha cháilíochta le haghaidh uisce atá ceaptha do thomhaltas an duine. Cuirtear de cheangal ar na Ballstáit faireachán tráthrialta a dhéanamh ar cháilíocht an uisce trí mhodh 'pointí samplála' a úsáid. Is féidir leis na Ballstáit ceanglais bhreise a thabhairt isteach atá sonrach dá gcríoch féin, ach ní fhéadfaidh siad é sin a dhéanamh ach amháin sa chás gur caighdeáin níos airde a bheidh mar thoradh air. Ceanglaíonn an treoir freisin go ndéantar faisnéis thráthrialta a sholáthar do thomhaltóirí. Thairis sin, caitear cáilíocht an uisce óil a thuairisciú don Choimisiún gach trí bliana. Mhol an Coimisiún an treoir athbhreithnithe i mí Feabhra 2018, mar fhreagairt ar an Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh dar teideal 'Right2Water', a tháinig in ionad na treorach ó 1998 a bhí ann roimhe sin. Leis an treoir athbhreithnithe, rinneadh nuashonruithe ar na caighdeáin sábháilteachta a bhí cheana ann agus cuirtear feabhas ar an rochtain ar uisce óil sábháilte ionas go mbeifí ag teacht leis na moltaí is déanaí ón Eagraíocht Dhomhanda Sláinte. Méadaítear léi freisin an trédhearcacht do thomhaltóirí a mhéid a bhaineann le cáilíocht agus soláthar uisce óil agus, ar an tslí sin, cabhraítear le laghdú a dhéanamh ar líon na mbuidéal plaisteach tríd an iontaobh san uisce ón sconna a mhéadú. Chuideodh measúnuithe sábháilteachta riosca-bhunaithe uile-Aontais ar uisce le rioscaí féideartha d'fhoinsí uisce ar an leibhéal dáilte a shainaithint agus le dul i ngleic leo.

Tá sé mar aidhm ag an Treoir um Uisce Snámha feabhas a chur ar an tsláinte phoiblí agus ar an gcosaint don chomhshaol trí fhorálacha a leagan síos le haghaidh faireachán agus aicmiú (i gceithre chatagóir) a dhéanamh ar uisce snámha agus an pobal a chur ar an eolas ina thaobh. Le linn shéasúr an tsnámha, tá ar Bhallstáit samplaí den uisce snámha a ghlacadh uair sa mhí ag gach láthair uisce snámha agus a mheasúnú cén tiúchan de ar a laghad dhá bhaictéir ar leith atá sna samplaí sin. Caithfidh siad an pobal a chur ar an eolas trí 'phróifílí uisce snámha' ina bhfuil, mar

shampla, faisnéis faoin gcineál truaillithe agus na foinsí a dhéanann difear do cháilíocht an uisce snámha. Tá siombail chaighdeánach ann chun an pobal a chur ar an eolas faoi aicmiú uisce snámha agus faoi aon toirmeasc a bheadh ann i dtaobh snámh a dhéanamh sna láithreacha ar leith. Déanann an Coimisiún agus an Ghníomhaireacht Eorpach Comhshaoil tuarascáil achomair ar cháilíocht an uisce snámha a fhoilsiú go bliantúil.

Leis an Treoir maidir le Caighdeáin na Cáilíochta Comhshaoil, bunaítear teorainneacha maidir le tiúchain de 33 ábhar tosaíochta lena mbaineann riosca suntasach don timpeallacht uisceach, nó tríd an timpeallacht uisceach, ar leibhéal AE, agus maidir le hocht dtruailleán eile in uiscí dromchla. In athbhreithniú 2013, cuireadh 12 shubstaint nua leis an liosta a bhí cheana ann agus tugadh isteach oibleagáid go ndéanfadh an Coimisiún liosta breise de shubstaintí a bhunú, ar substaintí iad a mbeadh ar na Ballstáit uile faireachán a dhéanamh orthu mar bheart chun tacú le hathbhreithnithe a dhéanfaí ina dhiaidh sin ar an liosta de shubstaintí tosaíochta. Déantar foráil sa togra ón gCoimisiún i mí Dheireadh Fómhair 2022 go gcuirfear 23 shubstaint aonair le liosta na substaintí tosaíochta le haghaidh uiscí dromchla, lena n-áirítear lotnaidicídí amhail gliofosáit, roinnt táirgí cógaisíochta (pianmhúcháin, drugaí frith-athlastacha agus antaibheathaigh), Bisfeanól A, agus grúpa 24 shubstaint sárfhluarailcile agus pholafluarailcile (PFAS).

Tá sé mar aidhm ag an Treoir maidir le Cóireáil Fuíolluisce Uirbigh an comhshaol a chosaint ó éifeachtaí díobhálacha a bhíonn ag sileadh fuíolluisce uirbigh agus ag siltí ón tionsclaíocht. Leis an treoir, leagtar síos caighdeáin íosta agus tráthchláir i dtaca le bailiú, cóireáil agus sileadh fuíolluisce uirbigh, tugtar isteach rialuithe maidir le diúscairt sloda múnlaigh agus ceanglaítear go gcuirfear deireadh de réir a chéile le dumpáil sloda múnlaigh san fharraige. I gcomhréir le beartais eile an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip arb é is aidhm dóibh an truailliú a laghdú go glan-nialas faoi 2050, ghlac an Coimisiún a thogra le haghaidh treoir athbhreithnithe i mí Dheireadh Fómhair 2022

Tá sé mar aidhm ag an Treoir maidir le Níotráití uiscí a chosaint ó níotráití a thagann as foinsí talmhaíochta. Tá rialachán comhlántach ann a chuireann de cheangal ar na Ballstáit tuarascáil a sheoladh chuig an gCoimisiún gach ceithre bliana, ina dtugtar mionsonraí de na cóid dea-chleachtais talmhaíochta, de na limistéir leochaileacha ó thaobh níotráit ainmnithe agus den fhaireachán uisce, chomh maith le hachoimre ar chláir ghníomhaíochta. Tá sé mar aidhm ag an treoir agus ag an rialachán araon uisce óil a chosaint agus damáiste ó eotrófú a chosc. I mí Dheireadh Fómhair 2021, d’fhoilsigh an Coimisiún an tuarascáil cur chun feidhme is déanaí uaidh, inar thug sé rabhadh go bhfuil níotráití fós ina gcúis le truailliú díobhálach d’uisce san Aontas, agus go bhfuil ró-úsáid leasacháin fós ina fhadhb in go leor áiteanna san Aontas.

Tá sé mar aidhm ag Treoir an Aontais maidir le Tuilte na rioscaí do shláinte an duine, don chomhshaol, don bhonneagar agus do mhaoin a thagann ó thuilte a laghdú agus a bhainistiú. Cuirtear de cheangal ar na Ballstáit réamh-mheasúnuithe a dhéanamh chun a shainaithint cé acu abhantracha agus limistéir chósta ghaolmhara atá i mbaol tuilte agus léarscáileanna riosca tuilte agus pleananna bainistíochta a ullmhú ina dhiaidh sin, ar pleananna iad a bheidh ag díriú ar chosc, cosaint agus ullmhacht. Déantar na cúraimí sin uile i gcomhréir leis an Treoir Réime maidir le hUisce agus leis na pleananna bainistíochta abhantraí atá leagtha amach sa treoir sin.

**B.** Beartas cósta agus muirí an Aontais

Is é an Treoir Réime um Straitéis Mhuirí an colún comhshaoil de Bheartas Muirí Comhtháite (BMC) an Aontais, a cuireadh ar bun d'fhonn feabhas a chur ar fhorbairt inbhuanaithe a gheilleagair mhuirí agus cosaint níos fearr á tabhairt dá chomhshaol muirí. Ba é an cuspóir a bhí ag an Treoir Réime um Straitéis Mhuirí ná 'dea-stádas comhshaoil' a bhaint amach d'uiscí muirí AE faoi 2020, leanúint de chosaint agus de shlánchoimeád na n-uiscí sin, agus meathlú ina dhiaidh sin a chosc. Bunaíonn sé réigiúin mhuirí Eorpacha (Muir Bhailt, an tAigéan Atlantach Thuaidh Toir, an Mheánmhuir agus an Mhuir Dhubh) mar aon le fo-réigiúin laistigh de na teorainneacha geografacha de na Coinbhinsiúin atá ann cheana maidir le Farraigí Réigiúnacha. Chun dea-stádas comhshaoil a ghnóthú faoi 2020, bhí ar na Ballstáit straitéisí a bhí bunaithe ar éiceachórais a fhorbairt dá gcuid uiscí mara, straitéisí a raibh athbhreithniú le déanamh orthu gach sé bliana. Thairis sin, is ann do rialachán maidir le Bainistiú Comhtháite an Limistéir Cósta, ina dtugtar sainmhíniú ar na prionsabail a ghabhann le pleanáil agus bainistiú fónta cósta atá le cur san áireamh ag na Ballstáit.

Ghlac an Coimisiún tuarascáil i mí an Mheithimh 2020 maidir leis an gcéad timthriall de chur chun feidhme na Treorach Réime um Straitéis Mhuirí. Is é is aidhm do straitéis nua bhithéagsúlachta an Aontais do 2030 (a glacadh i mí na Bealtaine 2020) cosaint éiceachórais mhuirí a neartú tuilleadh, lena n-áirítear trí limistéir faoi chosaint a leathnú agus limistéir le haghaidh gnáthóga agus athshlánú stoc éisc atá faoi dhianchosaint a bhunú.

Tar éis na tubaiste in 1999 nuair a doirteadh ola ón long Erika, tugadh ar an Aontas a ról i réimse na sábháilteachta muirí agus an truaillithe mhuirí a neartú tríd an Ghníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Mhuirí a bhunú, atá freagrach, i measc nithe eile, as truailliú ó longa a chosc, agus as freagairt don truailliú sin nuair a tharlaíonn sé, chomh maith le freagairt don truailliú muirí a thagann as suiteálacha ola agus gáis. Is é is aidhm do threoir ó 2005 maidir le truailliú ó longa agus pionóis ar sháruithe a thabhairt isteach, agus do nuashonrú na treorach sin in 2009, ná a áirithiú go mbeidh siad siúd atá freagrach as siltí truaillitheacha ar muir faoi réir pionóis éifeachtacha agus athchomhairleacha, ar pionóis iad a d'fhéadfadh a bheith coiriúil nó riarthach. Táthar le breathnú ar shileadh substaintí truaillitheacha ó longa mar chion coiriúil má dhéantar go toiliúil nó go meargánta é, nó má tharlaíonn sé as faillí thromchúiseach, agus gurb é an toradh atá air ná go dtarlaíonn meathlú tromchúiseach ar cháilíocht an uisce.

**C.** Comhaontuithe idirnáisiúnta maidir le huiscí réigiúnacha

Tá cosaint uiscí muirí san Eoraip á rialáil le ceithre struchtúr comhair idirnáisiúnta, ar a dtugtar Coinbhinsiúin maidir le Farraigí Réigiúnacha idir na Ballstáit agus na tíortha comharsanacha a bhfuil na huiscí céanna á gcomhroinnt acu: Coinbhinsiún OSPAR 1992 (bunaithe ar choinbhinsiúin Osló agus Pháras a bhí ann roimhe sin) don Atlantach Thoir Thuaidh; Coinbhinsiún Heilsincí (HELCOM) 1992 do Limistéar Mhuir Bhailt; Coinbhinsiún Barcelona (UNEP-MAP) 1995 don Mheánmhuir; agus Coinbhinsiún Bhúcairist 1992 don Mhuir Dhubh. Tá uiscí abhann an Aontais faoi chosaint ag coinbhinsiúin idirnáisiúnta, amhail Coinbhinsiún 1992 maidir le Cosaint agus Úsáid Sruthchúrsaí Trasteorann agus Lochanna Idirnáisiúnta (an Coinbhinsiún Uisce), Coinbhinsiún 1996 um Chosaint na Danóibe, Coinbhinsiún 1999 chun an Oder a Chosaint ar Thruailliú agus Coinbhinsiún 1999 maidir le cosaint na Réine. As an gcomhar comhshaoil idir-réigiúnach a dhírigh ar uiscí mara nó abhantracha, cruthaíodh

roinnt straitéisí macrairéigiúnacha san Aontas: an straitéis do réigiún Mhuir Bhailt 2009 (an chéad straitéis chuimsitheach AE a bhí deartha do mhacrairéigiún); an straitéis do Réigiún na Danóibe 2011 agus an straitéis don Réigiún Aidriadach agus Iónach 2014.

## RÓL PHARLAIMINT NA HEORPA

Sa chéad Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh a bhí ann, 'Right2Water' (2013), áitíodh ar institiúidí AE agus ar na Ballstáit a áirithiú go mbeadh ag gach saoránach an ceart chun uisce agus sláintíochta, nach mbeadh soláthar uisce agus bainistiú acmhainní uisce faoi réir rialacha an mhargaidh inmheánaigh agus go ndéanfaí seirbhísí uisce a eisiamh as bearta um léirscaoileadh. In 2015, mar fhreagairt ar an Tionscnamh Eorpach sin ó na Saoránaigh, d'iarr an Pharlaimint, á tacú ag tromlach mór, ar an gCoimisiún a chur ar aghaidh le reachtaíocht lena gcuirfí chun feidhme ceart an duine chun uisce agus sláintíochta, mar a bhí aitheanta ag na Náisiúin Aontaithe, agus, i gcás inarb iomchuí, go ndéanfaí athbhreithniú ar an Treoir Réime maidir le hUisce chun go dtabharfaí aitheantas do rochtain uilíoch ar uisce agus do cheart an duine chun uisce.

Agus í ag cur béim ar an aistriú riachtanach chuig geilleagar ciorclach, thacaigh an Pharlaimint le pleananna chun athúsáid uisce a chur chun cinn le haghaidh uisciú talmhaíochta. Ag teacht leis an meon sin, thacaigh sí le pleananna chun feabhas a chur ar cháilíocht an uisce buacaire sa chaoi go dtiocfadh laghdú ar úsáid buidéal plaisteach.

Measann an Pharlaimint go bhfuil sé an-tábhachtach dul i ngleic le truailliú uisce agus tá sí ag áitiú go ndéanfaí caighdeáin cháilíochta uisce a fheabhsú in AE. Tháinig an Treoir athbhreithnithe maidir le hUisce Óil, a ghlac an Pharlaimint an 15 Nollaig 2020, i bhfeidhm an 12 Eanáir 2021, agus mar sin, bhí dhá bhliain ag na Ballstáit chun í a thrasuí ina ndlíthe náisiúnta.

I rún uaithi in 2018 maidir le rialachas idirnáisiúnta na n-aigéan, tá Parlaimint na hEorpa 'ag cur béim ar an bhfíoras, chun geilleagar muirí inbhuanaithe a chruthú agus chun an brú ar an gcomhshaol muirí a laghdú, go bhfuil gá le gníomhaíocht i ndáil leis an athrú aeráide, le truailliú talamhbhunaithe a bheith ag dul isteach sna farraigí agus sna haigéin, le truailliú mara agus eotrófú, le slánchoimeád, caomhnú agus athshlánú éiceachóras muirí bithéagsúlachta, agus le húsáid inbhuanaithe acmhainní mara'. Sa chomhthéacs sin, tá sí 'ag tathant ar an gCoimisiún tacú le hiarrachtaí idirnáisiúnta chun an bhithéagsúlacht mhuirí a chosaint, go háirithe faoi chuimsiú na gcaibidlíochtaí atá ar siúl ar mhaithe le hionstraim cheangailteach dlí nua maidir le caomhnú agus úsáid inbhuanaithe na bithéagsúlachta muirí i réimsí lasmuigh den dlínse náisiúnta' agus 'á iarraidh ar an gCoimisiún reachtaíocht níos déine a mholadh chun úsáidí inbhuanaithe na bithéagsúlachta muirí i limistéir faoi dhlínse na mBallstát a shlánchoimeád agus a áirithiú'.

I rún uaithi an 25 Márta 2021 maidir le bruscar muirí, tharraing an Pharlaimint aird ar thionchar an bhruscair mhuirí ar an éiceachóras muirí, ar thionscal an iascaigh agus ar thomhaltóirí, agus d'iarr sí go gcuirfí níos mó srianta ar phlaistigh aon úsáide agus ar úsáid ábhar atá saindeartha agus inbhuanaithe do threalamh iascaireachta.

Is é is aidhm do straitéis nua bhithéagsúlachta an Aontais Eorpaigh go dtí 2030 (a ghlac an Coimisiún i mí na Bealtaine 2020) cosaint éiceachóras muirí a neartú tuilleadh. Tugadh aird ar leith ar an ábhar sin freisin ag an 15ú cruinniú de Chomhdháil na

bPáirtithe (COP15) sa Choinbhinsiún maidir leis an mBithéagsúlacht, a tugadh chun críche i mí na Nollag 2022 in Montréal, Ceanada.

Chun tuilleadh eolais a fháil faoin ábhar seo, téigh chuig suíomh gréasáin an Choiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia (ENVI).

Maria-Mirela Curmei / Christian Kurrer
10/2023

# 2.5.5. TRUAILLIÚ AEIR AGUS TORAINN

Is é an truailliú aeir an riosca comhshaoil agus sláinte is mó san Eoraip. D'fhéach straitéis cáilíochta aeir 2013 AE le comhlíonadh iomlán na reachtaíochta cáilíochta aeir a bhí ann cheana a bhaint amach faoi 2020 agus leagadh síos spriocanna fadtéarmacha sa straitéis do 2030. Tá sé d'aidhm ag AE freisin chun cáilíocht an aeir a fheabhsú tuilleadh, trí athbhreithniú a dhéanamh ar na Treoracha maidir le Cáilíocht an Aeir Chomhthimpeallaigh. Leis an Treoir um Thorann Timpeallachta 2002 cabhraítear leis na leibhéil torainn in AE a shainaithint agus na bearta a dhéanamh chun iad a laghdú go leibhéil inghlactha. Rialaítear truailliú torainn ó fhoinsí sonracha le reachtaíocht ar leith.

## AN BUNÚS DLÍ

Airteagal 191 go hAirteagal 193 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

## CÚLRA GINEARÁLTA

Is féidir le truailliú aeir a bheith ina chúis le galair chardashoithíocha agus riospráide, chomh maith le hailse, agus tá sé ina phríomhchúis chomhshaoil le bás anabaí in AE. Is carcanaigin ghéineatocsaineacha dhaonna iad truailleáin ar leith amhail arsanaic, caidmiam, nicil agus hidreacarbóin il-timthriallacha aramatacha, agus níl aon tairseach inaitheanta ann a bhféadfaí a rá nach bhfuil baol ag baint leo faoi bhun na tairí sin. Bíonn drochthionchar ag an truailliú aeir ar cháilíocht an uisce agus na hithreach freisin agus déanann sé dochar d'éiceachórais, mar shampla trí eotrófú (truailliú ón iomarca nitrigine) agus trí bháisteach aigéadach. Imrítear tionchar, dá bhrí sin, ar an talmhaíocht agus ar fhoraoisí, mar aon le hábhar agus foirgnimh. Tá go leor foinsí aerthruaillithe ann, ach eascraíonn sé go príomha ó thionscail, ó iompar, ó tháirgeadh fuinnimh agus ón talmhaíocht. Cé go bhfuil truailliú aeir san Eoraip laghdaithe go ginearálta le blianta anuas, tá sprioc fadtéarmach AE ó 2013, eadhon leibhéil cáilíochta aeir a bhaint amach nach bhfuil tionchar diúltach suntasach acu ar shláinte an duine ná ar an gcomhshaol, fós le baint amach. Is minic nach gcloítear le caighdeáin maidir le cáilíocht an aeir, go háirithe i gceantair uirbeacha ('teophointí' aerthruaillithe) – áit ina bhfuil formhór na nEorpach ina gcónaí. Is iad cáithníní míne, ocsaídí nítrigine agus ózón ar leibhéal na talún na truailleáin is mó a chruthaíonn fadhbanna sa lá atá inniu ann. De réir suirbhé Eorabharaiméadair in 2022, tá muintir na hEorpa an-bhuartha faoi cháilíocht an aeir agus tá siad ag éileamh go mbeadh gníomhaíocht níos láidre ann. Léirítear i bhfaisnéisiú na Gníomhaireachta Eorpaí Comhshaoil 'Stádas Cáilíochta Aeir na hEorpa 2023' go bhfuil an iomarca truaillithe aeir, a sháraíonn caighdeáin AE, forleathan in AE, agus go sáraíonn sé treoirlínte na hEagraíochta Domhanda Sláinte (EDS) go minic.

Tá ardú ag teacht ar na leibhéil torainn timpeallachta i gceantair uirbeacha, mar thoradh go príomha ar an méadú atá ag teacht ar an trácht agus ar ghníomhaíochtaí tionsclaíocha agus áineasa. Meastar go bhfulaingíonn thart ar 20 % de dhaonra AE le leibhéil torainn a mheastar a bheith do-ghlactha. Is féidir leis sin tionchar a imirt ar an gcáilíocht saoil agus a bheith ina shiocair le leibhéil shuntasacha struis, le

suaitheadh codlata agus le héifeachtaí díobhálacha ar an tsláinte amhail fadhbanna cardashoithíocha. Bíonn tionchar ag torann ar an bhfiadhúlra freisin.

## GNÓTHAITHE MAIDIR LE TRUAILLIÚ AEIR A CHOMHRAC

Tá cáilíocht an aeir san Eoraip feabhsaithe go mór ó thosaigh AE ag dul i ngleic leis an tsaincheist ar dtús sna 1970idí. Tá tiúcháin substaintí amhail dé-ocsaíd sulfair ($SO_2$), aonocsaíd charbóin (CO), beinséin ($C_6H_6$) agus luaidhe (Pb) laghdaithe go mór ó shin. Tá trí shásra dlí dhifriúla ag AE chun truailliú aeir a bhainistiú: sainmhíniú a dhéanamh ar chaighdeáin maidir le cáilíocht an aeir go ginearálta i gcás tiúcháin timpeallacha truailleán aeir; teorainneacha náisiúnta a shocrú maidir le hiomlán na n-astaíochtaí truailleán; agus reachtaíocht atá sonrach ó thaobh foinsí de a dhearadh, mar shampla chun astaíochtaí tionsclaíocha a rialú nó chun caighdeáin a shocrú d'astaíochtaí feithicle, d'éifeachtúlacht fuinnimh nó do cháilíocht bhreosla. Déantar an reachtaíocht sin a chomhlánú le straitéisí agus bearta chun cosaint an chomhshaoil a chur chun cinn agus é a chomhtháthú isteach in earnálacha eile.

**A.** Cáilíocht an aeir chomhthimpeallaigh

Ag tógáil ar na cuspóirí sa Straitéis Théamúil maidir le Truailliú Aeir ó 2005 (chun cáithníní míne a laghdú 75% agus ózón ar leibhéal na talún a laghdú 60%, agus chun an bhagairt ar an gcomhshaol ó aigéadú agus eotrófú araon a laghdú 55% – é sin ar fad faoi 2020 i gcomparáid le leibhéil 2000), tháinig treoir maidir le cáilíocht an aeir chomhthimpeallaigh i bhfeidhm i mí an Mheithimh 2008, a rinne cumasc ar fhormhór na reachtaíochta a bhí sa réimse cheana. Is é an ceathrú 'fothreoir' ón Treoir Réime maidir le Cáilíocht an Aeir an t-aon cheann atá fós i bhfeidhm, lena socraítear spriocluachanna (nach bhfuil chomh dian le teorainnluachanna) maidir le harsanaic, caidmiam, mearcair, nicil agus hidreacarbóin aramatacha iltimthriallacha.

Leagtar síos le Treoir 2008/50/CE maidir le cáilíocht aeir chomhthimpeallaigh bearta chun cuspóirí don cháilíocht aeir chomhthimpeallaigh a shainmhíniú agus a bhunú (i.e. teorainneacha nár cheart a shárú in áit ar bith in AE) maidir leis na príomhthruailleáin aeir (dé-ocsaíd sulfair, ocsaídí nítrigine, ocsaídí nítrigine, ábhar cáithníneach (sármhín), luaidhe, beinséin, aonocsaíd charbóin agus ózón). Tá ceangal ar Bhallstáit limistéir agus ceirtleáin agus uirbeacha a shainmhíniú chun caighdeán cháilíocht an aeir chomhthimpeallaigh a mheas agus a bhainistiú, chun faireachán a dhéanamh ar threochtaí fadtéarmacha agus an fhaisnéis a chur ar fáil don phobal. Má tá cáilíocht an aeir go maith in áit éigin, ní mór í a choinneáil mar sin; má sháraítear na luachanna tairseacha in áit éigin, caithfear gníomh a dhéanamh ina leith.

I gcomhréir le Aer Glan don Eoraip 2013, leagtar síos le Treoir (AE) 2016/2284 (an Treoir um Uasteorainneacha Astaíochta Náisiúnta) uasteorainneacha astaíochtaí náisiúnta níos déine do na cúig phríomhthruailleán – dé-ocsaíd sulfair, ocsaídí nítrigine, comhdhúile soghalaithe orgánacha neamh-mheatáin, amóinia agus ábhar cáithníneach mín. Cuireann an treoir ceangal ar Bhallstáit clár náisiúnta a tharraingt suas maidir le truailliú aeir a rialú. Leis an Treoir déantar trasuí freisin ar na gealltanais a ghlac AE agus a Bhallstáit in 2012 chun astaíochtaí a laghdú faoi 2020 faoi Phrótacal athbhreithnithe Gothenburg chun Laghdú a dhéanamh ar an Aigéadú, ar an Eotrófú agus ar an Ózón ar Leibhéal na Talún a ghabhann le Coinbhinsiún Choimisiún Eacnamaíochta na Náisiún Aontaithe don Eoraip ar Thruailliú Aeir Trasteorann Fadraoin. I mí Dheireadh Fómhair 2022, rinne an Coimisiún an togra uaidh a thíolacadh d'athbhreithniú ar rialacha AE maidir le cáilíocht an aeir chomhthimpeallaigh, agus é

mar aidhm aige caighdeáin AE maidir le cáilíocht an aeir a ailíniú níos dlúithe leis na moltaí nua ón Eagraíocht Dhomhanda Sláinte agus forálacha maidir le faireachán ar cháilíocht an aeir, samhaltú agus pleananna a neartú chun cabhrú le húdaráis áitiúla aer glan a bhaint amach.

**B.** Iompar ar bóthar

Glacadh roinnt treoracha chun truailliú ó iompar de bhóthar a theorannú trí chaighdeáin feidhmíochta maidir le hastaíochtaí a shocrú do chatagóirí éagsúla feithiclí, amhail gluaisteáin, feithiclí tráchtála éadroma, leoraithe, busanna agus gluaisrothair, agus trí rialú a dhéanamh ar cháilíocht an bhreosla. Leis an gcaighdeán astaíochta reatha Euro 6 do ghluaisteáin agus veaineanna éadroma leagtar síos teorainneacha astaíochta maidir le roinnt truailleáin aeir, go háirithe ocsaídí nítrigine agus ábhar cáithníneach. Ó mhí Mheán Fómhair 2017 i leith, tá timthriall tástála níos réadúla in úsáid: Cinntear anois ‘Astaíochtaí faoi Dhálaí Tiomána’ do chineálacha nua gluaisteán chun léiriú níos fearr a thabhairt ar fhíordhálaí tiomána. Thairis sin, tá rialacha ann freisin maidir le comhréireacht inseirbhíse (lena gceanglaítear ar fheithiclí leanúint de chaighdeáin a chomhlíonadh fad is atá siad i gcúrsaíocht), marthanacht feistí rialaithe truaillithe, córais dhiagnóiseacha ar bord agus ídiú breosla a thomhas, agus maidir leis an rochtain atá ag oibreoirí neamhspleácha ar fhaisnéis faoi fheithiclí a dheisiú agus a chothabháil. Tá rialacha comhchosúla i bhfeidhm maidir le feithiclí tromshaothair amhail busanna agus leoraithe. Tháinig rialachán 2018 maidir le cineálcheadú agus faireachas margaidh ar mhótarfheithiclí i bhfeidhm an 1 Meán Fómhair 2020, agus é mar aidhm leis cáilíocht agus neamhspleáchas na seirbhísí teicniúla a mhéadú agus lena bhfíoraítear cibé an gcomhlíonann na feithiclí atá ar na bóithre cheana na ceanglais.

Thíolaic an Coimisiún a thogra le haghaidh caighdeáin astaíochtaí nua Euro 7 i Samhain 2022, mar chuid dá straitéis soghluaisteachta inbhuanaithe agus cliste in 2020 agus de phlean gníomhaíochta maidir le truailliú aeir 2021.

**C.** Astaíochtaí iompair eile

Chun laghdú a dhéanamh ar an truailliú aeir ó longa – a deirtear atá freagrach as 50 000 bás anabaí gach bliain – rinne AE teorainn a shocrú maidir leis an gcion sulfair i mbreoslaí umair muirí a úsáidtear sna longa a oibríonn i bhfarraigí na hEorpa. Thit an teorainn ghinearálta sulfair ó 3.5% go 0.5% in 2020 i gcomhréir le teorainneacha a d’aontaigh an Eagraíocht Mhuirí Idirnáisiúnta. Ó 2015 i leith, tá caighdeán níos géire fós de 0.1% i bhfeidhm i limistéir ar leith ainmnithe mar ‘Limistéir Rialaithe Astaíochtaí Sulfair’, amhail Muir Bhailt, Muir nIocht agus an Mhuir Thuaidh. Socraíodh caighdeáin feidhmíochta bhreise in 2016 maidir le hastaíochtaí d’innealra soghluaiste neamhbhóthair, amhail tochaltóirí, ollscartairí agus sábha slabhracha, agus freisin do tharracóirí talmaíochta agus foraoiseachta agus árthaí áineasa amhail báid spóirt.

I mí na Nollag 2022, d’fhormheas an Chomhairle an Scéim Fritháirithe agus Laghdaithe Carbóin don Eitlíocht Idirnáisiúnta, scéim dhomhanda chun astaíochtaí CO2 ón eitlíocht idirnáisiúnta a laghdú a bhfuil Ballstáit AE rannpháirteach inti freisin. Is é is aidhm do rialachán ‘ReFuelEU Aviation’, a moladh in Iúil 2021 mar chuid de phacáiste ‘Oiriúnach do 55’, tionchar na heitlíochta ar an gcomhshaol a laghdú. Is é is aidhm do Rialachán comhfhreagrach Muirí FuelEU laghdú 80% a dhéanamh ar dhéine astaíochtaí gás ceaptha teasa ar bord na long faoi 2050, rud a spreagann glacadh breoslaí in-athnuaite agus ísealcharbóin.

**D.** Astaíochtaí ón dtionsclaíocht

Cumhdaítear gníomhaíochtaí tionsclaíocha an-truaillitheach arb iad is siocair le sciar suntasach den truailliú san Eoraip sa Treoir maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha (IED) 2010. Déanann sé na treoracha ábhartha uile (maidir le dramhaíl a loscadh, comhdhúile so-ghalaithe orgánacha, mórghléasraí dócháin, cosc agus rialú comhtháite ar thruailliú, etc.) a chomhdhlúthú agus a chumasc isteach in aon ionstraim reachtach chomhleanúnach amháin, agus é mar aidhm léi cur chun feidhme na reachtaíochta a éascú agus truailliú ó fhoinsí tionsclaíocha éagsúla a íoslaghdú. Leis an Treoir maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha leagtar síos na hoibleagáidí uile atá le comhlíonadh ag gach suiteáil tionsclaíoch, tá liosta sa treoir de na bearta chun truailliú uisce, aeir agus ithreach a chosc, agus soláthraítear bunús inti chun ceadúnais nó ceadanna oibríochta do shuiteálacha tionsclaíocha a tharraingt suas. Ag úsáid cur chuige comhtháite, cuirtear feidhmíocht chomhshaoil iomlán an ghléasra san áireamh inti, lena n-áirítear úsáid amhábhar nó éifeachtúlacht fuinnimh. Tá ról lárnach ag coincheap ‘na dteicníochtaí is fearr atá ar fáil’ mar atá ag solúbthacht, iniúchtaí ar an gcomhshaol agus rannpháirtíocht an phobail. Comhlánaíodh IED in 2015 le treoir maidir le hastaíochtaí ó ghléasra dócháin mheánmhéide.

In Aibreán 2022, thíolaic an Coimisiún tograí uaidh le haghaidh athbhreithniú ar an Treoir maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha, arb é is aidhm dóibh, mar shampla, cur chun feidhme iomlán agus comhsheasmhach na Treorach maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha a áirithiú ar fud na mBallstát, le rialuithe níos déine ar cheadanna maidir le hastaíochtaí aeir agus uisce.

## GNÓTHAITHE MAIDIR LE TRUAILLIÚ TORAINN

Tá dhá réimse i gceist le cur chuige AE maidir le truailliú torainn: creat ginearálta chun leibhéil truaillithe torainn a shainaithint a bhfuil gá le gníomh ar leibhéal an Bhallstáit agus AE araon ina leith; agus sraith reachtaíochta maidir leis na príomhfhoinsí torainn, amhail torann ó thrácht ar bhóithre, san aer agus ar iarnróid, chomh maith le torann ó threalamh d’úsáid lasmuigh.

Tá sé mar aidhm leis an Treoir Réime maidir le torann timpeallachta 2002 laghdú a dhéanamh ar nochtadh ar thorann timpeallachta trí chomhchuibhiú a dhéanamh ar tháscairí torainn agus modhanna measúnaithe, agus faisnéis maidir le nochtadh ar thorann a bhailiú i bhfoirm ‘léarscáileanna torainn’, agus an fhaisnéis sin a chur ar fáil don phobal. Ar an mbonn sin, tá ceangal ar na Ballstáit pleananna gníomhaíochta a tharraingt suas chun aghaidh a thabhairt ar fhadhbanna torainn. Ní mór athbhreithniú a dhéanamh ar léarscáileanna torainn agus pleananna gníomhaíochtaí gach cúig bliana ar a laghad. Deimhníodh sa tuarascáil cur chun feidhme is déanaí, a foilsíodh i mí an Mhárta 2023, an dul chun cinn maith atá déanta ar an iomlán ag formhór na mBallstát agus an treoir a chur chun feidhme, in ainneoin roinnt moilleanna i dtosach.

Leis an rialachán ó 2014 maidir leis an leibhéal fuaime ó mhótarfheithiclí tugtar isteach modh tástála nua chun astaíochtaí torainn a thomhas, déantar na luachanna teorainneacha torainn a ísliú agus áirítear forálacha breise maidir le hastaíochtaí fuaime a chur san áireamh sa nós imeachta cineálcheadaithe. Is ann do rialacháin eile ina ndéileáiltear le teorainneacha torainn i gcás móipéidí, gluaisrothair agus rolladh bonn.

Ó mhí an Mheithimh 2016 i leith, tá feidhm ag rialacha maidir le torann eitlíochta, i gcomhréir leis an 'gcur chuige cothrom' arna chruthú ag an Eagraíocht Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta i leith aerfoirt a mbíonn níos mó ná 50 000 gluaiseacht aerárthaí sibhialta in aghaidh na bliana iontu. Tá ceithre phríomhghné i gceist leis an gcur chuige sin atá deartha chun sainaithint a dhéanamh ar an mbealach is éifeachtaí ó thaobh costais de chun dul i ngleic le torann aerárthaigh ag gach aerfort aonair: leibhéil torainn a laghdú ag an bhfoinse le húsáid aerárthaí nua-aimseartha, an talamh timpeall ar aerfoirt a bhainistiú ar bhealach inbhuanaithe, nósanna imeachta oibríochta a ghlacadh chun tionchar an torainn ar an talamh a laghdú, agus, más gá, srianta oibríochta a thabhairt isteach amhail cosc ar eitiltí oíche.

I gcomhthéacs threoir 2008 maidir le hidir-inoibritheacht iarnróid (a athmhúnlaíodh in 2016), sonraíocht theicniúil don idir-inoibritheacht ó 2014 maidir le torann (arna leasú in 2019), socraítear na huasleibhéil torainn is féidir le feithiclí/gnáthfheithiclí iarnróid nua (comhaimseartha) a tháirgeadh. Leis an rialachán um muirear torainn 2015 dreasaítear iarfheistiú vaigíní lastais le bloc coscáin ilchodacha ar thorann íseal.

Is féidir le suiteálacha móra tionsclaíocha agus talmhaíochta a chumhdaítear le IED ceadanna a fháil trí na teicníochtaí is fearr atá ar fáil a úsáid mar thagairtí. Déantar rialáil freisin ar thorann ó ghléasra tógála (e.g. torann ó thochaltóirí, lódairí, innealra crécharta agus craenacha túir), chomh maith le torann ó árthaí áineasa nó ó threalamh d'úsáid lasmuigh.

## RÓL PHARLAIMINT NA HEORPA

D'imir an Pharlaimint ról cinntitheach maidir le beartas comhshaoil forásach a cheapadh chun truailliú aeir agus torainn a chomhrac.

Mar shampla, vótáil Feisirí de Pharlaimint na hEorpa (FPEnna) ar son ísliú suntasach ó 3.5 % go 0.5 % ar an gcion díobhálach sulfair i mbreoslaí muirí faoi 2020 agus d'éirigh leo cur i gcoinne iarrachtaí an sprioc sin a chur siar ar feadh cúig bliana. I gcomhréir le moltaí ón Eagraíocht Dhomhanda Sláinte (WHO), d'iarr an Pharlaimint go mbeadh rialacha níos géire ann freisin maidir le cáilíocht an aeir, go háirithe maidir le cáithníní míne. Nuair a tháinig sé chun solais sna Stáit Aontaithe gur úsáid grúpa Volkswagen bogearra a rinne cúbláil ar thástálacha chun astaíochtaí NOx a ísliú, chuir an Pharlaimint coiste fiosrúcháin sealadach maidir le tomhas astaíochtaí in earnáil na ngluaisteán ar bun chun iniúchadh a dhéanamh ar an scéal. I dtuarascáil chríochnaitheach uaithi ó 2017, d'iarr an Pharlaimint go dtabharfaí chun cuntasachta na Ballstáit agus monaróirí gluaisteán agus d'áitigh sí orthu gluaisteáin mhórthruailliúcháin a iarfheistiú nó a tharraingt siar ón margadh.

An 25 Márta 2021 ghlac an Pharlaimint rún ar chur chun feidhme na dTreoracha Réime maidir le Cáilíocht an Aeir: Treoir 2004/107/CE agus Treoir 2008/50/CE. Thug sí dá haire nár éirigh go maith le caighdeáin Eorpacha maidir le cáilíocht an aeir ach i bpáirt chun truailliú aeir a laghdú go héifeachtach agus chun éifeachtaí díobhálacha na gcaighdeán sin ar shláinte, ar cháilíocht beatha agus ar an gcomhshaol a theorannú, agus ba gheal léi gealltanas an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip i dtaobh cáilíocht an aeir a athbhreithniú i gcomhréir le leibhéil tagartha reatha na hEagraíochta Domhanda Sláinte. D'iarr sí go mbeadh AE ina cheannaire domhanda sa réimse sin trí chaighdeáin uaillmhianacha maidir le gach truailleán aeir a ghlacadh agus a fhorfheidhmiú.

Leagadh béim freisin sa rún ar an bhfianaise atá ag dul i méid go bhféadfadh nochtadh do thruailliú aeir difear a dhéanamh do thorthaí sláinte daoine a tholgann COVID-19, agus tugadh chun suntais an gá atá ann leis an gciall a ceannaíodh ón bpaindéim a chur san áireamh agus bearta nua maidir le truailliú aeir á bhforbairt. D'áitigh na Feisirí gur cheart tosaíocht a thabhairt do cháilíocht an aeir agus í a áireamh i reachtaíocht ábhartha uile AE, amhail reachtaíocht maidir leis an aeráid, fuinneamh, iompar, tionscal, talmhaíocht agus dramhaíl, agus gur cheart comhtháthú idir na réimsí beartais uile a áirithiú. Iarradh sa rún freisin ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit measúnú a dhéanamh ar éifeachtacht na reachtaíochta astaíochtaí atá ann faoi láthair agus iarradh go mbunófaí a luaithe agus is féidir sraith ceanglas íosta agus dea-chleachtas i ndáil le pleananna maidir le cáilíocht an aeir a bheith á n-ullmhú agus á gcur chun feidhme araon ag na Ballstáit.

Maidir le torann timpeallachta, chuir an Pharlaimint béim go mion agus go minic ar an ngá atá ann le tuilleadh ciorraithe a dhéanamh ar theorainnluachanna agus ar an ngá atá le nósanna imeachta tomhais níos fearr a bheith ann. D'iarr sí go mbunófaí luachanna AE don torann timpeall ar aerfoirt agus go gcuirfí le bearta laghdaithe torainn chun scairdeitleáin fhoshonacha mhíleata a chumhdach. Thairis sin, d'fhormheas sí céimniú isteach teorainneacha torainn nua, níos ísle do ghluaisteáin agus rinne sí feachtasaíocht rathúil freisin maidir le lipéid a thabhairt isteach chun tomhaltóirí a chur ar an eolas faoi leibhéil torainn, atá cosúil leis na scéimeanna atá ann cheana maidir le héifeachtúlacht breosla, torann bonn agus astaíochtaí $CO_2$.

I Meán Fómhair 2023, ghlac an Pharlaimint a seasamh maidir le reachtaíocht athbhreithnithe a ceapadh chun cáilíocht an aeir a fheabhsú ar fud AE. Tá cuspóirí níos déine sa togra i gcomórtas leis na moltaí tosaigh ón gCoimisiún i gcás truailleáin éagsúla amhail ábhar cáithníneach, dé-ocsaíd nítrigine, dé-ocsaíd sulfair agus ózón, agus é mar aidhm leis sláinte an duine, éiceachórais nádúrtha agus bithéagsúlacht a chosaint ó thruailliú aeir.

Chun tuilleadh eolais a fháil faoin ábhar seo, téigh chuig suíomh gréasáin an Choiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia (ENVI).

Maria-Mirela Curmei / Christian Kurrer
10/2023

# 2.5.6. ÉIFEACHTÚLACHT ACMHAINNÍ AGUS AN GEILLEAGAR CIORCLACH

Tá leibhéil arda truaillithe, díghrádaithe comhshaoil agus ídiú na n-acmhainní nádúrtha ann mar thoradh ar phatrúin úsáide acmhainní an ama atá caite agus ar na patrúin reatha. Tá beartas dramhaíola AE dírithe go tradisiúnta ar bhainistiú dramhaíola inbhuanaithe. Is é is aidhm don Treochlár chuig Eoraip Éifeachtúil Acmhainní agus don Phacáiste don Gheilleagar Ciorclach geilleagar AE a athrú go dtí geilleagar inbhuanaithe faoi 2050. Faoin gComhaontú Glas don Eoraip, soláthraítear leis an bPlean Gníomhaíochta don Gheilleagar Ciorclach clár oibre atá dírithe ar an todhchaí le haghaidh Aontas Eorpach a bheidh níos glaine agus níos iomaíche.

## AN BUNÚS DLÍ

Airteagail 191-193 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE).

## CUSPÓIRÍ AGUS A BHFUIL BAINTE AMACH

Tá bunús nádúrtha ag gach táirge. Tá geilleagar AE ag brath go mór ar acmhainní nádúrtha. Má choimeádtar na patrúin tomhaltais agus táirgthe atá ann faoi láthair, leanfar de dhíghrádú agus ídiú acmhainní nádúrtha, chomh maith le giniúint dramhaíola. Tá scála na húsáide acmhainní atá ar siúl againn faoi láthair den chineál go bhfuil deiseanna na nglúnta atá le teacht – agus na dtíortha i mbéal forbartha – á gcur i mbaol rochtain a bheith acu ar a sciar cothrom d’acmhainní ganna. Bhí úsáid réasúnach acmhainní nádúrtha ar cheann de na hábhair imní comhshaoil is luaithe a bhí mar bhonn taca do na chéad Chonarthaí Eorpacha. Bhí an Treochlár chuig Eoraip Éifeachtúil ó thaobh Acmhainní de i measc phríomhthionscnaimh an 7ú Clár Gníomhaíochta don Chomhshaol (EAP). Ceann de na príomhchuspóirí a bhí aige ná acmhainneacht eacnamaíoch AE a scaoileadh ionas go bhféadfadh sé a bheith níos táirgiúla agus níos lú acmhainní á n-úsáid aige agus é ag gluaiseacht i dtreo geilleagar ciorclach. Thairis sin, cuimsíonn an Pacáiste don Gheilleagar Ciorclach is déanaí bearta a chabhróidh le spreagadh a thabhairt d’aistriú AE chuig geilleagar ciorclach trí athchúrsáil agus athúsáid níos mó, chomh maith le borradh a chur faoi iomaíochas domhanda, fás eacnamaíoch inbhuanaithe a chothú agus poist nua a ghiniúint.

**A.** Éifeachtúlacht acmhainní

Bhí an Treochlár chuig Eoraip Éifeachtúil Acmhainní mar chuid de thionscnamh suaitheanta straitéis Eoraip 2020. Thacaigh sé leis an athrú i dtreo fás inbhuanaithe trí gheilleagar ísealcharbóin atá tíosach ó thaobh acmhainní de. Cuireadh san áireamh sa treochlár an dul chun cinn a rinneadh maidir le straitéis théamach 2005 maidir le húsáid inbhuanaithe acmhainní nádúrtha agus straitéis AE um fhorbraíocht inbhuanaithe, agus leagtar amach ann creat chun gníomhaíocht amach anseo a cheapadh agus a chur chun feidhme. Leagadh amach ann freisin na hathruithe struchtúracha agus teicneolaíochta a theastaíonn faoi 2050, lena n-áirítear na garspriocanna atá le baint amach faoi 2020. Moladh ann slite chun táirgiúlacht acmhainní a mhéadú agus fás eacnamaíoch a dhíchúpláil ó úsáid acmhainní agus a thionchar ar an gcomhshaol.

**B.** Bainistiú agus cosc dramhaíola

Lean an Treoir Réime Dramhaíola ón straitéis théamach maidir le cosc agus athchúrsáil dramhaíola. Is é ab aidhm di beartas AE a athchóiriú agus a shimpliú trí chreat nua a thabhairt isteach agus spriocanna nua a leagan síos, agus béim á cur ar chosc. I mí Iúil 2023, thug an Coimisiún togra isteach chun an Treoir Réime Dramhaíola a leasú, chun an fhreagracht as saolré iomlán táirgí teicstíle a aistriú chuig monaróirí. Is é is aidhm don tionscnamh seo láimhseáil inbhuanaithe dramhaíola teicstíle a spreagadh.

Leis an Rialachán maidir le Loingsiú Dramhaíola, (CE) Uimh.1013/2006), leagadh síos rialacha maidir le loingsiú dramhaíola laistigh de AE agus idir tíortha AE agus tíortha neamh-AE, arb é an aidhm shonrach atá acu cosaint an chomhshaoil a fheabhsú. Cumhdaíodh loingsiú nach mór gach cineál dramhaíola ann (seachas ábhar radaighníomhach) de bhóthar, d'iarnród, de mhuir agus d'aer. Tá loingsithe neamhdhleathacha dramhaíola fós ina bhfadhb thromchúiseach, áfach; leis an Rialachán nua ((AE) Uimh. 660/201), neartaíodh forálacha cigireachta na reachtaíochta atá ann cheana, le ceanglais níos déine do chigireachtaí agus do phleanáil náisiúnta.

**C.** Dlíthe sonracha um tháirgeadh agus um shruth dramhaíola

Bhí Treoir 2000/53/EC dírithe ar dhramháil a laghdú ó fheithiclí a bhfuil a ré caite (FRCanna) agus a gcomhpháirteanna, mar shampla trí mhéid na hathúsáide agus na haisghabhála a ardú go 95 % faoi 2015, agus an ráta athúsáide agus athchúrsála go 85 % ar a laghad. Spreagadh monaróirí agus allmhaireoirí léi freisin chun úsáid a bhaint as substaintí guaiseacha a theorannú agus comhtháthú ábhar athchúrsáilte a fhorbairt. In 2017, bhí a spriocráta 85 % athúsáide agus athchúrsála bainte amach ag formhór na mBallstát bunaithe ar mheánmheáchan in aghaidh na feithicle agus na bliana. In 2021, reáchtáladh comhairliúchán poiblí faoin athbhreithniú ar an treoir. Leasaíodh Treoir 2000/53/CE le Treoir (AE) 2018/849 lena dtugtar de chumhacht don Choimisiún comhlíonadh FRCanna a fhorfheidhmiú, ábhair a dhíolmhú, caighdeáin chódúcháin a shocrú agus ceanglais chóireála a bhunú. Tháinig Rialachán AE maidir le hAthchúrsáil Long ((AE) Uimh. 1257/2013) i bhfeidhm an 30 Nollaig 2013. Ba é a phríomhchuspóir ná tionóiscí, díobhálacha agus éifeachtaí díobhálacha ar shláinte an duine agus ar an gcomhshaol mar thoradh ar athchúrsáil agus cóireáil longa AE a chosc, a laghdú agus a dhíothú, go háirithe d'fhonn a áirithiú go mbeidh dramhaíl ghuaiseach ón athchúrsáil long sin faoi réir bainistiú atá fónta ó thaobh an chomhshaoil de. Leagtar amach sa rialachán roinnt ceanglas maidir le longa AE, úinéirí longa AE, saoráidí athchúrsála long atá sásta athchúrsáil a dhéanamh ar longa AE agus maidir leis na húdaráis inniúla nó na riaracháin ábhartha.

Is é ab aidhm le Treoir 2002/96/CE, arna leasú le Treoir 2012/19/AE, ithir, uisce agus aer a chosaint trí dhiúscairt a bheadh níos fearr agus laghdaithe a dhéanamh ar dhramhthrealamh leictreach agus leictreonach (DTIL). Is é ab aidhm le Treoir 2002/95/CE, arna haisghairm le Treoir 2011/65/AE, maidir le substaintí guaiseacha áirithe i dtrealamh leictreach agus leictreonach (RoHS) arna glacadh an t-am céanna le Treoir DTIL, an comhshaol agus sláinte an duine a chosaint trí shrian a chur le húsáid a bhaint as luaidhe, mearcair, caidmiam, crómiam agus lasairmhoillithigh bhróimnithe sa trealamh sin. Ba dheacair Treoir DTIL agus Treoir RoHS a chur chun feidhme sna Ballstáit, agus gan ach trian den dramhaíl leictreachais agus leictreonach go léir a bheith á bailiú agus cóireáil chuí á déanamh uirthi. Leis an dá threoir, in éineacht le Treoir 2012/18/AE, ceanglaíodh ar na Ballstáit an méid dramhaíola leictreonaí a

bhailíonn siad a mhéadú agus cead a thabhairt do thomhaltóirí fearais a thabhairt ar ais d'aon siopa a dhíolann earraí leictreacha beaga, gan iallach a bheith orthu fearais nua a cheannach.

Is é ab aidhm le Treoir 2006/66/CE maidir le cadhnraí agus taisc-cheallraí agus ceallraí agus taisc-cheallraí dramhaíola, feabhas a chur ar bhainistiú dramhaíola agus ar fheidhmíocht chomhshaoil na n-ítimí sin trí rialacha a bhunú maidir lena mbailiú, a n-athchúrsáil, a gcóireáil agus a ndiúscairt. Leagadh síos sa treoir freisin teorainnluachanna do shubstaintí guaiseacha áirithe (go háirithe mearcair agus caidmiam) i gcadhnraí agus i dtaisc-cheallraí. Le Treoir Leasaitheach 2013/56/AE, baineadh an díolúine do cheallraí cnapchille ina bhfuil cion mearcair nach mó ná 2% ó thaobh meáchain de.

I gcomhréir le Treoir 96/29/Euratom ón gComhairle maidir le dramhaíl radaighníomhach agus substaintí radaighníomhacha, a aisghaireadh le Treoir 2013/59/Euratom ón gComhairle, bhí ar gach Ballstát é a dhéanamh éigeantach gníomhaíochtaí a thuairisciú lena mbaineann guais a eascraíonn as radaíocht ianúcháin. Déantar loingsithe ar dhramhaíl radaighníomhach a chumhdach le Rialachán Euratom Uimh. 1493/93 ón gComhairle agus le Treoir 2006/117/Euratom ón gComhairle.

Le Treoir 94/62/EC, cumhdaíodh gach pacáistíocht a chuirtear ar mhargadh AE agus gach dramhaíl ó phacáistíocht, cibé acu a úsáideadh nó a scaoileadh í ar an leibhéal tionsclaíoch, tráchtála, oifige, siopa seirbhíse teaghlaigh nó ar aon leibhéal eile. Le Treoir Leasaithe 2004/12/CE, bunaíodh critéir agus rinneadh soiléiriú ar an sainmhíniú ar 'phacáistíocht'. Thairis sin le Treoir (AE) 2015/720, leasaíodh Treoir 94/62/CE maidir le tomhaltas málaí iompair plaisteacha éadroma a laghdú, ar málaí iad a éalaíonn ó shruthanna bainistihe dramhaíola agus a charnann sa chomhshaol, go háirithe i bhfoirm bruscar muirí. Sa treoir féachtar le tomhaltas málaí plaisteacha éadroma a ghearradh go han-mhór, trí dhíriú ar mhálaí plaisteacha faoi bhun 50 miocrón de thiús.

Féachadh leis an Treoir maidir le dramhaíl ó na tionscail eastóscacha a bhainistiú (an Treoir um Dhramhaíl Mianadóireachta, 2006/21/EC) le dul i ngleic leis na rioscaí suntasacha comhshaoil agus sláinte a bhaineann le cumas toirte agus truaillithe na dramhaíola mianadóireachta reatha agus stairiúla.

**D.** Cóireáil agus diúscairt dramhaíola

Le cur chun feidhme céimnitheach na Treorach maidir le Cóireáil Fuíolluisce Uirbigh (91/271/CEE) sna Ballstáit go léir, méadaíodh cainníochtaí a n-éilítear diúscairt ina leith.

Bhí sé i gceist leis an Treoir um Líonadh Talún (1999/31/EC) cosc a chur le héifeachtaí díobhálacha líonadh talún ar an gcomhshaol, go háirithe ar uisce dromchlach, screamhuisce, ithir agus aer, agus ar shláinte an duine. Tá an cur i bhfeidhm fós míshásúil mar nach bhfuil na forálacha go léir trasuite sna Ballstáit go léir agus is ann i gcónaí do líon mór de líonadh talún neamhdhleathach. Le Treoir Leasaitheach (AE) 2018/850, teorannaítear líonadh talún le haghaidh dramhaíl in-athchúrsáilte, socraítear spriocanna nua agus cuirtear rialuithe i bhfeidhm.

Is é ab aidhm le Treoir 2000/76/CE maidir le dramhaíl a loscadh ná truailliú aeir, uisce agus ithreach, arb iad loscadh nó comh-loscadh dramhaíola is cúis leo, a chosc nó a laghdú, a mhéid ab fhéidir. Amhail ó mhí na Samhna 2010, rinneadh í a aisghairm agus a ionadú le Treoir 2010/75/AE maidir le hastaíochtaí tionsclaíocha agus treoracha gaolmhara.

**E.** Pacáiste 2018 don Gheilleagar Ciorclach

I mí na Nollag 2015, chuir an Coimisiún plean gníomhaíochta i láthair maidir leis an ngeilleagar ciorclach, chomh maith le ceithre thogra reachtacha lena leasaítear na gníomhartha dlí seo a leanas: (a) an Treoir Réime Dramhaíola; (b) an Treoir um Líonadh Talún; (c) an Treoir maidir le Pacáistíocht agus le Dramhaíl ó Phacáistíocht; agus (d) na Treoracha maidir le FRCanna, maidir le cadhnraí agus taisc-cheallraí agus ceallraí agus taisc-cheallraí dramhaíola, agus maidir le DTIL. D'eascair roinnt de na tograí sin ó na dualgais dhlithiúla chun athbhreithniú a dhéanamh ar spriocanna an bhainistithe dramhaíola. Éilíodh leis an Treoir Réime Dramhaíola go ndéanfadh an Coimisiún na bearta seo a leanas faoi dheireadh 2014: athbhreithniú a dhéanamh ar spriocanna 2020 maidir le dramhaíl tí a athúsáid agus a athchúrsáil agus maidir le dramhaíl tógála agus scartála, spriocanna bainistithe dramhaíola a leagan amach do 2020, agus measúnú a dhéanamh ar roinnt beart, lena n-áirítear scéimeanna méadaithe freagrachta táirgeora. Leis an Treoir um Líonadh Talún, iarradh ar an gCoimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar na spriocanna a leagadh síos ann faoi mhí Iúil 2014 agus sa Treoir maidir le Pacáistíocht faoi dheireadh 2012.

Agus iad arna nglacadh i mí na Bealtaine, maidir leis na ceithre threoir ((AE) 2018/849, (AE) 2018/850, (AE) 2018/851 agus (AE) 2018/852) inter alia na príomhghnéithe seo a leanas a ionchorprú:

— Sprioc choiteann AE chun 65 % den dramhaíl chathrach a athchúrsáil faoi 2035 (55 % faoi 2025 agus 60 % faoi 2030);
— Sprioc choiteann AE chun 70 % den dramhaíl phacáistíochta a athchúrsáil faoi 2030;
— Sprioc cheangailteach um líonadh talún chun laghdú a dhéanamh ar líonadh talún go dtí 10 % ar a mhéad de dhramhaíl chathrach faoi 2035;
— Cosc ar thalamhlíonadh dramhaíola a bailíodh ar leithligh, lena n-éileofar bailiú ar leithligh do bhithdhramhaíl faoi 2024 agus do theicstílí agus do dhramhaíl ghuaiseach faoi 2025;

**F.** Plaistigh sa gheilleagar ciorclach

An 16 Eanáir, 2018, d'fhoilsigh an Coimisiún teachtaireacht lena leagtar amach straitéis le haghaidh plaistigh i ngeilleagar ciorclach. Sainaithnítear príomhdhúshlán sa straitéis, lena n-áirítear rátaí ísle athúsáide agus athchúrsála de dhramhaíl phlaisteach, na hastaíochtaí gás ceaptha teasa a bhaineann le táirgeadh agus loscadh plaisteach, agus dramhaíl phlaisteach a bheith in aigéin. Molann an Coimisiún gur cheart gach pacáistíocht a dhearadh chun bheith in-athchúrsáilte nó in-athúsáidte faoi 2030. D'fhonn dul i dtreo na sprice sin, cuirtear i láthair leis an straitéis raon leathan beart lena ndírítear ar cheithre réimse: (1) feabhas a chur ar bharainneacht agus ar cháilíocht athchúrsála plaisteach; (2) bruscar dramhaíola plaistí a shrianadh; (3) infheistíocht agus nuálaíocht a thiomáint i slabhra luacha na bplaisteach; agus (4) leas a bhaint as gníomhaíocht dhomhanda.

Mar chuid den straitéis maidir le plaistigh chun dul i ngleic le bruscar plaisteach atá diomailteach agus díobhálach trí ghníomhaíocht reachtach agus tar éis togra ón gCoimisiún an 28 Bealtaine 2018, chomhaontaigh an Chomhairle agus an Pharlaimint chun truailliú plaisteach a laghdú trí shrianta diana nua a leagan síos ar tháirgí plaisteacha aonúsáide áirithe (Treoir (AE) 2019/904). Áirítear ar na táirgí arna gcosc in

AE sceanra plaisteach (forcanna, sceana, spúnóga agus cipíní itheacháin), plátaí agus soip phlaisteacha, coimeádáin bhia agus deochanna déanta as polaistiréin fhorbartha agus baitíní cadáis déanta as plaisteach. Ón mbliain 2025 ar aghaidh, beidh an sprioc cheangailteach ag na Ballstáit go mbeidh 25% ar a laghad de phlaisteach athchúrsáilte i mbuidéil deochanna uile PET. Faoi 2030, beidh ar na buidéil phlaisteacha go léir 30% ar a laghad d'ábhar athchúrsáilte a bheith iontu.

**G.** An Plean Gníomhaíochta nua don Gheilleagar Ciorclach faoin gComhaontú Glas don Eoraip

Rinneadh an Plean Gníomhaíochta nua don Gheilleagar Ciorclach le haghaidh Eoraip atá níos glaine agus níos iomaíche a fhoilsiú an 11 Márta 2020 agus tá sé ar cheann de bhunchlocha an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip, clár oibre nua an Aontais don fhás inbhuanaithe. Fógraíodh sa phlean tionscnaimh feadh shaolré iomlán na dtáirgí, ag díriú, mar shampla, ar dhearadh na dtáirgí, ar phróisis an gheilleagair chiorclaigh a chun cinn, ar thomhaltas inbhuanaithe a chothú, agus é mar aidhm leis a áirithiú go gcoinneofar na hacmhainní a úsáidtear i ngeilleagar AE a fhad agus is féidir.

Ghlac Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle an Rialachán nua maidir le Ceallraí an 12 Iúil 2023. Íoslaghdóidh sé sin tionchar comhshaoil na hearnála ceallraí toisc go dtagann fás easpónantúil uirthi i gcomhthéacs dálaí socheacnamaíocha nua, forbairtí teicneolaíochta, margaí agus úsáidí ceallraí. An 17 Samhain 2021, ghlac an Coimisiún togra maidir le loingsithe dramhaíola, inar moladh rialacha níos láidre maidir le honnmhairí dramhaíola, córas níos éifeachtúla le haghaidh cúrsaíocht dramhaíola mar acmhainn, agus gníomhaíocht nithiúil i gcoinne gáinneáil ar dhramhaíl. Déanfar faireachán ar loingsithe dramhaíola chuig tíortha ECFE agus féadfar iad a chur ar fionraí má chruthaíonn siad fadhbanna tromchúiseacha comhshaoil sa tír chinn scríbe. Cuirfear srian le honnmhairí dramhaíola chuig tíortha nach tíortha ECFE iad agus ní cheadófar iad ach amháin más féidir le tríú tíortha iad a bhainistiú ar bhealach inbhuanaithe.

An 30 Samhain 2022, mhol an Coimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar an Treoir maidir le Pacáistíocht agus Dramhaíl ó Phacáistíocht chun a ráthú gur féidir pacáistíocht atá ar fáil san Aontas a athúsáid nó a athchúrsáil ar bhealach atá inbhuanaithe ó thaobh airgeadais de faoi 2030. Ghlac sí freisin an teachtaireacht maidir le creat beartais maidir le plaistigh bhithbhunaithe, in-bhithmhillte agus inmhúirínithe.

Is ag an tomhaltas teicstílí san Eoraip atá an ceathrú tionchar is mó ar an gcomhshaol agus ar an athrú aeráide – i ndiaidh an bhia, na tithíochta agus na soghluaisteachta. An 30 Márta 2023, d'fhoilsigh an Coimisiún straitéis AE maidir le teicstílí inbhuanaithe agus ciorclacha. Leagtar amach sa straitéis sin gníomhaíochtaí nithiúla lena chinntiú, faoi 2030, go mbeidh táirgí teicstíle a chuirtear ar mhargadh an Aontais inbhuanaithe agus in-athchúrsáilte, saor ó shubstaintí guaiseacha agus go mbeadh cearta sóisialta agus an comhshaol á n-urammú leo.

## RÓL PHARLAIMINT NA HEORPA

D'iarr an Pharlaimint arís agus arís eile go mbeadh clár oibre nua ann d'fhás na hEorpa amach anseo, agus éifeachtúlacht achmhainní ina chroílár, rud lena n-éileofaí roinnt athruithe radacacha inár bpatrúin táirgeachta agus tomhaltais. Le smaoineamh ar iomlán na saolré, ba cheart go bhfeabhsófaí úsáid ábhar tánaisteach agus na

dreasachtaí eacnamaíocha cearta a chruthú chun dramhaíl a sheachaint agus a athúsáid.

Tar éis straitéis an Choimisiúin maidir le plaistigh i ngeilleagar ciorclach Eanáir 2018, ghlac an Pharlaimint rún maidir leis an straitéis sin i mí Mheán Fómhair 2018. Áitíodh ar an gCoimisiún sa rún, i measc nithe eile, breithniú a dhéanamh ar cheanglais a thabhairt isteach d'íosábhar athchúrsáilte le haghaidh táirgí plaisteacha ar leith ar mhargadh AE. Rinneadh argóint ann ar son fíormhargadh aonair a chruthú do phlaistigh athchúrsáilte, moladh ann bearta chun dul i ngleic le bruscar muirí agus iarradh ann cosc a chur ar mhicreaphlaistigh i gcosmaidí agus i dtáirgí glantacháin faoi 2020. Bhí díospóireacht faoi phacáiste 2018 don Gheilleagar Ciorclach ag an bParlaimint sa Choiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia (ENVI), agus 2,000 leasú á gcur síos.

I rún ón bParlaimint an 15 Eanáir 2020 maidir leis an gComhaontú Glas don Eoraip, iarradh plean gníomhaíochta nua uaillmhianach don gheilleagar ciorclach, ar plean é a chaithfidh a bheith dírithe ar lorg iomlán tháirgeacht agus thomhaltas AE ó thaobh an chomhshaoil agus na n-acmhainní de a laghdú agus, agus dreasachtaí láidre á soláthar don nuálaíocht, do ghnó inbhuanaithe agus do mhargaí le haghaidh táirgí ciorclacha atá neodrach ó thaobh na haeráide de agus atá neamhthocsaineach. Leagadh béim sa rún ar na sineirgí láidre idir gníomhú ar son na haeráide agus an geilleagar ciorclach, go háirithe i dtionscail atá dian ar fhuinneamh agus ar charbón agus iarrtar ann go mbunófaí sprioc maidir le héifeachtúlacht acmhainní ar leibhéal an Aontais.

An 17 Eanáir 2023, ghlac an Pharlaimint a seasamh caibidlíochta le haghaidh cainteanna le rialtais AE maidir le dlí nua chun athbhreithniú a dhéanamh ar nósanna imeachta AE agus ar bhearta rialaithe le haghaidh loingsithe dramhaíola. Ba cheart don reachtaíocht athbhreithnithe an comhshaol agus sláinte an duine a chosaint ar bhealach níos fearr, agus lántairbhe á baint as na deiseanna a chuirtear ar fáil le dramhaíl chun spriocanna an Aontais maidir le geilleagar ciorclach agus saor ó thruailliú a bhaint amach. D'iarr an Pharlaimint go gcruthófaí sásra AE um spriocdhíriú rioscabhunaithe chun treoir a thabhairt do thíortha AE a dhéanann cigireachtaí chun loingsithe neamhdhleathacha dramhaíola a chosc agus a bhrath.

Chun tuilleadh eolais a fháil faoin ábhar seo, téigh chuig suíomh gréasáin an Choiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia.

Georgios Amanatidis / Maria-Mirela Curmei
10/2023

# 2.5.7. TOMHALTAS AGUS TÁIRGEADH INBHUANAITHE

Tá fás inbhuanaithe ar cheann de phríomhchuspóirí an Aontais Eorpaigh (AE). Le linn tréimhse ina bhfuil athrú aeráide ag dul ar aghaidh go mear agus ina bhfuil éileamh méadaithe ar fhuinneamh agus acmhainní, tá réimse beartas agus tionscnamh tugtha isteach ag AE lena ndírítear ar thomhaltas agus ar tháirgeadh inbhuanaithe. Faoin gComhaontú Glas don Eoraip agus, go háirithe, faoin bplean nua gníomhaíochta don gheilleagar ciorclach, fógraíodh tionscnamh reachtach maidir le beartas táirgí inbhuanaithe chun táirgí a chur in oiriúint do gheilleagar atá aeráidneodrach, tíosach ar acmhainní agus ciorclach.

## BUNÚS DLÍ

Airteagail 191 go 193 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE).

## CUSPÓIRÍ AGUS A BHFUIL BAINTE AMACH

**A.** An plean gníomhaíochta um thomhaltas agus um tháirgeadh inbhuanaithe (SCP)

I mí Iúil 2008, mhol an Coimisiún pacáiste beart agus tograí maidir le SCP agus beartas tionsclaíoch inbhuanaithe (SIP), a raibh sé mar aidhm leo feabhas a chur ar fheidhmíocht chomhshaoil táirgí ar feadh a saolré, feasacht agus éileamh tomhaltóirí a mhéadú maidir le hearraí inbhuanaithe agus teicneolaíochtaí táirgeachta, nuálaíocht i dtionscal AE a chur chun cinn agus aghaidh a thabhairt ar ghnéithe idirnáisiúnta, amhail trádáil agus caighdeáin. Rinneadh roinnt tionscnamh mar thoradh ar an bplean gníomhaíochta SCP sna réimsí seo a leanas: síneadh a chur leis an Treoir maidir le hÉicidhearthóireacht, athbhreithniú ar Rialachán an Éicilipéid, athbhreithniú ar an Rialachán um Éiceabhainistíocht agus Iniúchóireacht, reachtaíocht maidir le soláthar poiblí glas, an Treochlár maidir le bheith Tíosach ar Acmhainní, agus an plean gníomhaíochta éiceanuálaíochta. Tá na hionstraimí sin ina ndlúthchuid de Straitéis um Fhorbairt Inbhuanaithe an Aontais (AE SFI), lenar athdhearbhaíodh an tiomantas dul i ngleic le dúshláin na forbraíochta inbhuanaithe, chomh maith le comhar a neartú le comhpháirtithe lasmuigh de AE, trí Phróiseas Marrakech na Náisiún Aontaithe a úsáid, mar shampla.

**B.** Treochlár d’Eoraip atá Tíosach ar Acmhainní

Ag eascairt as tionscnamh suaitheanta Eoraip 2020 maidir le héifeachtúlacht acmhainní, ina n-éilítear straitéis chun cuspóirí meántéarmacha agus fadtéarmacha a shainiú i ndáil le héifeachtúlacht acmhainní agus na bealaí lena mbainfí amach iad, seoladh in 2011 an Treochlár d’Eoraip atá Tíosach ar Acmhainní. Moltar ann slite chun táirgiúlacht acmhainní a mhéadú agus fás eacnamaíoch a dhíchúpláil ó úsáid acmhainní agus a thionchar ar an gcomhshaol ( 2.5.6).

**C.** Éicilipéadú agus lipéadú fuinnimh

Cuirtear faisnéis ríthábhachtach ar fáil trí lipéadú lena gcumasaítear tomhaltóirí chun roghanna eolasacha a dhéanamh. Is scéim dheonach é an tÉicilipéad Eorpach a bunaíodh in 1992 d’fhonn gnólachtaí a spreagadh chun margaíocht a dhéanamh ar tháirgí agus ar sheirbhísí a chomhlíonann critéir áirithe chomhshaoil. Bíonn lógó an bhlátha ar tháirgí agus seirbhísí ar bronnadh an tÉicilipéad orthu, rud a chuireann ar

chumas tomhaltóirí – lena n-áirítear ceannaitheoirí poiblí agus príobháideacha – iad a aithint go héasca. Go dtí seo bronnadh an lipéad ar tháirgí glantacháin, fearais, táirgí páipéir, éadaí, táirgí baile agus gairdín, táirgí bealaí, táirgí cúraim phearsanta agus cúraim ainmhithe agus ar sheirbhísí amhail lóistín do thurasóirí. Níl critéir an Éicilipéid bunaithe ar thoisc áirithe amháin, ach ar staidéir ina ndéantar anailís ar thionchar táirge nó seirbhíse ar an gcomhshaol ar feadh a shaolré nó saolré. Díríodh in athbhreithniú a rinneadh in 2008 ar [Rialachán an Éicilipéid ((CE) Uimh. 66/2010)] ar úsáid scéim dheonach an Éicilipéid a chur chun cinn trí na costais agus an maorlathas a bhaineann lena cur i bhfeidhm a laghdú. An 30 Meitheamh 2017, chuir an Coimisiún conclúidí a mheastóireachta i láthair (seiceáil oiriúnachta) maidir le Rialachán an Éicilipéid. De réir na meastóireachta, tá an rialachán ábhartha agus comhleanúnach den chuid is mó agus soláthraítear breisluach AE leis. Baineadh de thátal as freisin, áfach, go bhfuil an rialachán éifeachtach go páirteach (mar go gcumasaíonn sé feidhmíocht fheabhsaithe chomhshaoil do tháirgí a bhfuil an lipéad orthu, ach b'fhéidir nach leor na critéir agus go bhfanann an glacadh íseal i gcás cineálacha áirithe táirgí) agus go bhfuil sé éifeachtúil go páirteach (toisc go bhféadfadh na costais a bhaineann le comhlíonadh a bheith ina mbacainn ar rannpháirtíocht i gcásanna áirithe).

Le Treoir 92/75/CEE, tugadh isteach scéim uile-Aontais um lipéadú fuinnimh le haghaidh fearais tí (earraí bána), lena gcuirtear tomhaltóirí féideartha ar an eolas, trí lipéid agus trí fhaisnéis i mbróisiúir táirgí, faoi rátaí ídithe fuinnimh na leaganacha uile atá ar fáil. Ó tugadh isteach é in 1995, tá aitheantas agus meas forleathan ar Lipéad Fuinnimh an Aontais Eorpaigh mar threoir do mhonaróirí agus do thomhaltóirí. I mí an Mheithimh 2010, rinneadh athbhreithniú ar an Treoir maidir le Lipéadú Fuinnimh (2010/30/AE) chun a raon feidhme chuig réimse níos leithne táirgí a bhaineann le fuinneamh a leathnú. An 15 Iúil 2015, mhol an Coimisiún go bhfillfí ar scála aonair lipéadaithe 'A go G'. Cruthaíodh ceanglais nua maidir le lipéadú fuinnimh do ghrúpaí táirgí aonair faoi [Rialachán (AE) 2017/1369 an 4 Iúil 2017] lena leagtar amach creat i gcomhair lipéadú fuinnimh agus lena n-aisghairtear Treoir 2010/30/AE. Go nithiúil, ó 2021 ar aghaidh, rinneadh cúig ghrúpa táirgí (cuisneoirí, miasniteoirí, meaisíní níocháin, teilifíseáin agus lampaí) a 'athscálú': mar shampla, táirge ag a raibh aicmiúchán A+++ i dtaca le héifeachtacht fuinnimh, bhí aicmiúchán B aige i ndiaidh an athscálaithe, gan aon athrú ina ídiú fuinnimh. Beidh aicmiúchán A folamh ag an tús chun go bhféadfadh leaganacha níos tíosaí ar fhuinneamh teacht chun cinn. Leis sin, cuirfear ar chumas tomhaltóirí idirdhealú níos soiléire a dhéanamh idir na táirgí is tíosaí ar fhuinneamh.

**D.** Éicidhearthóireacht

Leis an Treoir maidir le hÉicidhearthóireacht, déantar feabhsúchán teicniúil na dtáirgí a áirithiú. Leathnaíodh raon feidhme Threoir 2005/32/CE le hathbhreithniú 2009 ([Treoir 2009/125/CE]) chuig táirgí a bhaineann le fuinneamh nach táirgí iad a úsáideann fuinneamh; is táirgí iad seo nach n-ídíonn fuinneamh le linn a n-úsáide ach a bhfuil tionchar díreach acu ar ídiú fuinnimh, amhail gléasanna a úsáideann uisce, fuinneoga agus ábhar inslithe. An 30 Márta 2022, d'fhoilsigh an Coimisiún [togra le haghaidh rialachán] lena mbunaítear creat chun ceanglais éicidhearthóireachta do tháirgí inbhuanaithe a bhunú, lena n-aisghairtear Treoir 2009/125/CE.

**E.** An Scéim um Bainistíocht agus Iniúchadh Comhshaoil (EMAS)

Is uirlis bhainistithe í EMAS lena gcumasaítear cuideachtaí agus eagraíochtaí eile chun meastóireacht a dhéanamh, tuairisc a thabhairt agus feabhas a chur ar a bhfeidhmíocht

chomhshaoil. Tá an scéim ar fáil do chuideachtaí ó 1995, ach ar dtús ní raibh sé ar fáil ach dóibh siúd in earnálacha tionsclaíochta. Ó 2001, áfach, tá EMAS ar fáil do gach earnáil eacnamaíoch, lena n-áirítear seirbhísí poiblí agus príobháideacha. In 2009, tháinig athrú suntasach ar EMAS nuair a glacadh rialachán nua EMAS Rialachán ((CE) Uimh. 1221/2009) a bhí dírithe ar eagraíochtaí a spreagadh chun clárú le EMAS. Leis an athbhreithniú sin ar Rialachán EMAS, tá feabhas tagtha ar infheidhmeacht agus creidiúnacht na scéime agus treisiú déanta ar a hinfheictheacht agus a for-rochtain. In 2017, leasaíodh Iarscríbhinní I, II agus III de Rialachán EMAS chun na hathruithe a bhain le hathbhreithniú chaighdeán ISO 14001:2015 a chur san áireamh. Tháinig Rialachán (AE) Uimh. 2017/1505 lena leasaítear na hiarscríbhinní sin i bhfeidhm an 18 Meán Fómhair 2017.

**F.** Soláthar Poiblí Glas (SPG)

Is beartas deonach é Soláthar Poiblí Glas (SPG) faoi chuimsiú chreat straitéiseach um sholáthar poiblí, lena dtacaítear le húdaráis phoiblí agus iad ag ceannach earraí, seirbhísí agus oibreacha ar lú a dtionchar ar an gcomhshaol. Le blianta beaga anuas, tá coincheap SPG aitheanta mar uirlis úsáideach chun an margadh a spreagadh i dtreo táirgí agus seirbhísí glasa agus chun tionchair chomhshaoil ó ghníomhaíochtaí na n-údarás poiblí a laghdú. Is trí Phleananna Gníomhaíochta Naisiúnta (NAPanna) a dhéanann na Ballstáit SPG a chur chun feidhme. Ba iad an dá threoir maidir le soláthar poiblí a glacadh in 2004 (Treoir 2004/18/CE agus Treoir 2004/17/CE) na chéad treoracha ina raibh tagairtí sonracha don fhéidearthacht cúrsaí comhshaoil a ionchorprú isteach sa phróiseas dámhachtana conarthaí, trí cheanglais chomhshaoil a chuimsiú i sonraíochtaí teicniúla, mar shampla, éicilipéid a úsáid, nó critéir dhámhachtana a chur i bhfeidhm bunaithe ar ghnéithe comhshaoil. Leis na trí threoir a glacadh i mí Feabhra 2014 mar chuid d'athchóiriú soláthair phoiblí faoin nGníomh um an Margadh Aonair – Treoracha 2014/24/AE (an Treoir Chlasaiceach), 2014/25/AE (an Treoir maidir le Fóntais) agus 2014/23/AE (an Treoir maidir le Lamháltais) - déantar na nósanna imeachta a shimpliú trí fheabhas a chur ar choinníollacha nuála do ghnólachtaí agus úsáid níos forleithne ar sholáthar poiblí glas a chur chun cinn agus, dá bhrí sin tacú leis an aistriú i dtreo geilleagar ísealcharbóin atá tíosach ar acmhainní.

In 2008, d'fhoilsigh an Coimisiún teachtaireacht dar teideal 'Soláthar poiblí ar mhaithe le comhshaol níos fearr', ina leagadh amach roinnt beart a bhí le glacadh chun tacú le cur chun feidhme SPG ag na Ballstáit agus ag údaráis chonarthacha aonair. Mar thoradh air sin, tá critéir SPG an Aontais forbartha mar chuid den chur chuige deonach i leith SPG. Go dtí seo, tá 21 tacar critéar foilsithe i gcomhair earnálacha áirithe, amhail iompar, trealamh TF oifige, táirgí agus seirbhísí glantacháin, tógáil, insliú teirmeach, agus táirgí agus seirbhísí garraíodóireachta.

**G.** Plean Gníomhaíochta Éiceanuálaíochta (EcoAP)

Tagann Plean Gníomhaíochta Éiceanuálaíochta (EcoAP) a sheol an Coimisiún i mí na Nollag 2011 i gcomharbacht ar an bPlean Gníomhaíochta do Theicneolaíochtaí Comhshaoil (PGTC) , arb é is aidhm leis borradh a chur faoi fhorbairt agus úsáid teicneolaíochtaí comhshaoil agus iomaíochas na hEorpa a fheabhsú sa réimse sin.

Baineann an EcoAP go príomha le tionscnamh suaitheanta an Aontais Nuálaíochta maidir le straitéis Eoraip 2020. Beartaítear leis fócas na mbeartas nuálaíochta a leathnú i dtreo teicneolaíochtaí glasa agus na héiceanuálaíochta, agus béim a leagan ar ról beartais comhshaoil mar thoisc don fhás eacnamaíoch. Dírítear leis freisin ar bhacainní

agus deiseanna éiceanuálaíochta áirithe – go háirithe an chuid sin nach bhfuil clúdaithe ag beartais nuálaíochta níos ginearálta. Cuireann an EcoAP an éiceanuálaíocht chun cinn, trí bheartais comhshaoil, tacaíocht airgeadais d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide, trí chomhoibriú idirnáisiúnta, caighdeáin nua agus scileanna a fhorbairt.

Is creat beartais leathan é EcoAP atá maoinithe ó fhoinsí éagsúla. Ó 2014 go 2020, bhí Fís 2020 ina príomhfhoinse thacaíochta aige. I measc na bhfoinsí eile tá Cistí Struchtúracha agus Infheistíochta na hEorpa, amhail Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, an Clár don Chomhshaol agus do Ghníomhú ar son na hAeráide (LIFE), an Clár um Iomaíochas na bhFiontar agus um Fhiontair Bheaga agus Mheánmhéide (COSME) agus an Comhbheartas Talmhaíochta. Le déanaí, tugadh isteach mórfhoinse tacaíochta eile: plean téarnaimh NextGenerationEU. Le blianta beaga anuas, tá go leor de spriocanna EcoAP tagtha le chéile i gcoincheap an gheilleagair chiorclaigh - is é sin, geilleagar a fhoghlaimíonn ón dúlra sa chaoi nach gcuirtear aon rud amú ann. Tá an éiceanuálaíocht ríthábhachtach chun gnéithe go leor den gheilleagar ciorclach a bhaint amach: iombóis thionsclaíoch nó éiceolaíochtaí tionsclaíocha, dearadh cliabhán-go-cliabhán agus samhlacha nua nuálacha gnó, etc. ( 2.5.6).

Déanann an tInnéacs Éiceanuálaíochta measúnú ar a bhfuil bainte amach ag Ballstáit ó thaobh na héiceanuálaíochta de, agus úsáid á baint as creat tomhais ina bhfuil 12 tháscaire.

**H.** Beartas táirgí inbhuanaithe

Faoin gComhaontú Glas don Eoraip, chuir an Coimisiún plean nua gníomhaíochta don gheilleagar ciorclach (CEAP) i láthair i Márta 2020, inar fógraíodh tionscnamh táirgí inbhuanaithe chun táirgí a chur in oiriúint do gheilleagar atá aeráidneodrach, tíosach ar acmhainní agus ciorclach, chomh maith le dramhaíl a laghdú. Cuireann tionscnamh na dtáirgí inbhuanaithe leis an Treoir maidir le hÉicidhearthóireacht agus tugann sé aghaidh freisin ar cheimiceáin dhíobhálacha a bheith i dtáirgí amhail leictreonaic agus trealamh TFC, teicstílí, troscán, cruach, stroighin agus ceimiceáin.

An 22 Márta 2023, ghlac an Coimisiún togra le haghaidh treoir maidir le rialacha nua a mhéid a bhaineann le bunús a thabhairt le maíomhanna glasa, lena dtéitear i ngleic le maíomhanna bréagacha comhshaoil, agus maidir le leathnú leathan lipéad comhshaoil poiblí agus príobháideach. Thairis sin, ghlac an Coimisiún togra le haghaidh treoir maidir le rialacha comhchoiteanna lena gcuirtear deisiú earraí chun cinn. Spreagann an tionscnamh 'ceart chun deisiúcháin' tomhaltas inbhuanaithe, rud a fhágann go mbíonn sé níos éasca agus níos saoire do thomhaltóirí earraí lochtacha a dheisiú seachas iad a athsholáthar. In éineacht leis an togra le haghaidh treoir maidir le tomhaltóirí a chumhachtú don aistriú glas, bunaítear leis na rialacha nua córas le haghaidh maíomhanna agus lipéid chomhshaoil agus é mar aidhm leo aghaidh a thabhairt ar an snas glas.

## RÓL PHARLAIMINT NA HEORPA

Tá a cuid tacaíochta curtha in iúl go minic ag an bParlaimint do Phlean Gníomhaíochta SCP agus a chomhpháirteanna. Le linn athbhreithniú 2009 ar an Treoir maidir le hÉicidhearthóireacht, d'éirigh leis an bParlaimint coincheap an mheasúnaithe saolré a neartú, agus go háirithe an nóisean i dtaobh éifeachtúlacht acmhainní agus ábhar.

Ina rún an 10 Feabhra 2021 maidir leis an bPlean Gníomhaíochta nua don Gheilleagar Ciorclach, chuir an Pharlaimint i bhfios go láidir, i measc nithe eile, gur cheart táirgí

agus ábhair atá inbhuanaithe, ciorclach, sábháilte agus neamhthocsaineach a bheith ina ngnáthchleachtas i margadh AE seachas mar eisceacht, agus gur cheart breathnú orthu mar an rogha réamhshocraithe, atá tarraingteach, inacmhainne agus inrochtana do gach tomhaltóir.

Tá ról suntasach glactha ag an bParlaimint maidir le forálacha níos glaise a thabhairt isteach i ndiaidh a chéile sna treoracha soláthair phoiblí. San athbhreithniú deireanach ar na treoracha sin, a glacadh in 2014, thug an Pharlaimint tacaíocht, *inter alia*, don chritéar nua 'an tairiscint is buntáistí go heacnamaíoch' (MEAT) sa nós imeachta dámhachtana. Leis sin cuirtear ar chumas údaráis phoiblí tuilleadh béime a leagan ar cháilíocht, tosca comhshaoil, gnéithe sóisialta agus nuálaíocht, agus fós praghas agus costais saolré an mhéid a sholáthraítear á gcur san áireamh.

An 19 Aibreán 2004, chinn an Pharlaimint córas bainistíochta comhshaoil (CBC) a bhunú, i gcomhréir le EMAS. An 24 Eanáir 2006, shínigh an Pharlaimint Ráiteas EMAS, ag tabhairt gealltanais go n-áiritheofar a gníomhaíochtaí a bheith comhleanúnach leis na cleachtais is fearr atá ann faoi láthair maidir le bainistiú comhshaoil. In 2007, d'éirigh léi Deimhniú ISO 14001.2004 a bhaint amach agus cláraíodh le EMAS í. Faoi EMAS, chinn an Pharlaimint an 16 Nollaig 2019 a hastaíochtaí gás ceaptha teasa (GCT) in aghaidh an duine a laghdú 40 % ar a laghad faoi 2024 i gcomparáid le 2006, chomh maith le roinnt táscairí eile maidir le feidhmíocht aeráide, lena n-áirítear astaíochtaí GCT ó dhaoine a iompar, úsáid fuinnimh in-athnuaite, gás, ola bhreosla agus ídiú leictreachais, etc. De réir sonraí EMAS, bhí astaíochtaí GCT na Parlaiminte in aghaidh an duine laghdaithe 37.7 % cheana féin ó 2006 go 2019.

Cuireann an Pharlaimint beartas SPG i bhfeidhm freisin. I mí an Mheithimh 2017, d'fhoilsigh an Pharlaimint staidéar ar SPG, lena scrúdaítear úsáid reatha agus deiseanna SPG san Aontas, i gcomhthéacs agus mar obair leantach ar phlean gníomhaíochta AE an Choimisiúin don gheilleagar ciorclach. Rinne an staidéar leasanna comhshaoil do na saoránaigh a shainaithint, mar aon le gnóthachain don fhostaíocht agus don gheilleagar foriomlán ar an leibhéal Eorpach.

Chuir an Pharlaimint fáilte roimh EcoAP ina Rún an 17 Deireadh Fómhair 2013. Leag an Pharlaimint béim ar éifeachtaí sineirge féideartha na héiceanuálaíochta maidir le cruthú fostaíochta ar bhonn inbhuanaithe, cosaint comhshaoil agus an laghdú ar spleáchas eacnamaíoch. Ina theannta sin, leagadh béim sa Rún ar ghné beartais trasearnála na héiceanuálaíochta agus ar an ngá leis an éiceanuálaíocht a phríomhshruthú i ngach réimse beartais. Ghlac an Pharlaimint freisin a seasamh an 13 Meitheamh 2017 maidir le lipéadú fuinnimh a shimpliú d'fhearais tí trí scála A go G, rud a chuirfeadh ar chumas custaiméirí táirgí a roghnú lena laghdaítear a dtomhaltas fuinnimh agus a mbillí fuinnimh.

I rún uaithi an 4 Iúil 2017 dar teideal 'Saolré níos faide do tháirgí: buntáistí do thomhaltóirí agus do ghnólachtaí', d'iarr an Pharlaimint ar an gCoimisiún an t-eolas maidir le marthanacht táirgí a fheabhsú trí bhreithniú a dhéanamh ar lipéad deonach Eorpach a sheoladh, ar lipéad é lena gcumhdófar, go háirithe, marthanacht, gnéithe éiceadhearthóireachta, uasghrádú i gcomhréir le hascnamh teicniúil agus indeisitheacht an táirge.

I rún uaithi an 31 Bealtaine 2018 maidir le cur chun feidhme na Treorach maidir le hÉicidhearthóireacht (2009/125/CE), d'iarr an Pharlaimint ar an gCoimisiún acmhainní leordhóthanacha a úsáid don phróiseas éicidhearthóireachta i bhfianaise bhreisluach suntasach na reachtaíochta don Aontas. D'iarr an Pharlaimint freisin ar an gCoimisiún

an mhodheolaíocht éicidhearthóireachta atá ann faoi láthair a mheas féachaint an bhféadfaí í a úsáid le haghaidh catagóirí táirgí eile chomh maith le táirgí a bhaineann le fuinneamh, agus tograí a chur ar aghaidh le haghaidh reachtaíocht nua.

Cé go bhfuil neodracht carbóin maíte ag an bParlaimint, faoi EMAS, ó 2016 i leith mar thoradh ar fhritháireamh 100 % dá cuid astaíochtaí dolaghdaithe, chuir an Pharlaimint in iúl i rún uaithi an 14 Bealtaine 2020 go dtabharfaí ceannaireacht le dea-shampla agus tugadh treoir dá Biúró straitéis a fhorbairt chun a bheith neodrach ó thaobh carbóin de faoi 2030 trí bhearta inmheánacha (gan fritháireamh). I staidéar na Parlaiminte maidir le neodracht carbóin, a foilsíodh i Meán Fómhair 2020, déantar cur síos ar bhearta laghdaithe astaíochtaí GCT sa ghearrthéarma, sa mheántéarma agus san fhadtéarma lena gcuirfí ar chumas na Parlaiminte a lorg carbóin a laghdú go mór d’fhonn neodracht carbóin a bhaint amach faoi 2030.

Chun tuilleadh eolais a fháil faoin ábhar seo, téigh chuig suíomh gréasáin an Choiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia (ENVI).

Georgios Amanatidis / Maria-Mirela Curmei
10/2023

# 2.5.8. CEIMICEÁIN AGUS LOTNAIDICÍDÍ

Is é is aidhm do reachtaíocht AE maidir le ceimiceáin agus lotnaidicídí ná sláinte an duine agus an comhshaol a chosaint mar aon le bacainní ar thrádáil a chosc. Tá an reachtaíocht sin comhdhéanta de rialacha lena rialaítear margáil agus úsáid catagóirí áirithe de tháirgí ceimiceacha, sraith srianta comhchuibhithe maidir le substaintí agus ullmhóidí guaiseacha a chur ar an margadh agus a úsáid, agus prótacáil maidir le mórthionóiscí agus onnmhairí substaintí contúirteacha a láimhseáil. Is iad Rialachán CLP (aicmiú, lipéadú agus pacáistiú) agus Rialachán REACH (Clárú, Meastóireacht, Údarú agus Srianadh Ceimiceán) an dá éacht is tábhachtaí ar leibhéal an Aontais. Faoin gComhaontú Glas don Eoraip agus go háirithe na straitéisí ar a dtugtar ‘ceimiceáin ar mhaithe leis an inbhuanaitheacht’, ‘ón bhfeirm go dtí an forc’ agus ‘an bhithéagsúlacht’, tá próiseas athbhreithnithe ar siúl faoi láthair maidir le reachtaíocht AE i ndáil leis na saincheisteanna sin.

## AN BUNÚS DLÍ

Airteagail 191 go 193 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE).

## CUSPÓIRÍ AGUS A BHFUIL BAINTE AMACH

**A.** Clárú, Meastóireacht, Údarú agus Srianadh Ceimiceán (REACH)

Rinneadh athrú ó bhonn ar bheartas an Aontais i leith ceimiceán nuair a tugadh isteach Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 (Rialachán REACH) in 2006. Tháinig an rialachán i bhfeidhm an 1 Meitheamh 2007, lenar leagadh síos creat dlíthiúil nua chun rialáil a dhéanamh ar fhorbairt agus tástáil, ar tháirgeadh, ar chur ar an margadh agus ar úsáid a mhéid a bhaineann le ceimiceáin agus ghabh an rialachán nua ionad isteach agus amach le 40 gníomh reachtach sa réimse seo a bhí ann roimhe sin. Le REACH, tugadh isteach córas aonair do gach ceimiceán agus aistríodh leis dualgas an chruthúnais i dtaca le measúnú riosca ar shubstaintí ó údaráis phoiblí go cuideachtaí. Sa bhreis air sin, éilíodh leis go ndéanfaí na ceimiceáin is contúirtí a ionadú le malairtí oiriúnacha.

Tá an Ghníomhaireacht Eorpach Ceimiceán (ECHA), a bunaíodh faoin rialachán seo agus atá lonnaithe in Heilsincí, freagrach as bainistiú a dhéanamh ar na gnéithe teicniúla, eolaíocha agus riaracháin de REACH, agus as comhsheasmhacht ina chur i bhfeidhm a áirithiú. Faoi mhí na Samhna 2010, bhí ar thionscail gach substaint a táirgeadh nó a allmhairíodh i gcainníochtaí os cionn 1000 tona in aghaidh na bliana, substaintí an-tocsaineach i gcainníochtaí os cionn 100 tona in aghaidh na bliana, agus substaintí guaiseacha carcanaigineacha, só-ghineacha nó tocsaineacha maidir le síolrú (CMRanna) a chlárú i gcainníochtaí níos mó ná 1 tona in aghaidh na bliana. I mí an Mheithimh 2013, leathnaíodh an oibleagáid chlárúcháin chuig gach substaint a tháirgtear nó a allmhairítear i gcainníochtaí 100-1 000 tona in aghaidh na bliana, agus ar deireadh, i mí an Mheithimh 2018, chuig gach substaint i gcainníochtaí 1-100 tona in aghaidh na bliana.

I mí Feabhra 2013, d’fhoilsigh an Coimisiún athbhreithniú ar Rialachán REACH inar thángthas ar an tátal nach raibh aon chall le hathruithe a dhéanamh ar a théarmaí achtacháin, siúd is go bhféadfaí dul chun cinn a dhéanamh i ndáil leis an ualach airgeadais agus riaracháin ar thionscail a laghdú agus le modhanna a aimsiú mar

mhalairt ar thástáil ainmhithe. In 2017, rinne an Coimisiún an dara meastóireacht faoin gClár um Oiriúnacht agus Feidhmíocht Rialála (REFIT), a ndearnadh a torthaí sin a fhoilsiú in COM(2018)0116. Thángthas ar an tátal sa mheastóireacht go raibh REACH éifeachtach, ach sainaithníodh deiseanna le haghaidh breis feabhsaithe, simplithe agus laghdaithe ualaigh, rud a d'fhéadfaí a bhaint amach trí na gníomhaíochtaí a leagtar amach sa tuarascáil a bhaint amach. Ba cheart iad sin a chur chun feidhme i gcomhréir le straitéis beartais tionscail an Aontais, arna hathnuachan, leis an bplean gníomhaíochta don gheilleagar ciorclach agus leis an 7ú Clár Gníomhaíochta don Chomhshaol.

An 14 Deireadh Fómhair 2020, d'fhoilsigh an Coimisiún straitéis ceimiceán nua don inbhuanaitheacht. Is cuid d'uaillmhian an Aontais maidir le truailliú nialasach í, ar príomhthiomantas den Chomhaontú Glas don Eoraip í. Áirítear sa straitéis athbhreithniú ar Rialachán REACH, toirmeasc a chur ar úsáid na gceimiceán is díobhálaí i dtáirgí tomhaltais amhail bréagáin, earraí cúraim leanaí, cosmaidí, glantaigh, ábhair teagmhála bia agus teicstílí, mura rud é go bhfuil sé sin bunriachtanach don tsochaí, agus a áirithiú go n-úsáidfear gach ceimiceán ar bhealach níos sábháilte agus níos inbhuanaithe.

Sheol an Coimisiún comhairliúchán poiblí ar athbhreithniú REACH an 20 Eanáir 2022.

**B.** Aicmiú, pacáistiú agus lipéadú

Chun an leibhéal cosanta do shláinte an duine agus don chomhshaol a fheabhsú, ba cheart na critéir chéanna le haghaidh guaiseacha ceimiceacha a shainaithint, agus na lipéid chun tuairisc a thabhairt orthu, a úsáid ar fud AE agus ar fud an domhain. Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 maidir le haicmiú, lipéadú agus pacáistiú substaintí agus meascán (CLP), a glacadh in 2008, tugadh isteach é chun córas AE a chur i gcomhréir le Córas Comhchuibhithe Domhanda (GHS) na Náisiún Aontaithe. Rinneadh na treoracha luatha maidir le substaintí agus ullmhóidí contúirteacha a aisghairm i mí an Mheithimh 2015.

An 19 Nollaig 2022, mhol an Coimisiún rialachán athbhreithnithe maidir le haicmiú, lipéadú agus pacáistiú ceimiceán (CLP) lena ndírítear ar chumarsáid maidir le guaiseacha, ar dhíolacháin ar líne agus ar fhógraí ó lárionaid nimhe. An 31 Márta 2023, glacadh gníomh tarmligthe (Rialachán 2023/707) lena sainmhínítear aicmí guaise, lena n-áirítear suaiteoirí inchríneacha.

**C.** Substaintí contúirteacha a onnmhairiú agus a allmhairiú

Rinneadh rialacha AE maidir le honnmhairiú agus allmhairiú ceimiceán contúirteach a shainiú i Rialachán (AE) Uimh. 649/2012, a raibh sé mar aidhm leis freagracht chomhroinnte agus iarrachtaí comhair a chur chun cinn i ngluaiseacht idirnáisiúnta ceimiceán guaiseach, agus Coinbhinsiún Rotterdam ar an Nós Imeachta i dtaobh Toiliú Feasach a chur in iúl roimh ré (PIC) le haghaidh Ceimiceán Guaiseach agus Lotnaidicídí áirithe sa Trádáil Idirnáisiúnta a chur chun feidhme. Is é atá i nós imeachta PIC ná faisnéis i dtaobh ceimiceáin thocsaineacha a chomhroinnt agus fanacht le haontú sainráite ó thír sula ndéantar an táirge i dtrácht a onnmhairiú. An 25 Lúnasa 2023, d'eisigh an Coimisiún Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/1656 ón gCoimisiún lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 649/2012, lena gcuirtear 35 cheimiceán ghuaiseacha breise le rialachán PIC an Aontais.

**D.** Mórthionóiscí

Is é a bhí mar aidhm le Treoir Seveso (82/501/EEC), a ainmníodh as cathair bhardais san Iodáil ar ar fágadh smál mar thoradh ar dhé-ocsain a scaoileadh saor trí thimpiste ó láthair tionsclaíochta in aice láimhe in 1976, ná mórthionóiscí, amhail dóiteáin agus pléascthaí, a chosc agus teorainn a chur le hiarmhairtí mórthionóiscí a tharlaíonn iarbhír trína éileamh go mbeadh tuarascálacha sábháilteachta agus pleananna éigeandála ann agus go soláthrófaí faisnéis don phobal. In 1996, le Treoir Seveso II (96/82/CE) maidir le rialú guaiseacha mórthionóiscí lena ngabhann substaintí contúirteacha, tugadh ceanglais nua maidir le córais bhainistithe sábháilteachta, pleanáil éigeandála agus pleanáil úsáide talún isteach agus sa treoir chéanna sin neartaíodh na forálacha maidir le cigireachtaí a bhíonn á ndéanamh ag na Ballstáit. I bhfianaise líon tionóiscí tionsclaíochta tromchúiseacha (in Toulouse na Fraince; in Baia Mare na Rómáine; agus in Enschede na hÍsiltíre), agus bunaithe ar staidéir a rinneadh ar charcanaiginí agus substaintí atá contúirteach don chomhshaol, rinneadh raon feidhme Threoir Seveso II a leathnú le Treoir 2003/105/CE. Foilsíodh Treoir Seveso III (2012/18/AE) i mí Iúil 2012 tar éis don Pharlaimint agus don Chomhairle í a fhormheas. Sa treoir sin, cuirtear san áireamh aicmí nua idirnáisiúnta substaintí, arna gcomhaontú ar leibhéal na Náisiún Aontaithe, trínar féidir measúnú riosca a dhéanamh agus substaintí a láimhsiú ar bhealach níos fearr.

I mí Mheán Fómhair 2021, d'fhoilsigh an Coimisiún tuarascáil maidir le cur chun feidhme agus feidhmiú éifeachtúil Threoir Seveso III. Léirítear sa tuarascáil gur thit líon na mórthionóiscí tionsclaíocha san Aontas chun cobhsaíochta ag leibhéal íseal idir 2015 agus 2018: 25 in aghaidh na bliana do 12 000 bunaíocht.

**E.** Úsáid inbhuanaithe lotnaidicídí

Substaintí a úsáidtear chun orgánaigh a mheastar a bheith díobhálach a chosc, a dhíothú agus a thoirmeasc, déantar iad a ghrúpáil faoin téarma 'lotnaidicíd'. Áirítear leis an téarma idir táirgí cosanta plandaí (PPPanna) (a úsáidtear ar phlandaí sa talmhaíocht, sa ghairneoireacht, i bpáirceanna agus i ngarraithe) agus táirgí bithicíde a mbaintear feidhmeanna eile astu, mar shampla, mar dhífhabhtán nó chun ábhair a chosaint. In 2009, glacadh Pacáiste Lotnaidicídí, arbh éard a bhí ann ná: Treoir 2009/128/CE maidir le húsáid inbhuanaithe lotnaidicídí, a raibh sé mar aidhm léi rioscaí comhshaoil agus sláinte a laghdú agus fós táirgiúlacht barr a chothabháil agus feabhas a chur ar rialuithe ar úsáid agus dáileadh lotnaidicídí; Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 maidir le PPPanna a chur ar an margadh; agus Rialachán (CE) Uimh. 1185/2009 maidir le staidreamh i dtaca le lotnaidicídí, ina leagtar amach rialacha le haghaidh faisnéis faoi chainníochtaí bliantúla lotnaidicídí a chuirtear ar an margadh agus a úsáidtear i ngach Ballstát a bhailiú.

Le Treoir 2009/128/CE, cuireadh de cheangal ar na Ballstáit pleananna gníomhaíochta náisiúnta (NAPanna) a ghlacadh le haghaidh cuspóirí cainníochtúla, targaidí, bearta agus tráthchláir a bhunú chun na rioscaí agus an tionchar a ghabhann le húsáid lotnaidicídí do shláinte an duine agus don chomhshaol a laghdú. Mar riail ghinearálta, toirmisctear barra a spraeáil ón aer agus ní cheadaítear spraeáil ar chor ar bith i ndlúthghaireacht do limistéir chónaitheacha. Sa Rialachán lena ndírítear ar tháirgeadh agus ceadúnú lotnaidicídí, tá liosta deimhneach de 'shubstaintí gníomhacha' formheasta (comhábhair cheimiceacha lotnaidicídí), arna tharraingt suas ar leibhéal AE. Déantar lotnaidicídí a cheadúnú ar an leibhéal náisiúnta ina dhiaidh sin bunaithe ar an liosta sin.

Tá conspóid ag teacht chun solais ó bhí 2015 ann maidir le formheas gliofosáite, atá ar cheann de na substaintí gníomhacha is coitianta a fhaightear i luibhicídí speictrim leathain sa domhan, a athnuachan. Thosaigh an chonspóid mar thoradh ar mheasúnuithe éagsúla ar a carcanaigineacht: rinne an Ghníomhaireacht Idirnáisiúnta um Thaighde ar Ailse, ar craobh í den Eagraíocht Dhomhanda Sláinte, gliofosáit a aicmiú mar shubstaint ar dócha í a bheith carcanaigineach do dhaoine, ach chinn an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia (EFSA) nach dócha go mbeadh sí ina guais charcanaigineach do dhaoine. Tráth ba shia anonn, tháinig an Ghníomhaireacht Eorpach Ceimiceán ar an tátal nach carcanaigin a bhí in gliofosáit. Tháinig roinnt údaráis náisiúnta lasmuigh de AE ar an tátal céanna freisin. Ar deireadh, rinne an Coimisiún formheas gliofosáite a athnuachan ar feadh cúig bliana i mí na Nollag 2017 agus an 19 Meán Fómhair 2023, thug an Coimisiún rialachán beartaithe isteach chun síneadh a chur le formheas gliofosáite go ceann deich mbliana eile.

Léiríodh i dtuarascáil cur chun feidhme ar SUD an 25 Bealtaine 2020 gurb amhlaidh, cé go ndearna na Ballstáit dul chun cinn i ndáil le húsáid inbhuanaithe lotnaidicídí a chur chun feidhme, a chuir níos lú ná Ballstát amháin as gach trí Bhallstát bailchríoch ar an athbhreithniú ar a NAPanna laistigh den spriocdháta dlíthiúil de chúig bliana. Díobh siúd a rinne athbhreithniú ar a NAPanna, theip ar a bhformhór acu aghaidh a thabhairt ar na laigí a shainaithin an Coimisiún ina NAPanna tosaigh.

Faoin gComhaontú Glas don Eoraip agus go háirithe faoina straitéis 'ón bhfeirm go dtí an forc' agus faoi straitéis nabithéagsúlachta, déanfaidh an Coimisiún gníomhaíochtaí chun úsáid agus riosca lotnaidicídí ceimiceacha, lena n-áirítear úsáid lotnaidicídí guaiseacha, a laghdú faoi 50% faoi 2030. Chuige sin, ghlac an Coimisiún an togra chun athbhreithniú a dhéanamh ar úsáid inbhuanaithe lotnaidicídí agus úsáid níos forleithne a bheith á baint as bealaí eile chun barra a chosaint ar lotnaidí agus ar ghalair, a chur chun cinn.

**F.** Táirgí bithicíde

Tá táirgí bithicíde amhail díghalráin fhrithbhaictéaracha agus spraeanna feithidí riachtanach chun orgánaigh dhíobhálacha a dhéanann difear do shláinte an duine agus do shláinte ainmhithe a bhainistiú. Mar sin féin, is féidir leo daoine, ainmhithe agus an comhshaol a chur i mbaol. Tháinig Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 i bhfeidhm in 2013 chun simpliú a dhéanamh ar na sásraí údaraithe agus chun neartú a dhéanamh ar ról ECHA i ndáil le hathbhreithniú a dhéanamh ar shainchomhaid formheasta ar bhonn coinníollacha dochta. Tá an reachtaíocht ina léiriú ar an méid a bunaíodh faoin réim a bhí ann roimhe sin, le rialuithe ar mhargaíocht agus úsáid bithicídí arb é is aidhm dóibh bainistiú a dhéanamh ar na rioscaí gaolmhara don chomhshaol agus do shláinte an duine agus sláinte ainmhithe. Ní údaraítear na substaintí sin ach amháin má bhíonn siad ar liosta deimhneach, agus tá toirmeasc ar na ceimiceáin is tocsainí dá bhfuil ann - go háirithe iad sin atá carcanaigineach nó díobhálach do thorthúlacht, nó a chuireann isteach ar ghéinte nó hormóin (suaiteoirí inchríneacha). De bhun phrionsabal an aitheantais fhrithpháirtigh, féadfar substaint a údaraítear i mBallstát amháin a úsáid ar fud an Aontais. I Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009, leagtar amach critéir eolaíocha chun airíonna suaite inchrínigh táirgí bithicíde, mar aon le PPPanna, a chinneadh.

**G.** Truailleáin orgánacha mharthanacha (POPanna)

Is substaintí ceimiceacha iad POPanna a fhanann sa chomhshaol mar gheall ar a bhfrithsheasmhacht in aghaidh cineálacha éagsúla díghrádaithe (díghrádú ceimiceach, bitheolaíoch, etc.). Bithcharnaítear iad tríd an slabhra bia agus is féidir leo a

bheith ina siocair le héifeachtaí díobhálacha ar shláinte an duine agus ar an gcomhshaol. Is é atá sa ghrúpa seo de thruailleáin tosaíochta ná lotnaidicídí (amhail DDT), ceimiceáin thionsclaíocha (amhail défheinilí polaclóirínithe nó PCBanna) agus seachtháirgí neamhbheartaithe próiseas tionsclaíoch (amhail dé-ocsainí agus fúráin). Tá gealltanas tugtha ag an Aontas ar an leibhéal idirnáisiúnta go ndéanfaidh sé láimhsiú, onnmhairiú agus allmhairiú POPanna a rialú, faoi Phrótacal POP Aarhus a ghabhann le Coinbhinsiún na Ginéive maidir le truailliú aeir trasteorann fadraoin (atá i bhfeidhm ó bhí 2003 ann) agus faoi Choinbhinsiún Stocólm ar POPanna (atá i bhfeidhm ó bhí 2004 ann). Rinne AE dul chun cinn breise le Rialachán (CE) Uimh. 850/2004, atá ina chomhlánú ar reachtaíocht AE a bhí ann roimhe seo maidir le POPanna agus lena ndéantar í a chur i gcomhréir le forálacha na gcomhaontuithe idirnáisiúnta.

Le Rialachán (AE) 2019/1021 a ndearnadh athmhúnlú air, ionchorpraítear na leasuithe agus na ceartúcháin go léir ar an Rialachán maidir le POPanna go dtí an 25 Meitheamh 2019. Déantar foráil ann, *inter alia,* maidir leis an lasairmhoilleoir decaBDE a chur le hIarscríbhinní I agus IV. Tá teorainn an 'rian-éilleáin neamhbheartaithe' socraithe ag 10 mg/kg i substaintí. Tá díolúintí sonrach i dtaca le húsáid decaBDE tugtha isteach d'aerárthaí, do mhótarfheithiclí agus do threalamh leictreach agus leictreonach, agus táthar i ndiaidh iad a leathnú chun allmhairí a chuimsiú. In 2021, ghlac an Coimisiún an togra chun athbhreithniú a dhéanamh ar Iarscríbhinní IV agus V den Rialachán maidir le POPanna, arb é is aidhm dó aghaidh a thabhairt ar na hiarmhairtí diúltacha a bhaineann le láithreacht substaintí áirithe POPanna i ndramhaíl agus in ábhar a d'fhéadfaí a aisghabháil uaidh. Mar thoradh air sin, le bainistiú níos fearr dramhaíola ba cheart go n-íoslaghdófaí astaíochtaí POPanna san aer, san uisce agus san ithir.

**H.** Aispeist

Is mianra í aispeist ag a bhfuil struchtúr snáithíneach atá contúirteach nuair a dhéantar í a ionanálú. Bhíodh sí in úsáid go forleathan san am a chuaigh thart i gcomhair inslithe agus cuspóirí eile, mar gheall ar í a bheith in ann dóiteán agus teas a sheasamh. A bhuíochas do Threoir 1999/77/CE, tá cosc ar úsáid aispeiste i bhfeidhm san Aontas Eorpach ó bhí an 1 Eanáir 2005 ann. Thairis sin, tá toirmeasc ar tháirgí aispeiste a eastóscadh, a mhonarú agus a phróiseáil faoi Threoir 2003/18/CE, arna haisghairm le Treoir 2009/148/CE, lena leagtar síos freisin straitéisí maidir le cláir aistrithe a bheidh le cur chun feidhme ag na Ballstáit. An 28 Meán Fómhair 2022, thíolaic an Coimisiún cur chuige cuimsitheach chun cosaint níos fearr a thabhairt do dhaoine agus don chomhshaol ar aispeist. Áirítear sa phacáiste Teachtaireacht maidir le hoibriú i dtreo todhchaí atá saor ó aispeist agus togra chun an Treoir maidir le hAispeist ag an Obair a leasú.

**I.** Glantaigh

Tagraíonn glantaigh d'aon substaint nó ullmhóid ina bhfuil gallúnach agus/nó dromchlaghníomhaithe eile atá beartaithe le haghaidh próisis níocháin agus glantacháin. Le Rialachán (CE) Uimh. 648/2004, déantar comhchuibhiú ar na rialacha maidir le bith-dhíghrádaitheacht gníomhaithe dromchlacha, ar na srianta agus na toirmisc atá ar ghníomhaithe dromchlacha, ar an bhfaisnéis nach mór do mhonaróirí a sholáthar, agus ar lipéadú comhábhar glantach. Rinneadh é a leasú ina dhiaidh sin in 2006 (Rialachán (CE) Uimh. 907/2006), in 2009 (Rialachán (CE) Uimh. 551/2009) agus in 2012 (Rialachán (AE) Uimh. 259/2012), chun tástálacha nua bith-dhíghrádaitheachta a thabhairt isteach chun leibhéal feabhsaithe cosanta

don chomhshaol uisceach a ghnóthú. Sa bhreis air sin, rinneadh raon feidhme na dtástálacha a leathnú chun gach aicme de ghníomhaithe dromchlacha a chuimsiú, agus 10% de ghníomhaithe dromchlacha nach raibh cumhdaithe le reachtaíocht go dtí sin á áireamh ar an gcaoi sin. An 28 Aibreán 2023, ghlac an Coimisiún togra chun Rialachán (CE) Uimh. 648/2004 a aisghairm. Maidir le lipéadú, le Rialachán (CE) Uimh. 907/2006 freisin, leathnaítear na rialacha chun comhábhair cumhrán, a d'fhéadfadh a bheith faoi deara ailléirgí, a chuimsiú, rud a d'fhág ceangal a bheith ar mhonaróirí liosta iomlán de chomhábhair a thabhairt do lia-chleachtóirí a bhíonn ag cur cóir leighis ar othair a bhfuil ailléirgí ag cur orthu. Amhail ón 30 Meitheamh 2013, tá cosc ar fhosfáití a úsáid i nglantaigh níocháin éadaigh agus tá teorainn le cion comhdhúl eile ina bhfuil fosfar.

## RÓL PHARLAIMINT NA HEORPA

Bhí ról lárnach ag an bParlaimint i ndáil le Rialachán REACH a fhorbairt. D'éirigh léi forálacha áirithe a chur isteach ar an gcéad léamh – go mór mór, sa chaibidil maidir le clárú, cur chuige spriocdhírithe i dtaca le ceanglais sonraí le haghaidh substaintí a bhí cheana ann agus a bhí á dtáirgeadh ag tonnáistí ísle (1-10 tona), agus an cur chuige 'substaint amháin, clárú amháin' (OSOR) a bhí beartaithe costais a íoslaghdú, lenar tugadh isteach rogha an diúltaithe faoi choinníollacha sonracha. Chun tástáil ar ainmhithe a shrianadh a mhéid ab fhéidir, chinntigh an Pharlaimint go mbeadh ceanglas ar chuideachtaí sonraí ó thástálacha arna ndéanamh ar ainmhithe a chomhroinnt (i gcomaoin cúiteamh réasúnta), agus ar an tslí sin go seachnófaí an gá le turgnaimh a bheith á ndéanamh an athuair. I ndáil leis an gcaibidil ar údarú, bhí an Pharlaimint i bhfách le cur chuige níos láidre a d'fhágfadh nach bhféadfaí na substaintí uile atá ina gcúis mhór buartha a údarú ach amháin sa chás nach bhfuil malairt nó teicneolaíocht oiriúnach eile ann.

Le linn an phlé fhada ar an bpacáiste lotnaidicídí in 2008, de thoradh leasuithe ón bParlaimint, áirithíodh go mbunófaí criosanna maolaithe de mhéid iomchuí chun cosaint a thabhairt d'orgánaigh uiscí, agus tugadh isteach bearta cosanta do na grúpaí is leochailí, lena n-áirítear cosc ar lotnaidicídí a úsáid i ngairdíní poiblí, ar fhaichí spóirt agus áineasa, ar chlós na scoile agus in áiteanna súgartha do leanaí, agus i ndlúthghaireacht do shaoráidí cúraim sláinte. I dtús 2013, i ndiaidh tuarascáil ó EFSA maidir leis na héifeachtaí damáisteacha feithidicídí neoinicitíonóideacha áirithe a bheith foilsithe, d'iarr an Pharlaimint ar an gCoimisiún gníomhaíocht chinntitheach a dhéanamh chun scaotha beach a chaomhnú. I mí an Mhárta 2013, ghlac an Pharlaimint rún maidir le haispeist a bhain le bagairtí sláinte gairme agus leis na hionchais chun an aispeist go léir a bhí ann cheana a dhíothú.

Is é atá i gcinneadh ón bParlaimint an 6 Feabhra 2018 maidir le coiste speisialta um nós imeachta údaraithe AE i gcomhair lotnaidicídí (PEST) a chur ar bun ná freagairt ar na hábhair imní a cuireadh in iúl i leith an riosca a bhaineann leis an tsubstaint luibhicíde gliofosáit. Rinne an Coimisiún ceadúnas margaíochta na luibhicíde a athnuachan ar feadh cúig bliana i mí na Nollag 2017. Rinne an coiste speisialta measúnú ar na nithe seo a leanas: a) an nós imeachta údaraithe le haghaidh lotnaidicídí in AE; b) mainneachtana a d'fhéadfaí a dhéanamh maidir le conas a dhéantar substaintí a mheas agus a fhormheas; c) ról an Choimisiúin i ndáil leis an gceadúnas gliofosáite a athnuachan; d) coinbhleachtaí leasa a d'fhéadfadh a bheith sa nós imeachta formheasa; agus e) an ról atá ag gníomhaireachtaí AE, agus cé acu atá nó nach

bhfuil foireann agus maoiniú leormhaith acu chun gur féidir leo a gcuid oibleagáidí a chomhlíonadh.

An 16 Eanáir 2019, ghlac an Chomhairle an tuarascáil ó choiste speisialta PEST, inar thángthas ar an tátal seo a leanas, inter alia: gur cheart rochtain a thabhairt don phobal ar staidéir arna n-úsáid sa nós imeachta um údarú; gur cheart nuálaíocht a spreagadh agus lotnaidicídí ísealriosca a chur chun cinn le creat AE; gur cheart do shaineolaithe eolaíochta athbhreithniú a dhéanamh ar staidéir ar charcanaigineacht gliofosáite; agus gur cheart tocsaineacht fhadtéarmach a áireamh ar cheanglais sonraí i gcomhair PPPanna.

An 10 Iúil 2020, ghlac an Pharlaimint rún inar leagadh amach a cuid tosaíochtaí maidir leis an straitéis ceimiceán don inbhuanaitheacht atá ar na bacáin. D'iarr an Pharlaimint, i measc nithe eile, go n-úsáidfí an straitéis chun comhleanúnachas agus sineirgíochtaí a fhorbairt idir reachtaíocht maidir le ceimiceáin, sábháilteacht agus sláinte cheirde, agus reachtaíocht ghaolmhar AE, lena n-áirítear reachtaíocht shonrach agus ghinearálta maidir le táirgí, reachtaíocht maidir le huisce, ithir agus aer, reachtaíocht maidir le foinsí truaillithe, lena n-áirítear suiteálacha tionsclaíocha, agus reachtaíocht maidir le dramhaíl. Chuir sí i bhfios go láidir gur cheart go mbeadh an straitéis bunaithe ar fhianaise eolaíoch atá láidir agus cothrom le dáta, agus na rioscaí a bhaineann le réabóirí iontálacha, ceimiceáin ghuaiseacha i dtáirgí allmhairithe, agus éifeachtaí teaglama ceimiceán éagsúil agus ceimiceán an-mharthanach á gcur san áireamh.

Chun tuilleadh eolais a fháil faoin ábhar seo, téigh chuig suíomh gréasáin an Choiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia (ENVI).

Georgios Amanatidis / Maria-Mirela Curmei
10/2023

# 2.6. AN T-AONTAS EACNAMAÍOCH AGUS AIRGEADAÍOCHTA, CÁNACHAS AGUS BEARTAIS IOMAÍOCHTA

# 2.6.1. STAIR AN AONTAIS EACNAMAÍOCH AGUS AIRGEADAÍOCHTA

Is ann don aontas eacnamaíoch agus airgeadaíochta (AEA) mar thoradh ar chomhtháthú eacnamaíoch in AE. Tá airgeadra coiteann, an euro, tugtha isteach i limistéar an euro, limistéar ina bhfuil 20 mBallstát AE faoi láthair. Ní mór do Bhallstáit uile an Aontais – seachas an Danmhairg – an euro a ghlacadh a luaithe a chomhlíonfaidh siad na critéir um chóineasú. Is iad an tEurochóras a chuimsíonn Bord Feidhmiúcháin an Bhainc Ceannais Eorpaigh agus gobharnóirí bhainc cheannais an limistéir euro a leagann síos beartas airgeadaíochta aonair.

## BUNÚS DLÍ

- Airteagal 3 den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE); Airteagail 3, 5, 119-144, 219 agus 282-284 den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE);
- Na prótacail atá i gceangal leis na Conarthaí: Prótacal 4 maidir le reacht an Chórais Eorpaigh Banc Ceannais agus an Bhainc Ceannais Eorpaigh; Prótacal 12 maidir leis an nós imeachta um easnamh iomarcach; Prótacal 13 maidir leis na critéir um chóineasú; Prótacal 14 maidir leis an nGrúpa Euro; Prótacal 16, ina bhfuil an clásal don Danmhairg um rogha gan a bheith páirteach;
- Is é atá sna conarthaí idir-rialtasacha ná an Conradh ar Chobhsaíocht, ar Chomhordú agus ar Rialachas (TSCG), an Comhshocrú Euro agus an Conradh ar an Sásra Cobhsaíochta Eorpach (SCE).

## CUSPÓIRÍ

Tá AEA ceaptha chun tacú le fás inbhuanaithe eacnamaíoch agus le hardleibhéil fostaíochta trí bheartais iomchuí eacnamaíocha agus airgeadaíochta a dhéanamh. Tá trí phríomhréimse i gceist leis sin: (i) beartas airgeadaíochta a chur chun feidhme lena saothraítear an príomhchuspóir cobhsaíocht praghsanna a bhaint amach; (ii) éifeachtaí iarmharta diúltacha féideartha mar gheall ar mhaoiniú rialtais neamh-inbhuanaithe a sheachaint, míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha a chosc ar bheith ag teacht chun cinn laistigh de na Ballstáit, agus a lamháil do na Ballstáit a mbeartais eacnamaíocha a chomhordú go pointe áirithe; (iii) oibriú rianúil an mhargaidh inmheánach a áirithiú.

## A BHFUIL BAINTE AMACH

Tá an euro cheana ina chuid den saol laethúil i 20 mBallstát de chuid an Aontais Eorpaigh. Tá roinnt buntáistí ag baint leis an airgeadra aonair, lena n-áirítear costais idirbheart airgeadais a laghdú, taisteal a éascú, agus ról na hEorpa ar an leibhéal idirnáisiúnta a neartú. Cabhraíonn sé leis an margadh inmheánach a chur i gcrích.

## STAIR AEA

Ag an gcruinniú mullaigh sa Háig in 1969, rinne na Cinn Stáit nó Rialtais cuspóir nua a shainmhíniú, is é sin lánpháirtiú na hEorpa: aontas eacnamaíoch agus airgeadaíochta (AEA). Rinne grúpa a raibh Pierre Werner, Príomh-Aire Lucsamburg, ina cheannaire air,

tuarascáil a dhréachtú inar leagadh amach aontas eacnamaíoch agus airgeadaíochta a bhaint amach laistigh de 10 mbliana. Mar thoradh ar chliseadh chóras Bretton Woods, b'ann do bhabhta éagobhsaíochta i dtaca le malairt eachtrach agus, dá bhrí sin, bhí amhras tromchúiseach ann maidir leis na paireachtaí idir na hairgeadraí Eorpacha. Tugadh tionscadal AEA chun stad tobann.

Ag cruinniú mullaigh Pháras 1972, rinne an tAontas iarracht fuinneamh nua a thabhairt don lánpháirtiú airgeadaíochta tríd an 'nathair sa tollán' a chruthú: sásra le haghaidh airgeadraí a chur ar ráta comhlúthach (an 'nathair') ar bhealach bainistithe laistigh de chaolchorrlaigh luaineachta in aghaidh an dollair (an 'tollán'). Agus é curtha dá threoir ag an ngéarchéim olla, ag laige an dollair agus ag difríochtaí sa bheartas eacnamaíoch, chaill an 'nathair' an chuid is mó dá baill laistigh de níos lú ná dhá bhliain agus, sa deireadh, ní raibh fágtha inti ach 'limistéar mairc', chomhdhéanta den Ghearmáin, de na tíortha Benelux agus den Danmhairg.

Rinneadh iarrachtaí in athuair ag cruinniú mullaigh na Bruiséile in 1978 limistéar cobhsaíochta airgeadais a bhunú tríd an gCóras Eorpach Airgeadaíochta (EMS) a chruthú, bunaithe ar choincheap rátaí malairte a bheadh socraithe ach inchoigeartaithe. Bhí lucht airgeadraí na mBallstát uile, ach amháin an Ríocht Aontaithe, rannpháirteach i meicníocht an ráta malairte, MRM I. Bhí rátaí malairte bunaithe ar rátaí lárnacha in aghaidh ECU (an tAonad Airgeadra Eorpach), an t-aonad cuntais Eorpach, arbh é a bhí ann ná meán ualaithe na n-airgeadraí rannpháirteacha. Thar thréimhse 10 mbliana, rinne ERM roinnt mhaith beart chun athraitheacht i ráta malairte a laghdú: trí bhíthin sholúbthacht an chórais, mar aon leis an rún polaitiúil chun cóineasú eacnamaíoch a chur ar bun, rinneadh cobhsaíocht airgeadra a bhaint amach.

Le glacadh Chlár an Mhargaidh Aonair in 1985, d'éirigh sé níos soiléire fós nárbh fhéidir leas iomlán a bhaint as acmhainneacht an mhargaidh aonair fad arbh ann do chostais idirbhirt measartha ard maidir le comhshó airgeadra agus fad arbh ann d'éiginnteacht maidir le luaineachtaí ar an ráta malartaithe, dá laghad iad.

Sa bhliain 1988, chuir an Chomhairle Eorpach in Hanover coiste ar bun chun staidéar a dhéanamh ar AEA faoi chathaoirleacht Jacques Delors, a bhí ina Uachtarán ar an gCoimisiúin ag an am sin. Sa tuarascáil ón gcoiste (tuarascáil Delors), a tíolacadh in 1989, moladh go ndéanfaí tabhairt isteach trí chéim AEA a neartú. Go háirithe, leagadh béim ann ar an ngá a bhí le comhordú níos fearr a dhéanamh ar bheartais eacnamaíocha, le rialacha lena leagfaí síos teorainneacha le haghaidh easnaimh i mbuiséid náisiúnta, agus le hinstitiúid neamhspleách a chruthú a bheadh freagrach as beartas airgeadaíochta an Aontais: an Banc Ceannais Eorpach (BCE). Ar bhonn thuarascáil Delors, chinn an Chomhairle Eorpach i Maidrid i 1989 an chéad chéim de AEA a sheoladh: léirscaoileadh iomlán ar ghluaiseachtaí caipitil faoin 1 Iúil 1990.

I mí na Nollaig 1989, d'iarr an Chomhairle Eorpach in Strasbourg go reáchtálfaí comhdháil idir-rialtasach chun a shainaithint cé hiad na leasuithe ar ghá a dhéanamh ar an gConradh chun AEA a bhaint amach. Is as obair na comhdhála idir-rialtasaí sin a d'eascair an Conradh ar an Aontas Eorpach, a glacadh in Maastricht i mí na Nollag 1991 agus a tháinig i bhfeidhm an 1 Samhain 1993.

Rinneadh foráil sa Chonradh go ndéanfaí AEA a thabhairt isteach i dtrí chéim (rinneadh roinnt dátaí tábhachtacha ina leith sin a fhágáil ar oscailt agus dhéanfaí iad a shocrú ag cruinnithe mullaigh Eorpacha níos déanaí de réir mar a rachadh imeachtaí chun cinn):

— Céim 1 (ón 1 Iúil 1990 go dtí an 31 Nollaig 1993): lenar bunaíodh saorghluaiseacht caipitil idir na Ballstáit;

— Céim 2 (ón 1 Eanáir 1994 go dtí an 31 Nollaig 1998): lena ndearnadh beartais eacnamaíocha na mBallstát a chóineasú agus comhar idir bainc cheannais náisiúnta na mBallstát a neartú. Rinneadh comhordú na mbeartas airgeadaíochta a institiúidiú nuair a bunaíodh an Institiúid Eorpach Airgeadaíochta (EMI);

— Céim 3 (ar cuireadh tús léi an 1 Iúil 1999): comhbheartas airgeadaíochta a chur chun feidhme ón gcéad lá ar aghaidh faoi choimirce an Eurochórais agus nótaí agus boinn an euro a thabhairt isteach de réir a chéile i mBallstáit uile an limistéir euro. Bhí an t-aistriú go dtí an tríú céim faoi choinníoll go ndéanfaí ardleibhéal cóineasaithe mharthanaigh a bhaint amach arna dtomhas de réir roinnt critéar a leagtar síos sna Conarthaí. Bhí na rialacha buiséadacha le bheith ceangailteach agus d'fhéadfadh sé go ngearrfaí pionóis araon Bhallstát nach raibh na rialacha sin á gcomhlíonadh aige. Cuireadh an beartas airgeadaíochta don limistéar euro faoi chúram an Eurochórais, a bhí comhdhéanta de sheisear comhaltaí Bhord Feidhmiúcháin BCE agus de ghobharnóirí bhainc náisiúnta an limistéir euro.

I bprionsabal, trí chloí leis na Conarthaí, chomhaontaigh Ballstáit uile an Aontais an euro a ghlacadh (Airteagal 3 CAE agus Airteagal 119 CFAE). Níl aon spriocdháta leagtha síos, áfach, agus tá roinnt Ballstát ann nach bhfuil na critéir um chóineasú comhlíonta acu go fóill. Baineann na Ballstáit sin tairbhe as maolú sealadach. Thairis sin, bhí fógra tugtha ag an Ríocht Aontaithe agus ag an Danmhairg go raibh sé ar intinn acu gan dul isteach sa tríú céim de AEA agus, dá bhrí sin, gan an euro a ghlacadh. Inniu, is í an Danmhairg amháin a bhaineann tairbhe as díolúine i ndáil lena rannpháirtíocht sa tríú céim den AEA, ach tá rogha aici fós deireadh a chur lena díolúine. Agus an méid seo á scríobh, tá an euro glactha ag 20 as 27 mBallstát.

I ndiaidh ghéarchéim fiachais cheannasaigh na hEorpa a thit amach idir 2009 agus 2012, thug ceannairí an Aontais gealltanas go ndéanfaidís AEA a neartú, lena n-áirítear trí fheabhas a chur ar a chreat rialachais. Le leasú ar an gConradh, lena ndéantar difear d'Airteagal 136 CFAE, ceadaíodh sásra tacaíochta buan a chruthú do na Ballstáit a bhí i nguais, ar choinníoll go mbeadh an sásra bunaithe ar chonradh idir-rialtasach, go mbeadh cobhsaíocht an limistéir euro ina iomláine faoi bhagairt agus go mbeadh an tacaíocht airgeadais nasctha le coinníollacht dhocht. Mar thoradh air sin, bunaíodh an Sásra Cobhsaíochta Eorpach (SCE) i nDeireadh Fómhair 2012, agus tháinig sé in ionad roinnt sásraí *ad hoc*. Ina theannta sin, d'fhógair Uachtarán BCE, Mario Draghi, an méid a leanas in 2012: 'Laistigh dár sainordú, tá BCE réidh le pé rud is gá a dhéanamh chun an euro a chaomhnú'. Chuige sin, chruthaigh sé an ionstraim maidir le hIdirbhearta Airgeadaíochta Glan Amach (OMT). Ceadaítear le OMT do BCE bannaí ceannasacha de chuid Ballstáit atá i nguais a cheannach, ar choinníoll go síníonn an tír meabhrán tuisceana le SCE agus, ar an gcaoi sin, go ndéanann sí, go hindíreach, tacaíocht BCE a chur faoi réir coinníollacht dhocht. Chun a sheachaint go mbeadh géarchéim fiachais cheannasaigh ann in athuair, rinneadh reachtaíocht thánaisteach AEA a uasghrádú. Bunaíodh an Seimeastar Eorpach, rud lena neartaíodh an Comhshocrú Cobhsaíochta agus Fáis (CCF), lenar tugadh isteach an Nós Imeachta do Mhíchothromaíocht Mhaicreacnamaíoch (MIP), agus lenar féachadh le comhordú an bheartais eacnamaíoch a neartú tuilleadh. Rinneadh an creat feabhsaithe rialachais eacnamaíoch a chomhlánú le conarthaí idir-rialtasacha, amhail an Conradh ar Chobhsaíocht, ar Chomhordú agus ar Rialachas (TSCG nó 'Comhshocrú Fioscach') agus an Comhshocrú EuroPlus.

In 2012, ina Threoirphlean le haghaidh fíor-AEA domhain, mhol an Coimisiún an chéad iarracht AEA a ardú tuilleadh. Is é an aidhm dheiridh a bheadh ann ná aontas polaitiúil

a bhunú. Maidir le thionscnamh eile in 2012, an 'Tuarascáil an Cheathrar Uachtarán', nach raibh chomh huaillmhianach céanna leis an Treoirphlean, ní dhearnadh athruithe suntasacha ar chreat rialachais eacnamaíoch AEA a thionscnamh léi. In 2015, agus an Treoirphlean mar inspioráid acu, d'fhoilsigh Uachtarán an Choimisiúin Eorpaigh, Uachtarán na Comhairle Eorpaí, Uachtarán an Ghrúpa Euro, Uachtarán BCE agus Uachtarán Pharlaimint na hEorpa tuarascáil ar Aontas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta na hEorpa a Chomhlánú ('Tuarascáil an Chúigear Uachtarán'). Léiríodh inti plean athchóirithe arbh é ab aidhm dó fíor-Aontas eacnamaíoch, airgeadais, fioscach agus polaitiúil a bhaint amach i dtrí chéim (a bhí le cur i gcrích faoi 2025 ar a dhéanaí). Chun pleananna móra an Treoirphlean nó Thuarascáil an Chúigear Uachtarán a chur i gcrích go hiomlán, áfach, bheadh sé riachtanach Conarthaí an Aontais Eorpaigh a leasú ar bhealach suntasach. Ós rud é nach ndearnadh aon athrú ar an gConradh ó shin, níorbh fhéidir na tionscadail ab uaillmhianaí a chur i gcrích.

Cuireadh brú suntasach ar an airgeadas poiblí mar gheall ar an ngéarchéim arb é COVID-19 ba chúis léi. I mí an Mhárta 2020, rinne an Chomhairle an clásal ginearálta éalaithe in CCF a ghníomhachtú chun tréimhse theoranta ama a thabhairt do na Ballstáit, ar tréimhse í a bhféadfaidh siad a bhfiachas poiblí a mhéadú lena linn thar na srianta atá ar rialacha fioscacha. Fágann sin, i measc nithe eile, gur féidir an cóimheas fiachais le OTI a bheith thar 60 % go sealadach gan smachtbhannaí an Aontais a chur i mbaol. Mar sin féin, i gcás Bhallstáit a bhfuil cóimheas fiachais le OTI an-ard acu cheana ach iarrtar orthu gan a bhfiachas a mhéadú ach amháin go han-chúramach. Fiú leis an gclásal éalaithe ginearálta a bheith curtha i ngníomh, is féidir smachtbhannaí a fhorchur fós faoi chuimsiú CCF. Chomh maith leis sin i Márta 2020, thionscain BCE clár ceannaithe d'éigeandáil na paindéime (PEPP), clár lena n-áirítear glacadh méideanna móra fiachais cheannasaigh ar na margaí tánaisteacha. Soláthraítear leachtacht do na margaí leis an méid sin agus tá sé ceaptha le nach dtiocfaidh raonta móra difríochta chun cinn idir Bannaí na Gearmáine agus bannaí rialtais ó roinnt Ballstát AE a bhfuil fiacha móra acu. Tá na méideanna a sholáthraítear an-mhór, ach tá teorainn ama leis an gclár.

Rinne BCE athbhreithniú ar straitéis i samhradh na bliana 2021, an chéad cheann ó 2003 i leith, agus é mar aidhm leis sprioc boilscithe 2 % a bhaint amach sa mheántéarma, rud a d'fhágfadh go bhféadfaí an sprioc a shárú ar bhonn sealadach agus an t-athrú aeráide a chur san áireamh i gcinntí Chóras an Euro.

Mar thoradh ar na héifeachtaí uile a bhí ag na blianta de bheartas airgeadaíochta thar a bheith scaoilte, a géaraíodh tuilleadh mar gheall ar an staid eacnamaíoch iarphaindéime, mar aon leis na drochiarmhairtí ón gcogadh san Úcráin, tháinig méadú ar an mboilsciú sa limistéar euro de chineál nach raibh feicthe riamh, a tháinig chun solais i dtosach in 2022, i bhfoirm arduithe praghsanna fuinnimh den chuid is mó. Tháinig éifeachtaí indíreacha chun solais ansin nuair a tháinig éilimh láidre ar mhéaduithe pá mar thoradh ar chaillteanas suntasach cumhachta ceannaigh, rud a d'fhéadfadh bís phá agus phraghsanna a chruthú. Chuaigh an tEurochóras siar ar a bhí socraithe aige maidir lena bheartas airgeadaíochta, ag maolú ceannacháin sócmhainní agus ag ardú rátaí úis. Ag tabhairt aghaidh ar an bhfaitíos go mbeadh barrachas raonta difríochta i mbannaí ceannasacha do thíortha le fiachas móra acu, d'fhógair BCE 'ionstraim neamh-ilroinnte', an Ionstraim um Chosaint Tarchurtha, in Iúil 2022.

I samhradh na bliana 2022, cuireadh dlús le díospóireacht laistigh den Eurochórais agus i measc Ballstáit an limistéir euro maidir le hathruithe a d'fhéadfaí dhéanamh ar CCF. Bhí deighilt chomh mór sin ann idir tuairimí na mBallstát, áfach, gur tháinig

éiginnteacht chun cinn maidir le hindéantacht aon athraithe shuntasaigh. Ach fós, thángthas ar chomhaontú a lamhálfadh am breise do thíortha a raibh fiacha móra acu a gcóimheas fiachais le OTI a ísliú faoi bhun uasteorainn 60%. Tá comhdhearcadh ann freisin nósanna imeachta forfheidhmiúcháin CCF a shimpliú, i gcás gur féidir, agus go gcoinneofar na tairseacha reatha 60% agus 3% d'fhiachas agus d'easnamh. Tá sé beartaithe an clásal éalaithe ginearálta a dhíghníomhachtú ag deireadh 2023.

In Aibreán 2023, rinne an Coimisiún tograí reachtacha chun CCF a leasú, inar áitíodh go dtabharfaí an nós imeachta reachtach chun críche faoi dheireadh 2023. Leis na tograí, dá nglacfaí iad mar atá siad, d'aistreofaí cumhachtaí substaintiúla cinnteoireachta ón gComhairle chun an Choimisiúin (nach bhfuil, de réir na gConarthaí, go bunúsach aon cheann acu sa réimse seo), lena lamhálfaí don Choimisiún tionchar díreach a imirt ar chonair choigeartaithe fhioscaigh Bhallstáit aonair an limistéir euro. Lamhálfadh sé don Choimisiúin freisin tionchar a bheith aige de facto ar bheartais eacnamaíocha gach Ballstáit sa limistéar euro trí athchóirithe agus infheistíochtaí náisiúnta a sheiceáil. Caitheann seasaimh atá an-éagsúil óna chéile sa Chomhairle agus sa Pharlaimint araon amhras ar insroichteacht dul chun cinn tapa.

In 2023, tar éis 11 bhabhta d'arduithe ar rátaí úis, thosaigh boilsciú i limistéar an euro ar chúlú, ach tá sé fós i bhfad os cionn na sprice de 2%.

## RÓL PHARLAIMINT NA HEORPA

Ó tháinig Conradh Liospóin i bhfeidhm, tá Parlaimint na hEorpa rannpháirteach mar chomhreachtóir i mbunú an chuid is mó de na rialacha mionsonraithe lena múnlaítear an creat rialachais eacnamaíoch (bunaithe, i measc nithe eile, ar Airteagail 121, 126 agus 136 CFAE). I gcás roinnt sainchomhad, áfach, ní dhéantar foráil sa Chonradh ach do ról comhairleach don Pharlaimint, lena n-áirítear, *inter alia*, an chuid choisctheach den Chomhshocrú Cobhsaíochta, chomh maith le faireachas maicreacnamaíoch. Sa bhreis air sin, téitear i gcomhairle leis an bParlaimint maidir leis na saincheisteanna seo a leanas:

- comhaontuithe maidir le rátaí malairte idir an euro agus airgeadraí neamh-AE;
- tíortha atá incháilithe chun dul isteach san airgeadra aonair;
- an tUachtarán, an Leasuachtarán agus an ceathrar comhaltaí eile de Bhord Feidhmiúcháin BCE a cheapadh;
- Codanna den reachtaíocht lena ndéantar an nós imeachta um easnamh iomarcach a chur chun feidhme.

Gach bliain, déanann BCE a thuarascáil bhliantúil a thíolacadh agus déanann Uachtarán BCE í a thíolacadh ina dhiaidh sin sa suí iomlánach. De ghnáth, freagraíonn an Pharlaimint don tuarascáil trí thuarascáil féintionscnaimh a ghlacadh. Níl aon chumhachtaí cinnteoireachta ag an bParlaimint maidir le céimeanna éagsúla an tSeimeastair Eorpaigh, ach déanann an Coimisiún agus an Chomhairle, a bhfuil na cumhachtaí feidhmiúcháin acu, an t-eolas is déanaí ina leith sin a thabhairt di go rialta. Rinneadh ról na Parlaiminte i rialachas eacnamaíoch an Aontais a neartú beagán leis an Seimeastar Eorpach, go háirithe trí 'Idirphlé Eacnamaíoch' a chur ar bun, a raibh an Pharlaimint, foirmíochtaí ábhartha de chuid na Comhairle agus an Coimisiún páirteach ann. Féadfaidh an Pharlaimint gabháil i dteannta an tSeimeastair trí thuarascálacha féintionscnaimh a ghlacadh.

De bharr a cineáil, níl an Pharlaimint rannpháirteach ar bhonn foirmiúil i mbunú conarthaí idir-rialtasacha (e.g. Conradh ar chobhsaíocht, ar chomhordú agus ar rialachas san Aontas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta), ná i mbunú agus i reáchtáil sásraí idir-rialtasacha (e.g. SCE), cé go bhfuil teagmhálacha éagsúla ag an bParlaimint agus go bhfuil baint aici le malartú tuairimí mar sin féin.

Chun tuilleadh eolais a fháil faoin ábhar seo, féach suíomh gréasáin an Choiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta.

Christian Scheinert
10/2023

# 2.6.2. INSTITIÚIDÍ AN AONTAIS EACNAMAÍOCH AGUS AIRGEADAÍOCHTA

Tá institiúidí an Aontais Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta (AEA) freagrach den chuid is mó as beartas airgeadaíochta na hEorpa, rialacha lena rialaítear eisiúint an euro agus cobhsaíocht praghsanna laistigh den Aontas a bhunú. Is iad na hinstitiúidí sin: an Banc Ceannais Eorpach (BCE), an Córas Eorpach Banc Ceannais (CEBC), an Coiste Eacnamaíoch agus Airgeadais, an Grúpa Euro agus an Chomhairle Gnóthaí Eacnamaíocha agus Airgeadais (Ecofin).

## BUNÚS DLÍ

- Airteagail 119-144, 219 agus 282-284 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE);
- Prótacail atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach (CAE): Prótacal (Uimh. 4) maidir le reacht an Chórais Eorpaigh Banc Ceannais agus an Bhainc Ceannais Eorpaigh, Prótacal (Uimh. 14) maidir leis an nGrúpa Euro.

## CUSPÓIRÍ

Is iad seo a leanas príomhchuspóirí (2.6.1) institiúidí AEA:

- bailchríoch a chur ar chur i gcrích an mhargaidh inmheánaigh trí luaineachtaí ar an ráta malartaithe a bhaint agus deireadh a chur leis na costais a bhaineann le hidirbhearta malairte, mar aon leis na costais a bhaineann le fálú in aghaidh rioscaí luaineachta airgeadra;
- inchomparáideacht costas agus praghsanna a áirithiú laistigh den Aontas, rud a chabhraíonn le tomhaltóirí, a spreagann trádáil laistigh den Aontas agus a éascaíonn gnó;
- cobhsaíocht agus cumhacht airgeadais na hEorpa a neartú trí na nithe seo a leanas a dhéanamh:
  - deireadh a chur, de réir a shainmhínithe, le haon fhéidearthacht go mbeadh ann d’amhantraíocht idir airgeadraí an Aontais;
  - a áirithiú, trí ghné eacnamaíoch AEA, nach bhfuil baol láidir amhantraíochta idirnáisiúnta ann don airgeadra nua;
  - cur ar chumas an euro a bheith mar airgeadra mór cúltaca agus íocaíochta.

## A BHFUIL BAINTE AMACH

**A.** Institiúidí na chéad chéime de AEA (1 Iúil 1990 – 31 Nollaig 1993)

Níor bunaíodh aon institiúid airgeadaíochta le linn chéad chéim AEA.

## B. Institiúidí an dara céim de AEA (1 Eanáir 1994 – 31 Nollaig 1998)

### 1. An Institiúid Eorpach Airgeadaíochta (IEA)

Bunaíodh IEA ag tús an dara céim de AEA (de bhun Airteagal 117 de Chonradh CE) agus ghlac sí chuici féin cúraimí an Choiste Gobharnóirí agus an Chiste Eorpaigh um Chomhar Airgeadaíochta (CECA). Ní raibh neart aici ar stiúradh beartais airgeadaíochta, a bhí fós mar shaincheart ag na húdaráis náisiúnta. I measc a príomhchúraimí i dtaca leis an dara céim de AEA a chur chun feidhme, bhí neart a chur le comhar idir na bainc cheannais náisiúnta agus le comhordú bheartais airgeadaíochta na mBallstát d'fhonn cobhsaíocht praghsanna a áirithiú. I gcomhréir le hAirteagal 123(2) de Chonradh CE, díscaoileadh IEA nuair a bunaíodh BCE, a raibh an bealach réitithe aici dó (1 Meitheamh 1998).

### 2. An Coiste Airgeadaíochta

Is éard a bhí i gceist leis an gcoiste ná comhaltaí ar cheap an Coimisiún agus na Ballstáit an líon céanna díobh. Bunaithe chun comhordú bheartais na mBallstát a chur chun cinn an méid ba ghá d'fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh (Airteagal 114 de Chonradh CE), bhí ról comhairleach aige. Díscaoileadh é ag tús an tríú céim agus cuireadh an Coiste Eacnamaíoch agus Airgeadais ina ionad (Airteagal 134 CFAE).

## C. Institiúidí an tríú céim (1 Eanáir 1999 i leith)

### 1. An Banc Ceannais Eorpach (BCE) (1.3.11)

#### a. Eagrúchán

Bunaithe an 1 Meitheamh 1998, tá BCE lonnaithe in Frankfurt am Main. Tá sé faoi stiúir ag dhá chomhlacht atá neamhspleách ar institiúidí an Aontais agus ar údaráis náisiúnta (i.e. Comhairle Rialaithe BCE agus an Bord Feidhmiúcháin) agus – do chúraimí áirithe – ag Comhairle Ghinearálta BCE (nach comhlacht cinnteoireachta é den Córas Eorpach Banc Ceannais, CEBC, a thuairiscítear i bhforoinn 2 thíos). Thug Conradh Liospóin BCE isteach mar institiúid de chuid an Aontais (Airteagal 13(1) CAE, Airteagail 282-284 CFAE); roimhe sin, ní raibh aon stádas aige de réir fhorálacha Chonradh CE, cé go raibh pearsantacht dhlítheanach aige fós féin.

##### i. An Chomhairle Rialaithe

Is éard atá i gceist ná Comhaltaí an Bhoird Feidhmiúcháin agus Gobharnóirí na mbanc ceannais náisiúnta ó na tíortha sin a bhfuil an euro glactha acu (Airteagal 283 CFAE agus Airteagal 10(1) de Reacht an Chórais Eorpaigh Banc Ceannais agus an Bhainc Ceannais Eorpaigh, 'an Reacht'). Mar an comhlacht uachtarach cinnteoireachta, glacann sé na treoirlínte agus na cinntí is gá chun comhlíonadh na gcúraimí a chuirtear ar CEBC a áirithiú, ceapann sé beartas airgeadaíochta an Aontais (lena n-áirítear, de réir mar is iomchuí, cinntí maidir le cuspóirí meánreatha airgeadaíochta, eochair-rátaí úis agus soláthar cúlchistí in CEBC) agus cuireann sé na treoirlínte is gá dá chur chun feidhme ar bun (Airteagal 12 den Reacht). Sonraítear i gConradh Liospóin go roghnaíonn agus go gceapann tromlach cáilithe sa Chomhairle Eorpach comhaltaí Bhord Feidhmiúcháin BCE de chomhthoil (Airteagal 283 CFAE).

##### ii. An Bord Feidhmiúcháin

Is éard atá i gceist ná Uachtarán, Leas-Uachtarán agus ceathrar comhaltaí eile, a cheaptar iad go léir de chomhthoil Chinn Stáit nó Rialtais Bhallstáit an limistéir euro do thréimhse neamh-inathnuaite ocht mbliana (Airteagal 283 CFAE). Cuirtear de chúram air beartas airgeadaíochta a chur chun feidhme, agus ar an gcaoi sin, tugann sé na

treoracha is gá do na bainc cheannais náisiúnta. Tá sé freagrach freisin as cruinnithe na Comhairle Rialaithe a ullmhú agus as gnó reatha BCE (Airteagail 11 agus 12 den Reacht).

**iii.** An Chomhairle Ghinearálta

Ar an gComhairle Ghinearálta (Airteagal 44 den Reacht), bíonn Uachtarán agus Leas-Uachtarán BCE agus Gobharnóirí na mBanc Ceannais ó Bhallstáit uile AE, gan beann ar an euro a bheith glactha acu. Rannchuidíonn sí le bailiú faisnéise staidrimh, comhordaíonn sí beartais airgeadaíochta na mBallstát sin nach bhfuil an euro glactha acu agus déanann sí maoirseacht ar fheidhmiú shásra ráta malairte na hEorpa.

**b.** Ról

Cé gur féidir le BCE nó na bainc cheannais náisiúnta nótaí bainc a eisiúint laistigh den limistéar euro, is é BCE amháin is féidir a n-eisiúint a údarú. Is féidir leis na Ballstáit monaí a eisiúint faoi réir cheadú BCE maidir le méid na heisiúna (Airteagal 128 CFAE). Déanann BCE na cinntí is gá chun gur féidir le CEBC na cúraimí a chuirtear air a dhéanamh faoina Reacht agus tríd an gConradh (Airteagal 132 CFAE). Bailíonn sé, le cúnamh ó na bainc cheannais náisiúnta, an fhaisnéis staidrimh is gá ó na húdaráis náisiúnta atá freagrach nó go díreach ó ghníomhairí eacnamaíochta (Airteagal 5 den Reacht). Téitear i gcomhairle leis maidir le haon ghníomh atá beartaithe de chuid an Aontais ina réimsí inniúlachta agus, ar iarraidh ó na húdaráis inniúla, maidir le haon dréachtfhoráil reachtach (Airteagal 127(4) CFAE). Tá sé freagrach as an Uathchóras Mear-aistrithe Ollsocraíochtaí Fíor-ama Tras-Eorpach (TARGET2) a reáchtáil go cuí, ar córas íocaíochta in euro é atá nasctha leis na córais íocaíochta náisiúnta agus le sásra íocaíochta BCE. Déanann BCE na socruithe chun bainc cheannais na mBallstát atá ag dul isteach sa limistéar euro a chomhtháthú in CEBC.

Is féidir le BCE cúraimí sonracha a dhéanamh maidir le beartais a bhaineann le maoirseacht stuamachta na n-institiúidí creidmheasa agus institiúidí airgeadais eile (Airteagal 127(6) CFAE agus Airteagal 25.2 den Reacht). Tá cúraimí breise tugtha do BCE faoin Sásra Aonair Maoirseachta (SAM) maidir le maoirseacht dhíreach de bhainc ‘shuntasacha’ sa limistéar euro agus i mBallstáit eile rannpháirteacha. Leanann na húdaráis náisiúnta sna Ballstáit de bheith ag déanamh maoirseachta ar na bainc ‘ar lú a suntas’, i gcomhar le BCE; áirithíonn na trí Ghníomhaireacht Maoirseachta Eorpach comhar trasteorann na n-údarás maoirseachta san Aontas: an tÚdarás Baincéireachta Eorpach (ÚBE), an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí (ESMA) agus an tÚdarás Eorpach um Árachas agus Pinsin Cheirde (ÚEÁPC). Forlíontar an córas maoirseachta sin leis an institiúid nua um maoirseacht mhacrastuamachta, an Bord Eorpach um Riosca Sistéamach (BERS).

**2.** An Córas Eorpach Banc Ceannais (CEBC) agus an tEurochóras

**a.** Eagrúchán

Is éard atá in CEBC ná BCE agus bainc cheannais náisiúnta Bhallstáit uile AE (Airteagal 282(1) CFAE agus Airteagal 1 den Reacht). Is iad na comhlachtaí cinnteoireachta céanna a rialaíonn é agus a rialaíonn BCE (Airteagal 282(2) CFAE). Níl san Eurochóras ach BCE agus bainc cheannais náisiúnta na mBallstát atá sa limistéar euro.

**b.** Ról

Is é bunchúram CEBC ná cobhsaíocht praghsanna a chothabháil (Airteagal 127(1) agus Airteagal 282(2) CFAE, Airteagal 2 den Reacht). Gan dochar don chuspóir sin,

tacaíonn CEBC leis na beartais eacnamaíocha ghinearálta a rannchuidíonn le cuspóirí an Aontais a ghnóthú. Comhlíonann sé an cúram sin trí na feidhmeanna seo a leanas a chur i gcrích (Airteagal 127(2) CFAE agus Airteagal 3 den Reacht):

— beartas airgeadaíochta an Aontais a shainiú agus a chur chun feidhme;
— oibríochtaí um malairt eachtrach is comhchuí le forálacha Airteagal 219 CFAE a stiúradh;
— cúlchistí oifigiúla eachtracha na mBallstát a shealbhú agus a bhainistiú;
— oibriú rianúil córas íocaíochta a chur chun cinn; agus
— rannchuidiú le stiúradh rianúil beartas arna saothrú ag na húdaráis inniúla a bhaineann le maoirseacht stuamachta na n-institiúidí creidmheasa agus le cobhsaíocht an chórais airgeadais (Airteagal 127(5) CFAE agus Airteagal 3.3 den Reacht).

**3.** An Coiste Eacnamaíoch agus Airgeadais

Ceapann na Ballstáit, an Coimisiún agus BCE faoi seach beirt chomhaltaí ar a mhéad den Choiste (Airteagal 134(2) CFAE). Bíonn na cúraimí céanna aige le cúramaí an Choiste Airgeadaíochta, ar tháinig sé i gcomharbas air an 1 Eanáir 1999, le difríocht thábhachtach amháin: is freagracht de chuid BCE anois é an Coimisiún agus an Chomhairle a chur ar an eolas maidir le forbairtí i gcúrsaí airgeadaíochta.

**4.** An Chomhairle Gnóthaí Eacnamaíocha agus Airgeadais (Ecofin)

In Ecofin, tugtar airí airgeadais Bhallstáit uile an Aontais le chéile agus is é an comhlacht cinnteoireachta é ar leibhéal AE. Tar éis di dul i gcomhairle le BCE, déanann sí cinntí maidir le beartas ráta malairte an euro vis-à-vis airgeadraí neamh-AE, agus í ag cloí le cuspóir na cobhsaíochta praghsanna.

**5.** An Grúpa Euro

D’athraigh cruinniú Airí Eacnamaíochta agus Airgeadais an limistéir euro, ar tugadh Euro-11 air ar dtús, a ainm chuig ‘an Grúpa Euro’ in 1997. Tagann an comhlacht comhairleach agus neamhfhoirmiúil seo le chéile go rialta chun na saincheisteanna go léir a bhaineann le dea-oibriú an limistéir euro agus AEA a phlé. Tugtar cuireadh don Choimisiún, agus BCE más gá, chun freastal ar na cruinnithe sin (Airteagal 1 den Phrótacal (Uimh. 14) maidir leis an nGrúpa Euro). Atreisíodh ról an Ghrúpa Euro le Conradh Liospóin agus é mar aidhm leis comhordú a mhéadú sa limistéar euro. Chomh maith leis sin, luaitear an téarma ‘Grúpa Euro’ den chéad uair sa Chonradh sin (Airteagal 137 CFAE). Ar nuálaíochtaí oifigiúla an ghrúpa áirítear toghchán de Chathaoirleach an Ghrúpa Euro ag tromlach na mBallstát a ndéantar ionadaíocht orthu sa Ghrúpa Euro do théarma dhá bhliain go leith (Airteagal 2 den Phrótacal (Uimh. 14) maidir leis an nGrúpa Euro). Ag cruinniú neamhfhoirmiúil Ecofin in Scheveningen an 10 Meán Fómhair 2004, toghadh Príomh-Aire agus Aire Airgeadais Lucsamburg, Jean-Claude Juncker, mar Uachtarán an Ghrúpa Euro. Dá bhrí sin, ceapadh é mar an gcéad Uachtarán tofa agus buan den Ghrúpa Euro i gcomhair sainordú a thosaigh an 1 Eanáir 2005. Ón 13 Iúil 2020, tá Paschal Donohoe, Aire Airgeadais na hÉireann, ina Uachtarán ar an nGrúpa Euro. Toghadh é an 9 Iúil 2020.

## RÓL PHARLAIMINT NA HEORPA

**A.** Ról reachtach

**1.** Sa ghnáthnós imeachta reachtach, déanann Parlaimint na hEorpa, in éineacht leis an gComhairle:

— rialacha mionsonraithe a ghlacadh do nósanna imeachta iltaobhacha faireachais (Airteagal 121(6) CFAE);

— Airteagail áirithe de Reacht BCE a leasú (Airteagal 129(3) CFAE); agus

— na bearta is gá a leagan síos maidir le húsáid an euro mar airgeadra aonair (Airteagal 133 CFAE).

**2.** Téitear i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa maidir leis na saincheisteanna seo a leanas:

— socruithe maidir le monaí in euro a thabhairt isteach sna Ballstáit (Airteagal 128(2) CFAE);

— comhaontuithe maidir le rátaí malairte idir an euro agus airgeadraí neamh-AE (Airteagal 219(1) CFAE);

— rogha na dtíortha atá incháilithe dul isteach san airgeadra aonair in 1999 agus ina dhiaidh sin;

— Uachtarán, Leas-Uachtarán agus Comhaltaí eile de Bhord Feidhmiúcháin BCE a ainmniú (Airteagal 283(2) CFAE agus Airteagal 11.2 den Reacht);

— aon athrú ar shocruithe vótála laistigh de Chomhairle Rialaithe BCE (Airteagal 10.2 den Reacht);

— reachtaíocht lena ndéantar an nós imeachta um easnamh iomarcach dá bhforáiltear sa Chomhshocrú Cobhsaíochta agus Fáis a chur chun feidhme;

— aon athrú ar na cumhachtaí arna dtabhairt do BCE chun faireachán a dhéanamh ar institiúidí creidmheasa agus institiúidí airgeadais eile (Airteagal 127(6) CFAE);

— athruithe ar Airteagail áirithe den Reacht (Airteagal 129(4) CFAE).

**3.** Cuirtear Parlaimint na hEorpa ar an eolas maidir leis na forálacha mionsonraithe a bhaineann le comhdhéanamh an Choiste Eacnamaíoch agus Airgeadais (Airteagal 134(3) CFAE).

**B.** Ról maoirseachta

**1.** Faoin gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh

Díríonn BCE tuarascáil bhliantúil ar ghníomhaíochtaí CEBC agus ar bheartas airgeadaíochta na bliana roimhe sin agus na bliana reatha chuig an bParlaimint, chuig an gComhairle agus chuig an gCoimisiún, agus chuig an gComhairle Eorpach. Ansin, tíolacfaidh Uachtarán BCE an tuarascáil sin don Chomhairle agus don Pharlaimint; agus féadfaidh an Pharlaimint díospóireacht ghinearálta a reáchtáil ar an mbonn sin (Airteagal 284(3) CFAE agus Airteagal 15.3 den Reacht). Féadfaidh coistí ábhartha na Parlaiminte éisteacht a thabhairt d’Uachtarán BCE agus comhaltaí eile an Bhord Feidhmiúcháin arna iarraidh sin don Pharlaimint nó don Uachtarán agus do na comhaltaí ar a dtionscnamh féin (Airteagal 284(3), fomhír 2).

## 2. Ról na Parlaiminte

D'iarr an Pharlaimint go ndéanfaí cumhachtaí forleathana BCE dá bhforáiltear faoin gConradh – i.e. an tsaoirse chun an beartas airgeadaíochta atá le saothrú a chinneadh – a chothromú trí chuntasacht dhaonlathach (rún an 18 Meitheamh 1996). Chun na críche sin, thug sí isteach 'Idirphlé Airgeadaíochta'. Tagann Uachtarán BCE, nó Comhalta eile dá Chomhairle Rialaithe os comhair Choiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta na Parlaiminte (ECON) uair amháin gach 3 mhí ar a laghad chun ceisteanna a fhreagairt maidir leis an ionchas eacnamaíochta agus chun údar cuí a thabhairt do stiúradh beartais airgeadaíochta sa limistéar euro. Thairis sin, tíolacann an Pharlaimint tuairim go tráthrialta maidir le tuarascáil bhliantúil BCE i gcomhthéacs tuarascáil féintionscnaimh.

I dtaca le freagrachtaí maoirseachta nua BCE, tá ceanglais bhreise ar aon dul leo maidir le cuntasacht faoi Chreat-Rialachán an tSásra Aonair Maoirseachta. Déantar na socruithe praiticiúla chuige sin a rialú trí bhíthin comhaontú idirinstitiúideach idir an Pharlaimint agus BCE. Áirítear ar na socruithe cuntasachta láithreacht Chathaoirleach an Bhoird Maoirseachta ag an gcoiste inniúil, an Coiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta; go bhfreagraíonn sé ceisteanna arna gcur ag an bParlaimint; agus go nglacann sé páirt i bpléití rúnda ó bhéal le Cathaoirleach agus le Leas-Chathaoirleach an choiste inniúil nuair a iarrtar sin. Ina theannta sin, ullmhaíonn BCE tuarascáil mhaoirseachta bhliantúil, a chuireann Cathaoirleach an Bhoird Maoirseachta faoi bhráid na Parlaiminte.

Chun tuilleadh eolais a fháil faoin ábhar seo, féach suíomh gréasáin an Choiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta (ECON).

Jost Angerer
10/2023

# 2.6.3. BEARTAS AIRGEADAÍOCHTA NA HEORPA

Tá an Córas Eorpach Banc Ceannais (CEBC) comhdhéanta den Bhanc Ceannais Eorpach (BCE) agus bainc cheannais náisiúnta Bhallstáit uile an Aontais. Is é príomhchuspóir CEBC ná cobhsaíocht praghsanna a choimeád ar bun. Chun an cuspóir sin a ghnóthú bunaíonn Comhairle Rialaitheach BCE a cinntí ar chreat comhtháite anailíse agus cuireann sí chun feidhme bearta airgeadaíochta caighdeánacha agus neamhchaighdeánacha araon.

## AN BUNÚS DLÍ

— Airteagail 119-144, 219 agus 282-284 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE);

— Prótacal (Uimh. 4) a ghabhann le Conradh Liospóin maidir le Reacht an Chórais Eorpaigh Banc Ceannais (CEBC) agus an Bhainc Ceannais Eorpaigh (BCE).

## CUSPÓIRÍ

Is é príomhchuspóir CEBC faoi Airteagal 127(1) CFAE ná cobhsaíocht praghsanna a choimeád. Gan dochar don chuspóir sin, tacaíonn CEBC leis an mbeartas eacnamaíoch ginearálta san Aontas d’fhonn rannchuidiú le cuspóirí an Aontais a ghnóthú. Gníomhaíonn CEBC i gcomhréir le prionsabal an gheilleagair margaidh oscailte le saoriomaíocht, ag cuidiú le hacmhainní a leithdháileadh go héifeachtúil (Airteagal 127(1) CFAE).

## A BHFUIL BAINTE AMACH

**A.** Treoirphrionsabail

**1.** Neamhspleáchas

Leagtar amach bunphrionsabal neamhspleáchas BCE in Airteagal 130 CFAE: ‘I bhfeidhmiú na gcumhachtaí agus i gcomhlíonadh na gcúraimí agus na ndualgas a chuirtear orthu sna Conarthaí agus i Reacht an CEBC agus an BCE, ní fhéadfaidh an Banc Ceannais Eorpach, banc ceannais Ballstáit ná aon chomhalta dá gcomhlachtaí cinnteoireachta teagaisc a iarraidh ná a ghlacadh ó institiúidí, ó chomhlachtaí, ó oifigí nó ó ghníomhaireachtaí Aontais, ó aon Rialtas Ballstáit ná ó aon chomhlacht eile.’ Déantar neamhspleáchas a choimeád freisin leis na toirmisc ar mhaoiniú airgeadais dá dtagraítear in Airteagal 123 CFAE, a bhfuil feidhm acu maidir leis na bainc cheannais freisin. Foráiltear leis an gConradh d’úsáid ionstraimí traidisiúnta (Airteagal 18 agus Airteagal 19 den Reacht) agus ceadaítear don Chomhairle Rialaithe cinneadh a dhéanamh faoi úsáid modhanna eile (Airteagal 20 den Reacht).

**2.** Trédhearcacht agus cuntasacht

Leis an gConradh (Airteagal 284 CFAE) agus an Reacht (Airteagal 15), déantar ceangaltais maidir le tuairisciú a fhorchur. Tarraingíonn BCE suas agus foilsíonn sé tuarascálacha ar ghníomhaíochtaí CEBC uair sa ráithe ar a laghad. Foilsítear ráiteas comhdhlúite airgeadais CEBC gach seachtain. I mí Feabhra 2015, d’fhoilsigh BCE, den chéad uair, tuairisc ar chruinniú maidir le beartas airgeadaíochta den Chomhairle

Rialaithe agus, mar thoradh air sin, rinne sé é féin a ailíniú le beartais chumarsáide na bpríomhbhanc ceannais eile.

Tá neamhspleáchas an bhainc ceannais ag teacht le cuntasacht don phobal agus dá ionadaithe tofa. De réir CFAE, tá BCE cuntasach go príomha do Pharlaimint na hEorpa (féach 'Ról Pharlaimint na hEorpa' thíos). Cuireadh feabhsuithe breise ar an gcreat cuntasachta, a théann níos faide ná ceanglais an Chonartha, i bhfeidhm idir an dá institiúid. Tuairiscíonn BCE freisin do Chomhairle an Aontais Eorpaigh.

**B.** Straitéis BCE um beartas airgeadaíochta

**1.** Forbhreathnú

I mí Dheireadh Fómhair 1998, tháinig Comhairle Rialaithe BCE ar chomhaontú maidir le príomhghnéithe a straitéise um beartas airgeadaíochta, is iad sin (i) sainmhíniú cainníochtúil ar chobhsaíocht praghsanna, (ii) ról tábhachtach maidir faireachán a dhéanamh ar fhás airgid arna shainaithint ag comhiomlán airgeadaíochta agus (iii) measúnú leathan ar a bhfuiltear á thuar maidir le forbairtí praghsanna. Roghnaigh BCE straitéis airgeadaíochta bunaithe ar dhá cholún (anailís eacnamaíoch agus anailís airgeadaíochta), a ndearnadh a rólanna faoi seach a shainmhíniú go soiléir an athuair le linn an athbhreithnithe ar straitéis airgeadaíochta an 8 Bealtaine 2003.

I mí Iúil 2021, rinne BCE an t-athbhreithniú ar a straitéis um beartas airgeadaíochta a chur i gcrích. D'fhonn caidreamh a dhéanamh leis na geallsealbhóirí, chuir BCE an tairseach 'Éisteann BCE leat' ar bun agus d'eagraigh sé sraith imeachtaí chun 'éisteacht' leis an bpobal, le heagraíochtaí na sochaí sibhialta agus le lucht na hacadúlachta ar fud an limistéir euro. Sa straitéis reatha, a dhéanfar a athmheasúnú go tréimhsiúil, (an chéad uair eile in 2025), déantar an sprioc maidir le cobhsaíocht praghsanna agus an anailís dhá cholún a athshainiú. Aithnítear inti freisin impleachtaí an athraithe aeráide agus na cobhsaíochta airgeadais ar chobhsaíocht praghsanna.

**2.** Sprioc maidir le cobhsaíocht praghsanna

Tá sé de rogha ag an gComhairle Rialaithe an sainmhíniú beacht ar a sprioc maidir le cobhsaíocht praghsanna a shainiú. Ó mhí Iúil 2021, sainmhínítear cobhsaíocht praghsanna mar ráta boilscithe (méadú bliain ar bhliain in Innéacs Comhchuibhithe Praghsanna do Thomhaltóirí (ICPT) don limistéar euro) 2% sa mheántéarma. Tá an sprioc siméadrach, rud a chiallaíonn go meastar dialltaí diúltacha agus deimhneacha ón sprioc sin a bheith chomh neamh-inmhianaithe céanna. D'fhéadfadh idirthréimhse a bheith i gceist leis sin ina mbeadh an boilsciú measartha os cionn na sprice 2 %.

**3.** Creat comhtháite anailíse

I mí Iúil 2021, rinneadh athbhreithniú ar an straitéis dhá cholún a bhí ann agus rinneadh 'creat comhtháite anailíse' di ina raibh (i) anailís eacnamaíoch, agus (ii) anailís airgeadaíochta agus airgeadais.

Dírítear san anailís eacnamaíoch ar fhorbairtí eacnamaíocha iarbhír agus ar fhorbairtí eacnamaíocha ainmniúla. San anailís airgeadaíochta agus airgeadais, féachtar ar tháscairí airgeadaíochta agus airgeadais, lenar féidir díriú ar an sásra tarchurtha airgeadaíochta agus impleachtaí na míchothromaíochtaí airgeadais agus na dtosca airgeadaíochta ar chobhsaíocht praghsanna sa mheántéarma.

**4.** An t-athrú aeráide

Aithníodh san athbhreithniú ar straitéis 2020-2021 go bhfuil impleachtaí ag an athrú aeráide do chobhsaíocht praghsanna agus, dá bhrí sin, tugadh gealltanas go gcuirfí

san áireamh, mar chuid de shainordú BCE, impleachtaí an athraithe aeráide agus an t-aistriú carbóin. Ghlac an Chomhairle Rialaithe plean gníomhaíochta a bhaineann leis an aeráid lena ndírítear ar thosca aeráide a ionchorprú i measúnuithe ar bheartas airgeadaíochta, acmhainneacht anailíse a mhéadú i ndáil leis an athrú aeráide, dearadh chreat oibríochtúil an bheartais airgeadaíochta a oiriúnú, agus gníomhaíochtaí a chur chun feidhme i réimse nochtadh agus tuairisciú inbhuaine comhshaoil.

**C.** An beartas airgeadaíochta a chur chun feidhme

**1.** Ionstraimí caighdeánacha

Is iad príomhionstraim BCE maidir le beartas airgeadaíochta na trí phríomhráta úis beartais atá aige ar féidir le bainc thráchtála iasachtaí a fháil orthu ó BCE nó taisce a dhéanamh orthu in BCE orthu; ráta na bpríomhoibríochtaí athmhaoiniúcháin (MRO), an ráta saoráide taisce agus ráta na saoráide iasachta imeallach.

**a.** Oibríochtaí margaidh oscailte

Tá ról tábhachtach ag oibríochtaí margaidh oscailte maidir le rátaí úis a stiúradh, staid na leachtachta sa mhargadh a bhainistiú agus seasamh ó thaobh an bheartais airgeadaíochta de a chur in iúl. Tá oibríochtaí margaidh oscailte rialta an Eurochórais comhdhéanta d’oibríochtaí aon seachtaine chun leachtacht a sholáthar (MROnna) agus oibríochtaí trí mhí chun leachtacht a sholáthar (oibríochtaí athmhaoinithe fadtéarmacha nó LTROnna). Tá na MROnna dírithe ar rátaí úis gearrthéarmacha, agus soláthraíonn LTROnna athmhaoiniú breise níos fadtéarmaí.

Oibríochtaí margaidh oscailte eile is ea oibríochtaí mionchoigeartaithe agus oibríochtaí struchtúracha. Is é is aidhm le hoibríochtaí margaidh oscailte ná déileáil le luaineacht leachtachta gan choinne sa mhargadh, go háirithe d’fhonn na héifeachtaí ar rátaí úis a dhéanamh níos socra; is é aidhm leis na oibríochtaí eile go príomha ná seasamh struchtúrach an Eurochórais vis-à-vis an earnáil airgeadais a choigeartú ar bhonn buan.

**b.** Saoráidí seasmhacha an Eurochórais

Cuireann an tEurochóras dhá shaoráid sheasmhacha ar fáil d’institiúidí creidmheasa: an tsaoráid iasachta imeallach chun leachtacht thar oíche a fháil ón mbanc ceannais, ar shócmhainní incháilithe leordhóthanacha a chruthú, agus an tsaoráid taisce chun taiscí thar oíche a dhéanamh leis an mbanc ceannais.

**c.** Cúlchistí íosta a shealbhú

I gcomhréir le hAirteagal 19(1) den Reacht, féadfaidh BCE a cheangal ar institiúidí creidmheasa cúlchistí íosta a bheith acu in BCE agus i mbainc cheannais náisiúnta. Is é an aidhm atá leis na cúlchistí íosta ná rátaí úis margaidh gearrthéarmacha a chobhsú agus ganntanas leachtachta struchtúrach a chruthú nó a mhéadú sa chóras baincéireachta vis-à-vis an tEurochóras, lena ndéanfar níos éasca é smacht a choimeád ar rátaí an mhargaidh airgid trí leachtacht rialta a leithdháileadh.

**2.** Ionstraimí neamhchaighdeánacha

**a.** Cláir ceannaithe sócmhainní

Ó 2009 i leith, tá roinnt clár ceannaithe sócmhainní curtha chun feidhme ag BCE. I measc na gclár a bhfuil deireadh curtha leo anois tá: an clár ceannaithe bannaí faoi chumhdach (CBPP) a bhí ar siúl ó mhí Iúil 2009 go mí Meithimh 2010, CBPP2 ó mhí na Samhna 2011 go mí Dheireadh Fómhair 2012 agus an Clár Margaí Urrús (SMP) ó mhí Bealtaine 2010 go mí Mheán Fómhair 2012.

I measc na gclár gníomhach, tá an clár ceannaithe sócmhainní (APP) agus an clár ceannaigh le haghaidh éigeandáil na paindéime (PEPP).

Tá ceithre chlár ar leithligh in APP: clár ceannaithe na hearnála corparáidí (CSPP), clár ceannaithe sócmhainní na hearnála poiblí (PSPP), an clár ceannaithe urrús de bhun sócmhainní (ABSPP) agus an tríú clár ceannaithe bannaí faoi chumhdach (CBPP3). Cuireadh tús le ceannacháin sócmhainní ('géarú cainníochtúil') faoi APP i mí Dheireadh Fómhair 2014. Rinneadh glancheannacháin mhíosúla sócmhainní a athchalabrú roinnt uaireanta, ó EUR 15 bhilliún in aghaidh na míosa (mí Dheireadh Fómhair go mí na Nollag 2018) go EUR 80 billiún in aghaidh na míosa (mí Aibreáin 2016 go mí Márta 2017). Cuireadh deireadh le glancheannach sócmhainní faoi dhó (Eanáir go Deireadh Fómhair 2019 agus Iúil 2022 go Feabhra 2023). Sna tréimhsí sin, rinneadh aisíocaíochtaí príomhshuime ó urrúis a tháinig in aibíocht a athinfheistiú go hiomlán, rud a choinníodh stoc foriomlán na sócmhainní atá i seilbh an Eurochórais. I mí na Nollag 2022, chinn an Chomhairle Rialaithe, den chéad uair, sealúchais sócmhainní faoi APP a laghdú trí athinfheistiú páirteach a dhéanamh ar an aisíocaíocht den bhunairgead. Ó mhí an Mhárta go dtí mí an Mheithimh 2023, laghdaíodh sealúchais APP faoi EUR 15 bhilliún in aghaidh na míosa, i bpróiseas ar a dtugtar 'géarú cainníochtúil'. Ó mhí Iúil 2023 i leith, chinn an Chomhairle Rialaithe leachtú iomlán éighníomhach sealúchas sócmhainní faoi APP a chur chun feidhme trí dheireadh a chur le hathinfheistíochtaí aisíocaíochtaí príomhshuime, agus ar an gcaoi sin sealúchais APP a laghdú ar luas míosúil athraitheach a bhraitheann ar mhéid na n-aisíocaíochtaí in aon mhí ar leith. Ag an mbuaicphointe idir 2022 agus 2023, bhí sócmhainní de luach níos mó ná EUR 3.2 trilliún ag an Eurochóras faoi APP.

Mar fhreagairt ar phaindéim COVID-19, seoladh PEPP sealadach i mí an Mhárta 2020 chun ceannacháin sócmhainní san earnáil phoiblí agus san earnáil phríobháideach a dhéanamh. Leathnaíodh an t-imchlúdach tosaigh de EUR 750 billiún ina dhiaidh sin go EUR 1.85 trilliún. D'fhág PEPP go bhféadfadh luaineachtaí a bheith ann i ndáileadh na sreafaí ceannaigh le himeacht ama, ar fud aicmí sócmhainní agus i measc dlínsí. Threoraigh an scála caipitil, ar bhonn stoic, an glancheannach faoi PEPP. Tháinig deireadh le glancheannacháin sócmhainní faoi PEPP i mí an Mhárta 2022. Coinníodh an stoc sócmhainní le hathinfheistíochtaí iomlána ar aisíocaíochtaí príomhshuime go dtí 'deireadh 2024 ar a laghad'. Rinneadh athinfheistíochtaí go solúbtha idir na Ballstáit, 'chun cur i gcoinne rioscaí don sásra tarchurtha beartais airgeadaíochta a bhaineann leis an bpaindéim'.

**b.** Idirbhearta airgeadaíochta glan amach (OMT)

I mí Lúnasa 2012, d'fhógair BCE go bhféadfaí idirbhearta airgeadaíochta glan amach (OMT) a dhéanamh i margaí bannaí ceannasacha tánaisteacha chun tarchur beartais airgeadaíochta iomchuí a choimirciú agus aonmheanma a bheartais airgeadaíochta a chaomhnú. Ceapadh OMT chun bheith coinníollach ar choigeartú maicreacnamaíoch nó clár réamhchúraim a bheith ann mar chuid den tSaoráid Eorpach um Chobhsaíocht Airgeadais/an Sásra Cobhsaíochta Eorpach. Tar éis an fhógra ó BCE, níor úsáideadh OMT riamh, ach tá sé fós mar chuid d'fhoireann uirlisí BCE.

**c.** An Ionstraim um chosaint tarchuir (TPI)

Fógraíodh TPI i mí Iúil 2022 chun tacú le tarchur éifeachtach an bheartais airgeadaíochta agus leanann BCE de bheartas airgeadaíochta a normalú. Tá sé beartaithe iad a úsáid mar bheart tánaisteach, tar éis athinfheistíochtaí PEPP, cumasaíonn TPI ceannach roghnaíoch ar an margadh tánaisteach d'urrúis arna

n-eisiúint i ndlínsí ina bhfuil meath ar dhálaí maoiniúcháin nach bhfuil údar leo de bharr bunphrionsabail thír-shonracha, chun rioscaí don sásra tarchuir a chomhrac a mhéid is gá'. Tá ceithre chritéar incháilitheachta san áireamh in TPI: 1) creat fioscach an Aontais a chomhlíonadh; 2) nach mbeidh míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha tromchúiseacha ann; 3) fiachas poiblí inbhuanaithe; agus 4) beartais mhaicreacnamaíocha fhónta inbhuanaithe.

**d.** Réamhthreoir

Ó mhí Iúil 2013, tá réamhthreoir á cur ar fáil ag BCE maidir lena bhfuil i ndán don bheartas rátaí úis agus do cheannach sócmhainní. Trí réamhthreoir a chur ar fáil, tháinig athrú ábharach ar straitéis chumarsáide BCE toisc go raibh baint aige sin ní hamháin le conas a dhéanann BCE measúnú ar dhálaí eacnamaíocha reatha agus ar na rioscaí maidir le cobhsaíocht praghsanna sa mheántéarma ach leis an méid a thugtar le tuiscint ón measúnú maidir lena threo ó thaobh an bheartais airgeadaíochta de sa todhchaí freisin. Mar fhreagairt ar an éiginnteacht mhór in 2022 agus 2023, tá BCE ag baint leas níos lú as réamhthreoir. Ó mhí Iúil 2022 ar aghaidh, ghlac BCE cur chuige cruinniú ar chruinniú agus cur chuige atá spleách ar shonraí ina phróiseas cinnteoireachta.

**e.** Oibríochtaí athmhaoinithe fadtéarmacha

I mí an Mheithimh 2014, d'fhógair BCE sraith oibríochtaí athmhaoinithe spriocdhírithe fadtéarmacha (TLTROnna) a raibh sé mar aidhm leo iasachtú bainc d'institiúidí creidmheasa sa limistéar euro a fheabhsú, ar feadh tréimhse dhá bhliain ar dtús. Cuireadh tús leis an dara sraith (TLTRO II) i mí an Mhárta 2016 agus leis an tríú sraith (TLTRO III) i mí an Mhárta 2019. Ina theannta sin, mar fhreagairt ar phaindéim COVID-19, chinn an Chomhairle Rialaithe 11 cheann breise d'oibríochtaí athmhaoinithe fadtéarmacha de dheasca éigeandáil na paindéime (PELTROnna) a thabhairt isteach.

## RÓL PHARLAIMINT NA HEORPA

Tá BCE freagrach go díreach do Pharlaimint na hEorpa. Déantar an fhreagracht sin a fheidhmiú ar thrí phríomhbhealach.

De bhua Airteagal 284(3) de CFAE agus Airteagal 15(3) de Reacht CEBC, ní mór d'Uachtarán BCE tuarascáil bhliantúil a chur faoi bhráid na Parlaiminte. Is iondúil go nglacann an Pharlaimint rún maidir le tuarascáil bhliantúil BCE. Tugann BCE aiseolas faoi na rúin ón bParlaimint.

Tagann Uachtarán BCE os comhair an Choiste um Ghnóthaí Eacnamaíocha agus Airgeadaíochta (ECON) sa Pharlaimint ceithre huaire sa bhliain chun cinntí beartais BCE a mhíniú agus ceisteanna a fhreagairt ó chomhaltaí an choiste (an tIdirphlé Airgeadaíochta). Bíonn na cruinnithe oscailte don phobal i gcoitinne agus foilsítear na trasc-scríbhinní ar shuíomh gréasáin na Parlaiminte agus ar shuíomh gréasáin BCE araon. Déanann an Painéal Saineolaithe Airgeadaíochta ó Choiste ECON ionchur neamhspleách agus saineolas a chur ar fáil roimh gach Idirphlé Airgeadaíochta.

Faoi Riail 140 de Rialacha Nós Imeachta Pharlaimint na hEorpa, féadfaidh aon Fheisire de Pharlaimint na hEorpa suas le sé cheist i gcomhair freagra i scríbhinn a chur faoi bhráid BCE gach mí.

Dražen Rakić / MAJA SABOL
10/2023

# 2.6.4. RIALACHAS EACNAMAÍOCH

Tagraíonn an rialachas eacnamaíoch do chóras na n-institiúidí agus na nósanna imeachta a bunaíodh chun cuspóirí AE sa réimse eacnamaíoch a bhaint amach, eadhon comhordú na mbeartas eacnamaíoch chun dul chun cinn eacnamaíoch agus sóisialta do AE agus dá shaoránaigh a chur chun cinn. Chonacthas leis na géarchéimeanna airgeadais, fioscacha agus geilleagracha, a thosaigh in 2008, go raibh gá ag AE le samhail don rialachas eacnamaíoch a bheadh níos éifeachtaí ná an comhordú eacnamaíoch agus fioscach a bhí i bhfeidhm go dtí sin. I measc na bhforbairtí sa rialachas eacnamaíoch, atá fós ar siúl, tá comhordú agus faireachas neartaithe ar bheartais fhioscacha agus mhaicreacnamaíocha araon agus bunú creata chun géarchéimeanna airgeadais a bhainistiú.

## BUNÚS DLÍ

— Airteagal 3 den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE);

— Airteagail 2-5, Airteagail 119-144 agus Airteagail 282-284 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE);

— Na prótacail atá i gceangal le CFAE: Prótacal Uimh. 12 maidir leis an nós imeachta um easnamh iomarcach, Prótacal Uimh. 13 maidir leis na critéir um chóineasú agus Prótacal Uimh. 14 maidir leis an nGrúpa Euro.

## CUSPÓIRÍ

**A.** Forálacha conartha

Sa bhrollach a ghabhann le CAE, luaitear go bhfuil na Ballstáit 'meáite ar neartú agus cóineasú a ngeilleagar a ghnóthú agus aontas eacnamaíoch agus airgeadaíochta a bhunú'.

In Airteagal 3 de CAE, luaitear 'go n-oibreoidh [an tAontas] ar mhaithe le forbairt inbhuanaithe na hEorpa arna fothú ar fhás eacnamaíoch cothrom agus ar chobhsaíocht praghsanna, ar gheilleagar sóisialta margaidh ina bhfuil iomaíocht ghéar agus arb é is aidhm dó an lánfhostaíocht agus dul chun cinn sóisialta a bhaint amach [...]'.

Tá Airteagail 2, 5 agus 119 de CFAE mar bhonn don chomhordú eacnamaíoch: faoi na hAirteagail sin, cuirtear de cheangal ar na Ballstáit a mbeartais eacnamaíocha a thuiscint mar ábhar leasa choitinn agus iad a chomhordú go dlúth. Tá réimsí agus foirmeacha an chomhordaithe sonraithe in Airteagal 121, ina leagtar síos an nós imeachta a bhaineann leis na moltaí beartais, idir mholtaí ginearálta (na mórthreoirlínte beartas eacnamaíoch) agus mholtaí tír-shonracha, agus in Airteagal 126, ina mbunaítear an nós imeachta atá le leanúint maidir le heasnaimh rialtais iomarcacha (2.6.6).

In Airteagail 136 go 138 leagtar síos na forálacha sonracha do na Ballstáit sin arb é an euro a n-airgeadra, agus leis na forálacha sin cuirtear de cheangal orthu an comhar agus an faireachas a dhéanann siad ar an smacht buiséadach agus ar bheartais eacnamaíocha a neartú.

Thairis sin, ceanglaítear le Teideal IX maidir leis an bhfostaíocht go ndéanfaí comhordú ar bheartais fostaíochta agus go mbeidís comhsheasmhach leis na beartais eacnamaíocha mar a shainmhínítear sna mór-threoirlínte (Airteagal 146) (2.3.3).

**B.** Réimsí atá faoi réir rialachais eacnamaíoch

Leis na géarchéimeanna airgeadais, fioscacha agus geilleagracha, a thosaigh in 2008, léiríodh go bhfuil idirghaol docht idir míchothromaíochtaí airgeadais, fioscacha agus maicreacnamaíocha, ní hamháin laistigh de theorainneacha náisiúnta, ach ar leibhéal AE freisin, agus is mó is fíor é sin maidir le tíortha nach bhfuil sa limistéar euro. Dá bhrí sin, maidir leis an gcóras neartaithe don rialachas eacnamaíoch, a bunaíodh in 2011 agus a bhfuil tuilleadh forbartha fós á déanamh air, tagraíonn sé do roinnt réimsí eacnamaíocha, lena n-áirítear beartais fhioscacha, saincheisteanna maicreacnamaíocha, bainistíocht géarchéime, maoirseacht macra-airgeadais agus infheistíochtaí.

## A BHFUIL BAINTE AMACH

**A.** Comhordú eacnamaíoch go dtí 2011

Go dtí 2011, bhí comhordú na mbeartas eacnamaíoch bunaithe go príomha ar chomhthoil, agus bhíothas in éagmais rialacha infhorfheidhmithe le dlí, seachas sa chreat beartais fhioscaigh a shainmhínítear faoin gComhshocrú Cobhsaíochta agus Fáis (SGP) (2.6.6). Bhí raon feidhme an chomhordaithe eacnamaíoch leathan, agus d'fhéadfaí foirmeacha éagsúla comhordaithe a chur chun feidhme, ag brath ar a mhéid a bhí an comhaontú um chomhar i gceist ceangailteach: Seo a leanas dhá shampla den chineál sin comhordaithe:

— an comhar mar uirlis bainistithe géarchéime, e.g. bunú an tSásra Eorpaigh um Chobhsaíocht Airgeadais i mí Bealtaine 2010;

— beartas a tharmligean, trína bhféadfaí an t-údarás iomlán ar bheartas a tharmligean chuig institiúid aonair (samplaí díobh sin is ea beartas airgeadaíochta (2.6.3) agus beartas iomaíochta (2.6.12), arna dtarmligean chuig an mBanc Ceannais Eorpach (BCE) agus chuig an gCoimisiún faoi seach).

**B.** Rialachas eacnamaíoch ó 2011 i leith

Le géarchéim airgeadais agus eacnamaíoch 2008-2012, nochtadh fadhbanna bunúsacha agus treochtaí neamh-inbhuanaithe i mórán de thíortha na hEorpa, agus cuireadh in iúl go soiléir go bhfuil geilleagair AE idirspleách ar a chéile. Measadh go raibh gá le comhordú níos mó ar bheartais eacnamaíocha ar fud AE chun aghaidh a thabhairt ar fhadhbanna agus chun borradh a chur faoin bhfás agus faoin gcruthú post sa todhchaí. Chuige sin, maidir le córas na gcomhlachtaí agus na nósanna imeachta don chomhordú eacnamaíoch a bhí i bhfeidhm in AE, rinneadh é a athbhreithniú agus a atreisiú: ó 2011 i leith, glacadh roinnt gníomhartha reachtacha agus bunaíodh institiúidí nua.

**1.** An faireachas eacnamaíoch agus fioscach atreisithe, agus an comhordú air, faoin Seimeastar Eorpach

Áirítear an méid seo a leanas ar an rialachas atreisithe: samhail oibre nua shioncronaithe – an Seimeastar Eorpach – chun tosaíochtaí eacnamaíocha agus buiséadacha a phlé agus a chomhordú; faireachas AE níos déine ar bheartais fhioscacha mar chuid den Chomhshocrú Cobhsaíochta agus Fáis (2.6.6); uirlisí nua

chun dul i ngleic le míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha (2.6.7) agus uirlisí nua chun déileáil le Ballstáit atá in anás airgeadais (2.6.8).

Is ionann an Seimeastar Eorpach agus timthriall bliantúil ina ndéantar beartais bhuiséadacha, mhaicreacnamaíocha agus struchtúracha na mBallstát a chomhordú ionas gur féidir leis na Ballstáit breithnithe AE a chur san áireamh ag céim luath dá bpróisis bhuiséadacha náisiúnta agus i ngnéithe eile de cheapadh na mbeartas eacnamaíoch. Is é an aidhm atá ann a áirithiú go ndéanfar anailís agus measúnú ar na beartais uile le chéile, agus go ndéanfar na réimsí beartais nár clúdaíodh roimhe sin, ar bhealach córasach, leis an bhfaireachas eacnamaíoch – amhail an mhíchothromaíocht mhaicreacnamaíoch agus saincheisteanna airgeadais – go ndéanfar iad a chur san áireamh. Is iad seo a leanas na céimeanna lárnacha sa Seimeastar Eorpach:

— I ndeireadh an fhómhair, déanann an Coimisiún an straitéis bhliantúil maidir le fás inbhuanaithe (ASGS) a thíolacadh, ina leagtar amach tosaíochtaí AE don bhliain atá le teacht, ó thaobh beartais eacnamaíocha, bhuiséadacha agus saothair de agus ó thaobh athchóirithe eile de a bhfuil gá leo chun borradh a chur faoin bhfás agus faoin bhfostaíocht. Molann an Coimisiún moltaí sonracha don limistéar euro ina iomláine, a ndéantar plé orthu i gComhairle an Aontais Eorpaigh (‘an Chomhairle’ ina dhiaidh seo) ina dhiaidh sin agus a fhormhuinítear ag Comhairle Eorpach an earraigh. Foilsíonn an Coimisiún an Tuarascáil maidir leis an Sásra Foláirimh (AMR) freisin, ina sainaithnítear na Ballstáit sin a bhféadfadh míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha a bheith iontu;

— I mí Aibreáin, déanann na Ballstáit a bpleananna a thíolacadh, ar pleananna iad maidir le hairgeadas poiblí fónta (na Cláir um Chobhsaíocht agus um Chóineasú (SCPanna)) agus le haghaidh leasuithe agus beart chun dul chun cinn a dhéanamh i dtreo fás cliste, inbhuanaithe agus cuimsitheach (na Cláir Náisiúnta um Athchóiriú (NRPanna)). Is féidir leis an gcomhthuarascáil comhlántachtaí agus éifeachtaí iarmharacha idir beartais fhioscacha agus struchtúracha a chur i gcuntas;

— I mí Bealtaine, déanann an Coimisiún measúnú ar na NRPanna agus ar na SCPanna, lena n-áirítear na míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha a d’fhéadfadh a bheith ann a cheartú. Ar bhonn na measúnuithe sin, tá sé beartaithe ag an gCoimisiún moltaí tír-shonracha a dhéanamh (CSRanna) a phléitear go minic laistigh d’fhoirmíochtaí éagsúla na Comhairle;

— I mí an Mheithimh/mí Iúil, formhuiníonn an Chomhairle Eorpach na CSRanna agus ansin déanann an Chomhairle iad a ghlacadh go hoifigiúil i mí Iúil, rud a chuireann clabhsúr le timthriall bliantúil an tSeimeastair Eorpaigh ar leibhéal AE.

Cuireadh i bhfeidhm an chéad Seimeastar Eorpach in 2011. Tarlaíonn plé ar leibhéal AE maidir le beartas fioscach, míchothromaíochtaí maicreacnamaíochta, saincheisteanna a bhaineann leis an earnáil airgeadais agus athchóirithe struchtúracha a spreagann fás, i gcomhthráth leis an Seimeastar Eorpach, sula ndéanann rialtais a ndréachtphleananna buiséadacha (DPBanna) a dhréachtú don bhliain dár gcionn agus iad a chur faoi bhráid na bparlaimintí náisiúnta le haghaidh díospóireachta. Sula dtugtar na buiséid chun críche, déanann Ballstáit limistéar an euro a DBPanna a chur faoi bhráid an Choimisiúin, a chuireann a tuairim ar fáil, agus faoi bhráid an Ghrúpa Euro, a dhéanann measúnú orthu.

**2.** Maidir le gníomhú chun an earnáil airgeadais a dheisiú, chuir AE aontas baincéireachta chun cinn (2.6.5), le rialacha nua agus institiúidí nua, lena n-áirítear

an Sásra Maoirseachta Aonair, an Sásra Réitigh Aonair agus údaráis mhaoirseachta Eorpacha, chun géarchéimeanna a chosc agus chun deimhin a dhéanamh de go ndéantar rialáil agus maoirsiú ceart ar na gníomhaithe airgeadais go léir.

**3.** Mar thoradh ar na géarchéimeanna eacnamaíocha agus airgeadais, bhí ar roinnt de na Ballstáit aghaidh a thabhairt ar mhórdheacrachtaí ó thaobh a gcobhsaíochta airgeadais nó inbhuanaitheacht a n-airgeadais phoiblí de, agus dá bhrí sin lorg siad cúnamh airgeadais (2.6.8). D'fhreagair AE trí shásraí éagsúla a bhunú, lena n-áirítear an Sásra Cobhsaíochta Airgeadais Eorpach, an tSaoráid Eorpach um Chobhsaíocht Airgeadais (EFSF), an Sásra Cobhsaíochta Eorpach (SCE), chomh maith le reachtaíocht a ghlacadh a leagann síos forálacha le haghaidh coinníollacht mhaicreacnamaíoch atá ag gabháil leis na hiasachtaí arna soláthar do na Ballstáit lena mbaineann (Rialachán (AE) Uimh. 472/2013). Bunaíodh EFSF agus ESM le Conarthaí ad hoc lasmuigh de Chonarthaí an Aontais Eorpaigh agus tá siad rialaithe ag bord atá déanta suas d'Airí Airgeadais Bhallstáit an limistéir euro.

**C.** Forás breise féideartha an Aontais Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta

Chomh luath agus a bhíothas tar éis teacht thar an ngéarchéim eacnamaíoch agus airgeadais, bhunaigh AE próiseas a bhfuil mar aidhm leis struchtúr EMU a atreisiú. Tá an próiseas bunaithe ar Thuarascáil na gCúig Uachtarán maidir le hAontas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta na hEorpa de 2015 a chur i gcrích, a dhírigh ar cheithre phríomh-shaincheist:

— fíoraontas eacnamaíoch;

— aontas airgeadais;

— aontas fioscach;

— aontas polaitiúil.

Tá na ceithre aontas idirghaolta agus d'fhorbróidís go comhthreomhar. I ndiaidh na tuarascála bhí sraith ann de theachtaireachtaí, de thograí agus de bhearta, agus tá an plé fós ar siúl.

I gcomhréir leis an reachtaíocht ábhartha, i bhFeabhra 2020 chuir an Coimisiún tús le hathbhreithniú ar an gcreat rialachais reatha, lena n-áirítear díospóireacht phoiblí ar a mhéid a bhí na heilimintí éagsúla faireachais a tugadh isteach nó a leasaíodh le hathchóirithe 2011 agus 2013 éifeachtach chun a bpríomhchuspóirí a bhaint amach, eadhon:

— airgeadas inbhuanaithe rialtais agus fás eacnamaíoch a áirithiú, chomh maith le míchothromaíochtaí eacnamaíocha a sheachaint;

— creat comhtháite faireachais a chur ar fáil lenar féidir comhordú níos dlúithe a dhéanamh ar bheartais eacnamaíocha go háirithe sa limistéar euro; agus

— cóineasú feidhmíochtaí eacnamaíocha idir na Ballstáit a chur chun cinn.

I nDeireadh Fómhair 2021, rinne an Coimisiún an t-athbhreithniú ar an gcreat a athsheoladh trí chomhairliúchán poiblí ar na slite athchóirithe féideartha. Foilsíodh an tuarascáil achomair ar na comhairliúcháin i mBealtaine 2022. Chuir an Coimisiún teachtaireacht ar aghaidh i Samhain 2022 inar leagadh amach prionsabail treoshuímh don athchóiriú sular chuir sé a thograí reachtacha síos an 26 Aibreán 2023.

Féachtar leis an athchóiriú beartaithe le cothromaíocht a bhaint amach idir an gá atá le leibhéil an fhiachais phoiblí a laghdú le tacaíocht don fhás inbhuanaithe. An tráth

céanna, déanann sé iarracht forfheidhmiú agus úinéireacht náisiúnta an chreata a fheabhsú, rud a lamhálann do na Ballstáit slite coigeartaithe fioscacha tír-shonracha a chaibidliú lena ndíreofar ar chuspóirí meántéarmacha laghdaithe fiachais. Ina theannta sin, de bharr an ghealltanais do chláir infheistíochta agus athchóirithe, lamhálfaí do na Ballstáit fad a gclár coigeartaithe a fhadú chun cosán laghdaithe fiachais níos céimnithí a bheith acu. Leasaíodh an sásra smachtbhannaí agus oscailt nósanna imeachta um easnamh iomarcach bunaithe ar fhiachas chomh maith d'fhonn infheidhmeacht a mhéadú.

Tá plé ar thodhchaí an aontais bhaincéireachta ar siúl chomh maith. In Aibreán 2023, chuir an Coimisiún síos tograí chun athchóiriú a dhéanamh ar an gcreat reatha um bainistiú géarchéimeanna bainc agus árachais taiscí san Eoraip chun aghaidh a thabhairt ar easnaimh maidir le teipeanna na mbanc meánmhéide agus níos lú agus chun feabhas a chur ar chosaint taisceoirí. Tá an plé ar an bhféidearthacht go mbunófaí scéim Eorpach um árachas taiscí – an tríú colún den aontas baincéireachta, mar a thugtar air – fós faoi bhrú mór faoi láthair.

Comhaontaíodh go déanach in 2021 le leasú ar Chonradh SCE, atá ceaptha a bhosca uirlisí a leathnú agus cúlstop a bhunú don Chiste Aonair Réitigh, ach níl sé tagtha i bhfeidhm fós go dtí go ndaingneofar san Iodáil é.

**D.** Gníomhaithe

Socraíonn an Chomhairle Eorpach tosaíochtaí agus beartais chomhordaithe pholaitiúla agus eisíonn sí treoirlínte ar an leibhéal is airde. Glacann an Chomhairle moltaí agus cinntí, bunaithe ar thograí an Choimisiúin. Tá an Coimisiún i bhfeighil moltaí agus cinntí a dhréachtú agus i bhfeighil mheasúnú a gcur chun feidhme. Tá na Ballstáit i bhfeighil tuairisciú náisiúnta, malartuithe faisnéis agus chur chun feidhme na moltaí agus na gcinntí arna nglacadh ag an gComhairle. Déanann an Grúpa Euro (atá comhdhéanta d'airí airgeadais na mBallstát a thug isteach an euro) nithe a phlé a bhaineann leis an Aontas Airgeadaíochta Eorpach (AAE), agus déanann sé rialú ar AAE. Glacann BCE páirt i bpléití an Ghrúpa Euro ar nithe a bhaineann le beartas airgeadais nó rátaí malartaithe. Cuireann an Coiste Eacnamaíoch agus Airgeadais tuairimí ar fáil agus ullmhaíonn sé obair na Comhairle, mar a dhéanann an Coiste um Beartas Eacnamaíoch agus Meitheal an Ghrúpa Euro.

## RÓL PHARLAIMINT NA HEORPA

Le teacht i bhfeidhm Chonradh Liospóin, rinneadh comhreachtóir den Pharlaimint i gcomhair rialacha mionsonraithe maidir le faireachas iltaobhach a bhunú (Airteagal 121(6) CFAE).

Cuireann na gníomhartha reachtacha a bhaineann le faireachas maicreacnamaíoch an tIdirphlé Eacnamaíoch ar bun. Chun an t-idirphlé idir institiúidí AE a fheabhsú, go háirithe an Pharlaimint, an Chomhairle agus an Coimisiún, agus chun tuilleadh trédhearcachta agus cuntasachta a áirithiú, féadfaidh coiste inniúil na Parlaiminte a iarraidh ar Uachtarán na Comhairle, ar an gCoimisiún, ar Uachtarán na Comhairle Eorpaí agus/nó ar Uachtarán an Ghrúpa Euro teacht chun a chinntí a phlé nó chun a ghníomhaíochtaí laistigh den Seimeastar Eorpach a thíolacadh. Faoi chuimsiú an idirphlé sin, féadfaidh an Pharlaimint freisin an deis a thairiscint do Bhallstát atá faoi réir chinneadh na Comhairle, faoin nós imeachta um easnamh iomarcach nó faoin nós imeachta um míchothromaíochtaí iomarcacha, páirt a ghlacadh sa mhalartú tuairimí.

Faoin Seimeastar Eorpach, cuireann an Pharlaimint a tuairim in iúl maidir leis an AGS i rúin shonracha, agus cuireann sí i gcuntas freisin na barúlacha a bailíodh le linn chruinniú na Seachtaine Parlaimintí maidir leis an Seimeastar Eorpach le parlaimintí náisiúnta, arna reáchtáil ag tús na bliana. I ndeireadh an fhómhair, cuireann an Pharlaimint a tuairim in iúl maidir le timthriall leanúnach an tSeimeastair Eorpaigh (lena n-áirítear na moltaí tír-shonracha a ghlac an Chomhairle).

Déanann an Pharlaimint rannpháirtíocht parlaimintí náisiúnta a chur chun cinn trí chruinnithe bliantúla le comhaltaí dá gcoistí ábhartha. Thairis sin, agus i gcomhréir leis na socruithe dlíthiúla agus polaitiúla i ngach Ballstát, ba cheart go mbeadh na parlaimintí náisiúnta rannpháirteach mar is cuí sa Seimeastar Eorpach agus in ullmhú na gClár Cobhsaíochta nó na gClár um Chóineasú agus na gClár Athchóirithe Náisiúnta chun trédhearcacht na gcinntí a ghlactar agus an tiomantas do na cinntí sin, mar aon leis an gcuntasacht ina leith, a mhéadú.

Chuir an Pharlaimint a tuairim in iúl maidir le forás féideartha EMU i roinnt rún, eadhon a rún maidir le hathbhreithniú ar an gcreat reachtach maicreacnamaíoch; a rún maidir le hacmhainneacht bhuiséadadh don limistéar euro; a rún maidir le héabhlóidí agus coigeartuithe a d'fhéadfaí a dhéanamh ar leagan amach institiúideach reatha an Aontais Eorpaigh, agus a rún maidir le feidhmiú an Aontais Eorpaigh a fheabhsú trí chur le hacmhainneacht Chonradh Liospóin.

Samuel De Lemos Peixoto / GIACOMO LOI
10/2023

# 2.6.5. AN TAONTAS BAINCÉIREACHTA

Tá an tAontas Baincéireachta bunaithe ar togra a thíolaic an Coimisiún Eorpach in 2012, cúpla bliain tar éis na gearchéime móire airgeadais a tharla in AE. Ba í an phríomhnuálaíocht ná an fhreagracht as maoirseacht laethúil na mbanc is mó sa limistéar euro a aistriú ón leibhéal náisiúnta go dtí an leibhéal Eorpach. As sin amach, cuireadh an Banc Ceannais Eorpach (BCE) i gceannas ar cúraimí beartais airgeadaíochta agus cúraimí maoirseachta araon, cé go raibh air iad a choimeád deighilte go docht óna chéile. Bunaíodh institiúid eile - an Bord Réitigh Aonair (BRA) - ar an leibhéal Eorpach chun déileáil le cliseadh na mbanc mór. Is minic a bhí éileamh, lena n-áirítear éileamh ó Pharlaimint na hEorpa, ar an tríú gné, is é sin scéim Eorpach árachais taiscí, ach níor cuireadh i bhfeidhm é go fóill í.

## AN BUNÚS DLÍ

Airteagal 114 agus Airteagal 127(6) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE).

## CUSPÓIRÍ

Tá an tAontas Baincéireachta (AB) mar chuid riachtanach den Aontas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta (AEA) agus den mhargadh inmheánach. Ailíníonn sé le freagracht agus bainistiú géarchéime ar leibhéal an Aontais. Cuireann sé seo le forfheidhmiú aontaithe an leabhair rialacha aonair, sa limistéar euro, a bhaineann le bainc an Aontais Eorpaigh. Go háirithe, féachann an tAontas Baincéireachta lena áirithiú go dtógfaidh na bainc rioscaí tomhaiste agus gur féidir bainc a bhfuil ag cliseadh orthu a réiteach ar bhealach ordúil, leis an tionchar is lú agus is féidir ar an bhfíorgheilleagar agus ar airgeadas poiblí na mBallstát AE atá rannpháirteach.

## A BHFUIL BAINTE AMACH

**A.** Treochlár don Aontas Baincéireachta

I mí na Nollag 2012, dhréachtaigh Uachtarán na Comhairle Eorpaí, i ndlúthchomhar le hUachtarán an Choimisiúin Eorpaigh, le hUachtarán an Bhainc Cheannais Eorpaigh (BCE) agus le hUachtarán an Ghrúpa Euro, treochlár sonrach lena ngabhann amscála chun fíor-Aontas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta a bhaint amach. Ceann de na míreanna fíorthábhachtacha den treochlár seo is ea cruthú creata airgeadais atá níos comhtháite, i.e. AB.

**B.** Comhaontú maidir le SMA

I mí an Mhárta 2013, tháinig Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle ar chomhaontú polaitiúil maidir le bunú an chéad cholúin de AB, an Sásra Maoirseachta Aonair (SMA), a chumhdaíonn gach banc sa limistéar euro. Féadfaidh na Ballstáit nach bhfuil sa limistéar euro rogha a dhéanamh a bheith rannpháirteach sa SMA. Cuireadh SMA, atá i mbun oibríochta ón 4 Samhain 2014, laistigh de BCE agus tá sé freagrach as maoirseacht dhíreach na ngrúpaí baincéireachta is mó agus is suntasaí, agus ag an am céanna, leanann maoirseoirí náisiúnta de bheith ag maoirsiú gach bainc eile, faoi chomhordú agus faoi fhreagracht deiridh BCE. Tá na critéir chun a chinneadh

cibé acu an bhfuil bainc suntasach nó nach bhfuil — agus dá bhrí sin go ndéanfadh BCE maoirsiú díreach orthu — leagtha amach i Rialachán SMA agus i gCreat-rialachán SMA, agus baineann siad le méid an bhainc, a thábhacht eacnamaíoch, a ghníomhaíochtaí trasteorann agus an gá atá aige le tacaíocht phoiblí dhíreach. I gcomhréir le forbairt na gcritéar sin, athraíonn líon iarbhír na mbanc a dhéanann BCE a mhaoirsiú go díreach le himeacht ama; thairis sin, is féidir le BCE a chinneadh tráth ar bith banc a aicmiú mar bhanc suntasach, más gá, chun a áirithiú go gcuirtear ardchaighdeáin mhaoirseachta i bhfeidhm go comhsheasmhach.

Chun coinbhleachtaí leasa a d’fhéadfadh a bheith ann a sheachaint, tá rialacha soiléire ann chun róil BCE i dtaca le maoirseacht agus i dtaca le beartas airgeadaíochta a dheighilt ar bhonn eagraíochtúil agus oibríochtúil.

**C.** Measúnú Cuimsitheach

Sular ghlac sé a fhreagrachtaí maoirseachta, rinne BCE ‘scrúdú sláinte airgeadais’ ar a dtugtar Measúnú Cuimsitheach, ina raibh athbhreithniú ar cháilíocht sócmhainní agus tástáil struis. Ba é an aidhm a bhí leis an measúnú sin ná trédhearcacht níos fearr i gcláir chomhardaithe na mbanc a bhaint amach chun túsphointe iontaofa a áirithiú. Léirigh na torthaí, a foilsíodh i mí Dheireadh Fómhair 2014, go raibh 25 as 130 banc rannpháirteacha tar éis easnaimh chaipitil a fhulaingt.

Rinneadh ‘scrúdú sláinte airgeadais’ den chineál sin ar gach banc ina dhiaidh sin nuair a tháinig siad faoi mhaoirseacht dhíreach den chéad uair; tar éis iarraidh a fháil ón mBulgáir, mar shampla, dlúthchomhar a bhunú idir BCE agus Banc Náisiúnta na Bulgáire, rinne BCE measúnú cuimsitheach ar shé bhanc Bhulgáracha, agus foilsíodh torthaí an mheasúnaithe sin i mí Iúil 2019.

Ó 2014 go 2022, rinneadh an dá chuid den mheasúnú cuimsitheach (athbhreithniú ar cháilíocht sócmhainní agus tástáil struis) i gcomhar le chéile. Cónascadh agus foilsíodh na torthaí ag an am céanna. In 2022 áfach, shocraigh BCE an measúnú cuimsitheach a scaradh agus go ndéanfaí an dá chuid mar chleachtaí neamhspleácha as sin amach.

**D.** BRA/SRA

I mí an Mhárta 2014, tháinig Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle ar chomhaontú polaitiúil maidir le bunú an chéad cholún den Aontas Baincéireachta, an Sásra Réitigh Aonair (SRA). An príomhchuspóir atá le SRA ná a áirithiú go ndéantar teipeanna bainc a bhainistiú go héifeachtúil, agus costas íosta ann do na cáiníocóirí agus don fhíorgheilleagar. I gcás inar gá feidhmiú ina leith, rachaidh údarás lárnach – an Bord Réitigh Aonair (BRA) – i mbun stiúradh a dhéanamh ar an gcinneadh chun réiteach bainc a thionscnamh. Go hoibríochtúil, déanfar an cinneadh a chur chun feidhme i gcomhar leis na húdaráis réitigh náisiúnta. Thosaigh BRA a obair mar ghníomhaireacht neamhspleách AE i mí Eanáir 2015, agus bhí sé iomlán oibríochtúil ó mhí Eanáir 2016 i leith.

I mí an Mheithimh 2017, ghlac BRA an chéad chinneadh réitigh i gcás Banco Popular. Chinn BRA, áfach, gan gníomhaíocht réitigh a dhéanamh i mí an Mheithimh 2017 maidir le Banca Popolare di Vicenza agus Veneto Banca, i mí Feabhra 2018 maidir le ABLV Bank AS agus a fhochuideachta ABLV Bank Luxembourg S.A., agus i mí Lúnasa 2019 maidir le AS PNB Banka.

Tháinig na bainc faoi réir imeachtaí dócmhainneachta náisiúnta ina ionad sin. I mí an Mhárta 2022, rinne BRA roinnt cinntí maidir le cliseadh Sberbank Europe AG, grúpa

baincéireachta a ndearnadh leachtú ar chuid dá pháirteanna agus ar ghlac bainc eile seilbh ar chuid eile acu níos déanaí (tuilleadh fáisnéise anseo).

**E.** TCC/RCC

Sainmhíníonn ceangaltais caipitil íosta cé mhéad caipitil ar chóir do bhanc a bheith i dtaisce aige le gur féidir a mheas go bhfuil sé slán chun feidhmiú agus go bhfuil sé in ann déileáil le caillteanais oibriúcháin leis féin. Léirigh an ghéarchéim airgeadais go raibh na ceangaltais caipitil íosta rialála a bhí ann cheana ró-íseal i ngéarchéim mhór. Comhaontaíodh ar an leibhéal idirnáisiúnta dá bharr sin na tairseacha íosta a mhéadú (caighdeáin Basel III). I mí Aibreáin 2013, ghlac an Pharlaimint agus an Chomhairle dhá ghníomh dhlíthiúla, an ceathrú Treoir maidir le Ceanglais Chaipitil (TCC) agus an Rialachán maidir le Ceanglais Chaipitil (RCC), a thrasuíonn na ceanglais stuamachta i gcomhair caipitil le haghaidh bainc isteach i ndlí Eorpach. Tháinig TCC agus RCC i bhfeidhm an 1 Eanáir 2014.

Tá cothrom iomaíochta laistigh den mhargadh inmheánach neartaithe faoi réir Leabhar Rialacha Aonair is infheidhme maidir le gach banc in AE, toisc gur i bhfoirm rialacha is infheidhme atá formhór de na rialacha teicniúla atá ar na bainc a chomhlíonadh. Ar an gcaoi sin, is féidir na hachrainn a d'fhéadfadh a bheith mar thoradh ar chur chun feidhme treoracha i ndlíthe náisiúnta a sheachaint. Ina theannta sin, sna gníomhartha reachtacha arna nglacadh ag an bParlaimint agus an Chomhairle, bhí roinnt sonraí teicniúla a bhí fós le tabhairt chun críche. Dá bhrí sin bhí sé de chumhacht ag an gCoimisiún gníomhartha reachtacha comhlántacha a dhréachtú (bearta leibhéal 2 mar a thugtar orthu) a shonraíonn na mionsonraí teicniúla atá in easnamh.

I mí na Samhna 2016, thíolaic an Coimisiún pacáiste cuimsitheach d'athchóirithe chun na rialacha a leagtar amach in TCC agus in RCC a leasú. Laistigh den Pharlaimint, rinneadh an dá thogra reachtacha lena leasaítear CRD agus CRR a chaibidliú go comhthreomhar. Ghlac Coiste na Parlaiminte um Ghnóthaí Eacnamaíochta a thuarascáil iomlán ar na tograí leasaitheacha i mí an Mheithimh 2018. I mí an Mheithimh 2019 foilsíodh an Treoir leasaithe maidir le Ceanglais Chaipitil (TCC V) agus an Rialachán maidir le Ceanglais Chaipitil (RCC II) in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

**F.** SEÁT

I mí na Samhna 2015, thíolaic an Coimisiún togra reachtach a bhfuil sé mar aidhm aige gné eile a chur leis an Aontas Baincéireachta, is é sin an Scéim Eorpach Árachais Taiscí (SEÁT). Thóg an moladh tosaigh ón gCoimisiún ar scéimeanna ráthaíochta taiscí náisiúnta atá ann cheana agus moladh go dtabharfaí SEÁT isteach de réir a chéile. Cheap an Coimisiún an moladh seo mar mholadh atá neodrach ó thaobh costais go foriomlán d'earnáil na baincéireachta (cé raibh bainc atá baolach ceaptha ranníocaíochtaí níos mó a íoc ná na bainc atá slán), agus molann sé coimircí agus bearta comhlántacha chun rioscaí baincéireachta a laghdú.

D'fhoilsigh rapóirtéir Pharlaimint na hEorpa a dréacht-tuarascáil maidir le SEÁT i mí na Samhna 2016. Léiríodh sa phlé a rinneadh ina dhiaidh sin i bParlaimint na hEorpa agus sa Chomhairle go raibh seasaimh éagsúla ann maidir le dearadh an chórais ag an gcéim dheiridh. Chun dul chun cinn a éascú, d'fhoilsigh an Coimisiún teachtaireacht bhreise i mí Dheireadh Fómhair 2017, inar moladh roinnt roghanna maidir le dearadh SEÁT. I mí na Nollag 2020, tháinig na trí institiúid de chuid an Aontais ar chomhaontú maidir le tosaíochtaí reachtacha do 2021, lena n-áirítear SEÁT sa doiciméad oibre gaolmhar.

In ainneoin na n-iarrachtaí a rinneadh arís is arís eile, ní bhfuarthas réiteach ar an gceist maidir le seasaimh éagsúla an chomhaid go fóill, a chiallaíonn go bhfuil an phróiséas reachtach ina stad.

**G.** Athchóiriú CMDI

Cé go n-aontóidh mórán daoine go n-oibríonn aistriú na freagrachta as maoirseacht laethúil na mbanc is mó sa limistéar euro ón leibhéal náisiúnta go dtí an leibhéal Eorpach go maith go foriomlán, níltear lánchinnte faoi oiriúnacht an chreata reatha um réiteach banc.

Mar gheall ar an tslí ar déileáladh le cliseadh roinnt de na bainc mheánmhéide agus de na bainc beaga lasmuigh den creat réitigh, agus úsáid á baint uaireanta as airgead na gcáiníocóirí seachas na hacmhainní atá beartaithe don chuspóir sin (acmhainní inmheánacha na mbanc nó líontáin sábhála arna gcistiú ag an tionscal ar nós an Chiste Réitigh Aonair), mhol Coimisiún Eorpach roinnt athruithe don chreat dlíthiúil, a bhí cuimsithe faoi lipéad an bhainistithe géarchéime agus an athchóirithe ar árachas taiscí (tuilleadh eolais le fáil anseo). Agus é seo á scríobh. tá an pacáiste reachtach sin á phlé faoi láthair ag Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle.

## RÓL PHARLAIMINT NA HEORPA

Mar fhreagairt ar an treochlár maidir le fíor-Aontas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta, ghlac an Pharlaimint rún dar teideal ‘I dTreo Fíor-Aontas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta’ an 20 Samhain 2012, le moltaí don Choimisiún fíor-Aontas Baincéireachta a bhunú. Trí leasuithe tábhachtacha ar na gníomhartha reachtacha maidir le SMA, SRA, DGS, TTRB agus TCC IV a ghlacadh agus a thabhairt isteach in 2013 agus in 2014, rannchuidigh an Pharlaimint go mór le bunú fíor-Aontais Baincéireachta.

Tugann na gníomhartha reachtacha seo ról don Pharlaimint i ngrinnscrúdú forais nuabhunaithe. Tá BCE, ina ról maoirseachta (i.e. in SMA), freagrach don Pharlaimint agus don Chomhairle. Tá mionsonraí maidir lena fhreagracht don Pharlaimint leagtha síos i gComhaontú Idirinstitiúideach (CII idir Parlaimint na hEorpa agus BCE.

Go nuige seo, tharla 26 éisteacht phoiblí sa Choiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta, i.e. I Márta 2014, Samhain 2014, Márta 2015, Deireadh Fómhair 2015, Márta 2016, Meitheamh 2016, Samhain 2016, Márta 2017, Meitheamh 2017, Samhain 2017, Márta 2018, Meitheamh 2018, Samhain 2018, Márta 2019, Méan Fómhair 2019, Nollaig 2019, Bealtaine 2020, Deireadh Fómhair 2020, Márta 2021, Iúil 2021, Deireadh Fómhair 2021, Márta 2022, Meitheamh 2022, Nollaig 2022, Márta 2023 agus Meitheamh 2023.

Baineann an nós imeachta céanna leis an mBord Réitigh Aonair. Glacann a Chathaoirleach páirt uair amháin ar a laghad gach bliain féilire in éisteacht ag an gcoiste inniúil de chuid na Parlaiminte maidir le feidhmiú na gcúraimí réitigh ag an mBord. Go nuige seo, tharla 23 éisteacht phoiblí rialta BRA sa Choiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta, i.e, i Meitheamh 2015, Eanáir 2016, Iúil 2016, Nollaig 2016, Márta 2017, Iúil 2017, Nollaig 2017, Márta 2018, Iúil 2018,Nollaig 2018, Aibreán 2019, Iúil 2019, Nollaig 2019, Bealtaine 2020, Deireadh Fómhair 2020, Márta 2021, Iúil 2021, Nollaig 2021, Márta 2022, Iúil 2022, Samhain 2022, Márta 2023 agus Iúil 2023.

Leagtar síos mionsonraí chuntasacht BRA don Pharlaimint agus módúlachtaí praiticiúla gaolmhara i gComhaontú Idirinstitiúideach idir an Pharlaimint agus BRA arna fhoilsiú an 24 Nollaig 2015.

Chun tuilleadh eolais a fháil faoin ábhar seo, féach suíomh gréasáin an Choiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta (anseo).

Marcel Magnus
10/2023

# 2.6.6. CREAT AE DO BHEARTAIS FHIOSCACHA

Chun cobhsaíocht an Aontais Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta a áirithiú, is gá creat láidir a bheith ann chun airgeadas poiblí neamh-inbhuanaithe a sheachaint a mhéid is féidir. Tháinig athchóiriú (cuid den Sé-Phaca) lena leasaítear an Comhshocrú Cobhsaíochta agus Fáis (CCF), i bhfeidhm ag deireadh 2011. Tháinig athchóiriú eile sa réimse beartais sin, an Conradh idir-rialtasach ar Chobhsaíocht, ar Chomhordú agus ar Rialachas san Aontas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta (TSCG), lena n-áirítear an Comhshocrú Buiséadach, i bhfeidhm go luath in 2013. Thairis sin, tháinig rialachán maidir le measúnú a dhéanamh ar dhréachtphleananna buiséadacha naisiúnta (cuid den 'Dé-Phaca') i bhfeidhm i mí Bhealtaine 2013. An 26 Aibreán 2023, thíolaic an Coimisiún a thograí reachtacha le haghaidh athchóiriú rialachais eacnamaíoch an Aontais.

## AN BUNÚS DLÍ

— Airteagail 3, 119-144, 136, 219 agus 282-284 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE);

— Prótacal Uimh. 12 (maidir leis an nós imeachta um easnamh iomarcach) agus Prótacal Uimh. 13 (maidir leis na critéir um chóineasú) a ghabhann leis na Conarthaí.

## CUSPÓIRÍ

Is é is cuspóir le hailtireacht bheartas fioscach an Aontais Eorpaigh creat stóinsithe agus éifeachtach a thógáil chun comhordú agus faireachas a dhéanamh ar bheartais fhioscacha na mBallstát. Bhí athchóirithe 2011-2013 den chreat dlíthiúil mar fhreagra díreach ar ghéarchéim an fhiachais cheannasaigh, rud a léirigh an gá le rialacha níos déine, i bhfianaise éifeachtaí iarmharta ó airgeadas poiblí neamh-inbhuanaithe idir tíortha laistigh den limistéar euro. Tarraingítear sa chreat athbhreithnithe, dá bhrí sin, ar thaithí theipeanna deartha tosaigh an Aontais Airgeadaíochta Eorpaigh agus féachtar sa chreat sin le treoirphrionsabal airgeadais phoiblí fhónta atá cumhdaithe in Airteagal 119(3) CFAE a neartú. I mí Aibreáin 2023, sheol an Coimisiún athchóiriú nua ar an gcreat dlíthiúil, lena dtógtar ar an bhforbairt atá á déanamh ar rialachas eacnamaíoch AE le deich mbliana anuas.

## A BHFUIL BAINTE AMACH

**A.** An Comhshocrú Cobhsaíochta agus Fáis

Le dlí Príomha an Aontais, soláthraítear an príomhbhunús dlíthiúil do CCF in Airteagal 121 (faireachas iltaobhach) agus Airteagal 126 (nós Imeachta um easnamh iomarcach) CFAE agus Prótacal Uimh. 12 maidir leis an nós imeachta um easnamh iomarcach. I ndlí tánaisteach an Aontais, leagtar amach ar bhealach níos mionsonraithe conas atá na rialacha agus na nósanna imeachta dá bhforáiltear in CFAE le cur chun feidhme. Tháinig an chéad Phacáiste Rialachais Eacnamaíoch ('Sé Phaca') i bhfeidhm an 13 Nollaig 2011, pacáiste lena n-athchóirítear agus lena leasaítear rialacha CCF. Sa CCF leasaithe, soláthraítear príomhionstraimí chun

faireachas a dhéanamh ar bheartais fhioscacha na mBallstát (géag choiscteach) agus chun easnaimh iomarcacha a cheartú (géag cheartaitheach). Ina fhoirm reatha, is iad na bearta seo a leanas atá in CCF:

— Rialachán (CE) Uimh. 1466/97 ón gComhairle an 7 Iúil 1997 maidir leis an bhfaireachas ar riochtaí buiséadacha a neartú agus le faireachas agus comhordú a dhéanamh ar na beartais eacnamaíocha, arna leasú le Rialachán (CE) Uimh. 1055/2005 ón gComhairle an 27 Meitheamh 2005 agus Rialachán (AE) Uimh. 1175/2011 an 16 Samhain 2011. Is é an rialachán seo an ghéag choiscteach;

— Rialachán (CE) Uimh. 1467/97 ón gComhairle an 7 Iúil 1997 maidir le dlús a chur le cur chun feidhme an nós imeachta um easnamh iomarcach agus soiléiriú a dhéanamh air, arna leasú le Rialachán (CE) Uimh. 1056/2005 ón gComhairle an 27 Meitheamh 2005 agus Rialachán (AE) Uimh. 1177/2011 ón gComhairle an 8 Samhain 2011. Is é an rialachán seo an ghéag cheartaitheach;

— Rialachán (AE) Uimh. 1173/2011 an 16 Samhain 2011 maidir le faireachas buiséadach a fhorfheidhmiú go héifeachtach sa limistéar euro.

Ina theannta sin, sa ‘Chód Iompair’, ar tuairim é ón gCoiste Eacnamaíoch agus Airgeadais (CEA) (Coiste na Comhairle um Ghnóthaí Eacnamaíocha agus Airgeadais (ECOFIN)), tá sonraíochtaí maidir le cur chun feidhme CCF agus soláthraítear ann treoirlínte maidir le formáid agus inneachar na gClár um Chobhsaíocht agus um Chóineasú (SCPanna). Cé go bhfuil an ‘Cód Iompair’ go foirmiúil faoi bhun leibhéal rialacháin, tá sé thar a bheith tábhachtach go praiticiúil toisc go sonraítear ann conas an CCF a chur chun feidhme. Sa nuashonrú is déanaí atá déanta air, arna chomhaontú ag CEA an 15 Bealtaine 2017, áirítear ann sonraíochtaí maidir le solúbthacht laistigh de na rialacha atá ann cheana de chuid CCF (trí chlásail infheistíochta agus athchóirithe struchtúracha mar a thugtar orthu agus trí mhaitrís lena sonraítear ‘dea-thréimhsí eacnamaíocha’ agus ‘drochthréimhsí eacnamaíocha’ laistigh den ghéag choiscteach agus lena sonraítear cad iad na hiarrachtaí um choigeartú fioscach is gá don staid thimthriallach agus don chóimheas fiachais ábhartha). Tá na sonraíochtaí sin bunaithe ar ‘sheasamh comhaontaithe maidir le solúbthacht laistigh de CCF’ de chuid CEA (mí na Samhna 2015), a d’fhormhuinigh Comhairle ECOFIN i mí Feabhra 2016. Ba í an teachtaireacht ón gCoimisiún dar teideal ‘*Making the best use of the flexibility within the existing rules of the Stability and Growth Pact*’ [An úsáid is fearr a bhaint as an tsolúbthacht laistigh de na rialacha atá ann cheana i gComhshocrú Cobhsaíochta agus Fáis] an 13 Eanáir 2015 an túsphointe don phlé. Thairis sin, sa leagan reatha den Chód Iompair, tá dhá thuairim ó CEA ann ó mhí na Samhna 2016, lena gcuirtear fócas níos láidre ar an tagarmharc caiteachais, agus leanann an táscaire cothromaíochta struchtúrach de bheith ina chuid fhíor-riachtanach den chreat um fhaireachas fioscach.

**1.** An ghéag choiscteach de CCF

Is é aidhm na géige coiscthí ná airgeadas fónta poiblí a áirithiú trí fhaireachas iltaobhach bunaithe ar Airteagal 121 CFAE, ar Rialachán leasaithe (CE) Uimh. 1466/97 agus ar Rialachán nua (AE) Uimh. 1173/2011.

Príomhchuspóir san fhaireachas agus sa treoir is ea an cuspóir buiséadach meántéarmach atá tír-shonrach (MTO). Ní mór do MTO gach tíre a bheith laistigh de raon -1 % de OTI agus d’iarmhéid nó de bharrachas, arna cheartú le haghaidh éifeachtaí timthriallacha agus le haghaidh bearta sealadacha aonuaire. Ní mór

athbhreithniú a dhéanamh ar an gcuspóir seo gach trí bliana, nó nuair a chuirtear athchóirithe struchtúracha móra chun feidhme a mbíonn tionchar acu ar an staid fhioscach. Is iad na huirlisí lárnacha i ngéag choisctheach CCF ná na SCPanna.

Cláir um Chobhsaíocht agus um Chóineasú (SCPanna)

Tíolacadh: Mar chuid den fhaireachas iltaobhach faoi Airteagal 121 CFAE, i mí Aibreáin gach bliain, ní mór do gach Ballstát clár cobhsaíochta (i gcás Bhallstáit an limistéir euro) nó clár um chóineasú (i gcás na mBallstát nach bhfuil sa limistéar euro) a thíolacadh chuig an gCoimisiún agus chuig an gComhairle. Ní mór a bheith san áireamh sa chlár cobhsaíochta, *inter alia*, an cuspóir meántéarmach, conair an choigeartaithe a ghabhann leis sin agus anailís ar chnámha an scéil, lena ndéanfar scrúdú ar éifeachtaí na n-athruithe sna príomhbhoinn tuisceana eacnamaíocha maidir leis an staid fhioscach. Is é an bonn le haghaidh na ríomhanna nach mór a bheith ann na cásanna macra-fhioscacha is dóichí (nó is stuama). Is é an Coimisiún a fhoilsíonn na cláir sin.

Measúnú: Déanann an Chomhairle, ar bhonn measúnú ón gCoimisiún agus ó CEA, scrúdú ar na cláir. Go háirithe, déantar iniúchadh ar an dul chun cinn a rinneadh chun an cuspóir meántéarmach a bhaint amach. Gné nua sa Chomhshocrú Cobhsaíochta agus Fáis leasaithe is ea an breithniú sainráite ar fhorbairt an chaiteachais sa mheasúnú.

Tuairim: Bunaithe ar mholadh ón gCoimisiún agus tar éis dul i gcomhairle le CEA, glacann an Chomhairle tuairim maidir leis na cláir. Ina tuairim, féadfaidh an Chomhairle a iarraidh ar na Ballstáit an clár a choigeartú. Is cuid dhílis í an tuairim de na moltaí tír-shonracha a ghlacann an Chomhairle ag deireadh gach Seimeastair Eorpaigh.

Faireachán: Déanann an Coimisiún agus an Chomhairle faireachán ar chur chun feidhme na SCPanna.

Luathrabhadh: I gcás mórdhiallais ó chonair an choigeartaithe chuig an gcuspóir meántéarmach, díríonn an Coimisiún foláireamh chuig an mBallstát lena mbaineann i gcomhréir le hAirteagal 121(4) CFAE (Airteagail 6 agus 10 de Rialachán leasaithe (CE) Uimh. 1466/97). Tugtar an foláireamh sin i bhfoirm moladh ón gComhairle lena n-iarrtar na coigeartuithe beartais is gá ón mBallstát lena mbaineann.

Smachtbhannaí: I gcás Bhallstáit sin an limistéir euro, déanann an Comhshocrú Cobhsaíochta agus Fáis leasaithe foráil freisin don fhéidearthacht smachtbhannaí a fhorchur i bhfoirm taisce úsmhar arb ionann é agus 0.2% de OTI na bliana roimhe sin. Déantar foráil freisin maidir le fíneálacha le haghaidh ionramháil sonraí fiachais nó easnaimh.

An Seimeastar Eorpach: Is cuid den Seimeastar Eorpach é na SCPanna a chur isteach agus measúnú a dhéanamh orthu, ar próiseas níos leithne é de chomhordú beartais eacnamaíoch laistigh den Aontas Eorpach agus a bhfuil géag choisctheach CCF san áireamh ann.

**2.** Géag choisctheach CCF

An nós imeachta um easnamh iomarcach (EDP)

Is é cuspóir an nós imeachta um easnamh iomarcach easnaimh iomarcacha a chosc agus a áirithiú go gceartófar go pras iad. Tá EDP faoi rialú ag Airteagal 126 de CFAE, ag Prótacal Uimh. 12 a ghabhann leis na Conarthaí, ag Rialachán leasaithe (CE) Uimh. 1467/97 agus ag Rialachán nua (AE) Uimh. 1173/2011.

I gcomhréir leis an CCF leasaithe, déanann an critéar easnaimh nó an critéar fiachais nós imeachta um easnamh iomarcach a spreagadh.

— Critéar easnaimh: meastar go bhfuil easnamh ginearálta rialtais iomarcach má tá sé níos airde ná luach tagartha 3% de OTI ar phraghsanna an mhargaidh;
— Critéar fiachais: go bhfuil an fiachas níos airde ná 60% de OTI agus nár baineadh amach an sprioc bhliantúil um laghdú fiachais d’aon fhichiú den fhiachas atá os cionn thairseach 60% le trí bliana roimhe sin.

Tá forálacha freisin sa rialachán leasaithe a shoiléiríonn cén uair, más rud é go bhfuil easnamh níos airde ná an luach tagartha luaite, go measfar é a bheith eisceachtúil (mar thoradh ar ócáid neamhghnách nó géarchor chun donais eacnamaíoch, etc.) nó sealadach (nuair a léiríonn réamhaisnéisí go dtitfidh an t-easnamh faoi bhun an luacha thagartha tar éis dheireadh na hócáide neamhghnáiche nó an chor chun donais).

Leagtar síos in Airteagail 126(3) go 126(6) CFAE an nós imeachta chun an t-easnamh iomarcach a mheas agus chun cinneadh a dhéanamh faoi. Ullmhaíonn an Coimisiún tuarascáil mura gcomhlíonann Ballstát, nó má tá baol ann nach gcomhlíonfaidh sé, ceann amháin ar a laghad den dá chritéar. Foirmíonn CEA tuairim maidir leis an tuarascáil sin. Má mheasann an Coimisiún easnamh iomarcach a bheith ina ócáid ar leith (nó ócáid a d’fhéadfadh a bheith ann), díríonn sé a thuairim chuig an mBallstát lena mbaineann agus cuireann sé an Chomhairle ar an eolas. Bunaithe ar thogra ón gCoimisiún, tá an cinneadh deiridh ag an gComhairle i dtaobh an bhfuil easnamh iomarcach ann (Airteagal 126(6) CFAE). Ina dhiaidh sin, bunaithe ar mholadh ón gCoimisiún, glacann sí moladh arna dhíriú chuig an mBallstát lena mbaineann (Airteagal 126(7) CFAE) chun a iarraidh go ndéanfar gníomhaíocht éifeachtach chun an t-easnamh a laghdú, agus spriocdháta nach faide ná 6 mhí á leagan síos aici. I gcás ina suífidh an Chomhairle nár glacadh an ghníomhaíocht sin, féadfar a moltaí a phoibliú, (Airteagal 126(8) CFAE). Tar éis mainneachtain leanúnach uaidh na moltaí a chomhlíonadh, féadfaidh an Chomhairle fógra a thabhairt don Bhallstát lena mbaineann bearta iomchuí a ghlacadh laistigh de thréimhse shonraithe (Airteagal 126(9) CFAE).

Smachtbhannaí: Déantar foráil sa nós imeachta um easnamh iomarcach freisin do smachtbhannaí i gcásanna neamhchomhlíonta (Airteagal 126(11) CFAE). Mar riail, is fíneáil é an smachtbhanna sin do Bhallstáit an limistéir euro, arb é atá ann comhpháirt sheasta (0.2% de OTI) agus comhpháirt athraitheach suas go dtí uasmhéid 0.5% de OTI don dá chomhpháirt le chéile).

Déantar foráil maidir le smachtbhannaí breise do Bhallstáit an limistéir euro i Rialachán Uimh. 1173/2011 maidir le faireachas buiséadach a fhorfheidhmiú go héifeachtach sa limistéar euro. Forchuirtear na smachtbhannaí ag céimeanna éagsúla den nós imeachta um easnamh iomarcach agus is é atá i gceist leis na smachtbhannaí taiscí neamhúsmhara agus fíneáil 0.2% de OTI na mblianta roimhe sin. Faoin rialachán céanna, déantar foráil freisin maidir le smachtbhannaí le haghaidh ionramháil staidrimh.

**3.** Clásal ginearálta éalaithe CCF

Mar gheall ar an ‘gcor chun donais eacnamaíoch leanúnach sa limistéar euro nó san Aontas ina iomláine’ mar thoradh ar ghéarchéim COVID-19, chuir an Chomhairle (ar bhonn togra ón gCoimisiún) clásal ginearálta éalaithe i ngníomh faoi CCF den chéad uair i Márta 2020, chun deis a thabhairt do na Ballstáit bearta éigeandála a ghlacadh

a mbeadh iarmhairtí móra buiséadacha acu. A luaithe a chuirfear an clásal i ngníomh, ceadaítear don Bhallstát faoin ngéag choisctheach imeacht go sealadach ó chonair an choigeartaithe i dtreo an chuspóra bhuiséadaigh mheántéarmaigh, ar choinníoll nach gcuirfear an inbhuanaitheacht fhioscach i mbaol leis sin sa mheántéarma. Má thagann Ballstát faoin ngné cheartaitheach, tugtar le tuiscint leis an gclásal go bhféadfaidh an Chomhairle cinneadh a dhéanamh, ar mholadh ón gCoimisiún, conair fhioscach athbhreithnithe a ghlacadh. I mbeagán focal, ní chuireann an clásal ginearálta éalaithe nósanna imeachta CCF ar fionraí, ach ceadaítear leis don Choimisiún agus don Chomhairle imeacht ó na ceanglais bhuiséadacha a bheadh i bhfeidhm de ghnáth. I mí an Mhárta 2021, ghlac an Coimisiún teachtaireacht dar teideal '*One year since the outbreak of COVID-19: fiscal policy response*' [Bliain amháin ó ráig COVID-19: freagairt don bheartas fioscach], lena n-áirítear, *inter alia*, an ráiteas seo a leanas: ba cheart an cinneadh faoin gclásal ginearálta éalaithe a dhíghníomhachtú nó leanúint leis do 2022 a ghlacadh mar mheasúnú foriomlán ar staid an gheilleagair bunaithe ar chritéir chainníochtúla. Is é an leibhéal aschuir san Aontas nó sa limistéar euro i gcomparáid leis an leibhéal a bhí ann roimh an ngéarchéim an príomhchritéar cainníochtúil. Thabharfadh na réamhthásca reatha le tuiscint gur cheart go leanfaí den chlásal ginearálta éalaithe a chur i bhfeidhm in 2022 agus é a dhíghníomhachtú amhail ó 2024.

**B.** An Comhshocrú Fioscach

Ag cruinniú na Comhairle Eorpaí i mí an Mhárta 2012, shínigh na Ballstáit go léir, seachas an Ríocht Aontaithe agus an tSeicia (níor shínigh an Chróit an Conradh sin ach oiread, roimh a aontachas don Aontas ná ina dhiadh an 1 Iúil 2013), TSCG, arb é an Comhshocrú Fioscach a chomhpháirt fhioscach. Déantar foráil sa Chomhshocrú Fioscach do 'riail órga' an bhuiséid chomhardaithe ag a bhfuil teorainn íosta d'easnamh struchtúrach 0.5 % de OTI (má tá an fiachas poiblí níos ísle ná 60 % de OTI, socrófar an teorainn íosta seo ag 1 % de OTI) a bheidh le cumhdach sa dlí náisiúnta, de rogha ar an leibhéal bunreachtúil (an 'coscán fiachais'). Féadfaidh na Ballstáit imeachtaí a thionscnamh i gcoinne Ballstáit eile os comhair Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh i gcás nach bhfuil an riail sin curtha chun feidhme go cuí. Áirítear ar na forálacha breise, *inter alia*, an sásra ceartúcháin a spreagadh go huathoibríoch agus rialacha forfheidhmithe do thíortha faoin nós imeachta um easnamh iomarcach. Ina theannta sin, ní thabharfar cúnamh airgeadais ón Sásra Cobhsaíochta Eorpach ach amháin do na Ballstáit a shínigh an Comhshocrú Fioscach.

**C.** Athchóirithe breise lena neartaítear rialachas eacnamaíoch sa limistéar euro.

Áirítear ar athchóirithe 2011-2013 ar rialachas eacnamaíoch an Aontais agus ar chreat na mbeartas fioscach, sa bhreis ar rialacha CCF athbhreithnithe agus an TSCG idir-rialtasach, 2 rialachán arb é is aidhm dóibh neartú breise a dhéanamh ar an rialachas eacnamaíoch sa limistéar euro (an 'Dé-Phaca'):

— Rialachán (AE) Uimh. 473/2013 an 21 Bealtaine 2013 maidir le forálacha coiteanna le haghaidh faireacháin agus measúnaithe ar dhréachtphleananna buiséadacha agus lena n-áirithítear easnamh iomarcach na mBallstát sa limistéar euro a cheartú; agus

— Rialachán (AE) Uimh. 472/2013 an 21 Bealtaine 2013 maidir le neartú ar an bhfaireachas eacnamaíoch agus buiséadach ar Bhallstáit sa limistéar euro a bhfuil deacrachtaí tromchúiseacha acu nó a bhfuil deacrachtaí tromchúiseacha ag bagairt orthu i ndáil lena gcobhsaíocht airgeadais.

Is iad príomhghnéithe an chéad rialacháin foráil a dhéanamh maidir le hamlínte buiséadacha comhchoiteann do na Ballstáit go léir sa limistéar euro, agus do na rialacha maidir le faireachán agus measúnú a bheith á ndéanamh ag an gCoimisiún ar phleananna buiséadacha na mBallstát. I gcásanna ina mbeidh na rialacha CCF á neamh-chomhlíonadh go tromchúiseach, féadfaidh an Coimisiún a iarraidh go ndéanfar na pleananna a athbhreithniú. Ina theannta sin, foráiltear sa rialachán freisin, nach mór do Bhallstáit an limistéir euro atá faoi réir nós imeachta um easnamh iomarcach clár comhpháirtíochta eacnamaíochta a thíolacadh lena sonrófar na bearta beartais agus na hathchóirithe struchtúracha is gá chun ceartú éifeachtach buan an easnaimh iomarcaigh a áirithiú. Déanann an Chomhairle, ag gníomhú di ar thogra ón gCoimisiún, tuairimí maidir leis na cláir chomhpháirtíochta eacnamaíochta a ghlacadh.

Baineann an dara rialachán le Ballstáit atá faoi ghreim nó faoi bhagairt deacrachtaí tromchúiseacha i ndáil lena gcobhsaíocht airgeadais. Leagtar amach ann na rialacha le haghaidh faireachas feabhsaithe, cúnamh airgeadais agus faireachas iarchláir (fad is nach ndearnadh aisíoc ar 75 % ar a laghad den chúnamh airgeadais a fuarthas).

**D.** Athbhreithnithe ar an reachtaíocht is tábhachtaí

I gcomhréir leis na Rialacháin 'Sé-Phaca' agus 'Dé-Phaca', d'fhoilsigh an Coimisiún teachtaireacht dar teideal '*Economic governance review*' [Athbhreithniú ar rialachas eacnamaíoch] i mí Feabhra 2020. Ba é cuspóir na teachtaireachta seo díospóireacht phoiblí a thosú maidir lena mhéid a bhí na heilimintí éagsúla faireachais, a tugadh isteach nó a leasaíodh le hathchóirithe 2011 agus 2013, éifeachtach chun a bpríomhchuspóirí a bhaint amach.

An 19 Deireadh Fómhair 2021, thíolaic an Coimisiún teachtaireacht lenar athsheoladh an díospóireacht phoiblí maidir leis an athbhreithniú ar chreat rialachais eacnamaíoch an Aontais, agus an t-athrú atá tagtha ar na cúinsí tar éis ghéarchéim COVID-19 á chur san áireamh. D'fhoilsigh an Coimisiún toradh an chomhairliúcháin phoiblí i mí an Mhárta 2022.

An 9 Samhain 2022, leag an Coimisiún amach ar deireadh i dteachtaireacht uaidh a threoshuímh maidir le creat rialachais eacnamaíoch an Aontais a athchóiriú, lena dtabharfaí aghaidh ar na príomh-saincheisteanna eacnamaíocha agus beartais lena múnlófar comhordú agus faireachas an Aontais ar bheartas eacnamaíoch don chéad deich mbliana eile. Tá sé beartaithe ag an gCoimisiún bogadh i dtreo creat faireachais rioscabhunaithe de chuid an Aontais lena ndéantar idirdhealú idir tíortha trína ndúshláin fiachais phoiblí a chur san áireamh, i.e. rioscaí maidir le hinbhuanaitheacht fiachais. Is cloch choirnéil den chreat atá beartaithe ag an gCoimisiún iad na pleananna fioscacha struchtúrtha meántéarmacha náisiúnta. Dhéanfaí cuspóirí fioscacha, athchóirithe agus infheistíochta, lena n-áirítear na cuspóirí sin lena ndéanfaí aghaidh a thabhairt ar mhíchothromaíochtaí maicreacnamaíocha i gcás inar gá, a chomhtháthú leo i bplean aonair meántéarmach iomlánaíoch, rud a chruthódh próiseas comhleanúnach cuíchóirithe (mar thoradh air sin). D'fheidhmeodh táscaire oibríochtúil aonair – glanchaiteachas príomha, i.e. an caiteachas atá faoi rialú rialtais – mar bhonn chun conair an choigeartaithe fhioscaigh a chur ar bun agus chun faireachas fioscach bliantúil a dhéanamh. Cheanglófaí ar na Ballstáit pleananna fioscacha struchtúracha meántéarmacha náisiúnta a chur i láthair a bheadh curtha in oiriúint dá gcúinsí náisiúnta. Chumhdófaí sna pleananna sin tréimhse 4 bliana, ar tréimhse í a mbeadh ar a n-airgeadas poiblí cloí le conair laghdaithe fiachais iomarcaigh rialtais de réir a chéile, ach atá leanúnach, nó, i gcás tíortha a bhfuil fiachas íseal acu, beartas

fioscach stuama a choinneáil. D'fhéadfadh Ballstát iarratas a dhéanamh ar chonair níos solúbtha trína phlean fioscach struchtúrach meántéarmach náisiúnta a shíneadh go 7 mbliana ar a mhéad. Mar mhalairt air sin, bheadh air gealltanas a thabhairt tuilleadh athchóirithe agus infheistíochtaí a dhéanamh. Maidir leis an struchtúr rialachais, níor mhór na pleananna sin a chomhaontú leis an gCoimisiún agus a fhormheas ag an gComhairle, cosúil leis na pleananna náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta faoi *NextGenerationEU*.

Mar thúsphointe, thíolacfadh an Coimisiún conair tagartha coigeartaithe fhioscaigh do gach Ballstát bunaithe ar chreat arna chomhaontú go comhchoiteann, lena gcumhdófaí tréimhse 4 bliana, bunaithe ar a mhodheolaíocht anailíse ar inbhuanaitheacht fiachais.

Dhéanfaí idirdhealú de réir leibhéal an fhiachais phoiblí i dtír:

— I gcás tíortha ina bhfuil leibhéil mheasartha nó arda fiachais phoiblí, mholfadh an Coimisiún conair choigeartaithe ilbhliantúil i dtéarmaí glanchaiteachais phoiblí lena gcumhdófaí 4 bliana;

— I gcás Ballstáit a bhfuil dúshlán suntasach fiachais phoiblí acu, bheadh orthu a gcoigeartú buiséadach a thabhairt chun críche thar shaolré a bplean;

— I gcás Ballstáit a bhfuil 'dúshlán measartha fiachais phoiblí' acu, bheadh orthu a gcoigeartú a thabhairt chun críche 3 bliana ar a dhéanaí tar éis shaolré a bplean.

I gcás cor chun donais gan choinne sa staid mhaicreacnamaíoch, mhol an Coimisiún clásal ginearálta éalaithe a thabhairt isteach a bhaineann go sonrach le gach Ballstát. Bheadh sé sin sa bhreis ar chlásal ginearálta éalaithe an Chomhshocraithe Cobhsaíochta agus Fáis, a gníomhachtaíodh ag tús ráig na paindéime in earrach 2020 agus a bhí gníomhach go dtí deireadh 2023. Dá ndéanfaí an clásal sin a ghníomhachtú, cheadófaí do Bhallstát a mbeadh cúinsí eisceachtúla ag bagairt air, ar cúinsí iad nach bhfuil neart aige orthu, imeacht ón gconair chomhaontaithe.

Chun iarracht a dhéanamh feabhas a chur ar fhorfheidhmiú fhorálacha an chreata, tá sé beartaithe ag an gCoimisiún freisin oscailt EDP bunaithe ar fhiachas a dhéanamh níos uathoibríche agus athbhreithniú a dhéanamh ar an gcóras smachtbhannaí is infheidhme.

An 26 Aibreán 2023, thíolaic an Coimisiún a thograí reachtacha le haghaidh athchóiriú rialachas eacnamaíoch an Aontais, atá bunaithe den chuid is mó ar na prionsabail a leagtar amach i dteachtaireacht ón gCoimisiún an 9 Samhain 2022. Is é is aidhm do na noirm athchóirithe úinéireacht pholaitiúil a mhéadú, rialacha fioscacha a shimpliú, infheistíochtaí a éascú do thosaíochtaí an Aontais agus forfheidhmiú éifeachtach a chur chun cinn. Leis an struchtúr nua rialachais atá beartaithe ag an gCoimisiún, féachtar le hinbhuanaitheacht an airgeadais phoiblí a thabhairt chun réitigh leis an bhfás inbhuanaithe cuimsitheach, go háirithe i bhfianaise an aistrithe ghlais agus an aistrithe dhigitigh.

## RÓL PHARLAIMINT NA HEORPA

Is comhreachtóir í Parlaimint na hEorpa maidir le rialacha mionsonraithe a leagan síos le haghaidh faireachas iltaobhach (Airteagal 121(6) CFAE) agus téitear i gcomhairle léi maidir le reachtaíocht tháinisteach lena gcuirtear EDP chun feidhme (Airteagal 126(14) CFAE). Tá ionstraim nua sa CCF leasaithe, an tIdirphlé Eacnamaíoch, a thugann ról suntasach don Pharlaimint sa chreat beartais fhioscaigh reatha sa mhéid go bhfuil coiste inniúil na Parlaiminte i dteideal dá barr a iarraidh ar Uachtarán na Comhairle,

ar an gCoimisiúin, ar Uachtarán na Comhairle Eorpaí, ar Uachtarán an Ghrúpa Euro, agus más iomchuí, ar Bhallstát, malairt tuairimí a dhéanamh. Coinnítear an Pharlaimint ar an eolas go rialta freisin faoi chur i bhfeidhm na rialachán. Ina theannta sin, ní mór athnuachan a dhéanamh ar chumhachtaí an Choimisiúin ceanglais bhreise tuairiscithe a fhorchur faoi chuimsiú an rialacháin nua maidir le faireachán agus measúnú a dhéanamh ar dhréachtphleananna buiséadacha, agus maidir lena áirithiú go gceartófar easnamh iomarcach na mBallstát sa limistéar euro, a athnuachan gach 3 bliana anois, agus beidh an Pharlaimint nó an Chomhairle in ann na cumhachtaí sin a chúlghairm.

Samuel De Lemos Peixoto / GIACOMO LOI
10/2023

# 2.6.7. FAIREACHAS MAICREACNAMAÍOCH

Le deich mbliana anuas, tá AE buailte ag míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha móra (lenar géaraíodh éifeachtaí diúltacha na géarchéime airgeadais a thosaigh in 2008), mar aon le difríochtaí tromchúiseacha maidir le hiomaíochas (lenar cuireadh cosc ar úsáid éifeachtach na mbeart chomhbheartais airgeadaíochta). In 2011, chuir AE an Nós Imeachta um Míchothromaíochtaí Maicreacnamaíocha (MIP) ar bun – nós imeachta faireachais agus forfheidhmithe arb é is aidhm leis sainaithint luath agus ceartú luath na míchothromaíochtaí sin a éascú sna Ballstáit, agus aird ar leith á tabhairt ar mhíchothromaíochtaí a bhféadfadh éifeachtaí iarmharta a bheith acu ar Bhallstáit eile.

## BUNÚS DLÍ

— Airteagal 3 den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE);

— Airteagal 119, Airteagal 121 agus Airteagal 136 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE).

## CUSPÓIRÍ

Is sásra faireachais agus forfheidhmithe é an Nós Imeachta um Míchothromaíochtaí Maicreacnamaíocha (MIP) agus tá sé mar aidhm leis cosc a chur ar mhíchothromaíochtaí maicreacnamaíocha in AE. Tá an faireachas a dhéantar ina chuid den Seimeastar Eorpach um chomhordú an bheartais eacnamaíoch (2.6.4).

Braitheann an faireachas sin ar:

1. Tuarascáil maidir leis an sásra foláirimh (AMR), a ullmhaíonn an Coimisiún agus a bhunaítear ar scórchlár táscairí agus tairseach. Tagraíonn táscairí an scórchláir do mhíchothromaíochtaí seachtracha (cuntais reatha, staid ghlan infheistíochta idirnáisiúnta, fíor-ráta malairte glan, athruithe i scaireanna onnmhairíochta, costais aonad saothair) agus do mhíchothromaíochtaí inmheánacha (praghsanna tithíochta, sreabhadh an chreidmheasa san earnáil phríobháideach, an fiachas san earnáil phríobháideach, fiachas poiblí, ráta dífhostaíochta agus athruithe ar dhliteanais san earnáil airgeadais, chomh maith le táscairí eile a bhaineann le fostaíocht agus dífhostaíocht). Baineann gach táscaire le tairseach lena dtugtar le fios go bhféadfadh fadhb áirithe teacht chun cinn; déantar idirdhealú idir roinnt tairseach maidir le Ballstáit atá sa limistéar euro agus Ballstáit nach bhfuil sa limistéar euro. Más rud é go sáraíonn Ballstát roinnt tairseach, déanann an Coimisiún grinn-athbhreithniú, i.e. tuilleadh anailís eacnamaíoch lena mbeartaítear cinneadh a dhéanamh i dtaobh an bhféadfadh míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha teacht chun cinn, nó an bhfuil siad ann cheana, agus an ndearnadh na míchothromaíochtaí a bhí ann cheana a cheartú;
2. Moltaí coisctheacha. Más rud é go suíonn an Coimisiún, bunaithe ar thorthaí an ghrinn-athbhreithnithe, gur ann do mhíchothromaíochtaí maicreacnamaíocha, ní mór dó an méid sin a chur in iúl don Pharlaimint, don Chomhairle agus don Ghrúpa Euro. Féadfaidh an Chomhairle, ar mholadh ón gCoimisiún, na moltaí is gá a chur faoi bhráid an Bhallstáit lena mbaineann, i gcomhréir leis an nós imeachta a

leagtar amach in Airteagal 121(2) CFAE. Tá na moltaí coisctheacha sin faoin Nós Imeachta um Míchothromaíochtaí Maicreacnamaíocha mar chuid de na mholtaí tírshonracha a dhíríonn an Chomhairle ar gach Ballstát i mí Iúil gach bliain mar chuid den Seimeastar Eorpach;

3. Moltaí ceartaitheacha faoin Nós Imeachta um Míchothromaíochtaí Iomarcacha (EIP). Más rud é go suíonn an Coimisiún, bunaithe ar an ngrinn-athbhreithniú, go ndéanann míchothromaíochtaí iomarcacha difear don Bhallstát lena mbaineann, ní mór dó an méid sin a chur in iúl don Pharlaimint, don Chomhairle, don Ghrúpa Euro, do na húdaráis maoirseachta Eorpacha ábhartha agus don Bhord Eorpach um Riosca Sistéamach (BERS). Féadfaidh an Chomhairle, ar mholadh ón gCoimisiún, i gcomhréir le hAirteagal 121(4) CFAE, moladh a ghlacadh lena suífear gur ann do mhíchothromaíocht iomarcach agus lena molfar don Bhallstát lena mbaineann gníomhaíocht cheartaitheach a dhéanamh. Sa mholadh ón gComhairle, ní mór cineál agus impleachtaí na míchothromaíochtaí a leagan amach agus sraith moltaí beartais atá le comhlíonadh a shonrú agus spriocdháta a shonrú faoina gcaithfidh an Ballstát lena mbaineann plean gníomhaíochta ceartaithí a thíolacadh;
4. Pleananna gníomhaíochta ceartaitheacha. Ní mór don Bhallstát, a n-osclaítear EIP ina leith, plean gníomhaíochta ceartaithí a thíolacadh laistigh den spriocdháta atá sonraithe sa mholadh ón gComhairle. Ní mór don Chomhairle, ar bhonn tuarascáil ón gCoimisiún, measúnú a dhéanamh ar an bplean gníomhaíochta ceartaithí laistigh de dhá mhí tar éis an plean sin a bheith tíolactha;
5. Measúnú a dhéanamh ar ghníomhaíocht cheartaitheach. Bunaithe ar thuarascáil ón gCoimisiún, ní mór don Chomhairle measúnú a dhéanamh cibé acu an ndearna an Ballstát lena mbaineann an ghníomhaíocht cheartaitheach a moladh nó nach ndearna. I gcás ina measann an Chomhairle nach ndearna an Ballstát an ghníomhaíocht sin, ní mór di, ar mholadh ón gCoimisiún, cinneadh a ghlacadh (bunaithe ar vótáil trí thromlach cáilithe aisiompaithe (RQMV)) lena suífear neamhchomhlíonadh, mar aon le moladh lena socrófar spriocdhátaí nua chun gníomhaíocht cheartaitheach a dhéanamh;
6. Smachtbhanna airgeadais ionchasacha. D’fhéadfadh Ballstáit sa limistéir euro nach gcloíonn leis na moltaí faoi EIP a bheith faoi réir smachtbhannaí grádaithe, ó thaisce úsmhar go fíneálacha bliantúla. Ba cheart gurbh ionann an taisce úsmhar nó an fhíneáil agus 0.1 % den OTI náisiúnta.

Déanann an togra chun Rialachán (CE) Uimh. 1466/97 maidir leis an bhfaireachas ar riochtaí buiséadacha, agus an faireachas ar bheartais eacnamaíocha agus a gcomhordú, a neartú, arna fhoilsiú ag an gCoimisiún an 26 Aibreán 2023, a ionadú idirghníomhú le Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Samhain 2011 maidir le míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha a chosc agus a cheartú sa chaoi go bhféadfaidh an Chomhairle moladh a ghlacadh lena suitear gur ann do mhíchothromaíocht iomarcach i gcás ina mainníonn Ballstát na gealltanais athchóiriúcháin agus infheistíochta a áirítear ina phlean struchtúrach buiséadach meántéarmach a chur chun feidhme chun aghaidh a thabhairt ar na moltaí tírshonracha atá ábhartha don Nós Imeachta um Míchothromaíochtaí Maicreacnamaíocha. Thairis sin, má tá Ballstát faoi Nós Imeachta um Míchothromaíochtaí Iomarcacha, caithfidh sé plean fioscach struchtúrtha meántéarmach athbhreithnithe a chur isteach faoin rialachán atá

beartaithe a fheidhmeoidh mar phlean gníomhaíochta ceartaithí faoi Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011.

## A BHFUIL BAINTE AMACH

Ó bunaíodh MIP in 2012, tá na hathruithe seo a leanas tagtha ar líon na mBallstát lena mbaineann an méid seo a leanas:

- Iad siúd ar measadh go raibh míchothromaíochtaí ag baint leo: Mhéadaigh a líon ó 12 go 16 idir 2012 agus 2015, ach thit sé go 11 in 2018, go 10 in 2019, go 9 in 2020 agus in 2021, agus go 7 in 2022 sular mhéadaigh sé go 9 in 2023;
- Iad siúd a measadh go raibh míchothromaíochtaí iomarcacha ag baint leo: Mhéadaigh a líon ó 0 go 6 idir 2012 agus 2017, ach thit sé ansin go 3 in 2018, líon a d'fhan gan athrú ó 2019 go 2022, sular laghdaigh sé go 2 in 2023.

Níl sé molta go fóill ag an gCoimisiún an Nós Imeachta um Míchothromaíochtaí Iomarcacha a thionscnamh, d'ainneoin gur iarr an Chomhairle agus an Banc Ceannais Eorpach go mbainfí leas as an nós imeachta a mhéid is féidir, agus an ghné cheartaitheach á cur i bhfeidhm i gcás inarb iomchuí.

Tá na tíortha ar fad ag a bhfuil míchothromaíochtaí faoi réir faireachán sonrach, atá níos déine do thíortha ag a bhfuil míchothromaíochtaí iomarcacha, agus baineann idirphlé leis na húdaráis náisiúnta, cuairteanna ó shaineolaithe agus tuarascálacha rialta ar dhul chun cinn leis an bhfaireachán sin. Ba cheart go gcabhródh an méid sin le faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme na moltaí tírshonracha sna Ballstáit lena mbaineann.

Má mheastar go bhfuil Ballstát i mbaol míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha, is féidir an Nós Imeachta um Míchothromaíochtaí Maicreacnamaíocha a bheith mar bhonn taca ag roinnt nó gach ceann de na moltaí tírshonracha arna nglacadh ag an gComhairle i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh. Thar na blianta, tá méadú tagtha ar líon na moltaí sin ach ní hamhlaidh atá an cás maidir le leibhéal a gcur chun feidhme.

## RÓL PHARLAIMINT NA HEORPA

Le teacht i bhfeidhm Chonradh Liospóin, rinneadh comhreachtóir den Pharlaimint i gcomhair rialacha mionsonraithe maidir le faireachas iltaobhach a leagan síos (Airteagal 121(6) CFAE).

Leis na gníomhartha reachtacha a bhaineann le faireachas maicreacnamaíoch, déantar foráil don idirphlé eacnamaíoch. Chun an t-idirphlé idir institiúidí an Aontais a fheabhsú – go háirithe an Pharlaimint, an Chomhairle agus an Coimisiún – agus chun tuilleadh trédhearcachta agus cuntasachta a áirithiú, féadfaidh coiste inniúil na Parlaiminte a iarraidh ar Uachtarán na Comhairle, ar an gCoimisiún, ar Uachtarán na Comhairle Eorpaí agus/nó ar Uachtarán an Ghrúpa Euro a gcinntí a phlé nó a ngníomhachtaí laistigh den Seimeastar Eorpach a thíolacadh. Mar chuid den idirphlé sin, féadfaidh an Pharlaimint deis a chur ar fáil páirt a ghlacadh i malartú tuairimí le Ballstát atá faoi réir moladh ón gComhairle faoin Nós Imeachta um Míchothromaíochtaí Iomarcacha.

I ndeireadh an fhómhair, tugann an Pharlaimint a tuairim maidir le timthriall an tSeimeastair Eorpaigh atá ar bun faoi láthair (lena n-áirítear na moltaí tírshonracha arna nglacadh ag an gComhairle), agus déanann sí torthaí cruinnithe chomhpháirtigh le hionadaithe choistí inniúla na bparlaimintí náisiúnta a chur san áireamh freisin.

Faoin Nós Imeachta um Míchothromaíochtaí Maicreacnamaíocha, comhoibríonn an Coimisiún leis an bParlaimint agus leis an gComhairle chun na táscairí maicreacnamaíocha a shainiú a chuirfear san áireamh sa scórchlár a úsáidfear chun faireachán a dhéanamh ar mhíchothromaíochtaí maicreacnamaíocha a d'fhéadfadh a bheith ann sna Ballstáit. I mí Feabhra 2020, sheol an Coimisiún athbhreithniú ar chreat rialachais eacnamaíoch AE, lena n-áirítear meastóireacht ar éifeachtacht na rialachán maidir leis an Nós Imeachta um Míchothromaíochtaí Maicreacnamaíocha agus an dul chun cinn atá déanta i dtreo comhordú níos dlúithe ar bheartais eacnamaíocha agus i dtreo chóineasú leanúnach fheidhmíocht eacnamaíoch na mBallstát.

Déanann an Pharlaimint rannpháirtíocht na bparlaimintí náisiúnta a chur chun cinn trí chruinnithe bliantúla le comhaltaí choistí ábhartha na bparlaimintí sin. Thairis sin, agus i gcomhréir leis na socruithe dlíthiúla agus polaitiúla i ngach Ballstát, ba cheart go mbeadh na parlaimintí náisiúnta rannpháirteach mar is cuí sa Seimeastar Eorpach agus in ullmhú na gclár cobhsaíochta, na gclár um chóineasú agus na gclár athchóirithe náisiúnta chun trédhearcacht na gcinntí a ghlactar agus an tiomantas do na cinntí sin mar aon leis an gcuntasacht ina leith, a mhéadú.

Samuel De Lemos Peixoto / MAJA SABOL
10/2023

# 2.6.8. CÚNAMH AIRGEADAIS DO BHALLSTÁIT AE

Tá sásraí cúnaimh airgeadais Eorpacha dírithe ar chobhsaíocht airgeadais AE agus an limistéir euro a chaomhnú, de bharr go bhféadfadh tionchar substainteach a bheith ag anás airgeadais i mBallstát amháin ar chobhsaíocht mhacra-airgeadais i mBallstáit eile. Tá nasc idir cúnamh airgeadais agus coinníollacht mhaicreacnamaíoch (is iasacht é seachas aistriú fioscach), chun a áirithiú go ndéanann Ballstáit a fhaigheann cúnamh den sórt sin na hathchóirithe fioscacha, eacnamaíocha, struchtúrtha agus maoirseachta a chur i bhfeidhm. Tá na hathchóirithe comhaontaithe agus leagtha amach i ndoiciméid ar leith (meabhráin tuisceana) a fhoilsítear ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin, agus, nuair is ábhartha, ar shuíomh gréasáin an tSásra Cobhsaíochta Eorpach. Mar chuid de fhreagairt an Aontais ar ghéarchéim COVID-19, cuireadh roinnt ionstraimí airgeadais breise ar aghaidh chun cabhrú leis na Ballstáit téarnamh agus a ngeilleagair a dhéanamh níos athléimní.

## PRÍOMHCHREAT DLÍTHIÚIL

- Airteagal 3 den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE);
- Airteagail 2-5, Airteagail 119-144 agus Airteagail 282-284 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE);
- Tá Prótacal 4, 12, 13 agus Prótacal 14 i gceangal le CFAE.

## CUSPÓIRÍ

Déantar sásraí um sholáthar cúnaimh airgeadais do na Ballstáit a cheapadh chun cobhsaíocht airgeadais AE agus an limistéir euro a chaomhnú. Is buneilimintí iad de chreat níos láidre eacnamaíoch agus rialachais don Aontas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta (2.6.4).

## A BHFUIL BAINTE AMACH

**A.** I mí na Bealtaine, chuir Ballstáit AE sásra cobhsaíochta sealadach ar bun chun a gcobhsaíocht airgeadais a chaomhnú i gcomhthéacs ghéarchéim an fhiachais cheannasaigh. Tá an dá chlár iasachta seo a leanas ann:

**1.** An Sásra Eorpach um Chobhsaíocht Airgeadais (EFSM)

Faoi EFSM, ceadaítear don Choimisiún suas le EUR 60 milliún ina iomláine a fháil ar iasacht sna margaí iasachta thar ceann an Aontais faoi ráthaíocht bhuiséadach intuigthe AE. Is féidir cúnamh a thabhairt do Bhallstáit uile AE faoi EFSM.

Cuireadh an sásra seo i ngníomh d'Éirinn, don Phortaingéil agus don Ghréig (mar mhaoiniú idirlinne).

Ó bunaíodh an Sásra Cobhsaíochta Eorpach (SCE), tá EFSM fós i bhfeidhm chun aghaidh a thabhairt, go háirithe, ar staideanna eisceachtúla ina n-éilítear go n-úsáidtear é de bharr cúiseanna praiticiúla, nós imeachta nó airgeadais, go ginearálta roimh chúnamh SCE nó ina theannta.

**2.** An tSaoráid Eorpach um Chobhsaíocht Airgeadais (EFSF)

Bhunaigh Ballstáit an limistéir euro an EFSF mar shásra sealadach, ar sásra é a bhfuil acmhainn iasachtaithe éifeachtach foriomlán de EUR 440 billiún aige. Déantar iasachtaí a mhaoiniú trí bhannaí EFSF agus ionstraimí fiachais eile ar mhargaí caipitil agus is iad na scairshealbhóirí a ráthaíonn iad (Ballstáit an limistéir euro).

Cuireadh an tsaoráid sin i ngníomh d'Éirinn, don Phortaingéil agus don Ghréig. Ó bhunú SCE, ní chuirtear aon chúnamh airgeadais breise ar fáil faoi EFSF.

**B.** I mí Dheireadh Fómhair 2012, rinneadh an Sásra Cobhsaíochta Eorpach (SCE), ar sásra tacaíochta buan é, a bhunú le conradh idir-rialtasach (i.e. lasmuigh de chreat dlíthiúil AE).

Is é SCE an t-aon ionstraim bhuan atá ann a bhaineann le cúnamh airgeadais a thabhairt do Bhallstáit an limistéir euro. Tá acmhainn iasachtaithe éifeachtach de EUR 500 billiún aige. Déantar iasachtaí a mhaoiniú trí iasachtaí SCE ar mhargaí caipitil agus is iad na scairshealbhóirí a ráthaíonn iad (Ballstáit an limistéir euro).

Tá cúnamh tugtha ag SCE don Spáinn, don Chipir, agus don Ghréig. Rinne an Coimisiún agus SCE nósanna imeachta mionsonraithe a bhunú dá gcaidreamh oibre maidir le cúnamh a sholáthar do Bhallstáit an limistéir euro.

Tairgeann an SCE cúnamh airgeadais trí ionstraimí éagsúla iasachtaithe. Mar chuid de fhreagairt an Aontais ar ghéarchéim COVID-19, tháinig Ballstáit an limistéir euro ar chomhaontú maidir le hionstraim shealadach nua – an ionstraim Tacaíochta do Ghéarchéim na Paindéime.

I mí na Samhna 2020, tháinig Ballstáit an limistéir euro ar chomhaontú maidir le hathchóiriú ar Chonradh SCE d'fhonn a mbosca uirlisí agus a sainordú a neartú. I measc na bpríomhathruithe tá bunú an chúlstop choitinn don Chiste Réitigh Aonair (SRF) mar líontán sábhála le haghaidh réiteach banc, ról níos láidre i gcláir cúnaimh airgeadais a shainiú agus faireachán a dhéanamh orthu chomh maith le hionstraimí breise chun inbhuanaitheacht fiachais a chur chun cinn. Tá an Conradh arna leasú fós le daingniú faoi láthair san Iodáil sula bhféadfaidh sé teacht i bhfeidhm.

**C.** An 6 Nollaig 2017, mhol an Coimisiún go n-athrófaí SCE ina Chiste Airgeadaíochta Eorpach (CAE).

Bheadh an comhlacht nua sin fódaithe laistigh de chreat dlíthiúil AE, agus san am céanna chaomhnófaí struchtúir airgeadais agus institiúideacha SCE. Sa bhreis air sin, dhéanfadh SCE an cúlstad coiteann i gcomhair an Chiste Réitigh Aonair (CRA) a chur ar fáil mar chuid den Aontas Baincéireachta. I mí an Mhárta 2019, ghlac an Pharlaimint rún maidir leis an togra ón gCoimisiún. I mí na Bealtaine 2013, tháinig an 'Dé-Phaca' i bhfeidhm, rud atá déanta de dhá Rialachán AE ((AE) Uimh 472/2013 agus (AE) Uimh 473/2013) is infheidhme do Bhallstáit arb é an euro a n-airgeadra. Tá sé ar cheann de bhunchlocha chreat eacnamaíoch agus rialachais atá níos láidre laistigh de AEA.

Go háirithe, le Rialachán (AE) Uimh. 472/2013 neartaítear nósanna imeachta faireacháin agus faireachais do Bhallstáit áirithe a bhfuil deacrachtaí tromchúiseacha acu nó a bhfuil deacrachtaí tromchúiseacha ag bagairt orthu i ndáil lena gcobhsaíocht airgeadais nó le hinbhuanaitheacht a n-airgeadais phoiblí.

Faoin Rialachán sin, féadfaidh an Coimisiún a chinneadh Ballstát a chur faoi fhaireachas feabhsaithe má tá an chosúlacht air go mbeidh éifeachtaí iarmharta ag a

dheacrachtaí cobhsaíochta airgeadais ar an gcuid eile den limistéar euro. Ní mór don Bhallstát a iarrann cúnamh airgeadais dréachtchlár coigeartaithe maicreacnamaíoch a ullmhú i gcomhaontú leis an gCoimisiún (agus é ag comhoibriú le BCE agus, i gcás inarb iomchuí, le CAI).

Dá bhrí sin, tá nasc idir soláthar cúnaimh airgeadais agus coinníollacht mhaicreacnamaíoch – tacar beart a bhfuil sé mar aidhm leo aghaidh a thabhairt ar fhoinsí éagobhsaíochta. Áirithítear leis sin go ndéanann Ballstáit a fhaigheann cúnamh den sórt sin na hathchóirithe fioscacha, eacnamaíocha, struchtúrtha agus maoirseachta a chur i bhfeidhm.

Déantar cúnamh airgeadais a eisíoc i dtráinsí agus dá bhrí sin, féadfar é a chur ar fionraí mura gcomhlíonann an Ballstát is tairbhí na hoibleagáidí a shainítear sa chlár coigeartaithe.

**D.** An tsaoráid faoi chomhair chomhardú na n-íocaíochtaí

Ó mhí Feabhra 2002, tá an tsaoráid faoi chomhair chomhardú na n-íocaíochtaí (BoP) ar fáil do na Ballstáit nach bhfuil sa limistéar euro ach a bhfuil srianta airgeadais seachtracha acu nó a bhfuil srianta airgeadais seachtracha ag bagairt orthu.

Is gnách go mbíonn na hiasachtaí i bhfoirm cúnamh airgeadais meántéarmach, i gcomhar le CAI de ghnáth. Braitheann cúnamh airgeadais ar chur chun feidhme na mbeartas atá ceaptha aghaidh a thabhairt ar bhunfhadhbanna eacnamaíocha. Rinneadh cúnamh airgeadais faoi chomhair chomhardú na n-íocaíochtaí a dheonú don Ungáir, don Rómáin agus don Laitvia.

**E.** Freagairt an Aontais ar COVID-19

Mar fhreagairt ar ghéarchéim COVID-19, tá freagairt chuimsitheach curtha chun cinn ag an Aontas ina raibh roinnt ionstraimí airgeadais chun tacú le hiarrachtaí na mBallstát an ghéarchéim a chomhrac agus lena héifeachtaí. Ina measc siúd, tá an Ionstraim Eorpach le haghaidh Tacaíocht shealadach chun Rioscaí Dífhostaíochta a mhaolú i gcás Éigeandála (SURE) agus Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh (NGEU) agus go háirithe tríd an tSaoráid um Théarnamh agus um Athléimneacht (RRF).

## RÓL PHARLAIMINT NA HEORPA

Tríd an ‘Dé-Phaca’ a ghlacadh, chabhraigh an Pharlaimint le creat dlíthiúil AE a bhunú faoi choinne rialachas eacnamaíoch feabhsaithe sa limistéar euro, i dtéarmaí faireachas buiséadach agus an nós imeachta cinnteoireachta agus faireachais do Bhallstáit faoi chlár coigeartaithe eacnamaíoch.

Sa bhreis air sin, tríd an ‘Dé-Phaca’ tá ról grinnscrúdaithe níos doichte ag an bParlaimint sa chaoi is gur féidir leis an gcoiste inniúil cuireadh a thabhairt do na hinstitiúidí lena mbaineann (an Coimisiún, an Grúpa Euro, BCE agus CAI) páirt a ghlacadh in idirphléití eacnamaíocha leis an bParlaimint. Tá an ceart chun faisnéis a fháil ag an gcoiste inniúil sa Pharlaimint i roinnt cásanna, eadhon nuair atá clár coigeartaithe maicreacnamaíoch á ullmhú agus á chur chun feidhme.

Ina rún i dtaca leis an togra ón gCoimisiún maidir le Ciste Airgeadaíochta Eorpach (CAE) a dhéanamh den Sásra Cobhsaíochta Eorpach (SCE), mhol an Pharlaimint prótacal a bhunú le haghaidh Meabhrán Comhair Eatramhach idir SCE agus an Pharlaimint. Leis an Meabhrán sin, chuirfí feabhas ar idirphlé idirinstitiúideach idir SCE agus an Pharlaimint agus dhéanfaí trédhearcacht agus cuntasacht SCE a fheabhsú.

Thairis sin, tá sainordú ag an bParlaimint grinnscrúdú a dhéanamh ar RRF, go háirithe trí idirphlé rialta maidir le téarnamh agus athléimneacht leis an gCoimisiún agus trína Meitheal *ad hoc* maidir le RRF.

MAJA SABOL / GIACOMO LOI
10/2023

# 2.6.9. BEARTAS CÁNACH GINEARÁLTA

> Is saincheart de chuid na mBallstát é an cánachas, agus níl ach inniúlachtaí teoranta ina leith ag an Aontas Eorpach. Ós rud é go bhfuil beartas cánach AE dírithe ar fheidhmiú réidh an mhargaidh aonair, tugadh aghaidh ar chomhchuibhiú an chánachais indírigh roimh an gcánachas díreach. Tháinig comhrac in aghaidh imghabháil cánach agus seachaint cánach ina dhiaidh sin. Ní foláir reachtaíocht chánach an Aontais a ghlacadh d'aon toil. Tá sé de cheart ag Parlaimint na hEorpa go rachfaí i gcomhairle léi maidir le hábhair chánach; is comhreachtóir í, fiú, maidir le hábhair bhuiséadacha.

## AN BUNÚS DLÍ

Caibidil na bhforálacha cánach (Airteagail 110-113) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), a bhaineann le comhchuibhiú na reachtaíochta maidir le cánacha láimhdeachais, dleachtanna máil agus cineálacha eile cánachais indírigh; an chaibidil faoi chomhfhogasú dlíthe (Airteagail 114-118 CFAE), a bhaineann le cánacha a mbíonn tionchar indíreach acu ar bhunú an mhargaidh inmheánaigh, i dteannta forálacha fioscacha nach dtagann faoi réir an ghnáthnós imeachta reachtaigh; forálacha eile atá ábhartha don bheartas cánach, a bhaineann le saorghluaiseacht daoine, seirbhísí agus caipitil (Airteagail 45-66 CFAE), an comhshaol (Airteagail 191-192 CFAE) agus iomaíocht (Airteagal 107-192 CFAE).

Is féidir comhar feabhsaithe (Airteagail 326-334 CFAE) a chur i bhfeidhm i ndáil le hábhair chánach. An phríomhghné d'fhorálacha cánach AE maidir le glacadh gníomhartha is ea gur d'aon toil a dhéanann an Chomhairle cinneadh faoi thogra ón gCoimisiún, tar éis dul i gcomhairle leis an bParlaimint. Samplaí d'fhorálacha a glacadh sa réimse cánach is ea treoracha lena ndéantar forálacha náisiúnta a chomhfhogasú, agus cinntí ón gComhairle. Agus é den tuairim láidir go bhfuil sé deacair an leibhéal comhordaithe cánach atá ag teastáil ón Eoraip a fháil de bharr go ndéantar gach cinneadh maidir le cánachas d'aon toil, thíolaic an Coimisiún tograí chun dul i dtreo vótáil trí thromlach cáilithe i réimsí áirithe cánach. Níor ghlac na Ballstáit leis na moltaí sin, áfach.

Cumhdaíonn cánachas díreach an cháin a ghearrtar ar ioncam, ar rachmas agus ar chaipiteal, ar leibhéal pearsanta nó corparáideach. Ní chumhdaítear cáin ioncaim phearsanta i bhforálacha AE mar atá (ina ionad sin, tá gníomhaíocht AE sa réimse sin bunaithe ar chásdlí Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh). Tá gníomhaíocht AE maidir le cáin ioncaim chorparáide níos forbartha, cé nach ndíríonn sí ach ar bhearta a bhaineann le prionsabail an mhargaidh aonair. Is é is cánachas indíreach ann ná cánacha nach ngearrtar ar ioncam ná ar mhaoin. Cuimsíonn sé cáin bhreisluacha (CBL), dleachtanna máil, tobhaigh allmhairiúcháin, cáin ar fhuinneamh agus cánacha eile comhshaoil. Ós rud é go bhfuil an fhorbairt ar fhorálacha cánach AE dírithe ar fheidhmiú réidh an mhargaidh aonair, tugadh aghaidh ar chomhchuibhiú an chánachais indírigh ag céim níos luaithe agus ar bhealach níos doimhne ná an cánachas díreach.

## CUSPÓIRÍ

Mínítear straitéis AE maidir le beartas cánach sa teachtaireacht ón gCoimisiún'Beartas Cánach san Aontas Eorpach – Tosaíochtaí do na blianta amach romhainn'agus, ábhairín níos déanaí, san fhoilseachán 'Cánachas – an margadh inmheánach agus fás eacnamaíoch a chur chun cinn:I dtreo cánachas simplí, cóir, agus éifeachtúil san Aontas Eorpach'. Is faoi na Ballstáit atá sé i gcónaí cánacha a thabhairt isteach, fáil réidh leo nó athruithe a dhéanamh orthu. Ar choinníoll go gcomhlíonann sé rialacha AE, tá an tsaoirse ag gach Ballstát an córas cánach is fearr a oireann dó a roghnú. Faoin gcreat sin, is iad na príomhthosaíochtaí do bheartas cánach AE ná deireadh a chur le constaicí cánach sa ghníomhaíocht eacnamaíoch trasteorann, an comhrac in aghaidh gnéithe díobhálacha na hiomaíochta cánach agus na himghabhála cánach agus níos mó comhair a chur chun cinn idir údaráis chánach chun rialú a áirithiú agus calaois a chomhrac. Dá ndéanfaí comhordú níos mó ar bheartas cánach, chinnteofaí go mbeadh beartais chánach na mBallstát ag teacht le cuspóirí beartais níos leithne AE, mar a leagtar amach sa Ghníomh um an Margadh Aonair. Thairis sin, Is ceann de na phríomhbheartais a bhfuil faireachán déanta air tríd an Seimeastar Eorpach é an cánachas, timthriall bliantúil de chomhordú na mbeartas eacnamaíoch; roinnt moltaí tírshonracha áirithe eisithe chuig na Ballstáit, baineann siad go rialta leis an gcomhrac i gcoinne pleanáil ionsaitheach cánach, imghabháil cánach nó seachaint cánach.

## TIONSCNAIMH AGUS DUL CHUN CINN

Sa tuarascáil bhliantúil ón gCoimisiún maidir le cánachas, cuirtear i láthair staid na himeartha maidir le cánachas san Aontas. Is é is aidhm don tuarascáil tuairisc a thabhairt, ar bhealach soiléir agus inrochtana, ar na hathchóirithe is déanaí a rinneadh agus ar na príomhtháscairí a úsáideann an Coimisiún chun measúnú a dhéanamh ar an dul chun cinn maidir le beartais chánachais i mBallstáit an Aontais agus ar leibhéal an Aontais. Cuirtear i láthair ann freisin tionscnaimh AE amhail 'Gnó san Eoraip: Creat le haghaidh Cánachas Ioncaim ('BEFIT') agus an Treoir maidir le Faoiseamh Níos Tapúla agus Níos Sábháilte ó Fharasbarr Cánacha Siarchoinneálacha ('FASTER').

Maidir le dul i ngleic le himghabháil cánach, seachaint cánach agus calaois chánach ar leibhéal AE agus ar an leibhéal domhanda, tá siad fós go hard ar chláir oibre institiúidí AE. In áiteanna eile, leantar den obair chun cánachas corparáideach in AE a dhéanamh níos cothroime agus oiriúnaithe níos fearr do gheilleagar digiteach nua-aimseartha sa mhargadh inmheánach, I measc na bpríomhthionscnamh tá:

— Leis an Treoir in aghaidh Seachaint Cánach (a glacadh in 2016 agus a leasaíodh in 2017) leagtar síos rialacha i gcoinne cleachtais seachanta cánach a dhéanann difear díreach don mhargadh inmheánach agus a thugann aghaidh ar neamhréireanna hibrideacha le thríú tíortha.

— Leasaíodh Treoir an Chomhair Riaracháin (DAC), a tugadh isteach in 2011 chun malartú faisnéise cánach a fheabhsú, roinnt uaireanta le blianta beaga anuas, an uair is déanaí an 22 Márta 2021 le DAC 7, a bhfuil gá fós é a chur chun feidhme (féach thíos). Roimhe sin, rinneadh na hathruithe is déanaí trí DAC 6, a glacadh an 25 Bealtaine 2018. Cuimsítear leis an Treoir ceanglas d'idirghabhálaithe, mar shainchomhairleoirí, dlíodóirí, agus institiúidí airgeadais le socruithe cánach áirithe a thuairisciú d'údaráis chánach áitiúla, agus ba cheart dóibh ansin an t-eolas a bailíodh ar fud an AE a mhalartú go huathoibríoch.

— An 15 Iúil 2020, ghlac an Coimisiún pacáiste cánach do chánachas cothrom agus simplí arb é atá ann trí thionscnamh atá ar leithligh ach comhlántach: (1) plean gníomhaíochta do chánachas cothrom agus simplí a thugann tacaíocht don téarnamh: tacar de 25 thionscnamh atá le glacadh agus le cur i chun feidhme ag an gCoimisiún idir seo agus 2024 le cánachas a dhéanamh níos cothroime, níos simplí agus oiriúnaithe níos fearr do theicneolaíochtaí nua-aimseartha. (2) athbhreithniú ar an Treoir maidir le Comhar Riaracháin i réimse an chánachais (DAC7), a ghlac an Chomhairle go foirmiúil an 22 Márta 2021 agus arb é is aidhm dó a áirithiú go malartaíonn Ballstáit faisnéis maidir leis na hioncaim arna nginiúint ag díoltóirí ar ardáin dhigiteacha go huathoibríoch, cibé acu atá an t-ardán lonnaithe in AE nó nach bhfuil. togra le haghaidh tuilleadh athbhreithnithe ar an Treoir maidir le Comhar Riaracháin (DAC8) a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt ar mhalartú faisnéise maidir le criptea-sócmhainní agus ríomh-airgead, atá fós ar feitheamh; agus (3) teachtaireacht maidir le dea-rialachas cánach in AE agus níos faide i gcéin

— An 1 Eanáir 2018, tháinig rialacha nua i bhfeidhm lena gcuirtear ceanglas ar na Ballstáit rochtain a thabhairt d'údaráis chánach ar shonraí a bhailítear faoin reachtaíocht i gcoinne sciúradh airgid. Tá sé mar aidhm leis na treoracha maidir le frithsciúradh airgid – AMLD4 agus AMLD5 – cosc a chur ar úsáid an chórais Eorpaigh airgeadais chun críocha sciúrtha airgid agus maoinithe sceimhlitheoireachta. Is é an cuspóir atá leis sin go mbeidh rochtain dhíreach ag na húdaráis náisiúnta chánach ar fhaisnéis faoi úinéirí tairbhiúla cuideachtaí, iontaobhas agus eintiteas eile, agus ar thaifid cuideachtaí maidir le dícheall cuí don chustaiméir. Féachtar freisin leis na rialacha le cur ar chumas na n-údarás cánach freagairt go tapa agus go héifeachtach do chásanna imghabhála agus seachanta cánach.

— I mí Mheán Fómhair 2023, ghlac an Coimisiún togra dar teideal 'Gnó san Eoraip:Creat le haghaidh Cánachas Ioncaim (nó BEFIT), lena gcuirfear leabhar rialacha aonair maidir le cáin chorparáide ar fáil don Aontas, bunaithe ar chionroinnt agus ar chomhbhonn cánach. Laghdóidh sé na costais chomhlíonta do ghnólachtaí a oibríonn i níos mó ná Ballstát amháin agus mar sin beidh sé níos éasca do na húdaráis chánach náisiúnta a chinneadh cé na cánacha atá dlite mar is ceart. Tar éis don Chomhairle é a ghlacadh, ba cheart don togra teacht i bhfeidhm an 1 Iúil 2028. I mí Mheán Fómhair 2023 freisin, d'fhoilsigh an Coimisiún dhá thogra eile le haghaidh Treoracha ón gComhairle: ceann amháin maidir le praghsáil aistrithe agus ceann amháin le haghaidh córas cánach ceannoifige d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide. Tar éis don Chomhairle é a ghlacadh, ba cheart don dá thogra sin teacht i bhfeidhm i mí Iúil 2026.

Cuimsíonn an togra reachtach maidir le frithsciúradh airgid a thíolaic an Coimisiún i mí Iúil 2021:

— Togra nua maidir le cosc a chur ar úsáid an chórais airgeadais chun críocha sciúrtha airgid nó maoinithe sceimhlitheoireachta;

— Togra maidir le bunú an Údaráis um Fhrithsciúradh Airgid agus Maoiniú Sceimhlitheoireachta a Chomhrac;

— Togra maidir le faisnéis a ghabhann le haistrithe cistí agus le criptea-shócmhainní áirithe. Ghlac an Pharlaimint agus an Chomhairle an togra chuig Parlaimint an 31 Bealtaine 2023.

## RÓL PHARLAIMINT NA HEORPA

Ar an mórgóir, tá Parlaimint na hEorpa i bhfách le heithne chláir sin an Choimisiúin maidir le cánachas, agus ba thosaíocht bheartais sa téarma parlaiminteach reatha agus roimhe seo é an comhrac in aghaidh calaois chánach, seachaint cánach agus sciúradh airgid. D'fhág an obair a rinne coistí éagsúla *ad hoc* lorg ar mholtaí na Parlaiminte sa réimse sin.

Rinne an chéad cheann acu sin, eadhon an Coiste um Rialuithe Cánach agus Bearta Eile atá Comhchosúil ó thaobh Cineáil agus Éifeachta (TAXE), aird a tharraingt ar neamhréireacht shuntasach: go bhfuil, mar gheall ar shaor-iomaíocht in ábhair chánach agus easpa comhair idir na Ballstáit, neamhréireachtaí ann idir na réimsí ina gcruthaítear luach agus na réimsí ina ngearrtar cáin ar bhrabúis, agus gurb é creimeadh an bhoinn cánach agus caillteanais ioncaim i dtíortha éagsúla, a bhfuil bearta déine ag luí go trom ar roinnt de na tíortha sin, a thoradh sin.

I bhfianaise ar nochtadh i bPáipéir Phanama agus in LuxLeaks, lenar léiríodh go soiléir gur ghá níos mó comhair agus trédhearcachta a bheith ann fud fad an domhain, b'fhorás ar obair Choiste TAXE obair sin Choiste TAXE 2. Ghlac an Pharlaimint a thuarascáil chríochnaitheach mar rún an 6 Iúil 2016, inar éilíodh go gcuirfí na smachtbhannaí a chuirtear ar dhlínsí cánach neamh-chomhoibríocha atá ar dhúliosta na dtearmann cánach ar chuideachtaí, ar bhainc, agus ar ghnólachtaí cuntasaíochta agus dlí freisin, agus go mbeadh an deis ann a gceadúnais ghnó a chúlghairm; Leagadh béim inti ar iarmhairtí diúltacha ticbhoscaí paitinní, ar cuideachtaí ilnáisiúnta is mó a úsáideann iad chun cáin a sheachaint;

Coiste Fiosrúcháin maidir le Sciúradh Airgid, le Seachaint Cánach agus le hImghabháil Cánach (PANA) bunaithe ar obair TAXE agus TAXE 2, agus ar an rún ó Pharlaimint ó mhí na Nollag 2015 maidir le trédhearcacht, comhordú agus coinbhéirseacht a bheith ann i mbeartais um cháin chorparáideach, inar sainaithníodh dúshláin rialála agus faireacháin nuair atá aghaidh á thabhairt ar shaincheisteanna cánach.

Ba é a bhí mar chuspóir ag TAXE 3 – an Coiste um Choireanna Airgeadais, um Imghabháil Cánach agus um Sheachaint Cánach — ná cur leis an obair a rinne TAXE, TAXE 2 agus PANA, agus imscrúdú a dhéanamh ar shaincheisteanna maidir le cánachas digiteach, cláir náisiúnta um shaoránacht agus calaois CBL.

Ghlac an Pharlaimint a thuarascáil chríochnaitheach i suí iomlánach an 26 Márta 2019. Leagadh béim inti ar an ngéarghá agus an síorghá le hathchóiriú a dhéanamh ar na rialacha, i riocht is go mbeadh córais chánach idirnáisiúnta, AE agus náisiúnta in ann ag na dúshláin úra eacnamaíocha, shóisialta agus theicneolaíocha sa 21ú haois. Thángthas ar an measúnú inti nach bhfuill na córais chánach agus cleachtais chuntasaíochta atá ann faoi láthair ullmhaithe le haghaidh coinneáil suas leis na forbairtí nó le cinntiú go n-íocann na rannpháirtí uile sa mhargadh a sciar cothrom de chánacha. Ba dhíol sásaimh do na Feisirí go ndearna an Coimisiún 26 thogra reachtacha a chur ar aghaidh le linn an téarma deiridh. Bhí sé mar aidhm leis na tograí sin roinnt de na lúba ar lár a dhíothú, feabhas a chur ar an gcomhrac i gcoinne coireanna airgeadais agus pleanáil ionsaitheach cánach, agus feabhas a chur ar éifeachtúlacht an bhailithe cánach agus ar cothroime cánach. Ba bhocht leo go mór, áfach, uireasa an dul chun cinn sa Chomhairle mar le mórthionscnaimh i dtaca le hathchóiriú cánach corapráidí, nach raibh bailchríoch curtha orthu fós mar gheall ar toil pholaitiúil dháiríre a bheith ar díth. D'iarr siad go ndéanfaí tionscnaimh AE nach raibh bailchríoch curtha

orthu fós a ghlacadh go mear agus go ndéanfaí faireachán níos dlúithe ar an gcur chun feidhme chun éifeachtúlacht agus forfheidhmiú cuí a áirithiú agus chun coinneáil bord ar bhord le héagsúlacht na calaoise cánach, na himghabhála cánach agus na pleanála ionsaithí cánach.

Cuireadh an Fochoiste um Chúrsaí Cánach (FISC) den Choiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta ar bun i Meán Fómhair 2020 chun leanúint den chomhrac i gcoinne seachaint cánach a rinne an Pharliamint le linn a sainordaithe roimhe seo. Is iad na cuspóirí atá aige ná féachaint lena áirithiú go ndéanann an Pharlaimint cánachas cothrom a chur chun cinn ar an leibhéal náisiúnta, ar leibhéal AE agus ar an leibhéal domhanda. Thairis sin, i bhfianaise an dúshláin atá romhainn ó thaobh téarnamh eacnamaíoch inbhuanaithe a chur chun cinn i gcomhréir leis an gComhaontú Glas don Eoraip, tá sé de chúram ar an gcoiste cabhrú le beartas cánach AE atá níos simplí, níos éifeachtúla agus níos inbhuanaithe a cheapadh. Tá roinnt rún glactha ag an bParlaimint ar bhonn thuarascálacha FISC. Áirítear leo sin ina measc:

— rún ón 15 Feabhra 2022 maidir le tionchar na n-athchóirithe náisiúnta cánach ar gheilleagar AE. I measc na gconclúidí eile, chuir sé fáilte roimh an gcomhaontú stairiúil arna bhaint amach ag an Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta (ECFE) agus G20 i ndáil le hathchóiriú an chórais idirnáisiúnta cánach chun dáileadh brabúis agus cearta cánach níos cothroime idir tíortha a áirithiú i leith na gcuideachtaí ilnáisiúnta is mó, lena n-áiritear athdháileadh páirteach na gceart cánach go dtí tíortha ina gcruthaítear luach agus íoschánachas éifeachtach domhanda de 15% a bhunú.

— rún ón 21 Deireadh Fómhair 2021 maidir le Páipéir Pandora: impleachtaí do na hiarrachtaí chun sciúradh airgid, imghabháil cánach agus seachaint cánach a chomhrac, Le an rún seo, d'iarr an Pharlaimint go ndúnfadh AE na bealaí éalaithe dlíthiúla a lamhálann seachaint cánach, sciúradh airgid, agus imghabháil cánach a dhéanamh ar mórscála. Iarradh freisin ann go dtionscnódh an Coimisiún caingean dlí i gcoinne Ballstát a dteipeann orthu na dlíthe atá ann cheana a chun feidhme go cuí.

Le haghaidh tuilleadh eolais ar an ábhar seo, féach an suíomh gréasáin den Fhochoiste FISC.

Jost Angerer
10/2023

# 2.6.10. CÁNACHAS DÍREACH: CÁNACHAS PEARSANTA AGUS CUIDEACHTA

Ní rialaítear réimse an chánachais dhírigh go díreach le rialacha an Aontais Eorpaigh. Mar sin féin, bunaítear caighdeáin chomhchuibhithe do chánachas cuideachtaí agus daoine aonair príobháideacha le roinnt treoracha agus le cásdlí Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh (CBAE). Thairis sin, rinneadh bearta chun cosc a chur le himghabháil cánach agus cánachas dúbailte.

## AN BUNÚS DLÍ

Ní dhéantar aon fhoráil shainráite i gConradh AE d'inniúlachtaí reachtacha i réimse an chánachais dhírigh. De ghnáth, bunaíodh reachtaíocht maidir le cánachas cuideachtaí ar Airteagal 115 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), lena n-údaraítear an tAontas chun treoracha a ghlacadh maidir le comhfhogasú dlíthe, rialachán nó forálacha riaracháin na mBallstát a dhéanann difear díreach don mhargadh inmheánach; bíonn gá le haontoilíocht agus le nós imeachta comhairliúcháin dóibh sin.

Lamháiltear le hAirteagal 65 CFAE (saorghluaiseacht chaipitil) do na Ballstáit idirdhealú a dhéanamh idir cáiníocóirí nach bhfuil sa staid chéanna maidir lena n-áit chónaithe nó maidir leis an áit ina bhfuil a gcuid caipitil infheistithe. Mar sin féin, in 1995, rialaigh CBAE (i gCás C-279/93) go bhfuil Airteagal 45 CFAE infheidhme go díreach i réimse an chánachais agus na slándála sóisialta: sonraítear san Airteagal sin go mbéarfaidh an tsaoirse gluaiseachta d'oibrithe 'go ndíothófar aon idirdhealú de bhíthin a náisiúntachta [...] maidir le fostaíocht, le luach saothair agus le coinníollacha eile oibre agus fostaíochta'. Le hAirteagail 110-113 CFAE cuirtear de cheangal ar na Ballstáit dul i mbun caibidlíochta maidir le deireadh a chur le cánachas dúbailte laistigh den Aontas. Le hAirteagal 55 CFAE toirmeasctar idirdhealú idir náisiúnaigh na mBallstát maidir le rannpháirtíocht i gcaipiteal cuideachtaí. Mar sin féin, ní thagann formhór na socruithe i réimse an chánachais dhírigh faoi chuimsiú dhlí an Aontais. Cumhdaítear cánachas sreafaí ioncaim trasteorann le líonra fairsing de chonarthaí cánach déthaobhacha a bhfuil baint ag na Ballstáit agus tríú tíortha araon leo.

## CUSPÓIRÍ

Is dhá chuspóir shonracha iad cosc ar imghabháil cánach agus díothú an chánachais dhúbailte. Go ginearálta, bíonn údar cuí le comhchuibhiú áirithe a dhéanamh ar chánachas cuideachta chun saobhadh iomaíochta a chosc (go háirithe i dtaca le cinntí infheistíochta), chun 'iomaíocht cánach' a chosc agus chun an raon feidhme do chuntasaíocht ionramhálach a laghdú.

## TORTHAÍ

**A.** Cánachas cuideachta

Tá tograí maidir le cáin chorparáide a chomhchuibhiú á bplé leis na blianta (1962: Tuarascáil Neumark; 1970: Tuarascáil Van den Tempel; 1975: togra le haghaidh treoir maidir le rátaí cánach a ailíniú idir 45% agus 55%). In 1980, chuir an Coimisiún in iúl

gur dhócha nach n-éireodh leis an iarracht um chomhchuibhiú (COM(80) 0139), agus dhírigh sé ar bhearta chun an margadh inmheánach a chur i gcrích: sna 'Treoirlínte maidir le cáin chorparáide' ó 1990 (SEC(90) 0601), glacadh trí thogra, eadhon an Treoir maidir le Cumaisc (90/434/CEE — 2009/133/CE anois), an Treoir maidir le Máthairchuideachtaí agus Fochuideachtaí (90/435/CEE — 2011/96/AE anois), agus an Coinbhinsiún maidir le Nós Imeachta Eadrána (90/436/CEE). Léirítear a fhadtréimhsí atá caibidlíochtaí leis na Ballstáit go minic le scéal thogra 1991 le haghaidh treoir maidir le córas coiteann cánachais is infheidhme ar íocaíochtaí úis agus ríchíosa arna ndéanamh idir máthairchuideachtaí agus fochuideachtaí i mBallstáit éagsúla: cé go ndearnadh athbhreithniú air agus go bhfuair sé tuairim fhabhrach ón bParlaimint, tharraing an Coimisiún siar é mar thoradh ar mhainneachtain comhaontú a shroicheadh leis an gComhairle. Tháinig leagan nua chun cinn in 1998 mar chuid de 'phacáiste Monti' agus glacadh é ina dhiaidh sin mar Threoir 2003/49/CE.

In 1996, sheol an Coimisiún cur chuige nua maidir le cánachas. I réimse an chánachais cuideachta, is é an príomhthoradh a bhí ann ná Cód Iompair do Chánachas Gnó, arna ghlacadh mar rún ón gComhairle in 1998. Chuir an Chomhairle Meitheal um an gCód Iompair ar bun freisin (ar a dtugtar 'Grúpa Primarolo') chun cásanna de chánachas gnó éagórach a fhiosrú. In 2001, d'ullmhaigh an Coimisiún 'staidéar anailíseach ar chánachas cuideachta sa Chomhphobal Eorpach' (SEC(2001) 1681). Tugadh ar aird sa teachtaireacht ón gCoimisiún a bhí ag gabháil leis (COM(2001) 0582) gurbh í an phríomhfhadhb a bhí roimh chuideachtaí ná go raibh orthu iad féin a oiriúnú do rialacháin náisiúnta éagsúla sa mhargadh inmheánach. In 2004, cuireadh meitheal ar bun, agus ionchorpraíodh torthaí a cuid oibre i dtogra ón gCoimisiún. Chiallódh an 'comhbhonn comhdhlúite don cháin chorparáide' (CCCTB) a bhí beartaithe go mbainfeadh cuideachtaí tairbhe as córas le pointe teagmhála lárnach a bhféadfaidís a n-éilimh ar aisíocaíocht cánach a thíolacadh dó. Bheidís in ann comhdhlúthú a dhéanamh ar a mbrabúis agus ar a gcaillteanais uile a ndearnadh in AE freisin. Choinneodh na Ballstáit lánfhreagracht as a rátaí cánach corparáide féin a leagan síos. I mí Aibreáin 2012, ghlac Parlaimint na hEorpa a rún reachtach ar an togra sin. I mí an Mheithimh 2015, chun spreagadh breise a thabhairt do na caibidlíochtaí sa Chomhairle, tháinig an Coimisiún ar straitéis chun togra CCCTB a athsheoladh in 2016. Roghnaigh an Coimisiún próiseas le dhá chéim, inar scaradh gnéithe an chomhbhoinn agus an chomhdhlúthaithe, le dhá thogra reachtacha idirnasctha: maidir le comhbhonn cánach corparáide (CCTB) agus maidir le comhbhonn comhdhlúite don cháin chorparáide (CCCTB). Cé go n-éileodh sé go mbeadh tabhairt isteach CCCTB éigeantach, bheadh forálacha ann maidir lena chéimniú isteach. D'fhéadfadh an togra athchóirithe, a coigeartaíodh chun obair a rinne ECFE a chur san áireamh, aghaidh a thabhairt ar sheachaint cánach freisin trí bhearnaí rialála idir na córais náisiúnta a dhúnadh agus stop a chur, dá bhrí sin, le socruithe seachanta cánach coitianta.

I mí Mheán Fómhair 2023, ghlac an Coimisiún togra dar teideal 'Gnó san Eoraip: Creat le haghaidh Cánachas Ioncaim (nó BEFIT), lena gcuirfear leabhar rialacha aonair maidir le cáin chorparáide ar fáil don Aontas, bunaithe ar chionroinnt agus ar chomhbhonn cánach. Tiocfaidh an togra sin in ionad an togra le haghaidh CCCTB. Laghdóidh sé na costais chomhlíonta do ghnólachtaí a oibríonn i níos mó ná Ballstát amháin agus mar sin beidh sé níos éasca do na húdaráis chánach náisiúnta a chinneadh cé na cánacha atá dlite. Tar éis don Chomhairle é a ghlacadh, ba cheart don togra teacht i bhfeidhm an 1 Iúil 2028. I mí Mheán Fómhair 2023 freisin, d'fhoilsigh an Coimisiún dhá thogra eile le haghaidh treoracha ón gComhairle: ceann amháin maidir le

praghsáil aistrithe agus ceann amháin le haghaidh córas cánach ceannoifige d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide. Tar éis don Chomhairle é a ghlacadh, ba cheart don dá thogra sin teacht i bhfeidhm i mí Iúil 2026.

**B.** Cánachas cothrom, trédhearcacht cánach agus bearta chun comhrac in aghaidh seachaint cánach agus iomaíocht dhíobhálach cánach

Agus géarchéim airgeadais 2008 ag tarlú, casadh ar sheachaint cánach a chomhrac agus ar chánachas cothromasach cuideachtaí. Meastar trédhearcacht a bheith ar cheann de na bealaí chun é sin a bhaint amach, mar a léirítear sa Phacáiste Trédhearcachta Cánach ó mhí Márta 2015, inar áiríodh an Treoir ón gComhairle maidir le malartú uathoibríoch faisnéise faoi rialuithe cánach idir na Ballstáit (Treoir (AE) 2015/2376) agus an teachtaireacht maidir le trédhearcacht cánach chun comhrac in aghaidh imghabháil agus seachaint cánach. In 2015, ghlac an Coimisiún plean gníomhaíochta maidir le córas cánach corparáide cothrom agus éifeachtúil san Aontas Eorpach, ina raibh forálacha maidir le hathchóiriú a dhéanamh ar an gcreat cánach corparáide chun mí-úsáid cánach a chomhrac, ioncam inbhuanaithe a áirithiú agus tacú le timpeallacht fheabhsaithe don ghnó sa mhargadh inmheánach. I mí Eanáir 2016, mhol an Coimisiún pacáiste beart chun seachaint cánach a chomhrac, a raibh moladh san áireamh ann le haghaidh Treoir ón gComhairle chun cleachtais maidir le seachaint cánach a chomhrac le tionchar díreach ar fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh (a glacadh i mí Iúil 2016). I mí Aibreáin 2016, mhol an Coimisiún leasú ar Threoir 2013/34/AE maidir le faisnéis faoi cháin ioncaim a bheith á nochtadh ag gnóthais agus brainsí áirithe. Éilítear leis an togra go ndéanfadh fiontair idirnáisiúnta codanna áirithe den fhaisnéis arna tíolacadh chuig údaráis chánach a nochtadh go poiblí. I mí an Mheithimh 2017, mhol an Coimisiún rialacha nua trédhearcachta d'idirghabhálaithe (e.g. gnólachtaí comhairliúcháin, bainc, dlíodóirí, comhairleoirí cánach) a dhearann nó a dhíolann scéimeanna cánach a d'fhéadfadh a bheith díobhálach, tar éis iarraidh le haghaidh togra reachtach i rún ón bParlaimint (TAXE 2). Ansin, ghlac an Chomhairle an togra sin i mí Bealtaine 2018. I mí na Nollag 2017, d'fhoilsigh an Chomhairle an chéad liosta AE de dhlínsí neamh-chomhoibritheacha. Tugtar an liosta cothrom le dáta ar bhonn tráthrialta.

Tá méadú tagtha ar an mbearna idir na háiteanna ina gcruthaítear luach agus na háiteanna ina n-íoctar cáin de dheasca an aistrithe i dtreo geilleagar digiteach. Cuireadh tús le plé ar nuachóiriú ar chánachas corparáide idirnáisiúnta 10 mbliana ó shin sa G20, agus thacaigh an ECFE leis an bplé seo. An 8 Deireadh Fómhair 2021, tháinig comhaltaí Chreat Cuimsitheach ECFE/G20 maidir le BEPS ar chomhaontú maidir leis an Réiteach Dhá Cholún (creimeadh an bhoinn agus aistriú brabúis), ar cur chuige é a bhfuil sé mar aidhm aige aghaidh a thabhairt ar na dúshláin chánach a eascraíonn as digiteáil an gheilleagair. Cinnteofar leis an Réiteach Dhá Cholún go mbeidh na fiontair ilnáisiúnta is mó agus is brabúsaí faoi réir ag íosráta cánach 15% agus go n-athdháilfear brabúis do thíortha ar fud an domhain ar an mbealach seo a leanas:

Is é Colún 1 an áit chánachais, áit a gcruthaítear luach agus áit a bhfuil na custaiméirí lonnaithe, gan beann ar aon láithreacht fhisiceach sa tír. Chuige sin, mhol an Coimisiún an 22 Nollaig 2021 'an chéad ghlúin eile d'acmhainní dílse an Aontais', lena n-áirítear acmhainn dhílis is comhionann le 15% den sciar de bhrabúis iarmharacha cuideachtaí a d'fhéadfadh a bheith san áireamh, sciar a athdháilfear ar Bhallstáit AE. Ní áirítear sna tograí mionsonraí fairsinge, go háirithe toisc go bhfuil ECFE fós ag obair ar ghnéithe praiticiúla cur chun feidhme a bhaineann le dearadh an cholúin. Le fíordhéanaí, áfach, i

mí Dheireadh Fómhair 2023, d'fhoilsigh ECFE an Coinbhinsiún Iltaobhach (MLC) chun Méid A de Cholún 1 a Chur Chun Feidhme. Is léiriú é sin ar an gcomhdhearcadh atá ann faoi láthair i measc chomhaltaí an Chreata Chuimsithigh (IF). Ní mór Colún 1 a shíniú agus ní thiocfaidh sé i bhfeidhm go dtí go ndaingneoidh 30 dlínse ar a laghad mais chriticiúil cuideachtaí ilnáisiúnta laistigh den raon feidhme.

Is íoscháin chorparáideach dhomhanda de 15% é Colún 2, agus chuige sin d'fhoilsigh an Coimisiún togra i gcomhair Treoir ón gComhairle le haghaidh íosleibhéal domhanda cánachais do ghrúpaí ilnáisiúnta an 22 Nollaig 2021.

Dúirt an Coimisinéir Paolo Gentiloni go bhfuil na dréacht-tograí 'ag teacht go hiomlán leis an leagan críochnaitheach de Rialacha Samhla ECFE a leagann síos na sonraí le haghaidh chur i bhfeidhm an chreata nua. Leis seo, cuirtear cosc ar rórialáil; ní cheadófar aon imeacht ón gcomhaontú idirnáisiúnta [...]'.

Ghlac an tAontas a Threoir Cholún 2 ag deireadh 2022 agus tá sé d'oibleagáid ar na Ballstáit na rialacha a chur chun feidhme faoin 31 Nollaig 2023. Ciallaíonn glacadh na treorach gur cuid de dhlí an Aontais anois iad na rialacha maidir le cáin íosta.

**C.** Cánachas pearsanta

**1.** Cáin ioncaim

Is cnámh spairne i gcónaí é cánachas daoine aonair a oibríonn i mBallstát amháin, nó a tharraingíonn pinsean ann, ach a chónaíonn i mBallstát eile, nó a bhfuil gaolta cleithiúnacha acu i mBallstát eile. Le comhaontuithe déthaobhacha, féadtar cánachas dúbailte a sheachaint de ghnáth, ach níl réiteach tugtha aige sin ar shaincheisteanna amhail cineálacha éagsúla d'fhaoiseamh cánach atá ar fáil sa tír chónaithe a chur i bhfeidhm ar ioncam sa tír fostaíochta. Chun cóir chomhionann a áirithiú idir cónaitheoirí agus neamhchónaitheoirí, chuir an Coimisiún togra chun cinn le haghaidh treoir maidir le comhchuibhiú forálacha i dtaca le cáin ioncaim i ndáil leis an tsaoirse gluaiseachta (COM(1979) 0737), ar ar a bonn a ndéanfaí riail de chánachas sa tír chónaithe. I ndiaidh don Chomhairle diúltú dó, tarraingíodh an togra siar, agus níor eisigh an Coimisiún ach moladh maidir leis na prionsabail ar cheart feidhm a bheith acu maidir le cóireáil cánach i gcás ioncam neamhchónaitheoirí. Sa bhreis air sin, tugadh imeachtaí i gcoinne Ballstáit áirithe mar gheall ar idirdhealú in aghaidh fostaithe neamhnáisiúnacha. In 1993, rialaigh CBAE (i gCás C-112/91) nach féidir le Ballstát caitheamh le neamhnáisiúnaigh ó Bhallstát eile le níos lú fabhair i dtaobh bailiú cánacha díreacha ná mar a chaitheann sé lena náisiúnaigh féin (féach Cás C-279/93). Go ginearálta, féadtar a rá gur chuir rialuithe CBAE comhdhlúthú i réimse an chánachais dhírigh phearsanta chun cinn níos mó ná mar a chuir tograí reachtacha. I mí Dheireadh Fómhair 2017, ghlac an Chomhairle treoir (Treoir (AE) 2017/1852) a raibh sé mar aidhm léi feabhas a chur ar shásraí i dtaca le réiteach díospóidí maidir le cánachas dúbailte san Aontas.

**2.** Cánachas ar ús bainc agus ar ús eile a íoctar le neamhnáisiúnaigh

I bprionsabal, cuirtear de cheangal ar cháiníocóirí ioncam ó ús a dhearbhú. I gcleachtas, le saorghluaiseacht caipitil agus rúndacht baincéireachta, tugadh deis i ndáil le cáin a sheachaint. Forchuireann Ballstáit áirithe cáin shiarchoinneálach ar ioncam úis. In 1989, mhol an Coimisiún go dtabharfaí isteach comhchóras chun cáin ar ioncam úis a shiarchoinneáil, a thoibheofaí ag ráta 15%. Tarraingíodh an togra sin siar ansin agus cuireadh ceann nua ina ionad chun íoschánachas éifeachtach ar ioncam ó choigilteas i bhfoirm íocaíochtaí úis a chinntiú (le ráta cánach 20%). Tar

éis caibidlíochtaí fada, sroicheadh comhréiteach agus glacadh Treoir 2003/48/CE ón gComhairle maidir le cánachas ar ioncam úis. Cuireadh Treoir 2014/107/AE atá níos leithne ina hionad ó shin, lena ndéantar foráil, in éineacht le Treoir 2011/16/AE, do mhalartuithe cuimsitheacha faisnéise idir údaráis chánach.

## RÓL PHARLAIMINT NA HEORPA

Maidir le tograí cánach, de ghnáth ní bhíonn ról ag an bParlaimint ach sa nós imeachta comhairliúcháin. Den chuid is mó thacaigh a rúin leis na tograí uile ón gComhairle i réimse an chánachais cuideachta agus an chánachais dhírigh phearsanta araon, agus í ag moladh go ndéanfaí a raon feidhme a leathnú. Ina theannta sin, is é ról na Parlaiminte an Coimisiún a spreagadh chun tograí reachtacha nua a thíolacadh le haghaidh cánachas níos cothroime, níos glaise agus níos éifeachtúla.

Ina ‘tuarascálacha bliantúla cánach’ roimhe seo (ar glacadh an chéad cheann díobh i mí Feabhra 2012), phléigh an Pharlaimint saincheisteanna maidir le cánachas dúbailte agus beartas ionsaitheach cánach a chomhrac, agus mhol sí cur chuige comhchoiteann chun dul i ngleic go héifeachtach le calaois chánach agus seachaint cánach chomh maith le creat feabhsaithe a chur ar fáil d’fheidhmiú ceart an mhargaidh aonair.

Mar obair leantach ar obair na gCoistí sealadacha Speisialta um Rialuithe Cánach agus Bearta Eile atá Comhchosúil ó thaobh Cineáil agus Éifeachta, ghlac an Pharlaimint dhá rún (TAXE agus TAXE 2).

In 2016, nuair a sceitheadh ‘Páipéir Phanama’, bhunaigh an Pharlaimint Coiste Fiosrúcháin (Coiste PANA) chun imscrúdú a dhéanamh ar sháruithe agus ar dhrochriarachán líomhnaithe i gcur chun feidhme dhlí an Aontais i ndáil le sciúradh airgid, le seachaint cánach agus le himghabháil cánach. I mí Dheireadh Fómhair 2017, ghlac Coiste PANA a thuarascáil fiosrúcháin chríochnaitheach. I mí na Nollag 2017, ghlac an Pharlaimint moladh chuig an gComhairle agus chuig an gCoimisiún tar éis obair an Choiste Fiosrúcháin.

Le sainordú rud beag leathnaithe, chuir an Pharlaimint an Coiste Speisialta um Choireanna Airgeadais, um Imghabháil Cánach agus um Sheachaint Cánach (TAX3) ar bun i Márta 2018. Tar éis obair Choiste TAX3, ghlac an Pharlaimint rún i mí an Mhárta 2019.

Is fochoiste de chuid an Choiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta (ECON) é Fochoiste na Parlaiminte um Chúrsaí Cánach (FISC). Cuireadh ar bun i mí Mheán Fómhair 2020 é chun an comhrac i gcoinne sheachaint cánach na Parlaiminte a leanúint, ar cuireadh tús leis sa téarma parlaiminteach roimhe seo. Is iad na cuspóirí atá aige ná cánachas cothrom a chur chun cinn ar an leibhéal náisiúnta, ar leibhéal AE agus ar an leibhéal domhanda. I bhfianaise na ndúshlán atá romhainn ó thaobh téarnamh eacnamaíoch inbhuanaithe a chur chun cinn i gcomhréir leis an gComhaontú Glas, is mian leis freisin rannchuidiú le beartas cánach AE a bheidh níos simplí, níos éifeachtúla agus níos inbhuanaithe. Seo a leanas samplaí de rúin ón bParlaimint a ullmhaíodh ar leibhéal coiste nó fochoiste:

— Rún an 15 Feabhra 2022 maidir le hathchóirithe náisiúnta cánach, lena bhfáiltítear, inter alia, roimh an gcomhaontú stairiúil arna bhaint amach ag ECFE/G20 i ndáil le hathchóiriú an chórais idirnáisiúnta cánach agus é mar aidhm leis dáileadh brabúis agus cearta cánach níos cothroime idir tíortha a chinntiú i dtaca leis

na cuideachtaí ilnáisiúnta is mó (cearta cánach a athdháileadh go páirteach ar thíortha ina gcruthaítear luach agus íoschánachas éifeachtach domhanda de 15% a bhunú).

— Rún an 21 Deireadh Fómhair 2021 dar teideal ‘Páipéir Pandora:impleachtaí do na hiarrachtaí chun sciúradh airgid, imghabháil cánach agus seachaint cánach a chomhrac’, lena n-iarrtar ar AE deireadh a chur le haon lúb ar lár atá ann faoi láthair agus a cheadaíonn seachaint cánach, sciúradh airgid agus imghabháil cánach ar scála ollmhór. Chomh maith leis sin, iarradh ar an gCoimisiún ann imeachtaí a thionscnamh i gcoinne tíortha AE nach gcuireann reachtaíocht reatha AE sa réimse seo i bhfeidhm i gceart.

— Rún an 7 Deireadh Fómhair 2021 maidir le beartas AE i dtaca le cleachtais chánach dhíobhálacha a athchóiriú, ina n-éilítear, i measc nithe eile, go ndéanfaí athbhreithniú ar chritéir, rialachas agus raon feidhme an Chóid Iompair maidir le Cánachas Gnó (ar príomhionstraim de chuid an Aontais é, de réir an rúin, chun iomaíocht dhíobhálach chánach a chosc ó 1997). Luaitear ann freisin gur cheart athbhreithniú a dhéanamh ar an gCód Iompair trí úsáid a bhaint as próiseas daonlathach, trédhearcach agus cuntasach a mbeidh grúpa saineolaithe ón tsochaí shibhialta, ón gCoimisiún agus ón bParlaimint rannpháirteach ann.

Le haghaidh tuilleadh eolais ar an ábhar seo, féach an suíomh gréasáin don Fhochoiste um Chúrsaí Cánach (FISC).

Jost Angerer
10/2023

# 2.6.11. CÁNACHAS INDÍREACH

I measc na gcánacha indíreacha tá cáin bhreisluacha (CBL) agus dleachtanna máil ar alcól, tobac agus fuinneamh. Tá feidhm ag an gcomhchóras CBL maidir le hearraí agus seirbhísí a cheannaítear agus a dhíoltar lena n-úsáid san Aontas Eorpach. Gearrtar dleachtanna máil nuair a dhíoltar nó a úsáidtear táirgí ar leith. Tá sé mar aidhm le hobair reachtach AE an dlí maidir le CBL a chomhordú agus a chomhchuibhiú agus na dleachtanna ar alcól, tobac agus fuinneamh a chur i gcomhréir lena chéile chun feidhmiú ceart an mhargaidh inmheánaigh a chinntiú.

## 1. CÁIN BHREISLUACHA (CBL)

**A.** An bunús dlí

Airteagal 113 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE).

**B.** Forbairt

Rinneadh an dlí maidir le CBL a chomhchuibhiú i gcéimeanna éagsúla chun trédhearcacht a bhaint amach sa trádáil laistigh den Aontas. Sa bhliain 1970, rinneadh an cinneadh buiséad Chomhphobal Eacnamaíochta na hEorpa a mhaoiniú ó acmhainní na gComhphobal féin. San áireamh bhí íocaíochtaí a bheadh bunaithe ar sciar de CBL agus a gheofaí trí ráta comhchoiteann cánach a ghearradh ar bhonn aonfhoirmeach measúnaithe. Tá na leasuithe sin códaithe i bpíosa amháin reachtaíochta sa Treoir maidir le CBL (2006/112/CE), a glacadh in 2007.

Sa bhliain 1985, d'fhoilsigh an Coimisiún 'Páipéar Bán maidir le comhlánú an mhargaidh inmheánaigh' (COM(1985)0310), inar bhain Cuid III le deireadh a chur le constaicí fioscacha. Bhí gá le bearta sa réimse CBL mar thoradh ar 'phrionsabal an chinn scríbe'.

**C.** A bhfuil bainte amach

**1.** An córas CBL

**a.** An córas idirthréimhseach

Mhol an Coimisiún go n-aistreofaí go dtí 'prionsabal an tionscnaimh' sa bhliain 1987. Faoin bprionsabal sin chuirfí an cháin a gearradh cheana féin sa tír thionscnaimh san áireamh sna hidirbhearta idir Ballstáit agus d'fhéadfadh na trádálaithe an cháin sin a ghearradh mar cháin ionchuir. Sa bhreis air sin, mhol an Coimisiún go mbunófaí córas imréitigh chun an CBL a bailíodh sna tíortha tionscnaimh a athdháileadh ar na tíortha tomhaltais. Níor ghlac na Ballstáit leis na moltaí sin, áfach. Mhol siad, mar rogha mhalartach, prionsabal an chinn scríbe d'idirbhearta a bhainfeadh le trádálaithe a bhí cláraithe le haghaidh CBL. Ar an gcaoi sin bhunófaí bunús an chórais idirthréimhsigh, córas a cuireadh i bhfeidhm sa bhliain 1993 (Treoir 91/680/CEE agus Treoir 92/111/CEE).

**b.** Straitéis inmharthana chun an córas a bhí ann cheana a fheabhsú

Ón mbliain 2000 ar aghaidh rinne an Coimisiún bearta chun feabhas a chur ar na rialacha idirthréimhseacha a bhí i bhfeidhm an t-am sin. Is é príomhthéacs reachtach AE maidir le CBL anois ná an Treoir maidir le CBL (2006/112/CE). Tháinig

Treoir 2008/8/CE agus Treoir 2008/9/CE sna sála uirthi in 2008. As sin amach bhí an CBL ar sheirbhísí idir trádálaithe le gearradh sa tír inar soláthraíodh na seirbhísí.

In 2005, leagadh síos an bonn chun go gcuirfí rialacha AE i bhfeidhm ar bhealach níos aonfhoirmí (Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 282/2011). Tugadh de rogha do na Ballstáit rialacha speisialta a chur i bhfeidhm chun cur i bhfeidhm CBL a shimpliú. Cuireadh feabhas ar an gcóras nuair a glacadh Rialachán (CE) Uimh. 37/2009 maidir le comhar riaracháin i réimse na cánach breisluacha chun imghabháil chánach a bhaineann le hidirbhearta laistigh den Chomhphobal a chomhrac.

**2.** Rátaí CBL

Rinneadh foráil i dTreoir 92/77/CEE maidir le híosráta cánach caighdeánach 15% a ndéanfaí athbhreithniú air gach dhá bhliain. Rinneadh é a aisghairm agus cuireadh Treoir 2006/112/CE (Treoir CBL) ina hionad, faoina bhfuil an ráta caighdeánach CBL atá le cur i bhfeidhm ag gach Ballstát ar earraí agus ar sheirbhísí cothrom le 15 %. Féadfaidh na Ballstáit ráta laghdaithe amháin nó dhá ráta laghdaithe 5 % ar a laghad a chur i bhfeidhm ar earraí nó seirbhísí sonracha a liostaítear in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an treoir. Tá feidhm ag roinnt eisceachtaí ó na rialacha sin (e.g. rátaí níos ísle ar earraí nó seirbhísí eile) faoi choinníollacha áirithe freisin. I bhfianaise an ghá atá ann liosta na n-earraí agus na seirbhísí atá incháilithe do rátaí laghdaithe a nuachóiriú agus a thabhairt cothrom le dáta, le Treoir (AE) 2022/542 ón gComhairle, leasaítear go sonrach cur i bhfeidhm rátaí laghdaithe le haghaidh cuspóirí sonracha beartais.

Faoi Airteagal 397 den Treoir CBL, is féidir leis an gComhairle, d'aon toil ar thogra ón gCoimisiún, na bearta is gá a ghlacadh chun an treoir a chur chun feidhme. Ar an mbonn sin, rinneadh bearta cur chun feidhme ceangailteacha de roinnt de na treoirlínte a chomhaontaigh an Coiste um CBL. Tá na bearta sin, atá infheidhme go díreach gan iad a thrasuí sa dlí náisiúnta, le fáil i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 282/2011 ón gComhairle.

**3.** Na forbairtí is déanaí

An 8 Nollaig 2022, mhol an Coimisiún sraith beart chun an córas CBL a nuachóiriú agus é a dhéanamh níos fearr do ghnólachtaí agus é a dhéanamh níos athléimní i gcoinne calaoise trí ghlacadh leis an digiteáil agus í a chur chun cinn. Tá sé d'aidhm ag an togra freisin aghaidh a thabhairt ar dhúshláin CBL a eascraíonn as geilleagar na n-ardán a fhorbairt. Chaill na Ballstáit EUR 93 bhilliún in ioncam CBL in 2020, de réir thuarascáil 2022 an Choimisiúin maidir le Bearna CBL. Tugtar le fios sna meastacháin gur féidir an ceathrú cuid de na hioncaim atá in easnamh a shannadh go díreach do chalaois CBL atá nasctha le trádáil laistigh den Aontas. Ina theannta sin, d'fhéadfadh socruithe CBL san Aontas a bheith ina n-ualach i gcónaí ar ghnólachtaí, go háirithe ar fhiontair bheaga agus mheánmhéide, ar ghnólachtaí atá i mbun fáis agus ar chuideachtaí eile a bhfuil oibríochtaí trasteorann acu.

**D.** Ról Pharlaimint na hEorpa

I gcomhréir le reachtaíocht AE sa réimse CBL, tá ról Pharlaimint na hEorpa teoranta don nós imeachta comhairliúcháin. In 2014, ghlac an Pharlaimint rún maidir leis an togra ón gCoimisiún le haghaidh treoir ón gComhairle lena leasófaí Treoir 2006/112/CE maidir le córas comhchoiteann CBL i dtaca le tuairisceán CBL caighdeánach (tarraingíodh siar ina dhiaidh sin é). An 24 Samhain 2016, ghlac an Pharlaimint rún maidir le Plean Gníomhaíochta an Choimisiúin, agus chuir sí fáilte roimh an rún go molfaí córas críochnúil CBL agus bearta breise chun dul i ngleic le calaois. I mí an

Mhárta 2019, ghlac an Pharlaimint tuarascáil a d'eascair as obair an Choiste Speisialta um choireanna airgeadais, imghabháil cánach agus seachaint cánach (TAX3), ina bpléitear roinnt saincheisteanna a bhaineann le CBL.

Ina rún an 15 Feabhra 2022 maidir le tionchar na n-athchóirithe cánach náisiúnta ar gheilleagar AE, d'iarr an Pharlaimint ar na Ballstáit comhréiteach a dhéanamh ar athchóiriú láidir, sothuigthe agus uaillmhianach ar chánachas indíreach, go príomha ar CBL. Iarradh ann freisin ar an gCoimisiún tograí nithiúla a thíolacadh chun córas malartaithe faisnéise níos éifeachtúla maidir le hidirbhearta CBL laistigh den Aontas a chur chun cinn agus chun go mbeidh sé idir-inoibritheach le sásraí náisiúnta; Thairis sin, iarradh ann ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit anailís agus malartú a dhéanamh ar na dea-chleachtais sna Ballstáit ar éirigh leo bearna mhór CBL a sheachaint;

Ina rún an 10 Márta 2022, d'eisigh an Pharlaimint roinnt moltaí don Choimisiún maidir le cánachas cothrom simplí a thacaíonn leis an straitéis téarnaimh. D'iarr sí ar an gCoimisiún an bhearna CBL ar fud an Aontais a laghdú go suntasach, go háirithe i ngeilleagar iar-COVID-19, trí bhearta sonracha atá beartaithe, lena n-áirítear maidir leis an mbearna CBL a bhaineann leis an díolúine ar thrádáil trasteorann san Aontas. Baineann moltaí eile le sonrascú leictreonach ar fud an Aontais agus leis an ngá atá le hanailís a dhéanamh ar na féidearthachtaí teicneolaíochta (mar shampla, atá nasctha leis an Intleacht Shaorga), ar féidir iad a chur i bhfeidhm maidir le tuairisciú neas-fhíorama CBL in idirbhearta gnólacht le gnólacht, agus cosaint sonraí agus rúndacht á gcur san áireamh ag an am céanna.

## 2. DLEACHTANNA MÁIL AR ALCÓL, TÁIRGÍ TOBAC AGUS FUINNEAMH

### A. An bunús dlí

Airteagal 113 CFAE agus, maidir le cánachas fuinnimh, Airteagal 192 CFAE, chun cuspóirí Airteagal 191 CFAE a bhaint amach.

### B. Cuspóirí

Tá rátaí agus struchtúir na ndleachtanna máil éagsúil ó Bhallstát go Ballstát, rud a dhéanann difear don iomaíocht. D'fhéadfadh cáin a bheith ina cúis le gluaiseacht earraí, caillteanas ioncaim agus calaois mar thoradh ar na héagsúlachtaí móra sna dleachtanna a ghearrtar ar tháirge ar leith. Tá iarrachtaí á ndéanamh ó thús na 1970idí i leith na struchtúir agus na rátaí a chomhchuibhiú, ach is beag dul chun cinn atá déanta.

### C. A bhfuil bainte amach

#### 1. Rialacha ginearálta

Leagtar amach forálacha coiteanna a bhfuil feidhm acu maidir le gach táirge atá faoi réir dleachtanna máil faoi dhlí an Aontais i dTreoir (AE) 2020/262 ón gComhairle, lena ndéantar Treoir 2008/118/CE ón gComhairle a aisghairm agus a ionadú amhail ón 13 Feabhra 2023. Tá roinnt beart sa treoir chun na próisis lena gcumhdaítear idirghníomhaíocht onnmhairithe agus allmhairithe táirgí máil, idirghníomhaíocht gnólacht le gnólacht agus cásanna eisceachtúla a chuíchóiriú agus a shimpliú. Tá digiteáil déanta aige ar an maoirseacht ar ghluaiseacht earraí idir na Ballstáit inar gearradh dleacht mháil cheana féin sa Bhallstát seolta (dleacht íoctha). Ós rud é gurbh amhlaidh an cás cheana féin i gcás earraí atá ar fionraí ó dhleacht, déantar na gluaiseachtaí sin trí theachtaireachtaí leictreonacha a mhalartú tríd an ríomhchóras

um Rialú ar Ghluaiseacht Máil, amhail ón 13 Feabhra 2023. Tiocfaidh na forálacha eile maidir le hailíniú le nósanna imeachta custaim i bhfeidhm i mí Feabhra 2024.

Tá sé d'aidhm ag an treoir freisin feabhas a chur ar an tsaoirse gluaiseachta d'earraí máil a scaoiltear lena dtomhailt sa mhargadh aonair agus, ag an am céanna, a áirithiú go mbaileoidh na Ballstáit an cháin cheart, agus nósanna imeachta máil agus custaim an Aontais a ailíniú.

**2.** Alcól

Ceist bhunúsach a bhaineann le cánachas alcóil ná a mhéid atá táirgí éagsúla in iomaíocht lena chéile. Is é an dearcadh atá léirithe ag an gCoimisiún (COM(79) 0261) agus ag Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh (Cás 170/78, ECR 1985) go traidisiúnta ná go bhfuil gach deoch alcóil inmhalartaithe a bheag nó a mhór agus in iomaíocht lena chéile. Níor glacadh Treoir 92/83/CEE, ina sonraítear na táirgí a bhfuil dleacht le gearradh orthu agus an modh chun an dleacht a shocrú, go dtí 1992. Treoir thábhachtach eile (92/84/CEE) ina dhiaidh sin, ina leagtar amach na rátaí íosta nach mór a chur i bhfeidhm maidir le gach catagóir dí alcólaí agus rátaí laghdaithe do réigiúin áirithe sa Ghréig, san Iodáil agus sa Phortaingéil. Ciallaíonn sé sin go bhfuil saorchead ag na Ballstáit rátaí dleachta máil a chur i bhfeidhm os cionn na n-íosleibhéal cánachais sin, de réir a riachtanas náisiúnta féin.

An 29 Iúil 2020, ghlac an Chomhairle sraith rialacha nua (Treoir (AE) 2020/1151 ón gComhairle) lena leasaítear Treoir 92/83/CEE, atá infheidhme ón 1 Eanáir 2022. Forbraíodh na rialacha nua tar éis meastóireacht a rinne an Coimisiún ar Threoir 92/83/CEE.

**3.** Táirgí tobac

Tá struchtúr bunúsach na rátaí máil le haghaidh tobac tugtha le chéile i dtreoir chomhdhlúite (2011/64/AE). I gcodarsnacht leis na chéad tograí ón gCoimisiún, níl ach íosrátaí leagtha amach. Is ann do chatagóirí éagsúla do tháirgí tobac inchánacha. Caithfear ráta comhréireach (*ad valorem*) a úsáid le haghaidh na gcánacha ar thoitíní, in éineacht le dleacht mháil shonrach. Bíonn táirgí eile tobac faoi réir *ad valorem*, dleacht mháil shonrach nó dleacht mháil mheasctha mar a thugtar air.

An 19 Deireadh Fómhair 2020, d'fhógair an Coimisiún athbhreithniú ar Threoir 2011/64/AE maidir le rialacha máil le haghaidh tobac (an Treoir maidir le Cánachas Tobac). Tá athbhreithniú á dhéanamh ar na rialacha atá ann faoi láthair chun a fhíorú an bhfuil siad fós oiriúnach dá bhfeidhm chun feidhmiú cuí an mhargaidh inmheánaigh agus ardleibhéal cosanta sláinte a áirithiú. Tá tábhacht ar leith ag baint leis sin i gcomhthéacs Phlean Sáraithe Ailse na hEorpa, ós rud é go bhfuil ról ríthábhachtach ag an gcánachas maidir le hídiú tobac a laghdú, agus go háirithe maidir le daoine óga a dhíspreagadh ó chaitheamh tobac. An 8 Eanáir 2021, foilsíodh measúnú ar thionchar tionscanta. Measann an Coimisiún gur chaill na rátaí íosta a leagtar síos leis an Treoir maidir le Cánachas Tobac a n-éifeacht toisc go ngearrann líon mór Ballstát cáin ar fhormhór na dtáirgí tobac os cionn na n-íosrátaí sin. Níl roinnt cineálacha nua táirgí tobac cumhdaithe go hiomlán leis an treoir atá ann faoi láthair ach oiread. Ina theannta sin, tugann an Coimisiún dá aire go bhfuil mí-úsáid ceannachán trasteorann mar thoradh ar an staid reatha. Táthar ag súil go dtíolacfar an togra in 2023.

**4.** Táirgí fuinnimh (olaí mianracha, gás, leictreachas, fuinnimh malartach, breosla eitlíochta)

Is sa bhliain 1992 a cuireadh bunstruchtúr na ndleachtanna máil ar olaí mianracha laistigh den Chomhphobal ar bun. Níl ach íosrátaí leagtha síos ina gcás siúd freisin, mar atá i gcás alcóil agus tobac, rud nach bhfuil ag teacht leis an bplean a bhí ann ar dtús (comhchuibhiú iomlán). Glacadh leagan de thograí 1997 ón gCoimisiún ar a ndearnadh athruithe móra (Treoir 2003/96/CE, maoluithe i dTreoir 2004/74/CE agus i dTreoir 2004/75/CE).

Tá breosla aerárthaí, seachas an breosla a úsáidtear le haghaidh eitilte áineasa príobháidí, díolmhaithe ó dhleacht mháil. Áirítear an díolúine sin in Airteagal 14(1)(b) de Threoir 2003/96/CE ón gComhairle (an Treoir maidir le Cánachas Fuinnimh (ETD)). Mar sin féin, is féidir leis na Ballstáit cáin a ghearradh ar bhreosla eitlíochta le haghaidh eitiltí intíre agus, trí bhíthin comhaontuithe déthaobhacha, cáin a ghearradh ar bhreosla le haghaidh eitiltí laistigh den Aontas. Sna cásanna sin, féadfaidh na Ballstáit leibhéal cánachais a chur i bhfeidhm atá faoi bhun an leibhéil íosta a leagtar amach in ETD.

In 2001, moladh bearta chun úsáid bithbhreoslaí a chur chun cinn, ina measc an deis ráta laghdaithe le haghaidh dleacht mháil a chur i bhfeidhm, agus glacadh na bearta in 2003 faoi Threoir 2003/30/CE.

I mí Iúil 2021, mar dhlúthchuid den phacáiste ‘Oiriúnach do 55’, chuir an Coimisiún togra ar aghaidh chun an treoir a athbhreithniú. Is é is aidhm don togra níos mó comhleanúnachais le beartais eile de chuid an Aontais a áirithiú agus rannchuidiú le cuspóirí fuinnimh agus aeráide an Aontais sa mheántéarma agus san fhadtéarma a bhaint amach, lena n-áirítear an Comhaontú Glas don Eoraip. Déantar é sin leis an togra trí léiriú níos cruinne a thabhairt ar an tionchar a bhíonn ag foinsí éagsúla fuinnimh ar an aeráid agus trí thomhaltóirí agus gnólachtaí a spreagadh chun a n-iompar a athrú.

**5.** Na tionscnaimh is déanaí

Is pacáiste de thionscnaimh bheartais é an Comhaontú Glas don Eoraip, arb é is aidhm dó an tAontas a chur ar an mbealach i dtreo aistriú glas, agus é mar sprioc dheiridh aige aeráidneodracht a bhaint amach faoi 2050. Sheol an Coimisiún é i mí na Nollag 2019 agus thug an Chomhairle Eorpach dá haire é le linn an chruinnithe a bhí aici i mí na Nollag. Is é is aidhm don phacáiste ‘Oiriúnach do 55’ uaillmhianta an Chomhaontaithe Ghlais a thiontú ina ndlí. Tá sraith tograí ann chun dlíthe an Aontais a ailíniú le spriocanna aeráide an Aontais, lena n-áirítear ETD. Sa Chomhairle, rinneadh mionscrúdú ar an togra. Thug Uachtaránacht na Seicia dá haire nach bhfuil roinnt Ballstát fós in ann tacú leis an téacs ón Uachtaránacht nó go bhfuil forchoimeádais ghrinnscrúdaithe acu. Mar sin féin, chuir formhór na mBallstát tuairim dhearfach in iúl maidir leis na hathruithe a moladh agus maidir leis an mbealach chun cinn. Tháinig an Uachtaránacht ar an gconclúid go bhfuil gá fós le tuilleadh oibre (e.g. maidir le luas an chur chun feidhme, deireadh a chur le roinnt díolúintí d’earnálacha na heitlíochta agus na mara, íosleibhéil chánachais, idirghníomhaíocht ETD le tionscnaimh eile de chuid an phacáiste ‘Oiriúnach do 55’, etc.).

**D.** Ról Pharlaimint na hEorpa

**1.** Cánacha ar alcól agus tobac

Ina rún maidir le beartas cánachais AE in 2002, cháin an Pharlaimint beartas an Choimisiúin maidir le dleachtanna ar tháirgí tobac agus alcóil agus dhiúltaigh sí go háirithe do níos mó comhchuibhithe. In 2009, cé go raibh an Pharlaimint i bhfabhar na

cánacha ar thoitíní agus ar tháirgí eile tobac a ardú de réir a chéile, níor ghlac sí le leibhéal na gcánacha a bhí molta ag an gCoimisiún.

**2.** Cánacha ar ola mhianrach nó ar fhuinneamh

Ina rún ó 2002 maidir le beartas cánach, d'áitigh an Pharlaimint gur ghá an prionsabal gurb é 'údar an truaillithe a íocfaidh as' a chur i bhfeidhm níos forleithne, go háirithe in earnáil na dtáirgí fuinnimh. Thug an Pharlaimint tuairim fhabhrach uaithi ar na moltaí maidir le bithbhreosla i mí Dheireadh Fómhair 2002 agus ghlac sí leasuithe ar mhaithe lena neartú. In 2012, ghlac an Pharlaimint rún reachtach maidir leis an togra ETD, a tarraingíodh siar ina dhiaidh sin. Tá an togra ón gCoimisiún ó mhí Iúil 2021 maidir leis an athbhreithniú ar ETD, atá mar chuid den phacáiste 'Oiriúnach do 55', á scrúdú ag an gCoiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta i gcomhar leis an gCoiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh. Rinne Rapóirtéir an Choiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta dréacht-tuarascáil a sheachadadh an 28 Feabhra 2022, ar cuireadh tús léi ina dhiaidh sin do leasuithe. Níl vóta coiste sceidealaithe go fóill.

Le haghaidh tuilleadh eolais ar an ábhar seo, féach an suíomh gréasáin don Fhochoiste um Chúrsaí Cánach (FISC).

Jost Angerer
10/2023

# 2.6.12. BEARTAS IOMAÍOCHTA

Is é is príomhchuspóir le rialacha iomaíochta an Aontais feidhmiú cuí mhargadh inmheánach an Aontais a áirithiú. Is é is aidhm don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) srianta agus saobhadh iomaíochta a chosc, amhail mí-úsáid ceannasachta, comhaontuithe frithiomaíocha agus cumaisc agus éadálacha má laghdaíonn siad an iomaíocht. Thairis sin, tá toirmeasc ar Státchabhair nuair a bhíonn saobhadh ar an iomaíocht dá barr, ach is féidir í a údarú i gcásanna áirithe.

## BUNÚS DLÍ

— Airteagal 101 go hAirteagal 109 CFAE agus Prótacal Uimh. 27 maidir leis an margadh inmheánach agus iomaíocht, ina soiléirítear gur dlúthchuid den mhargadh inmheánach é córas iomaíochta córa, mar a leagtar amach in Airteagal 3(3) den Chonradh ar an Aontas Eorpach;

— An Rialachán um Chumaisc (Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle agus a rialacha cur chun feidhme (Rialachán (CE) Uimh. 802/2004 ón gCoimisiún);

— Airteagail 37, 106 agus 345 CFAE i gcás gnóthais phoiblí agus Airteagail 14, 59, 93, 106, 107, 108 agus 114 CFAE i gcás seirbhísí poiblí, seirbhísí leasa ghinearálta agus seirbhísí leasa eacnamaíoch ghinearálta; Prótacal Uimh. 26 maidir le seirbhísí leasa ghinearálta; Airteagal 36 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh.

## CUSPÓIRÍ

Is príomhionstraim é an beartas iomaíochta chun margadh inmheánach atá saor, dinimiciúil agus feidhmiúil a bhaint amach agus chun an dea-bhail eacnamaíoch i gcoitinne a chur chun cinn. A bhuí le hiomaíocht, is féidir le gnólachtaí dul san iomaíocht ar bhonn cothrom ar fud na mBallstát agus, san am céanna, dreasaítear iad chun tréaniarracht a dhéanamh na táirgí is fearr a thairiscint do na tomhaltóirí ar an bpraghas is ísle. Spreagtar nuálaíocht agus cuirtear borradh faoin bhfás eacnamaíoch fadtéarmach, dá réir sin. Tá feidhm freisin ag beartas iomaíochta an Aontais maidir le gnólachtaí nach gnólachtaí de chuid an Aontais iad agus a bhíonn ag feidhmiú sa mhargadh inmheánach. Bíonn dúshláin le sárú ag beartas iomaíochta an Aontais i ngeall ar athruithe sochaíocha, eacnamaíocha, geopholaitiúla agus teicneolaíocha.

In 2020, sheol an Coimisiún athbhreithniú cuimsitheach ar rialacha an Aontais in aghaidh trustaí agus ar a rialacha maidir le cumaisc agus maidir le Státchabhair. I dteachtaireacht ón gCoimisiún maidir le beartas iomaíochta atá oiriúnach do dhúshláin nua i mí na Samhna 2021, déantar achoimre ar phríomhghnéithe an athbhreithnithe sin. Tarraingítear aird inti freisin ar an tslí a gcabhraíonn an t-athbhreithniú ar an mbeartas le téarnamh iarphaindéime an Aontais a chur chun cinn agus le margadh inmheánach níos athléimní a chruthú chun cur chur feidhme an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip a chothú agus chun dlús a chur leis an aistriú digiteach.

I ngeilleagar atá ag éirí níos digitithe, tá gá anois le huirlisí nua chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin atá ag teacht chun cinn. Tá sé mar aidhm ag an nGníomh nua um Margaí Digiteacha, ar chuir na comhreachtóirí bailchríoch air i mí Mheán Fómhair 2022, a

áirithiú go mbeidh na margaí digiteacha cothrom agus inchonspóide agus, chomh maith leis sin, tugtar isteach leis an nGníomh rialáil ex ante ar na hardáin ar líne dá ngairtear 'geatóirí'. Seoladh roinnt tionscnamh eile atá ceaptha chun uathriail straitéiseach oscailte an Aontais i gcomhthéacs domhanda a neartú. Mar shampla, leis an Rialachán nua maidir le Fóirdheontais Eachtracha, féachtar le haghaidh a thabhairt ar na héifeachtaí saofa a d'fhéadfadh a bheith ag na fóirdheontais eachtracha ar an margadh aonair.

## UIRLISÍ BEARTAIS IOMAÍOCHTA

Tríd is tríd, áirítear le bosca uirlisí beartais iomaíochta an Aontais rialacha in aghaidh trustaí agus rialacha maidir le rialú cumasc, maidir le Státchabhair agus maidir le gnóthais agus seirbhísí poiblí. Tá sé d'aidhm ag 'in aghaidh trustaí' dálaí iomaíocha a athbhunú, e.g. i gcás ina ndéantar cairtéil nó ina mbaintear mí-úsáid as ceannasacht. Leis na huirlisí coisctheacha beartais iomaíochta cuimsítear na rialacha maidir le rialú cumasc agus maidir le Státchabhair. Le rialú cumasc déantar saobhadh a d'fhéadfaí a dhéanamh ar iomaíocht a chur ó dhoras trí mheasúnú a dhéanamh roimh ré an bhféadfadh cumasc nó táthcheangal féideartha tionchar frithiomaíoch a imirt. Is é is aidhm leis na rialacha maidir le Státchabhair idirghabháil mhíchuí stáit a chosc i gcás ar bith ina ndéantar saobhadh ar iomaíocht, nó inar dóchúil go ndéanfaí saobhadh uirthi, de bharr cóir fhabhrach a thabhairt do ghnóthais nó earnálacha ar leith, agus ina ndéantar dochar don trádáil idir na Ballstáit dá bharr. Tá tábhacht ar leith do na tomhaltóirí ag baint le seirbhísí lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta (SGEI) agus, d'fhonn comhtháthú sóisialta agus críochach, ardleibhéal cáilíochta, sábháilteachta agus inacmhainneachta, agus an chóir chomhionann a chur chun cinn, bíonn siad faoi réir rialacha sonracha i gcomhthéacs na Státchabhrach.

**A.** Toirmeasc cuimsitheach ar chomhaontuithe frithiomaíocha (Airteagal 101 CFAE)

I gcás claonpháirteachas idir cuideachtaí déantar an cothrom iomaíochta a shaobhadh agus déantar díobháil do thomhaltóirí agus do ghnólachtaí eile. Tá toirmeasc ar chomhaontuithe idir gnóthais, amhail cairtéil, agus déantar iad a neamhní go huathoibríoch. Mar sin féin, is féidir comhaontuithe a dhíolmhú, má tá siad ina gcuidiú le táirgeadh nó dáileadh earraí a fheabhsú nó má dhéanann siad dul chun cinn teicniúil nó eacnamaíoch a chur chun cinn. Deonaítear díolúine ar choinníoll go dtugtar a chion féin den toradh a thagann aisti don tomhaltóir agus nach bhforchuirtear srianta nach gá leis an gcomhaontú agus nach é is aidhm leis iomaíocht a dhíothú do chuid mhór de na táirgí lena mbaineann. Is mó a dhéantar díolúintí a rialú leis na Rialacháin Blocdhíolúineseachas iad a dheonú de réir an cháis.

Cumhdaítear leis na rialacháin sin grúpaí de chomhaontuithe sonracha comhchosúla arb iondúil go mbíonn tionchar inchomparáide ar an iomaíocht acu. I mí na Bealtaine 2022, ghlac an Coimisiún an Rialachán Blocdhíolúine Ingearach athbhreithnithe. Tá athbhreithniú á dhéanamh aige chomh maith ar an dá Rialachán Chothrománacha Blocdhíolúine mar aon leis na treoirlínte ábhartha.

Ar deireadh, ní mheastar gur sáruithe iad comhaontuithe áirithe más rud é gur beag tábhacht a bhaineann leo agus gur beag an tionchar a bhíonn acu ar an margadh (an prionsabal de minimis). Is minic a mheastar go bhfuil na comhaontuithe sin áisiúil le haghaidh comhar idir fiontair bheaga agus mheánmhéide.

**B.** Mí-úsáid seasaimh cheannasaigh a thoirmeasc (Airteagal 102 CFAE)

Dar le Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, is é is seasamh ceannasach ann 'staid eacnamaíoch láidir atá ag gnóthas a chumasaíonn dó iomaíocht éifeachtach a chosc sa mhargadh ábhartha tríd an gcumhacht a thabhairt dó feidhmiú den chuid is mó go neamhspleách ar a chuid iomaitheoirí, ar a chuid custaiméirí agus, sa deireadh, ar a chuid tomhaltóirí'. Déantar é a mheas i ndáil leis an margadh inmheánach ina iomláine, nó i ndáil le cuid mhór de ar a laghad.

Ní sárú ar dhlí iomaíochta an Aontais ann féin é seasamh ceannasach agus tá sé de chead acu siúd a bhfuil an seasamh sin acu dul san iomaíocht de bhua tuillteanais. Mar sin féin, cuirtear d'fhreagracht speisialta ar an ngnóthas, de bharr a sheasaimh cheannasaigh, a áirithiú nach ndéanann a iompar an iomaíocht a shaobhadh. Ar na samplaí d'iompraíochtaí arbh ionann agus mí-úsáid seasaimh cheannasaigh iad, áirítear praghsanna a shocrú faoi bhun leibhéal an chostais (praghsáil chreachach), praghsanna iomarcacha a ghearradh, nascadh agus cuachadh, agus diúltú déileáil le piaraí áirithe.

Thairis sin, leagtar amach sa Ghníomh nua um Margaí Digiteacha oibleagáidí sonracha maidir leis na hardáin ar líne dá ngairtear 'geatóirí'. Nuair a dhéanann an Coimisiún eintiteas a ainmniú mar gheatóir, beidh air cloí le hoibleagáidí áiríthe nó le toirmisc ar iompraíochtaí áirithe mar atá beartaithe sa dlí (amhail féintosaíocht, réamhshuiteáil agus nascadh táirgí bogearraí áirithe, srl). Tá na hoibleagáidí sin forlíontach do rialacha ginearálta maidir le comórtais, a leanann d'fheidhm a bheith acu.

**C.** Rialú cumasc

Faoi Rialachán Um Chumaisc CE (Uimh. 139/2004), maidir le comhchruinnithe a chuirfeadh bac suntasach ar an iomaíocht sa mhargadh inmheánach nó i gcuid shuntasach de, go háirithe trí cheannasacht a chruthú nó a neartú, ní mór a dhearbhú nach luíonn siad leis an gcómhargadh (Airteagal 2(3)). Ní mór fógra thabhairt don Choimisiún maidir le cumaisc a bheartaítear dá mba rud é go sáródh an chuideachta a thiocfadh astu tairseacha áirithe (comhchruinnithe lena mbaineann gné Chomhphobail). Is féidir leis na húdaráis iomaíochta náisiúnta athbhreithniú a dhéanamh ar tháthcheangail faoi bhun na dtairseach sin. Tá feidhm ag na rialacha i ndáil le rialú cumasc maidir le cuideachtaí atá lonnaithe lasmuigh den Aontas má bhíonn siad i mbun gnó sa mhargadh inmheánach. Déantar an próiseas athbhreithnithe a ghníomhachtú nuair a fhaightear smacht ar ghnóthas eile (Airteagal 3(1)). Tar éis don Choimisiún measúnú a dhéanamh ar an tionchar is dócha a bheadh ag an gcumasc ar an iomaíocht, is féidir leis é a fhormheas nó diúltú dó, nó is féidir leis formheas a dheonú faoi réir coinníollacha agus oibleagáidí áirithe (Airteagal 8). Ní dhéantar aon ghrinnscrúdú córasach ná aon díchuachadh ina dhiaidh sin ar na cuideachtaí lena mbaineann.

Tar éis próiseas athbhreithnithe fhada a thosaigh in 2014, rinne an Coimisiún leasú ar a Rialachán Cur Chun Feidhme um Chumaisc agus a Fhógra maidir le Nós Imeachta Simplithe d'fhonn go mbeidh feidhm ag na rialacha nua ó mhí Mheán Fómhair 2023.

**D.** Toirmeasc ar Státchabhair (Airteagal 107 CFAE)

Tá toirmeasc ginearálta ar Státchabhair in Airteagal 107 CFAE chun cosc a chur ar shaobhadh iomaíochta sa mhargadh inmheánach a d'fhéadfadh a bheith ann mar thoradh ar bhuntáistí roghnaitheacha a thabhairt do chuideachtaí áirithe. Tá toirmeasc ar aon chabhair dhíreach ó na Ballstáit (e.g. fóirdheontais neamh-inaisíoctha, iasachtaí

faoi théarmaí fabhracha, díolúintí ó cháin agus dleacht, agus ráthaíochtaí ar iasachtaí) chomh maith le haon bhuntáistí comhchosúla eile.

Tugtar de shaoirse le CFAE díolúintí áirithe a dheonú ón toirmeasc ginearálta sin más féidir bonn cirt a thabhairt leo trí spriocanna uileghabhálacha sonracha beartais, lena dtugtar aghaidh ar shuaitheadh eacnamaíoch tromchúiseach, mar shampla, nó ar chúiseanna leas na hEorpa i gcoitinne. Le linn ráig COVID-19, ghlac an Coimisiún an Creat Sealadach maidir le Státchabhair chun aghaidh a thabhairt ar shuaití tromchúiseacha eacnamaíocha arbh í an phaindéim ba chúis leo, ar cuireadh deireadh leo de réir a chéile cheana. I mí an Mhárta 2022, ghlac an Coimisiún Creat Sealadach Géarchéime, a leathnaíodh tuilleadh ó shin, chun a chur ar chumas na mBallstát leas a bhaint as an tsolúbthacht dá bhforáiltear faoi na rialacha maidir le Státchabhair chun tacú leis an ngeilleagar i gcomhthéacs ionradh na Rúise ar an Úcráin. Le déanaí, i mí an Mhárta 2023, rinne an Coimisiún an creat sealadach a chlaochlú tuilleadh ina Chreat Sealadach um Ghéarchéim agus Aistriú, chun go gcothófar bearta tacaíochta trí bhearta a chur leo in earnálacha atá ríthábhachtach don aistriú chuig geilleagar glan-nialasach, i gcomhréir le Plean Tionsclaíoch an Chomhaontaithe Ghlais. Mar thoradh air sin, trí aidhmeanna nua a chur leis, tá athruithe móra ag teacht ar bhunbhrí bheartas iomaíochta an Aontais faoi láthair, rud a d'fhéadfaí a mheas mar imeacht ón gcleachtas a bhí ann leis na blianta.

San am atá thart, glacadh céimeanna comhchosúla i gcomhthéacs na géarchéime airgeadais domhanda chun cosc a chur ar éifeachtaí iarmharta diúltacha móra don chóras airgeadais trí chéile i ngeall ar mhainneachtain institiúide airgeadais aonair.

Tá sé de cheangal ar na Ballstáit fógra a thabhairt don Choimisiún faoi aon Státchabhair a bheartaítear, mura rud é go gcumhdaítear le blocdhíolúine í (mar a leagtar amach i Rialachán Blocdhíolúine Ginearálta maidir le Státchabhair ón gCoimisiún) nó go bhfuil feidhm ag an bprionsabal de minimis. Ní féidir bearta státchabhrach a chur chun feidhme mura rud é gur thug an Coimisiún a fhormheas. Mheas sé gurb ionann cóireáil fhabhrach cánach do chuideachtaí aonair áirithe i roinnt Ballstát agus Státchabhair thoirmeasctha. Tá sé de chumhacht ag an gCoimisiún Státchabhair neamh-chomhoiriúnach a aisghabháil.

Ó 2021 i leith, chuir an Coimisiún réimse athbhreithnithe ar ghnéithe éagsúla de bheartas státchabhrach an Aontais i gcrích. Áirítear leis sin na Treoirlínte nua maidir le Státchabhair le haghaidh na haeráide, chosaint an chomhshaoil agus an fhuinnimh, an Teachtaireacht athbhreithnithe maidir le tionscadail thábhachtacha ar mhaithe le leas na hEorpa i gcoitinne, agus na Treoirlínte athbhreithnithe maidir le Státchabhair chun infheistíochtaí airgeadais riosca a chur chun cinn, i measc nithe eile.

**E.** Seirbhísí lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta

I roinnt Ballstát, tá seirbhísí bunriachtanacha áirithe (e.g. leictreachas, an post agus iompar ar iarnród) á gcur ar fáil i gcónaí ag gnóthais phoiblí nó ag gnóthais atá faoi smacht na n-údarás poiblí. Meastar gur seirbhísí lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta iad na seirbhísí sin agus bíonn siad faoi réir rialacha sonracha i gcomhthéacs chreat an Aontais maidir le Státchabhair. In Airteagal 36 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh freisin, tugtar aitheantas freisin don rochtain ar SGEInna ba cheart a bheith ag saoránaigh na hEorpa.

## FORFHEIDHMIÚ

Is den ríthábhacht é rialacha iomaíochta an Aontais a fhorfheidhmiú go dian agus go héifeachtach chun a áirithiú go mbaintear cuspóirí an bheartais iomaíochta amach. Is é an Coimisiún an príomhchomhlacht atá freagrach as cur i bhfeidhm ceart na rialacha sin a áirithiú agus tá cumhachtaí fadréimseacha iniúchta agus forfheidhmithe aige. Mar sin féin, le Rialachán (CE) Uimh. 1/2003 ón gComhairle ceadaítear ról treisithe forfheidhmithe do na húdaráis náisiúnta in aghaidh trustaí agus do na cúirteanna, agus treisíodh leis an ról sin arís le Treoir (AE) 2019/1. Tacaíonn an Gréasán Eorpach Iomaíochta, ina bhfuil na húdaráis iomaíochta náisiúnta agus an Coimisiún, le comhordú idir na leibhéil.

Sa réimse dlí in aghaidh trustaí, glacadh an Treoir maidir le Caingne i leith Damáistí in 2014 chun an éifeacht dhíspreagthach i gcoinne comhaontuithe faoi thoirmeasc a mhéadú (cairtéil agus mí-úsáid a bheith á baint as seasamh ceannasach) agus chun cosaint níos fearr a thabhairt do na tomhaltóirí. Éascaítear leis an próiseas chun cúiteamh a fháil i leith díobháil.

## RÓL PHARLAIMINT NA HEORPA

Is é príomhról na Parlaiminte sa bheartas iomaíochta grinnscrúdú a dhéanamh ar an bhfeidhmeannacht. Roinnt uaireanta in aghaidh na bliana, tagann an Coimisinéir um Iomaíocht os comhair an Choiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta (ECON) sa Pharlaimint chun míniú a thabhairt ar an gcur chuige a glacadh agus chun cinntí aonair a phlé. Maidir le reachtaíocht i ndáil leis an mbeartas iomaíochta a ghlacadh, de ghnáth ní bhíonn baint ag an bParlaimint ach amháin tríd an nós imeachta comhairliúcháin. Mar sin, is féidir an gnáthnós imeachta reachtach a chur i bhfeidhm, amhail chun na treoracha thuasluaite a ghlacadh maidir le caingne i leith damáistí agus le bearta chun údaráis iomaíochta na mBallstát a neartú.

Le linn an ochtú téarma parlaiminteach, rinne an Coiste Speisialta um Rialuithe Cánach agus Bearta eile atá Comhchosúil ó thaobh Cineáil agus Éifeachta (TAXE 1, TAXE 2 agus TAXE 3) anailís ar na bearta a rinneadh chun measúnú a dhéanamh ar chomhoiriúnacht rialuithe cánach sna Ballstáit le rialacha maidir le Státchabhair, agus ar an bhféidearthacht soiléiriú breise a thabhairt ar na rialacha maidir le faisnéis a mhalartú go frithpháirteach. I mí Mheán Fómhair 2020, bunaíodh an Fochoiste um Chúrsaí Cánach (FISC) chun leanúint leis an obair sin agus chun a áirithiú go gcuireann an Pharlaimint cánachas cothrom chun cinn ar an leibhéal náisiúnta, ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal domhanda.

Leanann an Pharlaimint d'fhaireachán a dhéanamh ar fhorbairtí sa bheartas iomaíochta agus ar obair an Choimisiúin sa réimse sin. A bhuí le Meitheal tiomnaithe ECON um an mBeartas Iomaíochta agus le rúin bhliantúla na Parlaiminte maidir leis an tuarascáil bhliantúil ón gCoimisiún ar an mbeartas iomaíochta, soláthraítear ionchur beartais agus treoir do dhearcadh na Parlaiminte maidir le haghaidh a thabhairt ar dhúshláin bheartais iomaíochta an Aontais atá le sárú.

Christian Scheinert
10/2023

# 2.6.13. AN BEARTAS MAIDIR LE SEIRBHÍSÍ AIRGEADAIS

Is cuid bhunriachtanach iad seirbhísí airgeadais d'iarrachtaí AE ar an margadh inmheánach a chomhlánú, faoi shaorghluaiseacht seirbhísí agus caipitil. Is i gcéimeanna a rinneadh dul chun cinn: (1) deireadh a chur le bacainní iontrála náisiúnta (1957-1973); (2) comhchuibhiú na ndlíthe agus na mbeartas náisiúnta (1973-1983); (3) comhlánú an mhargaidh inmheánaigh (1983-1992); (4) cruthú an limistéir airgeadra aonair (1993-2007); agus (5) an ghéarchéim dhomhanda airgeadais agus athchóiriú i ndiaidh na géarchéime (ó 2007 i leith).

## AN BUNÚS DLÍ

Is iad Airteagail 49 (an tsaoirse bunaíochta), 56 (an tsaoirse chun seirbhísí a sholáthar), 63 (saorghluaiseacht caipitil) agus 114 (comhfhogasú dlíthe do bhunú agus d'fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh an bunús dlí.

## CLOCHA MÍLE AR AN MBEALACH I DTREO MARGADH AIRGEADAIS COMHTHÁITE DE CHUID AE

**A.** Iarrachtaí luatha ar bhacainní iontrála a bhaint (1957-1973)

Bhí na hiarrachtaí luatha ar chórais airgeadais na mBallstát a chomhtháthú bunaithe ar phrionsabail na saoirse bunaíochta agus na saoirse chun seirbhísí a sholáthar, agus comhordú reachtaíochta agus beartas ann i gcás inar ghá. Le Conradh na Róimhe, a síníodh in 1957, cruthaíodh an Cómhargadh, lenar cuireadh deireadh le constaicí roimh shaorghluaiseacht daoine, seirbhísí agus caipitil idir na Ballstáit. In 1962, ghlac an Chomhairle cláir ghinearálta um dhíothú srianta ar an tsaoirse chun seirbhísí a sholáthar agus ar an tsaoirse bunaíochta.

**B.** Comhchuibhiú na ndlíthe agus na mbeartas náisiúnta (1973-1983)

Is le trí threoir ón gComhairle, go háirithe, a cuireadh tús leis an bpróiseas le haghaidh rialacha, rialacháin agus forálacha riaracháin na mBallstát a chomhchuibhiú, eadhon: an Chéad Threoir um Árachas Neamhshaoil (73/239/EEC) in 1973, an Chéad Treoir um Baincéireacht (77/780/EEC) in 1977 agus an Chéad Treoir um Árachas Saoil (79/267/EEC) in 1979.

**C.** Comhlánú an mhargaidh inmheánaigh (1983-1992)

I mí an Mheithimh 1985, d'fhoilsigh an Coimisiún páipéar bán inar sonraíodh clár agus tráthchlár chun an margadh inmheánach a chomhlánú faoi dheireadh 1992. Áiríodh ann roinn shonrach maidir le seirbhísí airgeadais. Bhí an comhchuibhiú a beartaíodh bunaithe ar na prionsabail seo a leanas: ceadúnas baincéireachta aonair, aitheantas frithpháirteach agus smacht a bheith ag an tír baile. Le hIonstraim Eorpach Aonair 1987, rinneadh an sprioc a leagadh síos i bPáipéar Bán 1985 a ionchorprú i ndlí príomha AE, agus socraíodh gurbh é spriocdháta beacht an 31 Nollaig 1992 an spriocdháta a bheadh ann le haghaidh an margadh inmheánach a chomhlánú.

**D.** Cruthú an limistéir airgeadra aonair (1993-2007)

Le Conradh Maastricht, a tháinig i bhfeidhm in 1993, réitíodh an bealach d'airgeadra aonair Eorpach a chruthú: an euro (ar tugadh ECU air ar dtús). D'fhoilsigh an Coimisiún plean gníomhaíochta um sheirbhísí airgeadais i mBealtaine 1999, inar áiríodh 42 bheart reachtacha agus neamhreachtacha a bheadh le cur i gcrích faoi 2004. I mí Iúil 2000, chuir an Chomhairle Coiste na Saoithe maidir le Margaí Urrús Eorpacha a Rialáil ar bun, arna stiúradh ag Alexandre Lamfalussy. Sa tuarascáil chríochnaitheach ón gCoiste, aithníodh go raibh creat institiúideach AE 'ró-mhall, ró-dholúbtha, casta agus mí-oiriúnach i leith luas an athraithe sna margaí airgeadais domhanda'. D'eascair 'próiseas Lamfalussy' aisti, cur chuige reachtach ceithre leibhéal a úsáideadh ar dtús le haghaidh reachtaíocht urrús, agus lena haghaidh sin amháin, ach a leathnaíodh tráth ba shia anonn chun aghaidh a thabhairt ar réimsí eile de reachtaíocht na seirbhísí airgeadais.

**E.** An ghéarchéim dhomhanda airgeadais agus an t-athchóiriú a rinneadh i ndiaidh na géarchéime (ó 2007 i leith).

Sa tréimhse roimh 2007, bhí margaí airgeadais á gcomhtháthú mó sa mhó agus bhí níos mó idirspleáchais eatarthu, ní hamháin laistigh den Aontas, ach ar an leibhéal domhanda freisin. Tháinig deireadh tobann leis sin nuair a bhris an ghéarchéim dhomhanda amach in 2007-2008, rud a d'fhág go raibh géarghá le hathchóiriú a dhéanamh ar earnáil na seirbhísí airgeadais. Mhol an Coimisiún níos mó ná 50 beart reachtacha agus neamhreachtacha. Rinneadh na moltaí is tábhachtaí faoi thionscnaimh shuaitheanta de chuid an Aontais amhail an tAontas Baincéireachta agus Aontas na Margaí Caipitil. Mar gheall ar na hathchóirithe a rinneadh i ndiaidh na géarchéime, tá leibhéal áirithe láraithe ann agus aistríodh an fhreagracht as a lán réimsí den rialáil agus den mhaoirseacht ar sheirbhísí airgeadais ón leibhéal náisiúnta chuig leibhéal an Aontais Eorpaigh. Le déanaí, léiríodh i gclár oibre beartais seirbhísí airgeadais an Aontais na hiarrachtaí a rinneadh ar aghaidh a thabhairt ar an athrú aeráide agus ar chonair eacnamaíoch níos inbhuanaithe a fhorbairt, agus tugtar aghaidh ann ar na dushláin nua a bhaineann leis an gclaochlú digiteach.

I bhfianaise go bhféadfadh éifeachtaí tadhlachta a bheith ann, tháinig méadú suntasach ar ról na bhfóram idirnáisiúnta maidir le rialacha agus caighdeáin a leagan síos. Dá bhrí sin, ó thaobh rialtóirí agus maoirseoirí an Aontais de, bhí tábhacht mó sa mhó le fóraim agus comhlachtaí amhail G20, an Bord um Chobhsaíocht Airgeadais (FSB), Coiste Basel um Maoirseacht ar Bhaincéireacht (Coiste Basel), an Comhlachas Idirnáisiúnta Maoirseoirí Árachais (IAIS) agus an Eagraíocht Idirnáisiúnta um Choimisiúin Urrús (IOSCO).

## PRÍOMHREACHTAÍOCHT SIN AN AONTAIS ATÁ I BHFEIDHM UM SHEIRBHÍSÍ AIRGEADAIS

**A.** Baincéireacht

Bhí athchóiriú an chreata rialála don bhaincéireacht i gcroílár an ollchóirithe reachtaigh iar-ghéarchéime ar an earnáil airgeadais. Leag sé síos na bunchlocha don Aontas Baincéireachta a bunaíodh de réir a chéile sa limistéar euro. Áiríodh san athchóiriú rialála a rinneadh ar earnáil na baincéireachta bearta fadréimseacha lenar bunaíodh an méid seo a leanas: (1) ceanglais stuamachta níos láidre do bhainc; (2) ollstruchtúr feabhsaithe le haghaidh maoirseacht baincéireachta agus réiteach bainc; (3) rialacha

maidir le bainc anásta a bhainistiú; agus (4) cosaint fheabhsaithe do thaisceoirí: Tugtar an 'leabhar rialacha aonair' ar na tionscnaimh sin le chéile.

**1.** Ceanglais stuamachta do bhainc

Leagtar síos leis an Treoir maidir le Ceanglais Chaipitil (CRD) (2013/36/AE) rialacha i dtaca le rochtain ar ghníomhaíocht institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta, i dtaca le faireachán stuamachta agus i dtaca le rialachas baincéireachta. Leis an Rialachán maidir le Ceanglais Chaipitil (CRR) ((AE) Uimh. 575/2013) bunaítear na híoschaighdeáin chun fóntacht airgeadais na mbanc a áirithiú (i.e. ceanglais chaipitil, maoláin leachtachta agus cóimheasa giarála). Déantar creat CRD/CRR a nuashonrú go leanúnach, go príomha chun na torthaí is déanaí ar obair Choiste Basel agus an Bhoird um Chobhsaíocht Airgeadais a léiriú.

**2.** Ollstruchtúr feabhsaithe le haghaidh maoirseacht baincéireachta agus réiteach bainc

Ó bhí 2014 ann, faoin Rialachán maidir leis an Sásra Aonair Maoirseachta (SAM) ((AE) Uimh. 1024/2013), is é BCE an maoirseoir stuamachta lárnach do bhainc mhóra sa limistéar euro agus i mBallstáit nach bhfuil sa limistéar euro a roghnaíonn a bheith páirteach in SAM. Déantar SAM a chomhlánú leis an Rialachán maidir leis an Sásra Réitigh Aonair ((AE) Uimh. 806/2014), a glacadh in 2014 freisin, a bhfuil sé mar aidhm leis a áirithiú go ndéantar bainistiú éifeachtúil ar theipeanna banc atá mar chuid de SAM.

**3.** Rialacha maidir le bainc anásta a bhainistiú

Tá sé mar aidhm leis an Treoir maidir le Téarnamh agus Réiteach na mBanc (2014/59/AE), a glacadh in 2014 freisin, cosc a chur ar bhainc atá ag cliseadh a bheith á dtarrtháil trí úsáid a bhaint as airgead cáiníocóirí trí shásra 'tarrthála inmheánaigh' a thabhairt isteach, a d'áiritheodh gurbh iad geallsealbhóirí agus creidiúnaithe an bhainc a bheadh ar na chéad daoine a chumhdódh caillteanais an bhainc. Ceanglaítear léi ar na Ballstáit cistí náisiúnta réitigh a bhunú.

**4.** Cosaint fheabhsaithe do thaisceoirí

I gcaitheamh na géarchéime airgeadais, bhí sé ríthábhachtach cosaint leormhaith a áirithiú do thaiscí bainc na saoránach. Mar fhreagairt tosaigh air sin, rinneadh an t-íosmhéid ar anuas go dtí é a ráthaítear taiscí bainc i gcás cliseadh bainc a mhéadú dhá uair. Ina dhiaidh sin, rinneadh athchóiriú níos cuimsithí ar chóras na scéimeanna náisiúnta ráthaithe taiscí, a bhí an uair sin ina chóras an-ilroinnte, tríd an Treoir maidir le Scéimeanna Ráthaithe Taiscí (2014/49/AE) in 2014. An Scéim Eorpach Árachais Taiscí, a moladh in 2015, tá bacainní polaitiúla uirthi go dtí seo sa Chomhairle agus sa Pharlaimint. I mí Aibreáin 2023, ghlac an Coimisiún pacáiste reachtach chun athchóiriú a dhéanamh ar an gcreat bainistíochta géarchéime banc agus árachais taiscí.

**B.** Margaí airgeadais agus bonneagar margaidh

**1.** Seirbhísí infheistíochta agus ionaid trádála

In 2004, leis an Treoir maidir le Margaí in Ionstraimí Airgeadais (MiFID I) (2004/39/CE), leagadh síos caighdeáin aonfhoirmeacha lenar rialaíodh trádáil urrús d'fhonn feabhas a chur ar an iomaíocht agus ar chosaint infheisteoirí. In 2014, glacadh athbhreithniú ar an Treoir (MiFID II) (2014/65/AE) agus ar Rialachán (MiFIR) ((AE) Uimh. 600/2014), lena ndearnadh uasdátú suntasach ar an gcreat dlíthiúil. Leis an gcreat sin, tugtar isteach

roinnt forálacha atá dírithe ar chosaint tomhaltóirí agus trédhearcacht an mhargaidh a fheabhsú. Athbhreithníodh an dá cheann acu roinnt uaireanta.

**2.** Conarthaí díorthaigh agus tithe imréitigh

Tá ról tábhachtach eacnamaíoch ag conarthaí díorthaigh, ach tá rioscaí áirithe ag baint leo freisin, rioscaí ar tarraingíodh aird orthu le linn na géarchéime airgeadais. Sa Rialachán maidir le Bonneagar Margaidh Eorpach (RBME) ((AE) Uimh. 648/2012), a glacadh in 2012, leagtar amach rialacha maidir le conarthaí díorthaigh thar an gcuntar (OTC), maidir le contrapháirtithe lárnacha (CPLanna, nó tithe imréitigh) agus maidir le stórtha trádála. Tá sé mar aidhm leis cobhsaíocht airgeadais a chaomhnú, riosca sistéamach a mhaolú agus trédhearcacht a mhéadú i margadh OTC. Déantar an Rialachán a athbhreithniú agus a nuashonrú go rialta. D'fhéadfadh CPLanna a bheith ina riosca don chobhsaíocht airgeadais dá dteipfeadh orthu. I mí na Nollag 2020, ghlac na comhreachtóirí an Rialachán maidir le Téarnamh agus Réiteach CPLanna ((AE) 2021/23) a bhfuil sé mar aidhm leis réiteach ordúil a aimsiú i gcás géarchéime.

**3.** Rochtain ar chistiú margaidh caipitil

Sa tionscnamh suaitheanta maidir le hAontas na Margaí Caipitil a thógáil, rinneadh foráil d'athbhreithniú substaintiúil ar chreat an Aontais Eorpaigh maidir le hurrúis a thairiscint go poiblí (i.e. tairiscintí tosaigh don phobal nó TTPanna). Bhí sé mar aidhm le Treoir 2003 maidir le Réamheolairí 2003/71/CE, ar tháinig Rialachán (AE) 2017/1129 ina hionad, rochtain ar chistiú margaidh caipitil a éascú do chuideachtaí beaga, agus feabhas a chur ar cháilíocht agus cainníocht na faisnéise a bhíonn le soláthar d'infheisteoirí, go háirithe d'infheisteoirí miondíola. Cuireadh leis na hiarrachtaí ar fheabhas a chur ar dheiseanna cistiúcháin do chuideachtaí beaga leis an Rialachán Eorpach maidir le Sluachistiú ((AE) 2020/1503), a bhfuil feidhm leis amhail ó mhí na Samhna 2021.

**C.** Árachas

Le Treoir Shócmhainneacht II (2009/138/CE) , a glacadh in 2009, rinneadh na rialacha ilroinnte a bhí ann cheana maidir le hearnáil an árachais neamhshaoil, earnáil an árachais saoil agus earnáil an atháirachais a chomhchuibhiú. Leis an Treoir, leagadh amach rialacha maidir le húdarú do dhul i mbun gnó, ceanglais chaipitil, bainistiú riosca agus faireachán ar eagraíochtaí árachais dhírigh agus athárachais. Leasaíodh creat Shócmhainneacht II roinnt uaireanta.

**D.** Seirbhísí íocaíochta

Leis an dara Treoir maidir le Seirbhísí Íocaíochta ((AE) 2015/2366), rinneadh creat an Aontais maidir le híocaíochtaí a thabhairt cothrom le dáta chun é a chur in oiriúint do na forbairtí nua i ndáil le híocaíochtaí digiteacha. Tháinig sí i bhfeidhm amhail ón 13 Eanáir 2018. Treisítear léi na ceanglais slándála i leith íocaíochtaí leictreonacha agus na caighdeáin maidir le cosaint sonraí airgeadais tomhaltóirí. Ina theannta sin, réitíonn sí an bealach do shamhlacha gnó nuálacha ('baincéireacht oscailte') a bheith á saothrú sa mhargadh agus tá forálacha inti maidir le húdarú agus maoirseacht institiúidí íocaíochta.

**E.** Maoiniú inbhuanaithe

Tá ról tábhachtach ag an gcóras airgeadais maidir le tacú leis an hiarrachtaí ar aistriú chuig geilleagar agus sochaí atá níos glaise, níos cothroime agus níos cuimsithí a chothú. Tá sé mar aidhm leis an bplean gníomhaíochta maidir le maoiniú inbhuanaithe ó mhí an Mhárta 2018 aird chuí a thabhairt ar bhreithnithe comhshaoil, sóisialta agus

rialachais agus cinntí infheistíochta á ndéanamh san earnáil airgeadais. Áirítear ar na príomhghnéithe den chreat reachtach reatha Rialachán AE maidir le Tacsanomaíocht ((AE) 2020/852), an Rialachán maidir le nochtaí ó thaobh na hinbhuanaitheachta de san earnáil airgeadais ((AE) 2019/2088) agus an Rialachán maidir le nochtaí ó thaobh tagarmharcanna de ((AE) 2019/2089). Tá tuilleadh tionscnamh ar na bacáin.

**F.** Airgeadas Digiteach

Mar aon leis an úsáid a bhaintear as teicneolaíochtaí nua san airgeadas (fintech), tá gealladh faoin iomaíocht agus faoi tháirgí agus faoi sheirbhísí atá nua, níos éifeachtaí nó níos tairbhiúla. Fágann sé castachtaí a bheith ann freisin mar aon le dúshláin do rialtóirí agus do mhaoirseoirí. I mí Mheán Fómhair 2020, sheol an Coimisiún an Straitéis Airgeadais Dhigitigh, agus ina dhiaidh sin bhí roinnt tionscnamh reachtach ann. Go háirithe, leis an Rialachán nua maidir le hathléimneacht dhigiteach oibríochtúil don earnáil airgeadais (DORA) ((AE) 2022/2554), bunaítear creat aonfhoirmeach chun a áirithiú go mbionn institiúidí airgeadais in ann cibear-rioscaí agus rioscaí eile a bhaineann le TFC a mhaolú agus a sheasamh; agus sa Rialachán maidir le Margaí Criptea-Shócmhainní (MiCA), leagtar amach caighdeáin le haghaidh criptea-shócmhainní a eisiúint agus seirbhísí gaolmhara a sholáthar. Tá an Rialachán maidir le córas píolótach do bhonneagair mhargaidh bunaithe ar theicneolaíocht mórleabhar dáilte ((AE) 2022/858) cosúil le bosca gainimh rialála, i.e. fágann sé gur féidir timpeallacht rialála sholúbtha a bheith ann.

## RÓL PHARLAIMINT NA HEORPA

Ó Chonradh na Róimhe in 1957, tá méadú tagtha ar ról na Parlaiminte sa chinnteoireacht maidir le seirbhísí airgeadais, ó bheith srianta sa nós imeachta comhairliúcháin go dtí go raibh sí ar comhchéim leis an gComhairle, ós rud é go n-úsáidtear an gnáthnós imeachta reachtach in go leor réimsí beartais.

Faoi phróiseas ‘Lamfalussy’ maidir le reachtaíocht seirbhísí airgeadais an Aontais a ghlacadh agus a chur chun feidhme, glacann an Pharlaimint, in éineacht leis an gComhairle, dlíthe bunúsacha (leibhéal 1) faoin ngnáthnós imeachta reachtach (reachtaíocht thánaisteach AE). Tá ról ag an bParlaimint freisin maidir le grinnscrúdú a dhéanamh ar ghlacadh beart cur chun feidhme ar leibhéal 2.

Tá ról gníomhach ag an bParlaimint i dtaca leis na tionscadail reachtacha uaillmhianacha le haghaidh creat rialála AE a fhorbairt don earnáil airgeadais a chur ar aghaidh. Laistigh den Pharlaimint, is é an Coiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta (ECON) an príomhchoiste do sheirbhísí airgeadais.

San am a chuaigh thart, i gcomhthéacs na géarchéime domhanda airgeadais, rinne an Pharlaimint an Coiste Speisialta um an nGéarchéim Airgeadais, Eacnamaíoch agus Shóisialta (CRIS) a chur ar bun. Chuaigh an coiste speisialta i gceann a chuid cúraimí ó mhí Dheireadh Fómhair 2009 go dtí mí Iúil 2011 agus cuireadh bailchríoch ar obair an choiste le rún ón bParlaimint ina raibh roinnt moltaí maidir leis na bearta agus na tionscnaimh ba ghá a shaothrú mar fhreagairt ar an ngéarchéim.

Christian Scheinert
10/2023

# 2.6.14. AN CÓRAS EORPACH UM MAOIRSEACHT AIRGEADAIS (CEMA)

Is éard atá sa Chóras Eorpach um Maoirseacht Airgeadais ná córas ilsrathach d'údaráis mhicreastuamachta agus mhacrastuamachta a bhfuil sé mar aidhm leis maoirseacht chomhsheasmhach agus chomhleanúnach airgeadais in AE a áirithiú. Áirítear air sin an Bord Eorpach um Riosca Sistéamach, na trí údarás Eorpacha maoirseachta (ÚBE, ESMA agus ÚEÁPC) agus na maoirseoirí náisiúnta. Is é an Banc Ceannais Eorpach, mar chuid den Sásra Maoirseachta Aonair (SMA), an maoirseoir baincéireachta do na bainc is mó.

## BUNÚS DLÍ

Airteagal 114 agus Airteagal 127(6) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh

## CÚLRA AGUS CUSPÓIRÍ

Tá an earnáil airgeadais faoi réir creat dian rialála agus maoirseachta atá ceaptha chun cobhsaíocht airgeadais a chur chun cinn agus custaiméirí na seirbhísí airgeadais a chosaint. Leagtar amach i rialacháin AE na rialacha agus caighdeáin nach foláir do na hinstitiúidí airgeadais cloí leo. Próiseas faireacháin is ea maoirseacht atá ceaptha chun a áirithiú go ndéanfaidh institiúidí airgeadais na rialacha agus caighdeáin sin a chur i bhfeidhm go cuí. As measc saincheisteanna eile, léiríodh go soiléir le géarchéim airgeadais dhomhanda 2007-08, an gá atá le struchtúr rialála agus maoirseachta na hEorpa a fheabhsú agus a neartú. Mar thoradh ar na moltaí sa tuarascáil ón ngrúpa saineolaithe de Larosière maidir leis na socruithe maoirseachta san Eoraip a neartú, tugadh an Córas Eorpach um Maoirseacht Airgeadais (CEMA) isteach in 2010 agus tháinig sé i bhfeidhm an 1 Eanáir 2011. Tá CEMA comhdhéanta den Bhord Eorpach um Riosca Sistéamach (BERS), na trí údarás Eorpacha maoirseachta (ÚMEnna) – eadhon an tÚdarás Baincéireachta Eorpach (ÚBE), an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí (ESMA) agus an tÚdarás Eorpach um Árachas agus Pinsin Cheirde (ÚEÁPC) – Comhchoiste ÚMEnna, agus na maoirseoirí náisiúnta.

Is éard is príomhchuspóir do CEMA ná a áirithiú go ndéanfar na rialacha is infheidhme don earnáil airgeadais a chur chun feidhme go leordhóthanach ar fud na mBallstát chun cobhsaíocht airgeadais a chaomhnú, muinín a chur chun cinn agus cosaint a thabhairt do thomhaltóirí.

Córas is ea CEMA lena gcomhcheanglaítear maoirseacht mhicreastuamachta agus maoirseacht mhacrastuamachta. Is é príomhchuspóir na maoirseachta micreastuamachta ná laghdú a dhéanamh ar dhóchúlacht mainneachtana na n-institiúidí aonair airgeadais agus tionchar na mainneachtana sin a theorannú. Baineann maoirseacht mhacrastuamachta le neamhchosaint an chórais airgeadais ina iomláine ar rioscaí comhchoiteanna, agus tá sé mar aidhm léi anás an chórais a theorannú ar mhaithe leis an ngeilleagar foriomlán a chosaint ar chaillteanais shuntasacha in aschur iarbhír.

Léiríodh leis an ngéarchéim dhomhanda airgeadais 2007-08 an chaoi ar cuireadh an iomarca béime, le struchtúr maoirseachta an AE roimh an ngéarchéim, ar mhaoirseacht

a dhéanamh ar institiúidí aonair airgeadais agus gan mórán béime a chur ar na gnéithe macrastuamachta. Bunaíodh BERS dá bhrí sin, agus tugadh dó an fhreagracht chun maoirseacht mhacrastuamachta a dhéanamh ar chóras airgeadais AE agus riosca sistéamach a chosc agus a mhaolú. Is iad ÚBE, ESMA agus ÚEÁPC a dhéanann an mhaoirseacht mhicreastuamachta i ngach ceann d'earnálacha ábhartha na seirbhísí airgeadais – an bhaincéireacht, na margaí caipitil agus an t-árachas. Oibríonn na trí údarás mhicreastuamachta le chéile sa Chomhchoiste ar shaincheisteanna trasearnála agus cothrománacha.

## CREAT

**A.** Maoirseachtmhicreastuama

In AE, is iad saintréithe na maoirseachta micreastuama ná córas ilsrathach d'údaráis atá roinnte de réir a réimse earnála (baincéireacht, árachas agus margaí caipitil) agus an leibhéil maoirseachta agus rialála (AE agus náisiúnta).

**1.** Údaráis mhaoirseachta Eorpacha (ÚMEnna)

Gníomhaireachtaí de chuid AE is ea ÚBE, ESMA agus ÚEÁPC a bhfuil a bpearsantacht dhlítheanach féin acu agus a ndéanann a gCathaoirligh faoi seach ionadaíocht orthu. Ní foláir do ÚMEnna gníomhú ar bhonn neamhspleách agus chun leasa an Aontais ina iomláine amháin. Tá siad freagrach don Pharlaimint agus don Chomhairle as a ngníomhaíochtaí.

Tá sé ina phríomhchuspóir ag ÚMEnna, amhail a shainítear é ina rialacháin bhunaidh faoi seach (na 'Rialacháin maidir le ÚMEnna'), cosaint a thabhairt do leas an phobail trí rannchuidiú le bonn taca a chur faoi chobhsaíocht agus éifeachtacht an chórais airgeadais.

Rannchuidíonn ÚMEnna leis an bhforbairt ar leabhar rialacha aonair trí dhá chineál caighdeán teicniúil rialála (caighdeáin theicniúla rialála agus caighdeáin theicniúla cur chun feidhme) a dhréachtú, ar caighdeáin iad a ghlacann an Coimisiún (mar ghníomhartha tarmligthe nó gníomhartha cur chun feidhme). D'fhonn cóineasú maoirseachta a fheabhsú, eisíonn siad treoirlínte agus moltaí agus tá cumhachtaí áirithe acu i gcásanna ina ndeanann údaráis náisiúnta mhaoirseachta sáruithe ar dhlí AE, in éigeandálaí agus i gcásanna ina mbíonn easaontais idir údaráis inniúla náisiúnta.

Ina earnáil ábhartha gníomhaíochta, tá sé de chúram ar gach ÚME, i gcomhairle le BERS, critéir a fhorbairt chun riosca sistéamach a shainaithint agus a chainníochtú agus réim leormhaith tástála struis a cheapadh do na hinstitiúidí atá faoina gcúram. Déanann ÚMEnna tástálacha struis a thionscnaimh agus a chomhordú freisin ar fud AE chun athléimneacht rannpháirtithe na margaí airgeadais a mheas.

Sna trí ÚME, is é an Bord Maoirseoirí an príomhchomhlacht cinnteoireachta, atá comhdhéanta den Chathaoirleach, de cheannaire an údaráis inniúil maoirseachta i ngach Ballstát, agus d'aon ionadaí amháin ó gach ceann díobh seo a leanas: an Coimisiún, an Banc Ceannais Eorpach (BCE), BERS agus an dá ÚME eile).

**a.** An tÚdarás Baincéireachta Eorpach(ÚBE)

Bunús dlí: Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (Údarás Baincéireachta Eorpach), arna leasú le reachtaíochta ina dhiaidh sin.

Bunaithe ar dtús i Londain, d'athlonnaigh ÚBE go Páras i mí an Mheithimh 2019. Cuimsítear faoi chúram ÚBE institiúidí creidmheasa, ilchuideachtaí airgeadais,

gnólachtaí infheistíochta, institiúidí íocaíochta agus institiúidí ríomh-airgid. Le hathbhreithniú 2019, cuireadh de chúram freisin ar ÚBE cosc a chur ar úsáid an chórais airgeadais chun airgead a sciúradh agus an sceimhlitheoireacht a mhaoiniú.

**b.** An tÚdarás Eorpach um Árachas agus Pinsin Cheirde (ÚEÁPC)

Bunús dlí: Rialachán (AE) Uimh. 1094/2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (an tÚdarás Eorpach um Árachas agus Pinsin Cheirde), arna leasú le reachtaíocht ina dhiaidh sin.

Tá suíomh ÚEÁPC in Frankfurt am Main. Is iad na príomhábhair lena mbaineann ná gnóthais aráchais agus athárachais, idirghabhálaithe árachais, ilchuideachtaí airgeadais agus institiúidí le haghaidh soláthar pinsean ceirde (IORPanna). Rannchuidíonn sé den chuid is mó leis an leabhar rialacha aonair maidir le hárachas agus pinsin cheirde trí chórais Sócmhainneacht II agus IORP faoi seach.

**c.** An tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí (ESMA)

Bunús dlí: Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí), arna leasú le reachtaíocht ina dhiaidh sin.

Tá ESMA lonnaithe i bPáras. Cumhdaítear faoina chúraimí margaí agus rannpháirtithe caipitil (malartuithe, trádálaithe, cistí, etc.). In AE, is ag ESMA atá maoirseacht dhíreach agus is é amháin atá freagrach as gníomhaireachtaí rátála creidmheasa agus stórtha trádála a chlárú, a mhaoirsiú agus as smachtbhannaí a fhorchur orthu. Is é atá i gceannas freisin ar chontrapháirtithe lárnacha agus stórtha trádála tríú tír (i.e. tír nach tír den Aontas Eorpach í ) a aithint agus ar ghníomhaireachtaí rátála creidmheasa tríú tír a dheimhniú agus a fhormhuiniú.

**2.** Comhchomhlachtaí

Tá Comhchoiste na nÚdarás Maoirseachta Eorpach (an Comhchoiste) freagrach as an gcomhordú foriomlán agus trasearnála, agus é mar aidhm aige comhsheasmhacht mhaoirseachta a áirithiú. Tá sé freagrach freisin as díospóidí idir ÚMEnna ar nithe trasearnála a réiteach.

Tá an Bord Achomhairc neamhspleách ar na trí ÚME agus tá sé freagrach as achomhairc a fhaightear ó pháirtithe a ndéanann cinntí ÚMEnna difear dóibh. Is féidir cur i gcoinne chinntí an Bhoird Achomhairc os comhair Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh.

**3.** Údaráis maoirseachta náisiúnta inniúla

Ainmníonn gach Ballstát a údaráis inniúla féin, atá ina gcuid de CEMA agus a ndéanann ÚMEnna ionadaíocht orthu.

**B.** Maoirseacht mhacrastuamachta – An Bord Eorpach um Riosca Sistéamach (BERS)

Bunús dlí: Rialachán (AE) Uimh. 1092/2010 maidir le maoirseacht mhacrastuamachta an Aontais Eorpaigh ar an gcóras airgeadais agus lena mbunaítear Bord Eorpach um Riosca Sistéamach, arna leasú le reachtaíocht ina dhiaidh sin, agus Rialachán (AE) Uimh. 1096/2010 ón gComhairle lena dtugtar cúraimí sonracha don Bhanc Ceannais Eorpach maidir le feidhmiú an Bhoird Eorpaigh um Riosca Sistéamach.

Is é BERS a dhéanann maoirseacht mhacrastuamachta ar leibhéal AE. Is é is cuspóir dó rioscaí sistéamacha cobhsaíochta airgeadais a chosc agus a mhaolú i

bhfianaise forbairtí maicreacnamaíocha. Tá sé comhdhéanta de Bhord Ginearálta, de Choiste Stiúrtha, de dhá chomhlacht chomhairleacha (Coiste Comhairleach Eolaíoch agus Coiste Comhairleach Teicniúil) agus de Rúnaíocht. Cuireann BCE tacaíocht anailíseach, staidrimh, riaracháin agus lóistíochta ar fáil do BERS. Tá Uachtarán BCE ina Chathaoirleach freisin ar BERS.

**C.** Comhar ar leibhéil éagsúla

Tá na margaí airgeadais casta, idirnasctha agus domhandaithe ar bhonn méadaitheach. Tá sé ríthábhachtach, dá bhrí sin, go mbeadh comhordú agus comhar idir na húdaráis mhaoirseachta atá i gceannas ar na heintitis agus earnálacha éagsúla, laistigh de AE agus ar bhonn domhanda araon. Sa chomhthéacs sin, tá ról tábhachtach comhordaithe ag ÚMEnna. Bíonn na heintitis éagsúla laistigh de CEMA i mbun comhordú freisin le hinstitiúidí idirnáisiúnta – lena n-áirítear ag na fóraim mhaoirseachta amhail an Eagraíocht Idirnáisiúnta um Choimisiúin Urrús (IOSCO), an Bord um Chobhsaíocht Airgeadais (FSB) agus an Comhlachas Idirnáisiúnta Maoirseoirí Árachais (IAIS) – agus le maoirseoirí tríú tír.

**D.** Forbairt ar an gcreat maoirseachta

Le linn agus i ndiaidh ghéarchéim airgeadais dhomhanda 2007-08, tháinig sé chun solais go raibh gá le comhthathú níos doimhne a dhéanamh ar an maoirseacht baincéireachta i limistéar an euro. Dá réir sin, rinneadh aontas baincéireachta AE a chur ar bun in 2013, agus tháinig sé i bhfeidhm i mí na Samhna 2014, lenar tugadh isteach gnéithe agus gníomhaithe nua. Mar cheann de phríomhcholúin an aontais baincéireachta, gné den chreat maoirseachta is ea an Sásra Aonair Maoirseachta (SSM) a bhfuil tábhacht ar leith ag baint leis.

Faoi rialachán bunaidh SSM, is é BCE an maoirseoir baincéireachta do na bainc is mó méid ('institiúidí creidmheasa suntasacha') i mBallstáit an limistéir euro, chomh maith le haon Bhallstát nach bhfuil sa limistéar euro agus a chinneann a bheith rannpháirteach ann. Chun na críche sin, rinneadh struchtúr rialachais BCE a oiriúnú trí Bhord Maoirseachta a chur ar bun. Ar chúraimí BCE sa cháil sin, áirítear institiúidí creidmheasa a údarú, comhlíonadh ceanglas stuamachta agus ceanglas rialála eile a áirithiú, agus athbhreithnithe maoirseachta a dhéanamh. Leanann na maoirseoirí baincéireachta náisiúnta d'fhaireachán a dhéanamh ar na bainc eile. Chomh maith leis na cúraimí micreastuamachta sin, tá cúraimí macrastuamachta freisin ar BCE agus tá uirlisí macrastuamachta aige. Chun maoirseacht chomhsheasmhach a áirithiú, comhoibríonn BCE go dlúth leis na maoirseoirí baincéireachta náisiúnta laistigh de SSM agus leis na húdaráis eile dá bhfuil CEMA comhdhéanta, go háirithe le ÚBE.

Thairis sin, cuireadh an Sásra Réitigh Aonair (SRM) ar bun do bhainc atá cumhdaithe ag SSM agus a tháinig i bhfeidhm in 2016. Lamháiltear leis an Sásra Réitigh Aonair do réiteach bainc a bhainistiú go héifeachtach trí Bhord Réitigh Aonair (SRB) agus trí Chiste Réitigh Aonair (CRA), arna maoiniú ag an earnáil baincéireachta. Tá sé mar aidhm leis a áirithiú go ndéanfar réiteach ordúil ar bhainc atá i mbéal mainneachtana, ar an gcostas is lú is féidir do cháiníocóirí agus don fhíorgheilleagar.

Agus saothrú á dhéanamh ar aontas margaí caipitil AE a fhorbairt agus mar chuid de raon níos leithne beart, rinneadh athbhreithniú 2019 ar chreat CEMA a thabhairt chun críche trí leasú a dhéanamh ar rialacháin bhunaidh ÚME agus BERS. Bhí sé mar aidhm leis na leasuithe cumhachtaí, rialachas agus cistiú ÚMEnna a threisiú agus acmhainneacht BERS a neartú chun maoirseacht a dhéanamh ar an gcóras airgeadais

agus na rioscaí do chobhsaíocht airgeadais a bhrath, lena n-áirítear i réimsí nua amhail teicneolaíocht airgeadais (teicneolaíocht airgeadais).

Beartaíodh an t-athbhreithniú is déanaí ar oibríochtaí ÚMEnna faoi phlean gníomhaíochta 2020 maidir le haontas na margaí caipitil agus tugadh i gcrích é i mí na Bealtaine 2022. Mhol sí leasuithe spriocdhírithe a dhéanamh chun cóineasú maoirseachta a chothú i reachtaíocht earnálach agus leanúint leis an bpróiseas machnaimh maidir le réimsí eile a bhféadfaí feabhas a chur orthu.

## RÓL PHARLAIMINT NA HEORPA

Mar chomhreachtóir, bhí ról tábhachtach ag an bParlaimint i gcur ar bun na reachtaíochta bunaidh do CEMA. Thairis sin, tá ról grinnscrúdúcháin ag an bParlaimint a mhéid a bhaineann leis na bearta a glacadh i bhforbairt an leabhair rialacha aonair, i.e. gníomhartha tarmligthe (lena n-áirítear caighdeáin theicniúla rialála) agus gníomhartha cur chun feidhme (lena n-áirítear caighdeáin theicniúla cur chun feidhme). Ní foláir do Chathaoirligh agus do Stiúrthóirí Feidhmiúcháin ÚMEnna a bheith dearbhaithe ag an bParlaimint. Tá réimse fhairsing de chearta faisnéise ag an bParlaimint freisin, e.g. an ceart chun an clár oibre bliantúil, an clár oibre ilbhliantúil agus tuarascálacha bliantúla ÚMEnna a fháil. Ina theannta sin, féadfaidh an Pharlaimint a dtuairimí a iarraidh ar ÚMEnna. Vótálann an Pharlaimint gach bliain freisin ar tharscaoileadh bhuiséad ÚMEnna.

Thairis sin, tá Comhaontú Idirinstitiúideach (2013/694/AE) tugtha i gcrích ag an bParlaimint agus ag BCE chun cuntasacht agus maoirseacht a áirithiú maidir leis na cúraimí a thugtar do BCE laistigh de chreat SSM. Go háirithe, déanann an Pharlaimint cinneadh i leith fhormheas na n-iarrthóirí atá molta ag BCE le bheith ina Chathaoirleach agus ina Leas-Chathaoirleach ar an mBord Maoirseachta, faoi seach, trí vóta sa Choiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta (ECON) sa suí iomlánach. Thairis sin, freastalaíonn Cathaoirleach an Bhoird Maoirseachta go rialta ar éisteachtaí agus ar mhalartú tuairimí le FPEnna chun Tuarascáil Bhliantúil BCE ar ghníomhaíochtaí maoirseachta a thíolacadh agus míniú a thabhairt ar fhorfheidhmiú chúraimí maoirseachta BCE, agus freagraíonn sé ceisteanna ó FPEnna freisin.

Chun tuilleadh eolais a fháil faoin ábhar seo, féach suíomh gréasáin an Choiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta.

Christian Scheinert
10/2023